

TUARASCÁIL BHLIANTAIL 2024



Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

Limerick City
& County Council

ATLANTIC EDGE

LIMERICK
EUROPEAN EMBRACE

CLÁR ÁBHAIR

BROLLACH COMHPHÁIRTEACH

OIFIG AN MHÉARA

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH

COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA AGUS LIMISTÉIR THOGHCHÁIN

FÁILTITHE AN MHÉARA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA

Acmhainní Daonna agus Feabhsú Gnó

Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Custaiméara

Margaíocht agus Cumarsáid

Bainistíocht Tionscadail Chorn Ryder

AN COMHSHAOL, GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS SEIRBHÍSÍ COMHROINTE

ISC na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Bainistíocht Dramhaíola Réigiún an Deiscirt

Dóiteán agus Éigeandáil

Seirbhísí Uisce

Foireann an Cheantair Uirbigh

An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

AIRGEADAS, FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA AGUS TFC

Airgeadas

Trádáil agus Infheistíocht

Seirbhísí Digiteacha

Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)

Plean Fiontair Réigiúnach

Foirgnimh agus Eastáit Chorporáideacha

TFC

An Córas Náisiúnta Slógtha agus Cumarsáide (CNSC)

Innovate Limerick CGA

FORBAIRT TUAITHE, POBAIL, CULTÚIR AGUS TURASÓIREACHTA

Forbairt Tuaithe

Cultúr

Seirbhísí Bainistíochta Réadmhaoine

Forbairt Pobail

Foireann Freagartha um Lóistín d'Úcránaigh

Turasóireacht

Discover Limerick DAC

ATHGHINIÚINT, SPÓIRT AGUS ÁINEAS

Athghiniúint, Spóirt agus Áineas

Linn Snámha agus Fóillíocht Eas Géitine Teo.

TITHÍOCHT

Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta

Leas Tithíochta agus Cóiríocht don Lucht Siúil

Tógáil agus Cothabháil Tithíochta ÚÁ

Straitéis agus Tógáil Tithíochta Neamh-ÚÁ

IOMPAR AGUS SOGHLUAISTEACHT

Straitéis Taistil agus Iompair

Taisteal Gníomhach

Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta

Bóithre, Trácht agus Glanadh

PLEANÁIL AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE

Pleanáil Chun Cinn agus Ríocht Phoiblí

Bainistíocht Forbartha

Comhfhorbairt Áite

MBRTD (Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair)

CGA Luimneach 2030

AGUISÍNÍ

Comhdhálacha/Seimineáir ar fhreastail Comhaltaí orthu

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais (RRIA)

Ráiteas Rialachais

Táscairí Feidhmíochta

BROLLACH COMHPHÁIRTEACH



John Moran
Méara Luimnigh

Tugann Tuarascáil Bhliantúil 2024 cuntas mionsonraithe ar éachtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) le linn bliain an-ghnóthach eile. Leagann an tuarascáil seo béim ar an réimse fairsing seirbhísí a chuireann an chomhairle ar fáil, seirbhísí a chuireann feabhas ar shaol mhuintir Luimnigh, ag ardú phróifíl na cathrach agus an chontae, agus a chothaíonn forbairt le fócas ar chuimsitheacht, inbhuanaitheacht agus saibhriú pobail.



An Dr. Pat Daly
Ard-Stiúrthóir

Ócáid shuntasach amháin a tharla i mbliana ab ea toghadh an chéad Mhéara a toghadh go díreach i Luimneach agus toghadh comhairle nua i mí an Mheithimh. Beidh an Méara agus an chomhairle i mbun seirbhíse ar feadh cúig bliana. Léirigh an t-athrú stairiúil seo ré nua sa rialachas áitiúil, a bhí dírithe ar sheachadadh seirbhísí a fheabhsú agus cuntasacht dhaonlathach a threisiú.

Mar chomhlánú ar an ról nua stairiúil seo, cuireann tabhairt isteach ról an Phríomh-Chomhairleora gné nua le hoibríochtaí na comhairle, rud a chinntíonn ceannaireacht agus maoirseacht éifeachtach. I ndiaidh na dtoghchán áitiúil, i mí an Mheithimh freisin, chuireamar fáilte roimh chomhairleoirí nua a thugann dearchtaí agus fuinneamh úr chuig ár gcomhairle.

Feidhmíonn an chomhairle anois faoi dhá bhrainse den rialtas áitiúil le sainordú tofa: Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tofa agus an Méara a Toghadh go Díreach, rud a thugann fócas athnuaite ar sheachadadh feabhsaithe. Tá an tArd-Stiúrthóir fós freagrach as oibriú éifeachtúil

agus éifeachtach an údarás áitiúil le tacaíocht ón bhfoireann bainistíochta agus ó bhaill foirne. Chomh maith leis sin, rinne 2024 ceiliúradh ar dheich mbliana ó chónascadh Chomhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh, ag ceiliúradh deich mbliana de dhul chun cinn agus d'fhorbairt aontaithe. Tá ár dtiomantas fós daingean maidir le haghaidh a thabhairt ar réitigh tithíochta, bonneagar a fheabhsú, tacú le tionscnaimh ghlasa, comhdheiseanna do chách, ceantair a dtéann foirgnimh thréigthe agus foirgnimh fholmha i bhfeidhm orthu a athbheochan, agus turasóireacht agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn.

Tá Luimneach faoi threoir anois ag an treo straitéiseach atá leagtha amach sa Chlár Méara cúig bliana – Tuilleadh do Luimneach 2024 – 2029, a foilsíodh go luath i dtéarma na Comhairle nua. Beidh sé seo mar bhonn eolais freisin maidir le Plean Corparáideach nua a dhréachtú. Tugadh isteach nuálaíochtaí reachtúla breise chun seachadadh Chlár Méara Luimnigh a chinntiú, lena n-áirítear:

- Fóram Comhairliúcháin an Mhéara agus Rialtais Luimnigh, faoi chathaoirleacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- Coiste Comhairleach agus Forfheidhmithe an Mhéara Luimnigh, atá comhdhéanta d'ionadaithe comhairleoirí, oifigigh agus páirtithe leasmhara agus faoi chathaoirleacht an Mhéara; agus
- Bord Seachadta Luimnigh um Thionscadal Éireann 2040 agus a fhochoistí.

Leagtar amach sa Chlár Méara os cionn 300 toradh ardleibhéil atá le baint amach thar chúig bliana sa bhreis ar oibleagáidí reachtúla eile na Comhairle. Tá roinnt feabhsuithe ar chumais seachadta na Comhairle á dtabhairt isteach anois freisin, lena n-áirítear tacaíochtaí seachadta agus forbairt uirlisí TF láidre chun seachadadh na dtascanna éagsúla a rianú agus a bhainistiú.

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le buiséad comhardaithe do 2025, arb ionann é agus €1.68 billiún san iomlán (Áirítear leis seo €694 Milliún do Sheirbhísí Comhroinnte ICT, a bhainistíonn an Chomhairle thar ceann 31 údarás áitiúil). Tá sé mar aidhm ag an mbuiséad seo fás a mhaoiniú agus seirbhísí na comhairle a leathnú, tacú le cur i bhfeidhm Chlár an Mhéara agus tacaíochtaí gnó a fheabhsú.

Lean geilleagar Luimnigh ar aghaidh ag dul ó neart go neart, le hinfheistíochtaí suntasacha agus cruthú post ag cur béim ar ár dtírdhreach eacnamaíoch bríomhar. I measc na gcloch mhíle suntasach in 2024, tá leathnú \$1 billiún ag Eli Lilly ar a shaoráid i Luimneach agus fógraí suntasacha ó Everise, Carelon Global Solutions, North American Bancard, Mavarick, gnólacht nuathionscanta IS atá lonnaithe i Luimneach agus WHOOP, monaróir sláinte agus folláine inchaite a d'oscail oifig nua ar shuíomh Idirnáisiúnta na nGairdíní. Tá rath measctha fós ag an earnáil mhiondíola i

gcomhréir le treochtaí domhanda. Tá athbheochan lár ár mbailte agus lár chathair Luimnigh fós ina thosaíocht do 2025.

Chomh maith leis sin, d'éascaigh an chomhairle bunú Sainghrúpa FBManna agus sheol sí an feachtas margaíochta “Infheistiú i gCathair Luimnigh”. Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Cárta Bronntanais Luimnigh i gcomhar le Seomra Luimnigh chun an geilleagar áitiúil a threisiú agus siopadóireacht a spreagadh laistigh den phobal.

Tá tithíocht fós ina príomhthosaíocht, faoi threoir phlean ‘Tithíocht do Chách’ an Rialtais, chun réitigh tithíochta éagsúla agus inbhuanaithe a sholáthar do gach cónaitheoir. Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag treorú na n-iarrachtaí chun dul i ngleic le foirgnimh thréigthe agus fholmha. Bhain sí cáil náisiúnta amach agus bhuaigh sí Gradam Sármhaitheasa i Nuálaíocht Rialtais Áitiúil ó Chambers Ireland. Léiríonn sé seo ár ndúthracht chun pobail a athbheochan agus a gcumas a uasmhéadú. Beidh feabhsú ar sheachadadh tithíochta ina phríomhthosaíocht do 2025.

Ag na gradaim chéanna, bhuaigh Fóram Imirceach Luimnigh, a bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, an Gradam Éagsúlachta & Cuimsithe mar aitheantas ar thionchar suntasach an fhórait ar thimpeallacht chuimsitheach a chothú agus ar cháiliúocht na beatha a fheabhsú d’imircigh i Luimneach.

Lean ár bhfoireann féilte agus imeachtaí ar aghaidh a bheith rathúil agus nuálaíoch. Rinne Riverfest Luimnigh a 20ú heagrán a cheiliúradh i mbliana, agus bhuaigh sé an teideal Féile na Bliana 2024 ag Gradaim Shármhaitheasa Rialtais Áitiúil Chambers Ireland. Tharraing an t-imeacht seo na mílte daoine chuig ár gcathair, ag léiriú spiorad pobail bríomhar agus oidhreacht chultúrtha Luimnigh. Seoladh tionscnaimh nua don Nollaig, lena n-áirítear aghaidheanna siopaí agus maisiúcháin tí níos fearr a spreagadh, chomh maith le téama “Nollaig Seoirseach” do Luimneach.

Chuaigh tionscnaimh straitéiseacha ó Luimneach Fiche Tríocha (LFT) chun cinn go suntasach in 2024. Bhain an tionscadal One Opera Square a shearmanas barr feabhais amach, rud a léirigh cloch mhíle mhór san fhorbairt €80 milliún seo. Ina theannta sin, d’fhógair LFT comhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS) chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt champas ollscoile nua i gCeathrú Chois Abhann Cleaves.

Tá tiomantas na comhairle do spásanna uirbeacha atá bríomhar agus oiriúnach do choisithe a chruthú agus iompar inbhuanaithe a chur chun cinn le feiceáil i dtionscadail athbheochana leanúnacha agus i leathnú líonraí rothaíochta agus coisithe.

Leanann mórthionscadail bhonneagair, amhail scéim an Bhóthair ó Fhaing go Luimneach (lena n-áirítear Seachbhóthar Áth Dara) agus Tionscadal N/M20 Chorcaí go Luimneach ag dul chun cinn, ag soláthar naisc rithabhachtacha leis an aidhm cuid thábhachtach den tionscadal ó Fhaing go Luimneach sa chuid Áth Dara a chríochnú faoi Mheitheamh 2027, roimh Chorn Ryder ag Mainéar Áth Dara. Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail bhonneagair thábhachtacha eile, lena n-áirítear na hoibreacha rithabhachtacha cosanta tuilte ar Oileán na Rí agus ar an mbóthar ó Uí Chuanach go Cnoc an Lisín, chun an rochtain thiar ar Mhaigh Rois a oscailt agus tailte a scaoileadh saor le haghaidh forbartha.

Táthar ag súil go mór leis an gCorn Ryder in 2027 agus chuaigh na hullmhúcháin i dtreise in 2024. Dhírigh Oifig Chorn Ryder LCCC ar riachtanais agus deiseanna an imeachta a thuiscint agus struchtúr láidir bainistíochta imeachtaí a bhunú. Geallann an t-imeacht tionchar suntasach eacnamaíoch agus oidhreacht bhuan do Luimneach.

Agus muid ag féachaint siar ar 2024, cuirimid ár mbuíochas ó chroí in iúl do na hionadaithe tofa, foireann na comhairle, comhpháirtithe pobail, daoine aonair tiomnaithe agus do pháirtithe leasmhara. Bhí a dtacaíocht agus a gcomhoibriú gan staonadh rithabhachtach i ndul chun cinn agus rathúnas Luimnigh a bhrú chun cinn. Cuimhnimid go ceanúil freisin ar na hionadaithe tofa agus ar iar-chomhghleacaithe nach bhfuil linn a thuilleadh. Le chéile, táimid tiomanta do thodhchaí bhríomhar, chuimsitheach agus inbhuanaithe a chinntiú do gach duine i Luimneach.

OIFIG AN MHÉARA

TUILLEADH DO LUIMNEACH, CLÁR MÉARA

Ba bhliain stairiúil é 2024 don rialtas áitiúil in Éirinn le bunú foirmiúil Oifig Mhéara Luimnigh, an chéad oifig mhéara a toghadh go díreach in Éirinn. Arna achtú faoin Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, is ionann an tsamhail rialachais nua seo agus athrú bunathraithe ar an gcaoi a ndéantar ceannaireacht feidhmiúcháin a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil. Coinníonn comhairleoirí na cumhachtaí forchoimeáda céanna go léir, ach i Luimneach, glacann Ceann na Comhairle ról an Phríomhchomhairleora anois agus tá réimse feidhmeanna a bhí faoi chúram an Phríomhfheidhmeannaigh á bhfeidhmiú anois ag an Méara. Tugann sé deis do Luimneach a bheith i mbun ceannaireachta sa daonlathas áitiúil, rannpháirtíocht shibhialta, agus sa cheannaireacht áitbhunaithe.

Mar atá leagtha amach san Acht, glacann an Méara cumhachtaí feidhmiúcháin suntasacha i réimsí na tithíochta, na haeráide, na forbartha geilleagraí, an iompair agus na forbartha pobail, agus ag an am céanna feidhmíonn sé mar aghaidh phoiblí agus mar ghuth Luimnigh.

Tuilleadh do Luimneach

Chun tús na ré nua seo sa rialtas áitiúil a chomóradh, sheol an Méara Clár Méara 'Tuilleadh do Luimneach' i mí Dheireadh Fómhair 2024. Léiríonn an doiciméad seo treochara straitéiseach cúig bliana de thosaíochtaí agus de ghníomhartha atá deartha chun cur le caighdeán maireachtála, rathúnas agus sláinte an chontae ar fad. Tá an Clár Tuilleadh do Luimneach bunaithe ar thrí cholún fhorleathana– Luimneach Níos Inbhuanaithe, Luimneach Níos Rathúla agus Luimneach Níos Sláintiúla– agus tá sé eagraithe tuilleadh i 27 Réimse Tosaíochta ina bhfuil breis agus 400 cuspóir mhionsonraithe. Forbraíodh an Clár Méara tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin agus rannpháirtíochta le Comhaltaí Tofa, baill foirne shinsearach na Comhairle agus

páirtithe leasmhara seachtracha. Leagann sé síos tagarmharc nua do phleanáil straitéiseach sa rialtas áitiúil. Ní hamháin go léiríonn an Clár gealltanais toghcháin an Mhéara, ach tá sé ailínithe go dlúth freisin le straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha lena n-áirítear Tithíocht do Chách, Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024, an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

Bhí an dara leath de 2024 dírithe ar na córais agus na struchtúir a bhí riachtanach chun tacú le seachadadh rathúil an Chláir a bhunú. Gné rithabhachtach de seo is ea forbairt Comhphlean, uirlis tiomnaithe tuairiscithe cláir a éascóidh rianú agus tuairisciú ar dhul chun cinn. Éascóidh an córas tuairiscithe seo rianú fíor-ama ar na gníomhartha, bacainní a aithint, agus deiseanna a léiriú.

Ina theannta sin, faoin Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, bunaíodh Coiste Comhairleach agus Forfheidhmithe Mhéara Luimnigh. Cruthaíodh an coiste seo, a chuimsíonn grúpa éagsúil agus ionadaíoch de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, chun comhairle straitéiseach, tacaíocht agus comhordú a sholáthar don Mhéara. Tagann an Coiste le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, dúshláin a phlé, agus moltaí a thairiscint chun a chinntiú go gcoinnítear móiminteam an chláir Tuilleadh do Luimneach.

Dul Chun Cinn in 2024

Cé gur thosaigh téarma an Mhéara i lár na bliana, rinneadh dul chun cinn suntasach sa dara leath de 2024. Tar éis sheoladh an Chláir, díriodh Ráithe 4 ar ghníomhartha tosaíochta tosaigh a aithint le cur i gcrích go luath in 2025. Maidir le 'Luimneach Níos Rathúla' amháin, cuireadh 66 gníomh shonracha i leataobh do Ráithe 1 2025, a chuimsíonn téamaí amhail forbairt FBManna, scileanna, infheistíocht sa ríocht phoiblí, turasóireacht agus bonneagar gaoithe amach ón gcósta.

Áiríodh ‘Lá Lasmuigh den Láthair’ le baill foirne sinsearacha mar chuid den chur i bhfeidhm luath freisin, a eagraíodh chun úinéireacht chomhroinnte agus soiléireacht a chothú maidir le gníomhartha an Chláir. Dearnadh an t-imeacht chun cumhacht a thabhairt do bhaill foirne ina ról mar fheidhmitheoirí agus mar chomhoibritheoirí, agus chun an Clár Méara a leabú i gcultúr eagraíochtúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC). Agus é seo ar siúl, baineadh amach go leor cloch míle eile, ina measc:

- Tá Grúpa Oibre Tithíochta SMART agus creat rialachais gaolmhar bunaithe ag LCCC leis an Roinn. Tá oifigeach lánaimseartha LCCC fostaithe agus sannta don tionscadal.
- Rinneadh deisiúcháin ar chlós súgartha i bPáirc Shíol Bhroin agus glanadh agus deisíodh an clós súgartha i gCaisleán Uí Chonaill agus suiteáladh luascán nua.
- I gCill Mocheallóg, críochnaíodh céim 1 de Pháirc Chois Abhann le hoibreacha lena n-áirítear fálú thart ar bhalla an bhaile, athdhromchlú cosán atá ann cheana féin, cosáin nua a thógáil, duchtú le haghaidh soilsiú poiblí, bruach na habhann a threisiú agus fálú ar a feadh, dromchla ag bealach isteach agus fánán an charrchlóis agus troscán sráide agus tírdhreachú a shuiteáil.
- Mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta, reáchtáladh turas siúlóide treoraithe ar shráideanna agus láná meánaoiseacha Chathair Luimnigh faoi stiúir baill foirne de Mhúsaem Luimnigh ar an 24 Lúnasa. Leag an turas seo, ar fhreastail 70 duine air, béim ar na bealaí meánaoiseacha a tháinig slán agus a iad siúd a cailleadh i mBaile Gallda agus i mBaile Gaelach, agus bhí an iliomad suíomhanna seandálaíochta agus stairiúla feadh na sean-sráid-dreach le feiceáil ann.
- Chuir Cathair agus Contae Luimnigh tús le hOíche Chultúir iontach i mí Mheán Fómhair 2024, a rinne ceiliúradh ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht bhríomhar a thugann sainmhíniú ar ár bpobal. Bhain an oíche rath mór amach, ag tarraingt na sluaite cónaitheoirí agus cuairteoirí chun taitneamh a bhaint as an iliomad imeachtaí saor in aisce. Bhí breis is 70 imeacht ar siúl ar fud na cathrach agus an chontae, lena n-áirítear taispeántais ealaíne, léirithe, filíocht bheo,

ceol, ceoldráma, ceardlanna rannpháirteacha i ndéanamh priontaí agus ceardlanna cláirsí.

- Bhí imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl sna bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae, lena n-áirítear An Caisleán Nua, Mainistir na Féile, Cnoc Áine, Ráth Caola agus Cill Mocheallóg.
- Tascgrúpa FBManna: D’aontaigh mé leis an gComhairleoir Doyle go gcuirfimis tús le Sainghrúpa Oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar mo thuarascáil roimhe seo ar FBManna, tuarascáil a cuireadh le chéile tuairim is ceithre bliana ó shin.
 - Tascfhórsa Lár na Cathrach: Faoi chathaoirleacht an Chomhairleora Maria Donoghue, a chabhraigh liom comhaltáí oiriúnacha a aimsiú don ghrúpa. Beidh an grúpa seo lárnach maidir le riachtanais agus moltaí a chur in iúl ó pheirspictíocht lár na cathrach, ar bhonn leanúnach agus iad sin a chur in iúl don foireann LCCC, lena n-áirítear foireann an gheilleagair oíche chun freagairt dá réir.
 - Cuireadh deireadh leis an bhfógra maidir le huisce fiuchadh Fhainge i ndiaidh cruinnithe leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le hOifigigh Shinsearacha ó Uisce Éireann.

Ag Breathnú Chun Cinn

Is athrú mór ar uaillmhian do Luimneach atá i mbunú Oifig an Mhéara agus i seoladh an chláir Tuilleadh do Luimneach. Mar an chéad Mhéara a toghadh go díreach in Éirinn, tá ról rithábachtach ag Méara Luimnigh maidir le cumas an mhúnla nua seo de cheannaireacht áitiúil a léiriú. Dhírig na gníomhartha luatha ar na bunchlocha a leagan-comhpháirtíochtaí a fhorbairt, freagrachtaí a shannadh, agus úsáid a bhaint as tionscadail luatha.



John Moran
Méara Luimnigh



An Comhairleoir Dan McSweeney
Príomh-Chomhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH





Radharc ón aer san oíche i gCathair Luimnigh

CEANTAR UIRBEACH LUIMNIGH

CEANTAR CATHRACH LUIMNIGH (ina bhfuil na Toghcheantair Áitiúla i gCathair Luimnigh Thoir, i gCathair Luimnigh Thuaidh agus i gCathair Luimnigh Thiar) – 21 COMHALTA.

Cathair Luimnigh Thoir - 7 gComhalta



An Clr. Peter Doyle
(FG)



An Clr. Ursula Gavan
(SF)



An Clr. Seán Hartigan
(GP)



An Clr. Sarah Kiely
(FG)



An Clr. Joe Pond
(FF)



An Clr. Elena Secas
(LAB)



An Clr. Catherine Slattery
(FF)

Cathair Luimnigh Thuaidh - 7 gComhalta



An Clr. Sarah Beasley
(AONTÚ)



An Clr. Sharon Benson
(SF)



An Clr. Frankie Daly
(NP)



An Clr. Shane Hickey-O'Mara
(SD)



An Clr. Kieran O'Hanlon
(FF)



An Clr. Olivia O'Sullivan
(FG)



An Clr. Pádraigh Reale
(LAB)

Iarthar Chathair Luimnigh – 7 gComhalta



An Clr. Daniel Butler
(FG)



An Clr. Maria Donoghue
(NP)



An Clr. Fergus Kilcoyne
(FF)



An Clr. Joe Leddin
(LAB)



An Clr. Dan McSweeney
(FG)



An Clr. Elisa O'Donovan
(SD)



An Clr. Abul Kalam Azad
Talukder
(FF)

Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola – 6 Chomhalta



An Clr. Bridie Collins
(FF)



An Clr. Tommy Hartigan
(II)



An Clr. Stephen Keary
(FG)



An Clr. John O'Donoghue
(II)



An Clr. Adam Teskey
(FG)



An Clr. Ger Ward
(FF)



Insealbhú Méara

Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg - 7 gComhalta



An Clr. P.J. Carey
(SF)



An Clr. Gregory Conway
(FG)



An Clr. Tommy O'Sullivan
(FG)



An Clr. Eddie Ryan
(NP)



An Clr. Martin Ryan
(FF)



An Clr. Noreen Stokes
(FG)



An Clr. Brigid Teefy
(NP)

Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua - 6 Chomhalta



An Clr. Michael Collins
(FF)



An Clr. Francis Foley
(FF)



An Clr. Liam Galvin
(FG)



An Clr. Tom Ruddle
(FG)



An Clr. Jerome Scanlan
(NP)



An Clr. John Sheahan
(FG)

COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE





Seisiún Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

COMHALTAÍ AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Tá 41 comhalta ar an gComhairle – Méara Luimnigh, 21 Comhalta i gCeantar Cathrach Luimnigh (comhdhéanta de Thoghcheantair Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Chathair Luimnigh Thuaidh agus Chathair Luimnigh Thiar) 6 Chomhalta i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, 7 gComhalta i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg agus 6 Chomhalta i gCeantar Bardasach an Chaisleáin Nua. Is gnách go mbíonn cruinnithe den Chomhairle iomlán ar an gceathrú Luan de gach dara mí, i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill agus go fóirúil. Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 18 uair in 2024.

CRUINNITHE CEANTAIR BHARDASAIGH

Teideal	Líon Na gCruinnithe	Líon Na gComhaltaí
Ceantar Uirbeach Luimnigh	21	11
Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola	6	12
Ceantar Bardasach Na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg	7	17
Ceantar Bardasach An Chaisleáin Nua	6	12

SEISIÚIN EOLAIS NA DTOGHCHEANTAR ÁITIÚIL

	Líon Na gCruinnithe	Líon Na gComhaltaí
Cathair Luimnigh Thoir	7	12
Cathair Luimnigh Thuaidh	7	12
Cathair Luimnigh Thiar	7	12

GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is Coiste de chuid na Comhairle é an Grúpa um Beartais Chorparáideacha (CBC) ar a bhfuil Méara Luimnigh, Príomh-Chomhairleoir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cathaoirleach gach ceann de na Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) agus ionadaí ó Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua. Seo a leanas an comhaltas:

- John Moran, Méara Luimnigh
- An Comhairleoir Dan McSweeney, Príomh-Chomhairleoir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- An Comhairleoir Stephen Keary, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Bhaile agus Shóisialta
- An Comhairleoir Brigid Teefy, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Taisteal agus Iompar
- An Comhairleoir Peter Doyle, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Pleanáil
- An Comhairleoir Fergus Kilcoyne, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha Pobail, Fóillíochta, Ealaíon, Oidhreacht agus Cultúir
- An Comhairleoir Joe Leddin, Cathaoirleach, Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol
- An Comhairleoir Liam Galvin, Ainmní ó Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua

Nascann an CBC obair na CBSanna éagsúla, gníomhaíonn sé mar chineál comh-aireachta agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir teacht ar chomhaontú maidir le seasamh beartas lena gcur faoi bhráid na Comhairle iomláine, a choinníonn an t-údarás cinnteoireachta. Déanann an CBC monatóireacht freisin ar fheidhmíocht an Údaráis Áitiúil agus bíonn ról lárnach aige in ullmhú an bhuiséid. Tháinig an CBC le chéile ocht n-uair in 2024.

**Seasamh amhail ar 31/12/2024*

COISTÍ NA COMHAIRLE

Coiste um Beartais Straitéiseacha	Líon na gComhaltaí	Líon na gCruinnithe
Forbairt Bhaile agus Shóisialta	24	3
Taisteal agus Iompar	24	2
Forbairt Gheilleagrach, Fiontar, Turasóireacht agus Pleanáil	24	5
Pobal, Fóillíocht, Ealaíona, Oidhreacht agus Cultúr	26	5
Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaoil	24	2

Coistí Eile	Líon na gComhaltaí	Líon na gCruinnithe
Cóiríocht don Lucht Siúil Coiste Comhairliúcháin	12	4
Coiste Uisce Tuaithe	17	4
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	7	6
Comhchoiste Póilíneachta	16	2
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	19	10

COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

Cuimsíonn gach Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) Comhaltaí Tofa agus Ionadaithe Earnála, ag obair le chéile i bhfoirm daonlathas níos rannpháirtí, ag soláthar fócas beartais níos éifeachtaí ar na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí a dhéanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tacaíonn Stiúirthóir Seirbhíse le gach CBS ina chuid oibre. Cé go ndéanann gach CBS beartas a fhoirmliú agus a fhorbairt, is faoin gComhairle lomlán a bheidh na cinntí deiridh.

**Seasamh amhail ar 31/12/2024*

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE FORBAIRT BHAILE AGUS SHÓISIALTA

Comhaltaí Tofa:

An Clr. Stephen Keary	Cathaoirleach LCCC
An Clr. Sarah Beasley	LCCC
An Clr. Sharon Benson	LCCC
An Clr. Frankie Daly	LCCC
An Clr. Maria Donoghue	LCCC
An Clr. Francis Foley	LCCC
An Clr. Sarah Kiely	LCCC
An Clr. Joe Leddin	LCCC
An Clr. Elisa O'Donovan	LCCC
An Clr. Tommy O'Sullivan	LCCC
An Clr. Tom Ruddle	LCCC
An Clr. Catherine Slattery	LCCC
An Clr. Noreen Stokes	LCCC
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder	LCCC
An Clr. Adam Teskey	LCCC
An Clr. Ger Ward	LCCC

Ionadaithe Earnála:

Folúntas	Forbairt/Tógáil
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
Carol McNamara Uasal	Ceardchumann
Úna Burns Uasal	Pobal/Deonach*
Folúntas	Pobal/Deonach*
Folúntas	Pobal/Deonach*
Folúntas	Pobal/Deonach*
Toyin Salom Uasal	Ionchuimsiú Sóisialta*

**Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)*

Tá an coiste seo freagrach as beartais a bhaineann le tithíocht a cheapadh, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus comhairle a chur ar an gComhairle dá réir. Reáchtáladh trí chruinniú den CBS maidir le Forbairt Bhaile agus Shóisialta in 2024. Rinneadh cuir i láthair agus beartais a chur chun cinn ar na nithe seo a leanas:

- Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta – Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
- Nuashonrú ar leasuithe ar an Scéim Ceannaigh do Thionóntaí
- Cur i láthair ag Clúid Housing ar thionscadail Clúid Housing a seachadadh i Luimneach agus leagadh béim ar thionscadail atá ar na bacáin.
- Cur i láthair ag an Stiúrthóireacht Tithíochta um Leas agus Cóiríocht an Lucht Siúil ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Cur i láthair ag an Roinn Tithíochta ar “Chlaochluithe Digiteacha” lena n-áirítear faisnéis faoi +adjust (córas chun oibreacha cothabhála agus cothabhála pleanáilte a dhoiciméadú), Tionscadal Díon (córas le haghaidh idirghníomhaíochta le RTRÁO maidir le tionscadail tithíochta agus forchúitimh airgeadais) agus iHouse (athsholáthar/forbairt córais)
- Cur i láthair ag an Stiúrthóireacht Tithíochta ar “Scéim na mBloc Coincréite Lochtach”
- Cur i láthair ag an Stiúrthóireacht Tithíochta ar an gClár Iarfheistithe Fuinnimh ina dtugtar faisnéis faoi Scéimeanna 2024 agus 2025.
- Cur i láthair ag an Stiúrthóireacht Tithíochta ar Thithíocht Inacmhainne faoi stiúir ÚA
- Cur i láthair ag Novas ar Nuashonruithe Novas

COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE TAISTEAL AGUS IOMPAR

Comhaltaí Tofa:

An Clr. Brigid Teefy	Cathaoirleach LCCC
An Clr. Daniel Butler	LCCC
An Clr. Gregory Conway	LCCC
An Clr. Peter Doyle	LCCC
An Clr. Ursula Gavan	LCCC
An Clr. Seán Hartigan	LCCC

An Clr. Fergus Kilcoyne	LCCC
An Clr. John O'Donoghue	LCCC
An Clr. Elisa O'Donovan	LCCC
An Clr. Tom Ruddle	LCCC
An Clr. Martin Ryan	LCCC
An Clr. Eddie Ryan	LCCC
An Clr. Jerome Scanlan	LCCC
An Clr. Elena Secas	LCCC
An Clr. Adam Teskey	LCCC
An Clr. Ger Ward	LCCC

Ionadaithe Earnála:

Folúntas	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Folúntas	Comhshaol/Caomhnú*
Folúntas	Forbairt/Tógáil
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Dan O'Neill	Ceardchumann
Farron Flaherty Uasal	Pobal/Deonach*
Folúntas	Pobal/Deonach*
Maureen Browne Uasal	Ionchuimsiú Sóisialta*

Bhí dhá chruinniú ag an CBS maidir le Taisteal agus Iompar in 2024. Rinneadh cuir i láthair agus beartais a chur chun cinn ar na nithe seo a leanas:

- Cur i láthair agus glacadh le Beartas Maolaithe Trácta.
- Cur i láthair an ÚNI ar Scéim Rothar TFI i Luimneach
- Cur i láthair ar Cheadanna Páirceála d'Eagraíochtaí Deonacha

**Ainmnítear iad tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)*

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE FORBAIRT GHEILLEAGRACH, FIONTRAÍOCHT, TURASÓIREACHT AGUS PLEANÁIL

Comhaltaí Tofa:

An Clr. Peter Doyle	Cathaoirleach LCCC
An Clr. Sharon Benson	LCCC
An Clr. Bridie Collins	LCCC
An Clr. Michael Collins	LCCC
An Clr. Maria Donoghue	LCCC

An Clr. Liam Galvin	LCCC
An Clr. Ursula Gavan	LCCC
An Clr. Stephen Keary	LCCC
An Clr. Dan McSweeney	LCCC
An Clr. John O'Donoghue	LCCC
An Clr. Kieran O'Hanlon	LCCC
An Clr. Tommy O'Sullivan	LCCC
An Clr. Olivia O'Sullivan	LCCC
An Clr. Joe Pond	LCCC
An Clr. Pádraigh Reale	LCCC
An Clr. Jerome Scanlan	LCCC

Sectoral Representatives:

Folúntas	Talmhaíocht/
Feirmeoireacht	
Folúntas	Comhshaol/Caomhnú*
Folúntas	Forbairt/Tógáil
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Declan Hehir	Pobal/Deonach*
An tUasal Brian Thompson	Pobal/Deonach*
An tUasal Vadivel Raj	Ionchuimsiú Sóisialta*

*Ainmnítear iad tríd an Lónra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)

Tháinig an coiste seo le chéile trí huaire in 2024. Ba iad seo a leanas na príomhnithe a pléadh:

- Treoirínte um Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Dlúthshocraíochtaí d'Údaráis Phleanála 2024
- Nuashonrú ar an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2023-2028
- Clár Fáilte – Madraí Cúnaimh Uathachais Éireann
- Nuashonrú ar Straitéis Turasóireachta Luimnigh 2019-2023 agus Réamhrá ar phróiseas Straitéis Turasóireachta nua 2024-2029

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA POBAIL, FÓILLÍOCHTA, EALAÍONA, OIDHREACHTA AGUS CULTÚIR

Comhaltaí Tofa:

An Clr. Fergus Kilcoyne	Cathaoirleach LCCC
An Clr. Sarah Beasley	LCCC
An Clr. Daniel Butler	LCCC
An Clr. P.J. Carey	LCCC
An Clr. Michael Collins	LCCC
An Clr. Gregory Conway	LCCC
An Clr. Tommy Hartigan	LCCC
An Clr. Shane Hickey-O'Mara	LCCC
An Clr. Dan McSweeney	LCCC
An Clr. Olivia O'Sullivan	LCCC
An Clr. Pádraigh Reale	LCCC
An Clr. Martin Ryan	LCCC
An Clr. John Sheahan	LCCC
An Clr. Catherine Slattery	LCCC
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder	LCCC
An Clr. Brigid Teefy	LCCC

Ionadaithe Earnála:

Folúntas	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Folúntas	Comhshaol/Caomhnú*
Folúntas	Forbairt/Tógáil
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
An tUasal Pete Moles	Pobal/Deonach*
Marian Hurley Uasal	Pobal/Deonach*
Folúntas	Pobal/Deonach*
Folúntas	Pobal/Deonach*
Khurram Iqbal	Ionchuimsiú Sóisialta*
Folúntas	Ionchuimsiú Sóisialta*

*Ainmnítear iad tríd an Lónra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)

Tháinig an coiste le chéile cúig huaire in 2024. Ba iad seo a leanas na príomhnithe a pléadh:

- Tionscnamh folúntais agus dearóilithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Nuashonrú Tacaíochtaí Úcránach
- Léiriú Leabharlainne "Síolta Scéalta – Scéalta móra i Luimneach"
- Nuashonrú ar Sheirbhísí Iarsmalainne
- Rannpháirtíocht Phobail Uilechuimsitheach i

- bPleanáil Áitiúil agus Cinnteoireacht
- Straitéis Féilte & Imeachtaí
- Nuashonrú a thacaíonn le hUathachas
- Nuashonrú ar an nGrúpa Stiúrtha um Chomhtháthú Imirceach
- Nuashonrú ar Dhánlann Ealaíne Chathair Luimnigh
- Dréachtbheartas Ealaíne Poiblí 2024-2028

Tháinig an coiste seo le chéile faoi dhó in 2024. Ba iad seo a leanas na príomhnithe a pléadh:

- Straitéis Crann Luimnigh
- Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn
- Plean Bithéagsúlachta Luimnigh
- Tionscadal Aer Glan le Chéile

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT AERÁIDE, BITHÉAGSÚLACHT AGUS COMHSHAOL

Comhaltai Tofa:

An Clr. Joe Leddin	Cathaoirleach LCCC
An Clr. P.J. Carey	LCCC
An Clr. Bridie Collins	LCCC
An Clr. Frankie Daly	LCCC
An Clr. Francis Foley	LCCC
An Clr. Liam Galvin	LCCC
An Clr. Seán Hartigan	LCCC
An Clr. Tommy Hartigan	LCCC
An Clr. Shane Hickey-O'Mara	LCCC
An Clr. Sarah Kiely	LCCC
An Clr. Kieran O'Hanlon	LCCC
An Clr. Joe Pond	LCCC
An Clr. Eddie Ryan	CCC
An Clr. Elena Secas	LCCC
An Clr. John Sheahan	LCCC
An Clr. Noreen Stokes	LCCC

Ionadaithe Earnála:

Folúntas	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Folúntas	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
Folúntas	Gnó/Tráchtáil
Bruce Harper	Pobal/Deonach*
Caillum Hedderman	Pobal/Deonach*
Folúntas	Comhshaol/Caomhnú*
Folúntas	Comhshaol/Caomhnú*

**Are nominated via Public Participation Network (PPN)*

IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE

(*seasamh ar 31/12/2024)

AN COISTE COMHAIRLIÚCHÁIN ÁITIÚIL UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

An Clr. Frankie Daly
An Clr. Seán Hartigan
An Clr. Tommy O'Sullivan
An Clr. Catherine Slattery

AONTAS RIALTAS ÁITIÚIL NA hÉIREANN (AILG)

An Clr. Gregory Conway
An Clr. Kieran O'Hanlon
An Clr. Jerome Scanlan

TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT

Méara John Moran
An Clr. Michael Collins
An Clr. Frankie Daly
An Clr. John Sheahan

IONTAOBHAI THE MHARGADH LUIMNIGH

An Clr. Kieran O'Hanlon (Cathaoirleach Cheantar
Cathrach Luimnigh)
An Clr. Sarah Beasley
An Clr. Daniel Butler
An Clr. Frankie Daly
An Clr. Maria Donoghue
An Clr. Peter Doyle
An Clr. Shane Hickey-O'Mara
An Clr. Sarah Kiely
An Clr. Fergus Kilcoyne
An Clr. Dan McSweeney
An Clr. Elisa O'Donovan
An Clr. Olivia O'Sullivan
An Clr. Joe Pond
An Clr. John Sheahan
An Clr. Catherine Slattery
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder
An Clr. Ger Ward

CUMANN LEABHARLANN NA hÉIREANN

An Clr. Fergus Kilcoyne

IRISH PUBLIC BODIES INSURANCE CTR

An Clr. John Sheahan

CUMANN CHOMHALTAÍ NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

An Clr. John Sheahan

ACMHAINNÍ IARTHAR LUIMNIGH TEORANTA

An Clr. Francis Foley
An Clr. Tommy Hartigan
An Clr. John Sheahan
An Clr. Ger Ward

FORBAIRT BHEALACH EABHRA TEORANTA

An Clr. Tommy O'Sullivan
An Clr. Martin Ryan

COMHPHÁIRTÍOCHT PAUL

An Clr. Shane Hickey-O'Mara
An Clr. Catherine Slattery
An Clr. Abul Kalam Azad Talukder

IONTAOBHAS IARSMALANN HUNT

An Clr. Maria Donoghue
An Clr. Olivia O'Sullivan

FÓRAM RÉIGIÚNACH SLÁINTE AN IARTHAIR

An Clr. Sharon Benson
An Clr. Bridie Collins
An Clr. Michael Collins
An Clr. Gregory Conway
An Clr. Francis Foley
An Clr. Liam Galvin
An Clr. Elisa O'Donovan

BORD OSPIDÉAL EOIN

An Clr. Kieran O’Hanlon

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH

An Clr. Sarah Kiely

IONTAOBHAS CATHARTHA LUIMNIGH

An Clr. Abul Kalam Azad Talukder

BORD STIÚRTHÓIRÍ IONAD FIONTAR POBAIL MHAIGH ROIS TEORANTA

An Clr. Pádraig Reale

BORD BAINISTÍOCHTA CHUIDEACHTA FORBARTHA POBAIL NAOMH MAINCHÍN TEORANTA

An Clr. Olivia O’Sullivan

BORD LUIMNEACH A NUÁIL

Folúntas

SAINEOLAS D’FHIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Folúntas

FORBAIRT STRAITÉISEACH LUIMNEACH 2030 CGA

Folúntas

DISCOVER LIMERICK DAC

Folúntas

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LUIMNIGH AGUS AN CHLÁIR

An Clr. Maria Donoghue

An Clr. Peter Doyle

An Clr. Kieran O’Hanlon

An Clr. John Sheahan

An Clr. Catherine Slattery

An Clr. Noreen Stokes

An Clr. Brigid Teefy

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

An Clr. Sharon Benson

An Clr. John Sheahan

An Clr. Catherine Slattery

COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL

An Clr. P.J. Carey

An Clr. Gregory Conway

An Clr. Stephen Keary

An Clr. Joe Pond

COISTE MONATÓIREACHTA UISCE TUAITHE

An Clr. Stephen Keary

An Clr. Eddie Ryan

An Clr. Ger Ward

GRÚPA STIÚRTHA AN PHLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL (PÁEP)

An Clr. Peter Doyle (Cathaoirleach, Forbairt

Gheilleagrach, Fiontar, Turasóireacht agus Pleanáil
CBS)

An Clr. Catherine Slattery

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA

CEANTAR UIRBEACH LUIMNIGH

Cuid 8 Faomhadh le haghaidh Forbartha ag Stáisiún Dóiteáin Chathair Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach.

Faomhadh chun na bóithre sna Clabhstraí, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Cuid 8 Faomhadh don Scéim um Thaisteal Gníomhach Ghaelscoil Sáirséal, Bóthar Shíol Bhroin, Luimneach.

Cuid 8 Faomhadh don Scéim um Thaisteal Ghníomhach Thimpeallán Naomh Pól chuig Timpeallán Bhéal an Chaoith, Tuar an Daill, Luimneach.

Faomhadh chun Cruinniú Míosúil mhí an Mhárta de Cheantar Cathrach Luimnigh a reáchtáil ar an 19 Márta 2024.

Leithdháiltí a cheadú faoin Scéim Tionscnamh Pobail 2024.

Glacadh le Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh 2024 do Cheantar Cathrach Luimnigh.

Faomhadh chun na bóithre i gCéim 4 na Coille Móire, Bóthar Theach na Scoile, Caladh an Treoigh, Luimneach a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Faomhadh chun dréacht-Fhodhlíthe um Rialú Clubanna Carranna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2024 a chur ar taispeáint go poiblí, i gcomhréir le hAlt 200(1) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Cuid 8 Faomhadh maidir le hUasghrádú ar Ascaill Mhaigh Rois, Maigh Rois, Luimneach.

Cuid 8 Faomhadh maidir le Síneadh Chlub Rugbaí agus Peile Thuamhan, Maigh Rois, Luimneach.

Faomhadh chun an Lána agus na Bóithre Rochtana ar chúl Uimh. 4 – 8 Sráid Parnell, Fearann an Phríora, Luimneach a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Faomhadh chun an Bóthar Rochtana chuig Na Clabhstraí, an Bóthar Ciorclach Thuaidh, Luimneach, a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Cheantar Ceannchathartha Luimnigh a thoghadh.

Glacadh le Dréacht-Fhodhlíthe Rialaithe Clubanna Carranna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Ceantar Cathrach Luimnigh, 2024, i gcomhréir le Cuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Glacadh leis an bPlean Buiséadach 2025 do Cheantar Cathrach Luimnigh ar luach €800,000, lena n-áirítear méadú €50,000, agus athshannadh €565,000 do F04, Tionscnaimh Phobail, i gcomhréir le hAlt 102(4) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Faomhadh le haghaidh mionleasaithe ar Chuid 8 a ceadaíodh roimhe seo le haghaidh Ascaill Atlas, Bóthar an Duga, Luimneach.

Faomhadh do Rialú Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Scútar Leictreach Comhroinnte Gan Stáisiún ar an tSráid Dréacht-Fhodhlíthe Seirbhísí Cíos 2024 le cur ar taispeáint go poiblí i gcomhréir le hAlt 200(1) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Cuid 8 Faomhadh maidir le Tionscadal Nascachta an Taobh Theas, An Ráth Bhán Thuaidh agus An Ghallmhóin, Luimneach.

Faomhadh chun na bóithre i nDún na Lochlannach, An Corrbhaile, Luimneach a ghlacadh faoina cúram, de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.

Glacadh le dréacht-Bhuan-Orduithe do Cheantar Cathrach Luimnigh, i gcomhréir le hAlt 10 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Cuid 8 Faomhadh d'Fhorbairt Bheartaithe ar shé Aonad Tithíochta ag Céide Mulcair, Cluain Cliabh, Áth an Choite, Co. Luimnigh.

Cuid 8 Faomhadh d'Fhorbairt Bheartaithe ar shé Aonad Tithíochta ag 52 An Bóthar Nua, Sparr Thuamhan, Luimneach.

Faomhadh chun na bóithre i gCorrán Belfield, Fearann Seoin, Luimneach a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

CEANTAR BARDASACH NA CEAPÁÍ MÓIRE-CHILL MOCHEALLÓG

Glacadh leis an bPlean Buiséadach do Cheantar Bardasach Na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2025, arb ionann é agus €332,500, méadú €37,500 ar leithdháileadh 2024 de €295,000.

Leithdháiltí a cheadú faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach, faoin gCiste Forbartha, faoin Scéim Tionscnamh Pobail agus faoin Scéim Deontais Áiseanna Pobail 2024. Ainmníodh tionscadail do scéim Deontas Pobail LGB arbh fhiú €36,000 san iomlán iad.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg a thoghadh.

Glacadh le Sceideal Oibreacha 2024 do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg.

Glacadh le Buan-Orduithe 2024.

CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA

Leithdháiltí faoi Leithdháileadh Ginearálta Bardasach 2024 a cheadú.

Faomhadh ar an Athrú Ábhartha ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Áth Dara 2024 – 2030 i gcomhréir le hAlt 20 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Faomhadh chun eastát tithíochta ag Ascaill Choill Adaim, Cróch, Co. Luimnigh a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Faomhadh chun an eastát tithíochta ag Céide Choill na Feá, Baile an Gharraí, Co. Luimnigh a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 180 den Acht um

Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Glacadh le Sceideal Oibreacha Cheantar Bardasach 2024 do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola.

Faomhadh chun an Cruinniú Bliantúil a reáchtáil ar an 25 Meitheamh, 2024.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola a thoghadh.

Faomhadh chun eastát tithíochta Ros Choill, Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh a ghlacadh faoina cúram de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993.

Glacadh leis an bPlean Buiséadach 2025 do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, faoi réir an leasaithe go bhfanfaidh an leithdháileadh ag €270,000 d'fhonn rátaí tráchtála a choinneáil ag leibhéal 2024 agus go n-áireofar an leasú go ndéanfar an leithdháileadh iomlán de €270,000 a leithdháileadh ar Sheirbhís D05 – Forbairt Turasóireachta, Áineas agus Taitneamhacht, i gcomhréir le hAlt 102(4) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú.

Cuid 8 Faomadh le haghaidh forbairt 11 Lios Mhic Thíre, Eas Géitine, Co. Luimnigh.

Cuid 8 Faomadh chun Ionad Oidhreacht Áth Dara a athmhúnlú agus a leathnú ag an bPríomhshráid, Áth Dara, Co. Luimnigh.

Faomhadh chun síneadh ama a chur le Plean Ceantair Áitiúil Chromadh 2020 – 2026 ar feadh tréimhse breise ceithre bliana, de réir Thuarascáil an Mhéara dar dáta an 29 Samhain, 2024 agus Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)".

CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA

Cuid 8 Faomhadh le haghaidh (a) forbairt foirgnimh seirbhísí ag Mol Glasbhealaigh Luimnigh, Bóthar an Stáisiúin, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh (b) forbairt Mhol Glasbhealaigh Luimnigh ag Ardach, Fearann an Mhinitéaraigh, Ardach, Co. Luimnigh, (c) forbairt Mhol Turasóireachta Iarthar Luimnigh ag Fuller's Folly, Sráid an Droichid, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh.

Cuid 8 faomhadh d'Fhorbairt Mhol Glasbhealaigh Luimnigh ag Mainistir na Féile.

Cuid 8 Faomhadh don Scéim Tithíochta atá beartaithe ag Radharc an Ghleanna, Cnoc Uí Choileáin, Co. Luimnigh.

Glacadh le Dréachtphean Buiséadach 2025 Leithdháileadh Bardasach Ginearálta do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua de réir Alt 102 (4) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Faomhadh chun Cluain Arra, An Caisleán Nua, a Ghlacadh faoina Cúram, de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.

Faomhadh chun Daar River View, An Caisleán Nua, a Ghlacadh faoina Cúram, de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.

Faomhadh chun Dunquin, An Caisleán Nua, a Ghlacadh faoina Cúram, de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.

Faomhadh chun Glenquin Manor, An Caisleán Nua, a Ghlacadh faoina Cúram, de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.


Faomhadh chun Hawthorn Drive, An Caisleán Nua, a Ghlacadh faoina Cúram, de réir Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.



Oscailt Oifigiúil Ionad Pobail
Thobar Phádraig

DÁILCHEANTAIR

Cathair Luimnigh
Contae Luimnigh



FÁILTITHE AN MHÉARA





Féile Samhain
Grianghraf: Brian Arthur

FÁILTITHE AN MHÉARA



19.01.2024

Club CLG an Ospidéil, Pauline Hynan, Ger O'Connell

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 19 Eanáir, do Chlub CLG Ospidéil Bhaile Hiobaird, chun aitheantas a thabhairt do chomóradh 40 bliain Chraobh Sóisearach Iomána agus Peile Chontae Luimnigh in 1983. Pauline Hynan, mar aitheantas ar an méid atá bainte amach aici maidir le grá agus eolas ar an damhsa a chothú agus a roinnt le linn a saoil, go háirithe, an obair dheonach a rinne sí ar son Scór agus an rath mór a bhain sí amach le Club CLG agus Camógaíochta na Ceapaí Móire. Ger O'Connell, mar aitheantas ar agus mar bhuíochas as an obair dheonach a rinne sé dá chlub, Club CLG Phailís Ghréine agus as an obair iontach a rinne sé mar fhear trealaimh d'Fhoireann Sinsir Iomána Luimnigh.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: James Hanley, Michael (Doll) Reale, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Pauline Hynan agus Ger O'Connell.



30.01.2024 - An tAthair Séamus Enright

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 30 Eanáir, in ómós don Athair Séamus Enright, as a chuid oibre chrua agus rannchuidiú le hEaglais San Alphonsus i gCathair Luimnigh agus leis an bpobal i rith na ceithre bliana déag a chaith sé ansin mar Reachtaire an tSlánaitheora, agus freisin mar aitheantas ar agus mar bhuíochas as an méid atá déanta aige ar son rath Achainí an tSlánaitheora le haghaidh Ciseán Nollag a chinntíonn go mbíonn bia ar bhord teaghlach don Nollaig. Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar a rannpháirtíocht san iarracht idirnáisiúnta chun cabhrú leo siúd ar easáitíodh iad mar gheall ar an gcogadh san Úcráin.



15.02.2024 – John Macnamara

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 15 Feabhra do John Macnamara, mar aitheantas ar a cheithre Chraobh Náisiúnta Feirmeoireachta, is iad sin Feirmeoir Óg na Bliana FBD 2005, Clós Feirme na Bliana 2009, Feirmeoir Féaraigh na Bliana 2018, agus buaiteoir Ghradaim na Comhairle Náisiúnta Déiríochta 2023 agus Bainne Cáilíochta Kerrygold. Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar a ranníocaíocht ollmhór agus an obair dheonach a rinne sé do phobal áitiúil de Chnoc Áine, Macra na Feirme, do Scoileanna agus Pheil na mBan ag leibhéal an chlub agus an chontae.



22.02.2024 – Hub Martial Arts

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 22 Feabhra do Hub Martial Arts, mar aitheantas ar an méid a bhain siad amach sa chidhornálaíocht ag an gCraobh Chidhornálaíochta Domhanda Aontaithe san Iodáil i mí Dheireadh Fómhair, 2023, nuair a bhuaigh siad 35 bonn óir, naoi mbonn airgid agus cúig bhonn cré-umha in iliomad disciplíní na nEalaíon Comhraic.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Gillian Barry, Paul O'Brien agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell.



28.02.2024 – CLG An Chaisleáin Nua

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 28 Feabhra do CLG an Chaisleáin Nua, mar aitheantas ar an méid atá bainte amach acu maidir le Craobh Peile Sinsearach an Chontae a bhuachan trí huaire as a chéile in 2021, 2022 agus 2023.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: An Comhairleoir Liam Galvin, Jimmy Lee, Bainisteoir Fhoireann Shinsearach Luimnigh, Susan Gleeson, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gearald Mitchell, an Comhairleoir Tom Ruddle, Margaret Hannon, James Ahern agus an Captaen Iain Corbett.



06.03.2024 – CLG Mhungairit Naomh Pól

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 6 Márta do CLG Mhungairit Naomh Pól mar aitheantas ar an séasúr an-rathúil a bhí acu in 2023, inár bhuaigh siad roinnt craobhacha contae do dhaoine fásta san iomáint agus sa pheil agus dhá theideal d'Fhéile Náisiúnta sa pheil agus i bpeil na mban.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gearóid Mitchell agus Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach, CLG Mhungairit Naomh Pól.



11.03.2024 - Seán O'Sullivan

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 11 Márta do Sheán O'Sullivan, mar aitheantas ar a éacht mar Bhuaiteoir Foriomlán, Eolaí Óg BT & Teicneolaí na Bliana ag an 60ú Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT 2024.



11.03.2024 – Coláiste Chiaráin

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell Fáiltiú Méara ar an 11 Márta do Coláiste Chiaráin, mar aitheantas ar thiomantas na scoile don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus oideachas ETIM, agus bronnadh an Gradam don Scoil is Fearr i bPoblacht na hÉireann ag Comórtas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2024.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerard Mitchell, Gearóid O'Sullivan, Príomhoide agus Edel Farrell, Múinteoir, Meantóir BTYSTÉ.



26.03.2024 - Cumann Gailf Bhaile an Fhaoitigh

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 26 Márta do Chlub Gailf Bhaile an Fhaoitigh, mar aitheantas agus buíochas ar an bhfís iontach agus ar an éiteas pobail atá cothaithe ag na baill agus ag an bhfoireann.

Áirítear sa ghrianghraf, Líne Chúil, C-D: Sheila O Malley, John Leamy, Gillian Stack, Ken Hogan, Donal McSweeney, Tim Hurley.

Líne thosaigh C-D Olive Scollard, Gerry O'Neill, Theresa O'Donoghue, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Minie O'Brien, Pat Fogarty, Mike Garry, suaimhneas síoraí dá anam.



10.04.2025 - Club Leadóige Léana Luimnigh

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 10 Aibreán do Chlub Leadóige Léana Luimnigh, mar aitheantas ar an méid a chuir siad le saol spóirt chathair Luimnigh le beagnach céad caoga bliain.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Eugene Pratt, Pat Casey, Judy McGill, Ger Tierney, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Michael Murphy, Jim Cleary, Gerry Clancy, Lucy Warner-Ryan agus Tim Connolly.



16.04.2024 – Patrick English, Anthony O'Donnell agus Marguerite Quinn

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 16 Aibreán do Patrick English, mar aitheantas ar na blianta fada seirbhíse a chaith sé i bpoist cheannaireachta éagsúla laistigh den phobal, ag léiriú dúthracht agus fadbhreathnaitheacht iontach, mar aon lena thiomantas eisceachtúil do Ghaeil na nGaibhlte agus CLG Luimnigh. Anthony O'Donnell, mar aitheantas ar a thiomantas gan staonadh do phobal Pháirc Mhuire, Luimneach, mar ghníomhaí agus oibrí deonach ar choistí éagsúla atá ag obair ar mhaithe le muintir Oileán an Rí, Luimneach. Marguerite Quinn, mar aitheantas ar an éacht iontach atá bainte amach aici mar ionadaí thar ceann na hÉireann ag Cluichí Domhanda Spóirt na nDall 2023.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Patrick English, Anthony O'Donnell, Marguerite Quinn agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell.



12 – 25.04.2024 - Alliance Française de Limerick agus an Dr. Loïc Guyon

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 25 Aibreán do Alliance Française de Limerick, mar cheiliúradh ar 80 bliain i ngnó agus mar aitheantas ar a gcur chun cinn ar an teanga agus ar chultúr na Fraincise i Luimneach ó 1944 i leith. An Dr. Loïc Guyon, mar bhuíochas agus aitheantas ar a ionchur, mar bhunaitheoir Fhéile Géanna Fiáine Luimnigh a seoladh in 2019 agus mar Thionscnóir/Stiúrthóir ar Thionscadal Fhilleadh Abhaile an tSáirséalaigh a seoladh in 2020. Tá an fhéile agus an tionscadal araon á n-éascú ag Alliance Française de Limerick ó 2023 i leith.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: An Dr. Paul O'Brien, Alliance Française de Limerick, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell agus an Dr. Loïc Guyon.



30.04.2024 - Niall Deegan, James Lundon agus Liam O'Brien

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 30 Aibreán do Niall Deegan, James Lundon agus Liam O'Brien, mar aitheantas agus buíochas ar an méid a rinne siad go deonach do na Cluichí Gaelacha i Luimneach, go háirithe as a leabhar stairiúil “1973 – Keeping the Dream Alive”, ar bronnadh an glanbhrabús do Chumann Naomh Uinseann de Pól (SVP) agus d'Aonad Áirc na Leanaí in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Liam O'Brien, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, James Lundon agus Niall Deegan.



10.05.2024 - Hayleigh Kiely, Fergus Scanlan, Siobhán Walsh

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 10 Bealtaine do Hayleigh Kiely, mar aitheantas ar an éacht a bhain sí amach le déanaí sa chidhornaíocht, nuair a bhuaigh sí Craobh Domhanda ISKA (Cumann Idirnáisiúnta Cidhornaíochta Spóirt). Fergus Scanlan, mar aitheantas ar a ionchur agus a cheannaireacht iontach maidir le cistí riachtanacha a bhailiú d'Ospidéal Pobail Naomh Íde agus do Chairde Naomh Íde, An Caisleán Nua le fiche bliain anuas. Siobhán Walsh, mar aitheantas ar a 30 bliain seirbhíse d'fhaoiseamh daonnúil agus d'obair maidir le cúrsaí forbartha, ar mhaithe le domhan níos fearr a chruthú do na pobail is leochailí ar fud na cruinne.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Hayleigh Kiely, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Siobhán Walsh agus Fergus Scanlan.



22.05.2024 – Cór Bhunscoil Mhuire Mháthair Bhanríon na Síochána

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 22 Bealtaine do Chór Bunscoile Mhuire Mháthair Bhanríon na Síochána, mar aitheantas ar bhua 'Comórtas Cóir na Nollag' de chuid RTÉ Lyric FM agus a léiriú mealltach ag ceolchoirm chomóradh 25 bliain RTÉ Lyric FM. Tá a bpobal bródúil as a ndúthracht agus a gcumas. Go leanfadh a nguthanna daoine a spreagadh agus misneach a thabhairt don phobal.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Eoghan Maher, an Comhairleoir Daniel Butler, an Comhairleoir Sarah Kiely, Orla Burke, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Eamonn O'Connell, an Comhairleoir Catherine Slattery, Patrick Jones, Una Carmody agus James Malone.



23.05.2024 – Tony Brazil

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 23 Bealtaine do Tony Brazil, mar aitheantas ar Luimneach agus Réigiún Chois Sionainne a chur ar an léarscáil dhomhanda agus ar a rannpháirtíocht in eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta le breis agus 50 bliain anuas le ceannaireacht den chéad scoth i réimse na turasóireachta agus an oideachais.



23.05.2024 Limerick Narwhals

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar 23 Bealtaine do Limerick Narwhals, mar aitheantas ar an méid a chuir siad le snámh faoin aer agus le snámh geimhridh, ag eagrú 'Snámh an Oileáin' agus as a síntiúis charthanachta do chúiseanna áitiúla.

Áirítear sa ghrianghraf, Líne Tosaigh, C-D: Ailbhe Healy, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Mark Dempsey. Líne sa lár C-D: Ger Purcell, Rosie Foley, Martin Shannon, Joe Diggins, Brian Dillon. Líne Chúil C-D: Aoife McGuinness, Mark Hannigan, Conor Leahy.



23.05.2024 - Dominic Taylor, Ionad Scríbhneoirí Luimnigh

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 23 Bealtaine do Dominic Taylor, Ionad Scríbhneoirí Luimnigh, mar aitheantas ar a thiomantas seasta i leith cur chun cinn na filíochta agus na n-ealaíon liteartha i Luimneach.



30.05.2024 - R.F.C. an Bhrú

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell Fáiltiú Méara ar an 30 Bealtaine do RFC an Bhrú, mar aitheantas ar an gcur chun cinn a rinne siad ar rugbaí agus spórt foirne d'fhir agus do mhná de gach aois le 50 bliain anuas i Contae Luimnigh.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, agus Mícheál Leahy, Uachtarán RFC an Bhrú.



30.05.2024 – Rugbaí na Mumhan agus Staid Pháirc Thuamhan DAC

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 30 Bealtaine do Rugbaí na Mumhan, mar aitheantas ar an méid a chuir siad go dearfach le spórt agus rugbaí i Luimneach. Staid Pháirc Thuamhan DAC, mar aitheantas ar na tairbhí suntasacha eacnamaíochta agus sóisialta atá bainte amach acu do Luimneach ó rinneadh athfhorbairt ar an Staid in 2008.

Áirítear sa ghrianghraf C-D, John Hartery, Comhalta de Bhord na Mumhan agus Stiúrthóir Pháirc Thuamhan, an Dr. Pat Daly, Ard-Stiúrthóir, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, John Cantwell, Stiúrthóir Staid Pháirc Thuamhan, Pat Whelan, Cathaoirleach Staid Pháirc Thuamhan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Michael Carroll, Uachtarán Chraobh na Mumhan, Brian Nolan, Brendan Foley, Leas-Uachtarán Sinsearach Chraobh na Mumhan agus Michael Collopy.



5.06.2024 - Ionad Cúraim Milford

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 5 Meitheamh d'Ionad Cúraim Milford, mar aitheantas agus buíochas ar an díograis, an cúram agus an tacaíocht den scoth a chuireann foireann Ionad Cúraim Milford ar fáil d'othair, cónaitheoirí, cliaint agus teaghlaigh a dteastaíonn sainchúram uathu ag an am is leochailí ina saol.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Mary O'Brien, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ionad Cúraim Milford agus an Comhairleoir Kieran O'Hanlon.



5.06.2024 – Ospidéal Eoin

D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Fáiltiú Méara ar an 5 Meitheamh d'Ospidéal Eoin, mar aitheantas agus buíochas ar an méid atá bainte amach acu maidir le cúram den scoth a sholáthar do mhuintir Luimnigh agus an Iarthair Láir, agus fíis an ospidéil á cur i bhfeidhm acu chun a bheith ina phríomhsholáthraí cúraim sláinte ina bhfuil nuálaíocht agus sármhaitheas ag croílár eispéireas an othair.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, Emer Martin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ospidéal Eoin agus an Comhairleoir Kieran O'Hanlon.



17.12.2024 - Tony, Hannah agus Siobhán Noonan

D'óstáil Méara Luimnigh, John Moran, Fáiltiú Méara ar an 17 Nollaig do Tony, Hannah agus Siobhán Noonan, mar aitheantas ar a spiorad pobail, a dtiomantas agus a bhflaithiúlacht maidir le soilse Nollag atá lán le hiontais an gheimhridh a chruthú ar son Carthanachta.

Áirítear sa ghrianghraf C-D: An Comhairleoir Francis Foley, Méara Luimnigh, John Moran, Tony Noonan agus an Comhairleoir Liam Galvin.

**SEIRBHÍSÍ
CORPARÁIDEACHA,
ACMHAINNÍ
DAONNA AGUS
FORBAIRT
EAGRAÍOCHTA**





Oíche Chultúir Luimnigh

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA

ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FEABHSÚ GNÓ

In 2024 lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag bainistiú an lucht saothair go réamhghníomhach chun cur ar chumas na comhairle freagairt agus a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach chomh maith le tacú le lucht saothair spreagtha agus tiomanta i seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán. I gcomhréir le Straitéis an Phobail, tacaíonn an Rannóg AD le bainisteoirí chun spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhaint amach. Leanann an Rannóg AD de raon leathan tacaíochtaí a sholáthar dár n-acmhainn is luachmhaire – ár bhfoireann.

Feabhsú Gnó

Tacaíonn an tAonad Feabhsúcháin Gnó le nuálaíocht i seachadadh sheirbhísí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Is cuid lárnach den nuálaíocht é próisis ghnó a dhigitiú i gcomhar le haonaid ghnó agus le rannóga teicniúla agus in 2024 forbraíodh deais PTF chun dul chun cinn ar an bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil a mheas agus forbraíodh deais de chuid an Chláir Méara chun maoirseacht a dhéanamh ar chuspóirí an chláir cúig bliana seo.

Tá caiteachas mór ar bhonneagar caipitil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus forbraíodh uirlis nua -CAPGOV nua i Luimneach chun na ceaduithe airgeadais a bhaineann leis na tionscadail go léir a bhainistiú ó thionscnamh go críochnú. Gabhann an córas rioscaí agus saincheisteanna ardleibhéil chun léargas lárnach a sholáthar ar thionscadail iolracha.

Tacaíonn an t-aonad le cumarsáid inmheánach trí úsáid a bhaint as Aip Foirne agus tacaíonn sé le Tairseach Cumarsáide chun ligean do gach rannóg suirbhéanna poiblí agus comhairliúcháin ar líne a dhéanamh ar phríomhthionscnaimh.

Foghlaim agus Folláine

Foghlaim agus Forbairt

Chuir an tAonad Foghlama agus Folláine réimse fairsing cúrsaí agus ceardlann ar fáil i rith na bliana. Tá an clár bunaithe ar mheascán d'iarratais a fuarthas tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), agus na riachtanais Chorporáideacha aitheanta ar fud na heagraíochta. Arna sheachadadh trí mheascán d'imeachtaí ar líne agus duine le duine, d'fhreastail baill foirne ar bhreis is 200 imeacht oiliúna i rith na bliana (féach achoimre ar na príomhchúrsaí sa tábla thíos).

Trí úsáid a bhaint as ár n-ardán oiliúna, tá roinnt cúrsaí inti ar líne againn a chlúdaíonn cuid de na príomhréimsí rialachais, lena n-áirítear;

- Ráiteas Sábháilteachta
- Rialachas Airgeadais
- Bainistíocht Dóiteáin
- Cibearshlándaíl

Chun tacú lenár mbainisteoirí, forbraíodh clár nuálach Forbartha Bainistíochta i gcomhar le hoiliúnóir áitiúil, agus cuireadh ar fáil é do 53 bainisteoir ag gráid 6, 7 agus gráid chomhchosúla. Cuireadh cúrsa oiliúna bainistíochta maoirseachta ar fáil do 9 dár maoirseoirí agus cuirfear i bhfeidhm é chuig grúpaí eile in 2025.

Tionscnamh nua eile ab ea Clár Cúraim do Chustaiméirí a fhorbairt do chomhghleacaithe atá ag obair i ról a bhaineann le custaiméirí. Chríochnaigh 39 ball foirne an oiliúint seo.

Leanann rannpháirtíocht i gclár oideachais scoile Éacht Sóisearach na hÉireann de bheith ina rogha coitianta a bhfuil buntáistí leis do rannpháirtithe agus do scoláirí araon, agus a chuireann le feasacht na Comhairle mar fhostóir roghnaithe do phróisis earcaíochta amach anseo.

Cúrsaí Oiliúna/Ceardlanna a Tionóladh	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu
Ionduchtú Foirne Lá 2	61
Ionduchtú Foirne Lá 1	50
Clár Feasachta Uathachais	47
A-Z den chlár Rialtais Áitiúil	46
Excel Idirmheánach	45
Scileanna Cumarsáide	42
Oiliúint ar Chúram Custaiméirí	39
Oiliúint ar Shaoráil Faisnéise	37
Clár Bainistíochta Tionscadail	36

Is réimse ardéilimh fós iad tacaíochtaí oideachais leanúnaigh le 14 ag tabhairt faoin gcúrsa dar teideal Teastas sa Rialtas Áitiúil de chuid an Fhorais Riaracháin agus 46 ball foirne (iontrálaithe nua den chuid is mó) ag tabhairt faoi A - Z an Rialtais Áitiúil. Chuaigh deichniúr ball foirne eile ar aghaidh chuig an Dioplóma sa Rialtas Áitiúil.

Fuair 19 mball foirne tacaíocht airgeadais chun a gcuid staidéir tríú leibhéal féin a dhéanamh.

Cuireadh clár londuchtúcháin a dtacaítear go láidir leis ar fáil i mbliana agus taifeadadh comhleibhéal freastail 111 ar an dá lá londuchtúcháin ar an láthair a reáchtáladh. Chríochnaigh 179 duine eile an clár ar líne roimh a ndátaí tosaithe.

Cúrsaí Oiliúna/Ceardlanna a Tionóladh	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu
Excel Ardleibhéil	35
Oiliúint ar Dhínit ag an Obair (Páirceanna)	28
Excel Bunleibhéal	28
Ríomhthairiscintí	26
Oiliúint ar Chonarthaí Oibreacha Poiblí	25
Bainistíocht Coinbhleachta	24
Bainistíocht Ama	24
Clár Forbartha Bainistíochta – Sciar 1	30
Clár Forbartha Bainistíochta – Sciar 2	23

Cúrsaí Oiliúna/Ceardlanna a Tionóladh	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu	Cúrsaí Oiliúna/Ceardlanna a Tionóladh	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu
Oiliúint Chomhairliúcháin MyPoint	22	Oiliúint Iniúcháin Inmheánaigh (QMS)	5
Cúrsaí Miontuairiscí	21	Ceadúnas Leantóra BE	4
Scileanna Cur i Láthair	21	Oscailt & Athchóiriú Bóithre - Cúrsa Bunúsach Athnuachana	4
Oiliúint ar Bhainistíocht Athruithe	18	Oiliúint ar Bhulladóirí XL	4
PowerPoint Ardleibhéil	16	Cigireacht Innealtóireachta Droichead	3
Bunghnéithe Bainistíochta Pleanála Forbartha	15	Teastas sa Chlár Bainistíochta Bóithre	3
Oiliúint QGIS	15	Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha	3
Cathaoirleacht a dhéanamh ar Chruinnithe	14	Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	3
Oiliúint ar Chomhionannas Míchumais (foireann Taistil Ghníomhaigh)	14	Cáin Chonarthaí Iomchuí	3
Oiliúint ar Bóithre na nÚdaráis Áitiúil	14	Oscailt & Athchóiriú Bóithre - Ardleibhéal	3
Scileanna Idirbheartaíochta	13	Seó Bóthair ar Chaighdeán BIÉ	3
Bunghnéithe Riaracháin Pleanála	13	Cúrsa Comhordaitheora SFF	2
PowerPoint Bunúsach	12	Cúrsa ar Innealtóireacht Droichead	2
Scileanna Seomra Cúirte (An Foras Riaracháin)	11	Suirbhé Fardail Droichead/Cigireacht Chothabhála	2
Oiliúint Excel d'Fhoireann Tithíochta	11	Rialú Tógála & Modhanna Nua-Aimseartha Tógála	2
Word Ardleibhéil	11	Rialacháin Tógála Mínithe	2
Word Idirmheánach	11	Bainistíocht Forbartha & Bunghnéithe Pleanála Forfheidhmithe	2
Bunghnéithe maidir le Forfheidhmiú Pleanála	10	Bunghnéithe Pleanála Chun Cinn	2
Oiliúint ar Chasaid & Disciplíní (Páirceanna)	10	Caighdeán C.É. 465	2
Oiliúint IOSH an Mhaoirseora Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha	10	Pábhálacha Bóthair Inbhuanaithe IAT	2
Rannpháirtíocht Dhearfach le Daoine Óga	9	Oiliúint Toghcháin Áitiúil an Fhorais Riaracháin	2
Scríbhneoireacht Tuairisce	9	Ceardlann an Chláir Náisiúnta Cigireachta Talmhaíochta	2
Scileanna Maoirseachta - Maoirseoirí Seirbhísí Tithíochta	9	Athbheochan don Tírdhreach	2
Caint ar Bhainistíocht Dramhthrealaimh Leictreonaigh	8	Maoirseoir Seirbhísí Bóthair	2
Oiliúint Tionscadail Microsoft	8	Athbhreithniú Bliantúil ar Dhlí Fostaíochta (Legal Island)	1
Réimse Taighde Iompair 2024	8	Oiliúint do Bhainisteoir Deimhneithe Fuinnimh	1
Oiliúint Suirbhé MyPoint	7	Tuairiscí ar Ghníomhú ar son na hAeráide & Inbhuanaitheacht	1
Leibhéal Dearaidh 1 & 2 - Bainistíocht Tráchtála Sealadach	6		
Cúrsa don Oifigeach um Bainistíocht Faisnéise (OBF)	5		

Cúrsaí Oiliúna/Ceardlanna a Tionóladh	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu
Oiliúint Cláir ar	
Ignite Cónaithe Éire Ildánach	1
Iarratais ar Rochtain maidir le hÁbhar Sonraí	1
Oiliúint Oifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas	2
Cúrsa RFF Intíre 16ú - 1ú	1
Oiliúint ar Chóras EPPM	1
Oiliúint Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána	1
Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta	1
Cúrsa Innealtóireachta Bóithre IAT	1
Scrúdú ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí	1
Réamhrá ar an Dlí Riaracháin	1
Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an Fhorais Riaracháin	1
Seimineár Oifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas GBRÁ	1

Cúrsaí Oiliúna/Ceardlanna a Tionóladh	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu
Oiliúint d'Fheasacht Litearthachta	1
Comhdháil Náisiúnta Pleanála	1
Oiliúint Oifigeach Dóiteáin SNBDÉ	1
Oiliúint NEC	1
Oiliúint NEC NMAC	1
Cúrsa NZEB	1
Cúrsa Comhordaitheora ar an Láthair	1
Measúnú Oiriúnachta Láithreáin QQI do Chórais Cóireála Fuíolluisce ar an Láthair	1
REBOUND - Athléimneacht Phobail Tuaithe i gCleachtas	1
Revit Bunriachtanais Ailtireachta	1
Oscailt & Athchóiriú Bóthair - Bunúsach	1
Oiliúint SUDS	1
Bainistíocht Uisce Dromchla & Stoirme	1
Cóireáil CBL ar Sheirbhísí	1



Clár Folláine

Chuir an Fhoireann Folláine clár gnóthach agus éagsúil tacaíochtaí agus imeachtaí ar fáil i rith na bliana, arna threorú ag an Straitéis Folláine 2024 – 2026 agus le tacaíocht ón gCoiste Folláine nuabhunaithe. Lorgaíodh léirithe spéise do Churaidh Folláine, agus ghlac na 20 iarratasóir rathúil páirt i seisiún oiliúna dhá lá i mí Aibreáin. Tá an coiste, a bhuaileann le chéile gach ráithiúil, comhdhéanta d'ionadaíocht leathan trasna bhaill foirne i ngráid éagsúla, i láithreacha oibre éagsúla agus d'ionadaithe laistigh/lasmuigh.

I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáladh i rith na bliana bhí;	
Clár scagthástála sláinte	180 rannpháirtí
Oiliúint do Churaidh Folláine	20 duine i láthair
Cainteanna feasachta faoi ailse	66 duine i láthair
Seisiúin le haghaidh bainistíocht struis (CCF)	42 duine i láthair
SafeTALK(feasacht maidir le féinmharú)	48 duine i láthair
Aoichaintoir ar athléimneacht	120 duine i láthair
Cainteanna méala	23 duine i láthair
Ceardlann Aireachais	26 duine i láthair
Cainteanna sláinte CCF am lóin	67 duine i láthair
Cainteanna ar Fholláine Airgeadais	20 duine i láthair
Imeachtaí Pleanála Scoir	34 duine i láthair
Cruinniú faisnéise CCF (An Caisleán Nua)	25 duine i láthair
Scéim Rothaíochta chun na hOibre	40 iarratas
Dearbháin Specsavers	107 ceann eisithe

Cuireadh clár vacsaínithe Fliú ar fáil do gach grád lasmuigh agus dóibh siúd atá ag obair i seirbhísí sa líne thosaigh. Reáchtáladh sé chlinic i dtrí ionad éagsúla, agus tugadh 392 vacsaín san iomlán. Cuireadh clár fairsing ionaclaithe ar fáil freisin do bhaill foirne a oibríonn i réimsí ardriosca.

Líon na gclinicí a tionóladh	9
Líon na mball foirne a bhí i láthair	116

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tugadh isteach dhá bheartas nua i rith na bliana – Beartas an Mheanapáis san Ionad Oibre agus an Beartas um Fhoréigean agus Drochíde sa Teaghlach. Tugann an dá bheartas sin breac-chuntas ar na tacaíochtaí agus na conairí atreoraithe atá ar fáil sna réimsí tábhachtacha seo agus treisíonn siad ár dtiomantas chun timpeallacht oibre atá sábháilte, tacúil agus cuimsitheach a sholáthar do chách.

Mar aitheantas ar an éagsúlacht mhéadaitheach atá ag teacht chun cinn sa lucht saothair reatha, shocraigh an Chomhairle go gcuirfí oiliúint ar fáil sna príomhréimsí seo a leanas;

- Seisiúin Feasachta ar an Uathachas
- Oiliúint ar Mhíchumas agus Comhionannas
- Oiliúint ar Dhínit agus Meas

Earcaíocht

Leanann an Rannóg Earcaíochta ag cur le forbairt próiseas Pleanála Fórsa Saothair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag cinntiú go bhfuil an Chomhairle suite go maith chun freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta agus ar riachtanais seirbhíse ár saoránach.

Leanadh le hearcú ball foirne nua sa Chomhairle in 2024 agus reáchtáladh 64 comórtas san iomlán trí mheascán de mhodhanna ar líne agus duine le duine. Rinneadh 1,198 agallamh aonair le haghaidh post laistigh den Chomhairle in 2024.

In 2024, líonadh príomhphoist cheannaireachta freisin amhail Cuntasóir Feidhmiúcháin, Oifigeach Sinsearach Forbartha Fiontraíochta agus Bainisteoir Clár. Reáchtáladh roinnt comórtas nideoige ar leith amhail Seandálaí Cónaitheach, Éiceolaí, Oifigeach um Ghníomhú ar son an hAeráide, Oifigeach Cúnta Ealaíon, Comhordaitheoir Tacaíochta Comhtháthaithe agus Oibrí Tacaíochta Comhtháthaithe chun saineolas a thabhairt isteach i bpríomhréimsí seachadta seirbhíse amhail Gníomhú ar son na hAeráide, na hEalaíona agus Athghiniúint. Áiríodh sna próisis mhóra earcaíochta iad siúd le haghaidh Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Cúnta Foirne, Oibrí Ginearálta agus Oibrí Ginearálta/Tiománaí.

Sa bhliain 2024, d'fhógair ár bhfoireann earcaíochta réimse leathan ról rithábhachtach laistigh den Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála. I measc na bpost sin bhí ról bhainistíochta amhail Príomhoifigeach Dóiteáin agus Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin, chomh maith le poist oibríochtúla amhail Comhraiceoir Dóiteáin Lánaimseartha agus Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht. Dhíríomar freisin ar ról tacaíochta rithábhachtacha a líonadh, lena n-áirítear Príomhoibritheoir Rialaithe Éigeandála agus Oibritheoir Sinsearach Rialaithe Éigeandála. Tá gach ceann de na ról seo riachtanach d'fheidhmiú agus d'éifeachtúlacht shochair ár seirbhísí dóiteáin, ag cinntiú go dtacaítear go héifeachtach le cumais freagartha éigeandála agus le feidhmeanna bainistíochta araon.

Bhí feachtais earcaíochta leanúnacha ar siúl freisin in 2024 d'fhoireann theicniúil, innealtóireachta, ailtireachta, phleanála agus TFC go háirithe mar gheall ar na dúshláin atá le sárú maidir leis na poist seo a earcú ní hamháin san earnáil rialtais áitiúil ach sa réimse fostaíochta níos leithne freisin.

D'fhreastail Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar go leor Aontái Post freisin i rith na bliana 2024, agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh amhlaidh in 2025, chun clú na Comhairle mar fhostóir roghnaithe a chur chun cinn.

In 2024, chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh deiseanna ar fáil do líon níos mó mac léinn ó institiúidí tríú leibhéal éagsúla, rud a thug deis dóibh a scileanna a fhorbairt agus ag an am céanna obair fhíorluachmhar a dhéanamh do chathair agus contae Luimnigh. Tá an Chomhairle ag infheistiú ama sa chaidreamh atá againn leis na hinstiúidí tríú leibhéal, agus ag cinntiú go mbeidh socrúcháin shuntasacha agus rathúla ag na mic léinn chun cur ar chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh naisc láidre a thógáil leis an lucht oibre amach anseo.

Inár gcomhoibriú leanúnach le Rochtain Thapa ar Theicneolaíocht Faisnéise (FIT), tá an Chomhairle tar éis a clár printíseachta san earnáil TFC a chur chun cinn tuilleadh. Ag cur leis an rath a

bhí againn anuraidh, d'earcaíomar Printíseach Innealtóra Líonra in 2024, ag marcáil an chéad chéim eile maidir le deiseanna a leathnú laistigh den réimse. Leanann an tionscnamh seo ag cur eispéiris luachmhara foghlama ar fáil, ag tairiscint oiliúna agus meantóireachta praiticiúla do dhaoine aonair laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tríd an bprintíseacht seo a fhorbairt tuilleadh, tá sé mar aidhm againn ár bhfoireann TFC a neartú agus bealach a sholáthar do thallann áitiúil chun scileanna speisialaithe san innealtóireacht líonra a fhorbairt, rud a chuirfidh le fás agus éifeachtúlacht fhoriomlán chumas teicneolaíocha na Comhairle.

Tá ár Sceideal Earcaíochta á nuashonrú agus á leasú i gcónaí chun a chinntiú go dtacaíonn an eagraíocht leis na héilimh sheirbhíse a theastaíonn.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le hearcaíocht i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, tabhair cuairt le do thoil ar www.limerick.ie/council/services/your-council/jobs/recruitment.

Am agus Tinreamh, Párolla, Aoisliúntas, Caidreamh Tionsclaíoch Bearta Cothromaíochta Oibre/Saoil

Bhí réimse beart cothromaíochta oibre/saoil ar fáil d'fhostaithe na Comhairle le linn 2024. Ina measc bhí Saoire Thuismitheora, Saoire Chúramóra, Roinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra, agus an rogha chun Sos Gairme a fháil. Fuarthas 332 iarratas in Acmhainní Daonna in 2024.

Oibriú Cumaisc

Tar éis Creat, Beartas agus Ceisteanna Coitianta Oibrithe Cumaisc Rialtais Áitiúil a eisiúint, cheadaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Beartas um Obair Chumaisc bunaithe ar an gcreat náisiúnta. Tugadh Obair Chumaisc isteach i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in 2022. Rinneadh an beartas a nuashonrú agus a athbhreithniú in 2024 bunaithe ar athbhreithniú náisiúnta agus scaipeadh é chuig an bhfoireann go léir. Tá 621 ball foirne san iomlán ceadaithe faoi láthair le haghaidh cianoibre.

Bearna Phá Inscne

Ag eascairt as achtú an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021 agus foilsíú Rialacháin an Achta um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Alt 20A) (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní) ina dhiaidh sin – Bealtaine 2022, ceanglaíodh ar gach eagraíocht, (fostóirí ábhartha), a bhfuil níos mó ná 150 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar a mBearna Phá idir na hInscní den chéad uair in 2022. Baineann údarais áitiúla úsáid as dáta roghbhliúire den 30 Meitheamh, arb ionann é agus 12 mhí cúlghabhálach. Ina theannta sin, ceanglaítear ar fhóistoirí ábhartha na cúiseanna a bhí le difríochtaí sa Bhearna Phá idir na hInscní a leagan amach agus na bearta (más ann dóibh) a bhí á nglacadh, nó á mbeartú, ag an bhfostóir chun na difríochtaí sin a dhíchur nó a laghdú.

Rinne na rialacháin foráil do thuarascálacha a fhoilsiú laistigh de shé mhí ón dáta sracfhéachana. Mar aon le hÚdarais Áitiúla eile, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a Tuarascáil i mí na Nollag 2024.

Core

Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht - Ag leanúint ar aghaidh ó threoir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) agus ó Chiorclán E.L. 03/2023, d'oibrigh an Chomhairle leis an nGrúpa Rochtana, MyPay, an Príomhoifigeach Dóiteáin agus le Tionscail Gartan/Mallon chun próisis nua a fhorbairt chun sceideal pá coicísíuil a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le pá, agus uathobriú ríomhanna pinsin. Tá an obair sin ar siúl go fóill.

Ionad Seirbhísí Comhroinnte MyPay – Aoisliúntas agus Párolla

Ó aistríodh feidhm aoisliúntais na Comhairle go MyPay i Lúnasa 2018, tá MyPay ag déileáil anois le formhór na bhfiosrúcháin ar aoisliúntas le tacaíocht ó Fhoireann Aoisliúntas na Comhairle. Leanann MyPay le feidhm an Phárolla a riaradh le tacaíocht ón bhFoireann Párolla sa Chomhairle.

Aoisliúntas

Seachas Seimineáir Réamhscoir a sholáthar agus cuidiú le baill foirne le ceisteanna éagsúla, is iad seo a leanas na sonraí idirbheartaíochta don Fhoireann Aoisliúntas do 2024..

Fostaithe Nua	223
Lucht fágála	131
Aisíocaíochtaí	75
Lucht Scoir	39
Sochair Choinnithe	1
Aisce na gComhaltaí	9
Aisce Comhraiceora Dóiteáin ar Áirithíocht	2
Bás i Seirbhís	0
Pinsinéirí nach maireann/Pinsinéirí Cleithiúnacha	30
Pinsin Cleithiúnaí Nua	14
Deimhnithe Blianachta	954

Párolla

Déanann an Rannóg Párolla maoirsiú ar íocaíocht tuarastail agus phá le baill foirne atá ann cheana féin agus ar íocaíocht pinsean le baill foirne ar scor. I rith 2024, chuir an t-aonad párolla na méaduithé pá infheidhme i bhfeidhm ar 1/1/24, 1/6/24 agus 1/10/24. Ag deireadh 2024 bhí 1,538 fostaí íoctha tríd an bpárolla mar aon le 1,013 pinsinéir. Ba é an bille Párolla do 2024 ná €110.1 milliún.

An Caidreamh idir Fostóirí agus Fostaithe

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna, agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina iomláine, le caidreamh táirgiúil lenár gcomhghleacaithe a chothú sna Ceardchumainn i rith 2024. Tharla an rannpháirtíocht sin trí chruinnithe ráithiúla den fhóram Comhpháirtíochta agus freisin trí chruinnithe foirmiúla rialta agus trí idirphlé leanúnach le Ceardchumainn ar leith.

Feidhmeanna Seirbhísí Uisce a aistriú go Uisce Éireann

Ar an 24 Meitheamh 2022, chuir an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD, fáilte roimh chreat nua do thodhchaí na seirbhísí uisce a forbraíodh trí phróiseas rannpháirtíochta arna éascú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Chuir an doiciméad seo leis an bPáipéar Beartais maidir le Claochlú na hEarnála Uisce a foilsíodh in 2021.

Cabhróidh an Creat lena chinntiú go gcoinnítear timpeallacht sheasmhach oibríochtúil de réir mar a chríochnaíonn an earnáil uisce an t-aistriú chuig údarás náisiúnta seirbhísí uisce, bunaithe ar chomhtháthú iomlán na seirbhísí uisce poiblí laistigh d'Uisce Éireann. Ar leithligh ón méid seo, tá Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe i bhfeidhm idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Uisce Éireann. I rith 2024, tar éis eisiúint na gCiorclán, tugadh deis do bhaill foirne Seirbhísí Uisce na nÚdarás Áitiúil incháilithe leas a bhaint as Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Ba scéim náisiúnta í seo a bhí oscailte d'fhoireann seirbhísí uisce na n-údarás áitiúil incháilithe ar fad. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag plé le foireann seirbhísí uisce na n-údarás áitiúil ar mian leo fanacht agus athshannadh a dhéanamh laistigh den údarás áitiúil.

Méara a Thoghfad go Díreach

Tá cruthú an phoist mar Mhéara a Thoghfad go Díreach uathúil laistigh den rialtas áitiúil in Éirinn. Toghadh an tUasal John Moran ina Mhéara ar Luimneach i mí an Mheithimh 2024. San Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, leagtar amach forálacha a bhaineann le post an Mhéara a Thoghfad go Díreach a bhunú. Leagtar amach ann freisin na socruithe foirne chun tacú le hoifig an Mhéara. Tá idirchaidreamh déanta ag an Rannóg Acmhainní Daonna leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Méara chun a chinntiú gur cuireadh forálacha foirne den sórt sin i bhfeidhm in 2024.

Cartlannaí

I gcomhréir le hAlt 80 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, déanann Seirbhís Chartlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh soláthar do chaomhnú thaifid chartlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus rochtain orthu. Baineann na bailiúcháin chartlainne le feidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus na comhlachtaí a tháinig roimpi. Áirítear sa bhailiúchán Leabhair Miontuairiscí, taifid airgeadais agus Orduithe an Bhainisteora a léiríonn riarachán áitiúil. Áiríonn an bailiúchán, tabhartais de bhailiúcháin thábhachtacha a bhaineann le Luimneach ó fhoinsí príobháideacha.

Lean an tSeirbhís Chartlainne le rochtain ar líne ar bhunábhar a chur chun cinn trí chlár digitithe agus cuireadh bailiúcháin nua leis an acmhainn seo in 2024. Rinneadh digitiú ar Bhailiúchán Hunt P22, mar aon le léarscáileanna éagsúla ó bhailiúcháin na Comhairle agus tuilleadh imleabhar de Leabhair Mhiontuairiscí na Comhairle.

I mí Lúnasa, rinneadh baill de Stór Digiteach na hÉireann (DRI) de na Cartlanna. Tabharfaidh an bhallraíocht seo stór don Chartlann chun cartlanna digiteacha na Comhairle a stóráil agus a chinntiú go gcaomhnaítear iad go fadtéarmach. Dá réir sin, ceadóidh an bhallraíocht sa DRI rochtain ar a gcuid eolais fairsinge, taighde, oiliúna agus ionadaíochta a bhaineann le caomhnú digiteach.

Thacaigh agus leathnaigh an Fhoireann Bainistíochta Chartlainne agus Taifead an clár LITE, Córas Bainistíochta Taifead néalbhunaithe ar ardán MS365 SharePoint Ar Líne chun láithreáin tionscadail agus suíomhanna seachtracha a chur san áireamh. Tacaíonn an córas le hoibriú soghluaiste agus comhoibriú le rialachas taifead digiteach.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, RIALACHAS AGUS SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Cuireann an Rannóg um Seirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Seirbhísí do Chustaiméirí réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil do Mhéara Luimnigh, do Chomhairleoirí, d'fhoireann agus do bhainistíocht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Is príomhról de chuid na Rannóga um Sheirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Seirbhísí do Chustaiméirí ná riarachán a dhéanamh ar Chruinnithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus ar Sheisiúin Eolais an Cheantair Chathrach agus na Toghcheantar Áitiúil.

Tacaíonn an Rannóg um Sheirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Seirbhísí do Chustaiméirí le Seirbhísí do Chustaiméirí agus déileálann sí le Cosaint Sonraí, Sláinte agus Sábháilteacht, Soláthar, Clár na dTogthóirí agus Rialachas Corparáideach. Cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil d'Oifig an Mhéara agus bainistíonn sí Nascadh/Comhchathracha, Fáiltithe Cathartha agus Méara, Scéim na Gaeilge, Beartas um Chosaint Leanaí agus réimse leathan seirbhísí coimhdeacha a bhaineann le gnó na Comhairle. Tacaíonn an Rannóg le forbairt an Phlean Chorporáidigh cúig bliana agus an Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil.

Tacaíocht Chorporáideach/Mhéara

Fáiltithe an Mhéara

- Club CLG Ospidéal Bhaile Hiobaird, mar aitheantas ar chomóradh 40 bliain de Chraobh Shóisir Iomána agus Peile Chontae Luimnigh in 1983.
- Pauline Hynan, mar aitheantas ar an méid atá bainte amach aici maidir le grá agus eolas ar an damhsa a chothú agus a roinnt le linn a saoil, go háirithe, an obair dheonach a rinne sí ar son Scór agus an rath mór a bhain sí amach le Club CLG agus Camógaíochta na Ceapaí Móire.
- Ger O'Connell, mar aitheantas ar agus mar bhuíochas as an obair dheonach a rinne sé dá chlub, Club CLG Phailís Ghréine agus as an obair iontach a rinne sé mar fhear trealaimh d'fhoireann Sinsir Iomána Luimnigh.

- An tAthair Séamus Enright, mar aitheantas ar a chuid oibre chrua agus rannchuidiú le hEaglais San Alphonsus i gCathair Luimnigh agus leis an bpobal i rith na ceithre bliana déag a chaith sé ansin mar Reachtaire an tSlánaitheora, agus freisin mar aitheantas ar agus mar bhuíochas as an méid atá déanta aige ar son rath Achainí an tSlánaitheora le haghaidh Ciseán Nollag a chinntíonn go mbíonn bia ar bhord teaghlach don Nollaig. Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar a rannpháirtíocht san iarracht idirnáisiúnta chun cabhrú leo siúd ar easáitíodh iad mar gheall ar an gcogadh san Úcráin.
- John MacNamara, mar aitheantas ar a cheithre Chraobh Náisiúnta Feirmeoireachta, is iad sin Feirmeoir Óg na Bliana FBD 2005, Clós Feirme na Bliana 2009, Feirmeoir Féaraigh na Bliana 2018, agus buaiteoir Ghradaim na Comhairle Náisiúnta Déiríochta 2023 agus Bainne Cáilíochta Kerrygold. Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar a ranníocaíocht ollmhór agus an obair dheonach a rinne sé do phobal áitiúil de Chnoc Áine, Macra na Feirme, do Scoileanna agus Pheil na mBan ag leibhéal an chlub agus an chontae.
- Hub Martial Arts, mar aitheantas ar an méid a bhain siad amach sa chidhornálaíocht ag an gCraobh Chidhornálaíochta Domhanda Aontaithe san Iodáil i mí Dheireadh Fómhair, 2023, nuair a bhuaigh siad 35 bonn óir, 9 mbonn airgid agus 5 bhonn cré-umha in iliomad disciplíní na nEalaíon Comhraic.
- CLG An Chaisleáin Nua, mar aitheantas ar an méid atá bainte amach acu maidir le Craobh Peile Sinsearach an Chontae a bhuachan trí huaire as a chéile in 2021, 2022 agus 2023.
- CLG Mhungairit Naomh Pól mar aitheantas ar an séasúr an-rathúil a bhí acu in 2023, inár bhuaigh siad roinnt craobhacha contae do dhaoine fásta san iomáint agus sa pheil agus dhá theideal d'Fhéile Náisiúnta sa pheil agus i bpeil na mban.
- Seán O'Sullivan, mar aitheantas ar a éacht mar Bhuaiteoir Foriomlán, Eolaí Óg BT & Teicneolaí na Bliana ag an 60ú Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT 2024.

- Coláiste Chiaráin, mar aitheantas ar thiomantas na scoile don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus oideachas ETIM, agus bronnadh an Gradam don Scoil is Fearr i bPoblacht na hÉireann ag Comórtas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2024.
- Club Gailf Bhaile an Fhaoitigh, mar aitheantas agus buíochas ar an bhfís iontach agus ar an éiteas pobail atá cothaithe ag na baill agus ag an bhfoireann.
- Club Leadóige Léana Luimnigh, mar aitheantas ar an méid a chuir siad le saol spóirt chathair Luimnigh le beagnach céad caoga bliain.
- Patrick English, mar aitheantas ar na blianta fada seirbhíse a chaith sé i bpoist cheannaireachta éagsúla laistigh den phobal, ag léiriú dúthracht agus fadbhreathnaitheacht iontach, mar aon lena thiomantas eisceachtúil do Ghaeil na nGaibhlte agus CLG Luimnigh.
- Anthony O'Donnell, mar aitheantas ar a thiomantas gan staonadh do phobal Pháirc Mhuire, Luimneach, mar ghníomhaí agus oibrí deonach ar choistí éagsúla atá ag obair ar mhaithe le muintir Oileán an Rí, Luimneach.
- Marguerite Quinn, mar aitheantas ar an éacht iontach atá bainte amach aici mar ionadaí thar ceann na hÉireann ag Cluichí Domhanda Spóirt na nDall 2023.
- Alliance Française de Limerick, mar cheiliúradh ar 80 bliain i ngnó agus mar aitheantas ar a gcur chun cinn ar an teanga agus ar chultúr na Fraincise i Luimneach ó 1944 i leith.
- Loïc Guyon, mar bhuíochas agus aitheantas ar a ionchur, mar bhunaitheoir Fhéile Géanna Fiáine Luimnigh a seoladh in 2019 agus mar Thionscnóir/Stiúrthóir ar Thionscadal Fhilleadh Abhaile an tSáirséalaigh a seoladh in 2020. Tá an fhéile agus an tionscadal araon á n-éascú ag Alliance Française de Limerick ó 2023 i leith.
- Niall Deegan, James Lundon agus Liam O'Brien, mar aitheantas agus buíochas ar an méid a rinne siad go deonach do na Cluichí Gaelacha i Luimneach, go háirithe as a leabhar stairiúil "1973 – Keeping the Dream Alive", ar bronnadh an glanbhrabús do Chumann Naomh Uinseann de Pól (SVP) agus d'Aonad Áirc na Leanaí in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach.
- Hayleigh Kiely, mar aitheantas ar an éacht a bhain sí amach le déanaí sa chicdhornálaíocht, nuair a bhuaigh sí Craobh Domhanda ISKA (Cumann Idirnáisiúnta Cicdhornálaíochta Spóirt).
- Fergus Scanlan, mar aitheantas ar a ionchur agus a cheannaireacht iontach maidir le cistí riachtanacha a bhailiú d'Ospidéal Pobail Naomh Íde agus do Chairde Naomh Íde, An Caisleán Nua le fiche bliain anuas.
- Siobhán Walsh, mar aitheantas ar a 30 bliain seirbhíse d'fhaoiseamh daonnúil agus d'obair maidir le cúrsaí forbartha, ar mhaithe le domhan níos fearr a chruthú do na pobail is leochailí ar fud na cruinne.
- Cór Bunscoile Mhuire Mháthair Bhanríon na Síochána, mar aitheantas ar bhua 'Comórtas Cóir na Nollag' de chuid RTÉ Lyric FM agus a léiriú mealltach ag ceolchoirm chomóradh 25 bliain RTÉ Lyric FM. Tá a bpobal bródúil as a ndúthracht agus a gcumas. Go leanfadh a nguthanna daoine a spreagadh agus misneach a thabhairt don phobal.
- Tony Brazil, mar aitheantas ar Luimneach agus Réigiún Chois Sionainne a chur ar an léarscáil dhomhanda agus ar a rannpháirtíocht in eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta le breis agus 50 bliain anuas le ceannaireacht den chéad scoth i réimse na turasóireachta agus an oideachais.

- Limerick Narwhals, mar aitheantas ar an méid a chuir siad le snámh faoin aer agus le snámh geimhridh, ag eagrú ‘Snámh an Oileáin’ agus as a síntiúis charthanachta do chúiseanna áitiúla.
- Dominic Taylor, Ionad Scríbhneoirí Luimnigh, mar aitheantas ar a thiomantas seasta i leith cur chun cinn na filíochta agus na n-ealaíon liteartha i Luimneach.
- R.F.C. an Bhrú, mar aitheantas ar an gcur chun cinn a rinne siad ar rugbaí agus spórt foirne d’fhir agus do mhná de gach aois le 50 bliain anuas i Contae Luimnigh.
- Rugbaí na Mumhan, mar aitheantas ar an méid a chuir siad go dearfach le spórt agus rugbaí i Luimneach.
- Staid Pháirc Thuamhan DAC, mar aitheantas ar na tairbhí suntasacha eacnamaíochta agus sóisialta atá bainte amach acu do Luimneach ó rinneadh athfhorbairt ar an Staid in 2008.
- Ionad Cúraim Milford, mar aitheantas agus buíochas ar an díograis, an cúram agus an tacaíocht den scoth a chuireann foireann Ionad Cúraim Milford ar fáil d’othair, cónaitheoirí, cliaint agus teaghlaigh a dteastaíonn sainchúram uathu ag an am is leochailí ina saol.
- Ospidéal Eoin, mar aitheantas agus buíochas ar an méid atá bainte amach acu maidir le cúram den scoth a sholáthar do mhuintir Luimnigh agus an Iarthair Láir, agus fíis an ospidéil á cur i bhfeidhm acu chun a bheith ina phríomhsholáthraí cúraim sláinte ina bhfuil nuálaíocht agus sármhaitheas ag croílár eispéireas an othair.
- Tony, Hannah agus Siobhán Noonan, mar aitheantas ar a spiorad pobail, a dtiomantas agus a bhflaithiúlacht maidir le soilse Nollag atá lán le hiontais an gheimhridh a chruthú ar son Carthanachta.

Fáiltithe Cheantar Cathrachs

Reáchtáil an Comhairleoir Azad Talukder Fáiltiú Ceantar Cathrach ar an 28 Bealtaine 2024 do na daoine seo a leanas:

- Fasih Khan mar aitheantas ara agus buíochas as a ionchur don leigheas i Luimneach le 30 bliain anuas
- Issa Timan mar aitheantas ar a ról mar Iomám i Masjid Al-Noor, Ionad Ioslamach Mosc i Luimneach
- Abdullah Jaribu mar aitheantas ar a ról mar Iomám in Ionad Pobail Moslamach Al Furqan i Luimneach
- Faisal Azimi mar aitheantas ar a chuid éachtaí maidir le craobhacha náisiúnta a bhuachan sa chidhórnálaíocht
- Khalid Ghafour mar aitheantas ar a ról mar Iomám san Ionad Cultúrtha Ioslamach i Luimneach
- Club Cruicéid Luimnigh mar aitheantas ar ionchur an Chlub maidir le cruicéad i Luimneach agus in Éirinn
- Club Cruicéid Blasters Luimnigh mar aitheantas ar ionchur an Chlub maidir le cruicéad i Luimneach agus in Éirinn
- Perpetua Balberona mar aitheantas ar a gairm bheatha fhada mar altra agus an méid a rinne sí don earnáil sláinte i Luimneach
- Soumen Pahari mar aitheantas ar an méid a chuir sé le cultúr éagsúil Indiach agus creideamh ilchultúrtha a chur chun cinn i Luimneach
- Foireann Peile Óige na Banglaidéise Luimnigh mar aitheantas ar éacht na foirne i mbua Chomórtas Peile Uile na Banglaidéise in Éirinn

Toscaireachtaí a Thaistil Thar Lear

D'fhreastail Cathaoirleach Cheantar Cathrach Luimnigh, an Comhairleoir Azad Talukder agus na Comhairleoirí Bridie Collins agus Daniel Butler, in éineacht leis an Stiúrthóir Seirbhísí, Cultúir, Pobail agus Forbartha Turasóireachta, ar Pharáid Bhliantúil Lá Fhéile Pádraig i dTrá Rockaway, Queens, Nua-Eabhrac ón 1 go dtí an 4 Márta 2024. D'fhreastail an Toscaireacht ar an Aifreann ar son na Síochána agus an Cheartais in Éirinn ag Séipéal Naomh Proinsias de Sales, Trá Rockaway, áit ar chuir Michael Benn, Uachtarán na Paráide agus dúchasach de Luimneach, an toscaireacht in aithne don phobal. Rinne an toscaireacht ionadaíocht ar Luimneach ag imeacht bhriceasta Lá Fhéile Pádraig i Halla Ridirí Cholambas, Rockaway, áit ar bhuail na comhairleoirí le baill den Phobal Gael-Mheiriceánach agus le hionadaithe agus oifigigh áitiúla tofa agus gnó chun plé a dhéanamh ar an infheistíocht agus ar an turasóireacht chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le naisc bhreise a fhorbairt idir Luimneach, an tIarthar Láir agus Éire leis na Stáit Aontaithe. Ina dhiaidh sin, ghlac an Toscaireacht páirt i bParáid Lá Fhéile Pádraig. Ba é an Ceann Feadhna, Richard Tully Óg, úinéir agus Príomhoide na Seirbhísí Meicniúla idirstáit a bhí i gceannas air sin. Ba iad na cinn feadhna oinigh i mbliana ná Rúnaí agus Cisteoir Chumann Tairbhíoch na nInnealtóirí Mara, Roland Rexha, agus Ceannasaí Cathláin FDNY, Michele Fitzsimmons. Bhí onóir á tabhairt don Easpag Robert Brennan, ó Dheoise Brooklyn, mar Ghael na Bliana. I measc na rannpháirtithe eile sa pharáid, bhí Eric Leroy Adams, Méara Chathair Nua-Eabhrac, Jennifer Rajkumar, ball de Thionól Stáit Nua-Eabhrac agus Joann Ariola, ball de Chomhairle Nua-Eabhrac. Bhí plé ar siúl freisin le Michael Benn maidir le pleananna agus ullmhúcháin do Pharáid Lá Fhéile Pádraig i Nua-Eabhrac.

Bhí an Comhairleoir Sarah Kiely i gceannas ar thoscaireacht ina raibh na Comhairleoirí Kieran O'Hanlon, John Egan, Emmett O'Brien, Kevin Sheahan agus Conor Sheehan agus chuaigh sí in éineacht leis an Stiúrthóir Seirbhíse, Athghiniúna, Spóirt agus Áineasa agus an tOifigeach Sinsearach

Feidhmiúcháin, Seirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Seirbhísí do Chustaiméirí, go Savannah, Georgia, SAM, chun freastal ar Pharáid Bhliantúil Lá Fhéile Pádraig i Savannah, Georgia, SAM ón 14 go dtí an 18 Márta. Tá an Pharáid seo ar cheann de na Paráidí Lá Fhéile Pádraig is mó ar domhan. Deis iontach a bhí sa chuairt chun leanúint leis na naisc eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha idir Savannah agus Luimneach. Thug an toscaireacht cuairt ar Halla na Cathrach chun bualadh leis an Méara Van Johnson. Bhí lúcháir ar an toscaireacht an taithí a roinnt maidir leis na cosúlachtaí idir Luimneach agus Cathair Savannah. Roinn an Méara Van Johnson a thaithí agus rinne sé cur síos ar fhócas na cathrach ar bhochtaineacht agus neamhionannas eacnamaíoch chomh maith le feabhas a chur ar shábháilteacht phoiblí agus ar bhonneagar. Rinne an toscaireacht comhghairdeas leis an Méara Van Johnson as an rath a bhí aige sa toghchán le déanaí agus thug siad cuireadh don Mhéara Van Johnson agus don Údarás um Fhorbairt Gheilleagrach in Savannah cuairt a thabhairt ar Luimneach. Thaistil an toscaireacht go dtí Ionad Trádála Domhanda Savannah chun bualadh le Manny Dominguez, Stiúrthóir Sinsearach um Fhorbairt Gheilleagrach agus MarRonde Lumpkin-Lotson, Bainisteoir Deiseanna Gnó ó Chathair Savannah chun plé a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí athghiniúna. Thug an Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, cur i láthair ar chur chuige na Comhairle i leith na hAthghiniúna agus leag sé breac-chuntas ar chuid de na dúshláin agus na deiseanna. Thug ionadaithe ó Chathair Savannah cur i láthair ar iarrachtaí athghiniúna i Savannah. Reáchtáil an toscaireacht plé comhchéime ar na cosúlachtaí idir an dá réigiún – tá a dúshláin féin ag baint le forbairt gheilleagrach rathúil agus fostaíocht beagnach lán i réimsí na tithíochta agus cúram leanaí inacmhainne. Ghlac toscaireacht na Comhairle páirt i bParáid Searmanais Jasper ó Cearnóg Johnson go Cearnóg Madison, áit ar thug na hóstaigh ráitis searmanais. Is searmanas foirmiúil é an pharáid seo in onóir don Sáirsint William Jasper Green agus do gach pearsanra míleata, más de bhunadh na hÉireann nó de thír eile iad. Labhair

an tAire Peter Burke, TD, ag an searmanas chomh maith. D'fhreastail an toscaireacht ar Aifreann a bhí á cheiliúradh ag Easpag Dheoise Savannah, an tEaspag Stephen Parkes, i mBaisleac Ardeaglaise Naomh Eoin Baiste.

Shiúil an toscaireacht sa pharáid trí huaire an chloig ó Pháirc Forsyth ar Shráid Abercorn tríd an gCeantar Stairiúil, cois na habhann agus ag críochnú ag acomhal Shráid Bhull agus Shráid Harris. Ghlac breis is 280 iontráil páirt sa pharáid os comhair thart ar 500,000 duine faoi ghrian te Savannah. Thug an tIonad Trádála Domhanda Savannah cuireadh don toscaireacht freastal ar an Airéine Enmarket nuathógtha le haghaidh imeacht spóirt agus turas ar an staid nuathógtha. Is coimpléasc ilchuspóireach é an airéine a tógadh idir 2019 agus a chríochnaigh Cathair Savannah i mí Feabhra 2022 chun Ionad Cathartha Savannah a athsholáthar. Tá acmhainn do 9,500 suíochán san airéine agus is féidir é a leathnú ag brath ar an imeacht agus ar na riachtanais. Tá sé anois ina ionad cinn scríbe do cheolchoirmeacha agus d'imeachtaí a mheallann cuairteoirí chuig an réigiún. D'oibrigh an t-údarás áitiúil i Savannah le heintitis phríobháideacha chun a chinntiú go leanann an t-ionad de bheith inmharthana ó thaobh airgeadais de agus is sampla é d'fhorbairt gheilleagrach rathúil sa réigiún.

Thaistil Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Dan McSweeney agus na Comhairleoirí Joe Leddin, Brigid Teefy, Fergus Kilcoyne agus James Collins mar aon leis an Stiúrthóir Seirbhíse, Pleanála agus Comhfhorbairt Áite agus Ceannasaí Margaíochta agus Cumarsáide go Nua-Eabhrac do cheiliúradh Bliantúil Lá Fhéile Pádraig ón 14 – 18 Márta, 2024. Ba í Margaret C 'Maggie' Timoney, Uachtarán agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Heineken SAM, Ceann Feadhna na Paráide. Ghlac baill den toscaireacht páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí le linn a gcuairte agus é mar aidhm acu Luimneach a chur chun cinn, caidrimh ghnó níos doimhne a fhorbairt agus dul i ngleic le pobal diaspóra Luimnigh. Ar an 14 Márta,

d'fhreastail siad ar Imeacht Líonraithe de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha (RGE) i gCathair Nua-Eabhrac. Ar an 15 Márta, d'fhreastail siad ar Chruinniú Chomhairle SAM ag an gClub Cathrach, Cruinniú RGE, Cruinniú Turasóireacht Éireann, Cruinniú GFT agus thug siad cuairt ar Fhoirgnimh na Náisiún Aontaithe. Ar an 17 Márta, d'fhreastail siad ar Aifreann in Ardeaglais Phádraig, ghlac siad páirt i bParáid Lá Fhéile Pádraig agus d'fhreastail siad ar Dhinnéar Trádála agus Infheistíochta Luimnigh.

Thaistil na Comhairleoirí Olivia O'Sullivan, Sarah Kiely, Sean Hartigan, Francis Foley, Fergus Kilcoyne, Jerome Scanlan, Joe Leddin, mar aon le baill foirne Taistil Gníomhaigh, agus Toby Goodwin, Eolaí Iompraíochta, go Cóbanhávan na Danmhairge, ón 4 – 7 Samhain, 2024, chun scrúdú a dhéanamh ar choincheapa agus dearaí rathúla atá in úsáid i ndáil le líonra rothaíochta lán-chomhtháite laistigh de Chóbanhávan.

Ghlac an grúpa páirt i roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí leis na cuspóirí seo a leanas ar intinn acu:

- An líonra rothaíochta i gCóbanhávan a chur i gcomparáid le Luimneach.
- Doimhneacht an eolais a bhaineann le rothaíocht a leathnú.
- Deiseanna comhoibrithe tionscadail amach anseo a iniúchadh
- Dea-chleachtais a roinnt

Bhuail an toscaireacht le Thomas Krag, iar-POF Chónaidhm Rothaithe na Danmhairge a thug réamhrá gairid ar Rothaíocht sa Danmhairg. Ina dhiaidh sin, bhí plé le Jens Erik Larsen, saineolaí ar phleanáil agus ar chomharthaíocht bealaí rothaíochta: Phléigh sé planáil agus comharthaí bealaí rothaíochta sa Danmhairg agus thar lear, lena n-áirítear stair EuroVelo.

Phioc an toscaireacht suas rothair leictreacha agus rothaigh siad 11km i lár Chóbanhávan, ag dul thar Nørrebrogade (ceann de na sráideanna

rothair is gnóthaí san Eoraip), ag tabhairt cuairt ar “oileán tráchtá” Nørrebro, sráid rothair Nordre Frihavnsgrade agus áiseanna rothair ardleibhéil eile.

Ansin, pléadh iompar mar mhodh chun cathracha ináitrithe a chruthú le Andreas Røhl, iar-Cheannasaí an Aonaid um Shoghluaisteacht agus Spás Poiblí i gCóbánhávan.

Chuaigh an tionscadal amach ar an dara turas rothair (3km) ansin, ag dul thar chrosaire le lána rothar trasnánach, ag dul thar an Cykelslangen íocónach (An Nathair Rothair) agus Bryggebroen.

Lean an tríú turas (11km) codanna den bhealach a bhfuil comharthaí bóthair air go Havneringen, Ollscoil Chóbánhávan, Inderhavnsbroen agus chríochnaigh an turas ag Nordre Toldbod. Reáchtáladh plé ansin le Marie Kåstrup agus Sidsel Birk Hjuler ar ‘Cruthaitheoirí Rothaíochta Uirbeach’ ar phleanáil rothaíochta Chóbánhávan agus ar mhórbhealaí rothaíochta. Chomh maith leis sin, rothaigh an tosaireacht feadh an mhórbhealaigh rothaíochta C95 go halla baile Furesø. Ansin, thug Carina Botoft, Bardas Furesø, réamhrá gairid don ghrúpa ar staid na rothaíochta i mBardas Furesø. Rinne an grúpa turas eile ar rothar ón halla baile go Farum, 4 km ó thuaidh ó Værløse. Reáchtáladh athbhreithniú ansin ar áiseanna páirceála rothar, ar mhórbhealaí rothair eile agus ar shamplaí éagsúla de bhonneagar rothair. Thóg an grúpa an traein ar ais go Cóbánhávan le rothair ar an traein, agus ina dhiaidh sin chuaigh siad ar rothar go Stiúirthóireacht Bóithre na Danmhairge. Bhí plé ann le Anne Eriksson, Innealtóir Sábháilteachta Tráchtá, maidir le rothaíocht agus sábháilteacht rothaíochta a chur chun cinn ón leibhéal náisiúnta. Ba dheis iontach a bhí sa turas seo chun caidrimh a fhorbairt agus leas a bhaint as an mbealach iontach ina dtugtar tosaíocht do rothaithe coisithe agus d’iompar poiblí i gCóbánhávan.

Thaistil an Comhairleoir Tommy Hartigan, thar ceann Príomh-Chomhairleoir Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Dan McSweeney, nach raibh in ann taisteal agus an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Trádáil agus Infheistíocht go Austin, Texas ón 3 go dtí

an 7 Nollaig, 2024 chun freastal ar an bhFéile Pas Idirnáisiúnta chuig an Domhan 2024 de chuid na Comhchathracha Austin. Ba imeacht oiriúnach don teaghlach é seo a rinne ceiliúradh ar éagsúlacht chultúrtha agus a chothaigh tuiscint dhomhanda. Tar éis an imeachta, bhí Searmanas ar siúl chun an Comhartha Comhchathrach a nochtaidh i Halla na Cathrach, ar a d’fhreastail Méara Chathair Austin, Kirk Watson, Comhaltaí na Comhairle a rinne ionadaíocht thar ceann Cheantair Austin agus daoine mór le rá a dhéanann ionadaíocht ar chaidreamh comhchathrach san Eoraip, san Áise agus i Meiriceá Laidineach. In 2019, thaistil tosaireacht ó Luimneach go Austin agus shínigh siad Meabhrán Tuisceana idir Luimneach agus Austin. Ba é seo an chéad chéim i bpróiseas trí chéim i dtreo Comhaontú Oifigiúil Chomhchathracha a bhaint amach. Ó shin i leith, baineadh amach roinnt cuspóirí agus tionscnamh atá leagtha amach sa Mheabhrán Tuisceana agus tá dul chun cinn déanta ar an gcaidreamh idir an dá chathair. Chuir freastal ar Fhéile 2024 béim ar thiomantas na Comhairle an caidreamh a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Comhaontú Oifigiúil Chomhchathracha.

Comhchoiste Póilíneachta

Tionóladh dhá Chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta in 2024. Tugann na cruinnithe deis do chomhoibriú idir An Garda Síochána, ionadaithe poiblí agus baill den phobal. I measc cuid de na hábhair a pléadh tá:

- Nuashonruithe ón Ard - Cheannfort
- Forbhreathnú ar Staitisticí Coireachta ó Anailísí Sinsearach Coireachta agus Póilíneachta
- Cur i láthair ag an Uasal Tim Willoughby, Teicneolaíocht Faisnéise, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, ar cheamaraí colainne
- An t-eolas is déanaí ó Alan Dooley, Ceannasaí na gCóras Faisnéise, ar Scéimeanna TCI agus TCI Pobail

Ar an 26 Meitheamh, 2024, thug an tAire Dlí agus Cirt nuashonrú ar phleananna na Roinne maidir le cur i bhfeidhm an tionscnaimh tras-rialtais chun Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (CSPÁna) a bhunú i ngach limistéar údaráis

áitiúil, mar a fhoráiltear san Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024. Tá sé mar aidhm ag bunú Comhpháirtíochta i ngach Údarás Áitiúil fócas suntasach a chur ar na gníomhartha is gá a dhéanamh chun sábháilteacht an phobail a fheabhsú. Thug sí le fios go mbeidh na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla seo ag cur leis an obair atá déanta ag na Comhchoistí Póilíneachta go dtí seo.

Chuir an tAcht i bhfeidhm bearta tábhachtacha freisin a thacóidh níos mó leis na CSPÁna, lena n-áirítear Oifig Náisiúnta nua um Shábháilteacht Coiste a bheidh freagrach as Straitéis Náisiúnta nua a fhorbairt. Beidh an obair seo faoi mhaoirseacht Coiste Comh-Aireachta ainmnithe agus Grúpa Stiúrtha Náisiúnta le hoifigigh ó ranna ábhartha.

Beidh uasmhéid de 30 ball ag na CSPÁna agus beidh comhairleoirí áitiúla, cónaitheoirí, ionadaithe pobail, ionadaithe gnó agus oideachais agus seirbhísí poiblí ábhartha sa cheantar ina mbaill. Buailfidh na CSPÁna nua le chéile uair amháin ar a laghad sa ráithe, ach is féidir leo bualadh le chéile chomh minic agus is gá chun a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach.

Lá Náisiúnta Cuimhneacháin

D'óstáil an Chomhairle Searmanas Lae Cuimhneacháin Dé Domhnaigh, an 14 Iúil chun ómós a thabhairt do gach fear agus bean

Éireannach a fuair bás i gcogaí roimhe seo nó ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe. Ba é seo an dara bhliain déag a réachtáladh an searmanas ag Cé na gCeannaithe. Rinne an 12ú Cathlán Coisithe, Dún an tSáirséalaigh, an Garda Onóra agus tugadh onóracha míleata nuair a ardaíodh an Bhratach Náisiúnta ar lánchrann.

Rinne ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, an Pobal Giúdach agus Cumann na gCarad an comóradh ilchreidmheach a réachtáil, a raibh an Príomhchomhairleoir, an Comhairleoir Dan McSweeney, i gceannas air.

Ba iad Cór 'The Curraghgower Singers' atá lonnaithe i Luimneach a chuir an ceol ar fáil don imeacht faoi stiúir an Stiúrthóra Cóir, an tUasal Timothy Schinnick, in éineacht le Buabhallaí, Don Phelan, Píobaire Uilleann, Colleen Shanks agus Drumadóir, Sadhbh Ryan.



Lá Náisiúnta Cuimhneacháin



Lá Náisiúnta Cuimhneacháin

Seisiún Eolais na dToghcheantar Áitiúil

Pléitear ag Seisiún Eolais na dToghcheantar Áitiúil saincheistanna oibríochtúla a bhaineann le toghcheantair thoir, thuaidh agus thiar chathair Luimnigh, agus de ghnáth bíonn siad ar siúl ar an gcéad Máirt agus Céadaoin de gach mí, seachas mí Lúnasa. Reáchtáladh 36 Seisiún Eolais in 2024.

Seirbhís Urnaí na Nollag

Reáchtáladh Seirbhís Urnaí na Nollag i Halla Istabraq, an Cheanncheathrú Chorpáraideach, Cé na gCeannaithe ar an 18 Nollaig 2024 agus ghlac Comhairleoirí agus baill foirne páirt ann.

Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse

Éilíonn Alt 134 (a) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú), ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Plean Seachadta Seirbhíse a ullmhú go bliantúil, a shainaithníonn na príomhsheirbhísí atá le soláthar don phobal tar éis glacadh lena Buiséad Bliantúil. Leagann an Plean Seachadta Seirbhíse amach an clár oibre do gach Stiúrtóireacht bunaithe ar an mbuiséad glactha.

Ag a gCruinniú Comhairle i mí Eanáir, ghlac na Comhaltaí Tofa le Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse 2024 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Scaipeadh an t-athbhreithniú ar Phlean Bliantúil Seachadta Seirbhíse 2023 ar na Comhaltaí mar chuid de Phlean Bliantúil Seachadta Seirbhíse 2024.

Is oibleagáid reachtúil é Alt 42 de **Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine**, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chomhionannas agus Cearta an Duine 2014, ar gach comhlacht poiblí comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a chosaint dá bhfostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, agus gach duine a dtéann beartais i bhfeidhm orthu.

Sa bhliain 2024, d'fhoilsigh an Chomhairle Beartas Forfheidhmithe na Comhairle do Dhualgas na hEarnála Poiblí ina leagtar amach an uailmhian, an cur chuige agus na céimeanna atá le glacadh ag an gComhairle chun dualgas comhionannais

agus cearta an duine san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm ar fud ár réimsí feidhme uile.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ar an 14 Iúil 2003. Is é príomhchuspóir an Achta ná feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge.

Forálann an tAcht seo go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair a chur ar fáil trí Ghaeilge laistigh d'fhráma ama comhaontaithe.

Ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh lena dara Scéim Gaeilge do 2019 – 2022 ar an 1 Feabhra 2019 agus leanann sí de bheith ag cur gach gné dá Scéim Gaeilge i gcrích.

Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 i mí na Nollag 2021 chun cur leis an dul chun cinn atá déanta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus chun soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. In 2024, bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Grúpa Oibre tras-rannach Gaeilge, a tháinig le chéile ar roinnt ócáidí chun monatóireacht a dhéanamh ar fhógraíocht i nGaeilge, ag cinntiú go gcomhlíontar na ceanglais uile a leagtar amach in Alt 10 (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú) agus chun leanúint de chuspóirí an Achta a chomhlíonadh.

Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara

Áiríodh leis an gcaiteachas ar shiamsaíocht agus ar chostais ghaolmhara costais a bhaineann le Fáiltithe, scrollaí d'fhaighteoirí ag Fáiltithe, costais lónadóireachta a bhain leis na bronnánais chéanna agus bronnánais chorpáraídeacha.

Nascadh Bailte

Thug toscaireacht, ina raibh Cathaoirleach, Bord Comhairleach Savannah Theas, Uachtarán Bonitz de Georgia, POF, Corparáid Idirmhódúil SA agus Stiúrthóir Taighde agus Forbartha Trádála, WTCSav., cuairt ar Luimneach ar an 27 agus 28 Lúnasa, 2024. Le linn a gcuairte, rinneadh cur i láthair ar Chorn Ryder 2027, Nuálaíocht Luimnigh, Oifig Fiontair Luimnigh, DAC Luimnigh 2030 chomh maith le cur i láthair ón mBainisteoir Táirgí Domhanda, PBC Bio Med. Thug siad cuairt ar Mhainéar Áth Dara, áit a mbeidh Chorn Ryder 2027 ar siúl, agus bhí cruinnithe acu le Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus Réadmhaoine na Sionainne. Bhí cruinniú acu freisin le Méara nua Luimnigh, John Moran, Leas-Stiúrthóir Ginearálta agus Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Cácas Ban Luimnigh

Bunaíodh Cácas Ban Luimnigh chun tacaíocht, cur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do níos mó ban páirt a ghlacadh sa pholaitíocht áitiúil, agus chun iarracht a dhéanamh líon na n-ionadaithe tofa ban ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a mhéadú.

Is fóram traspháirtí é Cácas Ban Luimnigh a chuimsíonn na comhairleoirí ban, arna toghadh ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tagann na Comhaltaí sin le chéile go comhchoiteann chun mná a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa pholaitíocht áitiúil. Is é cuspóir an Chácais ná cuimsitheacht agus éagsúlacht níos leithne a chur chun cinn sa rialtas áitiúil agus guth níos láidre a thabhairt do mhná sa chinnteoireacht áitiúil.

In 2019, toghadh ochtar ban chuig Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus comhthoghadh bean bhreise chuig an gComhairle sa bhliain 2020. In 2024, bhí na Toghcháin Áitiúla ar siúl ar an 7 Meitheamh, áit ar toghadh dháréag ban go rathúil chuig an gComhairle, méadú 7.5% ón téarma Comhairle roimhe sin.

Comhaltas ó Eanáir go Meitheamh 2024

An Clr. Sarah Kiely Caithaoirleach
An Clr. Sasa Novak Uí Chonchúir Leas-Chathaoirleach
An Clr. Bridie Collins
An Clr. Brigid Teefy
An Clr. Catherine Slattery
An Clr. Elena Secas
An Clr. Elisa O'Donovan
An Clr. Olivia O'Sullivan
An Clr. Sharon Benson

Comhaltas ó mhí an Mheithimh 2024

An Clr. Sarah Kiely
An Clr. Bridie Collins
An Clr. Brigid Teefy
An Clr. Catherine Slattery
An Clr. Elena Secas
An Clr. Elisa O'Donovan
An Clr. Olivia O'Sullivan
An Clr. Sharon Benson.
An Clr. Ursula Gavan
An Clr. Noreen Stokes
An Clr. Sarah Beasley
An Clr. Maria Donoghue

Tacaíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht leis an tionscnamh seo, a mhaoiníonn tionscnaimh chun rannpháirtíocht níos mó ag mná sa pholaitíocht a mhéadú.

Rialachas

Soláthar

Glacadh le Beartas Soláthair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2024-2028 i mí an Mheithimh 2024. Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an fhreagracht atá uirthi maidir le cloí leis na Rialacha Soláthair mar atá leagtha amach i dTreoir an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí 2014/24/AE. Cinnteoidh an beartas sin go ndéanfar gach soláthar a dhéantar ar bhealach atá comhsheasmhach le Treoracha Eorpacha, Reachtaíocht Náisiúnta, Beartas agus Treoirlínte agus dá réir.

Cuireann foireann an Aonaid Soláthair tacaíocht agus treoir ar fáil maidir le gníomhaíochtaí soláthair, tagairtí soláthair a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ar fud ranna uile na Comhairle. In 2024, léirigh an Chomhairle ráta comhlíonta 98.63% i gcoinne an chaiteachais bhliantúil.

Léiríonn an méid seo a leanas líon na dTagairtí Soláthair ar déileáladh leo ó Eanáir – Nollaig 2024:

Tagairtí Soláthair Nua curtha ar bun	447
Tagairtí Soláthair Sínte de réir conartha/socraithe shínithe	168

Soláthraíonn an tAonad Maoirseachta ar Riachtanais, a thagann faoi shainchúram an tsoláthair, deighilt dualgas sa timthriall soláthair agus bailíochtaíonn an fhoireann gach foréileamh a ardaítear ar fud an údaráis áitiúil chun comhsheasmhacht i gcleachtas foréilimh a chinntiú.

Láimhseáladh 20,051 foréileamh idir Eanáir agus Nollaig 2024.

- Is ionann foréilimh cheadaithe agus 86% de na foréilimh iomlána a gníomhaíodh.
- Is ionann foréilimh diúltaithe agus 14% de na foréilimh iomlána a gníomhaíodh.

Tréimhse	Faomhaithe	Diúltaithe	Iomlán na bhforéileamh a gníomhaíodh
Eanáir-Nollaig 2024	17,312	2,739	20,051

Leanann an tAonad ar aghaidh ag obair le foireann na rannóg uile chun a chinntiú go gcloítear le deachleachtas ar fud na heagraíochta.

Iníúcháireacht Inmheánach

Is é cuspóir na feidhme iniúcháireachta inmheánaí ná cumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh luach a chruthú, a chosaint agus a chothú a neartú tríd an gCoiste um Iníúcháireacht agus Riosca, agus an bhainistiocht a chur ar fáil le dearbhú, comhairle, léargas agus fadbhreathnaitheacht neamhspleách, rioscabhunaithe agus oibiachtúil.

Is é misean na hIníúcháireachta Inmheánaí ná athbhreithnithe agus measúnuithe neamhspleácha oibiachtúla a sholáthar ar ghníomhaíochtaí, oibríochtaí, córais airgeadais, rialuithe inmheánacha agus próisis rialachais chorpáraidigh na Comhairle. Tugann sé dearbhú freisin lena chinntiú go bhfuil an Chomhairle i gcomhréir le beartais, caighdeáin chuntasaíochta, nósanna imeachta agus reachtaíocht. Déantar gach tasc trí Iníúchadh Inmheánach chun dearbhú neamhspleách, oibiachtúil a sholáthar chomh maith le moltaí atá ceaptha chun luach a chur leis an gComhairle agus oibríochtaí a fheabhsú.

Déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a feidhm iniúcháireachta inmheánaí a sheachfhoinsiú go páirteach, agus i ndiaidh próiseas tairisceana poiblí a thosaigh i Ráithe 3 2023, ceapadh Iníúcháirí Inmheánacha ó ghnólacht seachtrach, le dáta éifeachtach le linn Ráithe 1 2024 ar feadh tréimhse socraithe ama.

Chríochnaigh foireann iniúcháireachta inmheánaí agus Iníúcháirí Inmheánacha seachfhoinsithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

roinnt athbhreithnithe le linn 2024. Cuireadh na tuarascálacha seo faoi bhráid na Foirne Bainistíochta agus an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca lena n-athbhreithniú agus lena gceadú. Déanann an tIniúchadh Inmheánach obair leantach ar na tuarascálacha seo go dtí go mbeidh na gníomhartha comhaontaithe curtha i bhfeidhm. Cuireann an t-iniúchadh inmheánach nuashonruithe rialta ar fáil don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a thagann le chéile go ráithiúil. Tionóladh cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar an 26 Márta, 28 Bealtaine, 10 Deireadh Fómhair agus an 10 Nollaig.

Iarratais um Shaoráil Faisnéise

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh rochtain a thabhairt do bhaill an phobail ar fhaisnéis atá i seilbh an Údaráis de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle <https://www.limerick.ie/council/services/your-council/freedom-of-information>

In 2024 fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 237 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Seo a leanas miondealú ar na cinntí a rinneadh ar na hiarratais sin:

Cásanna oscailte amhail 01/01/2024	10
Iarratais a fuarthas in 2024	237
Deonaithe	45
Páirtidheonaithe	102
Diúltaithe	44
Tarraingthe siar (a raibh 8 acu neamhbhailí)	38
Aistrithe	1
Cásanna oscailte amhail 31/12/2024	17

Iarratais Ombudsman

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoi Acht Ombudsman 1980. Is é ról na hOifige imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhartha riaracháin, moilleanna nó neamhghníomhartha

a chuireann isteach go diúltach ar dhaoine nó ar chomhlachtaí agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

In 2024, dhéileáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le 55 gearán a rinneadh leis an Ombudsman maidir le cinntí/gníomhartha a rinne an Chomhairle. As na 55 gearán sin is é seo a leanas miondealú ar thorthaí na n-imscrúduithe a rinne Oifig an Ombudsman:

Cásanna dúnta	35
Cinntí nár cinneadh fós	20

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Comhlíonann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 2007 go 2014 nach mór dá mbarr, faoi réir eisceachtaí áirithe, faisnéis a bhaineann leis an gComhshaol a chur ar fáil ach í a iarraidh. In 2024 fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 25 iarratas. Seo a leanas miondealú ar na cinntí a rinneadh:

Cásanna oscailte amhail 01/01/2024	
Iarratais a fuarthas in 2024	25
Deonaithe	8
Páirtidheonaithe	10
Diúltaithe	5
Tarraingthe Siar/Amach	2
Cásanna oscailte amhail 31/12/2024	0

Seirbhísí do Chustaiméirí

Le linn 2024, d'oibrigh an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí go dian dícheallach chun teagmháil dhearfach a dhéanamh lenár gComhaltaí Tofa, lenár nIonadaithe Poiblí, le saoránaigh Luimnigh agus le cuairteoirí. Leanann Seirbhísí do Chustaiméirí, ina ról mar an chéad phointe teagmhála don Chomhairle, de ról tacaíochta a sholáthar do na Seirbhísí Oibríochtúla don Chomhairle, lena n-áirítear Bóithre, Oibríochtaí Tithíochta agus Cothabháil, Páirceanna agus Spásanna Oscailte, seirbhísí Comhshaoil etc. Mar an fhoireann tosaigh atá ag plé leis an bpobal ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ionad teagmhála teileafóin na Comhairle, ríomhphoist thiomnaithe, MyLimerick.ie, Twitter etc., d'oibrigh an fhoireann chun freagairt d'fhiosrúcháin agus d'iarratais seirbhíse an phobail chomh héifeachtach agus ab fhéidir i gcomhréir leis an gCairt Custaiméirí.

In 2024 chuir Seirbhísí do Chustaiméirí i gcomhar leis an bhfoireann Straitéise Digití Microsoft Dynamics i bhfeidhm, Córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí nua chun gach saincheist a thaifeadadh a dteastaíonn gníomhaíocht ón gComhairle uathu. Rinne an tOifigeach Oiliúna roinnt ceardlann oiliúna a chomhordú agus a sheachadadh chun an inniúlacht ina n-úsáidtear an t-ardán CRM (bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí) a bharrfheabhsú ar fud na heagraíochta. I rith na bliana, lean an fhoireann ag freagairt d'iarratais seirbhíse, lena n-áirítear iad siúd ó ghníomhaireachtaí eile, a bhain le rioscaí tuilte, crainn tite, an gá bóithre a ghlanadh tar éis timpistí tráchta bóthair, iarratais ar dheisiúcháin phoill, dumpáil mhídhleathach etc. agus thug siad tacaíocht don Fhoireann Oibríochtaí Bóithre agus iad ag déileáil le teagmhais drochaimsire.

In 2024, bhí méadú leanúnach ar líon na gcliant a roghnaigh teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle go pearsanta - taifeadadh 29,334 cuairt san iomlán ar an gcuntar poiblí sa bhliain 2024, méadú de 11% ar 2023. Ba é Deireadh Fómhair an mhí ba mhó le 2,742 cuairt taifeadta i gcomparáid

le 2,079 cuairt i mí na Nollag. I measc na seirbhísí cuntair ba mhó éileamh bhí athbhreithniú agus bailíochtú iarratais ar Sheirbhísí Tacaíochta Tithíochta, admhálacha airgid thirim, iarratais ar Fhóirdheontais Dramhaíola Teaghlaigh, daoine aonair a threorú chuig na hoifigí agus na foirne cuí chomh maith le fiosrúcháin ghinearálta maidir leis na céadta seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Thaifead Oifigí Ché na gCeannaithe agus Thuar an Daill 15,708 íocaíocht ar luach €9.2m in 2024. I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí an t-ionad glaonna agus córais a bhainistiú - réitíodh 74% de 125,558 glao isteach ag an gcéad phointe teagmhála; mhéadaigh gníomhaíocht ríomhphoist 19% go 48,727 in 2024 agus d'fhreagair an fhoireann teagmhálacha agus iarratais eile ar na meáin shóisialta freisin chun faisnéis chlóite agus foirmeacha iarratais a phostáil. Lean tairseach cruthaithe cásanna fhéinchabhrach MyLimerick le bealach a sholáthar do chustaiméirí chun dul i dteagmháil go díreach leis an gComhairle.

B'ionann líon iomlán na gcásanna CRM a cruthaíodh i rith 2024 agus 38,860 agus dúnadh 83% den líon iomlán a ardaíodh i rith na bliana. Chinntigh ról Oifigeach Idirchaidrimh na gComhairleoirí go ndearnadh bainistiú ar chásanna na gcomhaltaí tofa go dtí an leibhéal is fearr - d'oscail 9,871 cás ag ionadaithe poiblí a bhí ag moladh ar son na saoránach i Luimneach.

Clár na dToghthóirí

Is éard atá i gClár na dToghthóirí ná liosta de na daoine go léir os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu i gCathair agus i gContae Luimnigh atá i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin chuig an Dáil, chuig Parlaimint na hEorpa, i dToghcháin Uachtaránachta, Toghcháin Áitiúla, Toghcháin Mhéara agus i Reifrinn. Is féidir le daoine aonair clárú ar líne nó foirmeacha páipéir a íoslódáil lena gcomhlánú.

In 2024 bhí dhá Dháilcheantar i Luimneach. Ba iad seo a leanas na toghcheantair agus líon na suíochán Dála i ngach ceann díobh:

- Cathair Luimnigh 4 Shuíochán
- Contae Luimnigh 3 Suíochán

Amhail an 31 2024 Nollaig bhí 150,757 Toghtóir Uachtaránachta agus 162,431 toghthóir Rialtais Áitiúil ar Chlár Rollach na dToghtóirí 2024. Tá an Toghtóireacht Rialtais Áitiúil briste síos mar seo a leanas idir na sé Thoghcheantar Áitiúil:

• Áth Dara-Ráth Caola	24,979
• An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	30,312
• Cathair Luimnigh Thoir	28,401
• Cathair Luimnigh Thuaidh	27,964
• Cathair Luimnigh Thiar	26,505
• An Caisleán Nua	24,270

Le linn 2024 bhí trí imeacht toghcháin ann, Reifreann ar an 8 Márta 2024, na toghcháin Áitiúla/ Eorpacha/Méara ar an 7 Meitheamh 2024, agus an tOlltoghchán ar an 29 Samhain 2024. Phróiseáil an fhoireann Clárúcháin díreach faoi bhun 40,000 breisiú, leasú agus scríosadh ar Chlár Toghtóirí Chathair agus Chontae Luimnigh.

Sláinte agus Sábháilteacht

Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an dualgas atá uirthi sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus aon duine a bhféadfaí gníomhaíochtaí oibre na Comhairle dul i bhfeidhm orthu a chosaint chomh fada agus is féidir.

Déantar córas bainistíochta sábháilteachta na Comhairle a fheabhsú agus a nuashonrú go leanúnach chun an dualgas seo a bhaint amach. Soláthraíonn an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta treoir agus tacaíocht, chomh maith le monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sláinte agus sábháilteachta ar fad. Tá an Córas Bainistíochta Sábháilteachta bunaithe ar thimthriall feabhsúcháin “pleanáil, déan, seiceáil agus gníomhú” leanúnach a sholáthraíonn struchtúr do bhainistiú rathúil Sláinte agus Sábháilteachta i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

In 2024, d’éirigh le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh clárú a bhaint amach go dtí I.S ISO 45001:2018 - an chéad chaighdeán

aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde san ionad oibre.

An tAonad Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta

Tá foireann ag Seirbhísí Corparáideacha a riarann oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta. Iarrann bainisteoirí líne riachtanais oiliúna trí fhoirm ar líne. Aithnítear riachtanais oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta trí mheasúnuithe riosca a dhéanann bainisteoirí. Cuirtear oiliúint ar fáil trí úsáid a bhaint as luachana iomaíocha.

Féach thíos liosta oiliúna a d’eagraigh an tAonad Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2024

Ainm an Chúrsa	Líon Lucht Freastail
Rothaí Scrábacha	25
Feasacht ar Aispeist	6
Cóiriú Dromchla Bunúsach	12
Feasacht ar Cheimiceáin	21
Suíomh Seirbhísí Faoi Thalamh CSCS	14
Sláinte agus Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair CSCS	10
Comharthaíocht, Soilsiú agus Cosaint ag Oibreacha Bóthair CSCS	16
Dumpálaí Láithreáin CSCS	3
Crochantóir/Comharthóir CSCS	4
Láimhseálaí Teileascópach CSCS	14
Ag Déileáil le Custaiméirí Ionsaitheacha/ Iompar Ionsaitheach agus Foréigneach	93
CPCanna Tiománaithe	125
Maor Dóiteáin	36
Garchabhair	44
Sábháilteacht, Sláinte agus Comhshaol IOSH d’Oiliúint Láithreáin Tógála	11
Tírdhreachú Comhcheangailte	6
Láimhsiú	229
Sábh cuaille	11
Pas Sábháilte	112
Úsáid Shábháilte Lotnaidicídí agus Luibhicídí	24
Earraí Géara agus Gníomhairí Bitheolaíochta	27
Oibreoirí Seirbhíse Geimhridh	25
Sceanaadóir/Mionghearrthóir Adhmaid	10
Líon iomlán na foirne oile	878

Cosaint Sonraí

Ní mór do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar rialaitheoir sonraí a chinntiú go bpróiseálann sí sonraí pearsanta a foirne, a gcustaiméirí, a soláthraithe agus aon duine aonair eile (dá dtagraítear mar dhaoine is ábhar do na sonraí) de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Faoi Airteagal 13 den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, ceanglaítear ar an gComhairle mar rialaitheoir sonraí i gcás ina bhfaightear sonraí pearsanta ó dhuine is ábhar do na sonraí, faisnéis shonrach a sholáthar don duine is ábhar do na sonraí sin. Rinneadh ráitis phríobháideachais a nuashonrú agus a fhoilsiú i rith na bliana de réir mar ba ghá.

Fuair an tAonad um Chosaint Sonraí 30 iarratas ar Rochtain maidir le hÁbhar Sonraí in 2024. As na hiarratais sin, deonaíodh 16 nó deonaíodh cuid díobh, atreoraíodh ceann amháin chuig Údarás Áitiúil eile, diúltaíodh 10 gcinn, tarraingíodh siar ceann amháin agus tá dhá iarratas fós beo ag deireadh na bliana. Maidir leis na 10 n-iarratas a diúltaíodh, láimhseáil an Rannóg um Shaoráil Faisnéise le ceithre cinn ar bhealach níos oiriúnaí agus ní raibh aon sonraí pearsanta ag an gComhairle sna sé cinn eile. Sna cásanna sin, ní raibh ceamaraí ar bith ag na láithreacha cuí, agus/nó ní raibh aon phíosa scannáin TCI ábhartha ar fáil.

Fuair an tAonad um Chosaint Sonraí 55 iarratas Tríú Páirtí ar Rochtain maidir le hÁbhar Sonraí in 2024. Astu sin, tháinig 51 iarratas ón nGarda Síochána, deonaíodh 30, agus diúltaíodh 14, toisc nach raibh na sonraí pearsanta/físeán a iarradh ag an gComhairle. Tarraingíodh siar ceithre cinn agus tá trí cinn fós beo ag deireadh na bliana.

Fuarthas ceithre iarratas ó Thriú Páirtithe eile. Deonaíodh dhá cheann toisc go bhfuarthas taifid ábhartha ar ais agus aithníodh bunús dlí chun sonraí pearsanta a roinnt. Diúltaíodh d'iarratas amháin toisc nach raibh aon bhunús dlí ann chun sonraí pearsanta a roinnt agus tá iarratas amháin fós beo ag deireadh na bliana.

Fuair an tAonad um Chosaint Sonraí ceithre iarratas Inmheánach TCI in 2024 - deonaíodh trí iarratas mar bhunús dlí chun sonraí pearsanta a roinnt, diúltaíodh ceann amháin toisc nach raibh aon fhíseán ar fáil.

Fuair an tAonad um Chosaint Sonraí dhá iarratas TCI ar an nGeilleagar Ciorclach Inmheánach in 2024, agus deonaíodh an dá cheann acu.

Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) iniúchadh ar Ionad Monatóireachta TCI Ionad Fiontraíochta Pobail Mhaigh Rois (MCEC).

Cuireadh oiliúint/ cruinnithe faisnéise um Chosaint Sonraí ar fáil i rith na bliana do na ranna agus na réimsí seo a leanas: Seirbhísí do Chustaiméirí, Tithíocht agus Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide, an Líonra Idirchaidrimh Foirne agus Coiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre maidir le Beartas agus Nós Imeachta Ceamaraí Colainne do Mhaoir Trácht, Beartas Dróin, Foirm Ionadaí Tofa (RGCS) agus Beartas agus Rúndacht na Meán Sóisialta.

Bhí cruinnithe ráithiúla ag an OCS le Seaimpíní Cosanta Faisnéise agus Sonraí na Comhairle. Tháinig an Coiste Monatóireachta um Chosaint Sonraí le chéile ceithre huaire i rith na bliana. Tháinig an Bord Maoirseachta TCI le chéile trí huaire i rith na bliana.

Chabhraigh an tAonad um Chosaint Sonraí le 14 Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) a chruthú agus a athbhreithniú.

Bhí ár OCS mar chuid de ghrúpa oibre leis an Líonra Náisiúnta OCS a chruthaigh agus a rinne athbhreithniú ar 11 chúrsa oiliúna ar chosaint sonraí do bhaill foirne in 2024 agus d'oibrigh siad chun na cóid chleachtais a fhorbairt don Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 a foilsíodh ag seoladh an WERLA feabhsaithe.

MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

In 2024, lean an fhoireann Margaíochta agus Cumarsáide ar aghaidh ag cur Luimneach chun cinn mar chathair agus contae den scoth le maireachtáil, le hobair, le staidéar a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air. Rinne an Rannóg bainistíocht ar chuntais na meán sóisialta do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Limerick.ie, agus cuntais éagsúla fhéile Luimnigh, chomh maith leis an suíomh gréasáin Limerick.ie.

Cuireadh tús leis an mbliain le feachtas margaíochta sóisialta agus digiteach Chathair Mhic Léinn Luimnigh, “There’s No Place Like Limerick.” Lean an feachtas “Limerick - Walk It - Run It - Love It,” é seo, feachtas a raibh ainmniúchán gradam air, a bhí ar siúl ó mhí Eanáir go mí Feabhra. Rinne an fhoireann, i gcomhar le comhghleacaithe Turasóireachta agus Féilte agus Imeachtaí, margaíocht ar chlár na bhféilte agus na n-imeachtaí bliantúla. Rinneadh margaíocht ar mhórfhéilte amhail Féile Lá Féile Pádraig, Riverfest, Oíche Shamhna, agus Nollaig i Luimneach do na milliúin daoine.

I mbliana, cruthaíodh féiniúlacht branda nua do Riverfest Luimnigh, ag teacht lena máthairbhanda, Branda Luimnigh, agus ag léiriú croíghnéithe na féile.

I mí na Bealtaine, bhuaigh leathanach oifigiúil Instagram Limerick.ie gradam Óir mór le rá ag Gradaim Náisiúnta na Meán Sóisialta (Sockies 2024), a dhéanann ceiliúradh ar shármhaitheas sna meáin shóisialta. Ina theannta sin, d’éirigh le Luimneach gradam airgid don fheachtas Chathair Mhic Léinn Luimnigh sa chatagóir Feachtas Il-Ardáin is Fearr (In-tí) agus gradam airgid eile don fheachtas Limerick on Foot sa chatagóir Feachtas Athrú lomptraíochta is Fearr.

I mbliana, sheol an fhoireann feachtas turasóireachta samhraidh intíre il-ardáin ceithre seachtaine, “Luimneach: Cineál Éagsúil Fuinnimh,” chun aird a tharraingt ar na féidearthachtaí gan teorainn a chuireann Luimneach ar fáil do chuariteoirí i rith an tsamhraidh. Ainmníodh é seo do ghradam City Nation Place i Londain i mí na Samhna.

I rith mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh, d’oibrigh an fhoireann Cumarsáide agus Gréasáin ar an bhfeachtas fógraíochta do Mhéara Luimnigh a Thoghfar go Díreach, i gcomhar leis an Roinn Rialtais Áitiúil agus Tithíochta. Is éard a bhí i gceist leis seo ná físeáin a tháirgeadh do na meáin shóisialta, fiosrúcháin ó na meáin a bhainistiú, agus obair na comhairle a chur in iúl.

Ina dhiaidh sin, chomhordaigh an fhoireann na meáin do na Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh agus d’oibrigh siad san Ionad Comhairimh chun na torthaí a fhógairt ar an ngréasán agus na meáin shóisialta. Léirigh tuarascálacha feachtais do 2024 leibhéal rannpháirtíochta ollmhór, agus d’fhás Limerick.ie bliain ar bhliain ar líne. Ag breathnú ar aghaidh go dtí 2025, tá sé mar aidhm ag an bhfoireann Margaíochta agus Cumarsáide leanúint de bhealaí cumarsáide a fheabhsú agus ag seasamh le cáil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a choinneáil laistigh agus lasmuigh den eagraíocht araon. D’oibrigh an fhoireann Cumarsáide i rith na bliana ag bainistiú fiosrúchán ó na meáin, ag eisiúint preasráiteas, ag scríobh óráidí don Mhéara, ag bainistiú bealaí sóisialta na Comhairle, agus ag táirgeadh ábhar físe do na meáin shóisialta.

BAINISTÍOCHT TIONSCADAIL CHORN RYDER

In 2024, cuireadh borradh faoin ullmhúchán d’imeacht Chorn Ryder 2027 i Mainéar Áth Dara, Luimneach. Bhí béim mhór ag Oifig Chorn Ryder ar thuiscint a fháil ar na riachtanais agus deiseanna na himeachta, go háirithe maidir le feidhmeanna na Comhairle i mbainistíocht tráchta, sábháilteacht, ríocht phoiblí, feabhsuithe bóithre e.g. Seachbhóthar Áth Dara, toiliú/ceadúnais, turasóireacht, margaíocht, cumarsáid, rannpháirtíocht phobail, inbhuanaitheacht, fiontar, trádáil agus infheistíocht gan ach cuid acu a lua. Beidh tionchar suntasach geilleagrach ag an imeacht do 270,000 sealbhóir ticéad agus lucht féachana domhanda de 600 milliún. Tá na féidearthachtaí gan teorainn agus is é an príomhdhúshlán ná leas a bhaint as an deis agus ag an am céanna ionchais na Comhairle, na bpobal agus na ngnólachtaí a bhainistiú maidir leis an méid atá indéanta chun oidhreacht mharthanach a chinntiú do Luimneach.

Bhí ról lárnach ag an gComhairle maidir leis an gcomhaontú ar phríomhchuspóirí na bpáirtithe leasmhara go léir a éascú, an struchtúr bainistíochta imeachtaí a chomhaontú le haghaidh seachadadh rathúil a bhaint amach i.e. 25 grúpa oibre a bhfuil lucht ceannais, struchtúr cumarsáide agus cinnteoireachta soiléir acu. Bhí sé ríthábhachtach caidrimh a fhorbairt leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir, go háirithe Corn Ryder na hEorpa, Mainéar Áth Dara agus oifigigh Rialtais, chun an chuid thábhachtach den phleanáil imeachtaí a chur i bhfeidhm don chéad chúpla bliain eile.

Tá am caite ar thuiscint a fháil ar riachtanais imeacht Chorn Ryder agus ionchais fhoireann Chorn Ryder na hEorpa ó thaobh scála agus chaighdeán an imeachta féin de. Bhí freastal meán de 14.6 billiún ag an Imeacht Year To Go i Nua-Eabhrac in 2024, ag luach fógraíochta iomlán de \$135 milliún thar thréimhse 5 lá i mí Dheireadh Fómhair mar thoradh ar imeacht meán Chaptaein an Choirn Ryder. Comhthuiscint a chur chun cinn ar an gcaoi a reáchtáiltear imeachtaí i.e. imeachtaí gailf anseo agus thar lear; imeachtaí spóirt idirnáisiúnta in Éirinn amhail Cluiche Ceannais na Sraithe Europa UEFA, Aer Lingus College Football Classic, féilte amhail Electric Picnic agus an imeacht náisiúnta lasmuigh is mó acu ar fad, an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta a fhreastalaíonn ar 244,000 duine thar 3 lá. Áirítear leis na ceachtanna an próiseas toilithe imeachta, sábháilteacht imeachtaí, agus pleanáil éigeandála; bainistíocht tráchta, póilíneacht, bainistíocht slabhra soláthair, rannpháirtíocht oibrithe deonacha, rannpháirtíocht phobail, brandáil, margaíocht, úsáid aipeanna soghluaiste, clúdach wifi, cáilíocht bia agus cáilíocht seirbhíse i.e. na rudaí ar fad a théann i bhfeidhm ar eispéireas an chuairoteora.

I measc na ndúshlán a bhaineann le himeacht chomh mór sin a reáchtáil in iarthar na tíre tá soláthar lóistín, bainistíocht iompair agus soláthar ionad d'imeachtaí coimhdeacha mar chuid de chlár imeachtaí Chorn Ryder. Cé nach bhfuil dátaí an phríomhimeachta fógartha go fóill, tá sé dearbhaithe go mbeidh Corn Sóisir Ryder ar siúl i bpáirc álainn Chlub Gailf Bhaile an Fhaoitigh, agus gan amhras cuirfidh sé seo deis iontach ar fáil do

lucht leanúna gailf Luimnigh agus na hÉireann, idir óg agus aosta, chun tallann óg is fearr an domhain a fheiceáil.

Tá Luimneach thar a bheith sásta faoin imeacht agus táfeasacht mhór phoiblí ann cheana féin. Leanfaidh Oifig Chorn Ryder na Comhairle ag obair go dlúth le gach páirtí leasmhar chun an toradh is fearr a bhaint amach do Luimneach.



Cruinniú Pleanála Chorn Ryder 2027 le JP McManus - Mainéar Áth Dara, Catherine Martin - An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Guy Kinnings - Grúpa Turas na hEorpa agus Turas Domhanda DP, Pat Daly - Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus oifigigh ó na ceithre ghrúpa.



Cruinniú Pleanála Chorn Ryder 2027 ag Mainéar Áth Dara



2 Chaptáen do Chorn Ryder 2025 sa phictiúr ag Imeacht Captaen Year To Go in 2024

**AN COMHSHAOL,
GNÍOMHÚ AR SON
NA HAERÁIDE
AGUS SEIRBHÍSÍ
COMHROINNTE**





Oibrithe deonacha Glantacháin GFL
(Glantachán Fhoireann Luimnigh)

AN COMHSHAOL, GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS SEIRBHÍSÍ COMHROINTE

IONAD SEIRBHÍSÍ COMHROINTE ÍOCAÍOCHTA CÚNAIMH TITHÍOCHTA

Tugann Tithíocht do Chách breac-chuntas ar an leibhéal feabhsaithe acmhainní atá á gcur ar fáil ag an Rialtas chun tithíocht shóisialta a sholáthar, lena n-áirítear íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Tacaíonn an Stát le breis is 53,000 tionóntacht go náisiúnta faoi láthair. Tá gach idirbheart airgeadais don Tiarna Talún agus don Tionónta araon freagrach as Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT (HAPSSC/ÍCTISC) atá á fheidhmiú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh thar ceann na 31 Údarás Áitiúil agus Feidhmeannacht Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath. B'ionann Caiteachas Bliantúil na Scéime in 2024 agus €510m.

Is é aidhm an HAPSSC/ÍCTISC éifeachtúlachtaí airgeadais agus oibriúcháin níos fearr a sholáthar dá chliaint údaráis áitiúil trí sholáthar seirbhíse láraithe; an tseirbhís do chustaiméirí a sholáthar trí ghealltanais leanúnach d'infheistíocht i dteicneolaíochtaí bainistíochta SSC/ISC nua; agus, a bheith mar mhol dea-chleachtais bainistíochta sonraí agus anailísíochta do ÍCT, ag cur le beartas, straitéis agus oibríochtaí níos fearr don HAPSSC/ÍCTISC agus dá pháirtithe leasmhara.

I rith na bliana, sheachaid HAPSSC/ÍCTISC na tionscadail seo a leanas:

- Céim 2 den Fhoirm Iarratais Náisiúnta ÍCT: cur ar a gcumas d'fhaighteoir agus do thiarna talún ÍCT cur i gcrích fíor-ama níos fearr agus gnéithe breise a thabhairt isteach mar a iarrann na hÚdaráis Áitiúla.
- Céim 2 de AIP ÍCT: cuireann an aip seo (ar fáil ar gach fón póca) ar chumas faighteoirí ÍCT íocaíochtaí a dhéanamh, féachaint ar

iarmhéideanna agus ráitis agus rochtain a fháil ar dhoiciméid ar a bhfóin phóca. Feabhsaíodh slándáil i gCéim 2 trí fhíorú úsáideora a fhorfheidhmiú.

- Cáilíocht sonraí feabhsaithe agus cibearshlándáil breisithe le comhtháthú méadaithe córas.

Is iad seo a leanas na príomhidirbhearta airgeadais a dhéanann HAPSSC/ÍCTISC:

- Mar an t-ionad náisiúnta teagmhála custaiméara do ÍCT, déantar idirchaidreamh laethúil le tiarnaí talún agus tionóntaí ÍCT, agus le cliaint údaráis áitiúil.
- Tionóntachtaí ÍCT a bhunú, in 2024 críochnaíodh 8,121 tionóntacht san iomlán.
- Íocaíocht mhíosúil cíosa tiarna talún a bhí os cionn €53.85 milliún in aghaidh na míosa i mí na Nollag 2024.
- Cíos difreálach tionónta a mhuirearú ar gach tionóntacht rud atá os cionn €3.05 milliún in aghaidh na seachtaine.
- Bainistíocht ar an bpróiseas bailithe fiachais (ráta bailithe 99% do 2024).
- Níos mó ná 56,400 glaoch custaiméara agus 44,500 ríomhphost custaiméara láimhseáilte ag an rannóg bailithe fiachais.
- Forchúiteamh míosúil costas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO).
- Monatóireacht, athbhreithniú agus cothabháil ar thionóntachtaí ÍCT le breis agus 60,600 leasú curtha i gcrích in 2024.
- Seiceáil imréiteach cánach ar thiarnaí talún.
- Anailísíocht sonraí do geallsealbhoirí lena n-áirítear údaráis áitiúla agus ranna rialtais.
- Ag deireadh 2024 bhí os cionn 125,120 tionóntacht bunaithe ó cuireadh tús leis an scéim.
- Bhí 53,742 tionóntacht ÍCT gníomhach á mbainistiú ag an HAPSSC/ÍCTISC amhail an 31 Nollaig 2024.

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA RÉIGIÚN AN DEISCIRT

Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach 2024 - 2030

Cuimsíonn Réigiún Dramhaíola an Deiscirt 10 n-údarás áitiúla: Ceatharlach, An Clár, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Cathair agus Contae Luimnigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Cathair agus Contae Phort Láirge agus Loch Garman. Tá Réigiún Dramhaíola an Deiscirt (RD) ar cheann de thrí réigiún dramhaíola sa tír. Is iad na Réigiúin Dramhaíola eile ná Réigiúin Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre (OLT) & Chonnacht Uladh (CU).

Is iad Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) agus Comhairle Contae Thiobraid Árann na príomhúdarais do Réigiún Pleanála Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt. Tá siad freagrach as comhordú, cur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar an “Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2024-2030”.



Seoladh Náisiúnta an Ghrúpa: Taispeánann an grianghraf seo oifigigh éagsúla ag seoladh an Phlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2024-2030 ag Gairdíní Idirnáisiúnta Luimnigh. I measc na bhfreastalaithe tá Kevin Swift, Hugh Coughlan, Derek Kelly, Vincent Murray, Anne Moore, Warren Phelan, Méara Gerald Mitchell, John McLaughlin, Philippa King, agus Philip Nugent.



Tá Oifigeach Éifeachtúlachta Acmhainní d'Oifig Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt sa phictiúr ag an seoladh céanna.



Áine Kerr agus Diarmuid Hayes: Tá Áine Kerr (MC) agus Diarmuid Hayes (Bainisteoir Tionscadail, Luimneach Fiche Tríocha) le feiceáil freisin ag an seoladh.

Seoladh an “Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2024-2030” seo de chuid an Údarais Áitiúil go náisiúnta i Luimneach, ag Áis Idirnáisiúnta an Ghairdín, ar an 1 Márta 2024. Is é an Plean seo an chéad Phlean Náisiúnta Dramhaíola agus leagann sé amach creat chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú in Éirinn chomh maith le tús a chur leis an aistriú chuig Geilleagar Ciorclach don chéad sé bliana eile. Ullmhaíodh Plean Oibre Náisiúnta do Bhliain 1 den Phlean agus tá socruithe nua Rialachais á bhforbairt.

My Waste.ie

Cuireadh roinnt tionscnamh náisiúnta chun cinn le linn 2024 lena n-áirítear ábhair a chur chun cinn chun cabhrú le gach gnó dramhaíl a scaradh níos fearr agus a chosc.

Tacaíodh le gnólaigh áitiúla trí oiliúint ar líne saor in aisce (Modus), iniúchadh dramhaíola agus comharthaíocht saor in aisce a chur ar fáil ón bhFeachtas Dramhaíola Tráchtála.

Bainistíonn MyWaste.ie scéim dheonach lipéadaithe ar phacáistíocht freisin, a bhaineann breis is 50 branda tí Éireannacha leas as. Cuirtear an scéim lipéadaithe ar fáil saor in aisce do gach gnólaigh lena húsáid ar a bpacáistíocht, agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.mywaste.ie

Críochnaíodh an Tionscadal Athchúrsála Dramhaíola Bia dhá bhliain in 2024 agus eisíodh breis agus 221,000 pacáiste do theaghlaigh ar fud na tíre. Foilsíodh tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2024 agus is féidir rochtain a fháil uirthi anseo. Mar chuid den tionscadal seo, cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm i gcomhar le conraitheoirí dramhaíola áitiúla ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun an dramhaíl bia a scaradh níos fearr, go háirithe in árasáin.

Reáchtáladh Seachtain Náisiúnta Athchúrsála Dramhaíola Bia ón 2-9 Meitheamh agus thug na húdaráis áitiúla uile ar fud an réigiúin comhairle agus treoir do shaoránaigh maidir le bainistiú a gcuid dramhaíola bia, agus bhí na meáin áitiúla gníomhach i gcur chun cinn athchúrsála dramhaíola bia.

Moil Ghlasa

Roghnaíodh Áth Dara chun páirt a ghlacadh i dtionscadal an Mhoil Ghlais in 2024 agus sheol Méara Luimnigh, John Moran, go hoifigiúil é ar an 13 Lúnasa. Cuireann tionscnamh an Mhoil Ghlais acmhainní agus tacaíocht ar fáil do ghnólaigh áitiúla atá ag iarraidh cleachtais bainistíochta dramhaíola níos inbhuanaithe a ghlacadh, go háirithe straitéisí um chosc dramhaíola agus feabhas a chur ar dheighilt dramhaíola. Le cúnamh ó Bhailte Slachtmhara Áth Dara agus www.2gocup.ie, tugadh isteach scéim cíosa cupáin in-athúsáidte in Áth Dara mar chuid den bhfeachtas.

Mhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na tionscadail Mywaste. (RCAC).



Seoladh Mhol Glas Ghrúpa Átha Dara: Áirítear sa ghrianghraf seo Méara Luimnigh, John Moran, an TD Niall Collins, an Comhairleoir Bridie Collins, an Comhairleoir Dan Sweeney, Kevin Murphy (POF 2GoCup), Philip Hall (2GoCup), Ursula Ahern, agus bail éagsúla d'Oifig Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt, Baile Slachtmhar Áth Dara, agus úinéirí gnó áitiúla.



Seoladh Mhol Glas Áth Dara: Tá Méara Luimnigh, John Moran, sa phictiúr ag an imeacht seo.



Lá Bailithe Dramhaíola Guaisí Tí (DGT): Bhí an t-imeacht seo ar siúl i dTrá Lí, Co. Chiarraí, ar an 14 Meán Fómhair, áit ar bailíodh DGT ón bpobal.

Scéimeanna Píolótacha um Bailiú Dramhaíola Guaisí

Sa bhliain 2024, leithdháileadh maoiniú ar na hOifigí Réigiúnacha Pleanála um Bainistiú Dramhaíola (ORPBDanna) faoin Tionscnamh Frithdhumpála chun tabhairt faoin Tionscadal Píolótach um Bailiú Dramhaíola Guaisí Tí (DGT) ina raibh suirbhé DGT ar fud na tíre agus ceithre lá bailiúcháin DGT i gceist leis. Chomhordaigh an ORPBD an tionscadal le 1,868 custaiméir ag freastal ar na laethanta bailiúcháin, áit ar bailíodh 65 tonna dramhaíola agus péint neamhghuaiseach ab ea 58% de. Úsáidfear torthaí an tionscadail phíolótaigh anois chun pleanáil a dhéanamh do Bhailiúcháin DGT 2025, ceanglas de Chreat-Treorach Dramhaíola an AE.

Tapmap.ie

Tá os cionn 60 pointe athlionsa liostaithe do LCCC, lena n-áirítear 3 ar Ghlasbhealach Luimnigh, suiteáilte ag Tapmap.ie, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm aige tomhaltas níos mó uisce buacaire a spreagadh agus úsáid buidéal plaisteach neamhriachtanach a laghdú. Rinne údaráis áitiúla i Réigiún an Deiscirt an tionscnamh a mhaoiniú.



Pointí Athlionsa Uisce Buacaire Saor in Aisce a chur chun cinn: Tá os cionn 60 pointe athlionsa uisce buacaire saor in aisce ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, lena n-áirítear trí cinn ar an nGlasbhealach.

Líonadh Talún Stairiúil

Tá dul chun cinn déanta ar an treochlár do líonadh talún stairiúil, mhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) imscrúduithe agus feabhsúcháin agus caitheadh thart ar €1.5M i Réigiún an Deiscirt in 2024.

Monatóireacht ar Acmhainne Dramhaíola

D'fhoilsigh na ORPBDanna tuarascáil ráithiúil ar acmhainn dramhaíola le linn 2024 agus léirigh siad seo go bhfuil easnamh acmhainne de thart ar 300,000 tona in aghaidh na bliana fós ag Éirinn. B'éigean acmhainn theagmhasach a chur i bhfeidhm le linn 2024 chun cabhrú le tógáil agus scartáil agus le hEasnamh Dramhaíola Soladach Bardasach.

Dramhaíl Tógála agus Scartála

Tá Oifig Réigiúnach Pleanála um Bainistiú Dramhaíola (ORPBD) ag comhoibriú le Luimneach Fiche Tríocha chun inbhuanaitheacht an Tionscadail Ceoldráma atá ar siúl agus tionscadail nua eile i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a fheabhsú.

DÓITEÁN AGUS ÉIGEANDÁIL

Mar Údarás Dóiteáin, feidhmíonn agus bainistíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála i Luimneach. Tá freagracht ar Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Luimnigh as saol agus maoin timpeall 200,000 duine a chónaíonn i dtimpeall 70,000 teach agus timpeall 18,000 áitreabh tráchtála a chosaint. Tá Cosaint Shibhialta ina cuid den Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála freisin. Is eagraíocht dheonach í sin a thacaíonn leis na seirbhísí éigeandála tosaigh chomh maith le cuidiú le himeachtaí pobail.

Tá cúig réimse leathana gníomhaíochta ag Roinn na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála a thacaíonn lena chéile chun seirbhís chomhtháite a sholáthar don phobal.

- An tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála
- Cosc Dóiteáin agus Rialú Foirgníochta
- Bainistíocht Mhóréigeandála
- Cosaint Shibhialta
- Sábháilteacht Uisce

An tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála



Oiliúint ar Shábh Slabhrach



Oiliúint Aerála Oirbheartaíochta



Oiliúint Ag Obair ag Airde



Mórchleachtadh Éigeandála Idirghníomhaireachta i dTollán Luimnigh

Cosc Dóiteáin agus Rialú Foirgníochta

Is é feidhm na Rannóige Coiscthe Dóiteáin agus Rialaithe Foirgníochta ná sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine a áitíonn nó a úsáideann foirgnimh a chinntiú, trí laghdú riosca dóiteáin, bealaí éalaithe cuí, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus caomhnú breosla agus fuinnimh.

Chun na feidhmeanna sin a sheachadadh, áirítear le hobair na roinne sin iarratais ar Theastais Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Deimhnithe Rochtana Míchumais a mheasúnú, iniúchadh ar fhoirgnimh thráchtála agus coimpléisc árasán, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus cainteanna ar Shábháilteacht ó Dhóiteán a thabhairt don Phobal.

Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin	
Staitisticí	
Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas	233
Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteáin Deonaithe	231
Líon iomlán na n-iarratas a mheastar a bheith neamhbhailí	19
Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar % de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	12.9%
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a fógraíodh don údarás áitiúil	1,260
Líon na bhfoirgneamh nua a fógraíodh don údarás áitiúil a ndearnadh cigireacht orthu	163

Disability Access Certificates	
Staitisticí	
Líon iomlán na nDeimhnithe Rochtana Míchumais bailí a fuarthas	151
Líon iomlán na nDeimhnithe Rochtana Míchumais a Deonaíodh	127
Líon iomlán na nDeimhnithe Rochtana Míchumais neamhbhailí	2

Planning Referrals	
Líon iomlán na nAtreoruithe Pleanála a próiseáladh	250
Líon iomlán na bhFógraí Tosaithe Bailí a fuarthas (lena n-áirítear CNanna, CNanna Gearra, CNanna diúltaithe agus Fógraí 7-lá)	646

Bainistíocht Mhóréigeandála

Is iad feidhmeanna na rannóige um Bainistíocht Móreigeandálaí ná forálacha Chreat 2006 do Bhainistíocht Móreigeandálaí i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chur i bhfeidhm, athbhreithniú agus maoirsiú a dhéanamh ar Phlean Móreigeandála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus feabhas leanúnach a chur ar chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagairt d'éigeandáil mhór.

Reáchtáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cruinnithe inmheánacha den Choiste Bainistíochta Móreigeandála agus d'fhreastail sí ar chruinnithe an Ghrúpa Oibre Réigiúnaigh agus an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh in 2024.

Is éard a bhí san obair a críochnaíodh le linn 2024:

- Rinneadh measúnú ar riachtanais oiliúna agus forbraíodh clár oiliúna do 2024.
- Athbhreithniú ar Mheasúnachtaí Riosca na nÚdarás Áitiúil.
- Athbhreithniú seachtainiúil ar réamhaisnéis na haimsire agus taoidí ag an bhFoireann Measúnaithe Drochaimsire.
- Athbhreithniú ar Phlean Móreigeandála agus Fo-Phlean do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Rannpháirtíocht i gCúrsaí Oiliúna an Iarthair Láir mar Oifigeach Bainistíochta Faisnéise, Oifigeach Comhordaithe ar an Suíomh agus Oifigeach Idirchaidrimh leis na Meáin.
- Athbhreithniú agus tástáil ar Phleananna Éigeandála Seachtracha i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Rialú Mórthionóiscí a bhaineann le hÁbhair Ghuaiseacha 2015.
- Ceadúnú maidir le stóráil pléascán.
- Leabhar teagmhála le haghaidh Bainistíochta Móreigeandála athbhreithnithe agus nuashonraithe.
- Córas cumarsáide nuashonraithe do lárionaid chomhordaithe ar an láthair agus lasmuigh den láthair.
- Comhpháirtí i dtionscadal Bainistíochta agus Ullmhachta Éigeandála Pobail Artacha (ACEMAP).
- Míreanna nua trealaimh a sholáthar.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta um shlógadh.

Cosaint Shibhialta

Is eagraíocht reachtúil dheonach í Cosaint Shibhialta Luimnigh a thacaíonn leis na seirbhísí éigeandála túslíne agus a chuidíonn lenár bpobal áitiúil. Tacaíonn Cosaint Shibhialta Luimnigh leis na seirbhísí éigeandála túslíne agus iad ag déileáil le drochaimsir agus tuilte, mórthionóiscí agus cuardach do dhaoine ar iarraidh. Tacaíonn Cosaint Shibhialta Luimnigh le himeachtaí pobail i rith na bliana freisin.

I measc shamplaí de na cineálacha tascanna a dhéanann Cosaint Shibhialta Luimnigh tá:

- Cabhrú le FSS le hothair a iompar chuig ospidéal le haghaidh coinní agus clinicí.
- Cabhrú leis an nGarda Síochána (AGS) le cuardaigh le haghaidh Daoine ar Iarraidh.
- Clúdach leighis a sholáthar le go leor imeachtaí pobail agus spóirt éagsúla ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh (Craobhchomórtas Fichille na hEorpa in Ollscoil Luimnigh, clúdach leighis a sholáthar agus cúnamh a thabhairt ag Féile Lá Fhéile Pádraig ar Shráid Uí Chonaill agus in Áth Dara, Féile Riverfest, Rás Mór Luimnigh Regeneron, 5k Mhainistir na Féile, 10K Áth an Mhuilinn, Cluiche Peile Mheiriceánach in Ollscoil Luimnigh, Rothaíocht Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh, gan ach cúpla ceann a lua).
- Ag cabhrú le hAonaid Chosanta Sibhialta eile go réigiúnach agus go náisiúnta le clúdach leighis agus cuardach do dhaoine atá ar iarraidh.
- In 2024, bronnadh agus iompraíodh ár n-otharcharranna reatha chuig an Úcráin i mí Iúil. Díchoimisiúnaíodh an dá otharcharr le déanaí tar éis don tseirbhís freagartha leighis dhá otharcharr saintógtha nua a sheachadadh i mí Eanáir.

Ba é 124 líon iomlán na tascála in 2025.



Feithiclí Nua na Cosanta Sibhialta

Sábháilteacht Uisce

Bhí gardaí tarrthála fostaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do dheireadh seachtaine saoire bainc an Mheithimh agus ó mhí Iúil go tús mhí Mheán Fómhair ag Cé an Ghleanna agus Cé Chill Tíre. Bhí na gardaí tarrthála gnóthach arís i mbliana nuair a tháinig go leor cuairteoirí chuig na Céanna dá snámh laethúil agus seachtain sábháilteachta uisce á reáchtáil ag an gcoiste ceantair áitiúil.

Nuashonrú ar Choiste Ceantair Sábháilteachta Uisce Chontae Luimnigh

Bhí 8 nGarda Tarrthála ar dualgas i rith an tsamhraidh agus choinnigh siad an dá ché ar oscailt an samhraidh ar fad. Fostaíodh beirt ghardaí tarrthála breise chun oibriú ag an deireadh seachtaine, chun taithí a thabhairt dóibh don bhabhta deiseanna fostaíochta le haghaidh gardaí tarrthála don bhliain seo chugainn.

Bhí easpa teagascóirí ina ábhar imní dár gcoiste contae. B'éigean do gharda tarrthála múineadh ar cheann de sheachtainí an tsamhraidh chun a chinntiú go bhféadfaí an tseachtain dul ar aghaidh. B'éigean an dara seachtain a chur ar ceal.

Is fadhb mhór í dúnadh linn snámha Eas Géitine i láthair na huaire, toisc nach bhfuil áit ar bith ag Coiste an Chontae chun ranganna tarrthála a mhúineadh agus níos mó teagascóirí agus gardaí tarrthála a fhostú don bhliain seo chugainn.

Nuashonrú ar Choiste Ceantair Sábháilteachta Uisce Chathair Luimnigh

Reáchtáladh seachtain samhraidh ag linn snámha Ollscoil Luimnigh le cúnamh ó Theagascóirí Uisce Chathair Luimnigh. Arís, ba bheag nár cuireadh an tseachtain ar ceal de bharr easpa teagascóirí. Mar sin féin, chuaigh sé ar aghaidh le líon daltaí níos lú sna ranganna.

Leanann Coiste na Cathrach de ranganna tarrthála a reáchtáil oíche Chéadaoin le linn mhíonna an gheimhridh/an earraigh agus gan ach dóthain teagascóirí acu chun na ranganna a mhúineadh.

Mar sin féin, bíonn sé seo i gcónaí ag an nóiméad deireanach mar is deacair teagascóirí a fháil, agus bíonn Coiste Ceantair Sábháilteachta Uisce Luimnigh ag brath ar mhic léinn a fhilléann ar an gcoláiste chun cabhrú leis an teagasc.

Cigireachtaí ar bhaoithe tarrthála	
Líon na mbaoithe tarrthála a raibh gá ceann nua a chur ina n-áit	Iomlán
Ceantar Uirbeach	14
Ceantair Bhardasacha	17
Líon na ngníomhaíochtaí braiteora baoithe tarrthála	Iomlán
Ceantar Uirbeach	75
Ceantair Bhardasacha	53



Gardaí tarrthála ar dualgas

SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá gach seirbhís oibríochtúil ar uisce poiblí agus fuíolluisce faoi smacht Uisce Éireann anois. Fanann Seirbhísí Uisce Tuaithe nó Grúpa faoi smacht na Comhairle.

Fóirdheontas i leith Chostais Oibriúcháin na nGrúpscéimeanna Uisce

Soláthraíonn an deontas fóirdheontais oibriúcháin cúnamh do ghrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce le haghaidh úsáid tí. Tá grúpscéimeanna uisce i dteideal fóirdheontas bliantúil a éileamh gach bliain. Phróiseáil an Chomhairle €1,574,973.00 in íocaíochtaí fóirdheontais le 30 Grúpscéim Uisce i leith a gcostas oibriúcháin in 2024.

Deontais Toibreacha Príobháideacha

Phróiseáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 103 deontas aonair ar luach iomlán deontais de €379,961.27 in 2024. Is é cuspóir an deontais ná cabhrú le sealbhóirí tí uisce óil inólta ar ardchaighdeán a sholáthar dá dtithe.

Deontais iníoctha faoi na Rialacháin um Fheabhsú Luaidhe Baile (Cúnamh Airgeadais), 2016

Tá an scéim ar fáil chun cabhrú le húinéirí áitribh atá nasctha le soláthar uisce tí leis na costais a bhaineann le píopaí luaidhe nó feistis ghaolmhara a athsholáthar laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an áitribh, mar atá sainmhínithe san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007. Fuarthas 2 iarratas in 2023, ceann amháin íoctha go dtí seo dar luach €4,937.25.

FOIREANN AN CHEANTAIR UIRBIGH

Foireann Freagartha Lár na Cathrach

Bunaíodh Foireann Freagartha Lár na Cathrach (FFLC) in 2024. Tá an fhoireann tiomanta do ríocht phoiblí Lár Chathair Luimnigh a fheabhsú. Ag comhdhéanamh ceathrar Oibrí Ginearálta agus Innealtóra Feidhmiúcháin, tá tacaíocht riachtanach curtha ar fáil ag an FFLC do na foirne

cothabhála atá ann cheana, agus iad dírithe ar mhioncheisteanna cothabhála chun cuma agus feidhmiúlacht na cathrach a fheabhsú.

I rith na bliana, d'éirigh leis an FFLC roinnt tionscadal a chur i gcrích, rud a chuir go mór le cothabháil agus feabhsú Lár Chathair Luimnigh. Seo a leanas cuid de na tascanna suntasacha:

Maoín na Comhairle a phéinteáil agus a ghlanadh ag 29-30 Sráid Shisil

Cur síos: Péinteáil agus glanadh na maoine seo.



Roimh agus tar éis na n-oibreacha

Suíocháin na Cé a Athchóiriú

Cur síos: Rinneadh athchóiriú ar na suíocháin feadh na cé chun spás níos compordaí agus spás a théann i bhfeidhm tuilleadh ar an tsúil a sholáthar do chónaitheoirí agus do chuariteoirí.



Suíocháin na Cé

Ballaí Cosanta Tuilte Thrá Uí Cheallacháin a Phéinteáil

Cur síos: Péinteáladh na ballaí cosanta tuilte chun a gcuma a fheabhsú agus a chinntiú go bhfanadh bail mhaith orthu.



Cosaint Tuilte Thrá Uí Cheallacháin

Deisiúcháin Cosán Lár na Cathrach

Cur síos: Thug an fhoireann faoi mhiondeisiúcháin ar chosáin i roinnt áiteanna i lár na cathrach.



Deisiúcháin cosán



Deisiúcháin cosán

Tá sé cruthaithe go gcuireann bunú an FFLC go mór le hiarrachtaí cothabhála na cathrach. Le foireann dhíograiseach agus fócas soiléir ar mhioncheisteanna cothabhála, tá tionchar suntasach ag FFLC ar chuma agus ar fheidhmiúlacht Lár Chathair Luimnigh.

AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Straitéis Comhshaoil

Pleanáil Gníomhaíochta Torainn

Críochnaíodh an ceathrú babhta de mhapáil straitéiseach torainn do Luimneach in 2024 mar a cheanglaítear faoi na Rialacháin maidir le Torann Comhshaoil, 2018. Ba é seo an chéad bhabhta mapála torainn inar aithníodh Cathair Luimnigh agus a ceantair máguaird (lena n-áirítear cuid bheag de Chontae an Chláir i gceantar an Phairtín) mar Cheirtleán, a bhfuil daonra níos mó ná 100,000 ann. Ullmhaíodh léarscáileanna torainn straitéiseacha do phríomhbhóithre i gContae Luimnigh agus do na bóithre uile, na hiarnróid uile agus na saoráidí tionsclaíocha ceadúnaithe ag GCC i gCeirtleán Luimnigh. Seo an chéad uair a rinneadh torann ó gach bealach iompair i gCathair Luimnigh agus an Ceantar Máguaird a mhapáil.



Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn

Tá cur chuige fuaimdhreacha á ghlacadh ag an gComhairle maidir le limistéir chiúine a aithint agus a imscrúdú (limistéir atá tairbheach do shláinte agus folláine na saoránach). Is cur chuige iomlánaíoch é seo i leith imscrúdú fuaime, ag cur san áireamh ní hamháin leibhéil fuaime, ach cáilíocht an fhuaimne (nó an tondath) i limistéir a sholáthraíonn scíth agus suaimhneas freisin. Bhronn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus

Cumarsáide maoiniú ar an gComhairle in 2024 chun tabhairt faoi dhá staidéar phíolótacha, ceann chun imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag laghdú na luasteorann go 30 km/u i gCathair Luimnigh (Feabhra 2024), d'fhonn éifeachtaí díobhálacha torainn ar an daonra a laghdú, agus ceann eile chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht Ghlasbhealach Chaladh an Treoigh a ainmniú mar Limistéar Ciúin, bunaithe ar chur chuige fuaimdhreach na Comhairle. Tá na tionscadail sin idir lámha.

Caighdeán Aeir

Leanann an Chomhairle ag déanamh monatóireacht ar cháilíocht an aeir agus cinntíonn sí go gcuirtear sonraí ar fáil don phobal óna braiteoirí (ar fáil ag www.airquality.ie agus www.airqweb.com). Tá tuarascálacha míosúla ar cháilíocht an aeir in 2024 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Tacaíonn an Rannóg Comhshaoil leis an bhfoireann Taistil Ghníomhaigh freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheadán idirleata dé-ocsaíde nítrigine (NO₂) i ndáil le monatóireacht ar cháilíocht an aeir a bhaineann lena dtionscadail.

Aer Glan Le Chéile Chathair Luimnigh

In 2024, d'oibrigh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le GCC chun tionscadal eolaíochta saoránach, Aer Glan Le Chéile Chathair Luimnigh, a rolladh amach. I rith mhí Mheán Fómhair, bhain an tionscadal le thart ar 400 rannpháirtí a earcú laistigh de limistéar Cathrach Luimnigh chun leibhéil truaillithe Délocaíde Nítrigine (NO₂) a thaifeadh ina limistéar áitiúil. D'éirigh linn na rannpháirtithe a earcú le cúnamh ónár dteagmhálaithe pobail.



Seoladh Aer Glan Le Chéile i gCathair Luimnigh



Seoladh Aer Glan le Chéile Luimneach

Tá sé beartaithe torthaí an tionscadail a eisiúint don phobal i mí Feabhra 2025. Ós rud é go síneann limistéar feidhme na Comhairle níos faide ná an Limistéar Cathrach, thug an Chomhairle faoi fheachtas monatóireachta feadáin idirleata NO₂ do mhí Dheireadh Fómhair i gContae Luimnigh, in Áth Dara. Táthar ag súil go mbeidh torthaí an staidéir sin ar fáil in 2025.

GLOBE

Feachtas Monatóireachta Cáilíochta Aeir (MCA) Ag cur leis an rath a bhí ar thionscadal Aer Glan le Chéile Chathair Luimnigh, tá an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Taisce agus le GCC chun Feachtas píolótach Monatóireachta Cáilíochta Aeir (MCA) a chur i bhfeidhm faoin gclár GLOBE. Is tionscadal eolaíochta saoránach píolótach é seo a dhéanann imscrúdú ar thruailliú aeir lasmuigh ag trí scoil atá lonnaithe i Limistéar Cathrach Luimnigh ó Nollaig 2024 go Feabhra 2025. Tá tástáil agus suiteáil déanta ag an gComhairle ar cháilíocht an aeir agus ar threalamh tomhais meitéareolaíochta i scoileanna chun rochtain ar shonraí comhshaoil a éascú agus chun tacú leo.

An Chreat-Treoir Uisce (CTU)

Oibríonn Foireann na Creat-Treorach Uisce (CTU) chun cosaint agus athchóiriú cháilíocht an uisce i Luimneach a chinntiú trí thionscnaimh éagsúla faoin bPlean Gníomhaíochta Uisce 2024 agus faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí. Dírionn an tríú

timthriall den CTU, a thosaigh in 2023, ar thruailliú a chosc agus a laghdú agus ar fheidhmeanna éiceachórais nádúrtha i gcórais uisce a athbhunú ag an am céanna.

Seo iad na príomhghníomhaíochtaí a dhéanann Foireann CTU:

- Suirbhéanna agus Tacaíocht Feirme:** Rinne an fhoireann breis agus 300 suirbhé feirme agus chomhoibrich siad leis an bpobal feirmeoireachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a théann i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce. Cinntíonn siad go gcomhlíontar ceanglais reachtúla agus oibríonn siad ar réitigh chun cáilíocht uisce a fheabhsú.
- Teagmhais Truailithe:** Imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais truailithe a bhaineann leis an earnáil talmhaíochta agus tabhairt faoi shiúlóidí abhann chun foinsí truailithe féideartha a aithint.
- Athbhreithniú ar Phleanáil Feirme:** Déanann Foireann an CTU athbhreithniú ar phleananna feirme a chuirtear faoi bhráid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Cuireann siad coinníollacha i bhfeidhm agus tugann siad aiseolas ar iarratais ar ghníomhaíochtaí foraoiseachta, lena n-áirítear plandú, tanú agus leagan crann.
- Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Áitiúla agus Earnálacha:** Tacaíonn an fhoireann go gníomhach le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) agus freastalaíonn sí ar chruinnithe Choiste Oibriúcháin Réigiúnach an Iardheiscirt (CORID). Comhoibríonn siad freisin le heolaithe dobharcheantair CUÚÁ i Luimneach agus bíonn siad i dteagmháil le gníomhaireachtaí earnálacha eile amhail GCC, OPW, agus lascaigh Intíre Éireann. Ina theannta sin, glacann an fhoireann páirt i nGrúpa Fócais Dhobharcheantar na Daoile/na Féile, a dhíríonn ar aghaidh a thabhairt ar lotnaidicídí in uisce óil.
- Iontaobhas na Máighe agus Bealach Éisc:** Tacaíonn Foireann CTU le hlontaobhas na Máighe agus glacann sí páirt i bplé a bhaineann le tionscadal bhealach éisc Áth an Choite, a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le cora Áth an Choite.

- Leabhrán Feirme do Luimneach:** In 2024, d'fhoilsigh Foireann CTU, i gcomhar leis an Oifigeach Bithéagsúlachta, Leabhrán Feirme do Luimneach. Comhdhlúthaíonn an leabhrán seo faisnéis agus acmhainní luachmhara d'fheirmeoirí, ag cur béim ar an gceangal idir cleachtais feirmeoireachta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Bithéagsúlacht

Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha

Le linn 2024, lean an Chomhairle le straitéis na Comhairle chun dul i ngleic le speicis ionracha neamhdhúchasacha a fhorbairt.

Tá an feidhmchlár do Ghutháin Chliste ar fáil anois le haghaidh Plandaí Ionracha a thuairisciú agus tuairiscíodh 1,700 cás de speicis ionracha sa Chathair agus sa Chontae tríd an aip. Cuirfear tuilleadh margaíochta i gcrích chun daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár agus roinnfear na sonraí seo leis an Lárlionad Sonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta.

Tá clár rialaithe an Ollfheabhráin ar an Lúbach i nDobharcheantar na Máighe i bhfeidhm le sé bliana anuas. Tá an tOllfheabhrán faoi smacht maith anois ar an Lúbach, agus na hoibreacha ag dul ar aghaidh in 2024 go dtí inmhíolú na Máighe chomh fada le Brú Rí. Ag brath ar mhaoiniú oiriúnach, táthar ag súil an clár seo a leathnú tuilleadh feadh an dobharcheantair in 2025 agus isteach i ndobharcheantair ionfhabhtaithe eile.

Rinneadh oibreacha rialaithe d'Ollfheabhráin ar an gCamhaoir i gcomhar le hlontaobhas na Máighe freisin.



Feabhráin a bhaint

EU URBACT 4 – BiodiverCity

Is clár Eorpach é URBACT a chuireann forbairt uirbeach inbhuanaithe chomhtháite chun cinn i gcathracha agus i mbailte ar fud na hEorpa. Tá sé maoinithe go príomha ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Tá Luimneach ar cheann de dheich gcathair chomhpháirtíochta i dTionscadal BiodiverCity URBACT, a chomhoibríonn le cineálacha cur chuige pobalbhunaithe a aimsiú chun bithéagsúlacht uirbeach a chothú. Tionóladh cruinniú líonra comhpháirtíochta i Luimneach ar an 12 agus 13 Meitheamh agus thug na naoi gcathair chomhpháirtíochta idirnáisiúnta cuairt ar Eastát an Bhagóidigh agus ar Ghlasbhealach Chaladh an Treoigh, ag féachaint ar shamplaí dea-chleachtais agus ag tabhairt aiseolais ar bhealaí chun feabhas a chur ar spás glas poiblí.



Fáiltíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh roimh Chomhpháirtithe BiodiverCity URBACT ón AE

Comhpháirtithe Eorpacha BiodiverCity ar cuairt chuig Luimneach i mí an Mheithimh

Mar chuid den tionscadal, tugadh faoi roinnt gníomhartha i rith na bliana. Ina measc seo, bhí imeacht sábhála Síolta i Móinéar bláthanna fiáine an Chorrbaile i mí Mheán Fómhair leis an aidhm banc síolta Chomhairle Luimnigh a chruthú do thionscadail amach anseo. Forbairt sampla d'aitheantais plandaí a bhaineann go sonrach le ceantar Chathair Luimnigh. Tugann an sampla sonraí faoi na cúig phlanda agus bláth is fiche is coitianta a fhaightear i bhféaraigh uirbeacha Luimnigh.

Straitéis an Bhonneagair Ghoirm agus Ghlais

Ceann de na príomhghnéithe de Straitéis Bonneagair Ghorm agus Ghlas Imeachall Luimnigh is ea an fhorbairt atá beartaithe ar Fháinne Gorm Glas a thimpeallóidh agus a thrasghearrfaidh Cathair Luimnigh, agus a bheidh mar an chéad líonra éiceolaíoch agus clár pleanála ar scála cathrach in Éirinn. Ceapadh comhairleoir ag tús 2024 chun an fhís a imscrúdú agus a fhorbairt. Tá dul chun cinn déanta ar an obair i rith 2024, agus bealach aitheanta faoi réir comhairliúcháin phoiblí agus le páirtithe leasmhara faoi láthair.

Straitéis Crann Cathrach agus Contae Luimnigh 2024-2030

Tá crainn mar chuid riachtanach den tírdhreach i gCathair agus i gContae Luimnigh. Ag cruinniú iomlán na Comhairle i mí na Bealtaine, ghlac na comhaltaí tofa le doiciméad beartais uilechuimsitheach maidir le crainn, a mhúnlóidh an chaoi a ndéileálfadh an tÚdarás Áitiúil le crainn agus foraoisí atá faoina n-úinéireacht agus faoina smacht sna blianta amach romhainn. Is é cuspóir an doiciméid ná an treoir chuí a shainiú chun crainn a chur ar chumas a lánacmhainneacht a chomhlíonadh, agus tairbhí iomadúla a sholáthar trí chothabháil agus bainistiú ar bhealach réamhghníomhach agus pleanáilte.

Tá sé i gceist go mbeidh an beartas ina dhoiciméad tagartha don phobal, don údarás áitiúil agus do ghníomhaireachtaí ábhartha eile chun plé eolasach a chumasú agus chun fíis shoiléir, chomhsheasmhach agus struchtúrtha a bhunú chun crainn phoiblí i Luimneach a bhainistiú. Tá an doiciméad ar fáil ar www.limerick.ie

Oifigeach Bithéagsúlachta

D'fhostaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, Oifigeach Bithéagsúlachta trí phróiseas iomaíochta oscailte i mí Feabhra 2024.

Fóram Bithéagsúlachta Luimnigh

Bhain forbairt Fóram Bithéagsúlachta Luimnigh le breis is caoga páirtí leasmhar ó raon leathan leasanna earnálacha a nascadh agus a thabhairt le chéile. Tharla sé seo go luath i mí Aibreáin 2024. Bhí ceithre chruinniú éascaithe ann san iomlán i rith na bliana. Thacaigh Comhairle Oidhreachta na hÉireann leis na cruinnithe éascaithe seo.

Dréachtphlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht 2025-2030:

- Le tacaíocht ó Chomhairle Oidhreachta na hÉireann
- Rinneadh scagthástáil air le haghaidh Measúnú Cuí agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil i gcomhthráth le cumadh an Phlean.
- Curtha faoi bhráid na nIonadaithe Tofa ag ceardlann i mí na Samhna (roimh chomhairliúchán poiblí).
- Tá sé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar LimerickMyPoint agus tá sé oscailte d'aighneachtaí go dtí an 10 Eanáir.
- Reáchtáladh ceithre sheisiún comhairliúcháin/eolais duine le duine agus dhá sheisiún ar líne i mí na Nollag.

Tionscnaimh Bhithéagsúlachta le tacaíocht ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

I measc na dtionscnaimh bithéagsúlachta a tugadh fúthu tá; Suirbhé ar Bhogaigh Luimnigh Chéim I, Múrfhictiúir Fiadhúlra - Sionnach agus Siscín, Suirbhé Éiceolaíoch ar Dhiméin an Chaisleáin Nua, obair ar Speicis Ionracha ar an Lúbach, Suirbhé na Cuile Bealtaine, Mapáil Circuitscape do na Crú-laltóga Beaga, tacaíocht d'imeachtaí a reáchtálann eagraíochtaí neamhrialtasacha i Luimneach, Tionscadail Bhithéagsúlachta le Leabharlanna Luimnigh chomh maith le go leor de na himeachtaí atá liostaithe thíos.

Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta

– Bealtaine 2024

- Siúlóid Ialtóg agus Leamhán ar Eastát an Bhagóidigh leis an saineolaí fiadhúlra Albert Nolan
- Siúlóid threoraithe ar Diméin an Chaisleáin Nua leis an saineolaí fiadhúlra áitiúil Geoff Hunt
- Speicis Eachtrannacha Ionracha sa Phobal agus caint ar líne leis an saineolaí Colette O Flynn ón Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
- Ag foghlaim faoi Phortaigh Ardaithe ar Phortach na gCríostúnach le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Nuala Madigan. (i gcomhar le Forbairt Bhealach Eabhra)
- Tóraíocht Pailneoirí na Cora faoi stiúir an tsaineolaí bithéagsúlachta Áine Ní Fhlathas
- Speicis Eachtracha Ionracha agus an tÚdarás Áitiúil agus caint foirne ar líne leis an saineolaí Colette O Flynn ón Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
- Oiliúint ar an gCrú-Ialtóg Bheag leis an Dr Kate McAney ó Iontaobhas Fiadhúlra Vincent d'fhoireann na Comhairle
- Cur i láthair ag imeacht oiliúna Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht de chuid Chomhairle na hOidhreacht in Óstán Absolute

Ceardlann Snáthaidí Móra

- I mí an Mheithimh, d'fhreastail ocht nduine déag ar Cheardlann Snáthaidí Móra in Ionad Pobail Eas Géitine le hoiliúint allamuigh i bPáirc Foraoise na Cora mar chuid den cheardlann. D'éascaigh Geoff Hunt an cheardlann. Ba chomhimeacht é seo leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta

Imeachtaí Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht

- Ba é téama Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht i mbliana ná Naisc, Bealaí agus Líonraí. Cláraíodh ceithre imeacht mar imeachtaí bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht:
- Bhí seastán ag na hOifigigh Feasachta Bithéagsúlachta agus Comhshaoil ag Seó na Ceapaí Móire. Phléigh siad le breis is 300 duine i rith an lae ar thopaicí bithéagsúlachta, maireachtála ciorclach (bainistíocht dramhaíola),

bruscair agus na córais cóireála fuíolluisce tí

- 'Ceangail leis an Dúlra' feadh bhealach 'Conair Choillearnach Gan Teorainn.' Chuir Banna Píoba Mhuire fáilte roimh chách ar an oíche agus ina dhiaidh sin bhí léamha filíochta i measc na 5,000 crann a chuir an Little Company of Mary in 2020
- Ceardlann Garraíodóireachta don Bithéagsúlacht agus Gníomhú ar son na hAeráide le hAoife Munn
- D'fhéadfadh an Puball Inbhuanaitheachta ag Seó Luimnigh ina bhféadfadh na hOifigigh Feasachta ar an bPobal Bithéagsúlachta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar an gComhshaoil, mar aon le baill foirne ón Straitéis um Thruailliú Aer agus Dramhaíl agus Bruscar Tí, teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus plé a dhéanamh leo maidir le hábhair ar amhaíl Bithéagsúlacht, tionscadal www.cleanairtogether.ie Luimnigh, dramhaíl bia tí agus athchúrsáil ceallraí, úsáid cupán in-athúsáidte, córais cóireála bruscair agus fuíolluisce tí. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle fáilte roimh Bat Rehabilitation Ireland, The Limerick Bat Group, The Barn Owl Project, Doon Social Farm, The Urban Co-Op, Ballyhoura Development, West Limerick Resources, Tait Community Enterprise agus Cairde Enterprises, a chuaigh i dteagmháil leis na saoránaigh ar an lá freisin. Chomh maith leis sin, bhí ár gcomhghleacaithe san Oifig Fiontair Áitiúil linn sa Phuball Inbhuanaitheachta, áit ar thug siad comhairle maidir leis an Deontas um Éifeachtúlacht Fuinnimh, a méadaíodh le déanaí, agus maidir leis na tacaíochtaí Green for Business

Bithéagsúlacht agus Feirmeoireacht

- Fálta Sceach a Bhainistiú d'Imeacht Dúlra ar fheirm Gearoid Maher sa Cheapach Mhór. D'oscail Gearoid, feirmeoir déiríochta tráchtála agus ambasadóir feirmeoireachta ar son an Dúlra, a fheirm mar shuíomh taispeántais don imeacht. Rinneadh cur i láthair do na rannpháirtithe ó Dr Aine Lynch, Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Dr Catherine Keena, Teagasc, Katie Smirnova, Fálta Sceach Éireann agus Oifigeach Bithéagsúlachta

na Comhairle. Ina theannta sin, bhí taispeántais ar ghearradh fál i gcruith 'A' agus ar leagan fála. Roinn an t-óstach agus Ambasadóir Feirmeoireachta ar son an Dúlra, Gearóid Maher, freisin an chaoi a gcoinníonn sé feirm déiríochta tháirgiúil agus é ag laghdú ionchuir agus ag cruthú spáis don bhithéagsúlacht

- Oifigeach Bithéagsúlachta, curtha i láthair do Thionscadal Bhothán na bhFear i nDún Bleisce ag ceann dá gcruinnithe rialta ar Fheirm Shóisialta Dhún Bleisce.

Páirceanna

Páirceanna agus Spásanna Glasa Oscailte

Déanann Rannóg na bPáirceanna bainistiú agus cothabháil ar 23 páirc agus áis ar fud na Cathrach agus an Chontae chomh maith le bheith ag obair i dtreo áiseanna breise a dhearadh agus a thógáil. Coinníonn Rannóg na bPáirceanna na limistéir ghlasa ar fud na Cathrach agus an Chontae freisin, lena n-áirítear gearradh féir, cothabháil crann agus plandáil. Ina theannta sin, tá spásanna glasa i bpobail éagsúla dírithe ar fheabhsú chun deiseanna áineasa a bhfuil géarghá leo a chur ar fáil sna comharsanachtaí seo.

Leagtar amach thíos na tionscadail do 2024:

Páirc Uí Bhriain

In 2024, suiteáladh roinnt áiseanna spóirt i bPáirc Uí Bhriain, rud a chuir leis an ngníomhaíocht fhisiciúil sa Pháirc. I measc na n-áiseanna spóirt bhí leadóg bhoird, teqball, eitpheil agus cispheil, le taisceadáin trealamh BoxUp lán le raicéid leadóige boird, teqball, liathróid sacair, cispheil, tromáin lúithe agus rópaí scipeála atá ar fáil saor in aisce agus is féidir rochtain a fháil orthu tríd an aip BoxUp. Ba chomhoibriú é an tionscadal idir Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh agus Rannóg na bPáirceanna. Soláthraíodh agus maoiníodh an trealamh spóirt ag Comhpháirtíochtaí Spóirt Luimnigh faoi Chathracha Gníomhacha agus na gnéithe oibreacha cathartha a fuair rannóg na bPáirceanna.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a úsáideann an pháirc ó suiteáladh an trealamh spóirt. Tá suiteáil cúirte cispheile lánmhéide go háirithe á húsáid go laethúil agus léiríonn sé an

gá atá le tuilleadh cúirteanna cispheile poiblí lasmuigh a chur ar fáil. Is é seo an chéad chúirt cispheile poiblí lasmuigh sa chathair.

Páirc Phobail Chaisleán Uí Chonaill

Cuireadh páirc pobail ar fáil i gCaisleán Uí Chonaill in 2024 in aice le Reilig Iósaif, ag soláthar deiseanna áineasa agus ag nascadh pobail leis an sráidbhaile. Cuimsíonn an pháirc dhá bhealach rochtana le geataí, a nascann eastáit Scanlon Park agus Bruach na Sionna le siúlbealach a bhfuil dromchla tarramhacadam aige agus é plandaithe le crainn dhúchasacha agus fála sceanach. Cuireadh maoiniú ar fáil don tionscadal seo ó Leithdháileadh Bardasach Ginearálta Chathair Luimnigh Thoir.



Páirc Phobail Chaisleán Uí Chonaill



Gleann an Chláir - Ceann den dá dhroichead coisithe

Gleann an Chláir

Rinneadh uasghrádú mór ar áis Ghleann an Chláir in 2024, le hathsholáthar an dá dhroichead coisithe thar Abhainn an Chláir. Tá droichid adhmaid nua curtha in ionad an dá dhroichead coisithe a sholáthraíonn láthair faire ar easanna Ghleannta

an Chláir, rud a fheabhsaíonn rochtain ar an dá dhroichead, agus tá siúl bhealach nua curtha leis ag an mbealach isteach uachtarach go Gleannta an Chláir freisin. Maoiníodh an tionscadal seo faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh.

Loch Goir

Leantar le feabhsuithe a dhéanamh ar áis Loch Goir, lena n-áirítear limistéar atá inrochtana do chathaoireacha rothaí a shuiteáil os comhair an locha. Tá dromchla curtha ar fáil don limistéar ina bhfuil Cloch Lios Ceannúir, ag teacht leis an limistéar agus comhcheangailte chun dromchla cothrom a thabhairt. Tá boird phicnice atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí curtha ar fáil sa limistéar.



Limistéar tuirlingthe Loch Goir tar éis clocha pábhála Lios Ceannúir a chur leis

Tá méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí go Loch Goir le blianta beaga anuas, agus faoi dheireadh 2024, tá oibreacha ar siúl go maith chun na dabhcha stórála fuíolluisce agus na hoibreacha gaolmhara a athsholáthar. Bronnadh an conradh agus comhaontaíodh na hoibreacha gaolmhara go léir.

Tionscadail Tírdhreacha Bhaile na Neanta

Is éard atá i gceist le tionscadail Tírdhreacha Bhaile na Neanta ná feabhsuithe ar dhá spás ghlasa, ar Bhóthar Mhóin na mBráthar agus Bóthar Bhaile Uí Dhroighneáin, le dearáí ullmhaithe don dá shuíomh. Ar an 19 Samhain, reáchtáladh oíche eolais i Halla Pobail Bhaile na Neanta chun sonraí faoi phleananna a chur ar fáil don phobal agus deis a thabhairt don phobal a dtuairimí a chur in iúl maidir le plandáil amach anseo ar na spásanna glasa seo. Cuireadh tús le tógáil an dá shuíomh i dtreo dheireadh 2024, agus tá suiteáil cosán agus plandú crann críochnaithe anois. Déanfar an chuid eile den phlandú tor san Earrach 2025 nuair a bheidh an aimsir níos oiriúnaí agus iarrfar ar an bpobal páirt a ghlacadh i bplandú na spásanna glasa seo.



Oscailt Oifigiúil Pháirc Madraí an Chaisleáin Nua i mí Dheireadh Fómhair 2024



Páirc Madraí Eastát an Bhagóidigh

Páirceanna Madraí

Cuireadh dhá pháirc madraí ar fáil in 2024. Tugann Páirceanna Madraí deis do mhadraí aclaíocht a dhéanamh gan iall, taitneamh a bhaint as saoirse, agus dul i mbun idirghníomhaíochta sóisialta laistigh de thimpeallacht shábháilte. Mar gheall ar an rath a bhí ar pháirc madraí Mhungairit, tá páirc madraí curtha i gcrích sa Diméin, An Caisleán Nua. Cuimsíonn an áis seo fálú 1.8 méadar ar airde chun freastal ar mhadraí móra agus beaga araon agus d'oscail an Méara John Moran agus Henri (madra an Mhéara) go hoifigiúil í ar an 29 Deireadh Fómhair. Chuir an Leithdháileadh Ginearálta Bardasach ó na Comhaltaí Tofa i gCeantar an Chaisleáin Nua maoiniú ar fáil don pháirc madraí seo.

Críochnaíodh an dara páirc madraí le déanaí in Eastát an Bhagóidigh chun freastal ar líon na siúlóirí madraí san áis seo. Chuir Leithdháileadh Ginearálta Bardasach do Chathair Luimnigh Thiar maoiniú ar fáil don tionscadal seo.



Méara Luimnigh, John Moran agus Henri ag an Diméin sa Chaisleán Nua

Clóis Súgartha

Clós Súgartha Chaisleán Uí Chonaill

Rinneadh mion-uasghráduithe ar an gclós súgartha i gCaisleán Uí Chonaill nuair a cuireadh luascán ciseáin nua isteach agus nuair a cuireadh timpeallán cuimsitheach nua ar fáil. Níodh an clós súgartha ar fad le scairdniteoir, lena n-áirítear trealamh dromchla agus súgartha, agus péinteáladh an trealamh clós súgartha, rud a thug go caighdeán inghlactha é go dtí go mbeidh maoiniú ar fáil le haghaidh uasghrádú mór ar an gclós súgartha.



Clós Súgartha an Bhád Farantóireachta i gCaisleán Uí Chonaill tar éis an obair adhmaid a phéinteáil

Clós Súgartha Shíol Bhroin

Suiteáladh timpeallán cuimsitheach agus painéal súgartha céadfach i gclós súgartha Shíol Bhroin agus tá deisiúcháin ar dhromchla an chlóis shúgartha curtha i gcrích. Fuarthas deontas caipitil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tríd an Scéim Súgartha agus Áineasa chun na hoibreacha seo a mhaoiniú. Tá trealamh súgartha cuimsitheach suiteáilte ag an gComhairle cheana féin in go leor dá gclóis shúgartha agus is tosaíocht í leanúint de threalamh súgartha cuimsitheach agus céadfach a chur leis chun a chinntiú gur féidir le clóis shúgartha a bheith ina n-áit taitneamhach do leanaí de gach cumas.

Clós Súgartha Chathair Dháibhín

Tá clós súgartha nua ag teastáil do phobal Chathair Dháibhín agus tá maoiniú faighte le roinnt blianta anuas chun an clós súgartha a sheachadadh. Reáchtáladh oíche eolais phearsanta san Ionad Pobail i gCathair Dháibhín chun deis a thabhairt do chónaitheoirí agus do gach páirtí leasmhar tuilleadh eolais a fháil maidir leis na pleananna chun clós súgartha nua a fhorbairt i gCathair Dháibhín. Thug ceistneoir deis do thart ar 50 duine a bhí i láthair cur síos a dhéanamh ar a riachtanais, a n-ionchais agus a dtosaíochtaí don chlós súgartha seo.

Go Green Routes

Is tionscadal €10.5m é Go Green Routes atá maoinithe ag an AE a chuireann síolta chun nascacht mhéadaithe leis an dúlra a chothú ar fud na hEorpa, Mheiriceá Laidinigh agus na Síne, ag díriú ar ghníomhaíocht fhisiciúil, nasc leis an dúlra agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra.

Ar an 20 Samhain 2024, d'óstáil Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh in éineacht le A Playful City, ceann de na comhpháirtithe sa tionscadal, imeacht spraiúil agus súgartha ar Ghlasbhealach Chaladh an Treoigh do leanaí agus do dhaoine fásta. Bhain thart ar 150 páiste bunscoile agus 25 duine fásta taitneamh as an imeacht seo, agus chuimsigh sé deis foghlaim faoin tionscadal Go Green Routes, arna mhaoiniú faoi Chlár Gníomhaíochta Nuálaíochta Fís 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirt a ghlacadh i gcluichí traidisiúnta ó thíortha ar fud na hEorpa chomh maith le tóraíocht taisce dúlra.



Imeacht Chathair Spraiúil a bhí ar siúl i mí na Samhna 2024

Ar an 28 Samhain, bhuaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an gradam do Spás Poiblí agus Pleanáil ag Gradaim Shármhaitheasa KPMG don Tionscal Maoine 2024 don Tionscadal Go Green Routes agus as a gclaochlú ar láithreán athfhorbraíochta ar Ghlasbhealach Chaladh an Treoigh ina spás súgartha inbhuanaithe. Déanann na Gradaim seo, i gcomhar leis an Irish Independent, ceiliúradh ar scoth na ceannaireachta, na nuálaíochta agus na hinbhuanaitheachta in earnáil mhaoine na hÉireann.



Gradam Sármhaitheasa KPMG don Tionscal Maoine 2024 buaite maidir le claochlú láithreán athfhorbraíochta ar Ghlasbhealach Chaladh an Treoigh

EU URBACT 4-Green Place

Tá Luimneach ar cheann de dheich gcathair chomhpháirtíochta i dTionscadal Spáis Ghlas URBACT atá ag comhoibriú ar phleananna athbheochana uirbí i gceantair shonraithe faoi seach. Is é an cuspóir atá ag tionscadal an Spáis Ghlais ná athbheochan uirbeach ar áiteanna a ndearnadh dearmad orthu, lena n-athrófar spásanna uirbeacha a bhfuil a bhfeidhmiúlacht reatha caillte go háiteanna ina gcuirtear fáilte roimh chónaitheoirí, an timpeallacht, agus an chathair ar mhaithe leis an soláthar spásanna glasa d'ardchaighdeán a fheabhsú i láithreacha uirbeacha tréigthe. Is é Balla na Cathrach sa Bhaile Gaelach agus cóngarachta na spásanna glasa do Bhalla na Cathrach príomhlíomistear fócais an tionscadail do Luimneach. Cuimsíonn sé limistéir ghlasa de Gheata Eoin, reilig Mhíchíl agus Árasáin Gheata an Uisce.

In 2024 agus mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann, chuir tionscadal URBACT - Spás Glas, i gcomhar leis an bpobal áitiúil i sráidbhaile Gheata

Eoin in aice le Seanbhallaí na Cathrach, mion-úllord le crainn úll oidhreacht Luimnigh. Ghlac cónaitheoirí páirt sa lá plandála pobail agus bhí na páistí uile páirteach i bplandú na gcrann. Is cuid shuntasach de thionscadail URBACT í rannpháirtíocht an phobail agus ba é seo an chéad cheann de thrí imeacht chun muintir na háite a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa tionscadal agus a n-ionchur a lorg ón tús maidir le pleananna don cheantar.

Rinneadh dul chun cinn breise leis an tionscadal i mí Aibreáin leis an tríú cruinniú den ghrúpa áitiúil URBACT, ina raibh roinnt páirtithe leasmhara lena n-áirítear ranna éagsúla sa Chomhairle, grúpaí cónaitheoirí, Bailte Slachtmhara, Gardaí, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ospidéal Eoin agus Iontaobhas Cathartha Luimnigh, chun saincheistanna agus dúshláin don tionscadal a phlé agus chun teacht ar chomhaontú maidir le cuspóirí atá le cur chun cinn mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Comhtháite don tionscadal. Ullmhaíodh plean tírdhreacha do cheantar an tionscadail agus lorgaíodh aiseolas ag cruinniú mhí Aibreáin ón ngrúpa áitiúil URBACT.

Bhí an dara himeacht, “Aonach Bealtaine na Meánaoise”, ar siúl ar an 25 Bealtaine i gCúirt Grattan. Lá spráilí teaghlaigh a bhí ann agus bhain na teaghlaigh an-sult as, le beochantóirí ó Chaisleán Luimnigh ag taispeáint radharc stairiúil, ceol, cluichí, péinteáil aghaidhe, uachtar reoite agus siúlóid/caint stairiúil ar Sheanbhallaí na Cathrach. Chuir sé seo go mór le cónaitheoirí an cheantair nach raibh ar an eolas faoi thábhacht stairiúil Bhalla na Cathrach atá ar leac an dorais acu. Bhí an tríú himeacht, “Féile



Aonach Bealtaine na Meánaoise



Féile Oidhreachta an Bhaile Ghaelaigh i mí Lúnasa 2024 mar chuid de Thionscadal Urbact 4-Spás Glas

Oidhreachta an Bhaile Ghaelaigh”, ar siúl ar an 25 Lúnasa ar Sheansráid an Chláir, Cathair Luimnigh. D’fhreastail thart ar 70 áitritheoir ó Sheansráid an Chláir, Geata Eoin, Cúirt Grattan agus na ceantair máguaird ar an gcóisir sráide seo agus rinneadh ceiliúradh ar Bhalla Cathrach na Meánaoise chomh maith le deis a thabhairt do na cónaitheoirí bualadh lena chéile, féachaint ar phleananna chun an ceantar a fheabhsú, agus foghlaim conas an rince seit ‘Ballaí Luimnigh’ a dhéanamh.

Bratacha Glasa

Is caighdeán idirnáisiúnta í Scéim Dámhachtana na mBratach Glas do Pháirceanna le haghaidh sármhaitheasa i mbainistiú páirceanna poiblí agus spásanna glasa, agus is í An Taisce in Éirinn a fheidhmíonn an scéim sin. In 2024, choinnigh Páirc an Phobail a Bratach Ghlas, agus ní hamháin gur bhain Ionad Cuairteoirí agus Páirc Cois Locha Loch Goir Gradam an Bhrait Ghlais amach, ach bhain sí amach Creidiúnú Láithreáin Oidhreachta Glaise 2024 freisin. Leagann an t-aitheantas breise seo béim ar thiomantas na páirce a tírdhreach uathúil agus a suntasacht stairiúil a chaomhnú. Cuireadh iarratas isteach don Bhraic Glas den chéad uair i leith Pháirc Bhaile Áth Dara. I mí na Samhna, deimhníodh go raibh stádas an Bhrait Ghlais bronnta ar Pháirc Bhaile Áth Dara. I mí na Nollag, d’ardaigh Méara Luimnigh an chéad Bhraic



Páirc Bhaile Áth Dara - cruinniú d’oifigigh na Comhairle agus bhaill an phobail chun an chéad ghradam den Bhraic Ghlas don pháirc seo a cheiliúradh

Glas sa pháirc seo, a baineadh amach ní hamháin trí thiomantas agus obair chrua fhoireann na bPáirceanna ach freisin trí shuim a léirigh agus cúnamh a thug Comhaltaí Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, oibrithe deonacha agus grúpaí pobail. Dara-Ráth Caola, oibrithe deonacha agus grúpaí pobail.

Droichid faoi Bhláth agus Lár na Cathrach

Soláthraítear plandaí an tsamhraidh agus an gheimhridh, sraitheanna blátha agus bláthchiseáin chrochta “Droichid faoi Bhláth” ag roinnt suíomhanna chun feabhas a chur ar an gCathair. Soláthraíonn an Naíonra ag an gCorrbhaile na bláthanna ó shíolphlandaí agus beifear ag leanúint leis an obair ar feadh roinnt mhíonna go dtí Deireadh Seachtaine na Saoire Bainc Mhí an Mheithimh tráth a dháilfear na sraitheanna agus na ciseáin ar fud na Cathrach. Mar gheall ar an méadú ar an éileamh, cuireadh polathollán breise ar fáil ag an Naíonra sa Chorbhaile.



Droichid faoi Bhláth

Conradh le haghaidh Gearradh Féir

Tá an Chomhairle freagrach as thart ar 300 heicteár féir a chothabháil gach bliain a ghearrtar gach coicís idir Márta agus Deireadh Fómhair seachas i suíomhanna ainmnithe ‘Let it Bee’. Sa bhliain 2024, ghlac an Chomhairle seilbh ar oibríochtaí gearrtha féir i gceantar Raithin-Thuar an Daill, rud a laghdaigh an méid a bheadh ar conradh le haghaidh gearradh féir ar fud na cathrach agus an chontae. Coinníonn go leor grúpaí pobail limistéir ghlasa ina gceantar áitiúil freisin, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar dheontas beag faoi Dheontais Phobail um Chothabháil Spásanna Oscailte.

Imeachtaí i bPáirceanna

Bíonn roinnt imeachtaí ar siúl i bpáirceanna faoi bhainistíocht na Comhairle gach bliain agus níorbh aon eisceacht í 2024. I measc na n-imeachtaí seo bhí gach rud idir ióga, aithrisí ceoil, laethanta spóirt scoile, shiúlóidí agus rásaí carthanachta chomh maith le réimse leathan clár gníomhaíochta coirp a réachtáil Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh. Tá ár bpáirceanna ag éirí níos tábhachtaí dár saoránaigh le deiseanna do gach aois agus cumas leas a bhaint as seirbhísí inár bPáirceanna.

Cuireadh crann i bPáirc Uí Chinnéide i mí Feabhra agus rinne Clean Ireland urraíocht air. Mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann, chuir Méara Luimnigh crann san Ospidéal in aice na scoile.



Rang ióga ar siúl i bPáirc Ted Russell i rith shamhradh 2024



Plandú crann i bPáirc Uí Chinnéide urraithe ag Clean Ireland



Méara Luimnigh ag cur crann san Ospidéal in aice leis an scoil



Bhuaigh an Scéim Urraíochta Timpealláin an Tionscadal um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (FSC) is Fearr i bPobal

Urraíocht Timpeallán

Leanann an Chomhairle ag lorg léirithe spéise i Scéim Urraíochta Timpealláin ar bhonn bliantúil agus, in 2024, fuarthas urraitheoir do thimpeallán Ráth Caola. Léiríodh spéis freisin i dtimpeallán na Páirce Glaise, agus fuarthas urraitheoir do thimpeallán an Gharraí Ghlais agus do thimpeallán Chill Mocheallóg, agus rachaidh na hoibreacha ar aghaidh in 2025.

Cuireadh Scéim Urraíochta Timpealláin isteach sna Gradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann agus i mí Feabhra 2024 ag Ionad Comhdhála Ríoga Bhaile Átha Cliath, bhuaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an gradam don chatagóir “An Tionscadal FSC is Fearr i bPobal” don Scéim Urraíochta Timpealláin.

Reiligí

Oibreacha Reilige 2024

Ceantar Uirbeach Luimnigh	
Reilig Phádraig, Garraí Eoin	Deisiúcháin Balla Teorann
Reilig Eoin, Cathair Luimnigh	Oibreacha Crannliachta
Reilig Chill Lonáin	Deisiúcháin Balla Teorann
Reilig Chnocán Naomh Oilibhéar	Athsholáthar Balla Teorann
Reilig Chnocán Naomh Oilibhéar	Athsholáthar Cosán
Reilig Chill Mhuire, Caladh an Treoigh	Oibreacha Tírdhreacha
Reilig Mhuire, Tobar Phádraig	Deisiúcháin Balla Teorann



Deisiú Balla Teorann, Reilig Chill Lonáin



Oibreacha Crannliachta Reilig Eoin, Cathair Luimnigh



Deisiú Balla Teorann Reilig Mhuire, Tobar Phádraig

Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua	
Reilig Eaglais na hÉireann, Mainistir na Féile	Oibreacha Crannliachta
Reilig Mhainistir na Féile	Oibreacha Crannliachta
Reilig Chalvaire, An Caisleán Nua	Oibreacha Crannliachta
Reilig Chalvaire, An Caisleán Nua	Oibreacha Tírdhreacha
Reilig Theampall an Ghleanntáin nua	Oibreacha Crannliachta
Reilig Thuar na Fola	Oibreacha Crannliachta

Ceantar Bardasach Áth Dara - Ráth Caola	
Reilig Chluain Each, Ráth Caola	Oibreacha Tírdhreacha
Reilig Lodain Bheag	Oibreacha Crannliachta
Reilig Eas Géitine	Síneadh Reilige

Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire - Chill Mocheallóg	
Reilig an Átha Leacaigh	Oibreacha Crannliachta
Reilig Chluain Comhartha	Oibreacha Crannliachta
Reilig Chill Tíle	Oibreacha Crannliachta
Reilig Chill Fhlainn	Oibreacha Crannliachta
Reilig Bhaile Adaim	Oibreacha Crannliachta
Reilig Mhainistir Uaithne	Oibreacha Tírdhreacha
Reilig Chill Fhionáin	Oibreacha Crannliachta

Gradaim Reiligi 2024

Ar an 13 Samhain, reáchtáladh Gradaim Reiligi an Phobail in Ionad Pobail Chnoc an Doire. Bhí slua mór i láthair ar an oíche. Rinne an Comhairleoir Jerome Scanlon ionadaíocht ar Mhéara Luimnigh. Bronnadh duaiseanna idir €500 agus €1,500 in aghaidh an ghrúpa ar 25 Grúpa Pobail. B'ionann sin agus méadú 300% ar dhuaischiste ó bhlianta roimhe seo. Ba é Reilig Chraobh Chomhartha an buaiteoir foriomlán sa Chatagóir Ársa agus ba é Reilig Ghort na Tiobraide, Béal an Átha, an buaiteoir foriomlán sa chatagóir Nua-Aimseartha. Ina theannta sin, bhí catagóir nua ann i mbliana, "An Reilig is Mó Feabhas", a bronnadh ar Reilig Bhaile an Fhainínigh.



Reilig Ghort na Tiobraide-Buaiteoir Foriomlán na Catagóire Nua-Aimseartha ag Gradaim Reiligi a tionóladh i mí na Samhna



Sean-Reilig Chraobh Chomhartha- Buaiteoir Foriomlán na Catagóire Ársa ag Gradaim Reiligí a tionóladh i mí na Samhna

Reilig Chnocán Naomh Oilibhéar

Críochnaíodh an balla teorann agus ráille Reilig Chnocán Naomh Oilibhéar ar Sheanbhóthar Chorcaí in 2024 mar chuid de chonradh Rosmor ag an rannóg Taistil Ghníomhaigh. Tá an teorainn comhdhéanta de bhalla giorra 600mm agus ráille 2.3m ar airde, agus tá an balla críochnaithe le steancadh méaróg chun cothabháil a íoslaghdú. Rinneadh athdhromchlú ar fhormhór na gcosán sa reilig freisin.



Reilig Chnocán Naomh Oilibhéar - Oibreacha Athsholáthair Cosáin



Reilig Chnocán Naomh Oilibhéar - Balla Teorann Nua

Reilig Eas Géitine

Críochnaíodh síneadh ar reilig Eas Géitine in 2024, rud a chuir acmhainn bhreise ar fáil do 355 láthair uaigne agus 47 láthair créamtha.



Reilig Eas Géitine - Síneadh Reilige

Reiligí Nua

Sa straitéis maidir le reiligí, aithníodh an gá le reiligí nua chun freastal ar an gCeapach Mhór/Maigh Rua agus ar Áth Dara freisin. Críochnaíodh staidéir deisce in 2024 chun suíomhanna oiriúnacha a aithint do na reiligí nua atá beartaithe.

Iniúchadh ar Reiligí

Tá tús curtha le hiniúchadh ar reiligí na n-údarás áitiúil, agus tá obair déanta i Reiligí Dhomhnach Mór agus Bhaile Riobaird.



Reiligí Bhaile Riobaird

Forfheidhmiú Comhshaoil

Tá na gníomhaíochtaí agus na tascanna seo a leanas curtha i gcrích ag an bhFoireann Dramhaíola Tráchtála, agus ag an bhFoireann Aeir, Torainn agus Uisce. D’oibrigh na foirne sin i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil éagsúla agus chun comhlíonadh reachtaíochta agus rialachán ábhartha a chinntiú.

Líon na gcásanna	527
Líon na gCigireachtaí	656
Líon na bhFíneálacha	6
Líon na nIonchúiseamh	23
Líon na litreacha rabhaidh	49
Líon na bhFógraí	60
Líon na dTreoracha	43
Líon na bhFógraí um Pionóis Socraithe	9
Ceadanna/Údaruithe 17 (DECCO; VOC; DTLL; RIALACHÁIN MAIDIR LE PLAISTIGH FEIRME)	

Léiríonn na hiarrachtaí seo tiomantas na foirne do chosaint an chomhshaoil agus do chleachtais inbhuanaithe, agus tá críochnú rathúil na dtascanna seo rithábhachtach do shláinte agus leas an phobail. (Tabhair faoi deara go bhfuil na

staitisticí thuasluaite faoi réir fíoraithe breise sula gcuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil).

Bainistiú Bruscair

Forfheidhmiú Bruscair

Cuimsítear cúigear Oifigeach Smachta Comhshaoil ar an bhFoireann Dramhaíola agus Bruscair Baile lena dtacaíonn aonad riaracháin. Glacann an fhoireann gach beart praiticiúil chun bruscar a chosc, a rialú agus a dhíúscairt i gceart. Ag obair i ndlúthchomhar leis an bhFoireann Glantacháin Bóithre agus leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil, forfheidhmíonn an fhoireann an dlí i bhfeidhm faoi na hAchtanna Bruscair agus Dramhaíola, ag eisiúint fíneálacha agus fógraí nuair is iomchuí agus rannpháirtíocht pobail a spreagadh maidir le cosc a chur ar thruailliú bruscair agus aghaidh a thabhairt air. Cuireann an fhoireann suirbhéanna i dtaca le dramhaíl tí agus corparáideach a bhainistiú chun na socruithe bailiúcháin dramhaíola de chuid aonaid bhaile agus ghnó a mheas agus gníomh a ghlacadh nuair is iomchuí i gcásanna neamh-chomhlíontachta.

Taifeadadh 1,230 cás le linn na bliana
Rinneadh 5,610 iniúchadh.
Eisíodh 245 fíneáil ar an toirt le haghaidh cionta bruscair / cionta dramhaíola
Eisíodh 794 rabhadh
Cuireadh 49 cás ar aghaidh le haghaidh imeachtaí dlíthiúla faoi na hAchtanna Truailliú Bruscair / Bainistiú Dramhaíola

Tionscnamh Frithdhumpála (TFD)

Cuireadh ocht nglanadh déag ar mhórsála de dhumpáil mhídhleathach i gcrích sa Chathair agus sa Chontae in 2024 a maoiníodh faoi Thionscnamh Frithdhumpála (TFD) an Phríomhúdarais Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA). Leis an tionscnamh seo, tacaítear le tionscadail lena n-athbhunaítear ceantair ina bhfuil dumpáil mhídhleathach seasmhach agus cuirtear maoiniú ar fáil chun feabhas a chur ar faireachán forfheidhmithe. Cuireadh suíomhanna

i gCluain Draighneach, Caisleán Uí Chonaill, Baile an Londraigh, An Caisleán Nua, An Cheapach Mhór agus Feadamair san áireamh i gclár na bliana seo.

Ina theannta sin, in 2024, díriodh maoiniú TFD ar thionscnaimh choisctheacha réamhghníomhacha chun dumpáil mhídhleathach a laghdú. Tairgeadh bailiúchán dramhaíola téagartha saor in aisce do gach sealbhóir tí i bPáirc Mhuire, Baile Átha na Cora Weston agus i gceantar Bhóthar de hÍde i mí Dheireadh Fómhair roimh Oíche Shamhna. Rinneadh bailiúcháin teaghlaiigh thar chúig lá agus ghlac thart ar 170 teaghlach leis an tseirbhís saor in aisce, bailíodh 22 lán leoraí dramhaíola (16,140Kg) agus diúscaíodh iad go cuí. Bhí an dramhaíl comhdhéanta den chuid is mó de dhramhaíl théagartha tí, tochtanna, cairpéid, troscán, bréagáin agus trampailíní.

Tar éis toradh díomách i dtuarascáil 2023 Gnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair, dhírigh an fhoireann Dramhaíola agus Bruscair Tí ar fheabhas a chur ar na láithreáin sin sa chathair a raibh béim curtha orthu mar spotaí dubha bruscair agus atá faoi úinéireacht phríobháideach. Trí chlár cigireachta, forfheidhmithe agus rannpháirtíochta leanúnaí le húinéirí réadmhaoine, tháinig feabhas foriomlán ar rangú Luimnigh i dtuarascáil Gnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair in 2024, agus fuair Luimneach Theas (An Ghallmhóin) an rangú is fearr riamh, an 29ú háit.

TCI le haghaidh Forfheidhmiú Dramhaíola agus Bruscair

Leagadh amach suiteáil TCI le haghaidh Forfheidhmiú Dramhaíola agus Bruscair mar chuspóir sa Phlean Bainistíochta Bruscair a ghlac an Chomhairle in 2024. Tar éis don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) Cód Cleachtais a fhoilsiú chun TCI a Oibriú chun Críocha Cosc, Brath agus Ionchúiseamh ar Chionta Bruscair agus Dramhaíola, sainaitníodh deich scéim mar shuíomhanna féideartha chun TCI a úsáid i bhforfheidhmiú an dlí. Ní úsáidfear TCI le haghaidh dramhaíola agus forfheidhmiú

bruscair ach amháin i gcás ina bhfuil sé inchosanta agus comhréireach é sin a dhéanamh agus i gcás ina bhfuil fianaise ann go bhfuil dumpáil mhídhleathach leanúnach ann. Rinneadh Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí ar gach suíomh agus cuireadh próiseas comhairliúcháin phoiblí i gcrích. Ceadaíodh na deich scéim i Ráithe 3 de 2024 agus tá suiteáil TCI sna suíomhanna seo ar siúl. Tá sé beartaithe scéimeanna breise a chur leis in 2025.

Feasacht Comhshaoil Na Bailte Slachtmhara

Go Náisiúnta

In 2024, i gcomórtas na mBailte Slachtmhara, tháinig moltóirí ar ais chun cuairteanna ar an láthair a thabhairt ar an 51 iontrálaí as Luimneach sa chomórtas. Bronnadh bonn óir ar Bhailte Slachtmhara Áth Dara, bonn airgid ar Chathair Luimnigh agus bonn cré-umha ar Chaisleán Nua sa chomórtas náisiúnta. Ba iad Gradaim Chontae Luimnigh; Áth Dara sa chéad áit, An Gallbhaile sa dara háit, Caisleán Uí Chonaill sa tríú háit. Bronnadh an Gradam Iarrachta ar Bhailte Slachtmhara Thobar Phádraig. Ba iontrálaí nua é Grúpa Forbartha Ghreanaí don bhliain 2024.

Luimneach

Bhí Seimineár Bliantúil Bhailte Slachtmhara Luimnigh ar siúl in Óstán Woodlands Déardaoín an 1 Feabhra. Dáileadh Boscaí Athchúrsála Ceallraí (teaghlaiigh agus miondíola) ar na grúpaí chomh maith le heolas faoi Ghlanadh Níos Glaise, Salú Madraí, Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (Dabhach Shéarachais), Bithéagsúlacht agus Dramhaíl Bia.

Ag Dul Ar Thóir an Bhoinn Óir

Deontas Feabhsúcháin Comhshaoil Leithdháileadh deontais ar 75 grúpa le linn 2024 chun cabhrú lena ngníomhaíochtaí áitiúla Comhshaoil agus Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Comórtas

Bhain Bailte Slachtmhara Thobar Phádraig an chéad áit amach i gCatagóir na mBailte Slachtmhara de Chomórtas Going for Gold Luimnigh, atá urraithe ag Fondúireacht Charthanachta JP McManus. D'éirigh leo seo a leanas freisin, thóg Cill Míde an 2ú háit, Baile Stiabhna an 3ú háit, An Gleann an 4ú háit agus Cill Tíle an 5ú háit.

Tugadh ardmholadh do ghrúpaí ó Chaisleán Uí Chonaill, An Gleann Rua, Eas Géitine, Áth an tSléibhe, Garraí na Deirce agus Cill Mocheallóg. Moladh grúpaí ó Bhéal an Átha, Fíonach, Ráth Caola agus Cnoc na Carraige. Sa chatagóir Luimneach faoi Bhláth, ba é Bailte Slachtmhara an Ospidéal an buaiteoir foriomlán, Cnoc Uí Choileáin sa 2ú háit agus Gabhal an Dá Bhóthar sa 3ú háit. Moladh Cathair Dháibhín go hard. I gcatagóir na nEastát Cónaithe bronnadh an chéad duais ar Chumann Áitritheoirí Sparr Thuamhan agus an 2ú ar Shruthán na Cluana, An Corrbhaile. Tugadh Ardmholadh do Chumann Áitritheoirí Slúgaire, Na Goirtíní/Gairdíní an Bhailtín Theas, Woodhaven agus mórcheantar Oileán an Rí, le Radharc na Foraoise, Cill Fhíonáin, Cois Má, Cromadh agus Páirc Phlásóg na Coille Béal Átha Síomoin sa chatagóir molta. Bhuaigh Cathair Chinn Lis an gradam larrachta as cuimsiú sóisialta ag Ionad na Mílaoise i gCathair Chinn Lis.

Bronnadh Gradam Athúsáide Going for Gold, a cheiliúránn Mí Náisiúnta na hAthúsáide, ar Bhailte Slachtmhara Chill Churnáin (fómhar báistí) agus ar Bhailte Slachtmhara Eiltiún (Leabharlann Bheag Saor in Aisce).



Bailte Slachtmhara Thobar Phádraig – Buaiteoirí Foriomlána Going for Gold Luimnigh, 2024



Seoladh cupán go deo in Áth Dara

Lean leis an gcomhaontú Leibhéal Seirbhíse le Fiontair Shóisialta atá lonnaithe i Maigh Rois, South Hill, Páirc Mhuire agus Muire Lourdes. Tacaíonn sé seo le Bailiúcháin Bruscair, Gearradh Féir.

Dramhaíl a Chosc

Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm faoi Dhramhaíl a Chosc i ndiaidh sheoladh an Phlean Náisiúnta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach i Márta 2024.

Seoladh tionscadal Mo Dhramhaíl mar chuid de Mhol Glas Átha Dara i mí Lúnasa 2024 i gcomhar le Baile Slachtmhar Átha Dara, agus áirítear leis tionscadal cupán in-athúsáidte a thabhairt isteach agus an fhoireann uirlis a chur chun cinn ar www.mywaste.ie/business.

Tá dul chun cinn breise déanta i rith 2024 ar an tionscnamh péint Re-Love agus muid ag obair i gcomhar le Fiontraíocht Pobail Theach Tait, Ionaid Athchúrsála Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir chun cosc a chur ar phéint dramhaíola a thabhairt chuig láithreán líonadh talún.

Tugadh faoi imeachtaí Inbhuanaitheachta rathúla ag Seó an Chaisleáin Nua, Seó na Ceapaí Móire, Seó Luimnigh, TLC9, Howmedica, cónaidhm Bhantracht na Tuaithe, Luimneach, agus cónaidhm Bhantracht na Tuaithe, an Ghráinseach, agus an Comharchumann Uirbeach.

Dáileadh níos mó ná 1,000 bosca dramhaíola bia teaghlaigh agus 1,000 cupán Ath-inúsáidte mar

aon le faisnéis ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Intíre, Salú Madraí, agus Bailiú Ceallraí Dramhaíola.

Scoileanna Glasa agus feachtais eile

Tar éis measúnú a dhéanamh, bronnadh bratacha glasa ar 24 scoil i Luimneach ag searmanas bronnata na Scoileanna Glasa a reáchtáladh i gCill Airne i mí na Bealtaine. I measc na dtéamaí bhí bruscar/dramhaíl, fuinneamh, uisce, taisteal, bithéagsúlacht agus saoránacht dhomhanda.



Tascfhórsa Bruscair Guma Coganta, Bailte Slachtmhara Chathair Luimnigh agus foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Tá 161 scoil san iomlán cláraithe do chlár na Scoileanna Glasa. Leanadh leis an tionscnamh PickerPals le linn 2024. Tá tacaíocht Chomhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide ar siúl do gach scoil i Luimneach e.g. cuairteanna scoile, socruithe seachadta múirín, agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid an tacair uirlisí mywaste.ie. Tá tacaíocht á tabhairt do mheánscoileanna páirt a ghlacadh i gcomórtas www.relovethefashion.ie don scoilbhliain 2024/2025.

Tugadh faoi fheachtas athbhreithnithe maidir le Feachtas Frith-Shalú ag Madraí mar aon le feachtas Frithdhumpála in 2024 freisin. Áiríodh leis seo feachtas digiteach, dáileadh málaí salaithe madraí agus fógraí raidió áitiúla. Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dá ballraíocht leibhéal cré-umha de Ná Fág Lorg. Ghlac an Chomhairle páirt freisin i bhFeachtas Náisiúnta um Bruscar Guma Coganta IBEC i gcomhar le Bailte Slachtmhara Chathair Luimnigh.

Éascaíodh cúrsaí oiliúna don phobal agus don fhoireann i ndáil le hinbhuanaitheacht, e.g.



Méara Luimnigh, John Moran, le Coiste Cóirthrídála Luimnigh

Dramhaíl (Dramhaíl Leictreonach), Bithéagsúlacht (No Mow May).

Feachtas Náisiúnta um Scaradh Dramhaíola

Reáchtáladh cruinniú eolais an Fheachtais Náisiúnta um Scaradh Dramhaíola ar an 24 Meán Fómhair agus seoladh an feachtas féin ar an 26 Meán Fómhair - Take a minute, before you bin it! - My Waste. Is é an aidhm atá leis ná tacú leis an ngeilleagar ciorclach trí chabhrú leis an bpobal a ndramhaíl a scaradh i gceart sa bhaile agus ina n-ionaid oibre isteach sa chóras dramhaíola 3 bhosca bruscair – Orgánach, Athchúrsáil Thirim agus Líonadh Talún.

Cóirthrídáil

I mí na Samhna, rinne Cathair Luimnigh ceiliúradh ar an 19ú bliain mar Chathair Chóirthrídála le Comórtas Chártaí Nollag na Scoileanna. Ghlac 20 scoil ar fud Luimnigh páirt agus d'fhreastail siad ar an gcóisir lá breithe i Halla Istabraq. Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tacú le Táirgí Cóirthrídála - Cóirthrídáil Éireann.

Gníomhú ar son na hAeráide

Is é ról na Rannóige um Gníomhú ar son na hAeráide ná tacú leis an gComhairle agus lenár bpobal i gcoitinne chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an Athraithe Aeráide. Baintear é seo amach trí:

- Comhordú agus tuairisciú fhreagairt na Comhairle ar an Éigeandáil um Gníomhú ar son na hAeráide trí Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil a chur

i bhfeidhm agus tríd an gClár um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail a bhainistiú.

- Bainistiú na Foirne Bainistíochta Fuinnimh.
- Bainistíocht na Saotharlainne Nuálaíochta Saoránach.
- Comhordú roinnt tionscnaimh maoinithe.

Shroich an Rannóg um Ghníomhú ar son na hAeráide a líon iomlán foirne in 2024 le ceapachán an Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhfuil sé mar ról acu tacú le Freagairt Ghníomhú ar son na hAeráide na Comhairle féin. Chuir an rannóg na nithe seo a leanas i gcrích le linn 2024:

- Ullmhaíodh Plean um Ghníomhnú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil (PGAÚÁ) a ghlac an Chomhairle leis i mí an Mhárta 2024. Áiríodh leis seo Fardal Bunlíne agus Astaíochtaí a chur i gcrích don chontae uile agus an crios dícharbónaithe beartaithe chomh maith le Measúnú Riosca i dtaca le hOiriúnú don Aeráid thar ceann na Comhairle.
- Bunaíodh Foireann Ghníomhaíochta ar son na hAeráide mar chuid den Fhóram Sinsearach a thagann le chéile go míosúil.
- Tuairisceáin chomhlánaithe chuig an GBRÁ ar PTFanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.
- Ghlac siad páirt i roinnt clár oiliúna agus chuir siad i gcrích iad arna sholáthair ag Oifigí Réigiúnacha Ghníomhú ar son na hAeráide mar chuid de chumas a thógáil laistigh den Chomhairle.
- Leanadh ar aghaidh ag bainistiú an Chláir um Ghníomhú ar son na hAeráide sa Phobal, trí mheasúnú a dhéanamh ar gach iarratas chuig an gciste agus leithdháileadh breis is €800,000 ar 19 bpobal ar fud Luimnigh chun tionscnaimh áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm. Chun tacú leis seo, reáchtáladh roinnt ceardlann agus seisiún eolais ar fud an chontae agus ar líne.
- Dul i ngleic leis an gcéad ghlúin eile ar Ghníomhú ar son na hAeráide trí rannpháirtíocht i gClár na nGnóthachtálaithe Sóisearacha agus i dtionscnaimh eile le scoileanna agus coláistí.

Bainistíocht Fuinnimh

Tá an Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh (FBM) freagrach as monatóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thionscnaimh chun tomhaltas fuinnimh foriomlán a laghdú ar fud na Comhairle agus as tuarascáil a dhéanamh ina leith. Tacaíonn Innealtóir Fuinnimh leis an FBM le tacaíocht ó Ghníomhaireacht Fuinnimh Luimnigh an Chláir. Le linn 2024, tá na nithe seo a leanas curtha i gcrích ag an FBM:

- Tháinig siad le chéile ar bhonn ráithiúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le tomhaltas fuinnimh foriomlán a laghdú i gcomhréir leis an sprioc náisiúnta de laghdú 50% faoi 2030. Tuairiscítear na sonraí tríd an tairseach Monatóireachta agus Tuairiscithe ÚFIÉ.
- Coinníodh an Córas Bainistíochta Fuinnimh (CBF) de réir chaighdeán ISO 50001, lena n-áirítear iniúchtaí inmheánacha a chur i gcrích agus iniúchadh seachtrach NSAI a éascú.
- Nuashonraíodh an clár foirgneamh do gach foirgneamh tráchtála a bhaineann le LCCC
- Cuireadh tús le réiteach TF a úsáid chun bailiú sonraí fuinnimh ó gach cearn den Chomhairle a uathobriú.
- Oibríodh i gcomhar léinar gcomhghleacaithe i gComhairlí Contae an Chláir agus Chiarraí chun Biúró Fuinnimh a bhunú san Iarthar Láir atá ag dul isteach sa chlár maoinithe “Pathfinder” ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Soláthar trí iniúchta fuinnimh do Halla na Cathrach, Halla an Chontae agus Teach Lios an Fhálaigh.
- Bunaíodh creat aonpháirtí chun iniúchtaí fuinnimh a ullmhú ar fud na comhairle.
- Rinneadh maoirsiú ar aistriú na gcuntas leictreachais go Energia (soláthraí leictreachais de chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais ag cinntiú go bhfuil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag baint úsáid as na rátaí is fearr atá ar fáil.

Saotharlann Nuálaíochta Saoránach

Tá an tSaotharlann Nuálaíochta Saoránach (SNS) lonnaithe i bhfoirgneamh ar Champas Lár na Cathrach OL ar Shráid an tSáirséalaigh i gcomhpháirtíocht le OL. Tá an SNS deartha mar áit le haghaidh breathnóireachta, comhchruthaithe agus turgnamhaíochta. Áit inar féidir le daoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú don chathair. Tríd an tSaotharlann Nuálaíochta Saoránach is féidir le daoine oibriú le chéile chun freagairtí áitiúla ar na dúshláin atá romhainn a fhiosrú. Beidh teicneolaíochtaí nua, deiseanna nua agus athruithe inár saol laethúil i gceist le bheith i do chathair atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Is é sprioc na Saotharlainne Nuálaíochta Saoránach ná cabhrú le daoine a chumhachtú chun páirt a ghlacadh, chun an todhchaí seo a chomhchruthú le chéile. Áirítear sa spás Faireachlann Saoránach, Mol Rannpháirtíochta, ardán digiteach agus clár imeachtaí. Tá sé comhlonnaithe le Scoil na hAiltireachta in Ollscoil Luimnigh Fab Lab Luimneach. Oibríonn na trí spás fhisiciúla ar leith le chéile le hardán digiteach chun spás a chur ar fáil do rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht saoránach.

Tá an SNS mar chuid de Lónra Eorpach na Saotharlanna Maireachtála (ENOLL) agus d'óstáil sé roinnt imeachtaí le linn na bliana, lena n-áirítear; Thug an tAire Niall Collins cuairt ar an tSaotharlann Nuálaíochta Saoránach i mí an Mhárta le haghaidh cruinnithe le Seomraí Tráchtála Luimnigh agus na Sionainne, roinnt imeachtaí le haghaidh Fhéile Foghlama Ar Feadh an tSaoil Luimnigh lena n-áirítear Sábháilteacht ar Bhóithre do Rothaithe Óga agus Níos Óige, agus Acmhainneacht a Dhíghlasáil: Ceardlann i mí an Mheithimh ar Mháistreacht a fháil ar do Chonair Foghlama agus ar Thuiscint na hIntleachta, Comhairlí Fhoirgnimh Ghlasa na hÉireann ag Laghdú Astaíochtaí Carbóin trí Dhlúthfhás Uirbeach. Dhírigh an cheardlann sin ar fhorbairt uirlise measúnaithe carbóin le haghaidh forbartha uirbí. Ina theannta sin, d'óstáil an tSaotharlann ceardlanna braiteoirí cliste SMARTLAB, seisiún buail isteach agus imeachtaí faisnéise a dhéanann iniúchadh ar ghlacadh

SRI in Éirinn, agus bhain LCCC úsáid as spás na Saotharlainne Nuálaíochta Saoránach le haghaidh roinnt imeachtaí rannpháirtíochta poiblí.

I mí Mheán Fómhair, tugadh aird ar obair na Saotharlainne Nuálaíochta Saoránach ag 79ú Cruinniú Mullaigh Eolaíochta Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac. Tugadh cuireadh d'fhoireann ó Ollscoil Luimnigh agus ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chuig an gCruinniú Mullaigh chun rath na Saotharlainne a roinnt maidir le saoránaigh, taighdeoirí agus rialtas áitiúil a thabhairt le chéile i dtreo gníomhú nuálach ar son na haeráide inár gcathair. Ghlac foireann na Saotharlainne páirt i seisiún le hionadaithe ó oifig Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus ón gCoimisiún um Chomhpháirteachas Poiblí Nua-Eabhrac. Mar bhall de Lónra Eorpach na Saotharlann Beo (ENOLL), chuaigh an fhoireann isteach i dtoscaireacht ENOLL a léirigh obair saotharlanna beo mór le rá san Eoraip atá speisialaithe i ngníomhú ar son na haeráide. Phléigh an fhoireann oidhreacht agus gníomhaíochtaí reatha na Saotharlainne ag an gCruinniú Mullaigh Eolaíochta agus roinn siad ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail lena n-áirítear:

- Aer Glan le Chéile Chathair Luimnigh - tionscadal eolaíochta saoránach i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), ag earcú 400 rannpháirtí chun cáilíocht an aeir a thaifeadadh ina gceantair áitiúla.
- Stiúideo Cathrach - saotharlann nua do shaoránaigh, rialtas áitiúil agus comhoibriú ollscoile. Tá an stiúideo dírithe ar thodhchaí na cathrach agus ar thábhacht an dearaidh mar chatalaíoch do phlean gníomhaíochta Luimnigh ar son na haeráide. Reáchtáladh an chéad chlár rannpháirtíochta i mí Mheán Fómhair.

Tionscnaimh Mhaoinithe

+CITYXCHANGE

Tá Luimneach ar cheann de dhá chathair ‘teach solais’ de chuid an Aontais Eorpaigh a roghnaíodh le haghaidh mórchlár píolótach um athrú aeráide a thabharfaidh ceannaireacht don chuid eile den Eoraip maidir le conas lorg carbóin na gceantar uirbeach a laghdú go mór. Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach trí Fhís 2020, is é an aidhm fhoriomlán ná triail a bhaint as cineálacha nua teicneolaíochta agus réitigh phobail chun cathair dhearfach fuinnimh a dhéanamh de Luimneach – cathair a tháirgeann níos mó fuinnimh ná mar a ídionn sí. Tá súil aige tionchar a imirt ar iompar saoránach maidir le fuinneamh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le bogadh chuig todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe. Cuireadh an tionscadal i gcrích go foirmeálta i mí Dheireadh Fómhair 2023. Lean an tuairisciú ar aghaidh go dtí 2024, áfach, agus cheadaigh an Coimisiún Eorpach an tionscadal go hoifigiúil i mí na Nollag. Le linn an tionscadail cuireadh roinnt táirgí insoláthartha tionscadail i gcrích agus tá siad ar fáil go poiblí anois ar shuíomh gréasáin + CityXChange www.cityxchange.eu

Saotharlann Foirgneamh Cliste

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le OL, Réitigh Comhshaoil Chomhtháite Taighde agus Forbartha (IES T&F) agus an Convex Lens tús le tionscadal ar thacaigh ÚFIÉ leis chun saotharlann i dtaca le foirgnimh chliste a chruthú. Leis an tionscadal, baineadh úsáid as réimse braiteoirí i mbreis is 60 foirgneamh i lár na cathrach lena ndearnadh tomhas ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear úsáid fuinnimh, teocht, bogthaise etc. Soláthrófar tuiscint níos fearr ar fheidhmíocht an tsoláthair tithíochta sa chathair leis an aschur agus soláthrófar bonn fianaise leis le haghaidh fhorbairt na dtionscnamh amach anseo chun tacú le soláthar foirgneamh stairiúil a athchóiriú.

Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI)

Is tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh é an clár TSI lena soláthraítear tacaíocht dhíreach do chomhlachtaí poiblí. Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le OPW, maoiniú chun sainchomhairle a sholáthar chun tacú le ciste infheistíochta inbhuanaithe a bhunú chun dlús a chur le hiarfheistiú domhainfhuinnimh an stoic fhoirgnimh stairiúil i lár na cathrach ar dtús agus ar fud an chontae ina dhiaidh sin. Tá clár oiliúna saincheaptha forbartha ag an tionscadal maidir le hiarfheistiú foirgneamh stairiúil a chuirfear ar fáil i mí Eanáir 2025.

Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide – Síolta Glasa

Is comhoibriú de chuid na Saotharlainne Nuálaíochta Saoránach é Síolta Glasa idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (Oifig an Ealaíon agus Gníomhú ar son na hAeráide) Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire Gan Smál, Forbairt Bhealach Eabhra agus meantóirí Javi Buron Garcia agus Dr. Veronica Santorum, arna maoiniú ag Éire Ildánach. Tá an tionscadal ag tacú le comhpháirtíochtaí cruthaitheacha pobail chun acmhainn a fhorbairt maidir le dícharbónú i gcathair agus i gcontae Luimnigh. Tugtar tacaíocht do phobail le ceardlanna praiticiúla ar scéalaíocht chomh maith le hoiliúint oideachais agus forbairt acmhainne. Leanfaidh an tionscadal ar aghaidh ar feadh 2025.

Dúshlán na gCathracha Cliste

Is tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é Dúshlán na gCathracha Cliste (DCC) a thacaíonn le cathracha Eorpacha i dtreo aistriú glas agus aistriú digiteach a ngeilleagar áitiúil, trí Mhargáí Glasa Áitiúla.



Tréidliachta

Rialú Madraí

Tá sé de chúram ag an bhFoireann Seirbhísí Tréidliachta an tAcht um Rialú Madraí 1986 agus Rialacháin ghaolmhara a fhorfheidhmiú. Tá beirt mhaor madraí fostaithe agus aon chúntóir conchró ag an gComhairle a bhfuil an Tearmann Madraí lonnaithe ag an Suíomh Taitneamhachta Cathrach ag Mungairit á reáchtáil acu.

In 2024, dhéileáil an Fhoireann um Rialú Madraí le 1,793 cás/gearán SugarCRM le linn 2024

- Próiseáladh 201 madra sa Tearmann Madraí i rith na bliana, bhí 19 acu de mhianach Bulaí Ollmhóir
- Fuarthas úinéir nua do 124 de na madraí seo, éilíodh 31 acu ar ais agus cuireadh 46 acu chun suain
- Eisíodh 8,906 ceadúnas madra in 2024
- Eisíodh 2645 Fógra agus 14 Fhíneáil

Rinne na Maoir Madraí clár pleanáilte iniúchtaí ar gach ceann de na 22 Ionad Pórúcháin Madraí atá cláraithe le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh bunaithe ar mheasúnú riosca.

Tháinig cosc ar Mhadraí den mhianach Bulaí Ollmhóir i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair. Ón 1 Deireadh Fómhair 2024, tá sé mídhleathach madra den mhianach Bulaí Ollmhóir a iompórtáil, a phóru, a aistriú chuig malairt áitribh nó a athdhíol. Ón 1 Feabhra 2025, beidh sé in aghaidh an dlí a bheith i d'úinéir ar mhadra den mhianach Bulaí Ollmhóir gan deimhniú díolúine.

Bhí tuilleadh comhoibrithe idir an fhoireann um Rialú Madraí agus an Garda Síochána in 2024 go háirithe maidir le forfheidhmiú na rialachán a bhaineann le pórtáil srianta. D'oibrigh na Maoir Madraí i gcomhar leis na Gardaí le linn roinnt oibríochtaí pleanáilte agus, i mí Dheireadh Fómhair, rinne siad sraith patról comhpháirteach chun madraí a rialú. Seoladh feachtas meán, agus cuireadh comharthaíocht nua in airde sna páirceanna chun a bhfreagrachtaí a mheabhru d'úinéirí madraí.



An Ceannfort Ollie Kennedy (Baile an Róistigh), Keith McNamara (Maor Madraí Luimnigh), An Garda Martin Mulcahy (Stáisiún Gardaí Bhaile an Róistigh), Ollie Moran (Maor Madraí Luimnigh), An Garda Rebecca Finn (Stáisiún Gardaí Bhaile an Róistigh), agus an tArd-Ceannfort Derek Smart (Rannán Luimnigh)

Rialú Capall

Leanann an Fhoireann um Rialú Capall ag obair i gcomhar le rannóga eile de chuid na Comhairle, leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an nGarda Síochána chun an reachtaíocht ábhartha maidir le rialú capall a fhorfheidhmiú.

[Príomh-aschuir maidir le Rialú Capall le linn 2024;](#)

- Dhéileáil an Fhoireann um Rialú Capall le 89 cás
- Próiseáladh 87 capall sa Phóna Capall
- Tugadh 63 díobh d'úinéirí nua
- Tugadh 24 ar ais dá n-úinéirí

Sábháilteacht Bia

Leanadh ar aghaidh le conradh seirbhíse Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) leis an gComhairle le haghaidh rialuithe oifigiúla maidir le sábháilteacht bia sholáthar in 2024. Ón 1 Eanáir 2025, aistreofar an tseirbhís maidir le sábháilteacht agus rialú bia ina hiomláine ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dtí an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).

[Príomh-aschuir maidir le Sábháilteacht Bia le linn 2024;](#)

- Cuireadh rialuithe tréidliachta oifigiúla i gcrích ag sé sheamlas, 11 áitreabh próiseálaithe feoil agus gnólacht bia cláraithe amháin
- Rinne Cigire Tréidliachta scrúdú ar na hainmhithe uile a bhí ceaptha le dul chun maraithe le bheith mar bhia don duine roimh agus i ndiaidh an mharaithe.

Rialú Comhshaoil

Bonneagar Dramhaíola

Áirítear dhá láithreán líonta talún dúnta leis an mbonneagar atá á bhainistiú ag an Rannóg seo atá á mbainistiú faoi cheadúnais arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá ceann acu suite ar an gCosán Fada i gceantar na Cathrach agus an ceann eile suite i nGort an Droma in aice le Seanghualainn. De réir sonraí don chéad aon mhí dhéag den bhliain, baineadh úsáid as gás an láithreáin líonta talún ag Gort an Droma chun beagnach 2,497 MW (meigeavatanna) de leictreachas a ghiniúint rud a gineadh glanioncam measta de €136,869 in 2024. Ceapadh comhairleoirí i mí na Nollag 2024 le haghaidh tuilleadh oibreacha feabhsúcháin ag láithreán líonta talún an Chosáin Fhada. Ina theannta sin, tá 26 láithreán líonta talún stairiúil i Luimneach–iar-líonta talún a bhí á n-oibriú ag an gComhairle sular tugadh ceadúnú isteach.

Tá 65 banc athchúrsála á reáchtáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar fud an chontae, rudaí a chuireann ionaid fágála áisiúla agus inrochtana ar fáil le haghaidh athchúrsáil gloine, cannaí agus teicstílí. Is cuid thábhachtach de straitéis bainistíochta dramhaíola na Comhairle iad na bainc athchúrsála seo, a spreagann an pobal chun athchúrsáil a dhéanamh agus ag cuidiú le méid na dramhaíola a théann chuig láithreáin líonta talún a laghdú.

Mar aon leis na bainc bhuidéal, tá trí ionad athchúrsála á reáchtáil ag an gComhairle atá suite go straitéiseach i Mungairit, sa Chaisleán Nua agus i gCill Mocheallóg. Cuireann na hionaid seo réimse níos leithne seirbhísí athchúrsála ar fáil do chónaitheoirí, agus glacann siad le hábhair ar nós cairtchláir, plaisteach, miotail agus dramhaíl leictreonach. Tá gach ionad athchúrsála deartha chun raon leathan cineálacha dramhaíola a láimhseáil, rud a chinntíonn go bhfuil na saoráidí riachtanacha ag cónaitheoirí chun ábhair in-athchúrsáilte a dhiúscairt go freagrach.

Chun diúscairt fhreagrach dramhaíola a chur chun cinn, reáchtálann an Chomhairle laethanta speisialta bailiúcháin dramhaíola ag amanna éagsúla i rith na bliana. Cuireann na himeachtaí seo bealach sábháilte agus áisiúil ar fáil chun cineálacha sonracha dramhaíola a bhfuil láimhseáil speisialta ag teastáil uathu a dhiúscairt.

Rialú Dramhaíola

Rialaítear saoráidí dramhaíola agus bailitheoirí dramhaíola i Luimneach faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoi na Rialacháin ghaolmhara. Cé go ndéanann an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola údaruithe bailitheoirí dramhaíola, déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iad a fhorfheidhmiú. Táimid freagrach freisin as Deimhnithe Clárúcháin agus le hlonaid Ceadanna Saoráide Dramhaíola a eisiúint agus monatóireacht a dhéanamh orthu laistigh den chontae.

Faoi dheireadh 2024, bhí an Chomhairle freagrach as 25 Deimhniú Clárúcháin reatha agus 38 Cead Saoráide Dramhaíola a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú. Chomh maith leis sin, tá sí freagrach as forfheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar 78 Bailitheoir Dramhaíola Údaraithe. Ní mór monatóireacht rialta a dhéanamh ar gach údarú chun comhlíonadh a n-oibleagáidí reachtúla a chinntiú.

Foireann Torainn Aeir agus Uisce

Tá an Fhoireann Torainn Aeir agus Uisce freagrach as reachtaíocht chomhshaoil a chur i bhfeidhm atá dírithe ar cháilíocht an uisce agus cáilíocht an aeir a chosaint agus a fheabhsú agus torann agus núiseanna eile a chosc nó a mhaolú.

Caighdeán Aeir

Leanadh le hiarrachtaí suntasacha in 2024 chun feasacht a ardú faoi na Rialacháin maidir le Breoslaí Soladacha agus an cosc ar mhargaíocht, díol, dáileadh nó dó breoslaí toiteacha. Tugadh faoi fheachtais feasachta trí phóstaeir agus na meáin shóisialta a úsáid. Chuir baill foirne na

Comhairle cigireachtaí i gcrích ar mhiondíoltóirí agus mórdhíoltóirí breosla. Chomhordaigh an Chomhairle tionscadal samplála le hocht n-údarás áitiúil freisin, inar seoladh táirgí guail agus adhmaid chuig saotharlann chreidiúnaithe sa Ríocht Aontaithe chun cion sulfair a thástáil. Déanfar gníomhartha forfheidhmiúcháin breise bunaithe ar thorthaí an tionscadail seo.

Torann

Leanann an Roinn ar aghaidh ag freagairt do ghearáin a líomhnaíonn núis torainn. I rith na bliana, rinneadh roinnt suirbhéanna i limistéir timpeall ar áiteanna tionsclaíocha agus tráchtála chun leibhéil torainn a mheas agus aon saincheisteanna a aithint.

Cáilíocht Uisce

I measc na réimsí sonracha gníomhaíochta a bhain le cáilíocht uisce in 2024 bhí cur i bhfeidhm na gclár beart faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD), go háirithe maidir le talmhaíocht, tionscail neamhshéaraigh agus dabhcha séarachais.

Chríochnaigh an Chomhairle 61 cigireacht ar dhabhcha séarachais a sannadh di faoi Phlean Cigireachta Náisiúnta GCC. Bhí 55 cigireacht céaduaire agus 6 chigireacht fíoraithe i gceist leis seo. As na cigireachtaí céaduaire seo, measadh go

raibh 23 díobh comhlíontach, agus mar thoradh ar 32 díobh, eisíodh fógraí comhairleacha a d'éiligh tuilleadh oibre.

Ceadúnú Sceite

Tá an Chomhairle freagrach as sceitheadh eisilteach trádála agus séarachais chuig uisce ó thionscail nach bhfuil ceangailte leis an gcóras séarachais phoiblí a cheadúnú. Tá 37 ceadúnas gníomhach i bhfeidhm faoi láthair a chlúdaíonn réimse áiseanna lena n-áirítear óstáin, tithe altranais, cairéil agus áitribh thionsclaíocha éagsúla. Rinneadh scagadh cúramach ar na ceadúnais seo go léir lena chinntiú go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leo comhoiriúnach le hoibleagáidí na Comhairle chun cáilíocht uisce a chothabháil agus a fheabhsú. Déanann an próiseas scagtha measúnú ar cibé an bhfuil na teorainneacha sceite agus na coinníollacha oibríochtúla sna ceadúnais comhoiriúnach le caighdeáin agus rialacháin chomhshaoil, agus ar an gcaoi sin na hacmhainní uisce áitiúla a chosaint. Déanann an Chomhairle monatóireacht ghníomhach ar an sceitheadh seo chun comhlíonadh a áirithiú agus chun gníomh ceartaitheach a ghlacadh nuair is gá, chun bainistíocht inbhuanaithe ar cháilíocht an uisce sa réigiún a chur chun cinn.



**AIRGEADAS,
FORBAIRT
EACNAMAÍOCHTA,
SEIRBHÍSÍ
DIGITEACHA
AGUS TFC**





ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Ráiteas Airgeadais Bliantúil don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

Athbhreithniú ar an gClár Comhardaithe

Léiríonn an Clár Comhardaithe a chuirtear i láthair go raibh Sócmhainní Seasta de €3,496M ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus €225M mar Obair Idir Lámha amhail an 31 Nollaig 2024.

Caiteachas caipitiúil agus ioncam do 2024 & 2023. B'ionann ioncam caipitiúil agus €287.1m in 2024, i gcomparáid le figiúr 2023 de €239.6m. Bhain deontais le 85% den ioncam caipitiúil iomlán in 2024.

B'ionann na céatadáin bhailithe do Rátaí Tráchtála agus 95% (i gcomparáid le 94% in 2023) agus b'ionann na céatadáin bhailithe le haghaidh lasachtaí Tithíochta agus 88% agus Cíosanna Tithíochta (le hÍocaíocht Cúnaimh Tithíochta/ÍCT san áireamh) de 95%.

Athbhreithniú ar Chaiteachas Ioncaim

B'ionann caiteachas ioncaim don bhliain agus €928,251,686 roimh aistriú. B'ionann an t-aistriú chuig cúlchistí agus €9,649,389, rud a thugann figiúr caiteachais iomláin do 2024 de €937,901,075. B'ionann ioncam iarbhair don bhliain agus €937,928,000, rud a fhágann barrachas ioncaim do 2024 de €26,925. Nuair a chuirtear leis an mbarrachas tosaigh de €956,037 é, tugann sé seo barrachas carntha de €982,962 amhail an 31 Nollaig 2024.

Is é an párolla an costas is suntasaí i gcónaí agus costas párolla iomlán de €100,372,491 in 2024. Tá an t-athrú idir 2024 agus 2023 mar gheall go príomha ar arduithe ar chomhaontuithe pá náisiúnta. Leanfar ar aghaidh ag scrúdú na gcostas pá agus an líon foirne le linn 2025 chun coigiltis bhreise a aithint nuair is féidir.

Déantar achoimre ar an gcaiteachas de réir príomhréimse caiteachais mar seo a leanas:

	2024 €	% den Chaiteachas	2023 €	% den Chaiteachas
Párolla	100,372,491	10.7%	90,827,495	9.9%
Costais oibríochta	783,181,807	83.5%	768,723,678	84.0%
Costais riaracháin	18,146,422	1.9%	18,188,958	2.0%
Costais bhunaithe	6,764,837	0.7%	5,150,132	0.6%
Costais airgeadais	8,765,120	0.9%	7,663,184	0.8%
Ilghnéitheach	11,021,008	1.2%	8,070,082	0.9%
Aistrithe chuig cúlchistí	9,649,389	1.0%	16,689,790	1.8%
Caiteachas iomlán	937,901,075	100%	915,313,319	100%

Athbheithniú Ioncaim

B'ionann ioncam isteach don bhliain agus €937,928,000. B'ionann é sin agus méadú €22,590,965 ar an ioncam iomlán in 2023 (€915,337,035). Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhfhoinsí ioncaim:

	2024 €	%	2023 €	%
Deontais agus Fóirdheontais	639,065,761	68%	616,645,310	67%
Ranníocaíochtaí ó údarais áitiúla eile	3,206,962	0%	3,630,679	0%
Earraí & Seirbhísí	208,273,022	22%	210,521,608	23%
	850,545,745	91%	830,797,598	91%
Cáin Mhaoine Áitiúil	21,329,591	2%	19,691,079	2%
Rátaí	64,012,409	7%	64,107,619	7%
Aistriú ó Chúlchistí	2,040,256	0.2%	740,739	0.1%
Ioncam Iomlán	937,928,000	100%	915,337,035	100%

Achoimre

Is é barrachas ioncaim do 2024 ná €26,925. Mar thoradh air sin, méadaítear an barrachas ioncaim carntha ag deireadh 2024 go €982,962 i gcomparáid le €956,037 ag deireadh 2023. Is léiriú an-dearfach é an barrachas carntha a choinneáil ar iarrachtaí na gcomhaltaí tofa agus na foirne chun staid airgeadais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhainistiú, agus léiríonn sé freisin iarrachtaí leanúnacha fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le luach ar airgead níos fearr a bhaint amach agus éifeachtúlachtaí foriomlána a mhéadú, rud atá ina bhunús tábhachtach don bhliain atá amach romhainn in 2025.

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2024

Tugann an Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas ar fad le chéile.

Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir rannán seirbhíse.

Caiteachas de réir Rannán

	Ollchaiteachas	Ioncam	Caiteachas Glan	Caiteachas Glan
	2024 €	2024 €	2024 €	2023 €
Tithíocht & Tógáil	741,932,609	740,824,464	1,108,144	683,655
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	53,080,569	32,007,009	21,073,560	19,794,643
Seirbhísí Uisce	13,767,003	13,670,084	96,919	(336,921)
Bainistíocht Forbartha	47,766,518	30,719,844	17,046,674	15,148,674
Seirbhísí Comhshaoil	39,426,523	11,128,941	28,297,582	25,358,962
Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí	16,951,004	1,281,239	15,669,765	14,524,522
Talmhaíocht, Bia agus Muir	1,105,478	393,933	711,545	693,876
Seirbhísí Ilghnéitheacha	14,221,983	20,520,230	(6,298,247)	(8,041,479)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	928,251,686	850,545,745		
Glanchoist na Rannán le maoiniú ó			77,705,942	67,825,932
Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				
Rátaí			64,012,409	64,107,619
Cáin Mhaoine Áitiúil			21,329,591	19,691,079
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain			7,636,059	15,972,767
Roimh Aistrithe				
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí			(7,609,134)	(15,949,051)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain			26,925	23,716
Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2024			956,037	932,321
Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2024			982,962	956,037

Ráiteas Faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)
Amhail an 31 Nollaig 2024

	2024 €	2023 €
Sócmhainní Seasta		
Oibriúchán	931,452,132	861,106,312
Bonneagar	2,521,242,907	2,520,873,582
Pobal	12,228,648	12,363,821
Neamhoibríoch	30,709,952	30,716,274
	3,495,633,640	3,425,059,988
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	225,301,480	186,975,279
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	162,040,710	159,451,892
Sócmhainní Reatha		
Stoic	374,083	335,474
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	61,816,081	53,331,355
Infheistíochtaí Bainc	108,089,647	139,888,418
Airgead tirim sa Bhanc	1,322,756	1,929,378
Airgead Tirim Faoi Bhealach	2,912	2,912
	171,605,479	195,487,536
Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bhainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	91,081,318	103,081,758
Léasanna Airgeadais	-	-
	91,081,318	103,081,758
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)	80,524,162	92,405,778
Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	154,872,202	160,943,418
Léasanna Airgeadais	0	0
Taiscí in-aisíoctha	7,059,239	6,041,057
Eile	59,424,238	48,409,254
	221,355,678	215,393,730
Glansócmhainní	3,742,144,313	3,648,499,207
Arna léiriú ag		
Cuntas Caipitlithe	3,495,633,640	3,425,059,989
Ioncam OIL	197,294,880	167,482,105
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	982,962	956,037
Cúlchistí Sonracha Eile	-	-
Iarmhéideanna Eile	48,232,830	55,001,076
Cúlchistí Iomlána	3,742,144,313	3,648,499,207

Trádáil agus Infheistíocht

Tá sé de chúram ar an Aonad Trádála agus Infheistíochta tacú le gníomhaireachtaí stáit agus an lucht gnó, chun a chinntiú go bhfuil Luimneach suite chun infheistíocht agus cruthú post a mhealladh agus a éascú don chathair agus don chontae agus go bhfuil an t-éiceachóras cuí chuige sin aige. Oibríonn an Fhoireann go dlúth le gnóthaí reatha i Luimneach chun cabhrú leo fostaíocht a chothabháil agus/nó a mhéadú agus nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh sa Gheilleagar Oíche. Is príomhthosaíocht don fhoireann fós tacú leis an earnáil mhiondíola i lár chathair agus bhaile Luimnigh.

Déanann an fhoireann monatóireacht freisin ar fhorbairtí tionscail agus ar phríomhthreochtaí infheistíochta ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus iad ag obair chun margaíocht Luimnigh a neartú mar cheann scríbe infheistíochta i gcéin is i gcóngar. Ina theannta sin, treoraíonn an fhoireann Trádála agus Infheistíochta iarrachtaí idirnáisiúnaithe Luimnigh trí chomhpháirtíochtaí domhanda a chothú chun forbairt eacnamaíoch a thiomáint. Cuirtear é seo i gcrích trí rannpháirtíocht i líonraí idirnáisiúnta, comhaontuithe Comhchathracha, agus comhoibriú le hambasáidí eachtracha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ag feidhmiú in Éirinn.

I measc na ngarspriocanna suntasacha ó 2024 bhí na nithe seo a leanas:

Forbairt Gnó

- D'fhógair Ely Lilly leathnú \$1bn ar a saoráid i Luimneach, rud a dhúblóidh infheistíocht an ghnólachta sa Ráithín agus ag cruthú 150 post nua. Tugann an fógra seo infheistíocht iomlán Eli Lilly i Luimneach go \$2bn. Mar chuid den leathnú sin, cruthóidh Lilly 150 post breise d'oibrithe ard-oilte i Luimneach, lena n-áirítear ról d'innealtóirí, eolaithe, speisialtóirí dearbhaithe cáilíochta, agus pearsanra oibriúcháin.
- D'fhógair Everise, gnólacht cúraim custaiméirí, go bhfuil 100 post nua cruthaithe ina oifig i lár na cathrach. Tá an gnólacht, a bhfuil a

cheanncheathrú i Florida, lonnaithe i Luimneach ó 2016 agus oibríonn sé ó áitreabh 5,800 troigh chearnach ar Shráid Thomáis.

- D'fhógair Cargon Global Solutions 100 post breise ina mhol T&F Éireannach i Luimneach.
- I mí na Bealtaine, fuair Mavarick, gnólacht nuathionscanta IS (Intleachta Saorga) atá lonnaithe i Luimneach, €1.3 milliún de mhaoiniú chun tacú lena phleananna fáis idirnáisiúnta. Lonnaithe i bhFoirgneamh ENGINE ar Shráid Shisil, Luimneach, tacaíonn an chuideachta bogearraí le monaróirí chun a n-inbhuanaitheacht agus a n-éifeachtúlacht a fheabhsú trí úsáid carbóin agus fuinnimh a rianú den chuid is mó ar fud a n-oibríochtaí.
- Tá Ionad Barr Feabhais do T&F bunaithe ag North American Bancard (NAB) i gCathair Luimnigh. Is cuideachta teicneolaíochta airgeadais bunaithe i SAM é NAB, agus meastar go gcruthóidh an t-ionad 54 post nua. Tá ceanncheathrú North American Bancard lonnaithe in Troy, Michigan, SAM, agus aithnítear é mar cheannaire ó thaobh nuálaíochta teicneolaíochta íocaíochta de.
- I mí Mheán Fómhair, d'oscail WHOOP, an chuideachta teicneolaíochta sláinte agus folláine inchaite, oifig nua go hoifigiúil ag suíomh Gardens International. Lena cheanncheathrú i mBostún, Massachusetts, forbraíonn WHOOP gléasanna a dhéanann monatóireacht ar mhéadrachtaí eolaíocht bhunaithe amhail inathraitheacht ráta croí, scíthrata croí, agus ráta riospráide.
- I mí Dheireadh Fómhair, ghlac an fhoireann Trádála agus Infheistíochta páirt i dtairiscint faoi stiúir Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh don tionscnamh Forge Design Factory. Lorgaíodh san iarratas chuig Fiontraíocht Éireann síolchistiú chun bonneagar dearthóireachta agus forbairt moil lárnaigh a iniúchadh, bunaithe ar mhúnla Design Factory Idirnáisiúnta. Ceadaíodh an t-iarratas ar €200,000
- Grúpa Saineolaithe FB Manna – D'éascaigh Trádáil agus Infheistíocht bunú Grúpa Saineolaithe FB Manna do Luimneach. Tá an grúpa faoi chomhchathaoirleacht Mhéara

Luimnigh, John Moran, agus an Comhairleoir Peter Doyle, agus tá sé de chúram air plean gníomhaíochta 5 bliana a fhorbairt chun earnáil FBManna Luimnigh a fhorbairt. Is é an príomhchuspóir ná timpeallacht ghnó Luimnigh a dhaingniú agus a neartú, tacú le ról ríthábhachtach FBManna mar bhunús don gheilleagar áitiúil, agus fás san earnáil a éascú.

- Feachtas Margaíochta Infheistíocht a dhéanamh i gCathair Luimnigh – Tá ábhar margaíochta cruthaithe ag an bhfoireann Trádála agus Infheistíochta, lena n-áirítear físeán, a léiríonn fíis na cathrach don todhcháil.

Miondíola

Dearbhán Bronntanais Luimnigh - Seoladh dearbhán bronntanais nua Luimnigh ar an 27 Samhain in Óstán an Strand, Luimneach, agus is é an aidhm atá ann ná tacú le gnólachtaí áitiúla trí chaiteachas áitiúil a choinneáil agus caiteachas nua a mhealladh chuig an gcontae. Chuir Dearbhán Bronntanais Luimnigh nua borradh suntasach faoin ngeilleagar áitiúil, agus €118,000 caite ar an gcárta i mí na Nollag amháin, rud a chabhraigh le tacú le gnólachtaí áitiúla trí chaiteachas tomhaltóirí a choinneáil agus a mhealladh isteach sa chontae. Tacaíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis an Dearbhán Bronntanais Luimnigh i gcomhpháirtíocht le Cumann Tráchtála Luimnigh. Tá an Dearbhán Bronntanais ar fáil mar chárta bronntanais fisiciúil nó mar r-chárta is féidir a chur le sparán digiteach. Is féidir cártaí a chaitheamh sa chathair agus sna bailte máguaird,



Dearbhán Bronntanais Luimnigh



Taispeántas Nollag Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh

ar nós an Chaisleáin Nua, Áth Dara, Mhainistir na Féile, Chill Mocheallóg agus Ráth Caola. Glacann breis is 177 gnólacht leis an Dearbhán Bronntanais Luimnigh nua, le gnólachtaí neamhspleácha agus brandaí Éireannacha mór le rá san áireamh. Cuirfidh cárta bronntanais nua Luimnigh infheistíocht inláimhsithe ar fáil i roinnt earnálacha lena n-áirítear miondíol, fáilteachas, fóillíocht agus seirbhísí, rud a rachaidh chun tairbhe don gheilleagar lae agus oíche araon.

Debenhams – I mí na Nollag, d'éascaigh an fhoireann Trádála agus Infheistíochta oscailt shealadach sheanfhoirgneamh Debenhams ar Shráid Uí Chonaill do Thaispeántas Nollag Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh. Bhí saothair ó bhreis is 100 ealaíontóir áitiúil cumasach le feiceáil ann.

Lidl - I mí Lúnasa, d'fhógair an miondíoltóir lasaine Lidl pleananna chun siopa nua a oscailt i dTamhlachtain, Baile Shíomoin faoin mbliain seo chugainn, forbairt atá ceaptha 30 post buan a chruthú. Beidh an siopa i dTamhlachtain ar an séú hionad ag Lidl i Luimneach.

The Works - D'fhógair an sreangsiopa miondíola The Works a phleananna chun siopa nua a oscailt ar Shráid Uí Chonaill. Tar éis beagnach dhá bhliain de bheith folamh, tá 121 Sráid Uí Chonaill in úsáid arís.




Austin Texas

Idirnáisiúnú

Comhaontú Comhchathrach le Austin -

D'éascaigh agus thionlaic an rannóg Trádála agus Infheistíochta an Méara John Moran ar chuairt idirnáisiúnta inar shínigh sé Comhaontú Comhchathrach le Austin, Texas, ceann de na hionaid chultúrtha agus thionsclaíocha is dinimiciúla sna Stáit Aontaithe. Rinneadh an comhaontú, ina leagtar amach gealltanais chomhroinnte chun comhoibriú i réimsí ar nós forbairt ghnó, eolaíochta agus teicneolaíochta, an gheilleagair chruthaithigh, oideachais, turasóireachta, agus forbairt uirbeach, a fhoirmiú ag searmanas ar an 5 Nollaig, ar ar fhreastail Méara Luimnigh, John Moran, agus Méara Austin, Kirk Watson. Cruthaítear sa chomhaontú nua creat freisin chun cumarsáid a choinneáil idir an dá chathair, lena n-áirítear cruinnithe bliantúla agus malartú smaointe agus dea-chleachtais. Mar chuid den searmanas freisin nochtadh comhartha Chomhchathair Luimnigh lasmuigh de Halla na Cathrach, Austin, sa chathair in Texas ina bhfuil beagnach milliún duine ina gcónaí ann.

Savannah, Georgia - I mí Lúnasa, bhí toscaireacht ó Savannah, Georgia, á óstáil ag an Rannóg Trádála agus Infheistíochta, d'fhoill naic eacnamaíocha agus chultúrtha idir Savannah agus Luimneach a neartú. Tá toscaireacht ó Savannah, lena n-áirítear an Méara Van Johnson, le filleadh ar Luimneach in



Austin Texas

2025 chun comhaontú foirmiúil 'Cathair Chairdis' a bhunú.

Gradam Cathracha agus Réigiún Eorpacha IDE

- Don dara bliain as a chéile, bhí Luimneach sa chéad áit i gcatagóir Micreachathracha Eorpacha na Todhchaí as a Straitéis Infheistíochta Dírí Eachtraí (IDE). Tugann an chatagóir seo aitheantas do cheantair uirbeacha a bhfuil daonra faoi bhun 100,000 iontu. Ainmníodh Luimneach sa dara háit sa chatagóir don dara bliain as a chéile freisin, agus baile Zug san Eilvéis ag coinneáil a chéad áite. Fuair Cathair Luimnigh ardrangú freisin i dtrí chatagóir bhreise: Caipiteal Daonna agus Stíl Mhaireachtála, Oiriúnacht do Ghnó, agus Acmhainneacht Eacnamaíoch. Tá na gradaim á reáchtáil ag FDI Magazine, iris nuachta idirnáisiúnta agus infheistíochta dírí eachtraí a fhoilsíonn

FDI Intelligence, rannán speisialtóra de chuid The Financial Times Teo. Déanann na gradaim meastóireacht ar chathracha agus réigiúin na hEorpa bunaithe ar a bhfeidhmíocht eacnamaíoch, airgeadais agus ghnó.

Asia Matters – Le tacaíocht ón Rannóg Trádála agus Infheistíochta, reáchtáil Asia Matters, an t-aon mheitheal mhachnaimh atá dírithe ar an Áise in Éirinn, cruinniú mullaigh gnó i Luimneach chun tionchar an Iarthair Láir ar an tSín a iniúchadh agus chun cabhrú le gnólachtaí áitiúla díriú ar chustaiméirí sa réigiún. Tionóladh an t-imeacht dhá lá, ar chomhoibriú é idir Ollscoil Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i bhfoirgneamh Engine i lár na cathrach agus in Ionad Phailliún na hOllscoile. Ba é téama chruinniú mullaigh Luimnigh ná “Nuálaíocht dhigiteach a spreagadh chun gnó domhanda a fhás.” I measc na gcainteoirí bhí Teachtaí Dála áitiúla agus ceannairí gnó.

Geilleagar Oíche

Roghnaíodh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar cheann de naoi suíomh phíolótacha arna maoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun an clár Geilleagair Oíche (GO) dhá bhliain a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis sin le ceapadh Comhairleora Geilleagair Oíche i mí Feabhra.

Mar chuid den píolóta, leagtar amach san achoimre seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh faoi na sé phríomhréimse freagrachta:

1. Sonraí áitiúla a bharrfheabhsú agus a chomhthiomsú
2. Comhairliúchán leathan
3. Struchtúir Mhaoinithe atá ann cheana a Athbhreithniú
4. Dúshlán / Deiseanna agus réitigh fhéideartha a shainaithint
5. Plean Gníomhaíochta Cuimsitheach a fhorbairt chun an GO a neartú
6. Coiste Geilleagair Oíche a bhunú

Déanfaidh Luimneach a dhícheall feabhas a chur ar bhailiú sonraí i gcomhthéacs GO agus moltaí á ndéanamh mar chuid den Phlean Gníomhaíochta. Is tosaíocht náisiúnta í bailiú sonraí fós, agus tá acmhainní breise á lorg chun tacú le hiarrachtaí leanúnacha chun sonraí a bhailiú.

Rinneadh clár fairsing comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i rith 2024. Áiríodh leis seo suirbhéanna tuisceana a dhírigh ar pháirtithe leasmhara poiblí agus gnó araon, comhoibriú le comhpháirtithe earnálacha éagsúla, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara trí chuir i láthair agus ceardlanna.

I measc na bpríomhéachtaí i bhforbairt an GO bhí:

- Clár imeachtaí déanacha oíche de chuid Cruinniú na nÓg i gcomhar le Éire Ildánach ar an 15 Meitheamh
- Comhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh agus an Fhoireann Taistil Ghníomhaigh chun imeacht rothaíochta cathrach tráthnóna a reáchtáil, a chuireann úsáid rothar agus gníomhaíochta i lár na cathrach chun cinn
- Pictiúrlann shealadach i dtrí shuíomh i lár na cathrach thar thréimhse trí seachtaine
- Oscailt dhéanach Chaisleán Luimnigh le linn Sheachtain na hOidhreacht
- Clár oscailte déanach san oíche do Mhúsaem Hunt le siamsaíocht oíche amháin sa tseachtain thar seacht seachtaine
- Margaí oíche téamacha seachtainiúla a reáchtáiltear oíche amháin sa tseachtain thar thréimhse míosa
- Tacaíocht chun taispeántas scannán lasmuigh a reáchtáil i gcomhar le Film Limerick

Léirigh torthaí an tsuirbhé go gcreideann an pobal níos leithne go bhfuil easpa gníomhaíochtaí oíche ann, go háirithe imeachtaí atá oiriúnach do theaghlaigh nach bhfuil dírithe ar alcól. Dá réir sin, tugadh isteach Scéim Deontais Nuálaíochta GO chun maoiniú a sholáthar do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair chun coincheapa nua a thriail i lár na cathrach agus chun tacú le tuairisciú ar thionscnaimh rathúla.



Oíche Chultúir Luimnigh

Tá an Plean Gníomhaíochta do Gheilleagar Oíche Luimnigh i ndrúchtfhoirm faoi láthair agus ag fanacht le ceadú ón gCoiste Stiúrtha sula gcuirfear faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) é agus sula síneoidh na Comhairleoirí é sa deireadh. Seo a leanas na príomhcholuín atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta an GO, arb iad na príomhréimsí fócais iad d'fhorbairt Gheilleagar na hOíche:

- Imeachtaí, eispéiris agus gníomhaíochtaí a fheabhsú
- Tacaíocht do mhiondíol agus d'fháilteachas
- Feabhsú ar chomhfhorbairt áite agus ar an réimse poiblí
- Iompar agus rochtain fheabhsaithe
- Infheictheacht agus cumarsáid shoiléir chun tacú leis an GO

Tá cuspóirí agus príomhghníomhartha gaolmhara ag gabháil le gach colún. Tá siad seo ailínithe le Clár Méarachta Luimnigh chun cur chuige cuíchóirithe agus ionchur ó rannóga ábhartha éagsúla a chinntiú.

SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA

Oifig Leathanbhanda/ Teileachumarsáide

Le linn 2024, lean an Oifig Leathanbhanda/Teileachumarsáide ag tacú le Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann chun leathanbhanda ardluais a chur i bhfeidhm i Luimneach. Go dtí seo, tá €84m infheistithe i Luimneach. As 22,000 áitreabh atá san áireamh sa tionscadal:

- Tá stádas 'Suirbhé ar Feitheamh' ag 0% d'áitribh
- Tá stádas 'Suirbhé Críochnaithe' ag 28% d'áitribh, suas ó 23% in 2023
- Tá stádas 'Tógáil Líonra ar Siúl' ag 21% d'áitribh, suas ó 4% in 2023
- Tá stádas 'Ar fáil le Réamh-Ordú/Ordú' ag 50% d'áitribh, suas ó 45% in 2023

Leanadh le tacaíocht a thabhairt do Phointí Nasctha Leathanbhanda le linn 2024.

Seirbhísí Digiteacha

In 2024, chuir foireann na Seirbhísí Digiteacha i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh roinnt tionscadail thábhachtacha i gcrích a raibh sé mar aidhm acu bonneagar digiteach agus seirbhísí a fheabhsú don phobal agus d'oibríochtaí inmheánacha na Comhairle araon. Áiríodh leis na tionscadail seo an t-aistriú go Dynamics 365, rolladh amach CapGov, uirlis rialachais tionscadail caipitil, forbairt uirlise tuairiscithe do Chlár an Mhéara, agus cruthú tosaigh painéil atá bunaithe ar shonraí.

An tAistriú go Dynamics 365

Céim mhór ab ea an t-aistriú go Dynamics 365 a raibh sé mar aidhm aici díriú ar chóras bainistíochta ar chaidreamh le custaiméirí (CBCC) na Comhairle. Bhain an tionscadal seo le haistriú ón gcóras Sugar CRM atá ann cheana féin ar an láthair go réiteach néalbhunaithe, rud a chuir feabhas ar inscálaitheacht, slándáil agus feidhmiúlacht. Bhain an t-aistriú le rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara, aistriú sonraí, agus comhtháthú le córais atá ann cheana féin. Faoi dheireadh 2024, bhí an córas CBCC nua curtha i bhfeidhm go hiomlán, rud a chuir feabhas ar fheidhmiúlacht chun caidrimh custaiméirí a bhainistiú agus chun éifeachtúlacht oibríochtaí inmheánacha a mhéadú.

Cur i bhFeidhm CapGov

Is uirlis rialachais airgeadais é CapGov atá deartha chun tacú le hoibríochtaí inmheánacha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Deartha chun maoirseacht agus cuntasacht do thionscadail chaipitil a neartú, cuireann an uirlis creat struchtúrtha ar fáil do rialachas ardleibhéil tionscadail. Simplíonn CapGov bainistíocht cásanna gnó, cairteacha tionscadal, leithdháiltí buiséid, agus ceaduithe trí shreafaí oibre cuíchóirithe agus próisis uathoibrithe. Is éard a bhí i gceist le cur i bhfeidhm CapGov ná dearadh agus tógáil an fheidhmchláir ag baint úsáid as Microsoft Power Apps, é a chomhtháthú le córais atá ann cheana féin ar nós SharePoint agus Agresso, agus a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán caighdeáin chosanta sonraí agus slándála. Feabhsaíonn an

uirlis rianú stádas tionscadal, garspriocanna, rioscaí agus saincheisteanna, rud a neartaíonn sa deireadh cumas na Comhairle tionscadail chaipitil a bhainistiú go héifeachtúil.

Aip Chlár an Mhéara

Cruthaíodh aip Chlár an Mhéara mar uirlis tuairiscithe inmheánaigh chun monatóireacht a dhéanamh ar úinéireacht, dul chun cinn agus cuntasacht le Clár an Mhéara a chur i bhfeidhm agus a thuairiscí. Le comhéadan atá furasta le húsáid agus nuashonruithe fíor-ama, tacaíonn an aip le monatóireacht agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thionscnaimh an Mhéara. Áiríodh taighde úsáideoirí, dearadh agus tástáil sa phróiseas forbartha chun a chinntiú go gcomhlíonann an aip riachtanais na Comhairle. Feidhmeoidh an aip mar uirlis riachtanach chun cur i bhfeidhm rathúil Chlár an Mhéara a rianú.

Ag tacú le Limerick.ie agus Córais Ghnó

I rith 2024, lean an fhoireann Seirbhísí Digiteacha de bheith ag forbairt agus ag feabhsú an ardáin Limerick.ie, chun a chinntiú gur acmhainn iontaofa agus furasta le húsáid é do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon. Choinnigh an t-ardán 100% d'aga fónaimh rith na bliana, gan aon éarthaí seirbhíse neamhphleanáilte tuairiscithe. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú ar na príomhfheidhmchláir dhigiteacha uile a úsáideann an Chomhairle go dtí na leaganacha is déanaí, rud a d'fheabhsaigh feidhmiúlacht, a dhírigh ar shaincheisteanna slándála, agus a chinntigh tacaíocht leanúnach do sheirbhísí rithábhachtacha na Comhairle. Chomh maith leis sin, rinne an fhoireann dul chun cinn ar dhearadh agus ar forbairt réiteach painéil don Chomhairle maidir le tuairisciú inmheánach agus seachtrach araon. Cuirfidh an córas seo bonneagar sonraí láidir ar fáil chun tacú le riachtanais na Comhairle go ceann na mblianta.

Tionscadail Eorpacha

Le linn 2024, lean Foireann Chlár an AE ag tacú le Ranna ar spéis leo páirt a ghlacadh i dtionscadail arna gcistiú ag an AE. Chomhoibrigh an fhoireann

freisin le páirtithe leasmhara éagsúla go háitiúil agus go hidirnáisiúnta chun deiseanna a thapú chun tacú leis an údarás áitiúil a chuspóirí a bhaint amach. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh rannpháirteach sna tionscadail AE seo a leanas.

+CityxChange (Tionscadal H2020)

Ba í 2023 an bhliain dheireanach den tionscadal cúig bliana Horizon 2020 +CityxChange, ina raibh Luimneach ar cheann de dhá Chathair Sholais agus ina príomhpháirtí do Phacáiste Oibre 4. Mórchlár um athrú aeráide.

I measc na bpríomhthorthaí ón tionscadal bhí:

- Cuireadh na spriocanna inghnóthaithe uile isteach
- Paitinn comhdaithe do Theicneolaíocht Céimrialaithe Lainne GKineic, tiontaire fuinnimh hidricinéiteach
- Moladh curtha faoi bhráid an rialtóra chun tacú le comhtháthú níos mó páineál FV gréine isteach san eangach leictreachais trí chiorrú inbheartóra
- Tús curtha le staidéar inmhharthanachta airgeadais agus dlíthiúil do chiste infheistíochta inbhuanaithe chun tacú le hathchóiriú foirgneamh stairiúil i Luimneach, faoin gclár ITT (Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil)

Tionóladh cruinniú Athbhreithnithe Deiridh an Tionscadail leis an gCoimisiún Eorpach i mí Eanáir 2024.

Cuireadh an t-éileamh deiridh do Phacáiste Oibre 4 isteach in 2024 agus fuair sé ceadú iomlán ón gCoimisiún Eorpach i mí na Nollag, 2024, nuair a tháinig an tionscadal chun críche go hoifigiúil.

INTEgreat(InterReg)

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal trí bliana seo ar fiú €1.6m é, straitéis lánpháirtithe agus éiceachóras níos láidre a thógáil d'imirceach agus d'iarthóirí tearmainn san Eoraip. In 2024 bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in éineacht lenár gcomhpháirtí áitiúil Doras in ann gníomhaíochtaí pólótacha a chur i bhfeidhm i Luimneach i gceithre phríomhréimse: cúram sláinte, fostaíocht,

comhtháthú sóisialta, acmhainní a neartú agus oiliúint imirceach agus saoránach áitiúil araon.

I measc ghníomhaíochtaí pólótacha i Luimneach in 2024 bhí:

- Cruthú Fóram Imeasctha Imirceach Luimnigh
- Tacaíocht fostaíochta
- Seisiúin oiliúna feasachta idirchultúrtha do sholáthraithe seirbhíse agus d'fhostóirí túsline
- Plé comhchéime le comhpháirtithe áitiúla atá ag obair in earnáil na sláinte
- Lárionad faisnéise ar líne ar Limerick.ie

PACTE+ (Erasmus+)

Dírítear sa tionscadal PACTE+ ar 4 phríomhthéama – Scoileanna Gníomhacha, Ionaid Oibre Ghníomhacha, Soghluaisteacht Ghníomhach, agus Rialachas Gníomhach. Tá cuibhreannas na gcomhpháirtithe comhdhéanta de Luimneach, Graz, Fredrikstad agus Angers – agus na heagraíochtaí comhpháirtíochta Spóirt agus Saoránacht, Evaleo, TAFISA.

Cónaidhm Rothaíochta na hEorpa, Cónaidhm Eorpach do Spóirt Chuideachta, CIESC (Comhairle Idirnáisiúnta na hEolaíochta Spóirt agus an Choirpoideachais), agus Ollscoil Theicniúil München.

In 2024, ghlac Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh páirt i gceardlanna Tionscadal PACTE+ a reáchtáladh in Graz agus i bPáras, inar díriodh ar théamaí Scoileanna Gníomhacha, Ionaid Oibre Ghníomhacha, Soghluaisteacht Ghníomhach, agus Rialachas Gníomhach. Thug na himeachtaí seo le chéile ionadaithe ó chathracha agus eagraíochtaí comhpháirtíochta a bhí páirteach sa tionscadal.

Bealaí ‘GoGreen’ (H2020)

I mí na Samhna, bhuaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an phríomhghradam do Spás Poiblí agus Pleanáil ag Gradaim Sármhaitheasa an Tionscail Réadmhaoin KPMG 2024 as a cuid oibre ar an tionscadal AE seo.

Is é an fócas atá leis an tionscadal folláine fhisiciúil agus mheabhrach cónaitheoirí uirbeacha a fheabhsú tríd an nasc atá acu leis an dúlra a fhorbairt. Roghnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Glasbhealach Chaladh an Treoigh, láithreán athfhorbraíochta, mar thús as an nua chun dearadh inbhuanaithe, cuimsitheach agus comhchruthaithe a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar an bpobal agus ar an timpeallacht nádúrtha araon. Tá an tírdhreach athmhúnlaith ina gcarnacha bláthanna fiáine agus claiseanna reatha curtha feadh pointí ísle agus conairí. Le béim láidir ar shúgradh nádúrtha, tá an limistéar athraithe ina spás mealltach agus inrochtana do dhaoine de gach aois.

Leagann éacht suntasach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh béim ar a ceannaireacht i bpleanáil uirbeach inbhuanaithe agus i bhfeabhsú spásanna poiblí.

Tá an tionscadal AE seo críochnaithe anois agus cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2024. Is é an t-aon tasc atá le déanamh ná an t-éileamh airgeadais deiridh a chur isteach sa chéad ráithe de 2025.

BiodiverCITY: (URBACT)

BiodiverCity: Is líonra Eorpach é BiodiverCity (URBACT), faoi stiúir na hUngáire, ina bhfuil Luimneach mar aon le comhpháirtithe ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ón mBulgáir, ón Ísiltír, ón Ungáir, ón Iodáil, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin, agus ón Spáinn. Díríonn an tionscadal ar bhithéagsúlacht uirbeach agus seirbhísí éiceachórais a thomhas trí chur chuige pobalbhunaithe a iniúchadh chun réitigh atá bunaithe ar an dúlra, straitéisí glasaithe uirbeacha,

agus iompraíochtaí atá fabhrach don chomhshaol a mheas agus a luachshocrú.

GreenPlace: (URBACT)

GreenPlace: Is líonra comhoibritheach é GreenPlace (URBACT), faoi stiúir na Polainne, ina bhfuil Luimneach agus comhpháirtithe ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic, agus ón Spáinn (2). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal spásanna uirbeacha faillithe a athbheochan trína gclaochlú go háiteanna fáilteacha, atá neamhdhíobhálach don chomhshaol trí úsáid a bhaint as acmhainní atá ann cheana féin. I Luimneach, tá an fócas faoi láthair ar sheanlánaí a athchóiriú, lena n-áirítear ceantair timpeall ar Bhallaí Stairiúla na Cathrach.

Dúshlán na gCathracha Cliste - DCC

Is tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) é Dúshlán na gCathracha Cliste (DCC) atá dírithe ar thacú le cathracha agus iad ag athrú chun bheith níos cliste agus níos inbhuanaithe. Is é sprioc Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trí rannpháirtíocht sa DCC comhaontú glas áitiúil a chruthú chun tacú le hiarfheistiú foirgneamh. Tionóladh cruinniú cuibhreannais i bPorto i mí an Mheithimh 2024, rud a thug deis do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dul i mbun oibre le comhpháirtithe tionscadail agus le cathracha ar fud na hEorpa atá ag forbairt margaí glasa áitiúla freisin. D'éascaigh an ócáid malartú luachmhar eolais, go háirithe i réimse iarfheistithe foirgneamh. Beidh an cruinniú deiridh den tionscadal ar siúl sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2025, ag tabhairt le chéile na gcomhpháirtithe tionscadail uile agus ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach.

Le linn 2024, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarratas ar roinnt tionscadail Eorpacha agus cuirfear in iúl dóibh in 2025 an raibh siad rathúil sna hiarratais seo. Rinneadh iarratas ar Thionscadail Fhéideartha ar fud roinnt Stiúirtheoireachtaí faoi ghairmeacha tionscadail Horizon Europe, URBACT agus InterReg.

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Léiríonn Suirbhé Bliantúil Fostaíochta chliant na nOifigí Fiontar Áitiúil 2024 go bhfuil cruthú post dearfach ann. Rinne OFÁ Luimnigh suirbhé ar 313 gnólacht a fuair tacaíochtaí airgeadais roimhe seo agus chruthaigh na gnólachtaí seo 178 post nua glan in 2024. Fágann sé seo go bhfuil Luimneach ar an gcontae is fearr feidhmíocht maidir le cruthú post ag cliant OFÁ sa tír. Agus an fheidhmíocht dhochreidte seo ag ár gcliant á aithint, leanfaimid ag tacú le gnólachtaí freisin le raon leathan de bhearta boga mar seo a leanas:

- Cláir Oiliúna Ginearálta: 55 clár le 1,200 rannpháirtí.
- Cláir Tosaigh do Ghnó Féin: 8 gclár le 156 rannpháirtí.
- Cláir Forbartha Bainistíochta: 5 chlár le 79 rannpháirtí.
- Meantóireacht: 502 tasc
- Micreamhaoiniú Éireann: 10 n-iaratas.

Táscairí Feidhmíochta 2024 OFÁ

Scéim	Aschur
Pacáistí Tacaíochta Airgeadais	47
Barainneach	26
Glas	14
DTL	75
Oiliúint Iomlán	193
SYOB	156
Clár Forbartha Bainistíochta (CFB)	79
Ginearálta	1,230
Meantóireacht	502
Tacaíochtaí TF&N	1
Digiteach	3
MFI	10
Aistrithe Cliant	7
Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh	5

Tháinig deireadh leis na scéimeanna Dearbhán Trádála Ar Líne agus Cúnamh Teicniúil do Mhicrifhiontair i mí na Nollag. Tá cláir thacaíochta nua curtha ina n-áit anois, arna éascú ag an Oifig Fiontar Áitiúil againn, leis an méid seo a leanas san áireamh:

- Is tacaíocht chomhairleoireachta í Digital for Business a sholáthraíonn iniúchadh ar a ngnó agus plean gníomhaíochta do ghnólachtaí chun digitiú agus éifeachtúlachtaí oibríochtúla a chur i bhfeidhm ina nGnó.
- Is scéim tacaíochta leantach í Grow Digital ó Digital for Business, a thairgeann deontas suas le €5,000 chun cabhrú le gnólachtaí a gcuid spriocanna digitithe a chur i bhfeidhm.
- Soláthraíonn an Deontas Fiosraithe Margaidh tacaíocht do ghnólachtaí incháilithe a bhfuil sé mar aidhm acu margadh geografach nua a iniúchadh do tháirge nó seirbhís atá ann cheana féin, nó táirge nó seirbhís nua a thabhairt isteach i margadh atá ann cheana féin.
- Nuashonraithe in 2024, tacaíonn an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí agus i dtrealamh ag fiontair a bhfuil Tuarascáil Green for Business, Tuarascáil GreenStart, nó Iniúchadh Fuinnimh ÚFIÉ críochnaithe acu. Clúdaíonn an deontas 75% de na costais incháilithe, idir íosmhéid €750 agus uasmhéid €10,000. Is é aidhm na scéime tionchar comhshaoil fiontar a laghdú, agus a solúbthacht agus a n-athléimneacht a fheabhsú ag an am céanna chun feidhmiú ar bhealach níos inbhuanaithe.

Foirgnimh agus Eastáit Chorporáideacha

In 2024, bunaíodh rannóg nua darb ainm “Foirgnimh & Eastáit Chorporáideacha”. Tá an rannóg seo suite laistigh den Stiúrtóireacht Airgeadais, Forbartha Eacnamaíochta agus Seirbhísí Digiteacha.

Tá dhá rannán éagsúla sa rannóg mar seo a leanas:

- Tionscadail Chaipitiúla Chorporáideacha;
- Bainistíocht Áiseanna

Díríonn an Fhoireann Tionscadal Caipitiúil Chorporáideach ar oibreacha caipitiúla a chur i gcrích d’fhonn foirgnimh a fheabhsú do shaoránaigh agus d’fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Díreofar tríd an uasghrádú ar ár bhfoirgneamh freisin ar na dúshlán a bhaineann le hAthrú Aeráide.

Bainistíonn an Fhoireann Bainistíochta Áiseanna punann Foirgneamh Chorporáideach na bhfoirgneamh seo a leanas:

- An Cheanncheathrú Chorporáideach, Cé na gCeannaithe;
- Oifigí na Cathrach, Tuar an Daill;
- Teach Lios an Fhálaigh, Tuar an Daill;
- Teach na Bearú, Sráid Mhichíl;
- Teach Carlton, Sráid Anraí;
- Músaem Luimnigh, Sráid Anraí;
- Oifig Athghiniúna Luimnigh Taobh ó Dheas, Baile an Róistigh;
- Granary, Sráid Mhichíl.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Lean Rannóg TFC Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tacú le rannóga chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach i rith 2024. I dteannta na ngníomhaíochtaí oibríochtúla amhail monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil, bonneagar agus córais a chothabháil, agus tacaíocht úsáideora agus deisce a sholáthar le linn 2024, tugadh faoi roinnt mórtionscadal.

Ba iad seo a leanas cuid de na tionscadail ar tugadh fúthu le linn 2024:-

Cibearshlándáil

Déanann cibearshlándáil cur síos ar an disciplín atá tiomanta don fhaisnéis sin a chosaint agus ar na córais a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a phróiseáil nó a stóráil. Tagraíonn an tslándáil don chorpas teicneolaíochtaí, próiseas agus cleachtas atá deartha chun líonraí, feistí, cláir agus sonraí a chosaint ó ionsaí, damáiste nó rochtain neamhúdaraíthe.

I dteannta na dtionscnamh a tugadh isteach le linn na mblianta roimhe seo, lean TFC ar aghaidh ag feabhsú Staidiúr Chibearshlándála na Comhairle trí na nithe seo a leanas:-

- **Bainistíocht Rochtana faoi Phribhléid (BRP)**
Leathnaigh an Chomhairle Bainistíocht Rochtana faoi Phribhléid (BRP) chuig conraitheoirí tríú páirtí le haghaidh rochtain ar fhreastalaithe agus córais ar an láthair le linn 2024:
 - An Phribhléid is Lú ar ról Riaracháin
 - Infheictheacht iomlán ar gach cuntas faoi phribhléid agus céannacht, rochtain a rialáil in aon áit amháin
 - Poitéinseal maidir le sárú slándála a íoslaghdú – trí laghdú ar an dromchla ionsaithe
 - Comhlíonadh feabhsaithe
- **Bainistíocht Céannachta faoi Phribhléid (BCP)**
Thug an Chomhairle Bainistíocht Céannachta faoi Phribhléid (BCP) isteach i gcomhair rochtana ar ról faoi phribhléid le linn 2024. Cuireann Bainistíocht Céannachta faoi Phribhléid (BCP) Azure Entra roinnt buntáistí ar fáil maidir le rochtain ar acmhainní tábhachtacha a bhainistiú agus a dhaingniú:
 - Rochtain Díreach in Am: Cuireann BCP rochtain faoi phribhléid díreach in am ar acmhainní Azure agus Microsoft Entra ar fáil, rud a laghdaíonn an baol ceadanna iomarcacha nó neamhriachtanacha

- Rochtain faoi Cheangal Ama: Is féidir rochtain faoi cheangal ama a shannadh d'acmhainní trí dhátaí tosaigh agus deiridh a úsáid, rud a chinntíonn nach ndéanfaítear ceadanna ach don tréimhse riachtanach
- Gníomhachtú Róil atá Bunaithe ar Cheadú: Éilíonn BCP cead chun róil phribhléideacha a ghníomhachtú, rud a chuireann ciseal breise slándála leis
- Fíordheimhniú Ilfhachtóirí: Cuidíonn Fíordheimhniú Ilfhachtóirí (FI) le haghaidh gníomhachtú róil le cinntiú nach féidir ach le húsáideoirí údaráithe rochtain a fháil ar acmhainní íogaire
- Gníomhaíocht Faireacháin: Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann úsáideoirí a bhfuil rochtain faoi phribhléid acu, rud a sholáthraíonn infheictheacht agus freagracht
- Fógraí agus Foláirimh: Fógra a fháil aon uair a ghníomhachtáítear róil faoi phribhléid, rud a ligeann duit fanacht ar an eolas faoi athruithe ar rochtain
- Athbhreithnithe Rochtana: Cabhraíonn athbhreithnithe rochtana rialta le cinntiú go bhfuil na róil atá sannta d'úsáideoirí fós ag teastáil, rud a thacaíonn le timpeallacht shlán a choinneáil
- Stair Iniúchta: Íoslódáil stair iniúchta le haghaidh iniúchtaí inmheánacha nó seachtracha, chun comhlíonadh agus trédhearcacht a chinntiú
- **Brath agus Freagairt Bhreisithe Bhainistithe (XDR)**
D'fhoilsigh an Chomhairle tairiscint (RFT) le haghaidh seirbhís Braite agus Freagartha Bhreisithe Bhainistithe Cibearshlándála (XDR) i Mí na Nollag 2021, an dáta deiridh chun freagraí a chur isteach 19/01/2022. Tá an tseirbhís sin beo ó Aibreán 2022, agus cuireann sí na nithe seo a leanas ar fáil:
 - Bagairtí cibir a bhrath agus a fhreagairt níos tapúla
 - Sonraí agus Córais na Comhairle cosanta níos fearr ar chibear-ionsaithe

- Sár-shaineolas bagairtí, sárfhaisnéis agus sár-anailísíocht
- Tacaíocht thiomnaithe SOC 24/7 agus am freagartha 15 nóiméad
- **Oiliúint Feasachta/Feachtais fioscaireachta**
Tá go leor buntáistí ag baint le clár oiliúna feasachta slándála agus is féidir leis cosaint na Comhairle i gcoinne fioscaireachta agus ionsaithe haiceála eile a neartú.

Lean TFC ag tabhairt faoi “Fheachtais Mhíosúla Fioscaireachta” le linn 2024. Tá líon na mball foirne a bhuailear leis na feachtais sin ag laghdú i gcónaí, rud a thabharfadh le fios go bhfuil feasacht na foirne ag méadú. Caithfidh baill foirne a bhuailear na feachtais mhíosúla seo tabhairt faoi oiliúint idirghníomhach ar líne agus measúnú ar líne a dhéanamh. Díreann ar athchiontóirí le breis oiliúna.

Chomh maith leis na bearta a luaitear thuas, leanann TFC de bheith ag cinntiú go ndéantar gach feiste a nuashonrú go tráthúil agus go ndéantar monatóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí bhonneagair na Comhairle.

Seirbhís Clódóireachta Bhainistithe

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh isteach Seirbhís Phriontála Bhainistithe (SPB) nua i ndiaidh nós imeachta tairisceana a tionóladh le linn Ráithe 1 2024.

Tá go leor buntáistí ag baint le Seirbhís Phriontála Bainistithe (SPB) mar atá leagtha amach thíos:

1. Éifeachtúlacht Chostais: Cuidíonn Seirbhísí Priontála Bhainistithe (SPB) le costais phriontála a laghdú trí úsáid printéirí a bharrfheabhsú, soláthairtí a bhainistiú go héifeachtúil, agus dramhaíl a íoslaghdú
2. Táirgiúlacht Fheabhsaithe: Feabhsaíonn sí éifeachtúlacht próiseas priontála agus laghdaíonn sí aga neamhfhónaimh trí chothabháil agus tacaíocht réamhghníomhach
3. Slándáil Fheabhsaithe: Cosnaíonn sí faisnéis íogair trí réitigh phriontála shlána agus cinntíonn sí comhlíonadh rialachán maidir le cosaint sonraí
4. Buntáistí Comhshaoil: Cuireann sé cleachtais inbhuanaithe chun cinn trí ídiú páipéir agus fuinnimh a laghdú

5. Bainistiú Láraithe: Simplíonn sí bainistíocht TF le rialú láraithe ar an bhflít priontála ar fad
6. Priontáil “Follow Me”
 - a. Slándáil Mhéadaithe: Cinntíonn sé nach gceadaítear tascanna priontála ach amháin nuair a dhéanann an t-úsáideoir fíordheimhniú ag an bprintéir, rud a chosnaíonn doiciméid íogaire
 - b) Sábháil Costas: Laghdaíonn sé dramhaíl trí .hascanna priontála a choinneáil i scuaine go dtí go dtosaíonn an t-úsáideoir iad, rud a laghdaíonn priontaí neamhbhailithe
 - c. Solúbthacht agus Áisiúlacht: Cuireann sé ar chumas úsáideoirí a gcuid tascanna priontála a bhailiú ó aon phrintéir údaráithe ar an líonra, rud a fheabhsaíonn soghluaisteacht
 - d. Táirgiúlacht Fheabhsaithe: Laghdaíonn sé amanna feithimh agus seachnaíonn sé scrogaill trí ligean d’úsáideoirí priontáil ón bprintéir is gaire atá ar fáil
 - e. Bainistíocht TF Shimplithe: Láimhseálann sé scuaine phriontála fhíorúil amháin, rud a shimplíonn bainistíocht do bhaill foirne TF atá i mbun maoirseachta ar phriontáil

Trí SPB a úsáid i dteannta Phriontáil “Follow Me”, is féidir le heagraíochtaí córas priontála a chruthú atá níos sláine, níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí.

Físchomhdháil

I rith 2024, d’fheabhsaíomar ár dteicneolaíocht trí fhíschomhdháil a chur le naoi seomra cruinnithe breise, lena n-áirítear Oifig an Mhéara agus sé sheomra cruinnithe do Chomhaltaí i dTuar an Daill. Tugann sé seo líon iomlán na seomraí leis an ngné cheannródaíoch seo go 27. Réitigh an dul chun cinn seo an bealach do chruinnithe hibrídeacha saoráideacha, idirghníomhaíochtaí fisiceacha agus fíorúla a nascadh gan stró. Ní hamháin go méadaíonn comhtháthú na físchomhdhála ár nascacht ach cuireann sé feabhas ar chomhoibriú, agus cothaíonn sé cuimsitheacht trí ligean do dhaoine cianfhreastal. Leis an leathnú seo, cumasaímid níos mó solúbthachta, rud a ligean do rannpháirtithe páirt a ghlacadh i bplé beag

beann ar a suíomh, rud a chuireann éifeachtúlacht chun cinn, a laghdaíonn costais taistil, agus a uasmhéadaíonn táirgiúlacht. Cabhraíonn cruinnithe hibrídeacha lenár bhfoirne a bheith rathúil i dtimpeallacht dhinimiciúil oibre, ina gcuirtear béim ar inoiriúnaitheacht agus ina gcothaítear naisc níos láidre thar achair.

Córais Ghnó

D’oibrigh TFC lenár gcomhghleacaithe sna Seirbhísí Digiteacha chun na Córais Ghnó seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Dynamics CRM
- Clár Eitice
- Cúntóir IS le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí maidir le Réamhphleanáil
- Uirlis rialachais tionscadail caipitiúil – CAPGOV
- Tairseach agus Uirlis Tuairiscithe Chlár an Mhéara
- Uasghrádú ar roinnt Córas de chuid an GBRÁ

Deasc Sheirbhíse TFC

Dhéileáil an Deasc Sheirbhíse TFC le 17,210 ticéad le linn 2024, sin méadú 2,086 (13.8%) ar 2023. Is méadú suntasach é líon na dticéad le trí bliana anuas ar na blianta roimhe sin mar gheall ar chianobair.

Déanann an Deasc Sheirbhíse a dícheall freagra a thabhairt ar iarratais seirbhíse agus iad a réiteach ar bhealach tráthúil agus cúirteiseach. Chomh maith le tacaíocht a sholáthar d’úsáideoirí déanann foireann na Deisce Cabhrach TFC tascanna eile a leagtar amach anseo iad:-

- Ailt bunachair eolais a chruthú chun úsáideoirí a chumasú.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le foirne TFC/ Straitéis Dhigiteach chun fadhbanna a réiteach agus fadhbanna a chosc amach anseo.
- Úsáideoirí a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi athruithe/fadhbanna.
- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú maidir le soláthar seirbhísí agus crua-earraí.
- Eagrú agus cothabháil oifige agus trealaimh.
- Tacaíocht Tionscadal TFC.

An Córas Náisiúnta Slógtha agus Cumarsáide (NMAC)



In 2023 bunaíodh an Córas Náisiúnta Slógtha agus Cumarsáide (NMACS) i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) i gcomhpháirtíocht leis an Stiúthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. Tá freagracht náisiúnta ar fhoireann NMACS as Córais Ceannais agus Rialaithe agus teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i Seirbhís Dóiteáin na hÉireann agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag gníomhú mar an tÚdarás conarthach náisiúnta. Bainistíonn foireann NMACS Córas Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan faoi láthair agus soláthraíonn sé seirbhísí fála, seolta, slógtha agus cumarsáide do na seirbhísí Dóiteáin i Réigiún na Mumhan agus in 2025 d'éirigh leo tionscadail a chur i gcrích inar cuireadh ardán náisiúnta nua in ionad na n-ardán ceannais agus rialaithe réigiúnach oidhreacht a bhí ann roimhe.

Oibríonn Foireann NMACS go dlúth leis an Stiúthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála chun tacú le freagairt an Údarais Áitiúil agus na Seirbhíse Dóiteáin d'imeachtaí náisiúnta agus réigiúnacha amhail mórtheagmhais nó móréigeandálaí. In 2024, thacaigh NMACS le freagairtí do roinnt imeachtaí suntasacha amhail stoirmeacha agus imeachtaí eile a bhaineann leis an aeráid.

Ionad Réigiúnach Cumarsáide na Mumhan (MRCC)

Tá Ionad Réigiúnach Cumarsáide na Mumhan (MRCC), atá ag feidhmiú faoi stiúir NMACS, suite ar Phlás na hArdeaglaise i gCathair Luimnigh. Is seirbhís láraithe 24 uair an chloig é an MRCC a sholáthraíonn mearfhreagairt agus mearshlógadh ar ghlaonna éigeandála dóiteáin 999/112. Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an

tÚdarás conarthach don Ionad seo agus cuireann sí an tseirbhís ar fáil thar ceann na nÚdarás Dóiteáin, a bhfuil seacht mball ann, i gCúige Mumhan (Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge).

Láimhseáladh 29,554 glaoch san iomlán le linn thréimhse 2024 agus ba shlógadh chuig teagmhais a bhí in 11,486 díobh sin.

Innovate Limerick CGA

Bhí bliain shuntasach ag Innovate Limerick in 2024. Tá misean na cuideachta chun nuálaíocht fiontraíochta a chothú laistigh de chathair agus contae Luimnigh, ag teacht le príomhspríocanna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le forbairt eacnamaíoch réigiúnach, fás eacnamaíoch agus cruthú post. Áirítear leis gníomhaíochtaí a chuireann cruthú, fás agus rath fadtéarmach gnólachtaí chun cinn, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gnólachtaí nuathionscanta, agus cuideachtaí idirnáisiúnta atá ag iarraidh athlonnú.

Baintear é sin amach trí cheithre phríomhréimse:

1. Forbairt Bonneagair Fiontraíochta - D'fhorbair agus bhainistigh Innovate Limerick ceithre Mhol Fiontraíochta ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh: Ionad Comhoibrithe Engine, ENGINE, An Seanbhanc agus Ionad Fiontraíochta N21
2. Comhoibriú Fiontar, Líonrú agus Oideachas – cur chun cinn comhpháirtíochtaí idir gnólachtaí áitiúla, institiúidí acadúla, agus gníomhaireachtaí rialtais. Cuidíonn na comhoibrithe seo le comhroinnt eolais, nuálaíocht agus forbairt ghnó a éascú
3. Líonra Moil Engine– bunaíodh agus leathnaíodh líonra de 20 mol ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh, agus réigiún an Iarthair Láir níos leithne
4. Scannán i Luimneach - léiriúchán scannán agus teilifíse a bhaint amach i gcathair agus i gcontae Luimnigh agus i réigiún níos leithne an Mheán-Iarthair

Bonneagar um Fhorbairt Fiontraíochta

Tá ról Innovate Limerick i soláthar bonneagair fiontraíochta ríthábhachtach chun fás eacnamaíoch áitiúil a chothú agus deiseanna a chruthú do ghnólachtaí ar fud cheantair uirbeacha agus thuaithe Luimnigh araon. Trí cheithre ionad fiontar a bheith faoina n-úinéireacht agus á bhfeidhmiú acu, tacaíonn Innovate Limerick go gníomhach le raon leathan gnólachtaí agus earnálacha. Tá Moil Fiontraíochta ENGINE agus Ionad Comhoibrithe Engine suite i lár chathair Luimnigh agus cuireann siad rochtain dhíreach ar fáil ar acmhainní agus ar dheiseanna líonraithe le margaí áitiúla agus idirnáisiúnta. Is sócmhainní tábhachtacha iad Áis Fiontraíochta N21 i Ráth Caola agus an Seanbhanc i Mainistir na Féile i dtírdhreach fiontraíochta Iarthar Luimnigh, chun bonneagar ríthábhachtach a chur ar fáil do ghnólachtaí agus chun cur go mór le forbairt eacnamaíoch an réigiúin.



Ionad Comhoibrithe Engine, Sráid Shisil, Luimneach



Ionad Comhoibrithe Engine, Sráid Shisil, Luimneach



Ionad Comhoibrithe Engine, Sráid Shisil, Luimneach



An Seanbhanc, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh

Ionad Comhoibrithe Engine

Tá tionchar mór imeartha ag Ionad Comhoibrithe Engine, Sráid Shisil, Luimneach ar Chathair Luimnigh agus ar réigiún an Iarthair Láir i gcoitinne ó osclaíodh é in 2022. Mar an t-aon spás oibre comhoibritheach agus ionad comhoibrithe i lár na cathrach i Luimneach, tá sé anois ina mhol lárnaigh chun nuálaíocht, fiontraíocht agus comhoibriú a chothú, agus é ag feidhmiú ag 100% d'acmhainn.

Buntáistí láithreacha do Chathair agus Contae Luimnigh

1. Deiseanna feabhsaithe do FBManna:

Soláthraíonn an tIonad Comhoibrithe Engine timpeallacht thacúil inar féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) fás agus a bheith rathúil. Tá sé seo rithabhachtach ionas go bhféadfadh an geilleagar áitiúil agus chun deiseanna fostaíochta a leathnú sa réigiún.

2. Cultúr Fiontraíochta Feabhsaithe:

Trí thosaíocht a thabhairt do chomhoibriú agus nuálaíocht, tá ról lárnaigh ag an Ionad i gcothú éiceachórais fiontraíochta dhinimiciúil, rud a spreagann forbairt fiontar nua agus malartú tuairimí.

3. Scileanna agus Nuálaíocht Mhéadaithe:

Trí ghnólachtaí éagsúla a óstáil, tá feabhas curtha ag an Ionad ar scileanna, eolas agus cumas nuálaíochta laistigh de chuideachtaí dúchasacha áitiúla agus ilnáisiúnta, rud a fheabhsaíonn inbhuanaitheacht fostaíochta san fhadtéarma agus fás réigiúnach.

Gnólachtaí atá Lonnaithe in Ionad Comhoibrithe Engine:

Tá réimse gnólachtaí ag an Ionad, agus gach ceann acu ag cur le nuálaíocht agus forbairt Luimnigh. Tá breis is 40 fostaí lonnaithe go buan i Spás Comhoibrithe Engine:

- MDS Global – Soláthraí BSS-as-a-Service do réitigh B2B, MVNO agus IoT
- Mavarick – Soláthraithe Ardáin Bogearraí do Chórais Chuntasaíochta agus Tuairiscithe Carbóin
- Ministry of Brands – Speisialtóirí i dteicneolaíocht a chomhtháthaíonn oibríochtaí

eaglaise idirnáisiúnta

- Accounting Pro – Soláthraithe Bogearraí Cuntasaíochta Ar Líne
- Scannán i Luimneach – Ag tacú le fás leanúnach an tionscail scannánaíochta i réigiún an Mheán-Iarthair
- Axis BIC - cuidítear le bunaitheoirí gnó a ullmhú le haghaidh infheistíochta agus fáis
- Sports Tech Ireland- tiomanta do nuálaíocht a neartú i dteicneolaíocht spóirt
- Biúró Comhdhála Réigiún na Sionainne - Ag cur Réigiún na Sionainne chun cinn mar cheann scríbe do chomhdhálaigh agus imeachtaí
- Pulsate HQ - Cuideachta theicneolaíochta le saineolas acu ar rannpháirtíocht agus anailísíocht sonraí custaiméirí
- An Ghníomhaireacht Forbartha Talún - Dírithe ar fhorbairt agus bainistíocht talún

Svuít Podchraolta Nua

In 2024, nocht Innovate Limerick an Stiúideo Innovate, svuít podchraolta ceannródaíoch atá suite laistigh d'Ionad Comhoibrithe Engine. Soláthraíonn an svuít seo acmhainn luachmhar do ghnólachtaí réigiúnacha, rud a chuireann ar a gcumas ábhar fuaime ardchaighdeán a tháirgeadh le haghaidh:

- Feasacht branda a fhorbairt
- Dul i dteagmháil leis an spriocphobal
- Saineolais agus nuálaíochtaí a roinnt



Stiúideo Podchraolta Innovate Limerick

Aitheantas

Aithníodh rath Ionad Comhoibrithe Engine ag Gradaim na mBailte Digiteacha 2024, áit ar ainmníodh é sa dara háit. Léiríonn an t-aitheantas seo obair an lonaid chun an claochlú digiteach a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú ar fud an réigiúin.

ENGINE

Ó bunaíodh é in 2018, tá ENGINE ar Shráid Cecil ina cholún lárnach d'éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta Luimnigh. Ag feidhmiú anois ag a lánacmhainneacht, tá os cionn 130 duine ag obair ar an láthair, agus tá ENGINE ina mhol dinimiciúil do ghníomhaíocht ghnó.

Tionóntaí suntasacha ENGINE

Vitalograph

Is ceannródaí domhanda é Vitalograph i ndéantúsaíocht agus i soláthar spiriméadair agus feistí leighis riospráide. Cuireann láithreacht na cuideachta in ENGINE le dea-cháil Luimnigh atá ag dul i méid in earnáil na teicneolaíochta leighis. Neartaíonn rannpháirtíocht Vitalograph sa réigiún seasamh na cathrach mar cheannaire i nuálaíocht agus i dteicneolaíocht cúraim sláinte.

Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Luimnigh

Cuireann an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíocht luachmhar ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna i Luimneach. Tugann a gcomhlonnú ag ENGINE meantóireacht, oiliúint agus imeachtaí go díreach do ghnólachtaí atá lonnaithe san Ionad. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca d'fhiontraithe áitiúla rochtain a fháil ar acmhainní agus treoir riachtanach chun a ngnólachtaí a fhás agus a mhéadú.



Turas ar oifigí Vitalograph le toscaireacht beartais tuaithe ECFE

Saoráid Fiontair N21, Ráth Caola

Is spás 120,000 troigh chearnach é an spás fiontraíochta i Ráth Caola ina bhfuil naoi n-aonad fiontraíochta. Lonnaithe giota beag ón N21, an príomhbhealach a nascann Cathair Luimnigh leis an gCaisleán Nua, an dara baile is mó sa chontae. Tá os cionn 15 ghnó lonnaithe sna saoráidí seo in Iarthar Luimnigh ina soláthraítear fostaíocht do bhreis is 150 duine. Tá an-éileamh ar spásanna fiontraíochta agus tá siad ag feidhmiú ag 95-100% dá lánacmhainneacht.



Saoráid Fiontair N21, Ráth Caola

An Seanbhanc, Mainistir na Féile

Dhaingnigh an Seanbhanc, An Phríomhshráid, Mhainistir na Féile a ról mar spás fisiceach tábhachtach sa bhaile d'fhiontar agus don phobal araon agus tá Oifig Turasóireachta Mhainistir na Féile ag athlonnú ann chun fáilte a chur roimh chuairoteoirí ar an mbaile le linn mhíonna na turasóireachta. Tá an-éileamh ar gach spás fiontraíochta agus tá siad ag feidhmiú ag 95-100% dá lánacmhainneacht. Tá os cionn cúig ghnó lonnaithe sna háiseanna seo in Iarthar Luimnigh a sholáthraíonn fostaíocht do bhreis is 15 duine.

Comhoibriú, Líonrú agus Oideachas Fiontar

Feabhsaíonn Innovate Limerick an t-éiceachóras fiontar áitiúil agus réigiúnach trí thionscadail chomhoibritheacha, deiseanna líonraithe, agus cláir oideachais, rud a thugann buntáistí do ghnólachtaí, do mhic léinn, agus don phobal i gcoitinne.

Príomhthionscnaimh maidir le Comhoibriú, Líonrú agus Oideachas Fiontar

1. Imeachtaí Fiontar

In 2024, bhí breis is 600 imeacht ar siúl ag in Ionad Comhoibrithe Engine, agus bhí breis is 1,000 duine i láthair ag baint úsáid as an spás imeachta. Chlúdaigh na himeachtaí seo earnálacha ar nós teicneolaíocht leighis, teicneolaíocht spóirt, scannánaíochta, agus gnólachtaí nuathionscanta sna céimeanna luatha, rud a chuir deiseanna líonraithe luachmhara ar fáil do ghnólachtaí chun comhoibriú, smaointe a chomhroinnt, agus chun raon a rochtana a leathnú.

Imeachtaí Suntasacha a Óstáladh:

- Cruinniú Mullaigh Gnó Asia Matters
- Toscaireacht beartais tuaithe ECFE
- Seoladh Mhalartú Nuálaíochta Skillnet an Iardheiscirt
- Seoladh Chomhaontas Trádála na Breataine agus na hÉireann san Iardheisceart (BITA)
- Imeachtaí Eacnamaíochta Oíche i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- AGS Luimnigh (an Garda Síochána) agus FSS an Iarthair Láir
- Imeachtaí TFN i gcomhpháirtíocht le Innovate Limerick
- Cuairteanna ó Ambasadóir na Breataine go hÉirinn agus toscaireachtaí idirnáisiúnta
- Cuairteanna Ionadaithe Polaitiúla Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúla
- Olltoghcháin na Rómáine (ar siúl thar cheithre seachtaine)
- Seoladh an Eolaire Táirgeoirí Bia Luimnigh
- Spás Léiriúcháin Scannán do Scannáin Idirnáisiúnta Hollywood agus Scannán Éireannach (fad sé seachtaine)

Tacaíonn na himeachtaí seo le fás gnólachtaí áitiúla agus meallann siad spéis idirnáisiúnta, rud a chabhraíonn le hIonad Comhoibrithe Inneall a bhunú mar mhol lárnach in éiceachóras fiontraíochta Luimnigh.



Imeacht ASIA Matters



Seoladh an Eolaire Táirgeoirí Bia Luimnigh



Seoladh an Eolaire Táirgeoirí Bia Luimnigh



Imeacht Gnó AXIS



Seoladh BITA san Iardheisceart



Gradaim OTS do Ghnólachtaí Nuathionscanta



Líonrú Lá Fhéile Pádraig Innovate Limerick



Cumann Fiontar Pobail na hÉireann

2. Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

Comhoibríonn Innovate Limerick le gníomhaireachtaí rialtais agus lucht ceaptha beartas chun timpeallacht fhabhrach gnó a chruthú.

- Fiontraíocht Éireann: Reáchtáiltear seisiúin “Cuir Aithne ar an nGnó” go rialta, rud a chuireann tacaíocht riachtanach ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus d’fhás gnó
- Axis BIC: Cuirtear treoir sheachtainiúil ar fáil maidir le caipiteal fiontair agus straitéisí le haghaidh fás gnó, rud a chabhraíonn le gnólachtaí méadú agus maoiniú a fháil
- Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ): Comhlonnaithe laistigh den Ionad, cuireann OFÁ meantóireacht agus oiliúint ar fáil, agus eagraíonn sé imeachtaí chun tacú le gnólachtaí áitiúla

3. Tionscnaimh Oideachais Fiontraíochta:

Trí oideachas fiontraíochta a chur chun cinn trí shocrúcháin agus imeachtaí, tá ról ríthábhachtach ag Innovate Limerick i bhforbairt nuálaithe agus fiontraíthe amach anseo, is cuireann sé na scileanna agus an taithí atá riachtanach do mhic léinn ar fáil dóibh chun go mbeidh rath orthu ina ngairmeacha beatha.

Socrúcháin Mheánscoile:

- Daltaí na hIdirbhliana: D’óstáil Innovate Limerick daltaí na hIdirbhliana ó scoileanna áitiúla ar nós Choláiste Chiaráin i gCromadh agus Coláiste na Collchoille i nDrom Collachair, Co. Luimnigh. Cuireann na socrúcháin seo taithí phraiticiúil agus theagmhálach ar fáil do dhaltaí i réimsí na nuálaíochta, na fiontraíochta agus na forbartha gnó.

Socrúcháin Tríú Leibhéal:

- An Clár Oideachais Comhoibritheach (Co-Op): Chomhoibrigh Innovate Limerick le mac léinn gnó ina mbliain dheireanach in Ollscoil Luimnigh tríd an gclár comhoibritheach. Cuireann an clár seo taithí phraiticiúil, fíorshaoil ar fáil do mhic léinn agus iad ag críochnú a gcéime, rud a thairgeann léargais luachmhara ar nuálaíocht, fiontraíocht agus forbairt gnó.

- Chomhoibrigh Innovate Limerick le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS) agus Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh (SEDL) chun imeachtaí mac léinn a óstáil ag Ionad Comhoibrithe Engine. Cothaíonn na himeachtaí seo comhoibriú, cruthaitheacht agus géarchúis



Imeacht Ollscoil Luimnigh



Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh



Imeacht Mac Léinn OTS

ghnó i measc mic léinn i ndisciplíní éagsúla, á n-ullmhú do ghairmeacha rathúla sna hearnálacha nuálaíochta agus fiontraíochta.

Líonra Mol Engine

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Líonra Mhoil Engine maidir lena thionchar comhoibritheach a leathnú ar fud chathair agus chontae Luimnigh, agus réigiún an iarthair láir i gcoitinne. Bunaithe in 2022 ag Innovate Limerick thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, thosaigh an líonra le trí mhol agus leathnaigh sé go 20 faoi 2024. I measc na suíomh nua atá anois mar chuid den líonra tá Ionad Pobail Bhaile an Bhrúnaigh/Chlár Aidhne, Co. Luimnigh; Mol Sóisialta Dhún Bleisce, Co. Luimnigh agus Phoenix i dTrá Lí.

Príomhghnéithe Líonra Mol Engine:

- Cineálacha Mol Éagsúla: Áirítear leis an líonra moil a dhíríonn ar fhiontar, fostaíocht agus forbairt pobail, ag teacht le trí cholún an Líonra Mol Náisiúnta.



Líonra Mol Engine



Ionad Pobail Bhaile an Bhrúnaigh/Chlár Aidhne

- Comhtháthú le Moil Náisiúnta: Tá Líonra Mol Engine comhtháite go hiomlán sa líonra Mol Ceangailte Náisiúnta agus tá sé tar éis cur le creat Straitéise na Mol Náisiúnta.

I measc Mhoil Líonra Engine tá:

- Spark Hub, Baile an Róistigh, Luimneach
- Aonaid Bhia Bhrú Rí; Luimneach
- Ionad Fiontar Chromadh; Luimneach
- An Club Bád, Luimneach
- An Pailliún, Áth Dara, Luimneach
- An Clós, An Caisleán Nua, Luimneach
- Engine, Luimneach
- Ionad Comhoibrithe Engine Luimneach
- Ionad Fiontraíochta Bhéal an Átha; Luimneach
- Mol Digiteach Engine Thiobraid Árann, Baile Thiobraid Árann
- Ionad Fiontraíochta Cheann Tóchair; Luimneach
- Ionad Fiontraíochta Ráth Caola; Luimneach
- An Seanbhanc, Mainistir na Féile, Luimneach
- CC Trá Lí, Ciarraí
- ACM Chaisleán Uí Chonaill, Luimneach
- Oidhreacht Bhéal Abhra, Luimneach
- Dún Bleisce, Luimneach
- Clár Aidhne, Luimneach
- Phoenix, Trá Lí, Ciarraí



Mol Phoenix, Trá Lí

Éachtaí in 2024

- Ciste Margaíochta na Cianoibre: Fuarthas €50,000 ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe chun deiseanna oibre cianda a chur chun cinn i Luimneach. A bhuíochas leis an maoiniú seo, bhíothas in ann feachtas WorkLife Limerick a chruthú, suíomh gréasáin nua Mhoil Engine a sheoladh, agus feachtas straitéiseach sna meáin shóisialta a reáchtáil ar ardáin ar nós Facebook, Instagram, agus LinkedIn. Mar thoradh air sin, dhúbailigh líon na leantóirí ar na meáin shóisialta ar LinkedIn, agus tháinig méadú 100% ar Facebook agus Instagram.



WorkLife Luimneach



Suíomh Gréasáin Mhoil Engine



Feachtas Meán Sóisialta Mhoil Engine

- Éiceachórais Nuálaíochta Chuimsitheacha agus Éagsúla ó thaobh Inscne de: I mí na Bealtaine 2024, d'óstáil Ionad Comhoibrithe Engine Cruinniú Tionscadail Trasnáisiúnta a dhírigh ar éiceachórais nuálaíochta chuimsitheacha agus éagsúla ó thaobh inscne de agus a thacaíonn le nuálaíocht i gceantair thuaithe, le breis is 15 duine i láthair ó gach cearn den Eoraip.

Scannánaíocht i Luimneach, sa Chlár, agus i dTiobraid Árann in 2024

Ba bhliain iontach í 2024 maidir le léiriú scannán i réigiún an Iarthair-Láir in Éirinn, agus Luimneach, an Clár, agus Tiobraid Árann ag óstáil réimse tionscadail spreagúla. Tá radharc tíre iontach an réigiúin agus údaráis áitiúla thacúla ar éis cabhrú le suíomh mealltach a dhéanamh de do scannánóirí.

Tionscadail Scannán Shuntasacha

Rinneadh roinnt tionscadail scannáin shuntasacha sa réigiún i mbliana.

Buaicphointe i measc na dtionscadal ná “One Night Only”, a scannánaíodh ag an tsean-Phictiúrlann Ríoga íocónach ar Shráid Shisil i gCathair Luimnigh. Sa scannán seo a thabharfaidh ardú meanman duit, a stiúir an scríbhneoir/stiúrthóir ó Luimneach, David Gleeson, tá Colin Morgan mar bhainisteoir pictiúrlainne i mbaile beag atá ag iarraidh ord a choinneáil le linn oíche Aoine ghnóthach sna 1980idí.

Is ómós grámhar é an scannán seo don eispéireas pictiúrlainne agus léiríonn sé trí ghlúin d'eispéiris theaghlach Gleeson sa ghnó pictiúrlainne.

Léiriú mór eile ab ea “4 Kids Walk into a Bank”, le Liam Neeson sa phríomhpháirt. Rinneadh an scannánú in áiteanna éagsúla timpeall Chathair Luimnigh, agus athraíodh codanna den chathair go Stáit Aontaithe Mheiriceá na 1990idí. Á stiúradh ag Frankie Shaw, is oiriúnú é an scannán seo ar an leabhar grinn cáiliúil le Matthew Rosenberg agus Tyler Boss. Tá páirt Danny ag Neeson, iar-robálaí bainc a bhfuil a ghariníon sna déaga, in éineacht lena cairde, ag iarraidh é a shábháil óna a bheith tarraingthe isteach i robáil dheireanach amháin.

Imeachtaí

Ba bhuaicphointe na bliana imeacht Film Track a tionóladh i Luimneach ón 23-25 Lúnasa. Sa taispeántas trí lá seo rinneadh ceiliúradh ar scannánaíocht neamhspleách le sraith taispeántas scannán, cainteanna, agus deiseanna líonraithe. Chuir sé ardán ar fáil do lucht déanta scannán chun a gcuid oibre a chur i láthair, léargais a comhroinnt, agus nasc a dhéanamh le gairmithe tionscail. B'fhianaise í an t-imeacht ar an bpobal scannán bríomhar san Iarthar-Láir agus a thiomantas chun tacú le tallann áitiúil agus í a chur chun cinn.

Cláir Ghinearálta Oiliúna

"Intreoir ar Léiriú Cruthaitheach", cúrsa 20 seachtain faoi stiúir an léiritheora, John McDonnell, a bhuaigh gradam Oscar, agus a raibh toscaireacht léiritheoirí i láthair ag margadh Scannán na hEorpa mar chuid de. Cuireadh an clár ar fáil i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Chuir an clár seo an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ar fáil do na rannpháirtithe chun dul i ngleic leis an taobh gnó de léiriú scannán agus teilifíse.

Bhí Crew Academy South, i gcomhpháirtíocht le Fís Éireann, rithábachtach maidir le scileanna na bhfoirne scannánaíochta áitiúla a fheabhsú. Chlúdaigh na cláir oiliúna chuimsitheacha gnéithe éagsúla de léiriú scannán, ó innealtóirí fuaim faoi oiliúint, sláinte agus sábháilteacht ar an seit, béasaíocht an seit, máistir-rang sa raidimhinicíocht, agus róil laistigh den roinn cultacha. Leanann an t-acadamh de bheith ag cothú an chéid ghlúin eile de chriú scannánaíochta sa réigiún, lena n-áirítear seoladh cláir nua, 'Screenability', a chuireann oiliúint scannánaíochta agus taithí oibre ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais foghlama casta acu.

Lean Scéim Gearrscannán ENGINE ag fás, agus sé ghearrscannán nua á dtaispeáint. Tá an tionscnamh seo, atá anois ina thríú heagrán, rithábachtach chun tallann áitiúil a chothú agus deis a thabhairt do scannánóirí atá ag teacht chun

cinn scannáin ghearra ar ardchaighdeán a léiriú. Is léir rath na scéime, agus scannáin roimhe seo ag fáil aird idirnáisiúnta agus gradaim á mbuachan acu.

Toscaireachtaí agus Margaí

Leanann Scannán i Luimneach de thionscnaimh forbartha gnó a chur ar fáil a thaispeánann fiontair scannán chruthaitheacha ón réigiún ag margaí agus féilte idirnáisiúnta, lena n-áirítear Margadh Scannán na hEorpa i mBeirlín, Marché du Film in Cannes, agus SXSW in Austin, agus an tIarthar Láir á chur chun cinn mar shuíomh tarraingteach le haghaidh infheistíochta isteach.



Bonhoeffer



One Night Only



4 Kids Walk Into A Bank, Liam Neeson



Screenability



God Spy, Pery Square



4 Kids Walk Into A Bank



4 Kids Walk Into A Bank

Trí na tionscnaimh seo go léir, cuidíonn Innovate Limerick le gnólachtaí áitiúla agus idirnáisiúnta nascadh, cruthú agus comhoibriú ar bhealaí nuálacha, le hinfheictheacht fiontraíochta an réigiúin a fheabhsú agus spéis idirnáisiúnta a mhealladh.

**FORBAIRT
TUAITHE,
CULTÚIR,
POBAIL AGUS
TURASÓIREACHTA**





Imeacht Spraoi ag an gCorrán i mí Lúnasa

FORBAIRT TUAITHE, CULTÚIR, POBAIL AGUS TURASÓIREACHTA

Le bliain anuas, rinneadh athruithe eagraíochtúla ar an Stiúrthóireacht Forbartha Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Turasóireachta, agus cuireadh roinnt seirbhísí nua leis, lena n-áirítear Forbairt Turasóireachta, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Discover Limerick, agus feidhmeanna nuabhunaithe amhail Foirne Comhtháthaithe na nÚdarás Áitiúil.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as straitéis iomlán, ceapadh beartais, feidhmiú agus cur chun feidhme go leor clár agus seirbhísí ar fud na réimsí ábhartha, lena n-áirítear maoiniú a fháil agus tionscadal a chur i gcrích. D'oibrigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dian thar thréimhse fhada chun struchtúir phobail a thógáil ar fud na Cathrach agus an Chontae, rud a chuidíonn le seirbhísí agus clár a sholáthair, atá ar fáil, ach tá Luimneach tar éis éirí ina áit an-éagsúil, le daonra atá ag fás agus go leor pobal nua ag teacht chun cinn. Tá an Chomhairle tiomanta d'oibriú le gach ball de phobal Luimnigh, trí na rannóga éagsúla den Stiúrthóireacht chun pobail áitiúla a fheabhsú, tacú le tionscnaimh shláinte agus folláine agus a chur ar fáil agus pobail nua a chomhtháthú inár gCathair agus inár gContae.

Leanann an Chomhairle ag obair le pobail áitiúla chun tacú le forbairt na Cathrach, na mbailte, na sráidbhailte agus na gceantar tuaithe, ar fud Luimnigh, maidir le forbairt tuaithe agus pobail níos mó a chothú, ár ndícheall a dhéanamh rochtain ar na healaíona agus ar an gcultúr a leathnú agus meas ar na healaíona agus ar an gcultúr i Luimneach a dhoimhniú tuilleadh do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí araon. Is príomhthosaíocht don Stiúrthóireacht í forbairt leanúnach sócmhainní turasóireachta. Agus muid ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha, díritear ar an méid iomlán atá ar fáil a fheabhsú agus straitéisí a fhorbairt chun Luimneach a bhrú chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta ceannródaíoch. Lárnach don iarracht seo tá bunú Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Discover Limerick, cuideachta a cruthaíodh go sonrach chun príomhnithe is díol spéise do thurasóirí a oibriú agus a fhorbairt a chuirfidh borradh faoi tharraingteacht Luimnigh agus a mhéadóidh líon na gcuairoteoirí. Tá an Stiúrthóireacht freagrach freisin as Seirbhísí Bainistíochta Maoine laistigh den Údarás Áitiúil, agus tá sí freagrach as díolacháin, diúscairtí, léasanna agus ceadúnais a bhainistiú thar ceann na Comhairle.

FORBAIRT TUAITHE

Lean rannóg Forbartha Tuaithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag cur leis an obair a tosaíodh in 2023, agus oibríonn sí go dlúth leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun tionscadail thábhachtacha a chur ar fáil do Luimneach. Bhí béim an Rialtais i rith na bliana ar athbheochan lár na mbailte, trí úsáid a bhaint as an mBeartas 'Tús Áite do Lár an Bhaile' agus tacú le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha inár mbailte agus inár sráidbhailte, ag iarraidh na háiteanna seo a bhí bríomhara tráth a athbheochan agus a athnuachan. Tá ról ríthábhachtach ag maoiniú maidir le seirbhísí agus áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil. Trí shruthanna maoinithe éagsúla atá ar fáil, chomhoibrigh an Chomhairle le pobail áitiúla chun an tacaíocht airgeadais riachtanach a fháil. Tá infheistíocht ríthábhachtach d'fhorbairt bailte agus sráidbhailte tuaithe agus tacaítear leis seo ó bheartais an rialtais mar Ár dTodhchaí Tuaithe agus Tús Áite do Lár an Bhaile. Leanann an Chomhairle de bheith i dteagmháil le pobail chun maoiniú a sholáthar trí na sruthanna maoinithe éagsúla i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Tús Áite do Lár an Bhaile

I gcomhréir leis an mbeartas Tús Áite do Lár an Bhaile agus le tacaíocht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, cuireadh dlús le hobair sa réimse seo tar éis Plean Tús Áite do Lár an Bhaile do Mhainistir na Féile a bheith críochnaithe go rathúil. Fógraíodh Ráth Caola ina dhiaidh sin mar an dara baile i Luimneach a fuair maoiniú dá phlean féin, agus rinneadh an fógra ag imeacht náisiúnta Tús Áite do Lár an Bhaile a tionóladh in Óstán Woodlands in Áth Dara i mí Feabhra 2024. Cuireadh tús leis an obair le bunú Fhoireann

Baile Ráth Caola agus le ceapadh dréachtphlean, a foilsíodh i mí na Nollag agus atá ar taispeáint go poiblí faoi láthair, rud a thugann deis do chónaitheoirí Ráth Caola agus níos faide i gcéin ionchur a thabhairt. Cuirfear an dréachtphlean i gcrích i Ráithe 1, 2025, tar éis comhaontú leis an bhFoireann Baile.

Fuarthas tuilleadh maoinithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Foinne Baile a bhunú sa Chaisleán Nua, Cill Mocheallóg agus Eas Géitine, tá tús curtha leis an obair maidir le príomhpháirtithe leasmhara sna bailte éagsúla a aithint agus cuirfear dlús le tuilleadh oibre i Ráithe 1, 2025.

Príomhchláir agus Sruthanna Maoinithe

Tá roinnt cláir mhaoinithe arna maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar bhonn agus mar thaca do chur chun feidhme cláir forbartha tuaithe do Luimneach. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair le grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara ábhartha chun tionscadail a aithint chun pobail tuaithe a fheabhsú. D'eisigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail gairm faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe i mí Dheireadh Fómhair agus tá iarratais á n-ullmhú faoi láthair chun freastal ar an ngairm chun maoiniú a sholáthar do Luimneach. Is glao Chatagóir 2 é an glao maoinithe seo, atá beartaithe chun maoiniú a sholáthar chun ligean d'Údaráis Áitiúla an obair phleanála, dheartha agus theicniúil tosaigh a dhéanamh agus a chríochnú a theastaíonn chun tionscadal mórsála caipitiúil a fhorbairt. D'éirigh le Comhairle Cathrach agus

Contae Luimnigh €13.5 milliún a fháil in 2023, faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe – Catagóir 1, (a chuir maoiniú caipitiúil ar fáil) chun roinnt tionscadail turasóireachta a chur ar fáil i Luimneach, rud a phléifear thíos. Leanann an Chomhairle de thionscadal a chur chun cinn faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh agus cláir CLÁR.

Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer

Déantar soláthar sa Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh chun bonneagar áineasa lasmuigh nua agus atá ann cheana a fhorbairt i gceantair thuaithe le fócas ar leith ar áiseanna a fhorbairt do thurasóireacht eachtraíochta faoin tuath in Éirinn. Tógann an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh ar an ngealltanas faoi “Ár dTodhchaí Tuaithe” agus is príomhshnáithe í d’fheidhmiú “Glacadh le hAmuigh Faoin Aer na hÉireann”, an Straitéis Náisiúnta Áineasa Allamuigh 2023-2027. Soláthraítear maoiniú ag an Scéim do dheisiú, d’fhorbairt nó do chur chun cinn agus do mhargaíocht ar scála beag maidir le bonneagar atá ann cheana, oibreacha uasghrádaithe meánsála/mórscála agus forbairtí nua conaire nó conláiste chomh maith le Beart Forbartha Tionscadail chun foráil a dhéanamh do na costais forbartha do thionscadail mhórscála straitéiseacha. In 2024, fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maoiniú iomlán de €826,264.95 le haghaidh bearta éagsúla. I measc na dtionscadal a fuair tacaíocht ón maoiniú seo bhí: suiteáil céimeanna chun rochtain shábháilte a sholáthar ar Abhainn na Sionainne, ag Caisleán Uí Chonaill, forbairt éiceachonaire áineasa inrochtana ag Páirceanna Adare Manor agus forbairt conaire nua le haghaidh siúlóide agus rothaíochta easbhóthair idir sráidbhailte Áth Dara agus Ráithíneach. Tá na hoibreacha sin tosaithe agus críochnófar iad in 2025.

Críochnaíodh roinnt tionscadail a maoiníodh faoin Scéim Áineasa agus Bonneagair Allamuigh sna blianta roimhe seo in 2024, lena n-áirítear: athsholáthar 2 dhroichead coisithe i nGleannta an Chláir, a nascann lúb Ghleannta an Chláir idir Luimneach agus Tiobraid Árann chun áis

shábháilte agus níos áisiúla don úsáideoir a sholáthar. Bhain an dara tionscadal a cuireadh i gcrích le forbairt conláiste cois abhann in aice le hAbhainn na Lúbaí i gCill Mocheallóg, lena n-áirítear pointe rochtana nua agus uasghráduithe



Uasghrádú na nDroichead Coisithe i nGleannta an Chláir



Cruthú taitneamhachta cois abhann feadh Abhainn na Lúbaí, Cill Mocheallóg



Cruthú taitneamhachta cois abhann feadh Abhainn na Lúbaí, Cill Mocheallóg

dromchla feadh an tsiúlbealaigh cois abhann. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú ar chonair Lúb Ghleann Beag - cuid de líonra conairí siúil Bhéal an Átha - Áth na bhFuinseog agus críochnaíodh é in 2024.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, fógraíodh Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2024/25 le ciste náisiúnta €20 milliún chun tacú le forbairt bonneagair áineasa allamuigh nua agus atá ann cheana féin i gceantair thuaithe. Cuirfear aighneachtaí faoi gach Beart de chuid Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2024/25 faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi dheireadh Ráithe 1, 2025, i ndiaidh gairm phoiblí ar léirithe spéise, le pobail áitiúla.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Dearadh Scéim 2023 chun tacú le hathbheochan i gceantair thuaithe na hÉireann trí bhéim athnuaite a leagan ar bheocht gheilleagrach agus shóisialta lár an bhaile agus athghiniúint ar aon líne leis an bpolasaí Tús Áite do Lár an Bhaile. Le maoiniú 2023, leanadh ar aghaidh ag díriú ar dhul i ngleic le tithíocht fholamh agus thréigthe agus ar líon breise daoine a thabhairt isteach i lár na mbailte agus na sráidbhailte. Faoin ngairm mhaoinithe 2023, a fógraíodh in 2024, fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €680,805 do thrí thionscadal ar fud an chontae, lena n-áirítear (i) Athchóiriú ar réadmhaoine thréigthe i lár an tsráidbhaile chun í a thiontú ina hionad pobail agus spás cruinnithe i nGarraí na Deirce (ii) Conair shiúil phobail inrochtana le soilsiú, ráillí, binsí, mullaird agus balla spóirt liathróide i bpáirceanna pobail

Chill Churnáin agus (iii) Uasghrádú áiseanna ar phríomhfhoirgnimh phobail i Ráth Caola, lena n-áirítear oibreacha inmheánacha ar an ionad pobail agus deisiúcháin ar dhíonta an spáis óige áitiúil. Críochnófar na hoibreacha ar na tionscadail seo in 2025.

I measc na dtionscadal a críochnaíodh in 2024, a maoiníodh faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, bhí roinnt tionscadal lena n-áirítear: (i) Forbairt agus athchuspóiriú na Seide Earraí Iarnróid tréigthe mar Mhol Ghlasbhealach Luimnigh, i Ráth Caola i gcomhar leis an bhFoireann Forbartha Turasóireachta, (ii) Athfhorbairt dhá fhoirgneamh fholmha agus thréigthe ar champas Fheirm Shóisialta Dhún Bleisce a athchóiríodh le síneadh cúinne idirnasctha a tógadh ag nascadh na bhfoirgneamh a bhí scartha roimhe seo le chéile, chun áis Seirbhísí Pobail agus Ríomh-mhol a sholáthar i nDún Bleisce, (iii) Measúnú Féidearthachta ar athfhorbairt Mhúsaem De Valera i mBrú Rí, atá faoi úinéireacht an phobail agus atá dúnta faoi láthair, (iv) Staidéar féidearthachta ar athfhorbairt/athchuspóiriú foirgnimh faoi úinéireacht Chomhairle Pobail Áth an tSléibhe, atá suite ar an bpríomhshráid in Áth an tSléibhe. Tá na hoibreacha beagnach críochnaithe ar fhorbairt páirce nua in Eas Géitine, a thóg foirgneamh tréigthe agus a cuireadh spás poiblí ina áit i gcroílár bhaile Eas Géitine agus athfhorbairt réadmhaoine tréigthe in Ardach chun an réadmhaoine a chur ar ais in úsáid mar shiopa, chun freastal ar an bpobal áitiúil, beidh tionscadail Eas Géitine agus Ardach críochnaithe i dtosach 2025.



Athfhorbairt ar Sheid Earraí Ráth Caola



Athfhorbairt ar Sheid Earraí Ráth Caola



Athfhorbairt ar fhoirgneamh agus ríomh-mhol Sheirbhísí Pobail Dhún Bleisce



Athfhorbairt foirgneamh ag Dún Bleisce chun ríomh-mhol a sholáthar

Is clár infheistíochta spriocdhírthe é **CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais)** do cheantair thuaithe a sholáthraíonn maoiniú do thionscadail bhonneagair bheaga i gceantair thuaithe a d'fhulaing na leibhéil is airde maidir le meath an daonra. B'ionann an maoiniú iomlán a fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in 2024 agus €508,722, agus 12 thionscadal maoinithe ar fud an chontae, atá ainmnithe laistigh de cheantair CLÁR. I measc na dtionscadal bhí seomra céadfach agus trealamh ilchuspóireach a sholáthar ag Galtee Gaels, athchóiriú seomraí feistis club in CLG Chnoc Uí Choileáin, uasghrádú cúirte cispheile i Scoil Náisiúnta Ghleann an Ghoirt, uasghrádú ar fheabhsuithe ar charrchlós agus ar thailte i gCill Fhionáin agus athsholáthar córas soilsithe stáitse agus fuaime i nGleann na gCreabhar.

Seo a leanas cuid de na tionscadail shamplacha a maoiníodh in 2023, agus a críochnaíodh in 2024: (i) uasghrádú ar áiseanna soilsithe club i gClub CLG Chnoc Uí Choileáin, (ii) Soláthar cuasa scoite ar an mbóthar rochtana chuig Cé Choill Tíre, chun inrochtaineacht ar an áis a fheabhsú, (iii) Forbairt ar charrchlós pobail, chun sábháilteacht a fheabhsú ag an scoil i dTeampall an Ghleanntáin, (iv) Dromchla a chur ar charrchlós an ionaid pobail/ choimpléasc CLG i gCnoc Uí Choileáin agus trealamh spóirt allamuigh a shuiteáil ag na Galtee Gaels.



Suiteáil trealaimh giomnáisiam lasmuigh ag Galtee Gaels i nGallbhaile



Suiteáil soilsiithe ag Club CLG Chnoc Uí Choileáin

Maoiniú THRIVE - Cuidíonn an Scéim

Athbheochana Oidhreacht Tús Áite do Lár an Bhaile, a fhaigheann tacaíocht ó Chiste

Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Rialtas na hÉireann, le pleananna athghiniúna áitiúla a chur i gcrích a ghlacann cur chuige straitéiseach agus comhtháite chun bailte a athbheochan agus astu sin roghnaítear tionscadail áitiúla a chruthaíonn lár bailte a fheidhmíonn mar áiteanna bríomhara, tarraingteacha le cónaí agus le hobair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu agus a fheidhmíonn mar mhoil do ghnó, seirbhísí, agus gníomhaíocht shóisialta, chultúrtha agus áineasa laistigh den phobal a neartú.

D'éirigh le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €199,116 a fháil faoi Shraith 2 den chlár maoinithe, atá chun tacú le Straitéis Uirbeach Chomhtháite a chur ar fáil don Chaisleán Nua. Tá comhairleoirí idirnáisiúnta BUSarchitektur fostaithe ag an bhFoireann Forbartha Tuaithe chun cabhrú le ceapadh na straitéise, agus chun cur le bunú na Foirne Baile agus le prionsabail pholasaí Tús Áite do Lár an Bhaile, agus rinneadh comhairliúchán fairsing i rith an Fhómhair sa Chaisleán Nua, inar tugadh le chéile gach earnáil den bhaile, chun roinnt tionscadail thábhachtacha a aithint, a d'fhéadfaí a fhorbairt chun an baile a athrú. Úsáideadh scileanna na gcomhairleoirí, modhanna agus uirlisí éagsúla chun an pobal a mhealladh, agus tá sé beartaithe an Straitéis Uirbeach Chomhtháite a fhoilsiú i Ráithe 1, 2025, agus an obair a cuireadh ar bun i 2024 a chur chun cinn, chun straitéis láidir a chur ar fáil ar féidir í a úsáid chun leas a bhaint as maoiniú.

Cultúr

Leabharlanna

Leanann Leabharlann Chathair agus Chontae Luimnigh orthu ag soláthar seirbhísí nuálacha agus athléimneacha, ag soláthar rochtana ar dheiseanna léitheoireachta, litearthachta, foghlama ar feadh an tsaoil, folláine agus rannpháirtíochta cultúrtha. In 2024, seoladh roinnt nuálaíochtaí chun go mbeadh daoine in ann rochtain níos éasca a fháil ar leabharlanna agus an leas is fearr a bhaint as ballraíocht leabharlainne. Áirítear leis seo tabhairt isteach na seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte, iasachtaí Táibléad Digiteach, Suíomh Gréasáin Staidéar Áitiúil Luimnigh, Tionscnamh na Seaimpíní Litearthachta, aipeanna sruthaithe Ceoil agus Scannán, i measc nithe eile. Leanann ár leabharlanna de thionchar dearfach a imirt ar fholláine ár bpobal agus tá siad fós ar cheann de na seirbhísí is mó a úsáidtear san Údarás Áitiúil. Taifeadadh 453,348 cuairt ar 16 leabharlann agus ár leabharlann shoghluaiste, 26,267 seisiún Wi-Fi agus priontála idirlín poiblí agus 672,338 iasacht stoic in 2024. Leanann Leabharlanna Luimnigh orthu ag tacú le daoine chun a bheith eolach, ceangailte, liteartha agus oilte don saol.

Leanfaimid orainn ag cur aidhmeanna Phlean Forbartha na Leabharlainne 2021 – 2025 chun cinn: Daoine – Áit – Ardán chun spásanna tarraingteacha fáilteacha a chur ar fáil inar féidir le daoine machnamh, nascadh agus foghlaim. Leanann an tseirbhís leabharlainne de bheith ag feabhsú agus ag coinneáil líonra na leabharlann ar fud na cathrach agus an chontae. D'fhormheas an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail pleananna dearaidh mionsonraithe d'Fhorbraíocht Leabharlann Shuaitheanta na Cathrach ag Cearnóg Opera ar Shráid Rutland i mí Iúil. Síniódh conarthaí i mí na Nollag le haghaidh feithicil leabharlainne shoghluaiste ghlas nua a chur ar fáil agus chríochnaíomar obair chun oibriú doirse uathoibríoch agus córas téimh a athsholáthar i Leabharlann Chill Mocheallóg. Ina theannta sin, rinneamar dul chun cinn ar roinnt nuálaíochtaí seirbhíse ar fud líonra na leabharlainne.

'Mo Leabharlann Oscailte'

Cuireann an tseirbhís nuálach seo rochtain ar an leabharlann lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte, seacht lá na seachtaine, ó 8am go 10pm ar fáil ar bhonn féinseirbhíse. Tá foireann iomlán ag an leabharlann lasmuigh d'uaireanta Mo Leabharlann Oscailte. I mí an Mheithimh, thug Leabharlann Chathair agus Chontae Luimnigh an tseirbhís seo isteach i Leabharlann na Ceapaí Móire. Cuireann an tsamhail seirbhíse seo ar chumas bhaill na leabharlainne dul isteach sa leabharlann agus í a úsáid aon lá ó 8am go 10pm, leabhair agus earraí eile a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais, rochtain a fháil ar spásanna staidéir, priontáil agus seomraí TF rochtana poiblí. Cuirtear an tseirbhís ar fáil trí réiteach teicneolaíochta lán-chomhtháite le haghaidh rialú iontrála, bailíochtú ballraíochta, soilsithe, rochtain phoiblí ar ríomhairí, bothanna priontála, fógraí callairí agus gach oibríocht iasachta leabharlainne. Tá an tseirbhís ar fáil do bhaill na Leabharlainne a chláraíonn lena mbeith ina mbaill de Mo Leabharlann Oscailte.



Leabharlanna Uilechuimsitheacha

Leanfaimid orainn ag déanamh ár leabharlann níos fáiltí do chách agus tá roinnt tairiscintí teicneolaíochta cunta curtha chun cinn againn atá ar fáil do gach ball den leabharlann.

- Is gléas póca, iniompartha é **C-Pens** a léann téacs amach os ard le guth digiteach a bhfuil blas Éireannach air. Tá na C-Pens úsáideach do dhaoine a bhfuil lagú amhairc, disléicse agus dúshlán léitheoireachta eile orthu. Fuarthas 21 C-Pen breise dár líonra Leabharlainne trí chéile in 2024 le maoiniú ó Thacaíochtaí Leabharlainne na gCuntas Díomhaoín. Tá na gléasanna seo le fáil ar iasacht i ngach brainse den Leabharlann.
- **Seomraí agus Faighneoga Céadfacha**
Leanaimid orainn de bheith ag forbairt seirbhísí uathachais agus seirbhísí atá tacúil do dhaoine néara-éagsúla ar fud líonra na leabharlainne. Chomh maith leis an Seomra Céadfach a bhuaigh duaiseanna i Leabharlann Watch House Cross, chuireamar Faighneog agus Spásanna Céadfacha leis i roinnt leabharlann, lena n-áirítear Leabharlann Mhainistir na Féile agus Leabharlann an Chaisleáin Nua. Sa bhliain 2024, thaifeadar breis is 4,500 cuairt ar na háiseanna seomraí céadfacha seo.



Linda Fitzgerald, Obair Dheonach Mac Léinn Ollscoil Luimnigh, an Méara Luimnigh John Moran, Damien Brady, an Leabharlannaí Cathrach agus Contae, Stephanie Casey, Fondúireacht Vodafone

- **Iasachtaí Táibléad** Digiteach Sheol Méara Luimnigh, John Moran, Iasachtaí Táibléad Digiteach i Leabharlann na Cathrach i mí Dheireadh Fómhair. Bhí áthas ar Leabharlann Chathair agus Chontae Luimnigh dul i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Vodafone

Ireland maidir le scéim iasachtaí táibléad do dhaoine scothaosta. Is é cuspóir na scéime deireadh a chur le bacainní agus cur ar chumas daoine scothaosta rochtain a fháil ar an saol digiteach. Tá 42 gléas Táibléid Nokia T20 ar fáil ar iasacht ar fud líonra na leabharlainne. Tá an scéim seo dírithe ar dhaoine scothaosta ar féidir leo rochtain a fháil ar ardán foghlama féinstiúrtha Hi Digital arna fhorbairt ag Fondúireacht Vodafone Ireland i gcomhar le Alone.

- Is cúrsa ilghnéitheach, struchtúrtha ar líne é **Touch Type Read Spell** a chabhraíonn le daltaí chun foghlaim ar a luas féin. Chomh maith le scileanna clóscríbhneoireachta a fhorbairt, dearadh TTRS chun dul chun sochair do dhaltai de gach aois, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshlán acu sa léitheoireacht, sa litriú nó sa scríbhneoireacht. In 2024, mhéadaíomar líon na gceadúnaithe go 1,500.
- Is clár léitheoireachta ar líne é **Reading Eggs** chun an scil léitheoireachta a fhorbairt agus chun tacú le múineadh litearthachta le béim ar fhónaic agus ar fhocail súilaithe. Dearadh Reading Eggs do leanaí ó aois a 3 nó os a chionn lena mbeith ina léitheoirí neamhspleácha. In 2024 mhéadaíomar líon na gceadúnas atá ar fáil go 300.
- **Gléas Taispeána Braille Focus 40** Is gléas iniompartha buan é an gléas Focus 40 a cheadaíonn comhéadan tadhlaigh le ríomhaire d'aon duine a bhféadfadh lagú radhairc a bheith orthu. Maoiníodh Fócas 40 faoi Chiste Tacaíochtaí Leabharlainne na gCuntas Díomhaoín 2024.
- **Tionscnamh na Seaimpíní Litearthachta**
Maoiníodh an tionscadal seo faoin gCiste Comhoibrithe agus Nuálaíochta um Litearthacht d'Aosaigh ar Feadh a Saoil. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal comhoibritheach seo le Leabharlann Chontae an Chláir agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh an Clár Seaimpíní Litearthachta a fhorbairt i ngach ceann dár leabharlanna lánaimseartha chun leabharlanna a dhéanamh níos inrochtana agus níos fáiltí do gach duine a bhfuil dúshlán litearthachta rompu.

Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

In 2024, léirigh an clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann i Leabharlanna Luimnigh fás leanúnach, ag óstáil 53 imeacht san iomlán a mheall freastal comhchoiteann de 954 rannpháirtí. Dearadh na himeachtaí seo go straitéiseach chun sláinte agus folláine ár bpobal a chur chun cinn, agus chlúdaigh siad ábhair éagsúla mar shampla aosú gníomhach, déileáil le galair ainsealacha, méala agus bás i measc leanaí, cothú, Taidh tsí, ióga do leanaí, bainistíocht hormón shláintiúil, aireachas do leanaí, déileáil le diagnóis ailse agus an t-aistriú go dtí an mheánscoil a éascú. Chuir foireann For-rochtana Leabharlainne roinnt seisiún ióga cathaoireach ar fáil i roinnt Tithe Altranais sa Chathair agus sa Chontae.



Dáileadh teidil leabhair bhreise de chuid Sláinte Éireann i do Leabharlann ar gach brainse leabharlainne, rud a chuir leis an stoc reatha d'fhaisnéis a bhaineann le sláinte. Scaipeadh ábhair for-rochtana ag imeachtaí for-rochtana i dtithe altranais freisin. Bhí comhoibriú leanúnach le comhpháirtithe pobail i gceist leis an gclár Éire Shláintiúil i do Leabharlann, lena n-áirítear Cumann Meabhair-Shláinte Luimnigh, Meabhairshláinte Éireann, Botháin na mBan, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Thuaisceart na Cathrach, Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, grúpaí pobail chomh maith le scoileanna áitiúla agus tithe altranais i Luimneach.


Chuir leathnú chlár Éire Shláintiúil i do Leabharlann i dtaca le comhoibrithe straitéiseacha, stoc breise agus ábhar fógraíochta nua leis an gcuspóir feasacht sláinte pobail a chothú agus folláine a chur chun cinn inár bpobail.

Europe Direct

Freagraíonn Ionad Europe Direct i Leabharlann na Cathrach do cheisteanna faoin Aontas Eorpach agus cuireann sé sraith cainteanna, imeachtaí agus comórtas ar fáil i rith na bliana. Bhí freastal an-mhaith ar na himeachtaí le linn 2024 agus áiríodh orthu seisiúin ar Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, a scrúdaigh an nasc idir antoisceachas na heite deise, mífhaisnéis, agus teoiricí comhcheilge; cur i láthair ar Athchóiriú le haghaidh Tithe Teo agus Inbhuanaithe, agus caint agus plé painéil a phléigh téama na hintleachta saorga.



Príomhshruthú Smaointe Antoisceacha



An Mhisteir a Bhaint den Intleacht Shaorga

Ba í Prisca Afolabi ó Choláiste Chnoc na Labhras FCI buaiteoir iomlán Chomórtas Ardáin Cainte Europe Direct sa chatagóir aoise 16 agus faoina bhun agus tháinig Sean Butler ón Aonach, Co. Thiobraid Árann, sa chéad áit sa ghrúpa aoise 17 agus os a chionn. Chuaigh an bheirt ar aghaidh chun dul san iomaíocht sa chluiche ceannais Ardáin Cainte Náisiúnta i mBaile Átha Cliath ag Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn ar an 26 Samhain in éineacht le buaiteoirí catagóire aonair na seacht nIonad Réigiúnacha Europe Direct eile ar fud na tíre.

Teaghlaigh agus Leanaí

Is tionscnamh náisiúnta é An Ceart chun Léitheoireachta chun forbairt léitheoireachta agus litearthachta a chur chun cinn do dhaoine de gach

aois. Cuimsíonn sé seo ceithre chlár shéasúracha náisiúnta atá dírithe go sonrach ar aoibhneas na léitheoireachta a chur chun cinn do leanaí – Léim isteach i Léitheoireacht, Réaltaí an tSamhraidh, Féile Leabhar na bPáistí agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann. I mbliana, chuimsigh an clár an tionscnamh Mála Beag Leabharlainne i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar chuid de Straitéis Na gCéad 5.

• Mo Mhála Beag Leabharlainne

Is comhfhiontar é an tionscnamh iontach seo idir leabharlanna agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar chuid de Straitéis na gCéad Chúig. Is clár brontanais leabhar é seo do gach leanbh a thosaíonn ar scoil in 2024. Tá leabhar ar scoil a thosú, ar chairde a dhéanamh agus ar a bheith compordach agus tú dílis duit féin i Mála Beag na Leabharlainne. Tá na páistí in ann a leabhair agus a mála leabhar a choinneáil chomh maith lena mballraíocht féin le cárta leabharlainne agus sparán.

• Léim isteach i Léitheoireacht

Is é mí Aibreáin an tráth den bhliain ina dtagann Spring into Storytime agus díreáir ar lúcháir na scéalta a chur chun cinn do na baill leabharlainne is óige atá againn. Le líon iomlán de 41 imeacht le 725 rannpháirtí i mí Aibreáin 2024, d'éirigh go han-mhaith leis an gclár Spring into story time 2024.



Cuairteoirí ó Naíonra Teddy, go Leabharlann Dhrom Collachair le haghaidh am scéalaíochta



Réaltaí an tSamhraidh Mikail agus a Dhaid le pas teaghlaigh chuig Músaem Bád Eitilte Fhainge



Foireann Leabharlann Áth Dara le páistí ó Scoil Náisiúnta Manister le haghaidh am scéalaíochta taibhsiúil

• **Réaltaí an tSamhraidh**

Is faoi lúcháir na léitheoireachta atá Réaltaí an tSamhraidh agus bíonn sé ar siúl ó Mheitheamh go Lúnasa, an dá mhí sin san áireamh. Spreagtar leanaí agus teaghlaigh cuairt a thabhairt ar an leabharlann, neart leabhar a fháil ar iasacht i rith mhíonna an tsamhraidh agus páirt a ghlacadh i gcuid de na himeachtaí spraiúla iomadúla atá dírithe ar theaghlaigh a bhíonn ar siúl i Leabharlanna i rith mhíonna an tsamhraidh. In 2024, d'athraíomar Réaltaí an tSamhraidh chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur san áireamh. In ionad earraí luach saothair, thugamar deis do pháistí pasanna a bhuachan chuig cuid de na heispéiris teaghlaigh is fearr i Luimneach. Bhí an-tóir ar an athrú i measc teaghlach agus ionaid cuairteoirí araon agus bhí sé an-rathúil le líon nár taifeadadh riamh de 2,847 páiste ag glacadh páirte sa dúshlán léitheoireachta. Reáchtáil ár leabharlanna 151 imeacht do Réaltaí an tSamhraidh le 3,577 duine i láthair.

- **Bíonn Féile Leabhar na bPáistí agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann** ar siúl i rith mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Nollag. Tá na cláir náisiúnta seo dírithe ar aoibhneas ó na leabhair agus ón léitheoireacht a roinnt i measc leanaí agus teaghlach. Tugann foireann na Leabharlainne, in éineacht le scríbhneoirí

agus maisitheoirí, clár ceardlann, cuairteanna ó scríbhneoirí, cainteanna agus comhráite chuig leabharlanna agus scoileanna ar fud na cathrach agus an chontae. Bhí 127 imeacht ar fad i bhFéile Leabhar na bPáistí le 3,121 páiste ag freastal uirthi. Bhí Am Teaghlaigh i do Leabharlann ar siúl i rith mhí na Nollag le 30 imeacht san iomlán.

Scríbhneoirí agus Léitheoirí


Reáchtálann ár Leabharlanna clubanna leabhar agus ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí i rith na bliana agus fáiltítear roimh go leor scríbhneoirí agus maisitheoirí, filí agus cleachtóirí cruthaitheacha chuig ár Leabharlanna. Tá an léitheoireacht agus an litearthacht i gcroílár ár gcuid oibre agus tá sé riachtanach spás agus na deiseanna a sholáthar do scríbhneoirí agus do léitheoirí bualadh le chéile agus meascadh chun pobal liteartha bríomhar a chothú. Tháinig scríbhneoirí áitiúla, scríbhneoirí a bhuaigh gradaim idirnáisiúnta, scríbhneoirí nua agus scríbhneoirí a bhfuil gealladh fúthu, chuig ár leabharlanna ag raon seisiún, lena n-áirítear Léamha, Cuairteanna Scríbhneoirí, Seisiúin Scríbhneoireachta Cruthaithí, agus Micreafóin Oscailte. Bhí Róisín Meaney, Donal Ryan, Jane Clarke, Alan Nolan, Karen Fitzgibbon, Dermot Whelan, Judi Curtin agus Grúpa Scríbhneoirí Writepace i measc na scríbhneoirí iontacha a thug cuairt ar ár Leabharlanna le linn 2024.



Na filí Michael Dooley agus John Carew ag Leabharlann Chill Mocheallóg



Scribhneoir agus taibheoir Dermot Whelan le teach lán i Leabharlann an Ghleanna



Staidéar Áitiúil Luimnigh

Tá sé mar aidhm ag Staidéar Áitiúil sa Leabharlann cuimhní cultúrtha Luimnigh a bhailiú, a iniúchadh, a chaomhnú agus a cheiliúradh. In 2024, chríochnaíomar an bonneagar nua ar líne chun rochtain agus rannpháirtíocht níos fearr a chumasú. Sheol an Méara John Moran suíomh gréasáin Staidéar Áitiúil Luimnigh www.limericklocalstudies.ie i mí Dheireadh Fómhair. Tá rannpháirtíocht den scoth feicthe ag an suíomh gréasáin agus tá cur síos déanta air mar ‘acmhainn dhochreidte’. Molann léirmheas ó Irish Genealogy News d’úsáideoirí ‘Tum tú féin, ach ná déan dearmad teacht aníos ó am go ham’. Seo a leanas roinnt staitisticí spéisiúla ó cuireadh i bhfeidhm é:

Na 7 Leathanach is Mó ar Tugadh Cuairt Orthu

1. Leathanach Baile Staidéar Áitiúil Luimnigh: 7430 amharc
2. Tuairiscí Báis - Sleachta Nuachtáin: 5580 amharc
3. Tuairiscí Báis: 4661 amharc
4. Leabharlann Dhigiteach: 2028K amharc
5. Ginealas: 1548 amharc
6. Eolairí Trádála: 1001 amharc
7. Bailiúchán Irisí: 790 amharc

Na 7 dTír leis na hÚsáideoirí is Gníomhaí

1. Éire: 5713 úsáideoir
2. Na Stáit Aontaithe: 1042 úsáideoir
3. An Ríocht Aontaithe: 972 úsáideoir
4. An Astráil: 428 úsáideoir
5. Ceanada: 194 úsáideoir
6. An Ísiltír: 174 úsáideoir
7. An Fhionlainn: 108 úsáideoir



Mike Maguire, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, an Méara Luimnigh, John Moran, Damien Brady, Leabharlannaí Cathrach agus Contae



Comórtha

Lean maoiniú Deich mBliana na gComórtha Céad Bliain ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar aghaidh go dtí 2024, rud a chuir ar chumas na Seirbhíse Leabharlainne trí thionscadal den scoth a chur i gcrích. Foilsíú an leabhair, *Limerick After the Civil War, 1923-1930* le Seán Gannon, Staidéar Áitiúil Luimnigh, agus Brian Hughes, Roinn na Staire i gColáiste Mhuire Gan Smál. Agus 125 bliain Rialtas Áitiúil na hÉireann á cheiliúradh, léirigh an Leabharlann i gcomhar le Músaem Luimnigh an taispeántas ar líne Rialtas Áitiúil Luimnigh, 1899-1942. I gcomhar leis an Oifig Ealaíon freisin, rinneadh ceiliúradh ar shaothar agus ar éachtaí Sophie Mary Peirce-Evans (Lady Heath), Eitleoir agus lúthchleasaí Éireannach, mar aon le spreagadh a thabhairt do mhná dul san eitlíocht, agus ghlac daoine óga páirt i sraith ceardlann scríbhneoireachta cruthaithí i Leabharlann an Chaisleáin Nua agus cruthaíodh suíomh gréasáin atá tiomnaithe do cheann de na mná is suimiúla i stair Luimnigh san fhichiú haois, Lady Mary Heath – Her Skies, our voices...

Seirbhísí ar Líne

Sa bhliain 2024, leathnaíomar raon na seirbhísí ar líne do bhaill na Leabharlainne seachas ríomhleabhair, closleabhair, nuachtáin, irisí agus úrscéalta grafacha, ina measc sruthú ceoil agus scannán a áireamh leis na haipeanna Freegal (ceol) agus Kanopy (scannáin).





Seo a leanas roinnt staitisticí spéisiúla ó cuireadh i bhfeidhm é:

Scannáin is mó a mbreathnaítear orthu ar Kanopy

1. Normal People
2. Nine Perfect Strangers
3. Shakespeare and Hathaway Season 1
4. Killing Eve Season 2
5. Pure

Freegal (Ceol) An tEalaíontóir is Mó a Íoslódáladh

1. P!nk
2. James Arthur
3. Joan Baez
4. Beyoncé
5. John Denver

Na hEalaíona

Tá clár Oifig Ealaíon Luimnigh maoinithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Chomhairle Ealaíon (an ghníomhaireacht náisiúnta chun na healaíona in Éirinn a fhorbairt, a chur chun cinn agus a mhaoiniú) agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, na Gaeltachta, na Meán agus Spóirt faoin tionscnamh Éire Chruthaitheach.

Cuireann Creat Straitéise Cultúrtha Luimnigh 2016 - 2030, Éire Ildánach, Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh 2023-2027 agus Clár Méara Luimnigh 2024-2028 bonn eolais faoi fhorbairt clár agus tionscadal.

Sparánachtaí agus Deontais

Fógraíodh deiseanna maoinithe trí shraith Glaonna Oscailte, a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair, cleachtóirí cruthaitheacha agus grúpaí a eagraíonn gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon agus a ghlacann páirt iontu chun aidhmeanna Straitéis Chultúrtha Luimnigh a chomhlíonadh. Reáchtáil an Oifig Ealaíon sraith seisiún eolais faoi dheontais ar líne agus i leabharlanna ar fud an chontae, lena n-áirítear leabharlanna Chill Mocheallóg, An Chaisleáin Nua, Áth Dara agus na Cathrach, go luath in 2024.

- Deontais Faoi Scéim Acht na nEalaíon 2024 – ceadaíodh 28 deontas as leithdháileadh iomlán de €20,000;
- Sparánachtaí Amharclannaíochta Luimnigh 2024 – bronnadh ceithre sparánacht as leithdháileadh iomlán de €17,750;
- Scéim Dámhachtainí Sparánachtaí Ealaíon Aonair 2024 – bronnadh ocht sparánacht, as leithdháileadh iomlán de €22,750;
- Bronnadh sparánacht Dolores O’Riordan amháin de €4,000 in 2024;
- Ciste Straitéiseach Luimnigh – ceadaíodh 11 iarratas ar luach €25,200 san iomlán agus baineadh leas as €362,000 de mhaoiniú náisiúnta;
- Fógra faoi Ghradam Filíochta Bliantúil Michael Hartnett 2024.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do chleachtóirí ealaíon agus cruthaitheacha

Fógraíodh sraith deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach do chleachtóirí cruthaitheacha faoi sheacht sparánacht meantóireachta agus cónaitheachta éagsúla. Cuireann na sparánachtaí seo le fás acmhainne cultúrtha Luimnigh trí thacú le hoiliúint earnála dhírithe, le feabhsú scileanna agus le hinfheistíocht do chruthaitheoirí ag céimeanna éagsúla ina ngairmeacha beatha.

- Sparánacht Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Blas;
- Dhá Sparánacht Scoil Samhraidh Meitheal;
- Dhá Sparánacht Chór Óige na hÉireann;
- Sparánacht Scoile Chomhlachas Drámaíochta na hÉireann;
- Cónaitheacht ag Culturel Irlandais (Páras);
- Trí Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie;
- Sparánacht Áras Scríbhneoirí na hÉireann.

Tacaíochtaí breise do Chruthaitheoirí/ Ealaíontóirí

Chuir Amharc-Ealaíontóirí Éireann sé imeacht agus deis oiliúna gairmiúla ar fáil d'ealaíontóirí atá lonnaithe i Luimneach, lena n-áirítear Treoir maidir le hlarratais Mhaoinithe, Imeacht líonraithe ealaíontóirí, stiúideonna agus spásanna oibre, caifé inbhuanaitheachta, ealaíontóirí i scoileanna, agus seisiúin meantóireachta coimeádaíochta. Reáchtáil Réalta imeacht aon lae i Luimneach inar leagadh amach na gnéithe riachtanacha a bhaineann le bheith ag obair le daoine scothaosta i gcomhthéacs na n-ealaíon agus na sláinte, agus inar raibh cuir i láthair ó chuid de na cleachtóirí is mó taithí agus is inspioráidí atá ag obair sa réimse cleachtais speisialaithe seo. Mhaoinigh Oifig Ealaíon Luimnigh rannpháirtíocht Ealaíontóirí Luimnigh sa dá chlár.

Stiúideo Ealaíontóra

Fógraíodh glao oscailte do chleachtóirí cultúrtha chun iarratas a dhéanamh ar cheann de Stiúideonna Ealaíontóra Shráid Shéamais i Luimneach, atá faoi fhóirdheontas, a úsáid ar feadh bliana. Cruthaíonn Stiúideo Ealaíontóra Shráid

Shéamais coinníollacha do spásanna stiúideo inacmhainne d'ealaíontóirí aonair.

Scéim Árasán Cónaithe Ealaíontóirí

Tairgeadh dhá cheadúnas trí bliana d'ealaíontóirí i ndiaidh gairm oscailte in 2024. Cuireann na hÁrasáin Ealaíontóirí spásanna maireachtála inacmhainne ar fáil d'ealaíontóirí aonair, chun ealaíontóirí atá ina gcónaí agus ag obair i gCathair Luimnigh a mhealladh agus a choinneáil. Cuireann na hárasáin spásanna maireachtála fóirdheonaithe ar fáil mar aitheantas ar an bhfíric go dtuilleann ealaíontóirí agus go leor daoine eile atá ag obair sna healaíona ioncam measartha íseal go minic.

Árasáin Ealaíontóirí Ghearrthéarmacha

In 2024, d'fhan 38 ealaíontóir aonair in dhá árasán gearrthéarmacha, a chuireann cóiríocht fhóirdheonaithe ar fáil d'ealaíontóirí cuairte trí Eagraíochtaí ealaíon Luimnigh.

I measc na ndeiseanna forbartha ealaíonta gairmiúla eile a cuireadh ar fáil in 2024, bhí Fógra Thionscadal Shliabh Luachra, a thug cuireadh d'iarraitais ar phost Ceoltóirí Cónaithe Shliabh Luachra. Tugann an tionscadal Oifigí Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, Chomhairle Contae Chiarraí agus Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le chéile. Beidh an chónaitheacht lonnaithe i réigiún Shliabh Luachra a bhfuil cuid de chontaetha Chorcaí, Chiarraí agus Luimnigh mar chuid de. Ceapadh Aidan Connolly mar Ceoltóirí Cónaithe agus sheol sé leabhar ceoil "Tobar Luachmhar", acmhainn do scoileanna chun foinn a fhoghlaim i stíl Shliabh Luachra.

Fógra Leabhar Filíochta Stony Thursday - Tá Leabhar Stony Thursday ar cheann de na hirisleabhair liteartha is faide ar an bhfód in Éirinn. Ceapadh Victoria Kennefick mar eagarthóir in 2024. Chuir breis is 300 file saothar isteach.

An Chomhairle Ealaíon - Comhpháirtíocht

Faoi Chomhaontú na Comhairle Ealaíon / Chumainn Lucht Bainistíochta Cathrach agus Contae; Creat le haghaidh Comhoibriú (2016 -

2025), shínigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh comhaontú ar phlean oibre trí bliana ina leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha comhroinnte maidir le forbairt ealaíon i Luimneach ó 2023 go 2025. In 2024, bronnadh €135,000 ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun comhpháirtíocht a dhéanamh ar chlár a chur fáil faoi na gníomhartha comhaontaithe seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt d'Ealaíontóirí agus d'Eagraíochtaí Cultúrtha;
- Na hEalaíona Tuaithe agus Barr Feabhais;
- Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas;
- An Oíche Chultúir.

I measc bhuaicphointí ó 2024 tá na nithe seo a leanas:

- Bhí Féile Liteartha agus Ealaíon Éigse Mhichíl Uí Airtnéide ar siúl ón 3-6 Deireadh Fómhair sa Chaisleán Nua. Bronnadh duais airgid €8,000 ar Tara Bergin as Gradam Filíochta Mhichíl Uí Airtnéide. Bhí roinnt imeachtaí, lena n-áirítear léamha, scannáin, ceol, paráid agus turais, ar siúl ar fud an Chaisleáin Nua i rith an deireadh seachtaine.
- Sármhaitheas i gceolchoirmeacha clasaiceacha i suíomh tuaithe: Bhí ceithre cheolchoirm cláraithe i Séipéal na Naomh Uile i gCaisleán Uí Chonaill faoin tsraith fómhair. Sheinn baill den Degani Ensemble i mí Lúnasa, Rowel Friers i mí Mheán Fómhair, Hard Rain Solosist Ensemble i mí Dheireadh Fómhair, agus Banbha String Quartet i mí na Samhna. Bhí Liz Nolan ó RTÉ Lyric fm i mbun gach ceolchoirme ar an oíche, agus taifeadh na ceolchoirmeacha agus craoladh iad ina dhiaidh sin ar "The Full Score" le Liz Nolan. Tá an chomhpháirtíocht le Lyric FM tar éis teacht faoi bhláth agus na ceolchoirmeacha luaite i roinnt clár agus ag roinnt láithreoirí. Méadaíonn sé seo lucht féachana agus déanann sé na ceolchoirmeacha inrochtana do chách.
- Sheinn Vanbrugh String Quartet and Friends, a bhfuil cáil mhór orthu, i nGlórach, Mainistir na Féile i mí na Nollag. Bunaithe in 1986, tá Ceathairéad Vanbrugh anois ar cheann de na ensemble aireagail is mó le rá in Éirinn, agus seinneann siad go hidirnáisiúnta agus

faigheann siad ardmholadh as a repertoire éagsúil.

Tionscadal Cathracha Comhaimseartha

Cuireadh tús le comhpháirtíocht nua idir Oifig Ealaíon Luimnigh agus Hard Rain Soloist Ensemble, Béal Feirste agus Scoil Cheoil Luimnigh. Bunaithe in 2013, is grúpa ceoltóirí den chéad scoth é Hard Rain atá tiomanta do cheol nua-aimseartha agus comhaimseartha a léiriú. Tá sé mar aidhm ag tionscadal na gCathracha Comhaimseartha tionscadail comhpháirtíochtaí ceoil a chruthú idir Luimneach agus Béal Feirste.

Ghlac páistí agus daoine óga ó dhá scoil náisiúnta Mhainistir na Féile agus Foróige páirt i maidin ceoil chomhaimseartha idirghníomhaigh le Hard Rain in Amharclann Glórach ar an 23 Deireadh Fómhair. Áiríodh sa cheardlann taispeántas ar uirlisí clasaiceacha agus ceol, teicnící, fuaimeanna agus stiúradh idirghníomhach agus amhránaíocht.

Tionscail Ealaíon i Scoileanna

Mar fhreagra ar bhearna a shainithint maidir le soláthar Chlár Óige na hOifige Ealaíon i meánscoileanna, reáchtáil Oifig Ealaíon Luimnigh clár nua ar bhonn píolótach ar 'Tionscail Ealaíon i Scoileanna'. Rinneadh an tionscnamh seo a chur ar fáil i líon roghnaithe meánscoileanna, agus díríodh ar dhaltaí na hidirbhliana. Cheangail sé daltaí le léirithe beo agus/nó deiseanna taithí oibre laistigh de thionscail ealaíon ábhartha. Cuireadh an clár ar fáil i gcomhar le hIonad Cruthaithe Aerúil na hÉireann, tionscadail léirithe sráide, cumadóireacht amhrán, agus léiriúcháin an Chaisleáin Nua, ceardlanna deartha cultacha le Gemma Morris, agus déanamh Maisc agus Prapaí le hAmharclann Shráid Lumen. Chuir an Oifig Ealaíon tús le clár Ealaíon a chur ar fáil i Scoileanna DEIS in Oileán an Rí, i gcomhar le Comhpháirtíocht Paul. Cuireadh tús le ranganna Damhsa agus Paint Punch.

Amharclann Óige Chontae Luimnigh

Bronnadh €23,000 ar Amharclann Óige Chontae Luimnigh chun tacú lena gclár bliantúil. Lonnaithe in Amharclann Honey Fitz i Loch Goir, cheap siad Katie O'Rourke mar a Stiúrthóir Ealaíne.

Clár Damhsa Ionchuimsitheach Limerick Dance

Thacaigh an Oifig Ealaíon le forbairt tionscnaimh oiliúna speisialaithe atá deartha d'ealaíontóirí damhsa roghnaithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu agus nach bhfuil araon. Chuir Damhsa Luimnigh tús leis an gclár damhsa ionchuimsitheach nua in 2024 agus tá siad ag leanúint de bheith á fhorbairt chun forbairt ghairmiúil, cóiréagrafaíocht, taibhléiriú agus oiliúint a áireamh. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo daoine aonair a thabhairt le chéile chun forbairt scileanna nua a chothú, eispéiris a roinnt, agus dul chun cinn a dhéanamh mar ealaíontóirí damhsa gairmiúla. Ghlac 16 ealaíontóir damhsa páirt i rith na bliana. Tá forbairt an chlár faoi stiúir agus treorú na rannpháirtithe. Tá an fhoghlaim á dhoiciméadú de réir mar a théann an tsamhail ar aghaidh.

Deich mBliana na gComórtha Céad Bliain- “Her Skies, Our Voices”

Seoladh Deich mBliana na gComórtha Céad Bliain- “Her Skies, Our Voices” ar an 31 Deireadh Fómhair i leabharlann an Chaisleáin Nua. Ba thionscadal scríbhneoireachta cruthaithí comhoibritheach é seo idir an drámadóir agus léiritheoir, Ella Daly, an saineolaí eitlíochta Ruth Bagnell agus mná óga ón gCaisleán Nua, dírithe ar shaol Sophie Peirce – Evans, ar a dtugtar Lady Mary Heath freisin. Rinne an tionscadal iniúchadh ar scríbhneoireacht chruthaitheach sa seánra neamhficsin chruthaithigh agus bhí taighde mar chuid de ar shaol an duine, lena n-áirítear cuairt ar Aerfort Weston chun cró píolóta oscailte a fheiceáil agus chun suí isteach ann chomh maith. Tá an suíomh gréasáin ar fáil anois ag www.ladymaryheath.ie agus tá na scríbhinní cruthaitheacha, an fhaisnéis bheathaisnéise, na grianghraif agus na físeáin a bhaineann le Sophie Peirce-Evans ar fad in aon áit amháin ann. Thacaigh pobal an Chaisleáin Nua agus an earnáil eitlíochta leis an tionscadal. Tacaíodh leis an tionscadal trí Mhaoiniú Deich mBliana na gComórtha Céad Bliain agus ina dhiaidh sin le hurraíocht phríobháideach ó Aero Inspection International agus Acadamh Oiliúna Atlantic Flight.

Ealaíona agus Sláinte ag tacú le healaíontóirí

Taispeántas de Bhailiúchán Oifig na nEalaíon ar iasacht d'Ospidéal na hOllscoile.

Oíche Chultúir 2024

Chuir Oíche Chultúir Luimnigh 2024 breis agus 70 imeacht ar siúl ar fud na cathrach agus an chontae. Bhí méadú i líon na ngníomhaíochtaí sna bailte agus sna sráidbhailte le moil sa Chaisleán Nua, i Mainistir na Féile agus in Friar's Gate ag cur cláir ar siúl i gcaitheamh an tráthnóna. Tharla taispeántais agus léirithe i láithreáin ar fud na cathrach agus an chontae, Cnoc Áine, Ráth Caola agus Cill Mocheallóg san áireamh.

Bhí go leor gníomhaíochta ar siúl i gCathair Luimnigh i Margadh an Bhainne lena náirítear Hands on Harps agus ceiliúradh an teach tábhairne traidisiúnta Gaelach in Mother Mac's. Bhí Ceiliúradh Speisialta ar Chultúr na nÓg i gCaifé na nÓg Lava Javas ar Shráid Glentworth. Cuireadh oíche gháifeachta agus ghalántachta arna óstáil in Músaem Hunt le Tóraíocht Taisce agus ceolchoirm le téaduirilísí óige Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann. Bhí taispeántais ealaíne, filíocht bheo agus ceol. Chuir ár n-eagraíochtaí ealaíona



Oíche Chultúir a Ceiliúradh

taispeántais, ceardlanna agus imeachtaí ar bun le linn an tráthnóna, go speisialta, Dance Limerick, Déantóirí Priontaí Luimnigh, Space Craft Studios, Teach Ormston.

Bhí an Oíche Chultúir Dhéanach fiorthábhachtach do Luimneach, le Sionna i gCaisleán Luimnigh agus Top 8 agus Dance Limerick agus The Commercial araon ag fáil deontas Oíche Chultúir Dhéanach na Comhairle Ealaíon, bronnadh trí dheontas €5,000 eile ar Fhéile Ceoldrámaíochta Luimnigh d'áirianna in Wickham Way, ceiliúradh an tí tábhairne traidisiúnta Gaelach de chuid Mother Macs le himeachtaí Sean-nós agus seanchaí, agus imeachtaí bia Pigtown de chuid Treaty City Brewery, arna tacú ag ár gComhairleoir Geilleagair Oíche.

Chuir Déantóirí Priontaí Luimnigh ceardlanna rannpháirtíochta ar bun, áit a d'fhoghlaim páistí agus daoine fásta conas a bprionta scáileán síoda féin a dhéanamh agus sheol Hermitage Green albam nua agus sheinn siad ar Shráid San Nioclás.

Léirigh ár gclár an éagsúlacht atá i bpobail Luimnigh, thaispeáin Féile Ealaíon na Polainne saothair i Músaem Hunt, léirigh imeacht Top 8 an cultúr saibhir agus tuathail nua-Afra-Ghaelach atá

ina meascán saibhir de chultúr Gaelach, na Ríochta Aontaithe, Iar-Afraice agus Meiriceánaigh le grúpaí damhsa.

Tugadh tacaíocht do roinnt imeachtaí breise i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear Hardware 3 in Belltable, Taispeántas Chomóradh 25 bliain Dhéantóirí Priontaí Luimnigh, Taispeántas Sráide na Nollag Bhannaí Luimnigh agus Ceol Am Lóin i nDánlann na Cathrach – ceol traidisiúnta á sheinm ag mic léinn MA ó Acadamh Domhanda Ceoil Ollscoil Luimnigh, agus Snagcheol á léiriú ag Snagcheol Luimnigh i mí na Nollag.

Éire Ildánach Luimnigh

Tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain, rannpháirtíocht agus taitneamh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann a fheabhsú. Leagtar amach i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh 2023 – 2027 cúig thosaíocht straitéiseacha do Luimneach:

- (i) Comhfhorbairt Áite
- (ii) Gairmeacha Cultúir agus Cruthaitheacha
- (iii) Naisc
- (iv) Ag Cruthú Athruithe
- (v) Geilleagar Cultúir agus Cruthaitheach

Ranníocaíocht Eagraíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	
Ceoláras na hOllscoile	€25,000
Dance Limerick	€25,00
Músaem Hunt	€25,000
EV+A	€10,000
Belltable	€225,000
Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann	€11,000

Ranníocaíochtaí na Comhairle Ealaíon/Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnighs	
Teach Ormston	€20,000
Ionad Cruthaithe Aeróige na hÉireann	€23,000
Déantóirí Priontaí Luimnigh	€5,000

In 2024, fuair Foireann Cultúir agus Chruthaitheach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an maoiniú seo a leanas mar gheall ar an gClár um Phobail Chruthaitheacha a chur chun feidhme:

2024 Bunchistiú Deontais	€177,419.00
2024 Cruinniú na nÓg	€30,000.00
2024 Sláinte agus Folláine (Ceol Beo)	€45,000.00
2024 Maoiniú Breise (Cruinniú X NTE)	€8,000.00
2024 Maoiniú Breise (Cruinniú X YTI)	€500.00
2024 Maoiniú Breise (Cruinniú)	€141.99
2024 Maoiniú Breise (Comhairliúcháin Cruinniú)	€2,000.00
2024 Maoiniú Breise (Cruinniú X an tOileán Comhroinnte)	€6,400.00
2024 Maoiniú Breise	€4,720.00
Iomlán	€274,680.99

Chomh maith leis sin, lean an fhoireann Éire Ildánach Luimnigh ar aghaidh ag bainistiú dhá thionscadal trí bliana: Gníomh Cruthaitheach ar son na hAeráide: Síolta Glasa agus Pobail Chruthaitheacha ar Oileán Comhroinnte: Lásaí na hÉireann.

In 2024, tugadh maoiniú do 97 tionscadal/ tionscnamh aonair tríd an gclár um Phobail Chruthaitheacha Luimnigh. Áirítear le rogha díobh:

Deontais Déanta i Luimneach

Ofráladh Deontais Déanta i Luimneach, mar ghlaio oscailte iomaíoch, mar chuid den chlár um Chruthaitheacha Luimnigh chun gníomhaíochtaí a chur ar bun le linn 2024 a thacóidh le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh. Bhain trí shnáithe leis an scéim deontais seo:

Snáithe 1 - Duine gairmiúil, comharghrúpa, nó eagraíocht: dírithe ar chleachtóirí ildánacha gairmiúla aonair, comharghrúpaí agus eagraíochtaí atá lonnaithe i Luimneach ar mhiste leo tionscadail chomhoibríocha pobal-lárnacha a bheidh lonnaithe i gcathair agus/nó contae Luimnigh a fhorbairt agus a sholáthar;

Snáithe 2 - Grúpaí Pobail in áit shuimiúil nó a mbaineann ábhar ar leith leo: dírithe ar ghrúpaí pobail atá lonnaithe i Luimneach in áit shuimiúil nó a mbaineann ábhar ar leith leo ar miste leo tionscadail chruthaitheacha a fhorbairt agus a sholáthar a chuirfidh rannpháirtíocht ghníomhach, tuiscint ar an gcruthaitheacht agus rannpháirtíocht chruthaitheach laistigh dá bpobail a chur chun cinn;

Snáithe 3 - Eagraíochtaí Cultúir, nó Oidhreacht: oscailte chuig eagraíochtaí cultúir agus oidhreacht atá lonnaithe i Luimneach ar miste leo tionscadail a fhorbairt agus a sheoladh a chuirfidh bearta ar bun a gcabhróidh leis an bpobal foghlaim faoina n-oidhreacht áitiúil nádúrtha agus cultúir, é sin a bhainistiú agus nasc gníomhach a chruthú leis.

Ceadaíodh 23 iarratas ar dheontais Éire Ildánach Déanta i Luimneach do mhaoiniú in 2024, agus bronnadh €68,000 san iomlán ar réimse éagsúil tionscadal agus imeachtaí ar ardchaighdeán.

Cruinniú na nÓg 2024

Lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga is ea Cruinniú na nÓg, a cheiliúránn agus a spreagann rannpháirtíocht i gcultúr agus i gcruthaitheacht trí thaispeántais, drámaíocht, ceardlanna ealaíne agus ceoil, léamha, taispeántaí ar scáileáin, imeachtaí speisialta agus tuilleadh. Is príomhthionscnamh é Cruinniú na nÓg a thugann an deis do pháistí agus do dhaoine óga a n-acmhainneacht chruthaitheach a chumasú. Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce, páiste-lárnach agus bunaithe ar ghníomhaíocht.

Ar an 15 Meitheamh, chuir Éire Ildánach Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le Fresh Film agus Music Generation, sraith ceardlanna, gníomhaíochtaí agus cur i láthair saor in aisce ar fáil ar fud na cathrach agus an chontae. Seachadadh an clár i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Leabharlainne, Músaem Hunt, Dánlann Chathair Luimnigh, Glasbhealach Luimnigh agus an Geilleagar Oíche.

Seo a leanas cuid de bhuaicphointí an Chláir: Rocky Horror Picture Show – Taispeánt Idirghníomhach; Ceiliúradh Ceoil agus Scannáin in Belltable, Luimneach; agus Am Scéalaíochta agus Puipéid Stoca do Pháistí Beaga.



Cruinniú na nÓg 2024

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maoiniú breise de €8,500 chun imeachtaí a chur ar fáil a dhírigh ar dhéagóirí sa Gheilleagar Oíche, agus chun tacú leis an Amharclann Óige.

Musicians on Call

Fuair Luimneach deontas €45,000 mar phríomhpháirtí do Musicians on Call. Soláthraítear an tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le Music and Health Ireland, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Comhairlí Contae an Chláir agus Thiobraid Árann. Tugann an tionscadal seo ceoltóirí atá oile go gairmiúil chun obair a dhéanamh i suíomhanna cúraim sláinte i Réigiún Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir, chun deiseanna maidir le ceol a ghiniúint a cheangal le cónaitheoirí agus le foireann cúraim sláinte i dTithe Altranais agus in Ospidéal Phobail.

Tionscadail agus Comhpháirtíochtaí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Winter Warmer le Dance Limerick: Tráthnóna de dhamhsa ón rogha éagsúil pobal atá lonnaithe sa chathair a bhí in 'Winter Warmer'. Bhí 15 taibheoir damhsa mar chuid den tionscnamh seo agus bhí 100 duine sa lucht féachana.

Cuireadh tús le roinnt tionscadal nua in 2024 a dhírigh ar a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail sna réimsí cuimsithe sóisialta, sláinte agus folláine. Áirítear i measc roinnt samplaí, iad seo a leanas:

- Na hEalaíona sna Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean i gcomhar le Clann Shíomóin an Iarthair Láir: tionscadal amharc-ealaíona i soláthar Sheirbhísí do Dhaoine Gan Dídean in Oak Lodge.
- Amharclann do Chách – Tionscadal Píolótach Drámaíocht Óige Oileáin an Rí/ Naomh Mhuire: forbairt drámaíochta agus amharclainne le daoine óga i Spás na nÓg, Sráid San Nioclás.
- Caifé Ceoil an Chaisleáin Nua i gcomhar le hAcmhainní Iarthar Luimnigh: teacht le chéile ionchuimsitheach neamhfhoirmiúil a bhfuil sé mar aidhm aige caidrimh a chruthú, scéalta, amhráin agus ceol a roinnt.

Dánlann

Taispeántais Bhailiúcháin Bhuan

Bhí 8 dtaispeántas le feiceáil i mBailiúcháin Bhuan Dhánlann Chathair Luimnigh agus cuireadh os cionn 300 saothar ealaíne ar taispeántas sa Ghailearaí Thoir agus sna dánlanna ar an gcéad urlár. D'oscail taispeántas ar leith i mí Feabhra le saothair a fuarthas trí Chairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann. Bhí an taispeántas seo, i gcomhar le Dánlann Crawford, Corcaigh, mar chomóradh 100 bliain ar mhaoiniú Chairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann. Lean na taispeántais ón mBailiúchán Buan ar aghaidh ag taispeántas saothar ealaíne ó na bailiúcháin ar bhonn uainíochta ag cur béim ar iasachtaí, síntiúis agus saothair fhaighte a fuarthas do Bhailiúcháin Dhánlann Chathair Luimnigh le déanaí.

Saothair a fuarthas do Bhailiúcháin Dhánlann Chathair Luimnigh

- Saothair le Austin McQuinn, Vivienne Bogan, Tina O'Connell, Sian Costello, Gala Tomasso, Michella Perera.

Bronntanais a fuarthas do Bhailiúcháin Bhuana Dhánlann Ealaíne Chathair Luimnigh

- An bronntanas is déanaí a fuarthas ó Chairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann ná dealbh bhrád de Sheán Keating le Gary Trimble, A.R.H.A.
- Áirítear sna saothair a fuarthas ó bhailitheoirí príobháideacha: Vivienne Bogan, Comharghrúpa Ealaíontóirí Shell/Ter agus Eithne Jordan.

Bailiúcháin Bhuana Iasachtaí amach

- In 2024, tugadh saothair ón mBailiúchán Buan ar iasacht chuig Dánlann Hugh Lane do mhórhaispeántas Sarah Purser.
- Leanadh ar aghaidh le hiasacht ón mBailiúchán Buan le Portráid de Mhícheál Ó hAirtnéide chuig Leabharlann an Chaisleáin Nua le haghaidh oscailt oifigiúil Fhéile na hÉigse Mhícheál Ó hAirtnéide 2024



Léiriú ar Siúl sa Taispeántas Mountains Fall on Us

- Leanann Dánlann Chathair Luimnigh ar aghaidh ag plé le hinstiúidí náisiúnta eile maidir le saothair ón mBailiúchán Buan a thabhairt ar iasacht le haghaidh taispeántais shealadacha lena n-áirítear Comhairle Contae an Chláir, Visual Carlow.

Clár Taispeántais 2024

Ag teacht lenár gcomhaontú maoinithe ón gComhairle Ealaíon, chuir Dánlann Chathair Luimnigh seacht dtaispeántas comhaimseartha ar siúl in 2024 a léirigh tábhacht náisiúnta na hinstiúide seo. Bhí meascán d'ionadaithe idirnáisiúnta (Brigid McLeer), náisiúnta (Eddie Cahill, Austin McQuinn agus Marie Hanlon) agus ionadaíocht láidir áitiúil mar chuid den taispeántas – Vivienne Bogan, an Bailiúchán Criadóireachta ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh a bhí ar siúl i gcomhthráth le taispeántas chomórach 25 bliain Dhéantóirí Priontaí Luimnigh.

Cainteanna Ealaíontóirí: Brigid McLeer agus Aoife Ruane; Austin McQuinn agus James Lawlor; Comharghrúpa Ealaíontóirí Shell/Ter le Cristin Leach; Marie Hanlon, Rhona Clarke Barrett; Vivienne Bogan agus Nicola Henley.

Oideachas/For-rochtain

Tá ról ríthábhachtach ag Scoláire Shinnors in oibríocht Dhánlann Chathair Luimnigh. Tá cúnamh suntasach déanta ag Aoife Doherty, faighteoir na bliana seo, agus comhpháirtíochtaí suntasacha forbartha aici le EDNIP, Dance Limerick, Éire Ildánach agus Páirtíocht Paul. Tá fócas láidir sa chlár ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de réir thosaíochtaí na Comhairle Ealaíon. Soláthraíodh roinnt turas scoile agus ceardlann do 200 dalta bunscoile. D'oscail glao oscailte i mí na Nollag d'iarratas le haghaidh faighteora nua i gcomhar le Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh.

IMEACHTAÍ/Cruinnithe

Lean Dánlann Chathair Luimnigh ag soláthar áit chruinnithe do roinnt eagraíochtaí lena n-áirítear Ollscoil na Scothaoise (U3A), Ollscoil Luimnigh, Acadamh Domhanda Ceoil agus Rince na hÉireann, Mic Léinn MA i gceardlann idirghníomhach. Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh (LSAD), agus Helium Arts a réachtáil sraith ceardlann ealaíne do leanaí a bhfuil tinnis fhadtéarmacha orthu. Bhí imeacht arna óstáil ag Dánlann Chathair Luimnigh i gcomhar le Réalta agus Aostacht agus Deiseanna d'ealaíontóirí a bhfuil sé de shuim acu a bheith ag obair le daoine scothaosta. I gcomhar le Dance Limerick ar Ag Cruthú Atmaisféar don Athrú i Luimneach. Comhoibriú LimeTree ar Bualadh Bos, léiriú agus ceardlanna thar 3 lá. Dhá chónaitheacht i gcomhar le Light Moves. Taispeántas ó Olga Anacka i gcomhar le Féile Ealaíon na Polainne 2024.

Fuair Dánlann Chathair Luimnigh maoiniú ón Oifig Fiontair Áitiúil chun tacú le measúnú tosaigh maidir le tomhaltas fuinnimh agus ina dhiaidh sin cuireadh ceardlann ar bun i gcomhar le Antaris Consulting chun cabhrú le Plean um Ghníomh ar son na hAeráide Dhánlann Chathair Luimnigh a fhorbairt.

Thug 95,180 duine cuairt ar Dhánlann Chathair Luimnigh i rith 2024.

Músaem

Ba bhliain an-rathúil í 2024 do Mhúsaem Luimnigh le líon na gcuaríteoirí ag sárú 40,000 den chéad uair riamh. In 2024, réachtáil Músaem Luimnigh ocht dtaispeántas sealadach déag, an líon is mó dá ó bunaíodh é 117 bliain ó shin.

I mí Eanáir, ghlac Músaem Luimnigh le háit i gClár Caighdeán Músaem na hÉireann. Is é cuspóir Chlár Caighdeán Músaem na hÉireann na caighdeáin ghairmiúla i gcúram bailiúcháin a thagarmharcáil agus a chur chun cinn agus chun aitheantas a thabhairt do na caighdeáin sin in earnáil mhúsaeim na hÉireann. Aithníonn an clár baint amach na gcaighdeáin sin trí chreidiúnú. Baintear úsáid as chun bunlíne a shocrú do bhainistiú na mbailiúcháin atá in institiúidí neamhbhrabúsacha a bhailíonn, a chosnaíonn, a choinníonn ar iontaobhas, a dhéanann taighde ar, a fhorbraíonn agus a bhaineann ciall as bailiúcháin de bhunábhair agus earraí atá ar iasacht ar mhaithe leis an bpobal. Ar an 8 Samhain, thug beirt mheasúnóirí ó Chlár Caighdeán Músaem na hÉireann a gcéad chuairt ar an láthair chuig an Músaem agus chuig a shaoráid stórála atá lasmuigh den láthair.

Bhain an Músaem taitneamh as clúdach suntasach sna meáin áitiúla agus náisiúnta i mbliana lena n-áirítear na trí shampla seo a leanas. Ar an 7 Feabhra, bhí an Coimeádaí le feiceáil ar an Today Show ar theilifís RTÉ One, arna léiriú ag Daithí Ó Sé agus Maura Derrane agus taispeánadh deich n-ábhair íocónacha ó bhailiúcháin an Mhúsaeim. Ar an 21 Aibreán, bhí an Coimeádaí le feiceáil ar an tsraith faisnéise Ireland's Hidden Treasures ar theilifís RTÉ One, ag plé Dhreigít Luimnigh, an dreigít is mó riamh a thit in Éirinn, agus tá codanna di á gcoimeád i músaeim ar fud na cruinne. Tá píosa den dreigít, atá 4.6 billiún bliain d'aois, ar taispeáint i Músaem Luimnigh. Bhí an Coimeádaí le feiceáil freisin ar an gclár teilifíse Country House Auction, a chraoltar ar More4. Léiríodh é ag ceannach pioncáis Florence Vere O'Brien do Mhúsaem Luimnigh. Ba í Florence Vere O'Brien duine de na pearsana is mó le rá i stair lása Luimnigh.



Taispeántas Eitseála an ealaíontóra Elizabeth Cope Iúil 2024

Leanadh le comhoibriú rathúil lenár gcomhpháirtithe reatha lena n-áirítear Leabharlanna Luimnigh, Músaem Hunt, Ardeaglais Mhuire, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Iontaobhas Cathartha Luimnigh, Cumann Seandálaíochta agus Staire Thuamhan, Friends of Lace, Discover Limerick agus Foynes Flying Boat and Maritime Museum. Rinne Músaem Luimnigh urraíocht ar Chuid Ceirde an tSeó Luimnigh, a bhí ar siúl ar an 25 Lúnasa.

Bhí clár for-rochtana Mhúsaem Luimnigh an-rathúil le léachtaí, ceardlanna agus láithris sna meáin san áireamh. Ceann de na samplaí is suimiúla ná comhoibriú an Mhúsaem le hlontaobhas Cathartha Luimnigh chun Féile Staire Bhrú Chois



An t-ealaíontóir Gerry O'Mahony le Méara Luimnigh, John Moran, ag Taispeántas Continuum

Sionainne nua a thabhairt go Luimneach. Cuireadh tús leis ar an 31 Bealtaine le dhá imeacht saor in aisce i Músaem Luimnigh: ceardlann agus seisiún láimhseála ar Airgead Luimnigh a d'oscail an Dr Edward Walsh, an chéad uachtarán agus bunaitheoir Ollscoil Luimnigh, agus turas siúlóide saor in aisce ar thrí dhroichead Luimnigh.

Ar Oíche Chultúir, 20 Meán Fómhair, tháinig líon mór cuairteoirí chuig Músaem Luimnigh agus óstáladh dhá imeacht speisialta: taispeántas grianghraf ó Chlub Ceamara Luimnigh agus gearrscannán ar Lása Luimnigh, a bhí déanta ag Friends of Lace, agus taispeánadh é arís is arís eile feadh na hoíche.

Taispeántais Mhúsaem Luimnigh 2024

Eanáir	The Art of the Stitch: The Enduring Legacy of Maude Kearney / Grania McElligott
Feabhra	Cruthú Ó Mhná / Mná na nEalaín
Feabhra	She Summoned a Storm / Síle Walsh
Márta	Girl Unknown / Éadaoin Glynn
Márta	Pagan Ireland and St Patrick / Músaem Luimnigh
Aibreán	Unboxing / Wilma Vissers
Bealtaine	Pond - A New Photographic Exhibition / Paul Sweeney
Meitheamh	Four Winds / Julie Brazil
Meitheamh–Nollaig	Objects of the Revolution in East Limerick / Scoil na Seandálaíochta UCD agus Abarta Heritage
Iúil	Etchings / Elizabeth Cope
Lúnasa – Nollaig	200 Years of Achievement: The Dunraven Family and Limerick at St. Mary's Cathedral / Músaem Luimnigh agus Muintir Dunraven
Lúnasa	Visitaire / Olivia Henchy, Vicki O'Donoghue agus Teresa Ellen Fitzgerald
Meán Fómhair	Continuum / Gerry O'Mahony
Meán Fómhair	Taispeántas Oíche Chultúir / Club Ceamara Luimnigh
Deireadh Fómhair	For Jack / Clare Lyons/ Catriona Osborne
Deireadh Fómhair	Taispeántas Krups, Celebrating Krups 25 Years On / Músaem Luimnigh agus Comhpháirtíocht Forbartha Fiontraíochta Luimnigh (CFFL) in CFFL Bhóthar Bhaile an Róistigh
Mí na Samhna	Within the Hour of the Slowest Clock / Maurice Quillinan
Mí na Nollag	Embodied Space / Kathleen Bartlett

SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA RÉADMHAOINE

Clúdaíonn an Rannóg um Sheirbhísí Bainistíochta Maoine ceithre réimse ar leith:

- Réadmhaoín – Aonaid a Fuarthas agus Diúscairtí;
- Bainistíocht Réadmhaoine agus Digitíú;
- Dearóiliú, Folúntas, Athúsáid/Spórt agus Pobal;
- Tionscadal um Fhorbairt Tithíochta Tuaithe Luimnigh.

Réadmhaoín a Fháil agus a Dhiúscairt

Soláthraíonn an Rannóg seo príomhthacaíocht do stiúthóireachtaí eile chun réadmhaoín na Comhairle a fháil, a léasú agus a cheadúnú. Tá an rannóg freagrach freisin as gach diúscairt (lena n-áirítear leasanna réadmhaoine léasacha agus ruilse) faoi Alt 183 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Le linn 2024, fuair an fhoireann seo Réadmhaoín don Stiúthóireacht Tithíochta faoin gClár Feabhsaithe um Thithíocht Shóisialta, Ceannaigh agus Athnuaigh, Cuid V, faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus clár Cíos Costais do Thionóntaí in Situ. Ina theannta sin, thacaigh an rannóg le go leor babhtálacha tí le haghaidh Athghiniúna i measc aonad a fháil agus diúscairtí straitéiseacha eile a bainistíodh le linn 2024.

Ceannacháin

Leanúnach (gach éadail – tithíocht agus eile)	149
Éadálacha réadmhaoine curtha i gcrích	79

Léirithe Spéise - curtha i gcrích le haghaidh an méid seo a leanas:

- Aonad ar an bPríomhshráid, Ardach – Léas 10 mBlíana chuig Kevin Barry le haghaidh Siopa/ Caifé – arna fhorbairt le maoiniú faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte;
- Iostáin Lána na Grúdlainne – Iontaobhas

Cathartha Eas Géitine, Comhaontú Ceadúnúcháin, le hathnuachan go bliantúil – arna fhorbairt le maoiniú ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe;

- Iostán Harte – Comhairle Pobail Bhaile Stiabhna, Comhaontú Ceadúnúcháin, le hathnuachan go bliantúil – arna fhorbairt le maoiniú ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe.

Diúscairtí

Curtha i gcrích le linn 2024	68
Diúscairtí Réadmhaoine Leanúnacha	119

I measc na ndiúscairtí suntasacha a próiseáladh le linn 2024 bhí:

- Tailte ag Speakers Corner chuig Tinwat Holdings Ltd (mar ainmní do Clúid Housing agus Whitebox Ltd);
- Tailte i mBaile Uí Dhroighneáin chuig Tinwat Holdings Ltd (mar ainmní do Clúid Housing agus Whitebox Ltd);
- Tailte i Sparr Thuamhan chuig Tinwat Holdings Ltd (mar ainmní do Clúid Housing agus Whitebox Ltd);
- Tailte i Mungairit chuig Clúid Housing Association;
- Tailte i Mungairit chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún;
- Tailte i Ros Uí Bhriain chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Tailte i gCromadh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Bíonn an rannóg um Sheirbhísí Bainistíochta Réadmhaoine ag plé le hoibreacha caipitiúla ar réadmhaoín atá ann cheana, iarfhaighte agus dílsithe. Le linn 2024, rinneadh na tionscadail seo a leanas a fháil agus a chur i gcrích:

Míonoibreacha (<€ 2,000)	17
Meánoibreacha (€2,000-10,000)	23
Móroibreacha (>€ 10,000)	9

D'fhreagair an rannóg 453 ceist nua a bhain le réadmhaoín in 2024.

D'ullmhaigh an rannóg mapáil dlí freisin le haghaidh 125 Fáil, Diúscairt, Léas agus Ceadúnas.

Dearóil, Folúntas agus Athúsáid

Tá an fhoireann um Dhearóil, Folúntas agus Athúsáid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do phobail trí chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le dearóil agus folúntas i gCathair agus i gContae Luimnigh. Oibríonn an fhoireann i gcomhar le húinéirí réadmhaoine, ag lorg gníomhartha tráthúla agus feabhsuithe do na láithreacha ábhartha. Comhoibríonn an fhoireann go dlúth le Forbairt Tithíochta, Pleanáil agus Forfheidhmiú, chomh maith le hionadaithe poiblí agus pobail chun réadmhaoín a thabhairt ar ais in úsáid. Moltar d'úinéirí réadmhaoine folmha agus tréigthe i dtaca le scéimeanna amhail Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh, Scéim Dreasachta um Cheannaigh agus Athnuaigh, Deisigh agus Léas, Miondíola agus Gnó agus Scéim Péinte na Comhairle a sholáthraíonn maoiniú d'úinéirí réadmhaoine chun feabhas a chur ar chuma a gcuid réadmhaoine. I gcás nach bhfuil aon rogha réasúnta fágtha, is féidir leis an gComhairle tús a chur le haonaid a fháil go héigeantach faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990.

Torthaí in 2024

- 1,431 cigireacht ar láithreáin thréigthe agus tithe folmha;
- 544 fógra reachtúil arna n-eisiúint faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990;
- 49 réadmhaoín curtha le Clár na Láithreán Tréigthe;
- 69 réadmhaoín bainte de Chlár na Láithreán Tréigthe;
- 21 Fáil Éigeantach a cuireadh tús leo faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990;
- 26 ordú dílseacháin déanta le haghaidh maoine trí cheannach éigeantach;
- Bhailigh Tobhaigh um Láithreán Thréigthe €648,268.48 in 2024 le tacaíocht ón Aonad



Na Goirt Thiar, An Cuarbhóthar Thuaidh sular tosaíodh ar na hoibreacha



Na Goirt Thiar, An Cuarbhóthar Thuaidh agus na hoibreacha críochnaithe

Bainistíochta Fiachais.

Láithreáin Fholmha

Tá ocht láithreán ar Chlár na Láithreán Fholamh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi láthair. Bhailigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €385,933.36 i dTobhaigh um Láithreán Fholmha in 2024 le tacaíocht ón Aonad Bainistíochta Fiachais.

Tithe Folmha 2024

Is é cuspóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le Tithe Folmha ná an soláthar tithíochta a mhéadú trí chabhrú le húinéirí réadmhaoine a gcuid réadmhaoine a athghníomhachtú ar mhaithe le tithíocht phríobháideach nó shóisialta.

In 2024, lean an Chomhairle ar aghaidh le réadmhaoín fholamh a aithint, go háirithe i gceantair ina bhfuil éileamh ard tithíochta, agus le hobair a dhéanamh le húinéirí chun a gcuid réadmhaoine a athsholáthar d'úsáid tithíochta. Oibríonn an tOifigeach um Thithe Folmha go dlúth leis an Stiúrthóireacht Tithíochta i dtaca le teagmháil a dhéanamh le húinéirí faoi scéimeanna tacaíthe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - “Ceannaigh agus Athnuaigh” agus “Deisigh agus Léasaigh”.

Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh

Chomh maith leis sin, bíonn an Rannóg um Sheirbhísí Bainistíochta Réadmhaoine ag déanamh bainistíocht ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Ó thús na scéime in Iúil 2022, próiseáladh nach mór 500 iarratas ó úinéirí réadmhaoine atá folamh agus tréigthe ar fud na cathrach agus contae chun iad a athchóiriú ina n-áit chónaithe phríobháideach nó iad a chur ar fáil ar an margadh príobháideach cíosa. Tá deontais suas le €70,000 ar fáil le hathchóiriú a dhéanamh ar mhaoín dá leithéid agus is féidir an deontas a úsáid i gcomhar le Deontais Fuinnimh Baile ÚFIÉ.

Tugann an tábla thíos achoimre ar thorthaí Dheontais Athchóirithe Réadmhaoine Folamh 2024 Croí Cónaithe:

Samplaí den réadmhaoín a cuireadh isteach ar Chlár na Láithreán Tréigthe de chuid na Comhairle agus a n-athchóiríodh iad ar ais ina dtithe teaghlaigh le maoiniú ón Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh.



Ascaill Uí Cheallacháin – roimh agus tar éis

Croí Conaithe - Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh	2024	2023
Iarratais a Fuarthas	227	215
Iarratais a Ceadaíodh	161	148
Iarratais Íoctha	60	10
Luach na nÍocaíochtaí Deontais a rinneadh	€3,079,335.20	€503,740.48
An Cúnamh Deontais Iomlán a Gealladh	€14,930,596.38	€9,002,676.51

Tionscadal um Fhorbairt Tithíochta Tuaithe Luimnigh (RLHD)

Rinneadh iarratas rathúil chuig an gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe in 2020 le leithdháileadh de €2,500,000 i maoiniú deontais bronnta i dtreo athghiniúna 5 bhaile agus ag an deireadh síníodh é sin go 12 mbaile agus sráidbhaile ar fud Luimnigh, a raibh foirgnimh dhearóile ag cur isteach go mór orthu.

Chuir sé seo cur chuige breise ar fáil chun dul i ngleic le foirgnimh thréigthe i mbailte agus sráidbhailte tuaithe i Luimneach. Bhí réadmhaoín a bhí dílsithe d'úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tríd an bPróiseas maidir le Foirgnimh Thréigthe, a raibh margadh teoranta san earnáil phríobháideach ina leith mar gheall ar mhéid agus leibhéal na bhfoirgneamh dearóil agus na rioscaí bunúsacha a bhaineann le forbairt, le bheith athchóirithe agus díolta ar an margadh oscailte nó aistrithe chuig Rannóg Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le haghaidh tuilleadh forbartha.

Is tionscadal léirsitheora é seo agus is é Luimneach an chéad chontae a fuair an maoiniú sin. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse seo in 2024.

Gníomhaíocht in 2024

- Réadmhaoín amháin - Ar díol ar an Margadh Oscailte;
- Réadmhaoín amháin - Díolta ar an Margadh Oscailte;
- Dhá réadmhaoín - Aistrithe chuig Rannóg Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh;
- Dhá réadmhaoín - Críochnaithe agus léasaithe chuig Grúpaí Pobail áitiúla;
- Réadmhaoín amháin - Críochnaithe - d'fhéadfaí úsáid chónaithe a bhaint aisti sa todhchaí;
- Sé réadmhaoín - Á n-athchóiriú ar an láthair i láthair na huaire (cúig cinn le bheith críochnaithe go luath in 2025);
- Réadmhaoín amháin - Céim Dearaidh agus Tairisceana don Phríomhchonraitheoir



Ardán Cholbaird, Mainistir na Féile roimh athchóiriú a dhéanamh



An Siopa Diallatra, Mainistir na Féile roimh athchóiriú a dhéanamh



Ardán Cholbaird, Mainistir na Féile tar éis athchóiriú a dhéanamh



An Siopa Diallatra, Mainistir na Féile ar an láthair faoi láthair



Eas Géitine roimh athchóiriú a dhéanamh



Lána na Grúdlainne Eas Géitine tar éis athchóiriú a dhéanamh

FORBAIRT POBAIL

Tá an rannpháirtíocht le pobail mar bhunchloch lena chinntiú go bhfuil seachadadh éifeachtach seirbhísí ag an rannóg um Fhorbairt Pobail agus leanadh leis an rannpháirtíocht sin in 2024. Tá rannpháirtíocht láidir an phobail fós ann mar thoradh ar úsáid na teicneolaíochta ar líne agus ar thacaíocht do phobail chun dul in oiriúint don teicneolaíocht sin. Lean an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chomh maith le cláir faoi Ranna Rialtais eile, ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do phobail. Tá an rannóg seo tiomanta do sheirbhísí pobail, áiseanna agus folláine cónaitheoirí Luimnigh a fheabhsú agus chun leanúint le bheith ag obair leis na pobail chun torthaí níos fearr a sholáthar do Luimneach.

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

Glacadh leis an gCreatphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2028 i mí na Bealtaine 2024. Pleananna reachtúla is ea na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail do limistéar Údaráis Áitiúil agus ní mór dóibh a bheith ullmhaithe ag gach Údarás Áitiúil ar fud an stáit. Seo an dara chéim de na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail, tugadh isteach na chéad Phleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail le leasú an Rialtais Áitiúil in 2014 agus ullmhaíodh iad don tréimhse sé bliana 2016-2021. Ní mór do chuspóirí agus spriocanna an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a bheith comhsheasmhach le pleananna réigiúnacha agus náisiúnta ar leibhéal níos airde. Tá Plean Pobail, Plean Eacnamaíoch agus Plean Comhtháite sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, le cuspóirí roinnte trasna gnéithe Eacnamaíochta agus Pobail. Tá ullmhú an Phlean Phobail faoi stiúir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil, an Plean Eacnamaíoch faoi stiúir an Choiste um Beartais Straitéiseacha Eacnamaíochta agus an Plean Comhtháite á mhaoirsiú ag an dá Choiste. Bhí an Fhoireann Forbartha Pobail i bhfeighil ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ullmhú i gcomhar leis an Stiúirthóireacht Forbartha Eacnamaíochta.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Comhairleach ilpháirtithe leasmhara chun forbairt agus seachadadh an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a threorú. Áirítear leis an nGrúpa seo ionadaithe ó na príomhghníomhaireachtaí reachtúla go léir, an earnáil ardoideachais, comhpháirtithe san earnáil phobail agus dheonach, lena n-áirítear na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, seirbhísí don ógra agus leasanna ginearálta pobail agus earnála lena n-áirítear an comhshaol, talmhaíocht agus gnó, agus thug an Grúpa dearcadh leathan ar fáil maidir le forbairt an Phlean.

Is é aidhm iomlán Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Luimnigh ná “pobail áitiúla shláintiúla athléimneacha a chruthú le bonneagar agus seirbhísí maithe agus geilleagar áitiúil athléimneach, ag comhdhlúthú rathúlachta le blianta beaga anuas, agus ag cur forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe chun cinn”. Tá sé bunaithe ar cheithre Sprioc Ardleibhéal: (1) Daoine agus Pobal: folláine, ionchuimsiú, rannpháirtíocht agus comhfhorbairt áite a chur chun cinn; (2) Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide: inbhuanaitheacht, oiriúnú agus an t-aistriú “glas” a chur chun cinn; (3) Geilleagar: athléimneacht gheilleagrach agus athghiniúint agus forbairt i lár na cathrach agus i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe a chur chun cinn agus (4) Nuálaíocht: cruthaitheacht a chur chun cinn, cur i bhfeidhm na teicneolaíochta agus an digitithe a leathnú chun an geilleagar a neartú agus cáilíocht na beatha a fheabhsú do chách.

Príomhchláir agus Sruthanna Maoinithe

• An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail

Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil maoirsiú ar sheachadadh an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail. Tá an clár seo maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an tAontas Eorpach.

Cuireadh tús leis an gclár cúig bliana in Eanáir 2024. Tá luach thart ar €19.2 milliún ag baint leis an gCreatchonradh do Chlár um Chuimsiú Sóisialta

agus Gníomhachtú Pobail Luimnigh 2024-2028 don tréimhse cúig bliana.

Tar éis próiseas tairisceana rathúil, is iad seo na trí chuideachta forbartha áitiúla a mbronnadh conarthaí orthu chun an clár 2024-2028 a sholáthar:

- Acmhainní Iarthar Luimnigh Teoranta do cheantar tuaithe Iarthar Luimnigh (LOT 21-1)
- Forbairt Bhealach Eabhra Teoranta do cheantar tuaithe Oirthear Luimnigh (LOT 21-3)
- Comhpháirtíocht PAUL Luimnigh do cheantar uirbeach Luimnigh (LOT 21-2)

Cheadaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil íocaíochtaí leis na trí Chuideachta Forbartha Áitiúla atá ar conradh chun an clár a sholáthar i Luimneach.

Ba é €3,011,977 buiséad an chlár in 2024. Ba é €2,627,372 bunbhuiséad An Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail agus cuireadh €384,605 breise ar fáil do sheirbhísí atá dírithe ar dhaoine a tháinig chuig Luimneach le déanaí.

D'aontaigh agus cheadaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na spriocghrúpaí tosaíochta áitiúla le haghaidh gach ceann de na LOTS i Luimneach.

• **Ráth Caola le Chéile**

I Ráth Caola, a bhfuil líon mór de dhaonra an Lucht Siúil ina gcónaí ann, tá clár sonrach i bhfeidhm chun comhtháthú agus caidreamh a chothú idir pobail an Lucht Siúil agus an pobal socraithe. Leanann an clár reatha, Ráth Caola le Chéile, ar aghaidh ó thionscadal níos luaithe, Tionscadal Réamh-chomhtháthaithe Ráth Caola, seachadta le maoiniú daonchairdis agus maoinithe ina dhiaidh sin ag an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Déantar Ráth Caola le Chéile a sheachadadh faoi bhainistíocht Acmhainní Iarthar Luimnigh, agus cuirtear maoiniú sonrach ar fáil d'oibrí chun tacú le pobal an Lucht Siúil agus an pobal socraithe oibriú le chéile.

I gcomhréir le cuspóirí an ghrúpa, éascaíonn Ráth Caola le Chéile réimse leathan gníomhaíochtaí i Ráth Caola lena n-áirítear: ag dul i dteagmháil le



Keale Krafters agus Club Aclaíochta na mBan

Grúpa na mBan, Bothán na bhFear, Grúpa Méala, Club Aclaíochta na mBan, Campaí Nollag, Cásca agus Samhraidh do Pháistí, Lá Idirnáisiúnta na mBan bliantúil, Lá Spraoi do Theaghlaigh bliantúil, Seirbhís Eolais Duine le Duine, Seirbhísí Éacúiméineacha, Abhcóideacht dóibh siúd a Chónaíonn ar Láithreáin Stad, daoine áitiúla éirimiúla a fhostú, gníomhaireachtaí náisiúnta agus contae a thabhairt chuig an mbaile, obair a dhéanamh le scoileanna, gnólachtaí, seirbhísí óga áitiúla, an Garda Síochána, meabhairshláinte mhaith a chur chun cinn trí cheardlanna, cainteanna, taispeántas agus laethanta folláine.

• **Pobail a Chumasú**

Mar aitheantas ar an díothacht mhór a tharla i gceantair uirbeacha ar leith ar fud an stáit, chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil do chlár sonrach, Cumasú Pobail, chun tacú le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí pobail agus cathartha agus chun obair a dhéanamh chun pobail dá leithéid a chumhachtú. Faomhadh clár um Chumasú Pobail in 2022 do Pháirc Mhuire, Cathair Luimnigh leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag obair leis an gComhairle agus le Comhpháirtíocht PAUL chun na cuspóirí, an clár oibre agus na torthaí a chomhaontú. Is é an cuspóir ná cumas pobail a thógáil, ag baint leas as spiorad pobail sa cheantar. Cuireadh maoiniú ar fáil d'oibrí díograiseach, atá fostaithe ag agus faoi bhainistíocht Chomhpháirtíocht PAUL, chun oibriú le cónaitheoirí áitiúla, ag baint úsáid as cur chuige forbartha pobail. D'éirigh go maith le Pobail a Chumasú le roinnt tionscnamh i bPáirc Mhuire in 2024 ina raibh rannpháirtíocht shuntasach pobail ann. Rath tábhachtach in 2024 an Grúpa

Comhairleach um Pobail a Chumasú a bhunú atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara an phobail agus baill den phobal.

• Clár LEADER an Aontais Eorpaigh

Clár LEADER an Aontais Eorpaigh 2023-2027; Seoladh €5.1 milliún i maoiniú chun tacú le tionscadail forbartha tuaithe in 2024. Tabharfar tacaíocht airgeadais LEADER 2023 – 2027 faoi thrí Phríomhthéama Maoinithe:

- Forbairt Gheilleagrach agus Cruthú Post: Tionscadail a chuireann turasóireacht áitiúil, forbairt fiontair, éagsúlú talmhaíochta agus an geilleagar glas chun cinn.
- Bonneagar Tuaithe & Ionchuimsiú Sóisialta: Tionscnaimh a fheabhsaíonn an bonneagar tuaithe, seirbhísí inrochtana, nascacht dhigiteach, agus tacaíocht d'aos óg na tuaithe.
- Forbairt Inbhuanaithe agus Athrú Aeráide: Iarrachtaí dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus maolú agus oiriúnú don athrú aeráide

Lorg Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le hAcmhainní Iarthar Luimnigh, léirithe spéise faoi ghlaio amdhírithe i ngach clár le haghaidh tacaíocht mhaoinithe agus iarratais ó ghrúpaí éagsúla pobail agus sainleasa, agus iad a mheas agus a chur san áireamh. Déanfar measúnú ar thionscadail a rachaidh ar aghaidh chuig iarratas iomlán agus leanfar le tuilleadh léirithe spéise le linn 2025.



Seoladh an clár LEADER le príomhpháirtithe leasmhara ó Acmhainní Iarthar Luimnigh

• Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2024

In 2024, fuair an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil maoiniú faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil a sholáthraíonn maoiniú do ghrúpaí pobail chun tacú le grúpaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Is é cuspóir na scéime seo ná cabhrú le grúpaí/eagraíochtaí trí dheontais a bhronnadh ar mhaithe le deisithe riachtanacha agus feabhsúcháin dá saoráidí agus do cheannach trealamh. Thar ceann na Roinne agus Forbairt Pobail Tuaithe, leithdháil an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil maoiniú faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2024. Cheadaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil 103 Tionscadal ar luach €257,975.47 briste síos mar seo a leanas:

- Ceantar Uirbeach – 27 Iarratas Ceadaithe €81,148.70
- Luimneach Thiar – 35 Iarratas Ceadaithe €90,608.99
- Luimneach Thoir – 41 Iarratas Ceadaithe €86,217.78

Cuireadh tromlach na dtionscadal maoinithe i gcrích in 2024 agus chuir siad go mór le tacú le pobail, go háirithe i bpobail faoi mhíbhuntáiste le tionscadail chun a bhfoirgnimh agus saoráidí a fheabhsú.

• Ciste Aitheantais Pobail

Ag tús 2024, d'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail filleadh an Chiste Aitheantais Pobail a bhí an-rathúil ar fad. Soláthraíonn an ciste seo tionscadail i bpobail a dhéanann óstáil ar thairbhíthe iarratasóirí ar Chosaint Shealadach agus/nó ar Chosaint Idirnáisiúnta mar aitheantas ar an méid a chuireann siad leis an bhfreagra éigeandála.

I mí an Mhárta, cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €1,400,378 do thionscadail don bhliain 2024 a mhol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don Roinn ar fud na cathrach agus an chontae, bunaithe ar rannpháirtíocht dhíreach le pobail áitiúla. Bhí gá le moltaí a bheith comhsheasmhach leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail do Luimneach agus bhí limistéir a bhí ann cheana agus cinn nua a

chuireann fáilte roimh iarratasóirí ar Chosaint Shealadach agus/nó ar Chosaint Idirnáisiúnta san áireamh. D'athraigh Ciste 2024 ó bhéim na bliana 2023 ionas go ndíreofar ar thionscadail níos mó a sholáthróidh buntáistí suntasacha fadtéarmacha a bhfuil géarghá leo don phobal.

Seachadadh níos mó ná 74% de na tionscadail in 2023 leis na tionscadail dheireanacha le críochnú i Ráithe 1 2025. Chuir na tionscadail sa Chiste Aitheantais Pobail go mór le pobail áitiúla agus ina measc tá uasghrádú áiseanna spóirt, athchóirithe clós súgartha, uasghrádú siúl bhealaí pobail, feabhsú ionad pobail amhail uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh agus teasa, tionscadail clubanna agus pobail agus tógáil saoráide cúram leanaí i measc tionscadal eile.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Bhí sé chruinniú ag Rúnaíocht an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí in 2024 agus tionóladh cruinniú iomlánach amháin. Tá 231 ballghrúpa i Líonra Rannpháirtíochta Poiblí ar fud na gCeantar Bardasach anois agus comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana idir an Chomhairle agus Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh.

Lean Nascghrúpaí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'ionadaithe Líonra Rannpháirtíochta Poiblí ar na coistí éagsúla trí bheith ag teacht le chéile roimh chruinnithe coiste chun ábhair a bhaineann lena gcoistí faoi seach a phlé agus aiseolas a thabhairt ar na cruinnithe roimhe sin.

Chuaigh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh i gcomhpháirtíocht le Engage Ollscoil Luimnigh chun Tionól Saoránach Ollscoil Luimnigh a sheachadadh i mí na Bealtaine. Ba chomhoibriú é an tionscnamh seo idir Engage Ollscoil Luimnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh, Líonra Oideachais Pobail Luimnigh, agus Comhairle na nÓg Luimnigh. Ba é an sprioc a bhí aige ná fócas poiblí a sholáthar ar inbhuanaitheacht agus gníomhaíochtaí dírithe ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ó Ollscoil Luimnigh ar féidir leo

tionchar dearfach a imirt ar Luimneach chomh maith le fóram poiblí agus cuimsitheach a sholáthar chun eolas agus taithí comhchoiteann a roinnt ar na cineálacha tionscadal atá ag an Ollscoil Luimnigh ar cheart tacú leo. Maoiníodh na trí thionscadal bhuaiteacha lena seachadadh laistigh de phobail i Luimneach.

Chuaigh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh i gcomhpháirtíocht le ceann de na tionscadail bhuaiteacha seo, whichcandidate.ie, seirbhís a sholáthraíonn eolas mionsonraithe ar thuairimí iarratasóirí ar shaincheisteanna sonracha, a ligean do vótálaithe rogha a dhéanamh ar na hiarratasóirí is mó atá ar aon tuairim leo féin. Thug baill Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh na ceisteanna a bhain go sonrach le Luimneach le cur ar na hiarratasóirí roimh na Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh.

Bhí an séú Comhdháil den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Náisiúnta arna óstáil ag Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Luimnigh ar siúl ag Óstán na Trá i gCathair Luimnigh ar an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair. Ba chomóradh 10 bliana an imeacht seo ar bhunú na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí ar fud na hÉireann.

Tháinig 170 toscaire le chéile ag an gcomhdháil mar ionadaithe ar ghrúpaí pobail agus deonacha, eagraíochtaí cuimsithe sóisialta agus comhshaoil ó gach cearn den tír, mar aon le hoifigigh na n-údarás áitiúil, ionadaithe tofa, agus lucht tacaíochta eile obair na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí.



Tionól na Saoránach

Ba é “Comhoibriú le haghaidh Pobail Athléimneacha” téama na Comhdhála a leag béim ar na comhpháirtíochtaí riachtanacha a bhfuil gá leo chun cláir rialtais a sholáthar go héifeachtach ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. Tá ról ríthábhachtach ag na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí in éascú na gcomhpháirtíochtaí seo trí ionadaithe a sholáthar ar choistí agus ar ghrúpaí stiúrtha, eolas a roinnt, acmhainneacht a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil.

Tá cearta ainmniúcháin ag an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí do Choistí um Beartais Straitéiseacha i Luimneach. Glacadh leis an bPlean um Beartais Straitéiseach 2024-2029 ag Cruinniú na Comhairle Iomláine i mí na Samhna. Chuir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a bpróiseas toghcháin do shuíocháin fholmha ar bun, le suíochán ar fáil don Cholún cuimsithe sóisialta ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil san áireamh. Daingníodh na hainmnithe a cuireadh ar aghaidh ag an gCruinniú Iomlán ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. Ceapadh na hainmnithe do shuíocháin an Choiste um

Beartais Straitéiseacha ag Cruinniú Speisialta Comhairle a reáchtáladh i mí na Nollag.

Clóis Súgartha Pobail

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le tacaíocht oibriúcháin a sholáthar do 20 Clós Súgartha Pobail. Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tacaíocht airgeadais ar fáil freisin do roinnt clós súgartha i mí na Nollag chun mionoibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar na Clóis Súgartha Pobail.

Cláir Gradam

Chomhordaigh agus thacaigh an Fhoireann Forbartha Pobail le grúpaí pobail chun cur isteach ar chláir gradam náisiúnta a thugann aitheantas d'iarrachtaí agus caighdeán a gcuid gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála agus ar bhuntáistí an phobail shóisialta agus buntáistí geilleagracha dá bpobail áitiúla.



Comhdháil Náisiúnta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Mórtas Ceantair

Is comórtas uile-oileáin é Mórtas Ceantair atá á reáchtáil ag Comhlachtaí Poiblí na hÉireann agus Comhoibriú Éireann a reáchtáiltear in éineacht le húdaráis áitiúla thuaidh agus theas. Tá sé mar aidhm ag an gcomórtas an méid a dhéanann pobail don tsochaí a aithint agus a cheiliúradh chomh maith le cuimsiú, meas agus feachtas a spreagadh do gach gné den tsochaí. Tá sé anois mar an comórtas is mó a thugann aitheantas d'éachtaí forbartha pobail ar oileán na hÉireann. Tá méid éachtach bainte amach ag Luimneach sa chomórtas sin. Bhí an bua ag grúpaí pobail Luimnigh ag na hardgradaim phobail Mórtas Ceantair ar an 2 Samhain ag searmanas ceiliúrtha i Muineachán.

- Bhain Cumann Cónaitheoirí Gheata Eoin an chéad áit amach sa chatagóir um Chomharsanacht Uirbeach faoi 3,000, agus bhí na moltóirí an-tógtha go háirithe leis na hiarrachtaí chun an ceantar a athghiniúint.
- Tháinig Ionaíd Cúraim Dhrom Collachair agus Tithíochta do Dhaoine Scothaosta sa dara háit sa chatagóir Pobail Aoisbháúla.
- Bronnadh Gradam Speisialta i gcatagóir na bPobal Cuimsitheach ar The Butterfly Club i Ráth Caola.
- Fuair Chomhairle Pobail Bhrú Rí Chnoc na Carriage ainmniúchán agus rinneadh ionadaíocht orthu ar an oíche.



Buaiteoirí an chomórtais Mórtas Ceantair, Cumann Cónaitheoirí Gheata Eoin

Imeascadh Imirceach

Foireann Imeasctha Údaráis Áitiúil

Is mar gheall ar Pháipéar Bán ón Rialtas, a bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur le soláthar díreach, a glacadh leis an bprionsabal ‘lánpháirtíocht ón gcéad lá’. Forbraíodh an tSamhail Imeasctha dá dheasca sin mar chomhoibriú idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Is é aidhm uileghabhálach na Samhla Imeasctha struchtúr tacaíochta a sholáthar ina mbeidh torthaí níos fearr ag baint léi maidir le baill den phobal imirceach a chumhachtú páirt iomlán a ghlacadh i bpobail ar fud Luimnigh. Díríonn an tsamhail ar an líonra náisiúnta nua d’Fhoireann Imeasctha na nÚdarás Áitiúil atá le fáil i ngach Údarás Áitiúil. In Aibreán, bunaíodh Foireann Imeasctha na nÚdarás Áitiúil Luimnigh a d’oibrigh ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh ag tacú le hiarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Tairbhíthe Cosanta Sealadaí. Áirítear i measc cuid de na príomhthionscnaimh/obair a bhí déanta ag Foireann Imeasctha na nÚdarás Áitiúil Luimnigh in 2024:

- Ceiliúradh Lá Shaoirse na hÚcráine;
- Ballraíocht i nGrúpa Stiúrtha Lánpháirtíocht na nImirceach agus foghrúpaí eile;
- Ballraíocht i bhFóram Imeasctha Pobail, riaradh ar chruinnithe;
- Bunú Fóram Imiriceach, riaradh ar chruinnithe;
- Leathanaigh gréasáin in Úcráinis agus i mBéarla;
- Cóisir um Fhilleadh ar Scoil;
- Éagsúlacht = Siúlóid Dlúthpháirtíochta ar son Lá Chearta an Duine;
- Foilsiú nuachtlitir sheachtainiúil (2000+ ciorclaíocht).

Luimneach Sláintiúil

• Líonra na gCathracha/Contaetha Sláintiúla de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS)

Meán Fómhair, bhuaill Méara Luimnigh, John Moran, le príomhoifigigh chun creidiúnú Luimnigh

i Líonra Chathracha Sláintiúla na hEorpa a phlé roimh iarratas oifigiúil a chur isteach. Bhí an tAire Stáit Sláinte Poiblí, an tUasal Colm Burke, TD, Ceannasaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte do Líonra Chathracha Sláintiúla na hEorpa Kira Fortune, Oifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnach an FSS Sandra Broderick, agus ionadaithe ón Roinn Sláinte agus ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i láthair ag an gcruinniú.

Leagann Líonra Cathracha Sláintiúla, arna thionscnamh ag an EDS in 1987, béim ar an ról rithabhachtach atá ag rialtais áitiúla i gcúrsaí sláinte agus forbairt inbhuanaithe. Tá fás tagtha ar an gclár ina n-áirítear Líonraí Náisiúnta i 20 tír laistigh de Réigiún Eorpach EDS, ag nascadh níos mó ná 1,800 cathair, contae agus baile le chéile. Tá sé mar aidhm ag Líonra Náisiúnta Chathracha agus Chontaetha Sláintiúla na hÉireann, arna chreidiúnú ag an EDS in 2016, tacú le hÚdaráis Áitiúla an Creat Éire Shláintiúil a chur chun feidhme.

Tá cathracha agus contaetha sláintiúla tiomanta do bhuntáistí a sholáthar do dhaoine agus don phláinéad. Meallann siad gach pobal agus iad ar thóir na síochána agus rathúnais, chun dul i ngleic le neamhionannas, agus dea-rialachas agus dea-cheannaireacht a chur chun cinn ar mhaithe le sláinte agus folláine. Is príomhluachanna iad an nuálaíocht, an chomhroinnt eolais, agus an taidhleoireacht sláinte atá cothaithe i gcathracha sláintiúla.

• Athsheoladh Táimid Feiliúnach do Bheathú

Cíche Luimneach ag deireadh Mheán Fómhair díreach in am don tSeachtain Náisiúnta um Beathú Cíche. Tá Táimid Feiliúnach do Bheathú Cíche Luimneach faoi stiúir Luimneach Sláintiúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla, institiúidí tríú leibhéal, na hearnálacha pobail agus deonacha agus gnó i Luimneach. Seoladh an feachtas den chéad uair in 2019. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh cabhrú le sláinte agus folláine máithreacha atá ag beathú cíche, leanaí agus a dteaghlaigh a fheabhsú trí ghnólachtaí,

eagraíochtaí, pobail agus ionaid oibre a thacaíonn le beathú cíche a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Le linn Sheachtain Náisiúnta um Beathú Cíche 2024, roinneadh sraith físeán faisnéiseach ar chainéil mheáin shóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Bhí na físeáin sin bunaithe ar bhróisiúr nua eolais a d'fhorbair an grúpa idirghníomhaireachta in 2024. Tugann an bróisiúr sonraí maidir le hathruithe reachtaíochta ar bheathú cíche san ionad oibre, chomh maith le níos mó eolais ghinearálta a sholáthar ar na buntáistí a bhaineann le beathú cíche do mháithreacha agus dá leanaí, do ghnólachtaí, d'ionaid oibre agus buntáistí sochaíocha níos leithne.

• **Feachtas Ní Thart Orainn:** Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas caitheamh tobac agus vápáil a dhí-normalú don chéad ghlúin eile. Cruthaíodh, bunaíodh agus seoladh ar dtús é i Luimneach in 2019 agus athsheoladh é in 2023. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an líon daoine atá ag caitheamh tobac arís (18% go náisiúnta) agus ar vápáil go háirithe i measc daoine óga agus na hathruithe a tháinig ar an reachtaíocht le déanaí ó thaobh vápála de, measadh go raibh sé tráthúil an feachtas a athspreagadh. Ghlac Ruaigirí Bhaile na Neanta páirt san fheachtas in 2024 agus tá siad ina gcéad chlub sacair i Luimneach atá saor ó thobac agus vápáil. Tá an club ag cur 'Ní Thart Orainn' chun cinn go bródúil agus é mar aidhm acu timpeallacht níos sláintiúla a chruthú dá bpobal agus níos faide i gcéin. Cuireann an tionscnamh 'Ní Thart Orainn' spásanna chun cinn a ndéanfar níos éasca é do chaiteoirí agus vápálaithe éirí as agus fanacht mar sin chomh maith le caitheamh tobac a dhí-normalú don chéad ghlúin eile. Tá an feachtas um chur chun cinn na sláinte faoi stiúir Luimneach Sláintiúil de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus eagraíochtaí éagsúla pobail agus óige.

• **Comhpháirtíocht Bia Luimnigh** - Tá Luimneach Sláintiúil Chomhairle Cathrach agus Contae

Luimnigh ag páirtmhaoiniú Chomhpháirtíocht Bia Luimnigh chun anailís chuimsitheach ar ardleibhéal a dhéanamh ar bhochtaineacht bia i Luimneach lena n-áirítear tionscadal cuimsitheach mapála i gCathair agus i gContae Luimnigh. Tá tuarascáil eatramhach ar fáil anois agus tá an tionscadal The Food Finder mar chuid bhreise den taighde seo. Is físléiriú é The Food Finder ar na háiteanna a bhfuil bia éigeandála agus pobail ar fáil agus ar an gcineál bia atá ar fáil sa Chathair agus sa Chontae do dhaoine atá i ngreim ag an mbochtaineacht agus neamhdheimhneacht bia nó atá i mbaol bochtaineachta agus neamhdheimhneachta. Is uirlis luachmhar é mapáil na timpeallachta bia nuair atá anailís ar bhochtaineacht bia ar bun toisc go dtugann sé tuiscint chuimsitheach ar an bhfáil, rochtain agus inacmhainneacht atá i gceist le bia i gceantair éagsúla. D'aithin sé fásaigh bia, ag tabhairt dúshláin agus deiseanna chun cinn chun tacú le cláir atá ann cheana agus chun forbairt a dhéanamh orthu agus léiríonn sé an gá atá le cur chuige comhchoiteann ó thaobh bochtaineachta bia de. Sheol Comhpháirtíocht Bia Luimnigh 18 gClár Bia Sláintiúil Déanta Éasca taobh istigh agus taobh amuigh de na réimsí Sláintecaire i gCathair agus Contae Luimnigh in 2024.

Sláinte agus Folláine Imirceach

- D'oibrigh Luimneach Sláintiúil i gcomhar leis an bhFóram Imirceach agus Meabhairshláinte Éireann chun caifé sóisialta a chur ar bun chun feachtas Meabhairshláinte Éireann "Hello, How Are You" a chomharthú san Óstán Clayton i mí an Mheithimh.
- Reáchtáladh ceardlanna ealaíne agus ceardaíochta thar mhíonna an tsamhraidh Meitheamh, Iúil agus Lúnasa do dhaoine fásta agus do leanaí, arna n-éascú ag ealaíontóirí aonair i gcomhar le Músaem Hunt. Bhí an t-aiseolas ó na ranganna seo thar barr, agus pobail nua á n-imeascadh mar thosaíocht iontu. Bhí idir 50 - 60 duine fásta agus leanbh ag freastal gach seachtain agus liosta feithimh do na ranganna sular thosaigh siad. Mhaoinigh Luimneach Sláintiúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tionscnamh seo.

- D'éascaigh Comhpháirtíocht Bia Luimnigh ocht gclár cócaireachta d'imircigh. Reáchtáladh ceithre chlár i gcomhar le Doras agus Clann Shíomóin an Iarthair Láir. Chuir mic léinn ó Ollscoil Luimnigh leis na cláir chócaireachta d'imircigh a raibh páipéar taighde déanta acu dar teideal "Accessibility and availability of foods to support cultural integration and healthy eating among migrant communities using the kitchen in Tait House." Bhí an chuid eile de na cláir i gcomhar leis an bhfoireann rannpháirtíochta imircigh i gComhpháirtíocht PAUL.
- Reáchtáladh ranganna poiblí ceoil i Scoil Íosagáin, an tOspidéal ó Mheán Fómhair a thacaigh le himeascadh na ndaltaí a d'fhreastail ar an scoil sin. Is féidir le cláir phoiblí ceoil réimse tairbhí a sholáthar do theifigh agus do pháistí áitiúla araon, go háirithe maidir leis an imeascadh lena n-áirítear cuimsiú sóisialta, malartuithe cultúrtha, forbairt teanga, buntáistí mothúchána agus síceolaíocha, gan ach roinnt bheag a lua. Reáchtáladh measúnú gearr ar an gclár i mí na Nollag. Reáchtáladh an tionscadal seo i gcomhar le Scoil Íosagáin, an tOspidéal, Music Generation agus Clann Shíomóin an Iarthair Láir agus mhaoinigh Luimneach Sláintiúil de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh é.

Tionscadal Sláinte agus Oideachais Shóisialta

- Is eagraíocht phobail agus dheonach/eagraíocht oiliúna agus forbartha í an Tionscadal Sláinte agus Oideachais Shóisialta a oibríonn i gCorcaigh, Ciarraí, Luimneach, an Clár agus Tiobraid Árann agus san Oirdheisceart. Bíonn obair an Tionscadail Sláinte agus Oideachais Shóisialta dírithe go príomha ar oideachas aosaigh agus pobail (oideachas neamhfhoirmiúil den mhórchuid) - agus béim ar leith á leagan ar obair ghrúpa ó thaithí ar mhaithe le sláinte agus folláine a chur chun cinn. Le maoiniú ó Luimneach Sláintiúil, reáchtáladh ocht gclár ghearra agus sé cheardlann in 2024; agus ba é 129 líon iomlán na rannpháirtithe. Is é príomhfhócas ár n-idirghabhálacha ná athléimneacht agus nasc

a chur chun cinn do dhaoine ag maireachtáil i bpobail áitiúla ar mian leo feabhas a chur lena sláinte agus folláine.

Áirítear i measc Chlár an Tionscadail Shláinte agus Oideachais Shóisialta a soláthraíodh "Ag Bainistiú Struis inár Saol Laethúil", "Ag Tabhairt Aire dár bhFolláine", agus "Forbairt Phearsanta". Tháinig ceardlanna amhail "Ag Tacú leat féin mar Thuismitheoir", "Ag Bainistiú Struis" agus "Bímis ag Caint ar an Aistriú chuig an Meánscoil" chun deireadh, chomh maith le hoiliúint teagascóra "Séasúr an Fháis". Tá an t-éileamh do na cláir seo láidir i Luimneach agus tá na cláir ag teacht le gníomhaíochtaí tacaíochta laistigh de Cheangail ar Feadh an tSaoil - Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2024.

Seachtain Náisiúnta Súgartha 2024

Reáchtáladh Bímis ag Spraoi Luimnigh ar an 15, 18, 19 Iúil i Loch Goir (25 duine i láthair), Páirc Uí Bhriain (30 duine i láthair) agus Páirc an Phobail (40 duine i láthair) faoi seach i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh. In ainneoin na haimsire fliche agus an iomaíocht le himeachtaí samhraidh eile, bhí an t-aiseolas an-dearfach. Ba é "Tá sé in Am don Spraoi!" téama Sheachtain Náisiúnta Súgartha 2024 Is é aidhm Seachtain Náisiúnta Súgartha ná spraoi agus deiseanna áineasa do pháistí agus daoine óga a chur chun cinn.

Féile um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2024

D'éagraigh Luimneach Sláintiúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sraith cainteanna sláinte agus folláine am lóin i gcomhar le Leabharlanna Luimnigh mar chuid den Fhéile Luimnigh um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil. Áiríodh sna topaicí cainte "Sláinte Croí", agus "Ag Tabhairt Aire Dúinn Féin agus Athléimneacht a Chothú", arna soláthar ag Foireann an FSS um Ghalair Ainsealacha, "Cúig Bhealach chun na Folláine" ag Meabharshláinte Éireann, "Leigheas Stíle Beatha" ag Dr Ray O'Connor agus "Ag Maireachtáil go maith sa Bhaile" ag Tithe Aoisbháula Sláintiúla.

Clár Pobal Sláintiúil SláinteCare

Lean Clár Pobal Sláintiúil SláinteCare i gCathair agus Contae Luimnigh ag léiriú a thionchair in 2024, ag tabhairt aghaidh ar neamhionannas sláinte trí thionscadal nuálaíoch faoi thionchar an phobail a chur i bhfeidhm. Mar chuid de Chreat Éire Shláintiúil, díríonn an tionscnamh áitbhunaithe seo ar dhochair shóisialta a chuireann isteach ar an sláinte, ag comhoibriú le cónaitheoirí, eagraíochtaí pobail, agus gníomhaireachtaí poiblí feabhas a chur ar thorthaí sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo. Trí straitéisí a ghiairíl, amhail an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, agus ag teacht le tosaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, soláthraíonn an clár torthaí sláinte agus folláine inbhuanaithe dá bpobail.

Clár MoveWell

Lean an Clár MoveWell ag tabhairt aghaidh ar riochtaí sláinte ainsealacha trí ranganna gníomhaíochta coirp pobal-bhunaithe a chur ar siúl. In 2024, sholáthair an clár 19 gníomhaíocht ar leith, a bhain níos mó ná 200 rannpháirtí tairbhe astu. Áiríodh sna príomhchláir seisiúin Breathe Well i Halla Pobail Bhaile na Neanta do dhaoine a bhfuil asma nó Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach orthu, Aqua Move agus ranganna Pilates i linn Hidriteiripe Naomh Gaibréal agus Ionad Pobail Tait dóibh siúd a bhfuil pian ainsealach agus airtríteas orthu, agus seisiúin Move Steady chun titim a sheachaint in Ionad Pobail Mhaigh Rois.

Tá comhoibriú leanúnach ar siúl idir an clár seo, atá faoi stiúir Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh, agus Ollscoil Luimnigh. Dhírigh MedEx, faoin Ollamh Catherine Woods, ar athshlánú scamhóige a fhorbairt i moil phobail fad is a ndearna ComEx, faoi stiúir an Ollaimh Karen McCreesh, bainistiú ar réitigh phian a chomhtháthú i suíomhanna pobail. D'fheabhsaigh na hidirghabhálacha seo a bhfuil taighde déanta ina leith torthaí na rannpháirtithe agus neartaigh siad an bonn fianaise do sceidealú sa todhchaí.

Clár Venture Out

Ba ghnéithe lárnacha den Clár Venture Out iad aghaidh a thabhairt ar aonrú sóisialta agus tacú le nasc pobail. Reáchtáladh seisiúin ghrúpa

sheachtainiúla SingStrong don Ghalar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach i Maigh Rois, Oileán an Rí agus Béal Átha na Cora Weston, a chuir spás tacaíochta ar fáil do rannpháirtithe le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha a chuir feabhas ar a gcuid folláine intinne. Eagraíodh imeacht na Nollag ar fud na cathrach do rannpháirtithe ó gach cearn den chlár, a léirigh braistint láidir phobail agus mhuintearais.

Pobail Faoi Bhláth Luimnigh

Lean an tionscnamh Pobail Faoi Bhláth Luimnigh ag fás in 2024, ag tacú le himeascadh pobail, folláine intinne agus mórtas i spásanna poiblí ar fud na cathrach agus an chontae. Trí thacú le 15 gairdín pobail ghníomhacha, chuir an clár ar chumas cónaitheoirí freagracht a ghlacadh as a dtimpeallacht féin fad is a chruthaigh siad spásanna sábháilte cuimsitheacha taobh amuigh. Feidhmíonn na gairdíní seo mar mhoil do chaidreamh sóisialta, táirgeadh bia agus oideachas comhshaoil a chuireann nasc níos doimhne leis an nádúr chun cinn agus athléimneacht a chothú laistigh de phobail áitiúla.

Dhírigh ceardlanna garraíodóireachta, a reáchtáladh ar an láthair agus ar líne, ar scileanna praiticiúla amhail garraíodóireacht gheimhridh, táirgí a choipeadh agus pleanáil fhadtéarmach gharraíodóireachta. Thacaigh na gníomhaíochtaí seo le slándáil bia agus cothaithe agus thug sé eolas do rannpháirtithe chun cleachtais inbhuanaithe, neamhspleácha a chruthú.

Tionscadal Gharraíodóireacht

Geochruinneacháin Scoil Eoin Báiste Naofa

Is sampla de thionscnamh suaitheanta é Tionscadal Gharraíodóireacht Geochruinneacháin Scoil Eoin Báiste Naofa a léiríonn an t-imeascadh pobail, folláine intinne agus oideachas faoin aer. In 2024, chríochnaigh grúpa oibre an tionscadail ag tabhairt na dearaí chun críche i gcomhar leis na daltaí agus tá siad ag ullmhú don tógáil go luath in 2025. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh an geochruinneachán agus gairdín na gcéadfaí mar spás ar leith ar féidir le daltaí agus teaghlaigh a bheith páirteach in eispéiris foghlama a bheidh cuimsitheach agus teagmhálach.

Tá sé i gceist ag an tionscadal níos mó ná spás don gharraíodóireacht amháin a sholáthar. Cruthóidh sé spás slán, bríomhar a chuirfidh sláinte inchinne, imeascadh teaghlach agus pobal agus maoirseacht an chomhshaoil chun cinn. Spreagfaidh gairdín na gcéadfaí aireachas agus athmhachnamh, ag ofráil buntáistí teiripeacha do pháistí agus teaghlaigh, ag cruthú fonn bróid agus freagrachta do spásanna poiblí roinnte. Trí nasc a dhéanamh idir an t-oideachas, folláine intinne agus forbairt an phobail, léiríonn an Tionscadal Garraíodóireachta Geochruinneacháin an tslí inar féidir le tionscnaimh spriocdhírthe spásanna poiblí a chlaohlú ina dtimpeallachtaí cuimsitheacha a bhfuil tionchar mór acu a mbaineann an pobal ina iomlán tairbhe astu.

Tionscadail Fheabhsúcháin

Athróidh Tionscadal Feabhsúcháin an Spáis Ghlais i mBaile na Neanta ceantair thearcúsáidte ina spáis bhríomhara phobail agus siúlbealaí, criosanna nádúrtha súgartha, plandáil crann fásta agus fráma aclaíochta mar chuid den dearadh. Chinntigh comhairliúchán pobail go raibh an tionscadal ag teacht le riachtanais áitiúla agus tosaíodh ar an tógáil go déanach in 2024.

I nGeata Eoin, rinne Tionscadal Feabhsúcháin an Spáis Ghlais ceiliúradh ar oidhreacht agus bithéagsúlacht an tsuímh atá i ngiorracht do bhallaí stairiúla chathair Luimnigh. Bhí cur plandaí atá neamhdhióbhlach don bithéagsúlacht, pointí inrochtana feabhsaithe agus comharthaíocht oideachasúil ina ngnéithe lárnacha sa tionscadal. Chuir an spás athbheoite seo saoráid áineasa ar fáil chomh maith le nasc chuig stair Luimnigh, agus bhain an tionscadal seo aitheantas amach mar bhuaiteoir i nGradaim Mhórtas Ceantair 2024.

Waterways to Wellness

Ba ghníomhaíocht eachtraíochta chuimsitheach iascaireachta é imeacht Waterways to Wellness, a reáchtáladh i gCé na gCeannaithe i mí Dheireadh Fómhair, a raibh sé mar aidhm aige cuimsiú sóisialta, folláine agus inrochtaineacht a chur chun cinn. Agus é curtha ar bun i gcomhar le Pobail Shláintiúil SláinteCare, an Fhoireann Imeasctha,

Sláinte agus Folláine, Iascaigh Intíre, Cumas Éireann agus Avista Teo, chuir an t-imeacht gníomhaíochtaí teagmhálacha ar fáil amhail bádóireacht réaltachta fíorúla, iascaireacht ionsamhlaithe agus taispeántais idirghníomhacha an fhiadhúlra. Ghlac rannpháirtithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumais intleachta agus fhisiciúla, páirt i bpléanna fiúntacha mar gheall ar inrochtaineacht ar uiscebhealaí Luimnigh a fheabhsú. Cuirfidh an t-aiseolas a fuarthas le linn an imeachta le beartais inrochtana agus chuimsithe sa todhchaí a chinnteoidh go mbeidh na spáis nádúrtha seo níos inrochtana do chách.

Cistin Phobail Chlann Shíomóin an Iarthair Láir

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar thionscadal Chistin Phobail Chlann Shíomóin an Iarthair Láir in 2024, ag cur ar fáil cur chuige nuálach maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia, cuimsiú sóisialta agus folláine. Trí chomhoibriú le cónaitheoirí, rinneadh athchóiriú iomlán ar an tsaoráid le haonaid chistine, obair leictreach, péinteáil agus urláir nua a shuiteáil. Tá sé beartaithe go mbeidh an chéim forbartha críochnaithe go luath in 2025 agus an chistin ag feidhmiú go hiomlán agus ullamh chun gníomhaíochtaí a chur ar bun go luath in 2025.

Is mol é an tionscadal seo do chothú, cumhachtú agus forbairt scileanna pobail. Soláthróidh an chistin deiseanna do chónaitheoirí páirt a ghlacadh i ranganna cócaireachta, ceardlanna ullmhúcháin bia, agus cláir gharraíodóireachta, ag cruthú conaire chuig slándáil agus neamhspleáchas bia níos mó. Dearadh na seisiúin seo chun cuimsiú sóisialta agus folláine intinne a chur chun cinn, ionas go mbeidh braistint chómhuintearais ag rannpháirtithe agus go mbraithfidh siad go bhfuil ról acu sa phobal.

Mar chuid den tionscnamh níos leithne, cuireadh feabhas leis an ngairdín phobail atá thart ar an gcistin le fáil agus spás don talmhaíocht uirbeach. Tacaíonn an spás seo le gníomhaíochtaí breise lena n-áirítear seisiúin leighis lámhshaor agus spáis fánaíochta do shicíní a ofráilann buntáistí teiripeacha do rannpháirtithe. Beidh ról lárnach ag

foireann Chlann Shíomóin an Iarthair Láir, nua-oilte in Eanáir 2025, i réachtáil na seisiún seo, ag cinntiú go bhfanfaidh an tionscadal inbhuanaithe agus go mbeidh tionchar mór aige.

Trí tháirgeacht bia, oideachas agus folláine a chomhtháthú, léiríonn Cistin Phobail Chlann Shíomóin an Iarthair Láir an tábhacht a bhaineann le cur chuige atá faoi stiúir an phobail a thugann aghaidh ar dhúshlán chasta amhail neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia agus aonrú sóisialta. Léiríonn an tionscadal seo an luach a bhaineann le comhoibriú agus uilechuimsitheacht, rud a leagann bunús láidir d'fhás agus nuálaíocht amach anseo.

Cábán Folláine ADAPT

Críochnaíodh Cábán Folláine ADAPT i mí na Nollag, ag cur spás ar leith ar fáil do thacaíocht meabhairshláinte, nasc pobail agus gníomhaíochtaí neartú scileanna do mhná agus leanaí a chuireann drochíde sa teaghlach as dóibh. Léiríonn an tsaoir seo, a dearadh go tuisceanach, cloch mhíle i dtimpeallachtaí sábháilte, cothaitheacha a chuireann téarnamh agus teacht aniar chun cinn.

Cuirfidh an cábán spás do cheardlanna garraíodóireachta, gníomhaíochtaí folláine piarthacaithe agus seisiúin theiripeacha ar fáil. Cuireann tionscnaimh dá leithéid folláine intinne, imeascadh agus cumhachtú chun cinn, ag tabhairt deis do rannpháirtithe a muinín a athchothú i dtimpeallacht thacúil. Cuireann an gairdín mhórtimpeall leis an timpeallacht shlánaithe, le spáis shaothraithe a spreagann aireachas, athmhachnamh agus nasc leis an dúlra. Is mar gheall ar an tionscadal seo a chruthaigh ADAPT samhail do thacaíocht chomhtháite mheabhairshláinte agus pobail, ag cinntiú go mbraitheann rannpháirtithe slán, nasctha agus cumhachtaithe. Trí sheirbhísí theiripeacha a nascadh le scileanna praiticiúla agus rannpháirtíocht an phobail, tá an Cábán Folláine neadaithe go maith chun tionchar fadtéarmach a bheith aige ar shaol mhná agus leanaí leochaileacha i Luimneach.

Clár um Chothromas Míostraithe

Lean an Clár um Chothromas Míostraithe ag forleathnú in 2024, le meaisíní díola ag soláthar táirgí míostraithe saor in aisce le suiteáil in 20 suíomh, lena n-áirítear leabharlanna, ionaid don óige agus moil phobail. Cuireadh roghanna inbhuanaithe ar fáil amhail táirgí míostraithe in-athúsáidte, ag neartú tiomantas an chláir i leith cleachtais agus dínit éicea-chomhfhiosach.

Feachtas um Meabhairshláinte agus Folláine an Lucht Siúil

Mar chuid d'fheachtas an Lucht Siúil 'Traveller Road to Hope and Change', rinneadh ceiliúradh ar Lá Náisiúnta Mheabhairshláinte an Lucht Siúil le searmanas plandáil crann agus feabhsuithe gairdín a sheasann do theacht aniar agus téarnamh. Neartaigh na tionscnaimh seo, atá íogair ó thaobh an chultúir de, comhpháirtíochtaí leis an FSS agus urlabhraithe áitiúla, ag cinntiú go leantar le comhoibriú leanúnach trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte laistigh de phobail an Lucht Siúil.

Feachtas Aer Glan Le Chéile

In 2024, thug an Feachtas Aer Glan Le Chéile agus grúpaí pobail agus cónaitheoirí faoi mhonatóireacht agus feabhsú cháilíocht an aeir. Tharraing ceardlanna oideachasúla aird ar na tionchair shláinte a bhaineann le truailliú agus chuir siad cleachtais inbhuanaithe chun cinn amhail taisteal gníomhach. Bhí ról ríthábhachtach ag an Oifigeach Forbartha Áitiúil maidir leis an bhfeachtas a ailíniú le spriocanna Phobail Shláintiúla SláinteCare, ag tacú le buntáistí fadtéarmacha comhshaoil agus sláinte do phobail Luimnigh.

Tionscadal INTEgreat atá maoinithe ag an Aontas Eorpach

In 2024, bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in éineacht lenár gcomhpháirtí áitiúil Doras in ann gníomhaíochtaí píolótacha a chur i bhfeidhm i Luimneach. Tá na tionscadail píolótacha ar aon dul leis an gCreat Straitéise Comhtháthaithe i gCeantar Uirbeach Luimnigh trí shraith gníomhaíochtaí i gceithre phríomhréimse:



Tionscadal INTEgreat



Fóram Lánpháirtíochta Imirceach

cúram sláinte, fostaíocht, comhtháthú sóisialta, acmhainní a neartú agus oiliúint imirceach agus saoránach áitiúil araon.

Is éard atá i gceist le tionscadal INTEgreat an AE atá cómhaoinithe ag Ciste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíochta an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht seacht gcomhpháirtí le scileanna comhlántacha trasghearrtha ó chúig thír Eorpacha: Is iad an Chipir, an Ghréig, Éire, an Iodáil agus an Spáinn, a léirítear réimse coinníollacha geografacha agus soch-chultúrtha. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal straitéis lánpháirtithe agus éiceachóras níos láidre a thógáil d'imircigh agus d'iarrthóirí tearmainn san Eoraip.

Áiríodh ar phríomhghníomhaíochtaí na Comhairle:

- Bunú Fóram Imeasctha Imirceach Luimnigh - Faoi láthair, tá níos mó ná 40 ball ó 20 cúlra éagsúil ag an bhFóram. Is é príomhaidhm an fhórait ná pobail imirceacha a chumasú chun comhoibriú, líonrú agus ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth na n-imirceach

chun cuimsiú sóisialta, comhtháthú agus rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta a bhaint amach.

- Bhuaigh Fóram Imeasctha Imirceach Luimnigh dámhachtain Chambers Ireland um Fheabhas Rialtais Áitiúil sa chatagóir Éagsúlachta agus Cuimsithe.
- Tá Mol Faisnéise do Phobail Nua a dhéanann áit chónaithe de Luimneach ar fáil ar shuíomh gréasáin Limerick.ie. Tá eolas ar: thithíocht agus lóistín, cúram leanaí agus scoileanna, seirbhísí sláinte, breisoideachas agus oiliúint, fostaíocht agus go leor eile ar an leathanach seo. Cuirtear faisnéis ar fáil i mBéarla agus in Úcráinis.
- Aonaigh Sláinte agus Folláine Imircigh agus ranganna Ealaíne agus Ceardaíochta - is sampla iontach iad de chomhoibriú chun na seirbhísí is fearr a sholáthar agus chun na hacmhainní atá ar fáil laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a uasmhéadú. Seachadadh an dá ghníomhaíocht mar chomhpháirtíocht idir Luimneach Shláintiúil agus INTEgreat.

Lá na hAfraice

Tharla ceiliúradh Lá na hAfraice ar an 26 Bealtaine ag Margadh an Bhainne Luimnigh, áit a tháinig daoine le chéile chun éagsúlacht chultúir agus oidhreacht na hAfraice a cheiliúradh. D'eagraigh Fóram Imeasctha Imirceach Luimnigh ócáid na bliana seo le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Bhí an ócáid saor in aisce agus rinne sé ceiliúradh ar chultúir na hAfraice agus an tionchar dearfach atá ag diaspóra na hAfraice ar Éirinn. Lá spraoi



Lá na hAfraice i Luimneach

teaghlaigh a bhí ann le léirithe ceoil agus damhsa traidisiúnta na hAfraice, seó faisin agus sampláil bia a thug deis do rannpháirtithe agus lucht freastail tuiscint níos saibhre a fháil ar thábhacht cultúrtha na hAfraice agus pobail nua eile i Luimneach. Bhí ealaíona agus ceardaíocht dhúchasach na hAfraice, drumadóireacht agus péinteáil aghaidhe mar chuid de na gníomhaíochtaí freisin. Léirigh taispeántais ó aionna phobal na hÚcráine, na India agus Mheicsiceo an comhoibriú agus tacaíocht a thugtar do gach pobal imirceach i gceiliúradh Luimnigh an lá speisialta seo.

D'fhreastail Méara Chathair agus Contae Luimnigh, an Comhairleoir Gerald Mitchell, air agus bheannaigh sé do gach duine a bhí bainteach leis an imeacht a réachtáil.

Comhairle na nÓg

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag tacú le Comhairle na nÓg in 2024. D'oibrigh Comhairle na nÓg i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla ar an téama a roghnaigh siad, 'Vápáil, drugaí agus caitheamh tobac.'

D'oscail Méara Luimnigh, John Moran, Comhdháil Bhliantúil Óige Chomhairle na nÓg Luimnigh ar an 7 Samhain. Bhí breis agus 100 duine óg as Luimneach i láthair ar an lá chun a dtuairimí a nochtadh ar na saincheisteanna atá tábhachtach dóibh agus eolas a fháil maidir le bheith ina mbail nua. Is é lompár Poiblí téama 2025, a roghnaíodh ar an lá.



Comhdháil Bhliantúil Óige Chomhairle na nÓg Luimnigh

Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Is fóram comhpháirtíochta é Grúpa Stiúrtha Foghlama Luimnigh a thugann líonraí agus comhpháirtíochtaí earnála le chéile agus atá tiomanta do chultúr foghlama a chruthú i Luimneach. Tá sé comhdhéanta de chomhpháirtithe reachtúla, forbartha áitiúla, gnó, pobail agus deonacha. Is é príomhról Foghlaim Luimnigh luach na foghlama a chur chun cinn i Luimneach, thar gach céim den saolré, chun faisnéis a roinnt a chuireann le foghlaim eagraíochtúil na mball agus na gcomhpháirtithe, agus chun tacú le líonraí agus grúpaí earnála ina n-iarrachtaí pobail a mhealladh in eispéiris foghlama dhearfacha. Áirítear Luimneach, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Doire / an Srath Bán, Béal Feirste agus Port Láirge i Líonra Chathracha Foghlama na hÉireann.

Seoladh an 14ú Féile bhliantúil um Foghlaim ar feadh an tSaoil i gColáiste Breisoideachais Luimnigh, Sráid Mulgrave i mí an Mhárta 2024. Bhí an t-imeacht mar réamhtheachtaí do shraith imeachtaí an-rathúil ar feadh na seachtaine a chuimsigh réimse leathan ábhar agus earnálacha. Mar théama na bliana seo 'foghlaim, fás, fiosraigh in 2024', bhí réimse imeachtaí ar siúl idir Ealaín, Chócaireacht, Fhorbairt na Luath-Óige, Chlinicí Folláine agus Sheisiúin ar Bhlaiseadh Teanga.



Foghlaim ar Feadh an tSaoil Luimnigh

Aoisbhá Luimnigh

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag tacú le Clár Aoisbhá Luimnigh i rith 2024. Ar an 21 Deireadh Fómhair, chuir Méara Luimnigh, John Moran, fáilte roimh an bhFeidhmeannas Daoine Scothaosta chuig a Sheomra Boird i Halla na Cathrach, Luimneach, áit a ndearna sé cur síos ar an gClár Méarachta nuafhoilsithe 2024-2029 agus a reáchtáil sé plé neamhfhoirmiúil leis an nGrúpa ar shaincheisteanna chun eiseamláir a dhéanamh de Luimneach mar chontae don phobal atá ag dul in aois.



Seoladh Straitéis Aoisbhá

Sheol an tAire Patrick O'Donovan Plean Straitéiseach Aoisbhá Luimnigh 2024-2028 ar an 29 Aibreán in Óstán Castletroy Park.

Áirítear i measc cuid de na príomhimeachtaí Aoisbhá a reáchtáladh:

- Bhuail an Comhaontas Aoisbhá le chéile ar an 12 Meán Fómhair i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill chun gníomhaíochtaí leanúnacha Aoisbhá a phlé agus chun cuspóirí a chinntiú le comhoibriú a dhéanamh ina leith go luath amach anseo.
- Tugann Coinbhinsiún Chomhairle Náisiúnta na gComhairle Daoine Scothaosta Comhairlí Daoine Scothaosta le chéile as gach cearn den tír agus tugann sé deis dóibh topaicí a phlé, líonrú a dhéanamh agus foghlaim óna chéile. Is é aidhm an Choinbhinsiúin ná cur le hobair na Comhairle Daoine Scothaosta. Cuireadh tús leis an gcoinbhinsiún dhá lá ar an 9 Bealtaine

agus chríochnaigh sé ar an 10 Bealtaine agus reáchtáladh é in Óstán Kilkenny Ormonde. Ba é 'Ag Dul in Aois go Neamhspleách' téama na bliana seo.

- Bhí ríméad ar bhaill na Foirne Aoisbhá freastal ar Bheárbaiciú Bliantúil an tSamhraidh in Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chromadh ar an 19 Meitheamh.
- I mí Iúil, bhronn Aoisbhá Luimnigh, i gcomhar le hOifigeach Leathanbhanda an Údaráis Áitiúil, roinnt táibléad Lenovo ar thionscnaimh éagsúla ar fud na Cathrach agus Contae ar mhaithe le daoine scothaosta, ina measc: Ionad Pobail na Ceapaí Móire/Ionad Cúraim Lae Mhíchíl, Marglann Mhainistir na Féile agus Pobal Chúil Cheapach.
- Ar an 17 Deireadh Fómhair, chuir Aoisbhá Luimnigh fáilte roimh Thuras Bus Néaltraithe chuig Cé na gCeannaithe. Chuir an turas seo eispéireas a d'athraigh saolta ar fáil trí ionsamhlóirí soghluaiste. Tugann an t-ionsamhlóir, a d'fhorbair an tOllamh PK Beville 25 bliain ó shin, deis do rannpháirtithe tuiscint a fháil ar an néaltrú trí thionchair an ghalair a ionsamhlú.
- Rinne Aoisbhá Luimnigh mioniniúchadh insiúltachta, i gcomhar le hIarnród Éireann agus Bus Éireann, i Stáisiún Cholbaird ar an 13 Meán Fómhair. Bainfear úsáid as mioniniúchadh insiúltachta Stáisiúin Bus agus Traenach Cholbaird chun eolas a sholáthar don phróiseas



Mioniniúchadh Insiúltachta Aoisbhá Stáisiúin Cholbaird



Glantachán Fhoireann Luimnigh 2024

maidir leis an stáisiún ag baint amach stádas Aoisbhá faoi Chairt na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Ghlac baill den Ghrúpa Míchumais Céim ar Aghaidh, Cumann Alzheimer na hÉireann, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus roinnt cónaitheoirí a bhfuil lagú radhairc orthu páirt sa mhioniniúchadh insiúltachta.

- Ar an 5 agus 6 Samhain, bhí ríméad ar Aoisbhá Luimnigh freastail ar Sheó 50+ Luimnigh. D'fhreastail líon maith ar an seó agus chuir sé deis iontach ar fáil ár bpróifíl phoiblí a mhéadú. Ba dheis iontach é chomh maith léirithe spéise a bhailiú ó dhaoine a bhfuil suim acu ballraíocht a ghlacadh i bhFeidhmeannacht na nDaoine Scothaosta linn. Cruthaíodh an Seó 50+ agus aidhm aige a bheith ina imeacht faisnéiseach, oideachasúil agus dearfach do dhaoine atá níos sine ná 50 bliain d'aois.

Scéim na mBéilí Scoile

Leanadh le Clár na mBéilí Scoile (Scéim Bonnóige agus Baine) in 2024 leis an tseirbhís a sholáthar do 10 scoil DEIS, thart ar 1,900 leanbh.

Glantachán Fhoireann Luimnigh

Maidir le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, is comhoibriú uathúil le pobail, gníomhaireachtaí poiblí agus comhpháirtithe príobháideacha é Glantachán Fhoireann Luimnigh ó thaobh tionscnamh comhshaoil ar fud an chontae de. Cuireann nádúr comhoibríoch GFL, le páirtithe leasmhara lena n-áirítear saoránaigh Luimnigh, na Scoileanna Náisiúnta ar fud an chontae, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara Chiste Carthanachta McManus agus Mr. Binman, spriocanna comhshaoil inbhuanaithe agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn maidir leis an gcomhshaoil, go háirithe i scoileanna.

Go dtí seo, tá na figiúirí rannpháirtíochta foriomlána gar do 140,000 leis na huimhreacha is mó riamh ag clárú in 2024. Áirítear leo oibrithe deonacha ó gach gné den saol lena n-áirítear scoileanna, coláistí, eagraíochtaí spóirt agus/nó clubanna, grúpaí pobail, grúpaí cónaithe, gnólachtaí, carthanais, tithe altranais agus daoine aitheanta áitiúla.

Ghlac breis agus 22,000 oibrí deonach páirt i nGlantachán Fhoireann Luimnigh agus bhí méadú 53% ar rannpháirtíocht clubanna spóirt. Bhí níos mó oibrithe deonacha agus limistéir níos fairsinge á gclúdach ná riamh ach bhí an méid bruscair a bailíodh síos ó bhlianta roimhe seo le 55 tonna bruscair bailithe i gcomparáid le 5 thonna in 2023.

Bhí 265 pointe bailithe bruscair aonair ar fud na Cathrach agus Contae a bhailigh Mr. Binman ag úsáid ocht dtruicail agus ocht gcú. Reáchtáladh Comórtas Chrann Nollag i mí na Nollag lena iarr ar dhaltaí Luimnigh crann Nollag mór a mhaisiú le hábhair athchúrsáilte agus in-athchúrsáilte. Ba é aidhm an chomórtais ná feasacht a spreagadh ar GFL agus aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhshaoil a chosaint don ghlúin óg. Thug an comhthionscadal seo deis do dhaltaí a bheith cruthaitheach fad is a d'oibrigh siad le chéile mar fhoireann.

Scéim Tarscaoilte Boscaí Bruscair

Eisíodh thart ar 3,900 tarscaoileadh d'iaratasóirí faoin Scéim Tarscaoilte Boscaí Bruscair in 2024, a mhaoineigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Foireann Freagartha um Lóistín d'Úcránaigh

Bhuail Fóram Freagartha Pobail na hÚcráine Luimnigh le chéile ar bhonn míosúla le linn 2024. Bunaíodh an Fóram an chéad lá chun comhordú na seirbhísí tacaíochta d'fhreagra an phobail maidir le soláthar cúnaimh d'Úcránaigh easáitithe i Luimneach a éascú. De bharr an méadú atá tagtha ar líon na nIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta chomh maith le laghdú ar líon na dThairbhíthe ar Chosaint Shealadach i Luimneach, áfach, cheadaigh an Fóram, faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, síneadh a chur lena shainchúram. Ar an dóigh sin, tá an Fóram, a bhfuil ballraíocht aige i níos mó ná 22 eagraíocht ar fud an stáit agus sna hearnálacha príobháideacha, pobail agus deonacha, ag cinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do Thairbhíthe ar Chosaint Shealadach agus Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ar bhealach comhordaithe agus tugtar aghaidh ar bhearnaí aitheanta i soláthar seirbhíse nuair is féidir, ag soláthar na dtacaíochtaí seo go cothrom chuig gach imirceach ar fud Chathair agus Contae Luimnigh.

Freagairt Lóistín d'Úcránaigh

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh foireann nua ar bun in 2022 chun freagairt don ghá atá le lóistín éigeandála dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Mar chuid den réiteach cóiríochta sin, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas;

- Oibríodh trí ionad sosa éigeandála.
- Aimsíodh réitigh chóiríochta oiriúnacha thar ceann na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.
- Tugadh tacaíocht d'oibreoirí príobháideacha na n-ionad cóiríochta chun freagairt a thabhairt do riachtanais a gcliant i Luimneach.
- Tugadh tacaíocht don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun réitigh chóiríochta a shainaithint, a shocrú, a aistriú agus tacú leo do Thairbhíthe de Chosaint Shealadach.
- Tugadh tacaíocht don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a trí thionscadail athchóirithe a scrúdú agus a mholadh lena mbreithniú faoin Tionscadal Athchóirithe Éigeandála (an Úcráin) chomh maith le suíomhanna oiriúnacha le haghaidh Tithe Mearthógtha féideartha.
- Oibríodh leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun éascú a dhéanamh ar úsáid chóiríochta geallta Chros Dhearg na hÉireann i Luimneach.
- Leanadh ar aghaidh leis an Tionscnamh Tabhair Dídean i Luimneach chun spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil réadmhaoin fholamh acu chun áit chónaithe a thairiscint do Thairbhíthe Cosanta Sealadacha agus dá bharr sin tairgtear 472 teach le húsáid ó Fheabhra 2022.
- Oibríodh leis an bhFóram Freagartha Pobail chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí timfhillte ar fáil do na cónaitheoirí nua i Luimneach.

TURASÓIREACHT

Féile agus Imeachtaí

Straitéis Féilte agus Imeachtaí 2025-2030

Cheap Féile agus Imeachtaí CAAS Teo. chun tabhairt faoi Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Cuí ar 'Dhréachtstraitéis Féilte agus Imeachtaí' agus iad a sholáthar. Rinneadh scagthástáil um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil i gcomhlíonadh le Treoir Eorpach um Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil 2001 lena dtrasúitear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (arna leasú) agus rinneadh scagthástáil um Measúnacht Chuí i gcomhlíonadh leis an Treoir Eorpach um Ghnáthóga 1992 lena dtrasúitear Rialacháin Éin agus Gnáthóga Nádurtha 2011 (arna leasú). D'eisigh an Chomhairle fógraí scagthástála d'údaráis ainmnithe chomhshaoil ar an 30 Meán Fómhair 2024, inar lorgaíodh aighneachtaí ar thréimhse cheithre seachtaine. Táthar ag súil go scaipfear na tuarascálacha seo chuig na Baill i Ráithe 1 2025 roimh an gcruinniú ina bhfuiltear ag súil le glacadh leis an Straitéis. Cuirfidh an Chomhairle na cinntí i ngníomh sula nglacfar leis an Straitéis, ag cur na dtuarascálacha san áireamh.

Scéim Deontais na bhFéilte agus na nImeachtaí 2024/2025

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh infheistíocht straitéiseach ar fáil d'Fhéilte agus Imeachtaí trí ghlaio oscailte iomaíoch iomlán in 2024. Soláthraíodh an infheistíocht seo mar spreagadh chun cur leis an méid a chuireann Féilte agus Imeachtaí Luimnigh ar fáil agus chuir sé go mór le cáil Luimnigh mar áit spreagúil agus bhríomhar tríd an réimse féilte agus imeachtaí éagsúla sa Chathair agus sa Chontae. Ba é €208,000 an ciste iomlán do Scéim Deontas na bhFéilte agus Imeachtaí 2024/2025.

Bronnadh an Scéim ar 27 iarratasóir ar éirigh leo thar thrí shnáithe. Seo a leanas na snáitheanna sin;

- Snáithe 1 – Seachadadh agus Clárú Féilte agus Imeachtaí ar Mhionscála agus Nua
- Snáithe 2 - Seachadadh agus Clárú Féilte agus Imeachtaí Meánscála agus Mórscála
- Snáithe 3 – Forbairt na Féile agus Inbhuanaitheacht.

Lá Fhéile Bríde

Taispeánadh Cruthú Ó Mhná, ceiliúradh ar dheasghnáth cruthaithe agus ealaíne na mban, i Músaem Luimnigh ar 1 - 5 Feabhra chun Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh. Chuir Mná na nEalaín, grúpa ealaíontóirí agus lucht na n-ealaíon ban Éireannacha lonnaithe ar fud na hÉireann, ar bun é. Tháinig an grúpa seo le chéile ón gClár Oiliúna ceannródaíoch Creative Europe. Bhí raon éagsúil meán ar taispeáint lena n-áirítear bróidnéireacht, líníocht, priontáil, cabhraíocht agus péinteáil.

Féile Naomh Pádraig

Chuir Luimneach fáilte roimh 80,000 cuairteoir chuig an gcathair thar dheireadh seachtaine na féile, agus d'éirigh thar barr le Féile Naomh Pádraig Luimnigh 2024. Tháinig os cionn 50,000 duine amach ar shráideanna na cathrach don phríomhimeacht, Paráid Lá Fhéile Pádraig, a reáchtáladh ar an 17 Márta. Áiríodh mar chuid de na flótaí iontacha an Long Foghlaithe ón gcomhlacht aerthaispeántais, Fidget Feet. Chuir Buí Bolg nathair nimhe ollmhór ar taispeáint a chuir iontas ar an lucht féachana, agus spreag na feithiclí éagsúla idir fheithiclí seirbhíse agus carranna railí sceitimíní i measc an tslua, agus chuir an ceol ó na bannaí máirseála éagsúla go mór leis sin. Ba é 'Fuinneamh Dífriúil' téama na bliana seo agus bhí Seán O'Sullivan, buaiteoir an Ghradaim Eolaí Óg BT 2024, ina Cheann Feadhna. Ghlac níos mó ná 1200 rannpháirtí ó 70 grúpa éagsúil páirt ann, ina measc Grúpaí Gasóg, clubanna spóirt, grúpaí cultúrtha agus pobail.

I measc imeachtaí eile na deireadh seachtaine bhí Seó Sráide Dé Sathairn inar gcuireadh beocht i sráideanna na Cathrach agus lá spraoi teaghlaigh ar siúl le cleasghleacaíocht ardfhuinnimh, draíocht



Paráid Lá Fhéile Pádraig Luimnigh

agus greann ar Rae Bedford agus Sráid Thomáis. Amuigh ar shráideanna lár na cathrach, bhí siúlóirí ar chosa croise agus baill an tsorcais ag siúl timpeall na háite agus scaip Comhlachas Trádálaithe Lár Chathair Luimnigh an spraoi agus réimse siamsaíochtaí ar fáil ar Shráid an Chrúisigh.

Reáchtáladh an 52ú Craobh Banna Idirnáisiúnta ar an 18 Márta. Is ócáid ar leith é seo do Chathair Luimnigh. Tháinig na mílte daoine amach ar shráideanna Luimnigh chun féachaint ar an sé bhanna máirseála dhéag as Luimneach, Éirinn agus ar fud an domhain. Mheall na Bannaí an lucht féachana lena gcuid ceoil, cóiréagrafaíochta agus feistis. Tugadh an duais iomlán do Lakeville South Marching Cougars ó Minnesota. Léirigh an Chraobh Banna Idirnáisiúnta taispeántas den scoth den tallann ceoil agus fuinneamh pléascach agus ba chríoch fhoirfe é le deireadh seachtaine Fhéile Pádraig.

Féile na hAbhann

Bronnadh buaiteoir Fhéile na Bliana ar an 20ú Riverfest a reáchtáladh idir an 3 – 6 Bealtaine, ag na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2024.

Buaicphointe ar leith den 20ú Riverfest ná tionscnamh na Paráide Pegasus. Thug Comhlacht Amharclannaíocht Sráide Francaigh mór le rá Planet Vapeur 'Pegasus', capall ollmhór a bhfuil sciatháin airgid air, go Luimneach. Siúladh an capall ollmhór, a sheas ocht méadar in airde, trí shráideanna Luimnigh agus compántas de 11 cleasghleacaí agus taibheoir sráide in éineacht leis le hiontas a chur ar an slua de 20,000 a sheas taobh le bealach na paráide 1.4km feadh bhruacha na Sionainne. Thug Pegasus aghaidh ar shráideanna Luimnigh oíche Aoine agus a thaispeántas ar leith mar phríomhimeacht chun oscailt an 20ú Riverfest a cheiliúradh.



Riverfest Luimnigh 2024 – Paráid Pegasus

Thar dheireadh seachtaine saoire bainc na Bealtaine, d'fhreastail 133,000 duine ar an bhféile le 67,000 duine ag teacht agus imeacht trí shráidbhaile na féile thar an gceithre lá spraoi, bia agus ceol ar bhrúcha na Sionainne. Cuireadh réimse leathan imeachtaí ar fáil do theaghlaigh agus lucht leanúna na féile, lena n-áirítear Paráid Pegasus, FashionFest, Sráidbhaile Riverfest, ziplíne na Sionainne, an Roth Lánléargais agus Comórtas Náisiúnta BBQ. Áirítear leo sin chomh maith imeachtaí ar an abhainn agus taispeántais san aer ó Fidget Feet Luimnigh lena sheó Bingo Fever 'House' agus aonad nua soghluaiste céadfach ASD Éireann Ionannithe in aice le Páirc Ché Artúir.

Chomh maith le Pegasus, cuireadh roinnt imeachtaí nua iontacha ar fáil le linn Fhéile Riverfest 2024. Léirigh Fashionfest, seó faisin avant garde nua, saothar mac léinn faisin ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh OTS taobh le dearthóirí faisin seanbhunaithe i dtimpeallacht chomhaimseartha Gardens International.

Bhí comhpháirtíocht idir Féilte agus Imeachtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an branda clúiteach Red Bull le haghaidh Riverfest chun Cóisir Shráide dheireadh seachtaine a chur ar bun. Bhí truail DJ Red Bull ina mol siamsaíochta ar Chlárchosán Ché Uí Uallaigh, le meascán de cheol bog réidh agus BBQ ag cur leis an atmaisféar.

Cuirtear béim i gcónaí ar an Sionainn in Riverfest. Réachtáil an t-imeacht Regatta nua, a bhí ar siúl i gClub Rámhaíochta Mhichíl, rásaí idir Droichead an tSáirséalaigh agus Droichead na Sionainne d'aoiseanna éagsúla agus bhain atmaisféar carnabhail leis do theaghlaigh ar Thrá Uí Cheallacháin.

Reáchtáladh Comórtas Náisiúnta BBQ Uile-Éireann i gcomhar le Cóisir Shráide Red Bull Riverfest gan stró ar Ché Uí Uallaigh, ag cruthú atmaisféir chóisire ar shráideanna Luimnigh, chomh maith le roinnt mhaith imeachtaí eile. I measc imeachtaí an Gheilleagair Oíche bhí imeachtaí ceoil bheo i gCaisleán Luimnigh ó Ghrúdlann Treaty City agus Dolans.

Reáchtáladh Rith Mhór Luimnigh, arna tacú ag Féilte agus Imeachtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ar an 5 Bealtaine le linn dheireadh seachtaine Riverfest. Tháinig níos mó ná 17,000 reathaí agus siúlóirí amach ar shráideanna Luimnigh agus ghlac siad páirt sa Mharatón, sa leath-Mharatón nó sa rás 10km, ag cothú atmaisféir bhríomhair sa Chathair ó mhaidin Domhnaigh.

Ba mhór an rath a bhí i gceist le Riverfest 2024 do Chathair Luimnigh. Ghin feachtas meán sóisialta Riverfest 299,723 imprisean iomlán in 2024. Meastar go ndéanfar íosmhéid de €9.3 milliún a shaothrú don gheilleagar áitiúil, ó gach cuairteoir ón iasacht agus ón tír a tháinig chuig Riverfest.

Fáilte chuig an gComharsanacht

Curtha i láthair ag Ealaíona Comhaimseartha Eas Géitine, léiríonn an clár cónaitheachta bliantúil seo ealaíontóirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta a dhéanann agus a thaispeánann ealaíon ar fud Eas Géitine. Bhí imeacht na bliana seo coimeádta ag Michele Horrigan agus ealaíontóirí Santiago Borja, Jan McCullugh agus Frank Wasser. Idir an 18 agus an 29 Meitheamh, chuir ealaíontóirí éagsúla imeachtaí ar bun. I measc na n-imeachtaí thug an t-ealaíontóir Mice Hell caint ar stair chultacha na hÉireann agus nocht an t-ealaíontóir Robin Price, i gcomhar le Bailte Slachtmhara Eas Géitine, comhartha sráide nua 'Mussel Lane'. Tugadh turais ar stair an bhaile agus ealaín phoiblí sa bhaile. Taispeánadh an gearrscannán "Pass Me" den chéad uair a bhí bunaithe ar Mhainistir Phroinsiasach Eas Géitine agus tuairimí na gcarachtar atá leabaithe ina cuid staire. Bhí an lá oscailte ar siúl ar an 29 Meitheamh, a thaispeáin saothair na n-ealaíontóirí cónaithe.

Red Bull Drift Pursuit

Reáchtáladh Red Bull Drift Pursuit idir an 18 agus drift ar an 19 Bealtaine agus den chéad uair do Luimneach agus d'Éirinn, thug Red Bull cúrsa nua-dheartha hibrídeach síobtha go Luimneach. Dearadh go sonrach agus baineadh triail as an gcúrsa hibrídeach i Luimneach agus ba mhó an rath a bhain leis. Fuair an t-imeacht seo tacaíocht

shuntasach ó Fhéilte agus Imeachtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Bhí cuid de na síobóirí is fearr san Eoraip ag an imeacht rásaíochta mótaí agus iad ag cur dúshláin faoina gcuid scileanna luais, cruinnis agus smachta ar an gcúrsa néata Rásraon Con Luimnigh. Bhain 7,000 duine taitneamh as dhá sheó a bhí díolta amach. Léirigh buaiteoir reatha Chraobhchomórtas Eorpach na Máistirsíobóirí, Conor Shanahan, an chúis gurb eisean duine de na tiománaithe is fearr ar domhan. Bhuaigh an Corcaíoch, Alan Hayes, an chéad Chraobh.

Prom Samhraidh Luimnigh

Reáchtáladh an chéad Prom Samhraidh idir an 21 agus an 23 Meitheamh i gCeoláras Ollscoil Luimnigh. Léirigh Féile Bhróid LADTA+ Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Ceolfhoireann Ceolchoirme RTÉ taispeántas de 'Shine' Dé hAoine. Dé Sathairn, léirigh Ceolfhoireann Aireagail Luimnigh 'A Midsummer Magic' a cuireadh i láthair ag Simon Delaney agus an soprán mór le rá Anna Devin. Ar lá deireanach na bProm, taispeánadh scannán ceolchoirm beochana a bhí oiriúnach do pháistí, 'The Magic Piano and The Chopin Shorts'.

Samhain: Féile Oíche Shamhna Luimnigh

Bhí Féile na Samhna ar siúl idir an 24 go dtí an 27 Deireadh Fómhair. Chuir Eddie Lenihan agus a chuid scéalta béaloidis ar Shráid an Róistigh, agus Tall Tales i nGrúdlann Treaty City tús leis an bhFéile. Ar an 25 Deireadh Fómhair, bhí an t-imeacht 'The Death Café' ar siúl i gCaifé Jack Monday agus siúlóid stairiúil 'Spirits of Samhain' le Paul O'Brien. Ar an 26 Deireadh Fómhair, reáchtáladh snámh na Samhna agus chuir Scoileanna Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann taispeántas beo ar siúl in Ard-Eaglais Mhuire a léirigh ceol pobail agus clasaiceach.

Chuir Lumen Street Theatre, i gcomhar le Fáilte Ireland agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Paráid Tine agus Scáileanna Lumen Street Theatre i láthair ar an 26 Deireadh Fómhair. Rinne an pharáid ceiliúradh ar bhunús stairiúla Éireannacha na Samhna le neacha mínádúrtha

soilsithe ag siúl ar shráideanna Luimnigh. Tharla go leor imeachtaí eile le linn na deireadh seachtaine a ndearna ceiliúradh ar an Samhain i Luimneach.

An Nollaig i Luimneach

Reáchtáil Comhlacht Amharclainne LUXE 'A Magical Winter's Tale Procession' ar an gcéad lá de mhí na Nollag agus chuir sé tús le ceiliúradh na Nollag i Luimneach. Bhí paráid na Nollag lán de shoilse, carachtair i gcultacha agus fíoracha draíochtúla a shnámh trí cheathrú Sheoirseach Chathair Luimnigh ag cruthú taispeántas sráide séasúrach a bhí álainn agus draíochtúil.

Bhí mí na Nollag lán d'imeachtaí ar fud Luimnigh. Bhí Sráid an Chrúisigh beo le gníomhaíochtaí do theaghlaigh gach Satharn agus Domhnach le siúlóirí ar chosa croise, péinteáil aghaidhe, múnú balún agus dioscónna do pháistí. Ar stáitse Music Generation, bhí taispeántais ó rannpháirtithe éagsúla i Lár na Cathrach, rud a chur leis an atmaisféar féiltiúil iontach a bhí le mothú i Lár na Cathrach.

Chuir na Ceardlanna Féiltiúla ar champas an tSáirséalaigh Ollscoil Luimnigh saotharlann lánfheidhmiúil dhéantúsaíocht dhigiteach an Fab Lab ar fáil do pháistí agus chruthaigh siad maisiúcháin Nollag ag baint úsáid as trealamh gearrtha léasair agus printéir 3D.

Thug Margadh Treaty City, a bhí ar siúl ar an 14 Nollaig ar Shráid San Nioclás, deis do dhaoine sráideanna áille stairiúla na cathrach a shiúl agus tacaíocht a thabhairt do dhíoltóirí áitiúla agus éisteacht le DJanna áitiúla ag an am céanna.

Cuireadh go mór leis an seó faisin bliantúil 'Couture at the Castle' arna eagrú ag Holman Lee Agency a bhí ar siúl ar an 7 Nollaig i gCaisleán Luimnigh. Chuir an t-imeacht seo an faisean is fearr i Luimneach i láthair. Bhí ticéid ag teastáil don imeacht seo leis na fáiltais á dtabhairt chuig Aonad Péidiatraice Áirc na bPáistí in Ospidéal Ollscoile Luimnigh.

I measc imeachtaí eile, tharla Carúil agus Áirianna Nollag ar an 22 Nollaig i gcomhar le Féile Ceoldrámaíochta Luimnigh, Christmas Tales by the Limerick Fireside le Limerick Tales á n-insint ag an scéalaí David Collopy. Tháinig Festival in a Van ar ais chuig Sráid Thomáis ar na trí Shatharn roimh an Nollaig. Chruthaigh an Veain, a dhéantar stáitse as, fuaimrian féilteúil do Lár na Cathrach. Chuir an veain tallann áitiúil i láthair amhail Evangeline O'Neill, Paddy Dennehy, David Hope, Michelle Grimes, agus jaYne.

Reáchtáladh Nollaig Sheoirseach Luimnigh ar an 22 Nollaig i gCorrán Uí Chonaill. Chuir comharsanacht áitiúil na Ceathrún Seoirsí agus Méara John Moran an t-imeacht i láthair. Sa Cheathrú Sheoirseach, bhí taispeántais amharclannaíocht sráide, cóir gheamaireachta, ceadail dhiaga Laidine agus séiseanna a raibh blas an tsnagcheoil orthu a chuir cuma thumthach Nollaigiúil ar an gceantar, agus chuir sé deis ar fáil chomh maith grianghraif a thógáil le Santa Paws agus Henri.



Paráid na Nollag i Lár Chathair Luimnigh

Comhdháil agus Tairiscintí le haghaidh Imeachtaí

Lean Foireann na bhFéilte agus na nImeachtaí ag obair le comhghleacaithe agus le raon páirtithe leasmhara earnála chun tacú le forbairt deiseanna comhdhála agus imeachtaí idirnáisiúnta ar scála a óstáil i Luimneach in 2024. Rinneadh iarrachtaí suntasacha lena chinntiú go mbeadh tionchar ag imeachtaí ar lár na cathrach. Reáchtáladh searmanais deiridh do na himeachtaí suntasacha seo i lár na cathrach in 2024 le cúnamh ó Fhoireann na bhFéilte agus na nImeachtaí. Buaicphointe ar leith a bhí ann ná Luimneach ag óstáil Chraobhchomórtas Liathróid Láimhe aon bhalla an Domhain. Is í liathróid láimhe balla amháin an leagan is mó fás den spórt le láithreach shuntasach ar mhór-roinn na hEorpa agus sa Ríocht Aontaithe chomh maith leis na Stáit Aontaithe, áit a bhfuil níos mó ná 2,000 cúirt phoiblí i Nua-Eabhrac amháin.

San imeacht seo i Luimneach, cruthaíodh sráidbhaile cosúil leis an sráidbhaile Oilimpeach don lóistín agus baineadh úsáid as naoi gcúirt shealadacha i Láthair na hOllscoile, Luimneach, a dearadh go speisialta. Reáchtáladh Craobhchomórtas Liathróid Láimhe Aon Bhalla an Domhain i mí Lúnasa le lóistín ar an mórsála ar an láthair, líon iontrálacha nár bhfacthas riamh le 882 le haghaidh Liathróid Láimhe Aon Bhalla agus 12 tír idirnáisiúnta ag glacadh páirt ann, lena n-áirítear Éire, SAM, Ceanada agus Meicsiceo chomh maith le teaghlaigh agus lucht féachana.

I gcomhar le Biúró Spóirt agus Comhdhála Réigiún na Sionainne, chuir Fáilte Ireland agus Ollscoil Luimnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Luimneach i láthair arís mar cheann scríbe ardchaighdeán chun imeachtaí spóirt agus comhdhála a óstáil ann in 2024.

Forbairt Turasóireachta

Straitéis Turasóireachta

Tá ról lárnach ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i bhforbairt na turasóireachta i gCathair agus Contae Luimnigh, a chuimsíonn raon leathan de thionscnaimh atá dírithe ar mheallacht Luimnigh a fheabhsú agus suíomh na cathrach agus an chontae a bhaint amach mar phríomhcheann scríbe turasóireachta. Áirítear leis seo táirgí turasóireachta ar leith a fhorbairt, príomhbhonneagar caipitiúil a thógáil amhail Glasbhealach Luimnigh, agus margaíocht agus cur chun cinn éifeachtach a dhéanamh ar Luimneach tríd ár mbranda seanbhunaithe, Branda Luimnigh. Thionscnaíomar agus bhunaíomar Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Discover Limerick, eintiteas tiomnaithe chun príomhdhíol spéise do chuairteoirí a oibriú agus a bhainistiú. Síneann ár dtionscnaimh straitéiseacha chomh fada le féilte agus imeachtaí inaitheanta a eagrú, pleanáil, an ríocht phoiblí a fheabhsú, seirbhísí éigeandála a sholáthar agus bóithre a chothabháil agus a ghlanadh, agus cuireann siad seo ar fad le heispéireas dodhearmadta a sholáthar do thurasóirí i gCathair agus Contae Luimnigh.

I mí Lúnasa, cheap an Roinn Turasóireachta foireann ildisciplíneach chun straitéis chuimsitheach nua a fhorbairt do Luimneach a thiocfaidh in áit straitéise 2019 - 2023. Is é aidhm an chur chuige straitéiseach ná Luimneach a chlaohlú ina cheann scríbe turasóireachta dinimic agus éagsúil a mheallfaidh cuairteoirí baile agus idirnáisiúnta. Bainfidh an treochlár straitéiseach seo leas as oidhreacht chultúrtha shaibhir Luimnigh, a shaol ealaíon bríomhar, a shainchomharthaí stairiúla, a chuid áilleachta nádúrtha agus fáilteachas cairdiúil, agus déanfaidh sé fás gilleagrach a spreagadh sa cheantar.

Rinneadh suirbhéanna cuairteora, pobail agus tionscail i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair. Chomh maith leis sin, reáchtáladh seisiúin chomhairliúcháin le linn mhí na Samhna, lena n-áiríodh ceardlanna físeacha agus comhairliúcháin le baill foirne, Comhairleoirí agus

páirtithe leasmhara seachtracha. Táthar ag súil go bhfoilseofar an leagan críochnaithe de Straitéis Turasóireachta Chathair agus Contae Luimnigh in R1 2025.

Imeachtaí Trádála Thionscal na Turasóireachta 2024

D'fhreastail baill foirne ó Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar roinnt Imeachtaí Trádála Thionscal na Turasóireachta le linn 2024, ina measc:

- Clár Churaidh Fáilte Ireland - Ceardlann Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Meitheal 2024.
- Imeacht Spotlight on Tourism d'fhochéimithe turasóireachta, arna óstáil ag Rannóg an Fháilteachais, Turasóireachta agus Folláine in Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS) An Iarthair Láir.
- Comhdháil Turasóireachta na nÚdarás Áitiúil 2024.
- Comhdháil Chónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (ITIC) 2024.
- Imeacht Líonrú Turasóireachta Luimnigh agus an Chláir Fáilte Ireland.
- Imeacht Tacaithe le hEarcaíocht agus Coinneáil i dTurasóireacht agus Fáilteachas Fáilte Ireland agus Intreo.



Imeacht um Líonrú Turasóireachta Luimnigh agus an Chláir 2024

- Imeacht Líonraithe d'Oifigigh Turasóireachta Chroílár Ceilte na hÉireann.

Féile na nGael Milwaukee 2024

Ba mhór an phribhléid í do Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhar le Discover Limerick DAC, freastal ar Fhéile na nGael Milwaukee idir an 15 – 18 Lúnasa. Chuir an fhoireann Seastán Eolais Turasóireachta ar fáil le linn na féile agus chuaigh siad i mbun an turasóireacht a chur chun cinn agus i mbun rannpháirtíochta cultúrtha agus diaspora agus níos mó ná 100,000 ag freastal ag an bhféile. Chuir an fhoireann Luimneach chun cinn ó thaobh na turasóireachta de agus bhain siad leas as an imeacht mar dheis chun príomhdhíol spéise do chuairteoirí Chathair agus Contae Luimnigh a léiriú. Bhí an t-aiseolas ó rannpháirtithe iontach dearfach agus an príomhphointe ón bhféile ná an tábhacht a bhaineann le nascacht eiltile agus leis an bhfáil ar eitiltí díreacha idir Chicago agus Aerfort na Sionainne toisc gur príomhábhar cinntitheacha é sin do chuairteoirí ionchasacha.



Féile na nGael Milwaukee 2024

Margaíocht agus Cur Chun Cinn Ghlasbhealaí Luimnigh

In 2024, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le cur chun cinn agus forbairt Ghlasbhealach Luimnigh.

Reáchtáil Glasbhealach Luimnigh roinnt imeachtaí le linn 2024 lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Ar an 8 Nollaig, reáchtáil Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i

gcomhar le Cumann Meabhair-Shláinte Luimnigh agus gnólachtaí an tionscail aclaíochta Flexitime agus Cardio Flourish, Babhta Rothaíochta Bréigéide Dhaidí na Nollag ar Ghlasbhealach Luimnigh idir Mol Ghlasbhealach Ardach agus carrchlós Ghlasbhealach an Chaisleáin Nua le duaiseanna agus málaí féiríní ar fáil chomh maith le sólaistí á soláthar ar an lá agus ceol beo agus craoltóireacht ó Live 95. Mar ábhar iontais, tháinig Daidí na Nollag ar Inneall Dóiteáin chuig Mol an Ghlasbhealaigh in Ardach roimh an imeacht;

- Clár Sláinte Siúil Rith sé seachtaine Locomotion Bike Hire;
- Tóraíocht Uibheacha Cásca agus Bob nó Bia Oíche Shamhna Mhol na Bearna;
- Babhta Rothaíochta na bPáistí Abbeyfeale United;
- Siúlóid urraithe 8km Friends of Limerick Football ó carrchlós Ghlasbhealach an Chaisleáin Nua chuig Mol Ghlasbhealach Ardach agus ar ais;
- Siúlóid thiomsaithe airgid Ruaigirí Chill Cholmáin ón bhFianait go dtí Mol Ghlasbhealach Ráth Caola;
- Trí imeacht Siúlóid/Rith 5km Charthanachta i Mainistir na Féile, an Caisleán Nua agus Ráth Caola;
- Siúlóid Charthanachta 10km Brú Columbanus;
- Seachtain na Rothar;
- Ócáid Thiomsaithe Airgid Rothaíochta The Rising de chuid Lust for Life 2024;
- Seoladh Dhá Ghléas Ú-Chasaidh.



Seoladh U-Chasaidh ag láthair amhairc na Bearna

In 2024, fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Springboard Communications le bheith i gceannas ar fheachtas náisiúnta cumarsáide agus margaíochta comhtháite do Ghlasbhealach Luimnigh chun tuilleadh ratha a bhaint amach tar éis fheachtas 2023. Ba iad cuid de phríomhchuspóirí an fheachtais mhargaíochta agus chumarsáide ná: Feasacht branda a fhorbairt chun Glasbhealach Luimnigh a choinneáil ar barr mar an rogha saoráide do thurasóirí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta; Ailíniú a dhéanamh mar gheall ar mhargaíocht agus gníomhaíocht fógraíochta le páirtithe leasmhara lena n-áirítear Fáilte Ireland; Ag díriú ar bhailte mol Ghlasbhealach Luimnigh agus gnólachtaí áitiúla; agus ag leanúint le spriocphobal Ghlasbhealach Luimnigh a leathnú trí dul i ngleic le himeachtaí agus gnólachtaí áitiúla ar fud Luimnigh. Áiríodh leis an bhfeachtas poiblíochta le linn 2024:

- Trí Phreaseisiúint le linn 2024 ar na scéalta nuachta seo a leanas: Fóta-Thuairisc ar Ghlasbhealach Luimnigh; suiteáil an Dhá Ghléas Ú-Chasadh thar Ghlasbhealach Luimnigh; agus Tuarascáil ar Bhailiúchán Sonraí 2023;
- Grianghrafadóireacht shéasúrach agus físghrafadóireacht feadh Ghlasbhealach Luimnigh, agus is iad na híomhánna agus na físeáin a gabhadh an phríomhghné chun an feachtas margaíochta a thiomáint;
- Bróisiúr nuashonraithe ar líne agus clóite do Ghlasbhealach Luimnigh;
- Margaíocht Tionchaire: Comhordaíodh trí chuairt ó thionchairí in 2024 ar Ghlasbhealach Luimnigh, agus chruthaigh gach ceann acu sraith ábhar. Ba iad Clíodhna Twomey, Japhet Ogu agus Niamh Webb-O'Rourke na tionchair seo;
- Fógraíocht as Baile lena n-áirítear: dhá Chlár Fógraí in Aerfort na Sionainne agus Stáisiún Cholbaird; dhá chlár fógraí Adshel in Aerfort Chorcaí agus Aerfort na Sionainne agus ar thaobh cúig bhus;
- D'éirigh thar barr le Fógraí Raidió do Ghlasbhealach Luimnigh in 2024 le linn buaic-amanna. Bhí na fógraí á gcráoladh ar feadh roinnt seachtainí ar Classic Hits agus Live 95 araon;

- Bhí Glasbhealach Luimnigh mar chuid de Chlár Cluichí CLG chomh maith le hirisi/bróisiúir Limerick Guide, Limerick Life agus Féile Ceoldrámaíochta Luimnigh. Anuas air sin, bhí ábhair agus fógraí dúchasacha agus neamhdhúchasacha mar chuid den Irish Examiner, Echo, Limerick Leader, Limerick Post, The Irish Times, The Clare Champion, The Independent, Kerry's Eye, VIP Magazine, Weekly Observer, Vale Star agus RTÉ Guide;
- Turais chleachtaidh le hiriseoirí ó VIP Magazine, Business Plus Magazine, the Irish Examiner, the Sunday World agus turas chomhpháirteach i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí maidir le deireadh seachtaine Fhéile Liteartha agus Ealaíon Éigse Mhícheál Ó hAirtneide i mí Dheireadh Fómhair ina raibh iriseoir ann ón bhforlíonadh Irish Country Living Supplement agus an Irish Times. Bhain na turais seo le comhoibriú le gnólachtaí áitiúla, lena n-áirítear cíós rothar, óstáin, siopaí áitiúla, iarsmalanna agus soláthraithe bia Luimnigh chun eispéiris bharántúla a chruthú a léirigh na fíordhaoine agus na fíorscéalta feadh Ghlasbhealach Luimnigh agus i gceantair eile Luimnigh. D'eagraigh Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a turas taithíochta féin i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí chun an obair atá déanta go dtí seo ar Ghlasbhealach Luimnigh agus ár bpleananna don todhchaí a thaispeáint dár gcomhghleacaithe i gCorcaigh;
- Tionscadal Próifílithe Gnó ina raibh cruthú Próifíl Ghnó do ghnólachtaí feadh Ghlasbhealach Luimnigh i gceist leis agus iad a roinnt trí Phostálacha ar na Meáin Shóisialta;
- Ceithre Chomórtas ar na Meáin Shóisialta
- Sceideal cuimsitheach míosúil ar phostálacha ar na Meáin Shóisialta.

Staitisticí Ghlasbhealach Luimnigh 2024, lena n-áirítear Tuarascáil ar Bhailiúchán Sonraí 2023 críochnaithe a choimisiúnaigh an Rannóg Turasóireachta in 2022

- **Fógraíocht Google**
 - 241.5K imprisean
 - 23.23K cliceáil ar nasc



Rothaithe gar do Thollá na Bearna ar Ghlasbhealach Luimnigh

- **Fógraíocht sna Meáin Shóisialta**
 - 570,189 Cuntas Sroichte
 - 104,548 Gníomhú ar Phostálacha
 - 10,715 Nasc Cliceáilte (chuig an suíomh gréasáin)
 - **Sroicheadh Ardán na Meán Sóisialta do 2024**
 - Clúdach Leathanach Facebook: 670,818
 - Cuaireanna ar phróifíl Facebook: 14,827
 - Cuaireanna ar phróifíl Instagram: 226,647
 - Sroicheadh leathanach Instagram: 7,288
 - Ba é €128 an meánluach a chaith cuairteoirí thar oíche ar Ghlasbhealach Luimnigh agus chaith cuairteoirí lae €28 ar an meán in aghaidh an lae. Bhí meánluach níos mó á chaitheamh ag cuairteoirí iasachta le €144 á chaitheamh ar thréimhsí thar oíche.
 - Tá nach mór naonúr as deichniúr d'úsáideoirí Ghlasbhealach Luimnigh níos gníomhaí go fisiciúil mar thoradh ar infheistíocht ghlasbhealaigh. Dúirt 29% den phobal áitiúil go bhfuil siad “i bhfad níos mó aclaí” mar thoradh ar an rochtain éasca atá ar fáil ar Ghlasbhealach Luimnigh chun aclaíocht a dhéanamh.
 - Toilteanas ar an meán íoc as úsáid an Ghlasbhealaigh 1 uair an chloig = €5.17 an uair
 - Tionchar Socheacnamaíoch Bliantúil Ghlasbhealach Luimnigh = €3.745 milliún
- Tuarascáil ar Bhailiúchán Sonraí – cuid de na príomhthorthaí (ina n-ionchorpraítear 11 áiritheoir ar líon na ndaoine atá ar Ghlasbhealach Luimnigh):
- Líon Iomlán Úsáideoirí Ghlasbhealach Luimnigh in 2023 = 169,000
 - Líon Iomlán Gníomhachtúchán Áiritheora an Líon Daoine in 2023 = 618,000

Soláthar Caipitil Agus Cothabháil an Ghlasbhealaigh

Tionscadail Oibríochtaí, Cothabhála agus Caipitil Ghlasbhealach Luimnigh

In 2024, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le hoibriú, cothabháil agus forbairt bonneagair ar Ghlasbhealach Luimnigh. Bhí bliain an-rathúil ag an bhfoireann cothabhála i gcothabháil an Ghlasbhealaigh 40km. Léirigh suirbhé a ndearna 1000 úsáideoir glasbhealaigh an méid seo nuair a dúirt 98% dóibh go raibh an Glasbhealach ag teacht lena n-ionchais agus dúirt 65% gur sháraigh sé a n-ionchais.

Áirítear bearradh fáil, bearradh féir, fiailí a bhainistiú, glanadh draenacha, carrchlóis a chothabháil agus smionagar a ghlanadh lena n-áirítear duilleoga agus géaga tite i measc cuid den obair chothabhála a ndearnadh le linn na bliana. In 2024, tharla roinnt stoirmeacha agus, ina ndiaidh, chinntigh éifeachtúlacht na foirne cothabhála gur athosclaíodh an Glasbhealach gan mhoill agus go raibh sé sábháilte d'úsáideoirí.

Tá dul chun cinn déanta ag an dearadh mionsonraithe d'Oibreacha Athshlánúcháin Saoirseachta Thollán na Bearna agus beidh sé amuigh ar tairiscint i Ráithe 1 2025 le hoibreacha ag dul chun cinn ina dhiaidh sin. Áirítear i measc cuid de na hoibreacha a cuireadh chun críche in 2024: cosán rochtana a thógáil ar Ghlasbhealach Luimnigh ag Droichead an Lorcánaigh, Cluain Each; comharthaí marcóir ciliméadair éigeandála a shuiteáil; cuailí fáil agus iarnróid a athsholáthar; agus Gléasanna Ú-Chasaidh a shuiteáil. Is gléasanna ateangaireachta iad na Gléasanna Ú-Chasaidh le ceann amháin á shuiteáil ag láthair amhairc na Bearna agus an ceann eile i gCoill na Tulai.



Mol Ghlasbhealach Luimnigh Ráth Caola – Seid Lán-athchóirithe Earraí

Mol Ceann Conaire Ghlasbhealach Luimnigh i Ráth Caola

I mí Lúnasa, d'oscail Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh spás sa limistéar um ríocht phoiblí agus saoráidí faoin aer ag an Mol athchóirithe Ghlasbhealach Luimnigh i Ráth Caola.

Cuireadh na hoibreacha i gcrích i mí Iúil 2024 ag feabhsú an méid atá ar fáil don phobal le carrchlós nua 29 spás lena n-áirítear spásanna páirceála inrochtaineachta; spás pábhála aolchloiche álainn sa limistéar um ríocht phoiblí a thimpeallaíonn foirgneamh an Mhoil; leithris; luchtphointí d'fheithiclí leictreacha; seastán do dheisiú rothar; stáisiún uisce; stad bus agus binsí picnice.

Agus é deartha i gcomhtheacht le hoidhreacht shaibhir an bhaile, cuireann an tionscadal seo le Músaem Palaitíneach na hÉireann, atá lonnaithe san iar-Theach Stáisiúin Iarnróid in aice láimhe.

Fuair an carrchlós, oibreacha ríochta poiblí, soláthair na seirbhísí Glasbhealaigh agus obair athshlánúcháin ar sheid na n-earraí iarnróid a gcuid maoinithe ón Roinn Iompair faoi Bhonneagar Iompair Éireann, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus acmhainní de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh féin agus ba é €2.1m costas an chonartha.

Maoiniú Rathúil Catagóir 1 an Chiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe (CFAT) d'Fhorbairt Mol Ghlasbhealach Luimnigh agus Mol Turasóireachta Iarthar Luimnigh ag Fullers Folly, an Caisleán Nua

Cuireadh isteach ar mhaoiniú Chatagóir 1 an Chiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe (CFAT) i mí Feabhra do Thionscadail Forbartha Mol Ghlasbhealach Luimnigh. Is é €12m an costas measta don 4 thionscadal agus bronnadh €9.6m faoin CAFT i mí na Bealtaine 2024. Is iad Mol Ghlasbhealach Luimnigh in Ardach, Mol Ghlasbhealach Luimnigh sa Chaisleán Nua (2 thionscadal) agus Teach Stáisiúin na Bearna na tionscadail a bheidh á bhforbairt. Rinne na foirne deartha ildisciplíneacha ceaptha dul chun cinn ar an dearadh mionsonraithe agus ar ullmhúchán na ndoiciméad tairisceana do thionscadail in 2024. Chuaigh Teach Stáisiúin na Bearna amach ar tairiscint i mí na Nollag 2024 agus beidh Ardach agus an Caisleán Nua amuigh ar tairiscint i Ráithe 1 2025. Tá maoiniú Chatagóir 2 CAFT aimsithe do Mol Ghlasbhealach Luimnigh i Mainistir na Féile agus dul chun cinn le déanamh ar an dearadh mionsonraithe in 2025.

Bronnadh maoiniú CAFT breise de luach €3.9M chun an foirgneamh agus clós stairiúil in Fuller's Folly sa Chaisleán Nua a athchóiriú. Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh feabhas a leis an tairiscint turasóireachta atá sa bhaile agus agus tacaíocht a thabhairt di, chomh maith le Caisleán Dheasumhan, le rochtain a chur ar fáil idir an áis thábhachtach seo agus láthair Fuller's Folly. Ag obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, cruthóidh an tionscadal seo nasc idir sócmhainní turasóireachta an bhaile ar bhealach comhleanúnach, ag cur feabhais ar infheictheacht agus eispéireas iomlán na gcuariteoirí sa Chaisleán Nua. Rinne na foirne deartha ildisciplíneacha ceaptha dul chun cinn ar an dearadh mionsonraithe in 2024 agus rachaidh sé amach ar tairiscint in 2025.

Cur chun cinn Chroílár Ceilte na hÉireann

D'oibrigh Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar leis an Iriseoir mór le rá raidió, teilifíse agus podchraolta, Ed

Finn, ó Ed Finn Travels, chun limistéar Chroílár Ceilte na hÉireann Luimnigh a chur chun cinn i mí na Samhna. Áiríodh leis sin agallaimh raidió a chraoladh ar Classic Hits agus ar Sunshine Radio chomh maith le clár podchraolta ar Phodchraoladh The Travel Lounge agus blag 1,000 focal ar edfinntravels.com. Thug Ed cuairt ar Rothaíocht Sléibhe Bhealach Eabhra, Feirm Úill Bhealach Eabhra, Deebert House i gCill Mocheallóg, Lough Gur Pottery agus Ionad Thomáis Mhic Gearailt sa Bhrú.

PAS Discover Limerick

Lean Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag obair ar PAS Discover Limerick 2024 a fhorbairt ag cur Lascainí agus Tairiscintí leis ina bhfaigheann ceannaitheoirí an PAS lascainí de chéatadán áirithe ar earraí agus seirbhísí i ngnólaictaí de chuid Thionscal Turasóireachta agus Fáilteachais i Luimneach fad is a thaispeánann siad go bhfuil an PAS ceannaithe acu.

Irish Dresden

D'oibrigh an Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dlúth le Irish Dresden, atá lonnaithe i nDrom Collachair in Iarthar Luimnigh, in 2024 trí chabhair a thabhairt don ghnó Deontais um Staidéar Indéantachta a fháil ó Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh agus sainchomhairleoir a fhostú chun an Staidéar Indéantachta a stiúradh d'fhonn éileamh forbartha na saoráide táirgthe a mheas chomh maith leis an bhféidearthacht eispéireas cuairteoirí, caifé, siopa, páirc mhiondíola agus seomra taispeántais a chur ar fáil ar an láthair.

Turasóireacht Chill Mocheallóg

I mí Aibreáin, cheap Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Shannon International Development Consultants chun tabhairt faoi 'Anailís ar Bhearnaí agus Plean Cur Chun Feidhme Eispéiris Cuairteoirí do Chill Mocheallóg a Fhorbairt'. Rinneadh an tionscadal seo i gcomhar le Bord Turasóireachta Chill Mocheallóg. Tá an tionscadal seo dírithe ar thuiscint níos fearr a fháil ar an méid atá ar fáil i gCill Mocheallóg mar cheann scríbe do chuairteoirí baile agus idirnáisiúnta araon, agus chun bearnaí

agus gníomhaíochtaí gaolmhara a aithint a gcabhróidh le Turasóireacht Chill Mocheallóg an baile a mhargú agus a chur chun cinn mar cheann scríbe cuairteora i Luimneach. Ar an 11 Nollaig, chuir na sainchomhairleoirí 'Plean Ceann Scríbe d'Eispéireas Cuairteora Chill Mocheallóg' faoi bhráid Bhord Turasóireachta Chill Mocheallóg san Óstán Deebert House.

Gleanntáin na Mumhan/Munster Vales

Is ceann scríbe turasóireachta é Gleanntáin na Mumhan ina bhfuil tábhacht bhaile agus idirnáisiúnta ag baint leis, a chuimsíonn Sléibhte an Chomaraigh, Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, na Gaibhlte, an Sliabh Riabhach agus Sliabh an Nóglai. Tá sé i gceist ag Gleanntáin na Mumhan siúlóidí agus an oidhreacht iontach an cheantair a chur chun cinn agus a fhorbairt mar bhranda réigiúnach, ag nascadh le Corcaí, Luimneach, Port Láirge agus Tiobraid Árann. D'fhreastail ionadaithe ón Rannóg Turasóireachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Chruinnithe Bhoird Ghleanntáin na Mumhan le linn na bliana, lena gcuimsítear taighde, staidéir indéantachta, forbairt an bhonneagair agus saineolas margaíochta na turasóireachta a shannadh chun deiseanna gnó turasóireachta a chruthú agus a uasmhéadú, fiontar malartach feirmeoireachta a spreagadh, deiseanna maidir le hioncam forlontach a sholáthar agus ar deireadh thiar thall tairiscint um luach turasóireachta Ghleanntáin na Mumhan a uasmhéadú.

Plean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe Bhealach Eabhra

Tharla an chéad chruinniú den mheitheal do Phlean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe Bhealach Eabhra i mí na Samhna. Tá an próiseas faoi stiúir Chroílár Ceilte na hÉireann Fáilte Ireland i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chorcaí, Forbairt Bhealach Eabhra agus páirtithe leasmhara ar leith. Ceapadh Repucon Consulting ina shainchomhairleoirí chun Plean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe do cheantar Bhealach Eabhra a sheachadadh.

DISCOVER LIMERICK DAC

Rinneadh dul chun cinn suntasach do Discover Limerick DAC agus a phunann láithreán oidhreachta in 2024. Is mar gheall ar thionscnaimh straitéiseacha, comhpháirtíochtaí a raibh tionchar mór acu, agus rannpháirtíocht phobail a coinníodh éileamh ard na láithreán seo agus d'fheabhsaigh siad próifíl Luimnigh mar phríomhcheann scríbe do chuairteoirí.

Caisleán Luimnigh - Rannpháirtíocht Cuairteoirí agus Imeachtaí



Caisleán Luimnigh

- Cuairteanna VIP agus Poiblíocht sna Meáin: Ar an 12 Feabhra, chuir an Caisleán fáilte roimh Alice Manseragh, Príomh-Fheidhmeannach ainmnithe Thurasóireacht Éireann. Tharraing a cuid moltaí don eispéireas tumthach cuairteoirí aird ar ról rithábachtach an Chaisleáin in oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn. Chuir craoladh beo RTÉ Primetime ó chlós an Chaisleáin ar an 14 Samhain poiblíocht teilifíse náisiúnta ar fáil.
- Sraith Ceolchoirmeacha: I gcomhpháirtíocht le Dolans, bhí sé cheolchoirm ar siúl sa Chaisleán, rud chuir le lucht tacaíochta an Chaisleáin agus ag cur feabhais lena cháil mar mhol bríomhar cultúrtha. Threisigh an t-aiseolas dearfach ó na meáin shóisialta rath an imeachta trí chuairteoirí nua a mhealladh.
- Imeachtaí Cultúrtha: Chuir "Storytelling Street" ar an 20 Meán Fómhair beocht le stair Shráid San Nioclás trí scéalaithe agus beochantóirí áitiúla. Shaibhrigh an t-imeacht seo, a raibh freastal maith air, eispéireas an chuairteora

agus rinne sé ceiliúradh ar oidhreacht chultúrtha shaibhir Luimnigh.

- Gradaim agus Aitheantas: Rinneadh ceiliúradh ar shármhaitheas an Chaisleáin ar an 6 Feabhra ag Gradaim Bhliantúla Sármhaitheasa CIE Tours. Agus rátaí sástachta 92% aici, neartaigh an láthair a stádas mar cheann de phríomhláthair thurasóireachta na Mumhan, ag cur go díreach le líon méadaithe cuairteoirí.

Ionad Oidhreacht Áth Dara

Lean an próiseas leanúnach ionduchtúcháin in 2024 chun fáilte a chur ar fhoireann Áth Dara agus iad a imeascadh - Ar an 20 Feabhra 2024, agus Discover Limerick DAC ag tabhairt aitheantais do thiomantas an bhoird atá ag fágáil na hoifige, chuir an chloch mhíle seo tús le deiseanna nua chun eispéireas cuairteoirí an ionaid a fheabhsú.



Baill de bhord agus de bhainistíocht lontaobhas Oidhreacht Áth Dara atá ag dul as oifig le hionadaithe boird agus bainistíochta Discover Limerick DAC.

Lough Gur

Ag dul siar níos mó ná 6,000 bliain, tá Loch Goir ar cheann de na láithreáin seandálaíochta is saibhre in Éirinn, le meascán de thábhacht stairiúil ann atá ag pléascadh leis an bhfiadhúlra, seandálaíocht agus áilleacht lánléargais. Tarraingíonn ionad cuairteora Loch Goir aird gach déimeagrafach agus i mbliana chuir sé níos mó ná daichead imeacht ar bun do réimse cuairteoirí amhail cainteanna ar an bhfiadhúlra, léamha filíochta, ceol, féilte, ióga, machnamh, campaí samhraidh do pháistí agus tuilleadh.

- Féilte agus imeachtaí – e.g. Imbolc, an Cháisc, Bealtaine, Seachtain na hOidhreacht, Féile Cruite Thomas Connellan, Oíche Shamhna, Scoil an Fhómhair Rose Fitzgerald Kennedy
- Fiadhúlra – e.g. caint ó Eoghan Daltún “Irish Atlantic rainforest and the magic of rewilding” (06 Feabhra). Ceardlann Sealgaireachta (22 Meitheamh), “discovering Aine and the ancient oak” (23 Meitheamh), machnamh / maidin Ghrianstad an tSamhraidh (21 Meitheamh), “Irish Wildlife sounds with Seán Ronayne” (18 Lúnasa)
- Ealaíona/Filíocht - tráthnóna filíochta le Jon Kenny, nach maireann, agus aíonna (27 Aibreán), chuir taispeántas ealaíne “Inspirations” le linn Scoil an Fhómhair Rose Fitzgerald Kennedy i mí Dheireadh Fómhair ardán ar bun do 16 ealaíontóir áitiúil, ag neartú ról Loch Goir mar mhol do léiriú cruthaitheachta agus rannpháirtíocht chuairteoirí
- Seandálaíocht - Caint ó Joanne Mapp ar “Five fascinating Irish objects found in the British collection” (19 Lúnasa)
- Campaí Samhraidh do pháistí - ghlac os cionn 70 páiste páirt sna campaí thar thréimhse ceithre seachtaine i mí Iúil/Lúnasa le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Cruthaithe ar mhaithe le daltaí bunscoile, chuir na campaí seo gníomhaíochtaí ar fáil amhail cadhcáil agus éanbhreathnú, a chothaíonn tuiscint don chomhshaol agus a mhéadaíonn cuairteanna



Páistí ag baint taitnimh as ceann de Champaí Samhraidh Loch Goir a réachtáladh i mí Iúil 2024.



Fógra ar Sheoladh Mháistirphlean Chaisleán Luimnigh

Príomhghníomhaíochtaí turasóireachta a fhorbairt i Luimneach

Máistirphlean Chaisleán Luimnigh - Fís Chlaochlaithe

Ar an 12 Márta 2024, nochtadh maoiniú do Mhaistirphlean nua do Chaisleán Luimnigh. Faoi thús cadhnaíochta Galmstrup Architects, cuireadh tús leis an tionscnamh seo ag díriú ar an gcaisleán a dhéanamh ina shaoráid chultúrtha den scoth.

Athfhorbairt Ionad Oidhreachta Áth Dara

Is tosaíocht sheanbhunaithe í athfhorbairt Ionad Oidhreachta Áth Dara don údarás áitiúil toisc go bhfuil an tsaoráid atá ann faoi láthair as dáta, róbheag agus níl sí in ann teacht le héilimh nua-aimseartha. Mhúnlaiigh rannpháirtíocht fhorleathan an phobail an tionscadal seo, le hionchur leathan tugtha ag comharsana, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara. Cinntíonn an cur chuig ón mbonn aníos seo go bhfuil an athfhorbairt ag teacht le riachtanais agus mianta an phobail áitiúil.

Cuireadh iarratas pleanála Chuid 8 isteach ar an 6 Meán Fómhair i ndiaidh imeacht taispeána poiblí agus comhairliúchán poiblí breise ag leanúint go dtí an 18 Deireadh Fómhair. Rith baill thofa Cheantar Bardasach Áth Dara/Ráth Caola an togra, a fuair tacaíocht láidir ón bpobal, ar an 10 Nollaig. Faoi réir maoinithe ón rialtas, d'fhéadfaí an tionscadal seo a chur i gcrích faoi 2027 ag cinntiú buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta fadtéarmacha do Luimneach.

Comhpháirtíocht Forbartha Fáilte Ireland

- Claochlú Digiteach - chuir Discover Limerick tús le hobair ar an gclár “Digital That Delivers”, a dhíríonn ar ár n-innill áirithinte agus suíomhanna gréasáin a athsholáthar. Cuirfidh na nuashonraithe seo le fás cuairteora trí fheabhas a chur ar rannpháirtíocht agus inniúlacht.
- Clár ar Shármhaitheas Fostóirí - ghlac Discover Limerick páirt i gClár 3 bliana ar Shármhaitheas Fostóirí in 2024 agus é mar aidhm aige infheistíocht a dhéanamh in eagraíocht atá dírithe ar an bhfostaí a chruthú.

Díolacháin agus Margaíocht - For-rochtain Dhomhanda

Ba bhliain tháirgiúil í 2024 do Discover Limerick ó thaobh díolachán agus forbairt ghnó de, d'fhreastail an fhoireann Díolachán agus Margaíochta ar níos mó ná deich gceardlann agus imeachtaí na hearnála ag léiriú Luimneach mar cheann scríbe bríomhar le cuairt a thabhairt air, fanacht ann agus a thaisteal.

Agus iad ag bualadh le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil amhail tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil, bhí an bainisteoir Díolachán agus Margaíochta ábalta láithreáin Discover Limerick a chur chun cinn do chustaiméirí tábhachtacha ionchasacha agus d'éirigh leo gnó tionscnóra turais nua a mhealladh do shéasúr 2025.

Seo a leanas mionspléachadh de na himeachtaí a bhfreastalaíodh orthu;

- Ceardlann Inbound Tourism Operators Association (ITOA), Luimneach, Feabhra 2024
- Meitheal/ imeacht trádála is mó agus is tábhachtaí de chuid Fáilte Ireland i bhféilire thurasóireachta na hÉireann, Cill Airne, Aibreán 2024
- Féile na nGael Milwaukee, Milwaukee, Lúnasa 2024
- Ceardlann GB Coach/ Fáilte Ireland, Luimneach, Meán Fómhair 2024
- Ceardlann Ghníomhairí Ceanada agus SAM/ Turasóireacht Éireann, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2024
- Ceardlann Shlí an Atlantaigh Fhiáin Fáilte Ireland, Sligeach, Deireadh Fómhair 2024
- Ceardlann Thrádála Thurasóireacht Éireann "Ireland Meets Germany", Frankfurt, Samhain 2024.



Imeacht Thurasóireacht Éireann sa Ghearmáin - Frankfurt

ATHGHINIÚINT, SPÓIRT AGUS ÁINEAS





Aonach post i mBéal Átha na Cora Weston

ATHGHINIÚINT, SPÓIRT AGUS ÁINEAS

Is é aidhm iomlán Athghiniúint Luimnigh ná pobail shábháilte agus inbhuanaithe lán le deiseanna a chruthú ina bhfuil cáilíocht mhaith na beatha ag daoine de gach aois, teach deas acu, fonn mórtais acu as a bpobail atá imeasctha go hiomlán le saol sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha Luimnigh.

ATHGHINIÚINT, SPÓIRT AGUS ÁINEAS

Athghiniúint Eacnamaíochta

Tá an Straitéis Forbartha Geilleagraí d'Athnuachan dírithe ar roinnt príomhchuspóirí a sholáthar, ina measc:

- Fás acmhainne áitiúil a chinntiú trí oiliúint earnála dírithe agus deiseanna fostaíochta a sholáthar;
- Cultúr de nuálaíocht shóisialta agus d'fhiontar sóisialta a chothú sna réimsí chomh maith le clár idirghabhála chun fiontair phobail agus bheaga a tharraingt, a thacú agus a fhás;
- Infheistíocht isteach i gCathair Luimnigh agus sna ceantair Athnuachana a tharraingt ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha a spreagann gníomhaíocht gheilleagrach bhreise.

For-rochtana go Fostaíocht

Tionscnamh is ea an Clár For-Rochtana chun Fostaíochta atá á stiúradh ag an Stiúrthóireacht Athghiniúna, Spóirt agus Áineasa. Is é cuspóir na straitéise ná aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht agus an mhíbhuntáiste laistigh de phobail Athghiniúna Luimnigh agus, sa deireadh thiar, ar fud Luimnigh. Tá an Clár For-Rochtana chun Fostaíochta á stiúradh ag an gComhordaitheoir Fostaíochta

agus á chur i bhfeidhm ag foireann tionscadail ilpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS), Comhpháirtíocht PAUL, Comhpháirtíocht Forbartha Fiontraíochta Luimnigh (LEDP), ionadaithe Pobail agus Tionscail.

Déanfar an cur chuige seirbhíse comhtháite a sheachadadh trí thrí aidhm straitéiseacha:

- Forbairt Clár Meantóireachta Pobail: Ag obair go díreach leis an bpobal áitiúil chun bacainní i leith fostaíochta a aithint agus a laghdú
- Comhordú agus Comhoibriú: Oiliúint, tionscal agus cuardaitheoirí poist a nascadh
- Rialachas agus Monatóireacht: Nuálaíocht agus forbairt leanúnach a chinntiú trí mhaoirseacht agus trí dhul chun cinn a rianú.

Cuid lárnach den chlár seo is ea ról na Meantóirí Pobail. Oibríonn siad leis na pobail chun tacaíocht chuimsitheach a sholáthar do dhaoine aonair rochtain a fháil ar bhreisoideachas agus ar dheiseanna fostaíochta. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas réamhfhostaíochta duine-lárnach seo daoine aonair atá ag lorg fostaíochta a aithint agus a chinntiú go ndéantar céimeanna, ar bhonn cás ar chás, chun bacainní fostaíochta a laghdú. Áirítear gnóthachtáil oideachais ísil, oiliúint, scileanna scríbhneoireachta CV, easpa rochtana ar mhodh iompair ar phraghas réasúnta, saincheisteanna andúile, oiliúint le haghaidh ceadúnais thiomána nó easpa rochtana ar chúram leanaí, rochtain ar chuntas bainc/seoladh ríomhphoist, uimhir PSP nó easpa muiníne leis na bacainní sin.

Bíonn na meantóirí fostaíochta i dteagmháil freisin leis na príomhpháirtithe leasmhara ar amhail Acadamh Oiliúna Tógáil Chathair Luimnigh agus Acadamh Óige Mhaigh Rois, atá ag éascú seachadadh

oiliúna faoi stiúir an tionscail trí chlár BOOLC agus fostóirí. Chomh maith leis sin, d'oibrigh na meantóirí le OTS chun tacú le daoine aonair ina gClár Rochtana ar Phrintíseacht.

Ó 2021 i leith, ghlac 346 duine páirt sa Chlár For-Rochtana chun Fostaíochta. Chuaigh na rannpháirtithe i ngleic le deiseanna fostaíochta, oiliúna nó oideachais fhiúntacha ó thús an chlár. Bhí 15% de dhaoine i láthair ullamh don fhostaíocht, cabhraíodh le 21% de dhaoine dul i ngleic le hobair réamhfhobartha, fuair 30% de dhaoine fostaíocht agus fuair 29% rochtain ar dheiseanna oiliúna agus oideachais. Níor fhág ach 5% de na rannpháirtithe an clár ó 2021 i leith, rud a chuireann rath na gclár in iúl.

Soláthraíodh Aontaí Post i gceithre limistéar Athghiniúnas

Bhí aonach post arna óstáil ag an gClár For-Rochtana chun Fostaíochta, i gcomhar le OTS agus BOOLC, i ngach ceann de na ceithre cheantair Athghiniúna.



Rogha seastán in Ionad Pobal Oileán an Rí, Páirc Mhuire, ag Aonach Post Dheireadh Fómhair

Baintear úsáid de ghnáth as ionaid phobail agus scoileanna áitiúla leis na himeachtaí seo a óstáil agus cuirtear béim láidir ar fhostóirí áitiúla agus cónaitheoirí pobail ó gach aois a mhealladh chun an Aonaigh agus bualadh le fostóir féideartha. Chuaigh níos mó ná 60 Fostóir i ngleic leis an gclár go dtí seo.

Aonach Gairmeacha Sóisearacha - dhá chuairt láithreáin san áireamh

Bhí dhá chuspóir ag an tionscnamh seo – plé a dhéanamh le páistí na bpobal athghiniúna maidir lena ndeiseanna fostaíochta sa todhchaí ach a dtuismitheoirí a bheith rannpháirteach freisin.

Cuireadh tús leis an gclár in 2023 le daltaí rang a sé ó scoil Corpus Christi, Maigh Rois agus Scoil Náisiúnta Mhuire agus a dtuismitheoirí ag freastal ar an imeacht i scoil Corpus Christi. Bhí cúig chuideachta i láthair i halla na scoile ag léiriú obair gach cuideachta. Bhí seastáin idirghníomhacha arna bhfeidhmiú ag Iarnród Éireann, Takumi Precision Engineering, Johnson & Johnson agus H&F Electrical.



Daltaí ó Bhunscoil Corpus Christi, Maigh Rois, in éineacht le Analog Devices mar chuid d'Aonach Gairmeacha Sóisearacha



Múinteoirí ó Bhunscoil Corpus Christi, Maigh Rois, taobh le foireann ó Analog Devices agus Rannóg Athghiniúna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar chuid d'Aonach Gairmeacha na nÓg

I gCuid 2 d'Aonach Gairmeacha Sóisearacha in 2024, thug daltaí agus a dtuismitheoirí cuairt ar champais Analog Devices International agus Iarnród Éireann, chun léargas a fháil ar an timpeallacht oibre. Tarlóidh tuilleadh cuairteanna láithreán go luath in 2025.

Seó Bóthair d'Fhostóirí an Tionscail Tógála
i gcomhpháirtíocht le Intreo Reáchtáladh Seó Bóthair d'Fhostóirí, arna óstáil ag Intreo agus i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ar an 10 Meán Fómhair ag an Óstán na Trá, Luimneach.

D'oscail Méara Luimnigh, John Moran, an t-imeacht agus chuir sé fáilte roimh an rannpháirtíocht le fhostóirí áitiúla thionscal na tógála. Thug urlabhraithe ó Intreo, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Tógáil Chathair Luimnigh, OTS cainteanna chuig roinnt gnólachtaí áitiúla i dtionscal na tógála maidir leis na tacaíthe agus seirbhísí atá ar fáil dóibh.

Cuireadh cur i láthair ar bun a leag béim ar na deiseanna atá ar fáil do phobail Athghiniúna tríd an gClár For-Rochtana chun Fostaíochta. Ba mhór an slua a bhí ag an imeacht le níos mó ná 20 fhostóir ó Thionscal na Tógála i láthair ann. Chuir sé deis



Mar chuid de Sheó Bóthair Fostóirí Intreo, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, labhair aoíchainteoirí ó Intreo, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, OTS an Iarthair Láir, le roinnt gnólachtaí áitiúla i dtionscal na tógála maidir leis na tacaíthe agus seirbhísí atá ar fáil dóibh.

líonraithe ar fáil d'fhostóirí chomh maith leis an deis chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gCairt um Fostaíocht agus um Rannpháirtíocht na hÓige atá mar chuid de straitéis fostaíochta náisiúnta an Rialtais faoi Bhealaí chun Oibre 2021-2025.

Athghiniúint Shóisialta

Faoi Phlean Cur chun Feidhme Chreat Athnuachana Luimnigh (PFCAL), is é an Ciste um Idirghabháil Eacnamaíoch agus Shóisialta (CIES) an phríomhfheithicil chistithe d'athghiniúint shóisialta. Tá an ciste mar bhonn le príomhchuspóirí PFCAL agus tá sé mar aidhm leis na bearnaí leis an ngnáthdhaonra a dhúnadh. Is iad spriocanna PFCAL rochtain ar dheiseanna do chónaitheoirí na gceantar athghiniúna agus na gceantar faoi mhíbhuntáiste in aice leo a mhéadú. Tá sé mar aidhm leis freisin comhordú an tsoláthair seirbhíse a fheabhsú san earnáil reachtúil agus dheonach / phobail.

Baineann na tionscadail a bhfuil CIES ag tacú leo leis na téamaí seo a leanas:

- Oideachas agus Foghlaim;
- Sláinte, Folláine agus Aosú Folláin;
- Infhostaitheacht agus Obair;
- Teaghlaigh agus Óige i mBaol;
- Forbairt agus Sábháilteacht Pobail.

Tá glaonna CIES ag fáiltiú roimh thionscadail a chomhlíonann na cuspóirí faoi PFCAL. Cuirtear iarratais bhailí ar aghaidh ionas gur féidir leis an nGrúpa Faireacháin Comhairleach Straitéiseach Áitiúil (GFCSÁ) agus lena Fhochoistí iad a bhreithniú. Faomhann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) na deontais tar éis moladh a fháil ó GFCSÁ.

Tá an GFCSÁ comhdhéanta de Phríomhoifigigh agus de Bhainisteoirí Sinsearach a ó na gníomhaireachtaí reachtúla agus poiblí ábhartha, mar aon le hionadaithe pobail. Déanann sé maoirsiú ar an gclár iomlán agus déanann sé moltaí maidir le leithdháiltí. Feidhmíonn na fochoistí laistigh de na téamaí faoi seach a leagtar amach thuas. Tagann a mballraíocht ón tseirbhís phoiblí agus óna gcomhpháirtithe seirbhíse.

In 2024, cuireadh cistí ar fáil do raon leathan eagraíochtaí reachtúla agus pobail chun tionscadail a sholáthar a thacaíonn leis na pobail athghiniúna. Leithdháileadh deontais níos lú chun imeachtaí

agus cláir áitiúla a fhorbairt agus a reáchtáil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus tionscnaimh folláine do dhaoine óga.

Lean CIES ar aghaidh ag tacú le croithionscadail a sholáthraíonn seirbhísí spriocdhírithe do na pobail athghiniúna, agus úsáideann go leor eagraíochtaí an deontas mar shíolchiste chun deontais eile a mhealladh. Ceadaíonn CIES d'eagraíochtaí cláir nuálacha a fhorbairt agus cláir for-rochtana a reáchtáil sna pobail. Chomh maith leis sin, tugadh cuireadh d'ionaid phobail ábhartha iarratas a dhéanamh ar chroíchostais chun tacú le raon leathan seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthar laistigh de na pobail.

Tá tús áite á thabhairt ag CIES do luath-idirghabháil, agus tá go leor tionscadal á reáchtáil i scoileanna. Mar shampla, sa chlár HAPPEE atá á mhaoiniú ag CIES, comhoibríonn OL, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Fondúireacht Ghaibréal agus sé bhunscoil le chéile chun socrúchán oiliúna a eagrú do mhic léinn atá ag ullmhú le bheith ag obair mar fhisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair, agus teiripeoirí urlabhra agus teanga, go díreach i seomraí ranga.

I dtionscadail a bhain le téama na hinfhostaitheachta agus na hoibre léiríodh tiomantas do luath-idirghabháil, lena n-áirítear cláir taithí oibre agus mheantóireachta atá deartha chun deiseanna fostaíochta, oiliúna, printíseachta agus breisoideachais a thabhairt do dhaoine óga.


Oibríonn an fhoireann um athghiniúint shóisialta agus eacnamaíoch i ndlúthchomhar le heagraíochtaí cistithe agus le comhpháirtithe tionscadail chun a chinntiú go bhfuil tairbhe á baint as cur chuige comhordaithe maidir le soláthar seirbhíse. I measc na bpríomh-chomhpháirtithe gníomhaireachta tá BOOLC, TUSLA, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus FSS.

Príomhghné d'obair na Stiúrthóireachta maidir le CIES in 2024 é tacú, trí idirghabhálacha spriocdhírithe, leis an bpríomhbhonneagar sóisialta

cosúil le scoileanna, ionaid phobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste i gCathair Luimnigh. Trína bheith ag obair le comhpháirtithe ó ghníomhaireachtaí stáit eile d'fhág sé sin gurbh fhéidir roinnt idirghabhálacha a phríomhshruthú agus ar an tslí sin an méid a bhfuiltear ag brath ar CIES le blianta beaga anuas b'fhéidir a laghdú.

Seomra Cothaithe Scoil Náisiúnta Naomh Muire

In 2024, d'fhorbair Scoil Náisiúnta Naomh Muire seomra cothaithe ar an láthair le tacaíocht ó chistiú CIES. Cruthaítear timpeallacht shábháilte, cosúil leis an mbaile sa seomra cothaithe do leanaí a bhfuil tacaíocht shóisialta, mhothúchánach nó iompraíochta ag teastáil uathu. Tá an seomra cothaithe deartha chun tacú le leanaí chun a scíth a ligean agus am a chaitheamh i gcomhlúadar a chéile, agus tá bord cistine, troscán compordach agus múinteoir ar leith ar fáil chun tacú leo.



Forbraíodh seomra cothaithe ar an láthair i mBunscoil Naomh Muire i rith 2024

Bhí leanaí ar tacaíodh leo sa seomra ranga in ann tairbhe a bhaint an athuir as a bheith ag foghlaim, a bheith níos rannpháirtí agus a bheith in ann díriú níos fearr ar a gcuid oibre. Tá feabhsuithe tugtha faoi deara ag tuismitheoirí sa bhaile freisin, agus chruthaigh cumarsáid rialta le teaghlaigh tuiscint chomhroinnte chuspóra, agus treisíodh an tuiscint sin gur comhpháirtíocht atá san oideachas. I rith na chéad bhliana, d'éirigh i bhfad níos fearr leis an seomra cothaithe ná mar a bhí súil leis, agus léiríodh na buntáistí a bhaineann le forbairt mhothúchánach agus shóisialta san oideachas.

Fondúireacht Ghaibréal – Clár Tacaíochta Oiliúna Iardhiagnóiseach

Le tacaíocht ó chistí CIES, d'fhorbair Fondúireacht Ghaibréal a Clár Tacaíochta Oiliúna Iardhiagnóiseach trí Fhoireann Líonra Míchumais Leanaí (FLML) Dheisceart na Cathrach agus ceapadh síceolaí sinsearach. Tá an clár deartha chun tacú le teaghlaigh i ndiaidh leanbh a dhiagnóisiú le míchumas fisiciúil nó iompraíocht chasta nó riocht a chiorraíonn saol duine. Tairgeann an clár treoir agus cúnamh láithreach chun cabhrú le teaghlaigh chun an diagnóis a thuiscint agus déileáil léi. San áireamh freisin tá tacaíocht leanúnach lena n-áirítear comhairleoireacht duine le duine agus ghrúpa, seisiúin chliniciúla agus phleanála, mar aon le hiarchúram. Chuir an deontas ar chumas Fhondúireacht Ghaibréal cúnamh saor in aisce a chur ar fáil do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, agus a chinntiú go bhfaigheann siad an tacaíocht a theastaíonn uathu chun déileáil le diagnóis ar a leanbh.

Is carthanas cláraithe seachbhrabúsach é Fondúireacht Ghaibréal a bhfuil sé mar aidhm aici saol leanaí atá faoi mhíchumas a fheabhsú, cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach agus tacú lena dteaghlaigh. Tá an Fhondúireacht ag díriú ar phróiseas a bhfuil sé mar aidhm leis athchóiriú iomlán a dhéanamh ar iar-Bhunscoil Shóisearach an Chnoic Theas chun bunáit a fhorbairt dá cuid oibre i nDeisceart Chathair Luimnigh. Treiseoidh an clár seo an méid atá á thairiscint sa taobh ó dheas den chathair, lena n-áirítear sna ceantair athghiniúna, An Cnoc Theas agus Béal Átha na Cora (Weston). I láthair na huaire, oibríonn FLML Dheisceart na Cathrach Ghaibréal le 432 teaghlach agus tá líon na dteaghlach ag dul i méid i gcónaí.



D'fhorbair Fondúireacht Ghaibréal a Clár Tacaíochta Oiliúna Iardhiagnóiseach a bhuíochas le Cistiú CIES a cuireadh ar fáil in 2024

Athghiniúint Fhisiciúil

Forbairtí Tithíochta Nua

Conarthaí tithíochta a tugadh chun críche in 2024:

- Sráid na gCaorach (8 n-aonad), Oileán an Rí - críochnaithe i mí Dheireadh Fómhair.
- Páirc Dhál gCais / Páirc Mhic Cosgair (57 aonad), Maigh Rois - na 27 aonad deiridh curtha i gcrích i mí na Samhna.
- Páirc an Teampaill Céim 2 (11 aonad), Páirc Dhonnchaidh Uí Mháille, An Cnoc Theas - críochnaithe i mí Mheán Fómhair.

Conarthaí tithíochta a bronnadh / á dtógáil in 2024:

- Páirc an Teampaill Céim 2 (26 aonad), Páirc Dhonnchaidh Uí Mháille, An Cnoc Theas - leanadh ar aghaidh leis an obair thógála.
- Inlíonadh Luimnigh (24 aonad), Páirc Sheáin Carew, An Cnoc Theas; Páirc Delmege agus Bailtíní Uí Artagáin, Maigh Rois - cuireadh tús leis an obair thógála.

Tionscadail tithíochta ag an gcéim deartha in 2024: Páirc Mhic Cosgair Céim 2 (20 aonad), Maigh Rois - táthar ag leanúint ar aghaidh le hiarratas Pháirc 8 a ullmhú.

- Rinneadh dul chun cinn i ndáil le máistirphlean Inlíonadh Ghairdíní Radharc na Giúise.
- Leanadh ar aghaidh ag obair ar Pháirc Chliona Céim 4.

Tionscadail tithíochta ag céim an choincheapa in 2024: Dearadh imlíne le cur ar fáil in éineacht le breithmheasa caipitil 2025 don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, forbartha do scéimeanna inlíonta nua i bPáirc Mhuire, Maigh Rois agus An Cnoc Theas.

Athchóirithe Tithíochta

Oibreacha Athchóirithe Suntasacha

- Cuireadh trí aonad i gcrích sa Chnoc Theas.
- Ag deireadh 2024, bhíothas ag obair ar 14 Athchóiriú shuntasacha leanúnacha sa Chnoc Theas, Béal Átha na Cora (Weston), Maigh Rois agus Páirc Mhuire.
- Tá trí aonad eile á ndearadh chun freastal ar athlonnú Barnardos ó Shráid an Easpaig go dtí Páirc Mhuire.



Bhí tithe ag Páirc an Teampaill, Páirc Dhonnchaidh Uí Mháille, i measc roinnt aonad a cuireadh ar fáil i gCeantair athghiniúna i rith 2024

Oibreacha Athchóirithe Beaga

- Athchóiríodh 14 theach in 2024 – leithdháileadh iad ar fad.
- Lorgaíodh cead agus táthar ag feitheamh ar scéala a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, maidir le 11 theach eile a athchóiriú.

Uasghráduithe Teirmeacha

Conarthaí Uasghráduithe Theirmigh a bronnadh / á dtógáil in 2024:

- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 121, Maigh Rois (47 Aonad) - oibreacha beagnach críochnaithe.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 122, Páirc Mhuire (19 nAonad) - oibreacha curtha i gcrích.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 123, An Cnoc Theas (53 Aonad) - leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 124, Páirc Mhuire (17 nAonad) - oibreacha curtha i gcrích.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 125, Páirc Mhuire (26 aonad) - tús curtha le hoibreacha.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 126, An Cnoc Theas (50 Aonad) - formhór na n-oibreacha curtha i gcrích.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 127, Béal Átha na Cora (Weston) (12 Aonad) - oibreacha curtha i gcrích.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 128/129, Páirc Mhuire (25 Aonad) - tús curtha leis na hoibreacha.

Conarthaí Uasghráduithe Theirmigh ag an gcéim réamhthógála in 2024:

- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 121A, Maigh Rois (18 nAonad).

Conarthaí Uasghráduithe Theirmigh ag an gcéim dheartha in 2024:

- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 130, Maigh Rois (55 Aonad).

Conarthaí nuashonraithe Uasghráduithe Theirmigh ag an gcéim scópála in 2024:

- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 131A (29 Aonad), An Cnoc Theas agus Béal Átha na Cora (Weston) – ar feitheamh fhaomhadh Chéim 3.
- Conradh Uasghráduithe Theirmigh Uimh. 131B (16 Aonad), Maigh Rois agus Páirc Mhuire – ar feitheamh ar fhaomhadh Chéim 3.

Scartáil

Rinneadh 12 scartáil straitéiseacha in 2024 chun forbairt nua agus pobail níos sábháilte a éascú de réir Thábla 1.1 thíos:

Limistéar	Iomlán
Páirc Mhuire	1
Maigh Rois	1
An Cnoc Theas	10

Tábla 1.1: Scartáil straitéiseach i gCeantair athghiniúna 2024

Nascacht agus Bonneagar na Ríochta Poiblí

I measc na scéimeanna a cuireadh chun cinn tríd an bpróiseas pleanála in 2024 bhí:

- Tionscadal Nascachta an Deiscirt, tograí atá i gcomhéadan le tailte príobháideacha (Cuid 8).
- Tionscadal Nascachta an Deiscirt, tograí do thailte poiblí (Alt 38).
- Uasghrádú Ascaill Mhaigh Rois, an chuid thoir (Cuid 8).
- Uasghrádú Ascaill Mhaigh Rois, an chuid thiar (Alt 38).
- Fuarthas Faomhadh Chéim 1 do Nascbhóthar Soir-Siar an Chnoic Theas, i Ráithe 2, 2024.

Bonneagar Sóisialta agus Pobail

Leanadh ar aghaidh le pobail a fheabhsú trí thionscadail bhonneagair phobail a sholáthar, lena n-áirítear:

- **Spás Súgartha an Chnoic Theas agus an Tírdhreachú Gaolmhar**
Ceapadh Príomhchonraitheoir chun Spás Súgartha an Chnoic Theas agus an Tírdhreachú Gaolmhar a chur ar fáil i Ráithe 3, 2024.

- **Ionad Pobail Oileán an Rí**
Ceapadh Foireann Deartha Comhtháite (FDC) faoi stiúir Ailtire i Ráithe 1, 2024. Lean an FDC ag obair ar an dearadh comhthreomhar le Meitheal Ionad Pobail Oileán an Rí. Thug Grúpa Pobail Oileán an Rí tacaíocht do threo an dearaidh i Ráithe 4, 2024.
- **Athbhunú agus Athchóiriú Fhionlann Turner, Teach an Chnoic Theas**
Leandadh ar aghaidh le hoibreacha athchóirithe faoi Chiste na nDéanmhas Stairiúil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, ag Fionlann Turner i dTeach an Chnoic Theas i ndiaidh an conraitheoir, James Oliver Hearty & Sons, a cheapadh. Tá an tionscadal seo á chómhaoiniú ag an gComhairle agus ag an Roinn Tithíochta faoi Chlár Athghiniúna Luimnigh.
- **Páirc Naomh Muire, Limistéar Cluichí Ilúsáide**
Leandadh ar aghaidh go dtí Cead Réamhchéim 2 don togra maidir leis an Limistéar Ilúsáide



Thug mic léinn ó Ollscoil Luimnigh cuairt ar Fhionlann Turner, Teach an Chnoic Theas, chun foghlaim faoin athdheisiú agus faoin athchóiriú leantach.

Cluichí tríd an bhFoireann Deartha Chomhtháite a ceapadh.

- **Ionad Óige agus Pobail Comhtháite agus Deiscirt**
 - Láithreán A An Cnoc Theas, Bóthar an Bháin Mhóir / Chill Mocheallóg. Bronnadh cead Chéim 1 don Champas Spóirt Chomhtháite, Ráithe 3 2024.
 - Bronnadh cead Chéim 1 ar Láithreán B1 an Chnoic Theas, Limistéar Ilúsáide Cluichí (LIÚC), tailte ag an taobh thoir d'Ionad Pobail Mhol an Chnoic Theas i Ráithe 3, 2024.
 - Bronnadh Cead Chéim 1 ar Láithreán B2 an Chnoic Theas, Fondúireacht Ghaibréal, Scoil Shóisearach an Chnoic Theas, i Ráithe 3, 2024.
 - Bronnadh Cead Chéim 1 ar Láithreán C an Chnoic Theas, Ionad Pobail Mhuire, Banríon na Síochána, Ráithe 3, 2024.
- **Ionad Eachaí**
D'éirigh leis an Stiúrthóireacht Athghiniúna Cead Chéim 1 a fháil chun Ionad Eachaí Luimnigh a fhorbairt i Ráithe 1, 2024.
- **Acadamh Dornálaíochta an Deiscirt**
Cuireadh móroibreacha athchóirithe i gcrích ag Acadamh Dornálaíochta an Deiscirt, Eastát Tionscail na Gallmhóna, i mí Lúnasa. Bhí na hoibreacha sin á maoiniú ag Clár Athghiniúna Luimnigh agus san áireamh bhí díon nua a chur in áit an tseandín mar aon le córas cumhdaithe miotail inslithe. I measc na n-oibreacha feabhsaithe breise a rinneadh bhí córas teasa nua a shuiteáil, doirse éigeandála, soilsiú ísealfhuinnimh a shuiteáil agus áiseanna leithris feabhsaithe. Athosclaíodh an áis feabhsaithe i mí Mheán Fómhair 2024.



Acadamh Dornálaíochta an Deiscirt críochnaithe ag Eastát Tionscail na Gallmhóna, arna mhaoiniú ag an gCiste um Idirghabháil Eacnamaíoch agus Shóisialta (CIES).

Comhpháirtíocht Spóirt

In 2024, fuair Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh (CSL) maoiniú luach €1,400,000 (lena n-áirítear Bunchistiú, cistiú Oideachais agus cláir) ó mhaoinitheoirí éagsúla chun cabhrú lena n-oibríochtaí agus lena gclár a chur i bhfeidhm. I measc na bpríomhfhoinsí cistithe tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Spórt Éireann, Ciste 'UBU D'Áit Do Spás' Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, FSS, cistiú na gCuntas Díomhaoin agus clár Chiste Sóisialta na hEorpa.

Is iad na trí phríomhfheidhm atá ag an CSL ná daoine aonair agus pobail a chur ar an eolas, oideachas a chur orthu agus iad a chumasú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fisiciúla. Is é an aidhm fhoriomlán atá againn líon na rannpháirtithe a mhéadú 1% in aghaidh na bliana agus iompar neamhghníomhach a laghdú 0.5% in aghaidh na bliana.

Trí thionscnaimh CSL Luimnigh, ghlac 22,042 rannpháirtí páirt i gcláir, in imeachtaí agus i dtionscnaimh oideachais i rith 2024. Rinneadh dul chun cinn fiúntach trí chláir spriocdhírithe, forbairt acmhainní agus trealamh a chur ar fáil dóibh siúd i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Trí fhorbairt páirceanna na gCathracha Gníomhacha, deontais Chlub agus Phobail agus moil spóirt Phobail, ghlac 30,000 duine breise páirt i ngníomhaíocht fhisiciúil i dtionscnaimh neamhstruchtúrtha agus struchtúrtha.

Éascaíodh soláthar samhraidh leathnaithe ar fud na ngrúpaí imeallaithe go léir agus tacaíochtaí breise do phobal na hÚcráine trí dheiseanna campaí samhraidh. Reáchtáladh na campaí seo i rothaíocht sléibhe an tSléibhe Riabhaigh, Cadhcáil ar an tSionainn, balla Dreapadóireachta Spóirt OL agus na campaí il-Spóirt ag Airéine Spóirt OL. Trí na cistí breise a cuireadh ar fáil bhí deis ag níos mó

daoine tairbhe a bhaint as na campaí seachtaine in Ollscoil Luimnigh.

Trí rochtain a bheith againn ar Phailliún Eoin i Lár na Cathrach, bhí saoráid inrochtana ar fáil dúinn chun díriú ar phobail do chláir dhifriúla.

Tá na cláir agus na tionscnaimh á gcur ar fáil ag foireann tiomnaithe CSL, a bhfuil 17 mball foirne páirteach inti. Ina measc tá seachtar Oifigeach Forbartha Spóirt thiomnaithe mar aon le hOifigeach Rannpháirtíochta Spóirt

Ag tacú leo sin tá beirt Oifigeach Mol Spóirt Pobail.

D'éirigh le CSL Oifigeach Cathracha Gníomhacha a cheapadh, Oifigeach Sláinte um Ghníomhaíocht Fhisiciúil (ag tacú le daoine le Ríochtaí Ainsealacha) agus Oifigeach Sport4Empowerment.

Tá sé de chúram ar an oifigeach Sport4Empowerment tacú le rannpháirtithe ó phobail spriocdhírithe trí úsáid a bhaint as spórt chun tacú le hathrú sóisialta. Is príomhchuspóirí iad oideachas agus infhostaitheacht. Tá oifigeach Rialachais agus Airgeadais ag CSL mar aon le hOifigeach Oideachais agus Cumarsáide chun tacú leis an bhfoireann oibriúcháin agus forbartha.

Saoráidí Spóirt na Comhairle

Tá an Rannóg Spóirt agus Áineasa freagrach as saoráidí fóillíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Ina measc tá Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh, Galfchúrsa na Rátha Báine, Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine agus Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin. Chomh maith leis sin, tá baint ag an Rannóg le páirceanna spóirt atá faoi úinéireacht na comhairle, a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag Club(anna) Spóirt faoi Chomhaontú ceadúnais bhliantúil. Tá páirceanna eile á gcur ar fáil ag Clubanna Spóirt faoi fhorálacha comhaontaithe léasa, meántéarmach go fadtéarmach.



Tá Sarah Lavin, a ghlac páirt in dhá Chluiche Oilimpeacha, ag obair le baill de C. L. Iarthar Luimnigh ag Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh, An Caisleán Nua



Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh

Ba é 2024 an chéad bhliain féilire iomlán a raibh Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh (MLRL) ag feidhmiú. Tá dhá chlub a bhfuil oibrithe deonacha freagrach astu sa tsaoráid; C.L. Iarthar Luimnigh agus C.L. Mhuire. Tacaíonn an dá chlub le Lúthchleasaíocht tríd an acmhainn a úsáid mar phríomhionad oiliúna dá mbaill.

Ghlac 15 scoil páirt sa Tionscnamh Náisiúnta, Marathon Kids, clár scoile ocht seachtaine. Bhí an clár seo dírithe ar chothú, sláinte, folláine agus aclaíocht ghinearálta. Ag deireadh an chlár eagraíodh dhá sheisiún oiliúna leis an Oilimpeach Éireannach, David Gillick - reáchtáladh seisiún amháin i Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh, An Caisleán Nua, agus reáchtáladh an dara seisiún i bPáirc Bhóru, Baile Shinéad, Luimneach. D'fhreastail breis is 200 dalta ar na seisiúin sin, agus chuir breis is 500 dalta an clár iomlán trí chéile ar fud na cathrach agus an chontae.

Lena chois sin, baineann cúig bhunscoil agus sé mheánscoil úsáid as an tsaoráid dá laethanta corpoideachais agus spóirt – rud a thugann deis do leanaí tairbhe a bhaint as an tsaoráid chaighdeánach CILA (Comhaontas Idirnáisiúnta Lúthchleas Araithearach) seo.

Reáchtáladh Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta na nÓg Luimneach 2024 ag an raon i mí na Bealtaine. D'éirigh thar cionn leis an imeacht agus bhí breis is 1,000 duine i láthair, idir rannpháirtithe agus lucht féachana. I rith na míosa céanna, d'óstáil an Mol an t-imeacht áitiúil, Cluichí Pobail an Chaisleáin Nua. Ghlac breis is 100 lúthchleasaí sóisearach páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear imeachtaí raoin is faiche.

Chláraigh thart ar 200 lúthchleasaí, as breis is 40 club as 11 chontae, agus ghlac siad páirt i 'Cluichí Raoin is Faiche Beo', eagraithe ag Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann ar an 29 Bealtaine.

D'eagraigh an dá chlub áitiúla, C.L. Iarthar Luimnigh agus C.L. Muire, seisiún oiliúna sheachtainiúla ag an tsaoráid. Baineann C.L. Iarthar Luimnigh úsáid as na saoráidí ar an Máirt agus ar an Déardaoin, agus

reáchtáladh 94 seisiún ar fad. Bhí seisiúin d'aosaigh agus d'ógánaigh san áireamh ansin, agus bhí 70 leanbh agus 70 aosach breise i láthair a bhain úsáid as conláistí raoin is faiche saor in aisce ar an bpáirc.

Cuireadh fáilte ag an raon roimh bhean de bhunadh Luimnigh a d'fhreastail ar na Cluichí Oilimpeacha faoi dhó, Sarah Lavin, chun páirt a ghlacadh i seisiún oiliúna le baill Shóisearacha de C.L. Iarthar Luimnigh ag tús mhí na Samhna.

Bhí an tinreamh ag C.L. Naomh Muire comhsheasmhach, agus ar an meán bhí 70 i mbun traenála gach seachtain agus bhí roinnt lúthchleasaithe ag dul san iomaíocht ag leibhéal áitiúil, cúige agus náisiúnta i ndisciplíní éagsúla.

Chomh maith leis sin, bhain Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh úsáid as an raon do chuid dá sraith clár gníomhaíochta.

I ndiaidh obair chothabhála riachtanach a dhéanamh ar an tsaoráid i mí Lúnasa, tháifead MLRL 228 úsáid aonair ar an meán in aghaidh na míosa, idir Meán Fómhair agus Nollaig. Tá 1,119 úsáideoir aonair cláraithe ag an raon, ar féidir leo an raon a úsáid seacht lá na seachtaine trí úsáid a bhaint as an gcóras áirithe ar líne.

Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin

Cuireadh tús le hinfheistíocht shuntasach in Oileán an Gharráin in 2024 tráth ar cuireadh síneadh leis na saoráidí giomnáisiam agus stiúideo a bhí ar fáil cheana féin. Is ionann é sin agus céim a haon de chlár athchóirithe iomlán. Cuireadh tús leis an obair ar chéim 2 - uasghrádú na saoráidí taobh leis an linn snámha agus cuireadh na doiciméid tairisceana i gcrích in 2024. Tá sé beartaithe tús a chur le Céim 2 den obair níos déanaí in 2025. Chomh maith leis sin, thángthas ar chomhaontú i rith 2024 maidir le ceadúnas nua 10 mbliana leis an oibritheoir, AURA Leisure. Tá roghanna íoctar mar a úsáidtear, ballraíocht mhíosúil agus bhliantúil ar fáil ag an tsaoráid.

Ar an meán, tugadh breis is 1,200 cuairt ócáideach in aghaidh na míosa ar Ranganna sa Linn Snámha,

Ranganna sa Ghiomnáisiam, Ranganna Aclaíochta agus Aclaíochta san Uisce.

Cuireadh cláir Scileanna Snámha Acadamh Snámha Aura ar fáil do bhreis is dhá bhunscoil dhéag i Luimneach, lena n-áirítear Bunscoil Mhuire, Scoil Náisiúnta Phóil agus Scoil Tionscadail Luimnigh.

Tá úsáid leanúnach bainte ag Clubanna Snámha, lena n-áirítear Máistrí Luimnigh, Club Snámha Seal agus Club Snámha Luimnigh ar an linn snámha dá gclár oiliúna.

Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine

I mí an Mheithimh chuir an conraitheoir tús le hOibreacha Cosanta ar Thuilte agus Uasghrádaithe Meicniúla/Fuinnimh i Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine.

I measc na n-oibreacha seo bhí urlár an tseomra innealra a bhí ann a ardú chun an riosca a bhain le tuilte amach anseo a laghdú, an trealamh meicniúil agus leictreach a athsholáthar mar aon leis na córais cóireála uisce ghaolmhara.

Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag deontais an Chiste Bonneagair Spóirt Mórscála ar luach €1.265m iad.

Galfchúrsa na Rátha Báine

Cuireadh críoch le formhór na n-oibreacha feabhais fuinnimh agus inrochtaineachta sa Chlubtheach i Ráithe 4, 2024. San áireamh san obair seo bhí fuinneoga agus doirse dóiteáin a athsholáthar, insliú nua a shuiteáil san áiléar agus oibreacha leasaithe ar an leithreas atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí. Bhí an tionscadal seo páirtmhaoinithe ag Deontais Chaipitil Spóirt a bronnadh in 2021 ar luach €37,783.00.

Don chúigiú bliain as a chéile, bhuaigh an cúrsa gradam na bliana don ghalfchúrsa poiblí ón bhFondúireacht Gnó Uile-Éireann. Dhírigh oibreoir an ghalfchúrsa, Mack Group Ltd., ar Mhic Léinn agus ar Imreoirí Sóisearacha Gailf, trí úsáid a bhaint

as clár margaíochta digití agus dílseachta chun an úsáid atá á baint as an ngalfchúrsa a mhéadú.

Thuairiscigh Mack Group Ltd. gur imir Mic Léinn agus Imreoirí Sóisearacha breis is 2,000 babhta gailf. Mhéadaigh sé sin ó bhonn íseal de 100 sa bhliain roinnt blianta ó shin.

Bhí líon iomlán na mbabhtaí a imríodh sa Ráth Bhán i rith 2024 cothrom le 25,351, atá cosúil leis na figiúirí a tuairiscíodh i gcomhair 2023 agus 2022. Lean na babhtaí táillí imeartha ag méadú, agus taifeadh 9,976 babhta in 2024. Is iad mic léinn tríú leibhéal an céatadán is airde díobh, ag thart ar 17.5% (1,736 babhta).

Maoiniú Caipitil Spóirt

In 2023, rinne an Stiúrthóireacht iarratas ar Mhaoiniú Caipitil Spóirt do cheithre thionscadal ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh. Ceadáíodh na tionscadail sin i mí Mheán Fómhair 2024. Tá na ceithre thionscadal dírithe ar shaoráidí spóirt atá ann cheana féin a fheabhsú i raon leathan spóirt, i gcodanna éagsúla de Chathair agus de Chontae Luimnigh;

- Oibreacha athchóirithe in Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin.
- Oibreacha athchóirithe i Limistéar Ilúsáide Cluichí (LIÚC) an Ospidéal.
- Tionscadal tuilsoilsiú Pháirc Uí Chinnéide.
- Tionscadal páirceanna imeartha Pháirc Mhungairit

Beartas Rochtana Comhchosúla

De réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018 – 2027, ar ghlac Rialtas na hÉireann leis: “Caithfidh spórt a bheith fáilteach agus ionchuimsitheach, is deiseanna cuí a thairiscint do chách maidir le rannpháirtíocht agus feabhsú.” Tá sé mar aidhm leis an mBeartas um Rochtain Chosúil tacú le hionchuimsiú agus le cothroime rochtana ar shaoráidí.

TITHÍOCHT





TITHÍOCHT

Tá an Stiúrthóireacht Tithíochta freagrach as tionscadail tithíochta a sholáthar, a mhaoiniú agus a roghnú faoi chlár 'Tithíocht do Chách' an Rialtais a oibríonn chun dlús a chur leis an soláthar tithíochta chun dul i ngleic le heaspa dídine.

Tá Stiúrthóireacht Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) tiomanta do dhéileáil le riachtanais tithíochta, caighdeán na beatha a fheabhsú, agus forbairt inbhuanaithe atá dírithe ar an bpobal a chothabháil. Tá obair na Stiúrthóireachta eagraithe i gceithre phríomhrannán: Straitéis agus Tógáil Tithíochta Neamhúdaráis Áitiúil, Tógáil agus Cothabháil Tithíochta Údaráis Áitiúil, Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta agus Aonad Leasa Tithíochta agus Cóiríochta don Lucht Siúil.

1. Straitéis agus Tógáil Tithíochta Neamhúdaráis Áitiúil:

- An Clár Tithíocht do Chách: San áireamh sna spriocanna do thithíocht shóisialta tá 2,693 teach nua a thógáil faoi 2026. Is léir i bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh idir 2022 agus 2024 gur cuireadh 1,091 aonad tógtha ar fáil agus go raibh 1,610 aonad eile ceadaithe cheana féin agus go raibh céimeanna togra á gcur i gcrích le haghaidh 1,545 aonad.
- Ceannacháin agus Léasú: Béim ar aonaid a fháil le tionónta-in-situ chun cosc a chur ar easpa dídine agus chun díriú ar scéimeanna léasaithe éagsúla cosúil le Deisiú agus Léasú agus Léasú Fadtéarmach.
- Tithíocht Inacmhainne: Tá píblíne de 653 teach inacmhainne sainaitheanta le cur ar fáil faoi

2026, figiúr a sháraíonn sprioc an rialtais faoi thart ar 389 teach i láthair na huaire. Beidh an píblíne ag méadú mí i ndiaidh míosa.

- Ceapadh Beartais: Straitéisí agus beartais tithíochta a fhorbairt, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta Luimnigh agus scéimeanna tithíochta píolótacha eile.
- ## 2. Tógáil agus Cothabháil Tithíochta Údaráis Áitiúil:
- An Clár Tógála: Tithíocht a chur ar fáil ar thailte atá faoi úinéireacht na comhairle, móroibreacha athchóirithe agus iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh.
 - Cothabháil: Déileáil le cothabháil aonad folamh agus freagartha chun caighdeán agus sábháilteacht an stoic tithíochta a chinntiú.
 - Fáil Talún: Ról gníomhach i gcúl-soláthairtí talún a cheannach do thionscadail tithíochta amach anseo, le tacaíocht ó Chiste um Thalamh a Fháil Tithíocht do Chách.
- ## 3. Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta:
- Easpa dídine: Tacú le seirbhísí dóibh siúd atá i mbaol easpa dídine/ag déileáil le heaspa dídine, forbairt a dhéanamh ar chóiríocht éigeandála agus tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chur chun feidhme.
 - Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas: Déileáil le riachtanais teaghlach ina bhfuil daoine faoi mhíchumas agus deontais oiriúnaithe tithe a chur ar fáil.
 - Seirbhísí do Thionóntaí: Measúnú agus leithdháileadh tithíochta, bailiú cíosa a bhainistiú, cláir cothaithe pobail agus cigireachtaí ar áiteanna príobháideacha ar cíos chun a chinntiú go bhfuil rialacháin á gcomhlíonadh.

4. Leas Tithíochta agus Cóiríocht don Lucht Siúil:

- Cóiríocht don Lucht Siúil: Roghanna tithíochta oiriúnacha a chur ar fáil agus an Clár Cóiríochta do Phobal an Lucht Siúil a bhainistiú.
- Seirbhísí Leasa: Tacaíocht d'iarraitasóirí agus do thionóntaí atá ag déileáil le saincheisteanna casta, lena n-áirítear tionóntachtaí tacaíthe a chomhordú agus iarraitasóirí a ainmniú d'fhorbairtí aoisbháúla.

Tithíocht Do Chách

Is plean tithíochta an Rialtais go 2030 é 'Tithíocht do Chách' a seoladh ar an 2 Meán Fómhair 2021. Is plean ilbhliantúil, ilbhiliún euro é, a fheabhsóidh córas tithíochta na hÉireann agus a sholáthróidh níos mó tithe de gach cineál do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu. Tá ceithre bhealach ag an bpolasaí chun tithíocht a bhaint amach do chách:

1. Tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú;
2. Deireadh a chur le heaspa dídine, an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le hionchuimsiú sóisialta;
3. Soláthar tithíochta nua a mhéadú;
4. Aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus ar úsáid éifeachtúil a bhaint as stoc atá ann.

Tá gníomhartha atá le déanamh ag ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí Stáit agus eile sna conairí. Tacaíonn gníomhartha leis na conairí le gníomhartha chun córas tithíochta inbhuanaithe a chumasú.

Spríoc Luimnigh faoi 'Tithíocht do Chách'

I Luimneach, is é 2,693 teach nua an spríoc seachadta do 2022-2026. Sin dhá oiread na sprice faoin gclár 'Éire a Atógáil' idir 2018-2021 agus 1,365 teach. Is é tógáil na príomhshruthanna seachadta chun 2,693 teach nua a sholáthar le 40% le soláthar ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) agus 60% ag Comhairle Contae agus Contae Luimnigh.

Tá spríoc an Rialtais do Luimneach do gach bliain ó 2022 go 2026 le feiceáil sa tábla thíos.

Cineál Seachadta	2022	2023	2024	2025	2026
Tógáil Nua	9000	9100	9300	10000	10200
Ceannacháin	200	200	200	200	200
Léasú Fadtéarmach	1300	1200	800	200	0
Morgáiste go Cíos	1000	1000	1000	1000	1000
Léasú Gearrthéarmach	200	200	200	200	200
SDL	120	130	130	140	140
	11820	11830	11630	11740	11740
Spríocanna Luimnigh Iomlán 2693	565	502	513	551	562

Tógáil-Nua	Ceannaigh	Léas
• Tógáil agus Lándéanta SHIP • Athnuachan • Tógáil agus Lándéanta CAS • Tógáil agus Lándéanta CCT SRC • Cuid V	• Aonaid a fhaightear trí CITS • Aonaid a fhaightear le Tionónta-in-Situ • Aonaid a fhaightear trí Cheannach agus Athnuachan • Aonaid a fhaightear trí Athnuachana • Ceannacháin SCC • Aonaid a fhaightear trí CCT SRC	• Deisiú agus Léasú • Morgáiste go Cíos • Comhaontuithe Infhaighteachta agus Íocaíochta • Léasú fadtéarmach (léasanna tar-rollta ó 2020 toisc nach bhfuil aon sprioc ag Luimneach ó 2022-2026)

In 2024, sholáthair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 363 Aonad Tógtha agus 13 Aonad Léasaithe, 376 aonad ar fad, i ndáil lenár spriocanna Tithíocht do Chách. Chomh maith leis sin, chuir LCCC agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta 62 aonad le Tionónta-in-Situ i gcrích in 2024.

HOUSING SUPPORT SERVICES

Measúnuithe agus Leithdháiltí

Measúnuithe Tithíochta

Tá líon iomlán na n-iarratasóirí ar thithíocht shóisialta a ceadaíodh ar liosta feithimh tithíochta sóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cothrom le 6,211 amhail ar an 31/12/2024. Áirítear leis sin iarratasóirí a bhfuil cóiríocht Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus cóiríocht na Scéime Cóiríochta Cíos (SCC) faighte acu agus tionóntaí de chuid na Comhairle/na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a ceadaíodh lena n-aistriú.

Is é 2,778 teaghlach an Glanriachtanas Tithíochta Sóisialta seachas tionóntaí ÍCT agus SCC agus tionóntaí Comhairle/CCT atá ceadaithe lena n-aistriú.

Achoimre ar an Measúnú ar Thithíocht Shóisialta

Chuir an Fhoireann Measúnaithe an Measúnú Bliantúil ar Riachtanas Tithíochta i gcrích go rathúil, arb é atá ann teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí ceadaithe tithíochta chun a fháil amach an bhfuil suim acu fós i dtacaíocht tithíochta sóisialta agus chun a fháil amach an bhfuil siad fós incháilithe.

Is riachtanas reachtúil é seo atá le cur i gcrích ar bhonn bliantúil mar atá curtha in iúl ag an Roinn Tithíochta, Comhshaoil agus Oidhreacht.

Leithdháiltí Tithíochta

Tháinig méadú suntasach ar leithdháileadh na tithíochta sóisialta in 2024 agus leithdháileadh 437 aonad ó stoc tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar iarratasóirí rathúla agus rinneadh 294 ainmniúchán tithíochta sóisialta eile do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Cíosanna Tithíochta

Ríomhtar an cíos a bhailíonn an Chomhairle i gcomhréir leis an Scéim Cíosanna Difreálacha. Tá an cíos bunaithe ar ioncam iomlán an teaghlaigh. Bhí an cíos a bailíodh in 2024 cothrom le €20.5 milliún. Bhí an ráta bailithe foriomlán cothrom le 71%.

Leanadh an t-aonad measúnaithe cíos ar aghaidh i rith 2024 le hathbhreithniú uilíoch ar chuntais chíos agus ag freagairt d'athbhreithnithe cíos a bhí á stiúradh ag tionóntaí. Ag eascairt as na hathbhreithnithe cíos, cuireadh athruithe cíos i bhfeidhm ar bhreis is 3,000 cuntas cíos. Bunaíodh 378 cuntas cíos nua i rith 2024. Bhí 5,816 cuntas cíos á mbainistiú in 2024.

Cothú Pobail

Cuireann Aonad Cothaithe Pobail na Comhairle seirbhís riachtanach ar fáil a thacaíonn le tionóntaí agus cónaitheoirí a n-eastát agus le cóiríocht na Comhairle i gcoitinne. I measc phríomhchuspóirí an Aonaid tá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

ar thionóntaí ionchasacha, ionductú tionóntachta cuimsitheach d'áititheoirí nua, cuairteanna leantacha ar thionóntaí den sórt sin chun cabhrú leo socrú isteach ina dtithe agus ina bpobail nua, Cumainn Cónaitheoirí a bhunú le heastáit atá faoi úinéireacht na comhairle, comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí stáit ábhartha eile cosúil leis an nGarda Síochána, FSS, Tusla etc., agus naisc níos dlúithe a bhunú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Tá trí phríomhshnáithe san Aonad:

- Tacaíochtaí Eastáit
- Tacaíocht do Thionóntaí Aonair
- Forfheidhmiú Tionóntachta/lompar Frithshóisialta

Tacaíochtaí Eastáit

Is é príomhaidhm an chlár seo ná tacaíochtaí a sholáthar chun caighdeán maireachtála a fheabhsú agus spiorad pobail a fhorbairt laistigh d'eastáit na Comhairle. Chun na críche sin, oibríonn an tAonad go dlúth le cumainn áitritheoirí atá ann cheana féin agus spreagann sé grúpaí nua den sórt sin a bhunú, chun tacú le cur i bhfeidhm na bpríomhghníomhaíochtaí a shaináithin siad chun a n-eastáit a fheabhsú. Athraíonn an tacaíocht a chuirtear ar fáil ó chúnamh chun mionobreacha bonneagair a sholáthar, mar shampla fálú, ballaí, comharthaíocht etc. go bearta níos boige ar nós oiliúint scileanna coiste, cur le laethanta glantacháin, imeachtaí do leanaí etc.

Chuir an tAonad Cothaithe Pobail go leor tionscadal i gcrích in 2024 i gcomhar leis na cónaitheoirí agus i gcomhpháirt le haonaid eile ar fud na Comhairle. Ina measc bhí:

- Athbheochan Gheata Eoin lena n-áirítear plandú crann agus bleibíní bunaithe ar théama, ainmchlár a chur ar fáil, cosáin a ghlanadh lena n-áirítear ag lorg coise Bhallaí Chathair Luimnigh agus rannpháirtíocht leis an bpobal chun ullmhú don Chomórtas Mórtais Cine is Ceantair. Chabhraigh an rannpháirtíocht thrasrannach le Cumann Cónaitheoirí Gheata Eoin leis an rath a bhí ar an ngrúpa seo a



Oibreacha plandaithe Radharc Chill Mhuire



Oibreacha Feabhais in Eastát Chéide Radharc an Chnoic

bhain an chéad áit amach i gCatagóir na Comharsanachta Uirbí faoi 3000 Duine i mí na Samhna.

- Oibreacha feabhais ag an mbealach isteach chuig eastát Choill na Corrghráige, Faing
- Athsholáthar na ráillí sábháilteachta ag lána idir Eastát Kylefea agus Eastát Ghleann Máighe, Cromadh.
- Oibreacha feabhais fisiciúla os comhair Láithreán Stad Radharc Chill Mhuire lena n-áirítear domhainghlanadh, crainn agus plandaí/bláthanna a chur.
- Glanadh an limistéir pobail ag The Lime Yard, Pailís Chaonraí, Na Gairdíní, Baile an Gharraí agus Cúirt Gregane, Cathair Chinn Lis.
- Plandú in éineacht le cónaitheoirí in eastáit nua ag Clós an Stáisiúin, Cnoc Loinge, Plás an Bhainc, An tOspidéal agus Céide Radharc an Chnoic, Mainistir na Féile.
- Fál suiteáilte ag Arda an tSléibhe Riabhaigh, Cill Fhionáin.
- Glanadh lánaí ag Páirc Uí Scanláin, Caisleán Uí Chonaill, Céide an tSeiceamair, an Brú, Eastát Radharc na hAbhann, Cill Mocheallóg, Faiche Mullaly, An Cheapach Mhór, Páirc De Valera, Brú Rí agus Radharc an Teampaill, Eas Géitine.
- Leanadh ar aghaidh leis an rannpháirtíocht le Cumann Cónaitheoirí Sparr Thuamhan agus cuireadh oibreacha tírdhreachaithe i gcrích i bPáirc an Chanónaigh Uí Bhraoin agus in An Bóthar Ard, Sparr Thuamhan, agus péinteáladh dhá mhúrphictiúr freisin, ceann in Ardán Arlington agus ar an mBóthar Ard. I measc na n-oibreacha tírdhreachaithe a cuireadh i gcrích sna spásanna glasa oscailte poiblí bhí crainn, plandaí, toir agus bleibíní a chur, agus dramhaíl a bhaint.
- Athchóiríodh Árasáin Pháirc Luachra i Mainistir na Féile.

Tacaíocht do Thionóntaí Aonair

Cuireann an tAonad seirbhís ar fáil, le tacaíocht ón Oifig Leasa Tithíochta, ina bhfuil diantacaíocht do thionóntaí a d'fhéadfaí a aithint mar thionóntaí leochaileacha nó a dteastaíonn cabhair den sórt sin uathu ar chúiseanna ar bith eile. Ina theannta sin, tá

monatóireacht á déanamh ar thionóntachtaí aonair a bhféadfadh aird ar leith a bheith ag teastáil uathu chun teacht roimh fhadhbanna. Cuirtear oiliúint ionductúcháin Tionóntachta ar fáil do gach tionónta nuacheaptha. I measc rudaí eile, mínítear go soiléir téarmaí na gComhaontuithe Ligin, a shínítear, ionas go dtuigtear go soiléir oibleagáidí na dtionóntaí agus, go deimhin, na Comhairle. In 2024 reáchtáladh 395 cruinniú oiliúna den chineál sin. Rinne Oifigigh Cothaithe Pobail breis agus 3,128 cuairt/cigireacht i rith na bliana, agus áiríodh leis an bhfigiúr sin cuairteanna ar thionóntaí nuacheaptha chun tacaíocht a thairiscint.

Forfheidhmiú Tionóntachta/Iompar Frithshóisialta

Déileálann an tAonad le níos mó ná 600 gearán gach bliain, agus baineann thart ar leath díobh sin le hiompar frithshóisialta. Is é beartas na Comhairle ná freagra a thabhairt ar na saincheisteanna seo go tapa agus go daingean agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána nuair is gá. Úsáideann an Chomhairle na huirlisí reachtacha uile atá ar fáil di chun iarracht a dhéanamh déileáil le hiompar frithshóisialta. Ceann de na huirlisí is éifeachtaí ná Orduithe Eisiata a lorg i gcoinne daoine aonair a chuireann bac orthu ó eastáit shonraithe ar feadh tréimhsí suas le trí bliana. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar cheann de na húdaráis áitiúla is réamhghníomhaí sa tír maidir le húsáid an bhirt seo. Sa tréimhse idir 2013-2024, fuarthas 25 ordú den chineál sin. Déanann an tAonad seiceálacha foirmiúla Garda ar thionóntaí nua ionchasacha. Tugadh faoi thart ar 1,246 athbhreithniú foirmiúil dá leithéid i rith na bliana.

Ceannach ag Tionóntaí, Iasachtaí, Deontais, Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos, Gníomhais Teidil/Ceartuithe

Scéim Cheannaigh Tionóntaí (Incriminteach) 2016

Tá 71 iarratas faighte ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi Scéim Ceannaigh ag

Tionóntaí (Incriminteach), 2016. Astu sin, measadh go raibh 44 díobh incháilithe chun dul ar aghaidh chuig litir thairisceana. Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí 14 réadmhaoín díolta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach), 2016.

Iasachtaí Tithíochta

Is scéim morgáiste le tacaíocht rialtais í Iasacht Tí na nÚdarás Áitiúil (ITÚÁ) atá ar fáil ar fud na tíre ó gach údarás áitiúil. Tairgeann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh morgáistí ceannaitheoirí céaduaire agus Iarratasóirí Tús Úr ag ráta 90% idir iasacht agus luach (IL) suas go dtí uasluach réadmhaoine de €300,000 i Luimneach. Leithdháileadh €5,590,000 do cheaduithe iasachtaithe in 2024. Tá iasachtaí a ceadaíodh i bprionsabal bailí i gcomhair sé mhí.

Tá 59 iarratas faighte ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi Scéim Iasachta Baile na nÚdarás Áitiúil i gcomhair 2024. As measc na n-iarratas sin bhain 40 le ceannach príobháideach, bhain 17 le ceannach ag tionóntaí agus bhain dhá iarratas leis an Scéim Tithe Inacmhainne. Ceadaíodh 20 iarratas ar iasacht i bprionsabal lena mbaineann luach iomlán de €2,857,890 agus as measc na n-iarratas sin baineann 10 gcinn leis an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí, a cheadaigh cistiú do thionóntaí chun an réadmhaoín a cheannach a

bhí ar cíos acu ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá seacht n-iasacht ceadaithe, bunaithe ar chead a tugadh in 2024 agus i bprionsabal, lena mbaineann luach iomlán de €1,042,450 atá tarraingthe anuas ag iarratasóirí in 2024.

Deontais Tithíochta - Oiriúnú, Cúnamh Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Tugadh 1,107 deontas oiriúnaithe tithíochta chun críche faoi na scéimeanna deontais um Oiriúnú Tithíochta, Áiseanna Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta in 2024. Ba é an caiteachas iomlán ar scéimeanna deontais ná €6,136,814.07. Féach ar an tábla thuas.

Le cois deontais phríobháideacha, cuireadh oibreacha oiriúnaithe i gcrích do 64 réadmhaoín eile de chuid an údaráis áitiúil a raibh caiteachas iomlán de €907,081.18 luaite leis.

Cuireann an scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas (DDM) maoiniú ar fáil le haghaidh síntí agus oiriúnuithe ar an stoc tithíochta sóisialta atá ann cheana féin do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas amhail gréimráillí, rampaí rochtana do dhaoine faoi mhíchumas, seomraí fliucha, seomraí leapa thíos staighre etc. Cuireann an scéim síntí ar fáil freisin i gcásanna plódaithe.

Eanáir – Nollaig 2024		Iomlán
Deontais um Chúnamh Soghluaisteachta (DCS)	Líon Ceadaithe Caiteachas DCS Líon Íochta	62 €198,373.66 55
Deontais Oiriúnaithe Tithíochta (DOT)	Líon Ceadaithe Caiteachas DOT Líon Íochta	393 €3,075,034.20 365
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta (CTDS)	Líon Ceadaithe Caiteachas CTDS Líon Íochta	814 €2,863,406.21 687
Sa bhliain go dtí seo. Uimh. Iomlán Ceadaithe		1269
Sa bhliain go dtí seo. Airgead Iomlán Íochta		€6,136,814.07
Sa bhliain go dtí seo. Uimh. Iomlán Íochta		1107

Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Ceanglaítear ar Údarás Tithíochta cigireachtaí a dhéanamh ar chóiríocht príobháideach ar cíos faoi na Rialacháin Tithíochta (Caighdeán le haghaidh Tithe ar Cíos), 2019, chun a chinntiú go bhfuil na híoschaighdeáin le haghaidh tithe ar cíos á gcomhlíonadh ag cóiríocht ar cíos. In 2024 rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 3,433 cigireacht, sin 23% den chóiríocht príobháideach ar cíos i Luimneach agus méadú de bhreis is 50% ar líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích in 2023.

Gníomhas Urscaoilte/Toilithe le Díolachán/ Blianacht Cheannaigh Teachín/Bunchíos/ Gníomhais Teidil

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas i gcrích	
Gníomhais Urscaoilte	203
Toilithe le Díolachán	61
Blianachtaí Ceannaigh Teachín	39
Iarratais ar Bhunchíosanna	45
Gníomhais Teidil	161
Ceartuithe ar Ghníomhais Teidil	10
Iomlán	519

Scéim Cóiríochta Cíos (SCC)

Ba é líon na réadmhaoine san earnáil phríobháideach ar cíos ná 622 faoin Scéim Cóiríochta Cíos (SCC) agus tacaíodh le 615 tionóntacht eile faoi SCC san Earnáil Tithíochta Deonaí ag deireadh na bliana.

Fuair SCC 41 Fógra Fágála in 2024. Tá cúig cinn de na haonaid sin ceannaithe in 2024 agus tá stádas ‘díolachán comhaontaithe’ luaite le dhá aonad eile. Tá iarracht á déanamh ag an Scéim Cóiríochta Cíos chun cóiríocht mhalartach a fháil do na teaghlaigh seo ar gach uile bhealach, i.e. réadmhaoin SCC eile, stoc tithíochta na Comhairle agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Bhí 1,915 tionóntacht ghníomhach ÍCT ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag deireadh mhí na Nollag, 2024.

Cuireann ÍCT ar chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cúnaimh tithíochta a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu san earnáil phríobháideach ar cíos a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta. Bhunaigh an tAonad ÍCT 203 tionóntacht ÍCT in 2024.

Ghlac SCC le 118 Fógra Fágála in 2024. Bhí 7 gcinn de na haonaid sin ceannaithe in 2024. Tá stádas ‘díolachán comhaontaithe’ luaite le seacht réadmhaoin eile.

Oibríocht do Dhaoine gan Dídean

Tá easpa dídine ag an leibhéal is airde i stair Stát na hÉireann faoi láthair. Ar leibhéal áitiúil, thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ardleibhéil d'Easpa Dídine faoi deara i rith 2024.

Tá eolas le fáil thíos maidir le líon na gcásanna easpa dídine amhail ón 10 Nollaig:

- Daoine aonair - 229
- Teaghlaigh - 96 teaghlach (144 aosach agus 163 leanbh)

Lean Foireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean Luimnigh ar aghaidh ag riar foireann ildisciplíneach, foireann a raibh baill foirne chliniciúla oibríochtúla ó FSS páirteach inti; Foireann Tacaíochta ó Earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta; Seirbhísí Leasa ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus Bainisteoirí Cóiríochta/Cáis ón Údarás Áitiúil. I dtimpeallacht athraitheach na heaspa dídine, tá an cosc ar Easpa Dídine éirithe chomh tábhachtach céanna le soláthar na seirbhísí cóiríochta. Maidir leis sin, tá sé ríthábhachtach teagmháil a dhéanamh leo siúd atá i mbaol a bheith gan dídean. Chuir feidhmiú céimneach na Mol Teaghlaigh, an tSeirbhís Aimsitheora Áite, roghanna maireachtála comhroinnte, seirbhísí for-rochtana sráide agus Tús Áite do Thithíocht leis na roghanna seirbhíse atá ar fáil agus lenár gcumas freagairt do cheist na heaspa dídine sa Réigiún.

Forbraíodh an Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean mar thoradh díreach ar ghníomhartha a d'eascair as Straitéis Náisiúnta an Rialtais do Dhaoine gan Dídean. Mar chuid de Sheirbhísí Tacaíochta Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, tá an fhoireann dírithe ar a chinntiú go gcuirtear gach seirbhís ar fáil do dhaoine gan dídean ar an gcaighdeán is airde agus ar bhealach comhordaithe agus comhtháite. Ligeann sé seo raon leathan tacaíochtaí a chur i bhfeidhm, ní hamháin díon a chur os a gcionn ach gnéithe den chúram sláinte atá riachtanach do riachtanais daoine gan dídean a chur ar fáil trí fhoireann ildisciplíneach. Nuair a chuirtear i láthair iad don Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, déantar measúnú iomlán ar úsáideoirí seirbhíse chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar a riachtanais eacnamaíocha, sláinte agus chóiríochta go léir de réir an Bheartais do Dhaoine gan Dídean.

In 2024, leanadh de na seirbhísí seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá i mbaol easpa dídine nó atá gan dídean i réigiún Luimnigh:

- **Tús Áite don Tithíocht**

Díríonn Tús Áite don Tithíocht ar dhaoine a raibh easpa dídine fhadtéarmach acu agus a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus/nó andúile acu faoi láthair. Mar thoradh ar Thús Áite don Tithíocht, go dtí seo, bunaíodh 45 tionóntacht ó mhí Feabhra 2018, áit chónaithe a chur ar fáil do dhaoine in aonaid tithíochta bhuana, chobhsaí agus tacaíthe do dhaoine aonair gan dídean. Tá deireadh tagtha leis an miontionscadal píolótach ó 2018-2021 agus tá Tús Áite don Tithíocht ina chuid lárnach den phlean 'Tithíocht do Chách'.

- **Aimsitheora Áite ÍCTr**

Tá dhá ról Aimsitheora Áite ÍCTr comhtháite anois san Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean. Tá an tSeirbhís Aimsitheora Áite ar cheann de na príomhfhreagraí ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le heaspa dídine a chosc, toisc go dtéann sí i dteagmháil le tionóntaí ÍCTr agus le tiarnaí talún

a d'fhéadfadh a bheith páirteach i bhFógra Fágála (FF) in iarracht dúnadh tionóntachta a sheachaint. Ina theannta sin i mbliana, déanann an fhoireann seo measúnú ar theaghlaigh le haghaidh scéimeanna Cíosa Costais do Thionóntaí in Situ (CCTiS) agus Tionóntaí in Situ (TIS).

- **Moil Teaghlaigh**

Bhí Suaimhneas, Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Childers agus Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú le linn 2024 ag freastal ar theaghlaigh gan dídean.

- **Cothú Tionóntachta**

Faigheann cliaint rochtain ar an tacaíocht seo trí sholáthraithe seirbhíse éagsúla i Luimneach. Soláthraíonn Seirbhísí Cothaithe Tionóntachta príomhfhreagairt maidir le tionóntachtaí a chosc ó dheireadh a chur leis agus tacaíocht a chur ar fáil do chliant chun a gcóiríocht a chothabháil.

- **For-rochtain Sráide**

Thug an fhoireann For-rochtana Sráide ó Ana Liffey méadú ar líon na ndaoine a fuair rochtain ar an tseirbhís seo le linn 2024 faoi deara, agus oibrítear le gach cliant chun a chinntiú go dtairgtear tacaíocht éifeachtach.

- **Clann Nua**

Is samhail tithíochta chomhroinnte í seo ar cuireadh tús léi i mí Mheán Fómhair 2020. Ar dtús, bhíodhas ag díriú ar fhir, cliant níos sine arbh iad fadhbanna meabhairshláinte den chuid is mó a bhí ag cur isteach orthu. Leathnaíodh an tseirbhís seo in 2024 agus cuireadh aonaid do mhná san áireamh a raibh spás ann do cheathrar ban.

Tacaíodh leis an tseirbhís seo in 2024 chun foirgneamh nua a fháil trí thógáil CITS/ SCC a mbeidh 19 n-aonad nua (17 n-aonad comhroinnte) ar fáil mar thoradh uirthi ag tús 2025.

- **Mirth**

Cuireadh an tionscadal Tógála CITS/SCC i gcrích in 2024. Cuireadh 18 n-aonad shingile ar fáil mar thoradh ar an obair sin. Beidh an tsaoráid seo ar fáil ag tús 2025.

LEAS TITHÍOCHTA AGUS CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Leas Tithíochta

In 2024, lean an Fhoireann Leasa Tithíochta ag scaipeadh na foirme nua atreoraithe leasa tithíochta ar ghníomhaireachtaí éagsúla inmheánacha agus seachtracha. Tá bunachar sonraí atreoraithe leasa shóisialaigh in úsáid ionas gur féidir le baill foirne leasa shóisialaigh atreoruithe a rianú. Is uirlis an-úsáideach í forbairt an bhunachair sonraí i gcomhar leis an bhfoirm atreoraithe chun aird na Foirne Leithdháilte a tharraingt ar chustaiméirí leochaileacha. Fuarthas 261 Atreorú Leasa Tithíochta in 2024, agus cuireadh cóiríocht ar fáil don chúigiú cuid.

Oibríonn an Fhoireann Leasa Tithíochta i gcomhar le gach roinn Tithíochta. In 2024, dhírigh an Fhoireann Leasa Tithíochta ar an tSeirbhís tionóntachta tacaíochta a shruthlíníú le baill foirne ón bhFoireann Cothaithe Pobail agus le roinnt Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Déanann an Fhoireann Leasa Tithíochta idirchaidreamh le sainseirbhísí, comhlachtaí reachtúla, ENRanna agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna agus chun caighdeán na cóiríochta a bhféadfadh teaghlach agus daoine aonair leochaileacha a bheith ina gcónaí inti a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, déanann an Fhoireann Leasa Tithíochta measúnú ar iarratasóirí tithíochta oiriúnacha do chóiríocht aoisbháúil agus ainmníonn siad iad le cumainn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta sa chás go mbíonn folúntais ann. In 2024, d'ainmnigh an Fhoireann Leasa Tithíochta 70 iarratasóir tithíochta ar chóiríocht oiriúnach.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Ba é an aidhm a bhí le Clár Cóiríochta do Phobal an Lucht Siúil 2019-2024 freastal ar 105 teaghlach de Phobal an Lucht Siúil thar a shaolré. Faoi mhí na Nollag, bhí cóiríocht curtha ar fáil do 121 teaghlach i Luimneach.

Cheadaigh an Chomhairle Clár Cóiríochta do Phobal an Lucht Siúil 2025 – 2029, an clár nua, i mí na Samhna. Is é an aidhm atá leis an gclár cóiríocht a chur ar fáil do 120 teaghlach as seo go ceann cúig bliana.

Bunaíodh Coiste Comhairleach Áitiúil Phobal an Lucht Siúil (CCÁPLS) i mí Mheán Fómhair agus tá dhá chruinniú reáchtáilte go dtí seo.

In 2024, rinne Aonad Cóiríochta Phobal an Lucht Siúil Chathair agus Chontae Luimnigh an méid seo a leanas:

- 39 measúnú oibre sóisialta d'iarratasóirí ar thithíocht aonair.
- Fuair siad 614 iarratas nua cothabhála sa Cheantar Cathrach laistigh de Chóiríocht Shonrach do Phobal an Lucht Siúil trí Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Sugar CRM/Dynamics. Críochnaíodh agus dúnadh 504 iarratas sa tréimhse chéanna. Tá an fhoireann in Aonad Cóiríochta Phobal an Lucht Siúil ag déileáil nó tá críoch curtha acu leis na cásanna fágtha de bhrí nach raibh aon bhunús le cuid de na hiarratais.
- Reáchtáladh 12 Chlinic do Phobal an Lucht Siúil in 2024. D'fhreastail 28 duine ar na clinicí.
- Cuireadh obair i gcrích i ndlúthpháirt leis an bhFoireann Cothaithe Pobail agus le Grúpaí Áitiúla de Phobal an Lucht Siúil chun conláistí i gcóiríocht shonrach do Phobal an Lucht Siúil a fheabhsú i gCeantar na Cathrach, go háirithe le teaghlach i Radharc Chill Mhuire agus i gCluain Draighneach.
- Oibreacha Caipitil ar tugadh fúthu ag:
 - **Eas Géitine**
 - Oibreacha críochnaithe ar leagan ballaí agus ar athchóiriú réadmhaoine in Eas Géitine
 - Lorgaíodh cead pleanála chun síneadh a chur le réadmhaoine in Eas Géitine.
 - **Láithreán Stad Radharc an Chnoic, Uasghrádú Ráth Caola**
 - Pleanáil ceadaithe, tairiscint seolta do na hoibreacha agus conradh bronnta. Cuireadh tús leis na hoibreacha a bhain leis an tionscadal i mí na Nollag 2024

- **Bóthar Childers**
 - Cuireadh tús leis na hoibreacha athchóirithe ar 4 aonad cónaí i mí na Samhna / mí na Nollag 2024
- **Ciste na gCuntas Díomhain**
 - Cuireadh oibreacha i gcrích i Radharc Chill Mhuire agus i bPáirc Chluain Draighneach..
- **Teachín na Beithe**
 - Scartáladh an réadmhain, agus tá sé beartaithe an ceantar a fhorbairt chun cóiríocht fheabhsaithe a chur ar fáil do na teaghlaigh atá ina gcónaí i gCluain an Longaigh faoi láthair. Tá sé seo á dhéanamh faoi réir cead pleanála agus cistiú a fháil.

TÓGÁIL AGUS COTHABHÁIL TITHÍOCHTA ÚÁ

Tá an fhoireann tiomanta don chlár tógála a sheachadadh ar thailte faoi úinéireacht údaráis áitiúil agus athchóiriú agus cothabháil a dhéanamh ar stoc tithíochta sóisialta.

Tá aonaid nua tógála an Údaráis Áitiúil maoinithe ag an gClár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta (CITS) agus tá siad tógtha ar thalamh faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil.

Ainm	Líon na nAonad
Cluain Maicín	43
Aonaid Shingile (Tógáil)	18



Cluain Maicín

Tá próiseas ceadaithe ceithre Céim ag an gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta (CITS).

Ainm an Tionscadail	Céim	Stádas an Tionscadail	Aonaid Iomlána a bhfuiltear ag Súl Leo
Sráid Mhuire – taobh le Gaelscoil	1/1	Breithmheas Caipitil	30
Céide Chloch an Mhéara, Cloch an Mhéara	1/1	Breithmheas Caipitil	2
Gleanntán na Raithní, Bóthar na hInse	1/1	Breithmheas Caipitil	5
Inlíonadh Pháirc Uí Chinnéide	1/1	Breithmheas Caipitil	25
Cluain Cliabh, Áth an Choite	1/1	Breithmheas Caipitil	15
An Ceann Thiar, Sráid an Teampaill, Drom Collachair	1/1	Breithmheas Caipitil	2
Sráid an Easpaig, Luimneach	1/1	Breithmheas Caipitil	1
Gairdíní Davin	1/1	Breithmheas Caipitil	1
Radharc Na Cille An Gleann Cill Mocheallóg	1/1	Breithmheas Caipitil	1
Sráid an Chlochair, Mainistir na Féile	1/1	Breithmheas Caipitil	1
An Chearnóg Thoir, Eas Géitine, Co. Luimnigh	1/1	Breithmheas Caipitil	1
Sharwood, An Caisleán Nua	1/1	Breithmheas Caipitil	1
An Chorrghráig Faing	1/1	Breithmheas Caipitil	1
Páirc Sparr Thuamhan	1/1	Céim 1 Faofa	12
Wolfe Tone, Cill Mocheallóg	1/1	Céim 1 Faofa	3
Oifig Poist Shráid an Droichid	1/1	Céim 1 Faofa	6

Tá próiseas ceadaithe ceithre Céim ag an gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta (CITS).

Ainm an Tionscadail	Céim	Stádas an Tionscadail	Aonaid Iomlána a bhfuiltear ag Súil Leo
Seanstáisiún an Gharda Síochána, An Gallbhaile	1/1	Céim 1 Faofa	4
Seanstáisiún an Gharda Síochána, Seanghualainn	1/1	Céim 1 Faofa	3
Láithreán Scouthall, Bóthar an Bháin Mhóir	1/1	Céim 1 Faofa	6
Sráid Liam Uachtarach	1/1	Céim 1 Faofa	7
Sráid Mhichíl, Luimneach	1/1	Céim 1 Faofa	9
An Ros Mór, Láithreán A & B na gCros Geal	1/2	Céim 1 Faofa	14
An Bóthar Nua, Sparr Thuamhan	1/1	Céim 2 Faofa	6
Céide na Maoilchearna, Áth an Choite	1/1	Céim 2 Faofa	6
Páirc Chliona Céim 4	1/1	Céim 2 Faofa	20
An Chluain Mhór, Suíomh Áth Dara Theas	1/1	Céim 2 Faofa	18
Cnoc Uí Choileáin	1/1	Céim 2 Faofa	4
Cluain Dara, Béal an Átha	2/2	Céim 2 Faofa	7
Sruthán na Cluana, Bóthar an Mhuilinn	1/1	Céim 2 Faofa	7
Brugh na Deise, An Bhrú, Co. Luimnigh	1/1	Céim 2 Faofa	18
Páirc Uí Chonchobhair, Ardach	1/1	Céim 3 Faofa	10
An Chluain Mhór, Suíomh Áth Dara Thuaidh	1/1	Céim 3 Faofa	13
An Bhearna Choill, Tobar Phádraig	1/1	Céim 3 Faofa	24
Corrán an tSeiceamair, An Caisleán Nua	1/1	Céim 3 Faofa	31
Gleann an Teampaill, Baile an Londraigh	1/1	Céim 3 Faofa	9
Cúirt na Learóige, Páirc Uí Chinnéide	1/1	Céim 3 Faofa	1
San Eiléan, Trá Mhic Fhlanncha	1/1	Céim 3 Faofa	1
Bóthar de hÍde	1/1	Céim 3 Faofa	1
Ascaill de hÍde, Béal Átha na Cora (Weston)	1/1	Céim 3 Faofa	1
Páirc Mhic Bhloscaidh, Luimneach	1/1	Céim 3 Faofa	1
An Phríomhshráid, Cromadh	1/1	Céim 3 Faofa	1
Baile Choilín, An Brú	1/1	Céim 3 Faofa	1
An Phríomhshráid, Úlla	1/1	Céim 3 Faofa	1
Sráid na Maighdine Íochtair, An Caisleán Nua	1/1	Céim 3 Faofa	1
Wolfe Tone, An Díbeart, Cill Mocheallóg	1/1	Céim 3 Faofa	1
Foirgneamh an Lóiste ag Tobar Phádraig	1/1	Céim 3 Faofa	1
Sráid Crawford, An Brú	1/1	Céim 4 Faofa	2
Cluain Dara, Béal an Átha	1/2	Céim 4 Faofa	11
Radharc Cillín, Cill Fhionáin	1/1	Conradh Bronnta	10
Sráid an Chláir, Cathair Luimnigh	1/1	Conradh Bronnta	7
Ardán Mhuire, Béal Átha na Cora	1/1	Conradh Bronnta	1
Bailtín na Rós, Baile Shinéad	1/1	Conradh Bronnta	1
Bóthar de hÍde	1/1	Conradh Bronnta	1

Athnuachan ar an gClár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta (CITS)

Is sruth soláthair tithíochta é Athnuachan CITS, arb ionann é agus tógáil atá 100% maoinithe ag an státchiste ar réadmhaoin fholamh thréigthe. D’fhéadfadh gur réadmhaoin thréigthe a bheadh ann atá faighte nó réadmhaoin thréigthe dílsithe faoi fháil éigeantach. Déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh athnuachan CITS a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm faoin Aonad Tógála agus Cothabhála ÚA.

In 2024, d’athchóirigh agus sholáthair an tÚdarás Áitiúil 18 n-aonad trí úsáid a bhaint as an sruth cistithe seo. Bhainfeadh na haonaid sin an bonn de charachtar agus de chuma na comharsanachta.

Aonaid Shingile Athchóirithe Faoi Scéimeanna Eile

Sruth Cistithe	Líon na nAonad Críochnaithe
Ceannaigh agus Athnuaigh	4
Cuid V Lasmuigh den Láithreán	5
Ceannacháin CITS	19
Réadmhaoin Fholamh	2

Aonaid Fholmha agus Clár Cothabhála Pleanáilte 2024

D’athchóirigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 138 aonad in 2024, obair a chosain €1,862,711. Bhí 73 de na haonaid sin páirtchistithe faoi Scéim Cistithe na Réadmhaoine Fholmha 2024 agus forchúitíodh €803,000 ón Roinn. Críochnaíodh na haonaid seo trí úsáid a bhaint as meascán d’fhoirne agus conraitheoirí saothair díreacha ag brath ar na hacmhainní a bhí ar fáil agus ar scála na n-oibreacha a bhí ag teastáil ar an aonad. Cuireadh na haonaid ar fáil mar chuid den stoc a bhí le hathligeran i rith na bliana. Chríochnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh oibreacha cothabhála pleanáilte ar 27 aonad faoin Scéim Cothabhála Pleanáilte in 2024 mar aon le 27 Suirbhé ar Staid an Stoic. I measc na gcineálacha oibreacha a rinneadh bhí simléir nua a chur ar fáil, fuinneoga, doirse agus díonta a dheisiú. Tarraingíodh anuas maoiniú luach €198,504 nuair a cuireadh na hoibreacha i gcrích le linn 2024. Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích i Ráithe 4, 2024 do Shuirbhéanna ar Staid an Stoic chun breis is 6,000 réadmhaoin de chuid na Comhairle a chlúdach. Bronnfar conradh i Ráithe 1 2025 chun tréimhse idir trí agus cúig bliana a chlúdach.



Garrán Radharc an Chnoic, Dún

In 2024, chuir an Chomhairle seo tús le clár suntasach seirbhísithe agus uasghrádaithe coire faoi Chothabháil Phleanáilte. In 2024, seirbhísíodh an córas teasa in 1,897 teaghais, agus deisíodh iad nuair ba ghá, obair a chosain €472,000.

Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh 2024

Forálann Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (CIÉF) 2024 d'iarfheistiú domhain an stoic tithíochta sóisialta reatha agus tá sé á mhaoiniú tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Iarfheistíodh na teaghaisí ionas go raibh rátáil RFF íosta de B2 luaite leo sa chás go bhfuil creatlach an fhoirgnimh uasghrádaithe, agus go bhfuil córas teasa atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de suiteáilte. Cuireadh oibreacha i gcrích chun aonad tithíochta áitithe a iarfheistiú agus forchúitíodh €59,980 ón Roinn; tá 30 aonad fós ag céim an chonartha tá 50 aonad breise ag an gcéim dhearaidh/thairisceana. Tá na haonaid le fáil i gceithre Cheantar Bhardasacha.

Cothabháil Freagartha

In 2024 cuireadh 14,165 iarratas nua ar chothabháil faoi bhráid an Aonaid um Chothabháil Tithíochta trí Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Dynamics CRM. Cuireadh 278 iarratas ar an meán i gcrích in aghaidh na seachtaine in 2024. Is méadú de 4.6% é sin ar líon na n-iarratas nua ar chothabháil i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Cuireadh na hoibreacha cothabhála freagartha a rinneadh le linn 2024 i gcrích i gcomhréir le treoirlínte FSS agus Sláinte agus Sábháilteachta. Bhí ról ríthábhachtach ag Seirbhísí do Chustaiméirí sa chomhthéacs seo i ndáil le comhairle a chur ar thionóntaí roimh ré.

Cé gur eisíodh é in 2020, tá tionchar dearfach fós ag Lámhleabhar na dTionóntaí maidir le soiléireacht bhreise do thionóntaí seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chothabháil freagartha.

Scéim Deontais na mBloc Coincréite Lochtach

I rith 2024, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh le Scéim na mBloc Coincréite Lochtach a riar do thithe incháilithe i Luimneach de réir threoirlínte na Roinne. Chláraigh 44 iarratasóir ar an iomlán ar Thairseach na Roinne. Fuarthas 30 iarratas iomlán agus bailíochtaíodh 27 iarratas. Measadh gur chomhlíon 28 iarratas an tairseach dhamáiste maidir le hincháilitheacht don Scéim. Ceadaíodh do 18 n-iarratas tairbhe a bhaint as an rogha deontais feabhsúcháin. Dhiúltaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta cead a thabhairt do 3 iarratasóirí tairbhe a bhaint as an rogha deontais feabhsúcháin ar an mbonn nárbh iad bloic choincréite lochtacha ba chúis leis na fadhbanna a bhí i dteaghaisí na n-iarratasóirí.

Limistéir Chomhchoiteanna

In 2024, bunaíodh foireann nua chun gearáin chothabhála a bhaineann le Limistéir Chomhchoiteanna a bhainistiú chun déileáil le hallaí, staighrí, aláraim dhóiteáin, aláraim shlándála, ardaitheoirí, soilsiú in árasáin/grúpthithíochta. Seo a leanas na tionscadail a cuireadh i gcrích i rith 2024:-

- Lóiste na Darach – Obair Dheisiúcháin ar an Díon, coirí téite nua agus obair dheisiúcháin inmheánach sa leithreas.
- Cúirt Vize – Athsholáthar an Dín Since, agus athsholáthar seacht n-aonad aeraithe deataigh.
- Sráid an Chlochair – Péinteáil agus glanadh na ngáitéar sa bhloc árasán.
- Páirc Luachra, Mainistir na Féile – Péinteáil agus glanadh na ngáitéar sa bhloc árasán.

Cúirt Thuamhan – Conraitheoir a Cheapadh chun an bloc árasán a phéinteáil agus na gáitéir a ghlanadh, in Earrach 2025.



Cúirt Thuamhan



Páirc Luachra, Mainistir na Féile

Straitéis Agus Tógáil Tithíochta Neamh-ÚÁ

Tá an fhoireann tiomanta do na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Straitéisí agus Polasaithe Tithíochta a Cheapadh
- Clár tógála le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Forbróirí Príobháideacha
- Clár Fála
- Scéim Nua Ceannaigh ag Tionóntaí Incriminteach do Thógáil Nua
- Clár Léasa
- Clár Tithíochta CLISTE

Ciste um Thithíocht Inacmhainne

Tá an Ciste um Thithíocht Inacmhainne (CTI), a chuidíonn le húdaráis áitiúla scéimeanna tithíochta inacmhainne a fhorbairt, tar éis teacht in ionad an Chiste um Shuímh Sheirbhísithe (CSS).

Cuireadh iarratais CTI agus faomhadh do mhaoiniú, oibreacha cumasúcháin, athbheithnithe inmharthanachta, imscrúduithe suímh agus dearadh réamhphleanála chun cinn le linn 2024 ar gach ceann de na hiarláithreáin CSS seo a leanas:

- Páirc Toppins – Forbairt bheartaithe ina bhfuil 284 aonad cónaithe ar a laghad, a bhfuil sé beartaithe 143 aonad díobh a chur ar fáil do thithíocht inacmhainne
- Tailte Guinness – Forbairt bheartaithe ina bhfuil 285 aonad cónaithe ar a laghad, a bhfuil a bhformhór beartaithe le húsáid mar thithíocht ar cíós de réir costais
- Tailte Cluain Mhaicín – Forbairt bheartaithe ina bhfuil 25 aonad cónaithe, a bhfuil 15 aonad díobh beartaithe a úsáid mar thithíocht ceannaigh inacmhainne
- Tailte Sonny – Forbairt bheartaithe ina bhfuil 21 aonad cónaithe, a bhfuil sé beartaithe 19 n-aonad a úsáid mar thithíocht ar cíós de réir costais
- Tailte Curragower – Forbairt bheartaithe ina bhfuil 6 aonad, agus tá sé beartaithe go mbeidh siad in úsáid mar aonaid ar cíós de réir costais

Rinneadh dul chun cinn le linn 2024 ar scéim chónaithe ina raibh sé beartaithe 250 aonad a fhorbairt ag an Drom Dearg, Mungairit, a bhfuil 181 aonad díobh sin curtha in áirithe do Cheannach Inacmhainne agus fuarthas cead cistithe ón RTRÁO i mí na Samhna.

Lean an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) ar aghaidh ag obair ar 81 teach ar cíós de réir costais a chur ar fáil ag Na Muilté i gCaladh an Treoigh i Luimneach. San áireamh sna 81 teach bhí 36 árasán aon seomra leapa agus 45 árasán dhá sheomra leapa. Is é sin an chéad uair atá tithe ar cíós de réir costais curtha ar fáil ag GFT i Luimneach agus beifear ag glacadh le hiarratais ar an scéim i mí Eanáir 2025. Tá na tithe curtha ar fáil i gcomhpháirt le Cairn Homes trí thionscnamh Thionscadal Tosaigh an Rialtais.

Tacaíonn an scéim dar teideal lasacht ar Chothromas Cíós de réir Costais (ICCC) le tithe ar Cíós de réir Costais a bheith á gcur ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT) in Éirinn. Thacaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le CCTanna in 2024 chun scéimeanna a sholáthar ag Castlerock, Caisleán Uí Chonaill (ceithre aonad cíós de réir costais) le Tithíocht Respond agus Na Muilté, Caladh an Treoigh Céim 2 (19 n-aonad ar cíós de réir costais) le Tithíocht Circle.

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar aghaidh ag tacú le CCTanna i rith 2024 agus ag obair ar scéimeanna atá le cur ar fáil amach anseo.

Clár Tógála le Forbróirí Príobháideacha

Tá talamh faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh atá oiriúnach chun tithíocht nua a thógáil teoranta. Cuireann an Straitéis Tithíochta agus an Measúnú ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta (MERT) bonn eolais faoi bheartais agus cuspóirí Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028, agus tá ról lárnach aige maidir le beartais tithíochta náisiúnta agus réigiúnacha a aistriú chuig an leibhéal áitiúil.

Tar éis feachtais Foirgníochta lándéanta a seoladh in 2019, beidh Foirgníocht lándéanta ag leanúint ar aghaidh mar phríomh-mheicníocht soláthair sa chlár tithíochta. Is éard atá i gceist leis an bhfeachtas Foirgníochta lándéanta ná ceadanna pleanála beo a fháil a bhfuil stop curtha leo, go háirithe mar gheall ar chúrsaí airgeadais, agus a chur ag feidhmiú arís. In áiteanna ina bhfuil riachtanas tithíochta againn, déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Conradh leis an bhforbróir chun na réadmhaoiné a cheannach ar phraghas lena n-áirítear brabús tógálaí. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas meascáin tionachta reatha a forbraíodh leis na comhaltaí tofa díriú ar íosmhéid de 20% príobháideach – toimhde atá i bhfabhar díolachán príobháideach; íosmhéid 50% de dhíolachán inacmhainne príobháideach – toimhde atá i bhfabhar díolachán inacmhainne. Tá caidhp 30% luaite leis an mbeartas seo do thithíocht shóisialta. 30% chun coigeartú méide a chur san áireamh anois agus Cuid V freisin (10% nó 20%). Dá réir sin, is díolachán príobháideach, díolachán inacmhainne agus/nó cíós de réir costais do theaghlaigh atá ag obair a bheidh in 70% (50%+20%) ar a laghad. Baineann an beartas seo le gach scéim lena mbaineann sprioc de bhreis is 40 aonad.

Suímh phíblíne do Thithíocht Shóisialta

Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh riachtanas an Stáit maidir le tithíocht phoiblí agus an sprioc do Luimneach go mbeadh 2,693 teach nua ann faoi 2026 faoi 'Tithíocht do Chách'. Tá an Chomhairle dírithe ar sholáthar tógála nua a mhéadú go suntasach agus bogadh ar shiúl ó sheachadadh trí léasú fadtéarmach agus aonaid a fháil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar mhargadh na gceannaitheoirí céaduaire.

Tar éis dul i gcomhairle leis an RTRÁO, d'fhoilsigh an Chomhairle a Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta deiridh i mí Lúnasa 2022, ina leagtar amach píblíne láidir soláthair idir 2022 agus 2026 chun a chinntiú go sroicheann gach lonnaithe laistigh den Chathair agus den Chontae a sprioc shannta.

Faoi 2026, táimid muiníneach go mbainfear amach ár sprioc sholáthartha maidir le tithíocht shóisialta de 2,693 teach. Ina theannta sin, tá foráil á déanamh ag gach scéim nua faoi stiúir na Comhairle go ndearfar 15% de réir chaighdeán an Dearaidh Uilíoch ionas gur féidir leis freastal ar riachtanais an réimse is leithne tionóntachtaí is féidir (daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta etc.).

Tithe Lándéanta Réamhcheannaigh le haghaidh Tithíocht Inacmhainne agus Tionacht Mheasctha

Seoladh dhá fheachtas Tithíochta Inacmhainne in 2024, ina lorgaíodh tógálaithe tí agus forbróirí tithíochta i gcathair agus i gcontae Luimnigh chun machnamh a dhéanamh ar thithe nó árasáin neamhthógtha le cead pleanála a thairiscint do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi shocrú lándéanta réamhcheannaigh. Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarracht páirt a ghlacadh i socruithe réamhcheannaigh chun tithe lándéanta a fháil i gceantair ina bhfuil an gá, go háirithe an gá atá le tithíocht inacmhainne, níos géire. Bhí na feachtais dírithe ar dheiseanna réamhcheannaigh do 10 dteaghais ar a laghad agus do 150 teaghais ar a mhéad in aon scéim amháin.

D'fhéach Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le haontú roimh ré ar chomhaontú maidir le réamhcheannach réadmhaoiné lándéanta neamhthógtha 'lasmuigh den phlean' sna ceantair seo a leanas:

- Mainistir na Féile
- Áth Dara
- An Brú
- Cathair Chinn Lis
- An Cheapach Mhór
- Caisleán Uí Chonaill
- Dún Bleisce
- An tOspidéal
- Cill Mocheallóg
- Cathair Luimnigh (gach ceantar lena n-áirítear bruachbhailte)
- An Caisleán Nua

TCuireadh na deiseanna réamhcheannaigh seo i bhfeidhm chun soláthar a dhéanamh do sheachadadh luathaithe tithíochta go ginearálta,



Mainéar Ros na Réilean

agus go príomha, chun tithe inacmhainne a sholáthar d'iaratasóirí incháilithe arna n-ainmniú ag an údarás áitiúil i gceantair inar aithníodh riachtanas suntasach inacmhainne. Leanadh ar aghaidh ag obair ar scéimeanna ceannaigh inacmhainne i mBrú na Gruadan, Caladh an Treoigh, Luimneach (25 aonad ceannaigh inacmhainne) agus Mainéar Ros na Réilean, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh (21 aonad ceannaigh inacmhainne) i rith 2024. Seoladh Céim 2 - 4 de Bhrú na Gruadan, Caladh an Treoigh, Luimneach in 2024 mar aon le scéim de sheacht n-aonad ceannaigh inacmhainne (Céim 1) i bPlás an Chaisleáin, An Caisleán Nua, Contae Luimnigh. Cuireadh píblíne bhreise d'aonaid cheannaigh inacmhainne ar aghaidh, trí léirithe spéise i réadmhaoine lándéanta a d'fhéadfadh a bheith ann roimh ré, le tógálaithe tithe agus forbróirí le linn 2024 d'fhonn iad a chur chun cinn mar scéimeanna tithíochta inacmhainne sa todhchaí.

Cuireadh píblíne bhreise d'aonaid cheannaigh inacmhainne ar aghaidh, trí léirithe spéise i réadmhaoine lándéanta a d'fhéadfadh a bheith ann roimh ré, le tógálaithe tithe agus forbróirí le linn 2024 d'fhonn iad a chur chun cinn mar scéimeanna tithíochta inacmhainne sa todhchaí.

Chun na scéimeanna tithíochta inacmhainne a sheoladh i bPlás an Chaisleáin agus sa Chaisleán Nua, cruthaíodh tairseach ar líne chun iarratais ar an scéim tithíochta inacmhainne a chur isteach.

Comhpháirtíochtaí leis an Earnáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CTC) chun Tithíocht ar Cíos de réir Costais agus Laghdú Méide a Sholáthar

Chomh maith le soláthar spriocdhírithe na n-aonad tithíochta sóisialta faoi 2026 faoi 'Tithíocht do Chách', is príomhchuspóir eile é soláthar leathnaithe tithe nua agus inacmhainne. Tá clár oibre uailmhianach á leagan amach ag an Stiúrthóireacht Tithíochta chun soláthar tithe príobháideacha nua a mhéadú agus go háirithe tithe inacmhainne nua do theaghlaigh tosaithe agus do phríomhoibrithe ar shuímh oiriúnacha atá faoina úinéireacht sa chathair.

Scéim Nua Ceannaigh ag Tionóntaí Incriminteach do Thógáil Nua

I mí an Mheithimh, sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tríú Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí Incriminteach do Thógáil Nua i bPáirc Dhál gCais, Maigh Rois, Luimneach. Tá an scéim seo dírithe ar thionóntaí agus ar theaghlaigh reatha de chuid an Údaráis Áitiúil agus an CCT atá ag baint tairbhe as ÍCT agus SCC agus soláthraíonn an scéim an deis do dhaoine chun tithe margaidh lascainithe a cheannach. Is féidir teach nuathógtha a cheannach ag ráta lascaine idir 40 - 60% ag brath ar bhanda ioncaim iaratasóirí incháilithe. Tá na háiteanna cónaithe sin suite gar do roinnt scoileanna, lena n-áirítear coláiste tríú leibhéal agus tá siad achar gearr de shiúl na gcos ó Pháirc Thuamhan. Tá gairdíní móra ag cúl na dtithe, ardleibhéil d'insliú urláir, balla agus dín mar aon le teaschaidéil aeir is uisce.

Seoladh an ceathrú Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí Incriminteach do Thógáil Nua i bPlás an Bháicéaraigh, Sráid an Droichid, Cnoc Loinge, Co. Luimnigh i mí na Nollag. Tá meascán de réadmhaoine móra, trí agus ceithre sheomra leapa, ar fáil ag praghsanna lascainithe d'iaratasóirí incháilithe. Is deis mhaith iad na háiteanna cónaithe sin do theaghlaigh chun socrú síos agus tá siad suite gar don Ospidéal, Cill Mocheallóg agus An Gallbhaile. Tá gairdíní cuil móra agus príobháideacha ar fáil leis na tithe seo agus tá rátáil RFF A luaite leo.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna)

Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sholáthraíonn agus a bhainistíonn tithíocht ar ardchaighdeán ar chíosanna inacmhainne do theaghlaigh ar liostaí feithimh tithíochta an Údaráis Áitiúil.

Samplaí de CCTanna i Luimneach: CTR Arlington Novas na hÉireann, CTR Chlann Shíomóin an Iarthair Láir, CTR Chumann Tithíochta Deonach Áth an tSléibhe, CTR Chumann Tithíochta Pobail Dhrom Collachair, CTR Chumann Tithíochta Focus, CTR Tithe do Dhaoine Scothaosta an Ghleanna, CTR Chumann Tithíochta Clúid. Oibríonn CCTanna i ndlúthpháirt le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun a gcuid spriocanna tithíochta a chomhlíonadh faoi Tithíocht do Chách.

Cuireann an Scéim Cúnaimh Caipitil maoiniú ar fáil do CCTanna chun tithíocht a sholáthar do ghrúpaí tosaíochta - Daoine Scothaosta, Daoine gan Dídean agus Daoine faoi Mhíchumas - trí iasacht suas le 100% a chur ar fáil. Níl na hiasachtaí sin le haisíoc, ar choinníoll go leantar den chóiríocht a ligean le catagóirí incháilithe daoine agus go bhfuil an chóiríocht á cothabháil i gceart.

Is áis í Scéim na Saoráide Réamhléasaithe Caipitil atá ar fáil chun cabhrú le CCTanna rochtain a fháil ar chistiú iasachta príobháideach nó na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta (GAT) chun aonaid a cheannach agus a thógáil a chuirfear ar fáil ansin le haghaidh tithíocht shóisialta faoin tionscnamh léasaithe.

Faoin Scéim Morgáiste go Cíos (MGC) is féidir le hiasachtaí a bhfuil riaráistí morgáiste acu iarratas a dhéanamh le bheith ina dtionóntaí tithíochta sóisialta de chuid CCT. Díoltar an réadmhaoin leis an CCT, a léasaíonn an réadmhaoin ar ais do na hiasachtaí.

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (ÚRCCT) in 2021 chun Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a fheidhmíonn go náisiúnta a rialáil. Tá ról áitiúil maoirseachta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rialú na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus faoi láthair tá thart ar 53 Comhlacht Tithíochta Faofa ag

feidhmiú i gCathair agus i gContae Luimnigh. De réir an Iníúchta Áitíochta CCT is déanaí don bhliain 2022, tá 2,404 teach i Luimneach faoi úinéireacht, á léasú agus á mbainistiú ag CCTanna le chéile, agus tá aonaid nua ag méadú go leanúnach gach bliain trí na scéimeanna thuasluaite.

Ceannacháin

Is meicníocht éifeachtach seachadta soláthartha tithíochta é Fáil Tithíochta i gcónaí. Ag cuimhneamh ar cheannaitheoirí céaduaire, ar an ngá atá le seilbh fholamh agus boilsciú ar phraghsanna tithe, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag díriú ar thithe atá folamh ar feadh tréimhsí fada agus i gceantair ina measann an margadh príobháideach nach inmharthana athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin den sórt sin chun iad a athghníomhachtú. Tháinig méadú ar Fhógraí Fágála in 2024 agus bhí cead tarmilgthe ag an gComhairle ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chun tithe a cheannach ina raibh an tionónta i mbaol easpa dídine. Is féidir le CCTanna rochtain a fháil fós ar chistiú le haghaidh aonad a fhaightear faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) agus faoi shruthanna na Saoráide Réamhléasaithe Caipitil (SRC) ach tá teorainn leis an sprioc náisiúnta fhoriomlán faoi 'Tithíocht do Chách'.

Tionónta-in-Situ

Bhí scéim tionónta-in-situ á reáchtáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rith 2024. Faoin scéim sin, is féidir le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, réadmhaoin a cheannach i gcás ina bhfuil tionónta atá incháilithe le haghaidh tithíocht shóisialta (e.g. faighteoirí ÍCT/SCC, atá ar liosta feithimh tithíochta sóisialta na Comhairle) i ndiaidh fógra fágála bailí a fháil, agus nach féidir léi cóiríocht mhalartach a chur ar fáil.

Déanaimid iarracht a fháil amach an bhfuil an tiarna talún toilteanach an áit chónaithe a dhíol le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Agus má tá, cinnteoidimid go bhfuil an teach atá ar fáil oiriúnach do na tionóntaí, chomh fada is a bhaineann le méid agus bail. Chomh maith leis sin, cinnteoidh an Chomhairle go bhfuil luach an tí

laistigh de raon luachála margaidh neamhspleách, agus go ndéantar cigireacht air chun cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal oibre a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh Caighdeán Chíos Tithíochta Sóisialta á gcomhlíonadh.

Nuair a bheidh an méid thuasluaite curtha i gcrích leanaimid ar aghaidh leis an bpróiseas tairisceana agus má tá an t-úinéir sásta glacadh lenár dtairiscint, leanaimid ar aghaidh leis an díolachán agus téann na haturnaetha i mbun oibre. Déantar monatóireacht sheachtainiúil ar an bpróiseas trí chruinnithe inmheánacha agus seachtracha chun a chinntiú go leantar ar aghaidh leis an obair chomh tapa agus is féidir.

Léasú

Faoi 'Tithíocht do Chách' tugadh faoi na sruthanna léasaithe seo a leanas in 2024;

- An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (SDL)
Tá an scéim dírithe ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana féin. Ní mór do réadmhaoine a bheith folamh ar feadh bliana ar a laghad, agus ní mór d'úinéirí réadmhaoine agus conraitheoirí atá fostaithe faoin scéim a léiriú go bhfuil siad comhlíontach ó thaobh cánach de trí dheimhnithe imréitigh cánach a sholáthar ach iad a iarraidh. Naoi n-aonad a bhí luaite leis an sprioc Deisiúcháin agus Léasaithe i gcomhair 2024.

Teastóidh leibhéal íseal infheistíochta ó na haonaid idéalacha a bhfuil SDL ag díriú chun iad a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach le ligean ar cíós. Níor cheart go mbeadh costas deisiúcháin chaipitiúil ar aonad aonair cothrom le níos mó ná €80,000 (CBL san áireamh). Ní mór do gach léas díreach a bheith ar feadh tréimhse idir 5-25 bliana. Ní bheidh aon téarmaí níos giorra incháilithe. Déanfar costas na ndeisiúcháin a fhritháireamh in aghaidh na híocaíochta cíosa comhaontaithe go dtí go n-aisíocfar luach na n-oibreacha.

Leathnaíodh an scéim SDL a chuir deireadh leis an riachtanas nach mbeadh úinéir réadmhaoine in ann maoiniú a chuir ar fáil a nó rochtain a

fháil ar mhaoiniú chun réadmhaoine fholamh a thabhairt i gcomhréir le Rialacháin na dTithe (Caighdeán do Thithe ar Cíos), 2019.

Bhain an modhnú seo le catagóirí áirithe réadmhaoine folmha amháin. Is iad sin ná:

- Maoine tráchtála folamh;
- Aonaid fholmha a bhaineann le réadmhaoine tráchtála (e.g. os cionn siopa);
- Iarfhoirgnimh institiúideacha fholmha agus
- forbairtí neamhchríochnaithe atá folamh ar feadh tréimhse shuntasach ama.

Rinneadh an fhorbairt ar bhonn píolótach. Bhí cead le fáil ón údarás áitiúil nó ón RTRÁO, más cuí. Cuireadh síneadh le tréimhse an tionscadail píolótaigh go dtí an 30 Meitheamh 2024.

- Comhaontuithe Cíosa Gearrthéarmacha (cineál SCC)
Úsáidtear Comhaontuithe Cíosa Gearrthéarmacha (cineál SCC) chun infhaighteacht maoine faoi úinéireacht phríobháideach a chinntiú chun críocha tacaíochta tithíochta sóisialta. Ba é 20 aonad an sprioc a bhí luaite leis an gComhaontú Cíosa Ghearrthéarmaigh i gcomhair 2024. Tá an socrú i bhfoirm sraith conarthaí idir úinéir réadmhaoine, údarás tithíochta agus tionónta. Is iondúil go mbíonn na socruithe ann ar feadh tréimhsí suas le 10 mbliana, ach is féidir leo a bheith ar feadh ré na tionóntachta reatha amháin. Tá na socruithe struchtúrtha ionas gur féidir leis an údarás tithíochta tionóntaí a leithdháileadh ar an réadmhaoine fad is atá dualgas ar úinéir na réadmhaoine a bheith ina t(h)iarna talún ar an tionónta atá ainmnithe ag an údarás tithíochta.
- Morgáiste go Cíos
Is scéim rialtais í an scéim Morgáiste chun Cíosa (MCC), a chabhraíonn le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Ligeann sé d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu aistriú óna dteach a bheith acu chun a dteach a ligean ar cíós mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Is rogha tithíochta sóisialta í an scéim MCC nach bhfuil ar fáil ach amháin má tá ceann amháin incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta agus mura bhfuil an morgáiste inbhuanaithe. Chun cáiliú don scéim, ní mór d'úinéir na réadmhaoine páirt a ghlacadh i bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) a n-iasachtóra, próiseas ina gcaithfidh an t-iasachtóir agus an t-úinéir páirt a ghlacadh chun iarracht a dhéanamh a ndeacrachtaí airgeadais a réiteach.

Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh ar a dteach a ghéilleadh go deonach dá n-iasachtóir morgáiste a dhíolann láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar cíós é ansin don teaghlach. Rachaidh na fáлтаis ó dhíol na réadmhaoine leis an gcumann tithíochta i dtreo an fhiachais morgáiste agus déanann an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir maidir le haon íocaíochtaí atá fágtha, más ann dóibh. D'fhéadfaí an teach a cheannach ar ais tar éis tréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh.

- Léasú Fadtéarmach
I gcomhair céatadáin de chíos margaidh cuireann úinéir réadmhaoine áit chónaithe ar fáil d'údarás áitiúil i gcomhair tréimhse idir 10 agus 25 bliain. Faoin socrú, is é an t-údarás tithíochta tiarna talún an fhothionónta (teaghlach cáilithe) agus tá sé freagrach an taobh istigh den réadmhaoine a chothabháil. Bíonn úinéir na réadmhaoine freagrach as struchtúr na réadmhaoine. Tá 25 aonad a bhaineann le sprioc Léasaithe Fhadtéarmach Tithíocht do Chách sannta don údarás áitiúil i gcomhair 2024 agus 2025.
- Taighde agus Foirmiú Beartais
Seoladh Straitéis Náisiúnta Nua Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 –2027 (SNTDM) an 14 Eanáir 2022 agus leagtar amach go soiléir fíís an Rialtais maidir le soláthar tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas sna cúig bliana amach romhainn.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh bailchríoch ar an bPlean Straitéise Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas go luath in 2022. Is í an fhís atá ag Plean Straitéise Míchumais Tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ná rochtain a éascú, do dhaoine faoi mhíchumas, ar an raon cuí tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara, a sholáthraítear ar bhealach comhtháite agus marthanach, a chuireann comhionannas deiseanna, rogha aonair agus maireachtáil neamhspleách chun cinn.

Tá gach scéim nua de chuid na Comhairle ag dearadh 15% d'aonaid iomlána go caighdeán an Dearaidh Uilíoch, ar caighdeán sásúil do chathaoireacha rothaí é. 1.8m ciorcail casadh do chathaoireacha rothaí sa chistin, ina gcónaí, seomra folctha, seomraí leapa agus halla. Tá achar urláir +12m² os cionn íoschaighdeán achar urláir.

Mar chuid den Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 agus 'Téama 2 – Comhoibriú Idirghníomhaireachta agus Soláthar Tacaíochtaí', tionóladh an chéad chruinniú de Ghrúpaí Idirghníomhaireachta Réigiúnacha ar an 27 Meán Fómhair.

Is é ról na nGrúpaí seo ná ionadaithe tiomnaithe míchumais na n-údarás áitiúil agus ionadaithe tiomnaithe tithíochta FSS do Sheirbhísí Míchumais agus do Sheirbhísí Meabhairshláinte araon a thabhairt le chéile chun comhoibriú agus comhar a cheadú ar leibhéal oibriúcháin. Tugann an Grúpa Idirghníomhaireachta Réigiúnach deis do pháirtithe leasmhara a oibríonn in údaráis áitiúla agus FSS oibriú le chéile, caidrimh a fhorbairt, eolas a fheabhsú laistigh dá n-eagraíochtaí, modhanna dea-chleachtais a roinnt, agus soláthar éifeachtach tithíochta agus tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas a chur i bhfeidhm ina gceantair.

Tionóladh cruinnithe ráithiúla den Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (GSTM) in 2024 le príomhsholáthraithe seirbhíse (FSS, Gortú Inchinne Faighte na hÉireann, Cumas Éireann, Bráithre na Carthanachta agus príomhsholáthróirí seirbhíse eile). Chomh maith leis sin, bunaíodh foghrúpa GSTM in 2024 idir Comhairle Cathrach agus Contae

Luimnigh agus FSS chun cásanna tosaíochta a phlé. Thángthas ar chomhaontú maidir le meabhrán tuisceana idir an bheirt pháirtithe leasmhara chun déileáil le cásanna míchumais amach anseo.



Oibreacha feabhais i gCéide Radharc an Chnoic



Cnoc Uí Choileáin



Athchóiriú Chill Fhionáin



Cluain Maicín

Clár Tithíochta CLISTE

Déantar cur síos i gClár Mhéara Luimnigh 2024 – 2029 ar fhís agus ar chuspóir soiléir chun déileáil leis an nganntanas tithíochta atá ann faoi láthair trí úsáid a bhaint as réitigh ghearrthéarmacha, mhodúlacha tithíochta “SMART”, a sholáthróidh roghanna cíosa inacmhainne mar bheart idirthréimhseach ar láithreáin ghearrshaolacha fad is a bhíonn daoine ag fanacht ar réitigh thithíochta fhadtéarmacha. Tugtar tús áite sa phlean seo do chur chuige nuálach agus inbhuanaithe, cosúil le haonaid tithíochta mhodúlacha, agus é mar aidhm cúpla míle aonad a chur ar fáil ag brath ar an éileamh sa mhargadh tithíochta áitiúil nach bhfuil á chomhlíonadh ag modhanna traidisiúnta soláthair sa ghearrthéarma agus sa mheántearma.

Seasann ‘SMART’ do thithíocht idirthréimhseach chíosa inacmhainne mhodúlach ghearrthéarmach.

Is í an sprioc atá ann tús a chur le tailte stáit a ghníomhachtú agus bonneagar a bhunú a chumasaíonn forbairt amach anseo, agus a chinntiú gur féidir le cónaitheoirí nua socrú isteach i bpobail atá bunaithe cheana féin nó ag forbairt go tapa. Chomh maith leis sin, oibreoidh an tsamhail seo le fostóirí/institiúidí oideachais móra atá toilteanach infheistiú i ngníomhachtú talún dá bhfoirne oibre/mic léinn.

Lena chois sin, bainfidh an plean tairbhe as imeachtaí móra atá le réachtáil go luath, cosúil le Corn Ryder, chun dlús a chur le príomhthionscadail bhonneagair, cosúil le cóiríocht mhodúlach

d’oibrithe, ar féidir athearraíocht a bhaint aisti i gcomhthéacs stoc Luimnigh chun cabhrú leis an mbrú tithíochta a mhaolú.

Cuireadh tús leis an obair ar an gclár seo i rith 2024 agus cuireadh na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:

- Cuireadh tús le teagmháil mhargaidh shuntasach le déantóirí, dearthóirí, ailtirí, comhlachtaí gairmiúla agus saíneolaithe eile a bhfuil taithí acu ar Mhodhanna Tógála Nua-aimseartha ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe.
- Cuireadh cás-staidéir a bhain leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Eoraip i gcrích.
- Reáchtáladh ceardlann do na Comhaltaí Tofa.
- Bunaíodh meitheal leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a thagann le chéile ar bhonn seachtainiúil.
- Cuireadh an próiseas soláthair a bhain le comhairleoirí a cheapadh i gcrích chun an Réamhchás Gnó a ullmhú.
- Cuireadh an próiseas soláthair a bhain le comhairleoirí pleanála baile i gcrích chun comhairle shonrach a chur ar fáil maidir le Tithíocht SMART agus chun measúnú inacmhainneachta a dhéanamh.
- Cuireadh tús le tasc fiosrúcháin chun cabhrú le tuairimí lucht an tionscail a bhailiú maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le Modhanna Tógála Nua-aimseartha a sholáthar a chabhróidh chun treoir a ullmhú do chonarthaí amach anseo.

An aerial photograph of a multi-lane highway interchange with several cars visible. The image is partially covered by large, overlapping green geometric shapes (triangles and polygons) on the left side, creating a modern, abstract design.

IOMPAR AGUS SOGHLUAISTEACHT



IOMPAR AGUS SOGHLUAISTEACHT

Tá ról ríthábhachtach ag an Stiúrthóireacht Iompair agus Soghluaisteachta maidir leis an mbonneagar iompair a sholáthar do Chathair agus do Chontae Luimnigh.

Tá an Stiúrthóireacht i gceannas ar bhonneagar iompair ardchaighdeán a fhorbairt do Luimneach, cothabháil laethúil an ghréasáin bóithre agus forbairt roghanna taistil inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin tá ról mór aici maidir leis an athrú aeráide a mhaolú.

Tá an Stiúrthóireacht Iompair agus Soghluaisteachta freagrach as beartas agus straitéis agus tacaíonn sí agus riarann sí an Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) Taistil agus Iompair. Tá an príomhról ag an Stiúrthóireacht maidir le tosaíocht agus maoiniú a thabhairt do gach mórthionscadal forbartha fisiciúla agus bonneagair a bhaineann le bóithre agus scéimeanna Taistil inbhuanaithe. Páirteach sa Stiúrthóireacht freisin tá Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir (ODBNIL), atá freagrach as mórthionscadail bhonneagair a chur ar fáil lena n-áirítear Scéim an N/M20 - Corcaigh go Luimneach agus an Bóthar idir Faing agus

Luimneach (lena n-áirítear seachbhóthar Áth Dara). Bainistíonn ODBNIL Glasbhealaí Luimnigh thar ceann BIÉ freisin.

Ina theannta sin, oibríonn an Stiúrthóireacht i ndlúthpháirt le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus leis an Roinn Iompair (RI) chun mórthionscadail bóithre agus clár suntasach de thionscadail taistil ghníomhaigh a sholáthar.

Chomh maith leis sin, oibreoidh an Stiúrthóireacht leis an ÚNI agus leis an bhfoireann chomhairleach chun bailchríoch a chur ar Dhréachtphlean Iompair Lár Chathair Luimnigh agus chun comhairliúchán poiblí a reáchtáil ag tús 2025.

Leanfaidh an Stiúrthóireacht ar aghaidh ag obair leis an ÚNI in 2025 ar mhaithe leis an líonra agus na seirbhísí Bus feabhsaithe atá beartaithe faoi Bus Connects a éascú agus chun cabhrú le Plean Taistil le haghaidh Cathair Luimnigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa Straitéis Iompair Mhórchéantar Uirbeach na Sionainne-Luimnigh (SIMUSL) chun nascacht agus soghluaisteacht inbhuanaithe a fheabhsú ar fud an réigiúin.

STRAITÉIS TAISTIL AGUS IOMPAIR

Plean Iompair Lár Chathair Luimnigh

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Comhairleoirí Jacobs, tar éis tús a chur le Plean Iompair nua Lár Chathair Luimnigh a fhorbairt, mar a shainordaítear le Cuspóir TR 046 de Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028.

Príomhchuspóirí

Is é cuspóir uileghabhálach an Phlean Iompair ná Lár Cathrach a chruthú ina mbeidh daoine ag iarraidh a bheith ina gcónaí ann, agus a bheith ag siopadóireacht, ag obair, ag infheistiú agus ag bualadh lena chéile ann. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, díreoidh an Plean ar riachtanais iompair Chathair Luimnigh, ag smaoineamh ar an bhfás dóchúil amach anseo i lár cheantar na cathrach agus ar riachtanais na cathrach chun a príomhbhealaí / príomhchonairí comaitéirí a éascú.

Nuair a bheidh an obair curtha i gcrích cuirfear Plean Iompair Lár Chathair Luimnigh i dtoll a chéile ina leagfar síos conas a athrófar an soláthar iompair chun cur i bhfeidhm Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 agus Straitéis Iompair Mórcheantar Uirbeach na Sionainne-Luimnigh (SIMUSL) araon a éascú agus tabharfar breac-chuntas ar shocruithe féideartha nua maidir leis an líonra iompair chun a chinntiú go bhfuil an soláthar iompair laistigh den chathair cothromaithe i dtreo gluaiseachta daoine agus earraí seachas i dtreo gluaiseachta feithiclí príobháideacha.

Tá ullmhú an phlean bunaithe ar sheacht gcéim atá sainithe go soiléir:

Céim	Stádas
1. Bunú	Críochnaithe
2. Raon Feidhme agus Cuspóirí a Bhunú (Suirbhé réamhdhréachta, Anailís ar bhearnaí san áireamh)	Críochnaithe
3. Measúnú Bonnlíne (Lena n-áirítear suirbhé miondíola, athbhreithniú beartais, forbheathnú ar Pháirceáil agus rochtain etc.)	Críochnaithe
4. Sainaithint agus Forbairt Roghanna (Samhaltú agus anailís ilchritéir, cás-staidéir etc. san áireamh)	Dul chun cinn maith déanta
5. Ullmhú an Phlean (measúnuithe comhshaoil san áireamh)	R4-2024
6. Comhairliúchán Poiblí (Rannpháirtíocht ó pháirtithe leasmhara san áireamh)	R1-2025
7. Tabhairt chun críche an Phlean	2025

Seachtain na Rothar 2024

Deis a bhí i Seachtain na Rothar 2024 do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) chun an rothaíocht a cheiliúradh agus a chur chun cinn mar mhodh inbhuanaithe iompair agus mar ghníomhaíocht spráúil fóillíochta. Reáchtáladh sceideal seachtaine d'imeachtaí rothaíochta saor in aisce idir an 11– 19 Bealtaine ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh.

Cuireadh tús le Seachtain na Rothar le turas rothaíochta teaghlaigh feadh bhrúach na habhann idir Ollscoil Luimnigh agus Lár na Cathrach ar an 12 Bealtaine. Chuir teaghlaigh tús lena n-aistear ag Teach Bád Ollscoil Luimnigh agus bhain siad taitneamh as uachtar reoite i bPáirc Uí Bhriain sular thug siad aghaidh ar an mbaile.

Ghlac breis is 100 rothaí páirt in Imeacht Rothaíochta Cathrach ag Éirí na Gréine ar an 17 Bealtaine. Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a d'eagraigh an t-imeacht i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh agus le Feachtas Rothaíochta Luimnigh. Cuireadh tús leis an imeacht ag Caisleán Luimnigh agus leanadh bealach aitheanta na dTrí Dhroichead. Cuireadh rothair saor in aisce ar fáil d'aoisigh agus do leanaí. I ndiaidh an imeachta, d'fhill gach duine ar Shráid Niocláis agus bhain siad taitneamh as uachtar reoite.

Ar an 18 Bealtaine, reáchtáladh ceardlann cothabhála rothar ar Ghlasbhealach Luimnigh ag Mol na Bearna áit ar fhoghlaím daoine de gach aois conas a chinntiú go raibh cuma na maitheasa ar a gcuid rothar. Ar an 19 Bealtaine, reáchtáladh ceardlanna cothabhála rothar ar Ghlasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh

Reáchtáladh lá rothaíochta agus spraoi do theaghlaigh i gCathair Luimnigh ar an 19 Bealtaine chun comórada dhéanamh ar Sheachtain Náisiúnta na Rothar. Reáchtáladh paráid ar shráideanna Luimnigh ar ghlac beagnach 100 rothaí páirt ann. D'fhág na rothaithe Páirc Ché Artúir chun tús a chur le lúb 4km na dTrí Dhroichead thart ar Chaisleán Luimnigh,

Droichead Thuamhan, Trá Mhic Fhlanncha, Trá Uí Cheallacháin agus Droichead na Sionainne. Chomh maith leis an bparáid rothar, bhain na sluaite taitneamh as tráthnóna siamsaíochta sa pháirc, as ceol agus as péintéirí aghaidhe. Bhí Gardaí as Stáisiún Gardaí Shráid Anraí ar fáil ar an lá chun faisnéis maidir le rothaíocht shábháilte a chur ar fáil. Bhí meicneoir rothar ar fáil freisin chun seiceálacha rothar agus mionobreacha deisiúcháin a dhéanamh roimh agus i ndiaidh an aistir rothaíochta.

Bhí deis ag Bunscoileanna agus ag Meánscoileanna as ar fud Luimnigh iarratas a dhéanamh ar thacaíocht chistithe chun imeachtaí a bhaineann le rothair a reáchtáil ar fud na cathrach agus an chontae. Reáchtáladh imeachtaí agus promóisin éagsúla le baill foirne agus le mic léinn, lena n-áirítear laethanta rothaíochta chun na scoile, paráidí rothar, seisiúin scileanna rothaíochta, comórtais maisithe rothar.



An tSeachtain Eorpach um Shoghluaisteacht

Tharla Seachtain Eorpach um Shoghluaisteacht idir an 16 agus 22 Meán Fómhair agus is tionscnamh é atá dírithe ar mhodhanna iompair inbhuanaithe agus gníomhacha a chur chun cinn. Le linn an fheachtais seachtaine seo, thug an Chomhairle gealltanais maidir le feasacht a ardú faoi shoghluaisteacht inbhuanaithe chomh maith le hathrú iompraíochta a spreagadh i dtreo modhanna iompair gníomhacha agus inbhuanaithe, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, socruithe carr-roinnte agus iompar poiblí.



An tSeachtain Eorpach um Shoghluaisteacht 2024

STRAITÉIS FEITHICLÍ LEICTREACHA

Chuir foireann na Straitéise Taistil agus Iompair Straitéis Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (FL) Luimnigh i gcrích. Sa straitéis baintear tairbhe as cur chuige réamhghníomhach chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chumhachta a bhfuiltear ag súil leo ar an líonra chomh maith le líon na bpointí luchtaithe a mbeidh gá leo chun tacú leis an méid feithiclí leictreacha ar fud Luimnigh, rud atá ag dul i méad de réir a chéile, a shocrú. I gcomhar le doiciméad straitéise a fhorbairt, tá dul chun cinn déanta ag Straitéis Iompair i dtaca le tionscadal píolótach luchtaithe FL a mbeidh oibríochtúil in 2025.

Plean Sábháilteachta Bóthair Luimnigh

Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána, Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Luimnigh - tionscnamh cuimsitheach a bhfuil sé mar aidhm leis cúrsaí sábháilteachta ar bhóithre i measc an phobail a fheabhsú.

Forbartha i gcomhpháirt le Grúpa ag Obair le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre Luimnigh, déantar cur síos sa phlean ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha a bhfuil sé mar aidhm leo imbhuailtí agus básanna ar bhóithre Luimnigh a laghdú.

Tá Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Luimnigh, ina gclúdaítear an tréimhse go dtí 2030, ailínithe le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 an Rialtais, agus tá gealltanais tugtha maidir le ‘Fís Nialais,’ agus is é an aidhm atá ann i ndeireadh na dála nach mbeadh aon duine ag fáil báis nó á g(h)ortú go dona ar na bóithre faoin mbliain 2050. Tá an straitéis bunaithe ar chur chuige ‘Córas Sábháilte’, a mheastar gurb ionann é agus an dea-chleachtas ar fud an domhain chomh fada is a bhaineann le straitéisí um shábháilteacht ar bhóithre a chur i bhfeidhm. I measc phríomhaidhmeanna Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Luimnigh tá timpeallachtaí bóithre níos sábháilte a chruthú, comhar i measc gníomhaireachtaí a fheabhsú, tacú le hiompar freagrach úsáideoirí bóithre trí oideachas agus trí fheasacht, agus tacú le cuspóirí náisiúnta um



Grúpa ag Obair le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre

shábháilteacht ar bhóithre. Bhí ról lárnach ag an nGrúpa ag Obair le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar a raibh ionadaithe ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Garda Síochána, Seirbhísí Éigeandála agus Eagraíochtaí Pobail, maidir leis an bplean a fhorbairt. Is fianaise é a ndíograis siúd ar thiomantas comhroinnte chun athrú dearfach a chothú agus chun sábháilteacht ar bhóithre i Luimneach a fheabhsú.

Bóthar Mhuileann na Fola

I rith 2024, fuarthas cead ón mBord Pleanála do Scéim Sínte Bóthair Mhuileann na Fola. San áireamh san fhorbairt cheadaithe cuirfear bóthar ceangail nua agus feabhsaithe i gcrích agus i bhfeidhm, a fhreastalóidh ar iompar poiblí, naisc do rothaithe agus do choisithe sa cheantar.

Spreagfaidh an scéim do dhaoine tairbhe a bhaint as níos mó roghanna iompair inbhuanaithe trí bhonneagar bóthair níos sábháilte a chur ar fáil d'úsáideoirí bóithre leochaileacha. Soláthróidh an scéim saoráidí ar ardchaighdeán do choisithe, do rothaithe agus do dhaoine maol-luaineachta, agus é mar aidhm aistriú modha iompair a spreagadh ó úsáid a bhaint as an gcarr príobháideach go dtí úsáid a bhaint as roghanna taistil ghníomhaigh níos inbhuanaithe cosúil le siúl agus rothaíocht.

San áireamh sa tionscadal seo tá tóchar nua á fhorbairt trasna ar Shruth Thamhlachtan.

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála i mí Dheireadh Fómhair, 2024 agus tá sé beartaithe an tionscadal a chur i gcrích i Ráithe 1, 2025.



Scéim Sínte Bóthair Mhuileann na Fola

BusConnects Limerick

Leanadh ar aghaidh ag obair ar BusConnects Luimnigh le linn 2024 agus is príomhchuid de bheartas an Rialtais atá ann chun iompar poiblí a fheabhsú agus chun déileáil leis an athrú aeráide in ionaid uirbeacha mhóra na hÉireann. I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an líonra bus nua deiridh do Luimneach. Cuirfear an líonra i bhfeidhm ar chur chuige céimnithe ó 2025 ar aghaidh. Áirítear ar phríomhbhuntaistí an líonra nua:

- Méadú de thart ar 70% ar líon na seirbhísí bus i gcathair Luimnigh agus a bruachbhailte.
- Leathnú ar sheirbhísí bus go ceantair nua le tuilleadh bealaí.
- Seirbhís bus nua 24 uair an chloig a n-oibrítear idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach agus Ollscoil Luimnigh.

Chuir an Chomhairle tús le hidirchaidreamh, anailís láithreáin, athbhreithnithe roghanna bealaí le foireann deartha an ÚNI agus é mar aidhm na seirbhísí feabhsaithe a chur chun feidhme as seo go ceann dhá bhliain.

Bóthar Dáileacháin ó Uí Chuanach go Cnoc an Lisín

Bronnadh an Tairiscint don Bhóthar Dáileacháin idir Uí Chuanach agus Cnoc an Lisín ar Wills Bros Teo ag deireadh 2024. Tá sé beartaithe tús a chur le hoibreacha i Ráithe 1, 2025. Tógfaidh sé thart ar 24 mí an scéim iomlán a thabhairt chun críche, arna miondealú ina 2 Chéim.

I gCéim a hAon críochnófar an Débhealach Príomhlíne ó Chroaire Ó gCuanach go Bóthar Chnoc an Lisín lena n-áirítear oibreacha ar Sheanbhóthar na Creatalaí agus Nascbhóthar nua Mhaigh Rois-Tréimhse 12 mhí atá ag súil leis.

Is éard atá i gCéim a Dó ná tabhairt chun críche na hatógála bóthair iomláin idir Bóthar Chnoc an Lisín agus Crois Theach na Foraire lena n-áirítear atógáil Dhroichead Iarnróid Bhaile na Neanta - obair a mheastar a thógfaidh 12 mhí.

TAISTEAL GNÍOMHACH

Tá an fhoireann Taistil Ghníomhaigh, trí chistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), ag leanúint ar aghaidh le líonraí rothaíochta agus coisithe Luimnigh a uasghrádú agus a fhorbairt in 2024. Leithdháil an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú luach €21 milliún don Fhoireann Taistil Ghníomhaigh i gcomhair 2023. Bhí na cistí iarbhair a tarraingíodh anuas ón Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhair 2024 cothrom le €27.3m. Bhí sé sin indéanta de bhrí nach raibh cistiú leithdháilte ar údarais áitiúla eile tarraingthe anuas, rud a cheadaigh do Luimneach cistiú breise a fhorchúiteamh ó leithdháileadh caipitil iomlán an Rialtais don chaiteachas taistil ghníomhaigh. Tarraingíodh anuas an cistiú barrachais i ndáil le caiteachas tabhaithe incháilithe.

Meastar gur cuireadh thart ar 13 chiliméadar de bhonneagar Taistil Ghníomhaigh i gcrích sa chathair agus sa chontae ó bunaíodh an fhoireann in 2021. Táthar ag díriú ar an bpróiseas deartha do 21km breise (nó mar sin) de bhonneagar Taistil Ghníomhaigh.

Scéimeanna Críochnaithe

Scéim um Athnuachan Shráidbhaile Thobar Phádraig

Cuireadh na hoibreacha seo i gcrích agus seoladh go hoifigiúil iad i mí Eanáir 2024. Tá tús áite tugtha do choisithe i gcur i bhfeidhm na scéime le pointí trasnaithe rialaithe agus línte radhairc níos fearr chun críocha sábháilteachta. Tá bearta maolaithe tráchta curtha ar fáil freisin, chomh maith le stadanna bus i lár an tsráidbhaile, ag cur áiseanna chun aistriú modha a spreagadh sa phobal ar fáil. Barrfheabhsaíodh deiseanna chun nascadh le forbairtí reatha sa sráidbhaile, lena n-áirítear plás mór a oscailt os comhair an Ionaí Pobail atá le síneadh chuig imeall an bhóthair a shíneadh agus suíocháin agus crainn aibí a chur ar fáil. Beidh an spás feabhsaithe nua seo a chuirtear ar fáil faoin scéim mar phointe fócais don sráidbhaile, is cuirfidh sé leis an méid atá fáil san ionad pobail ar nós imeachtaí faoin aer amhail margáí agus seisiúin cheoil.



Scéim um Athnuachan Shráidbhaile Thobar Phádraig



Scéim um Athnuachan Shráidbhaile Thobar Phádraig

Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Childers

Cuireadh an Scéim ar fáil in dhá chéim

1. idir Bóthar Chill Mocheallóg agus Timpeallán Bhaile an Róistigh (curtha i gcrích in 2023)
2. idir Timpeallán Bhaile an Róistigh agus acomhal Bhóthar Bhéal Átha na Cora (curtha i gcrích in 2024)

Cuireadh an dara céim den tionscadal i gcrích agus seoladh na hoibreacha foriomlána i mí Aibreáin 2024. Áiríodh ar na hoibreacha sin:

- Deighilteoirí lána rothar a shuiteáil
- Acomhail a dhéanamh níos cúinge
- Pointí trasnaithe nua do choisithe ag Timpeallán Bhaile an Róistigh
- Cosáin a leathnú agus oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar mhaithe le hinrochtaineacht



Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Childers



Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Childers

- Oibreacha tírdhreacha lena mbaineann
- Boird mhéadaithe agus acomhal in aice le bóthar friothálach ar leith
- Oibreacha feabhais os comhair scoileanna ag scoileanna áitiúla

Oibreacha chun trasbhealaí agus cosáin ag an mbealach isteach chuig Scoil Náisiúnta Bhanríon na Síochána i mBaile Shinéad a fheabhsú agus ag Scoil Náisiúnta Mhuire Lourdes, Bóthar Ros Uí Bhriain, mar chuid den Scéim. Chomh maith leis sin, rachaidh na hoibreacha sin chun tairbhe leanaí atá ag freastal ar champas Scoil na mBodhar an Iarthair Láir.

Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Athar Ruiséil

Cuireadh an Scéim i gcrích agus seoladh go hoifigiúil í i mí Dheireadh Fómhair 2024. Leis an nasc cuirtear lánaí rothar leithscartha ar dhá thaobh an bhóthair ó Chrois Uí Chuinn go dtí acomhal limistéar cónaithe Ghabhal an Dá Bhóthar ar fáil. Déanfar uasghrádú freisin ar an gcosán agus ar na saoráidí rothaíochta ag Timpeallán Pháirc an Ráis, mar aon le feabhsuithe foriomlána ar áiseanna trasrianta do choisithe agus do rothaithe ag acomhail.

Rinneadh uasghrádú ar na stadanna bus feadh an bhealaigh, rud a chuireann leis an tseirbhís reatha 301 Bus Éireann a stopann ar an mbóthar. Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar acomhail taoibh agus rinneadh dromchlú bóthair nua freisin, rud a fheabhsóidh sábháilteacht do gach úsáideoir bóthair feadh Bhóthar an Athar Ruiséil.

Tá feabhsuithe suntasacha tírdhreachaithe san áireamh sa tionscadal, rud a chuirfidh le tarraingteacht amhairc an cheantair.



Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Athar Ruiséil



Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Athar Ruiséil

Scéimeanna Um Ghéarú Acomhal/Trasrianta Coisithe

Cuireadh Scéimeanna um Ghéarú Acomhal agus Trasrianta coisithe ar fáil sna ceantair seo a leanas:

- Scoil Náisiúnta Chill Díoma
- Scoil Náisiúnta Eas Géitine
- Mainistir na Féile
- An Caisleán Nua
- Dún Bleisce
- Scoil Náisiúnta Chnoc Áine



Scoil Náisiúnta Eas Géitine



Cosán an Átha Leacaigh

Bearta Tréscailteachta

Bearta tréscailteachta, chun tacú le gluaiseacht éasca daoine ar mian leo a bheith ag siúl, ag taisteal ar rothaí agus ag rothaíocht, sna ceantair seo a leanas:

- Brú Rí
- Cúirt an Choláiste, Caladh an Treoigh
- Ardán Sheanáin, Cromadh
- Lána Courtenay, An Caisleán Nua
- An tÁth Leacach

Bailte agus Sráidbhailte

Tá sé de chúram ar an bhfoireann um Thaisteal Gníomhach, le maoiniú ón Udarás Náisiúnta Iompair, bonneagar nua agus uasghrádaithe do choisithe a sholáthar ar fud na gceithre Cheantar Bhardasacha de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá maoiniú don Scéim á roinnt go cothrom ar cheithre Cheantar Bhardasacha Luimnigh. Ansin, cuirtear na tionscadail i gcrích tríd an Rannóg Bóithre, Tráchtá agus Glantacháin. Cuireadh tionscadail i gcrích sna ceantair seo a leanas in 2024:

Ceantar Bardasach Cathrach – Bailte agus Sráidbhailte:

- Páirc an Choláiste/Páirc Janemount, An Corrbhaile
- Coillte Ashleigh, An Baile Nua
- R511 Baile na Cloiche
- Faiche an Aonaigh, Saingeal
- Céide an Ghallchnó, Cathair Dháibhín
- Caisleán Uí Chonaill
- Bóthar Abhainn Mhór, An Ráithín
- Clár Aidhne
- Drom Banne

Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola – Bailte agus Sráidbhailte

- Cromadh
- Baile Dhá Thuile

Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg – Bailte agus Sráidbhailte

- Brú Rí
- Cathair Fhlainn
- Ard Pádraig

Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua – Bailte agus Sráidbhailte

- Cnoc Uí Choileáin
- Mol Lúthchleasaíochta an Chaisleáin Nua
- Carraig Chiarraí
- Béal an Átha
- Caisleán Maí Tamhnach
- Áth an tSléibhe
- Cill Míde
- Móin na nGé

Bealaí Sábháilte chun na Scoile (BSCS)

Tá sé de chúram ar an bhFoireann Taistil Gníomhaigh an bonneagar a sholáthar don Scéim, tar éis iarratais rathúla ar mhaoiniú ó na scoileanna go díreach chuig an Údarás Náisiúnta Iompair. Cuireadh na tionscadail seo a leanas a bhain le Bealaí Sábháilte chun na Scoile i gcrích in 2024:

Ascaill Chnoc na Labhras

Cuireadh an tionscadal i gcrích i Ráithe 2, 2024.



Bealaí Sábháilte chun na Scoile Ascaill Chnoc na Labhras

Áirítear ar na hoibreacha a cuireadh i gcrích:

- Limistéir a forbraíodh ar mhaithe le moilliú tráchta
- Limistéir tábla ardaithe ag na geataí isteach chun na scoile
- Trasrian coisithe ardaithe nua agus tábla ardaithe ag an mbealach isteach chuig Ascaill Chnoc na Labhras
- Pábháil thadhlaigh nua
- Comharthaíocht a chuireann srian le trácht go dtí “rochtain áitiúil amháin” i rith uaireanta oscailte scoile (8am-9am agus 2.30pm-4pm, Luan-Aoine)

Scoil Náisiúnta Neasáin, Mungairit

Cuireadh na hoibreacha sin i gcrích ar aon dul leis na hoibreacha tógála leanúnacha ar an R510 - Scéim Taistil Gníomhaigh idir An Ráithín agus Crois Uí Chuinn.



Bealaí Sábháilte chun na Scoile Scoil Náisiúnta Neasáin, Mungairit

Áirítear ar na hoibreacha a cuireadh i gcrích:

- Cóireáil ag aghaidh na scoile. Ina measc sin tá bearta chun a chur in iúl d'úsáideoirí bóithre go bhfuil siad laistigh de chríos scoile.
- Limistéar tuirlingthe nua tógtha. Síneann an limistéar 300 méadar sin leis an scoil, os comhair acomhal Bhóthar an Teampaill.
- Stad bus uasghrádaithe. Tá sé seo tógtha os comhair na scoile agus tá seirbhís 301 Bhus Éireann ag freastal air.
- Trasrian coisithe. Tá uasghrádú déanta ar thrasrian, arna éascú ag marcanna agus rabhcáin Belisha, agus é thart ar 50 méadar ó gheataí na scoile. Tá an trasrian coisithe atá ag Bóthar an Teampaill Íochtair fós in úsáid.
- Beidh an limistéar 'fág agus imigh' neamhfhoirmiúil aontreo do thrácht feithiclí laistigh den charchlós ar maidin fós i bhfeidhm.

Bunscoil Chathair Chinn Lis

Cuireadh na hoibreacha i gcrích i Ráithe 4, 2024.

Áirítear ar na hoibreacha a cuireadh i gcrích:

- Trasrian coisithe ardaithe ar an tSráid Ard
- Síntí starracha ar mhaithe le ceansú tráchta
- Acomhail a dhéanamh níos cúinge ag Céide Radharc an Chnoic
- Cosáin a leathnú



Bealaí Sábháilte chun na Scoile Chathair Chinn Lis

Coláiste na Collchoille, Drom Collachair

Cuireadh na hoibreacha i gcrích i Ráithe 4, 2024.

Áirítear ar na hoibreacha a cuireadh i gcrích:

- Síntí starracha ar mhaithe le ceansú tráchta
- Acomhail a dhéanamh níos cúinge ag Crosaire na gCeall (R519 agus R515)

Scoil Chuimsitheach an Chorráin, Tuar an Daill

Cuireadh na hoibreacha i gcrích i Ráithe 4, 2024.

Áirítear ar na hoibreacha a cuireadh i gcrích:

- Trasrian Coisithe Tosaíochta ag an mbealach isteach go dtí Scoil Chuimsitheach an Chorráin
- Acomhail a dhéanamh níos cúinge
- Suiteáladh pábháil thadhlaigh nua

Scéimeanna atá á dtógáil

R510 - Scéim Taistil Ghníomhaigh idir An Ráithín agus Crois Uí Chuinn

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála a bhain leis an tionscadal seo i mí Iúil. Beidh an scéim thart ar 980m ar fad nuair a bheidh sí críochnaithe. Soláthrófar raonta rothar agus cosáin leithscartha, lánáí tráchta feabhsaithe/barrfeabhsaithe agus saoráidí trasrianta tiomnaithe do rothaithe agus do choisithe idir Timpeallán Chrois Uí Chuinn agus Timpeallán an Ráithín.

Déanfar oibreacha uasghrádaithe ar stadanna bus, acomhail taobh-bhóthair agus dromchla bóthair nua, chomh maith le hoibreacha tírdhreachaithe agus cóireálacha Bhealaí Sábháilte chun na Scoile ag Bunscoil Neasáin.

Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Mhuilinn, An Corrbhaile

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála a bhain leis an tionscadal seo i Ráithe 4, 2023 agus leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha i rith 2024. Is saoráid coisithe/rothaíochta roinnte easbhóthair a bheidh sa tionscnamh ó acomhal Bhóthar an Chorbhaile go dtí ionad amhairc na Sionainne. Tá an tionscnamh seo 1.4km ar fad agus beidh bearta moillithe tráchta i gceist leis amhail trasrianta coisithe ardaithe.

Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Pháirc Plassey

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála a bhain leis an tionscadal seo in 2023 agus leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha i rith 2024. Tá sé beartaithe comharthaíocht a sholáthar ar acomhail Bhóthar Plassey/Bhóthar Pháirc Plassey agus acomhail Bhóthar Pháirc Plassey/Bhóthar na hOllscoile. Áireofar sna hoibreacha freisin saoraidí tiomnaithe do rothaithe agus do choisithe a bheidh thart ar 750 méadar ar fad. Cuirfear lánaí bus ar fáil feadh Bhóthar Plassey agus Bóthar Pháirc Plassey araon, chomh maith le bearta tosaíochta bus ag an dá acomhail.

Timpeallán agus Nasc Taistil Ghníomhaigh an Rois Mhóir

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála a bhain leis an tionscadal seo in 2023 agus leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha i rith 2024. Tá timpeallán nua trí lámh tógtha ag an mbealach isteach chuig an eastát tithíochta. Téann scéim 400 méadar chomh fada le heastát tithíochta, Na Saileoga, agus san áireamh inti beidh saoraid easbhóthair roinnte/do rothaithe agus do choisithe.

Tionscadail atá á bhforbairt

Bealaí Sábháilte chun na Scoile

I mí na Samhna, cuireadh seacht scoil eile san áireamh i gclár na mBealaí Sábháilte chun na Scoile, i ndiaidh don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) iarratais maoinithe rathúla a fháil go díreach ó na scoileanna. Den chéad uair, cuirfear scoileanna ar Bhóithre Tuaithe Ardлуais (BTAL) san áireamh sa chlár. Is iad seo a leanas na scoileanna i Luimneach atá curtha leis an Scéim:

Feabhsuithe ar Chrios Scoile:

- Scoil Náisiúnta Áth an tSléibhe
- Scoil Náisiúnta Mhuire, Maigh Rua
- Scoil Náisiúnta Seanghualann

Scoileanna BTAL:

- Scoil Náisiúnta an Charnáin, Feadamair
- Scoil Náisiúnta Ghleann Bruacháin
- Scoil Náisiúnta Bhaile Mháirtín
- Scoil Ailbhe (Scoil Náisiúnta Chathair Ailí)

Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoil Bhóthar an Chorrbaile

Bhíothas ag díriú ar Dhearadh Mionsonraithe na Scéime in 2024. Táthar ag súil le tús a chur leis na hoibreacha tógála in 2025.

Sráid Wickham go Sráid an Chláir

Reáchtáladh seisiún faisnéise poiblí faoin Scéim i mí Eanáir. Foilsíodh Measúnú Eacnamaíoch neamhspleách i ndáil leis an tionscadal i mí Mheán Fómhair. Táthar ag súil go ndéanfar iarratas pleanála Chuid 8 in 2025.

Naomh Pól go dtí Béal an Chaoith

Cheadaigh na Comhaltaí Tofa an Scéim trí iarratas pleanála Chuid 8 i mí Feabhra. Táthar ag díriú ar Dhearadh Mionsonraithe na Scéime anois. Táthar ag súil go gcuirfear tús le próiseas tairisceana chun conraitheoir a cheapadh in 2025, agus go gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála ina dhiaidh sin.



Cuid den Scéim atá beartaithe idir Sráid Wickham agus Sráid an Chláir

An Cuarbhóthar Theas

Bhíothas ag díriú ar Dhearadh Mionsonraithe na Scéime in 2024. Táthar ag súil go gcuirfear tús le próiseas tairisceana chun conraitheoir a cheapadh in 2025, agus go gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála ina dhiaidh sin.

OTS Maoilis go Lár na Cathrach

Eisíodh pacáiste na tairisceana tógála don tionscadal seo i Ráithe 4, 2024. Táthar ag súil, i ndiaidh an phróisis sin, go gceapfar conraitheoir agus go gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála i Ráithe 1, 2025.



OTS go Lár na Cathrach

An Glasbhealach Uirbeach idir Caladh an Treoigh agus an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta

Reáchtáladh tréimhse chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtuil don tionscadal idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2024. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na próisis reachtúla a bhfuiltear ag súil leo in 2025.

Bóthar Bhaile an Róistigh

Cuireadh an tuarascáil roghanna i gcrích in 2024. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na próisis reachtúla in 2025.

Bóthar na hInse

Cuireadh an tuarascáil roghanna i gcrích in 2024. Táthar ag súil go ndíreofar ar na próisis reachtúla in 2025.

Seanbhóthar na Creatalaí

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ag na céimeanna tosaigh den tionscadal. Táthar ag súil go ndíreofaí ar an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtuil agus ar na próisis reachtúla in 2025.

Tionscadail thábhachtacha eile

Scáthlái bhús

Leithdháileadh €900,000 ar an bhfoireann Taistil Ghníomhaigh chun Oibreacha Cumasúcháin Scáthlái Bus a chur i gcrích in 2024 agus 2025. Ceadaíonn an cistiú sin oibreacha a dhéanamh ag súimh chomhaontaithe sna ceantair seo a leanas:

Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola:

- Loughill
- Seanghualainn
- Eas Géitine
- Paidhc Roighne
- Ráth Caola (An Chearnóg)
- Baile an Fhaoitigh
- Faing

Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua:

- Teampall an Ghleanntáin
- An Caisleán Nua
- Crois Devon (x2)
- Mainistir na Féile (x2)

Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill

Mocheallóg:

- Cnoc Loinge
- An Gallbhaile
- Maigh Rua
- Baile an Londraigh
- Baile Hiobaird
- An Cheapach Mhór
- Dún Bleisce

Ceantar Bardasach Cathrach:

- Séipéal Chathair Dháibhín
- Ascaill Uí Chonaill
- An Bóthar Nua, Garraí Eoin
- Bóthar Mhaoilchearna
- Bóthar Childers
- Trá Mhic Fhlanncha
- Drom Bainne
- Bóthar Bhaile Mhic Shíomoin
- Caisleán Uí Chonaill (x2)
- Bóthar Bhaile Átha Cliath



Monatóirí NO₂

Monatóireacht Cáilíochta Aeir NO₂

In 2024, lean an fhoireann Taistil Ghníomhaigh ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil nítrigine ar fud an cheantair Cathrach.

Tá monatóireacht á déanamh ar na suímh seo a leanas:

- Bóthar Bhaile Choimín, An Ráithín
- R510 Crois Uí Chuinn go dtí An Ráithín
- Bóthar an Athar Ruiséil, An Ráithín
- Bóthar Thuar an Daill
- Bóthar Childers (Thiar)
- Bóthar Childers (Thoir)
- Bóthar Pháirc Plassey, Caladh an Treoigh
- Bóthar an Chorrbaile
- Bóthar an Mhuilinn, An Corrbhaile
- An tSráid Ard (in aice le Margadh an Bhainne)
- Gairdíní Belfield, Bóthar na hInse
- Bóthar na hInse (Club Leadóige Léana)
- Bóthar na hInse (Páirc na nGael)
- OTS Mhaoilis
- Seanbhóthar na Creatalaí
- Ascaill Brookville
- Scoil Mháthair Dé, An Cuarbhóthar Theas
- Sráid Roden
- Baile Uí Chaoi
- Sráid Wickham
- Sráid Ghearóid Uí Ghríofa
- Sráid Uí Chonaill / Sráid Liam
- Ascaill Brookville / Páirc Shannamore
- Ascaill Brookville (uimh.88)

Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta

Is oifig dearaidh bóithre réigiúnach í Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir (ODBNIL) a oibríonn ar son Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) (ar ar tugadh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) roimhe), agus Údarais Áitiúla, lena n-áirítear Co. Luimnigh, Co. Thiobraid Árann agus Co. an Chláir. Tá an Oifig freagrach as bóithre nua agus scéimeanna feabhsúcháin bóithre a dhearadh, chomh maith le bainistiú droichead agus measúnuithe sábháilteachta don ghréasán príomhbhóithre agus bóithre den dara grád thar ceann BIÉ agus na nÚdarás Áitiúil.

Mórscéimeanna Bóithre

Bóthar Fhainge go Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh)

Tá an bóthar beartaithe seo 35km ar fhad, agus nuair a bheidh sé críochnaithe nascaidh sé Croichalaft Fhainge leis an ngréasán mótarbhealaí gar do Chathair Luimnigh. Mar chuid den bhóthar, tógfar thart ar 15.6km de charrbhealach dubailte ó Fhaing go Ráth Caola (le thart ar 1.9km de bhóthar carrbhealaigh aonair idir Baile na Cloiche agus Eas Géitine) agus tógfar thart ar 17.5km de mhótarbhealach ó Ráth Caola go dtí an gréasán mótarbhealaigh atá ann cheana féin ag Áit Tí Flainn. Soláthrófar Ionad Seirbhísí ag Faing agus soláthrófar seachbhóthar ar shráidbhaile Áth Dara leis an mótarbhealach atá beartaithe freisin.

Cheadaigh an Bord Pleanála an scéim le mionathruithe ar an 30 Lúnasa 2022. Taisceadh trí iarratas ar leith ar athbhreithniú breithiúnach maidir leis an gcinneadh leis an Ard-Chúirt ach aistarraingíodh na trí iarratas i mí an Mheithimh 2023. Cheadaigh sé sin don Chomhairle seilbh a ghlacadh go foirmiúil ar na tailte a bhí ag teastáil don Scéim agus tús a chur le hoibreacha ar an láithreán.

I rith 2024, rinne Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir maoirseacht ar chur chun feidhme go leor conarthaí réamhoibreacha/cumasúcháin le haghaidh oibreacha sibhialta,

atreoruithe saoraidí, fálú, glanadh fála, imscrúduithe talún agus seandálaíocha ar fud thailte an tionscadail. Chomh maith leis sin, cuireadh conarthaí éagsúla do shuirbhéanna comhshaoil chun feidhme i rith na tréimhse seo.

I dteannta na gconarthaí sin, ullmhaíodh dhá chonradh réamhoibreacha/cumasúcháin shuntasacha, eagraíodh an próiseas tairisceana a bhain leo agus bronnadh iad i rith thréimhse 2024.

Ar an gcéad dul síos, ullmhaíodh conradh chun na trí dhroichead iarnróid a bhí riachtanach chun an tionscadal a thógáil, eagraíodh an próiseas tairisceana a bhain leo agus bronnadh iad i rith na tréimhse. Cuireadh tús leis an obair thógála ar dhá dhroichead i mí Iúil 2024 agus leanfar leis an obair sin in 2026. Tá dhá cheann de na droichid sin suite ar Sheachbhóthar Áth Dara.

Ba é an dara Conradh suntasach a ullmhaíodh, ar eagraíodh an próiseas tairisceana lena aghaidh agus a bronnadh i rith 2024 an Conradh chun Seachbhealach Áth Dara a thógáil. Bronnadh an Conradh ar Sisk Sorensen IV i mí na Nollag 2024 agus tá sé beartaithe tús a chur leis an obair thógála go luath in 2025.



Trácht in Áth Dara

N/M20 - Scéim an Bhóthair idir Corcaigh agus Luimneach

D'fhoilsigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an nuashonrú tionscadail is déanaí don N/M20 - Tionscadal an Bhóthair idir Corcaigh agus Luimneach i mí an Mheithimh 2024. Níl an réiteach iompair don N/M20 - Tionscadal an Bhóthair idir Corcaigh agus Luimneach teoranta d'aon mhodh iompair amháin a chur san áireamh ach tá sé bunaithe ar dhearcadh iomlánaíoch, ilmhodhach

i dtaca le nascacht, sábháilteacht agus naisc eacnamaíocha a fheabhsú idir cathair Chorcaí agus cathair Luimnigh, agus cathair na Gaillimhe i ndeireadh na dála.

Tá an cur chuige maidir le dearadh thionscadal N/M20 uathúil in Éirinn. Ní hamháin go ndéileálfadh sé leis na heasnamh shábháilteachta shuntasacha a bhaineann leis an N20 faoi láthair ach bunóidh sé sraith de roghanna iompair inbhuanaithe a chiallaíonn go bhfuil an tionscadal an-nuálach. Leis an réiteach iompair N/M20, cuirfear feabhas suntasach ar shábháilteacht agus ar iontaofacht an ama taistil le haghaidh na n-úsáideoirí iompair uile, cuirfear feabhas ar shláinte agus ar fholláine na bpobal a rachaidh an seachbhóthar timpeall orthu, tacófar le fás eacnamaíoch ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn áitiúil, agus cuirfear bearta dícharbónaithe iompair i bhfeidhm ó Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais.

Foilsíodh tuairisc chun dáta is déanta ón tionscadal ar an 24 Samhain ar mhaithe leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara a chur ar an eolas agus le dul i mbun comhairle leo maidir leis na gnéithe seo a leanas:

Carrbhealach dúbailte, mótarbhealach an M20m le luasteorainn 120csu roghnaithe, i ndiaidh breithmheas mionsonraithe a dhéanamh ar chineálacha bóithre malartacha. Beidh mótarbhealach an M20 cúig huaire níos sábháilte ná carrbhealach aonair an N20 atá ann faoi láthair agus laghdóidh sé amanna na dturas idirchathrach 30 nóiméad ar an meán.

Ós é an tionscadal taistil ghníomhaigh aonair is mó riamh in Éirinn, soláthróidh an tionscadal seo suas le 100km de bhealaí sábháilte, comhroinnte taistil ghníomhaigh a nascfaidh pobail idir An Bhlarna agus Tobar Phádraig agus a spreagfaidh siúil agus rothaíocht chun dul ag an obair, chun dul ar scoil agus mar chaitheamh aimsire, agus cruthófar nasc idir pobail, tacófar le stíleanna maireachtála níos sláintiúla, agus laghdófar astaíochtaí iompair. Suíomh na Mol Iompair atá sainaitheanta don Ráth

Dhubh, Mainistir na Móna, Mala, Cill na Mallach, An Ráth, Brú Rí agus Cromadh. Beidh saoráidí páirceála agus taistil d'iompar poiblí le fáil sna moil iompair seo, páirceáil agus roinn, luchtú feithiclí leictreacha, agus beidh siad nasctha le pobail áitiúla trí líonra taistil ghníomhaigh nua.

Soláthróidh Mol Lastais in Mala saoráidí do pháirceáil, leas agus luchtú FL d'fheithiclí earraí troma de réir na mbeartas iompair Eorpach agus Náisiúnta.

Éascóidh an tionscadal roghanna iompair phoiblí éifeachtúla, lena n-áirítear an deis mearsheirbhísí bus idirchathrach níos tapa a chur ar fáil agus éifeachtúlacht feabhsaithe a sholáthar ar sheirbhísí bus reatha atá ag freastal ar na pobail idir Corcaigh agus Luimneach.

Chun an bonneagar reatha a fheabhsú, bainfidh an tionscadal úsáid as breis is 60% de bhóthar an N20 atá ar fáil cheana féin chun mótarbhealach an charrbhealaigh dhúbailte a fhorbairt nó chun spás bóthair atá ar fáil cheana féin don bhonneagar taistil ghníomhaigh nua.

Tá foireann an tionscadail ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as dea-chleachtas i mbainistíocht chomhshaoil, bhithéagsúlachta agus charbóin.

Ar mhaithe le roghanna iompair inbhuanaithe a spreagadh, tacú le plean um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na hÉireann, agus tacú le cothabháil agus le hathnuachan an bhonneagair iompair nua, mhol foireann an tionscadail bearta bainistíochta éilimh. I measc na mbeart sin tá córas



Grafiac - cuid croise príomhlíne N/M20 beartaithe le taisteal gníomhach

dola gan bhacainn bunaithe ar achar, a chiallaíonn go n-íocann úsáideoirí táillí bunaithe ar an achar a thaistil siad ar mhótarbhealach nua an M20. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair chun cinneadh a dhéanamh maidir le táillí dola oiriúnacha do na haicmí éagsúla feithiclí, agus cothromaíocht a chinntiú idir roinnt fachtóirí éagsúla, lena n-áirítear an cuspóir beartais a bhaineann le trácht straitéiseach a bhaint, go háirithe feithiclí earraí troma ó phobail feadh an N20 atá ann faoi láthair chun buntáistí sábháilteachta agus comhshaoil a uasmhéadú.

Le linn 2024 cuireadh na suirbhéanna agus na hiniúchtaí seo a leanas i gcrích laistigh den cheantar staidéir:

- Iniúchadh suímh lena n-áirítear poill thrialach, tollphoill, fiosrúcháin dinimiciúla, suirbhéanna geoifisiceacha, agus monatóireacht screamhuisce.
- Trinseáil Tástála Sheandálaíoch chun fairsinge agus saintréithe gnéithe seandálaíochta aitheanta agus féideartha a dhéanamh amach.
- Suirbhé Topagrafach lena n-áirítear suirbhéanna sruthchúrsa, agus úsáid á baint as teicnící suirbhé traidisiúnta, mapáil soghluaiste, agus gabháil sonraí UAV.
- Suirbhéanna Comhshaoil agus Feirme chun sonraí bonnlíne a bhunú.

Tá foireann an tionscadail ag leanúint léi ag cur fáilte roimh aiseolas ó úinéirí réadmhaoine, ó phobail, ó ghnólachtaí agus ó pháirtithe leasmhara eile. Táthar ag súil le nuashonrú tionscadail eile i Ráithe 1, 2025 agus tá Cás Gnó le cur faoi bhráid an Rialtais in 2025. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar www.corklimerick.ie.

Scéim Bóthair an N21 - Mainistir na Féile agus Scéim Bóthar an N21 - An Caisleán Nua

In 2024, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhairle le BIÉ, ar aghaidh le Céim 3 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ ina gcuimsítear dearadh agus ullmhú doiciméad reachtúil.

Tá neart oibre déanta ar dhearadh agus ar mheastóireacht chomhshaoil chun ceanglais dearaidh a chur san áireamh lena n-áirítear breithniúchán ar thrasghearradh na saoráide taistil ghníomhaigh, tionchair an athbheithnithe luasteorann a rinneadh in 2023 agus na torthaí ó



Scéim Bóthair N21 Mhainistir na Féile - An Rogha Bealaigh is Fearr



Scéim na mBóithre N21 an Caisleán Nua - An Rogha Bealaigh is Fearr

shuirbhéanna comhshaoil breise agus tá tochairtí tástála seandálaíochta breise déanta ag suímh éagsúla.

Foilseofar nuashonrú dearaidh eile ag tús 2025, ina dtabharfar léargas ar na hathailínithe príomhlíne, taobh-bhóthair beartaithe agus ar na dearai

acomhail mar aon le cibé acu an bóithre gearrtha isteach nó ar-líonadh atá iontu.

Lena chois sin, tabharfar léargas ar shocrúithe rochtana beartaithe, limistéir ina bhfuil ábhar sil-leagtha, atreoruithe sruthchúrsa agus suíomh linnte draenála etc. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na tionscadail sin le fáil ar www.N21Abbeyfeale.ie agus ar www.N21Newcastlewest.ie.


Feabhsú/ Ailíniú Bóithre

Scéim Feabhsúcháin Chrois N20 Uí Ruairc

Tá acomhal nua faoi rialú timpealláin le tógáil a fhágann gur gá athruithe a dhéanamh ar leagan amach an acomhail atá ann cheana féin agus ar thógáil bealaí nua an N20 chuig an acomhal agus athrú a dhéanamh ar chur chuige reatha an R518 chuig an acomhal ag Crois N20 Uí Ruairc. Dhearbhaigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) chun seilbh a ghlacadh ar an talamh a bhfuil gá leis i dtaca leis an bhforbairt bóthair agus fuarthas iarratas athbhreithnithe bhreithiúnaigh ó úinéir talún maidir leis an scéim ina dhiaidh sin i mí Iúil 2021. Éisteadh an t-athbhreithniú breithiúnach i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus ghéill An Bord Pleanála don iarratas agus chiallaigh sé sin go raibh gá leis an dara héisteacht ó bhéal a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2024.



Grafiac - Acomhal Reatha an N20 - Crois Uí Ruairc



Timpeallán Beartaithe an N20 - Crois Uí Ruairc

Tá cigire an Bhoird Phleanála ag ullmhú tuarascáil agus moladh a ndéanfaidh bord an Bhoird Pleanála é a bhreithniú, agus sa deireadh thiar is é An Bord Pleanála a dhéanfaidh an cinneadh cé acu an bhfaomhfar nó nach bhfaomhfar an t-iarratas i dtaca leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh agus táthar ag feitheamh ar an gcinneadh seo.

N69 Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta Mhungairit agus Crois Uí Bheoláin

Tá an scéim sábháilteachta bóthair seo suite feadh an N69 agus an ceantar máguaird idir acomhal Crois Uí Bheoláin (N69/L1403) agus acomhal Lána Uí Mhórdha agus an N69 (N69/L1438).

Cuimsíonn an scéim athailíniú Crois Uí Bheoláin, feabhsúcháin acomhal ag Crois Mhungairit, leagan amach tráchta modhnaithe agus athailíniú bóithre i gcomharsanacht Chrois Mhungairit, soláthar áiseanna do choisithe agus rothaithe agus oibreacha pábhála. Tá formhór an dearaidh mhionsonraithe don scéim críochnaithe agus tá sé beartaithe tús a chur leis an bpróiseas soláthair do chonradh na bpríomhoibreacha ag tús 2025.

Iniúchtaí Sábháilteachta Bóithre

Lean an ODBNIL ar aghaidh ag tabhairt faoi iniúchtaí sábháilteachta ar bhóithre thar ceann údarais áitiúla sa réigiún le linn 2024. Déantar an t-iniúchadh sábháilteachta ar bhóithre chun saincheistanna sábháilteachta féideartha a aithint laistigh de dhearadh nó tógáil scéime mar go bhféadfaidís dul i bhfeidhm ar úsáideoirí bóithre.

Oibreacha Athshlánúcháin Pábhála Scéim Feabhsúcháin Cosáin an N21 - Mainistir na Féile go dtí Mount Mahon

Tá an scéim seo thart ar 1.0 km ar fad agus ag an mbealach isteach ag an taobh thoir de Bhaile Mhainistir na Féile. San áireamh sa tionscadal bóthair tá bearta moillithe tráchta, athsholáthar an phríomhphíobáin uisce, feabhsuithe draenála, atógáil cosán agus oibreacha gaolmhara. Ba é Priority Construction Teo a rinne na hoibreacha tógála. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán i mí Eanáir agus bhí siad curtha i gcrích i mí Aibreáin 2024.

Tionscadail Glasbhealaí - OL go dtí Montpellier

I ndiaidh líonra na roghanna bealaigh féideartha a fhoilsiú ag deireadh 2023, bhí na comhairleoirí tionscadail gnóthach ag forbairt roghanna bealaigh agus tá an bealach is dealraithe a roghnófar sainaitheanta acu anois, bunaithe ar Mheasúnú Ilchritéar de réir threoirlínte breithmheasa BIÉ. Tá staidéar eile curtha i gcrích freisin i ndáil le measúnú astaíochtaí carbóin de réir Threoirlínte Bonneagar BIÉ atá díreach foilsithe.



Ag tarraingt ó Chomhairliúchán Poiblí Uimhir a 2 ina dtaispeántar na roghanna i dtaca le bealaí pasáiste

Táthar ag leanúint ar aghaidh le rannpháirtithe le páirtithe leasmhara chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbealach is dealraithe a roghnófar.

Ráth Caola go Luimneach

Ar dtús, bhí an scéim seo dírithe ar úsáid a bhaint as an gconair iarnróid atá ar fáil cheana féin chun glasbhealach a chur ar fáil idir Ráth Caola agus Tobar Phádraig. Cuireadh moill ar na tograí sin, áfach, mar thoradh ar phleananna Iarnród Éireann, a fógraíodh in 2022, chun deis a thabhairt do thrácht lastais an rian a úsáid arís. Leanadh ar aghaidh le staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar an nglasbhealach a chomhshuí laistigh den chonair iarnróid atá ann cheana féin agus taobh le hiarnród oibríochtúil amach anseo, le cabhair ó chomhairleoirí teicniúla Iarnród Éireann. Léiríodh sa staidéar nach mbeadh a leithéid sin de shocrú indéanta feadh an bhealaigh iomláin idir Baile an Gharráin agus Áth Dara.



Oibreacha iarnróid leanúnacha

Ullmhófar comórtas tairisceana anois chun sainchomhairleoirí a cheapadh chun scrúdú agus breithmheas a dhéanamh ar chonairí bealaigh féideartha eile don ghlasbhealach idir Ráth Caola agus Luimneach.

Luimneach go dtí An Chathair (Luimneach go dtí Úlla)

Reáchtáladh comórtas tairisceana chun comhairleoirí teicniúla a lorg ach mar gheall ar shrianta buiséadacha BIÉ, ní dhearnadh aon

cheapachán. Chinn BIÉ gan leanúint ar aghaidh leis an scéim faoi láthair.

Tobar Phádraig go Ráth Luirc

Thosaigh na comhairleoirí ag ullmhú do Chéim 1 den scéim agus é mar aidhm acu Comhairliúchán Poiblí tosaigh a reáchtáil ag tús 2024. D'fhorbair foireann dearaidh an N/M20 tograí taistil ghníomhaigh suntasacha mar chuid dá scéim, áfach, agus aithníodh go raibh go leor cosúlachtaí idir an dá scéim. Treoraíodh do shainchomhairleoirí an ghlasbhealaigh scrúdú a dhéanamh ar an



Sleacht as an staidéar ar an gconair Iarnróid

bhféidearthacht a bhain leis an nglasbhealach a sholáthar feadh slí sean-iarnróid ach i rith an staidéir seo sainaithníodh dúshlán seachadta tionscadail shuntasacha. Bunaithe ar threoir ó BIÉ, cuireadh coimisiún an tsainchomhairleora ghlasbhealaigh ar fionraí ar dtús sular foirceannadh é trí chomhaontú ina dhiaidh sin in 2024. Chinn BIÉ gan leanúint ar aghaidh leis an scéim faoi láthair.

Tionscadal ODBNIL eile sa Réigiún

Scéim Feabhsúcháin Bóithre Rochtana an N19 Aerfort na Sionainne

Le linn 2024, lean Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta ag feidhmiú mar Chomhordaitheoir Tionscadail thar ceann Chomhairle Contae an Chláir agus le forbairt a dhéanamh ar an obair phleanála agus dearaidh don N19 - Scéim Feabhsúcháin Bóithre Rochtana Aerfort na Sionainne. Tá an chuid den N19 atá á chur chun cinn sa tionscadal seo lonnaithe idir timpeallán Dhroim Gaibhle agus timpeallán Rinn an Chnoic Bheithigh ar an mbealach go hAerfort Idirnáisiúnta na Sionainne. Tá an scéim atá beartaithe thart ar 2.2 km ar fhad.

Foilsíodh Nuashonrú Dearaidh do na codanna bóithre agus taistil ghníomhaigh den Rogha is Dealraithe a Roghnófar i mí Iúil 2024 agus foilsíodh Nuashonrú Tionscadail eile ar shuíomh gréasáin an tionscadail, www.shannonaccess.ie, i mí Dheireadh Fómhair.

Leanadh ar aghaidh le céim Dhearthra agus Meastóireachta Comhshaoil na scéime (Céim 3) i rith 2024. Cuimsítear tuilleadh forbartha ar an scéim leis seo, lena n-áirítear gnéithe dearaidh an bhóthair agus an taistil ghníomhaigh, agus sainaithnítear an tógáil talún a mbeidh gá léi agus ullmhú thuarascáil na measúnachta tionchair timpeallachta. Tá foireann an tionscadail ag leanúint léi i mbun teagmhála le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún ar mhaithe le bonn eolais a chur faoin bpróiseas dearaidh.

Tionscadal Acomhail an N24 ón gCathair go Luimneach

Le linn 2024, lean Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta ar aghaidh ag feidhmiú mar Chomhordaitheoir Tionscadail thar ceann Chomhairle Contae Thiobraid Árann chun dlús a chur leis an bpleanáil agus leis an dearadh do Thionscadal an N24 - An Chathair go dtí Acomhal Luimnigh. Tá an chuid den N24

atá á chur chun cinn sa tionscadal seo lonnaithe idir mótarbhealach an M8, ar an taobh ó thuaidh de Chathair i gContae Thiobraid Árann siar ó Dhroichead Brooks i gContae Luimnigh. Is í Comhairle Chontae Thiobraid Árann príomhúdarás na scéime.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, foilsíodh Nuashonrú Dearaidh Uimh. 2 do na gnéithe bóthair agus taistil ghníomhaigh don réiteach iompair roghnaithe don tionscadal ar shuíomh gréasáin an tionscadail, www.n24cahirlimerick.ie, lena n-áirítear seisiún faisnéise d'ionadaithe tofa as Tiobraid Árann agus Luimneach.


Leanadh ar aghaidh le céim Dearaidh agus Meastóireachta Comhshaoil na scéime (Céim 3) i rith 2024. Cuimsítear tuilleadh forbartha ar an scéim leis seo, lena n-áirítear gnéithe dearaidh bóthair agus taistil ghníomhaigh an Réitigh Iompair Roghnaithe, agus sainaithean an tógáil talún a mbeidh gá léi agus ullmhú thuarascáil na measúnachta tionchair timpeallachta. Tá foireann an tionscadail ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi raon suirbhéanna láithreáin innealtóireachta agus comhshaoil sa bhreis ar theagmháil le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún chun bonn eolais a chur ar fáil don phróiseas dearaidh agus meastóireachta comhshaoil.

Scéimeanna Cosáin

I rith 2024, chabhraigh Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun cead Alt 38 a fháil do Scéim Feabhsúcháin Cosáin an N75 - Cearnóg na Saoirse go dtí Óstán Anner. San áireamh sa scéim, tá bearta moillithe tráchta, atógáil cosáin, feabhsuithe draenála agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara feadh stráice 1.0 km de bhealach isteach an N75 ag an taobh thoir go dtí Baile Dhurlais.

An Glasbhealach idir Inis – Sionainn – Luimneach

Scéim nua a bhí anseo a tionscnaíodh i rith na bliana i ndiaidh cúrsaí a phlé le BIÉ. D'ullmhaigh an Oifig um Dhearadh Bóithre (ODB) dréacht de spriocanna inghnóthaithe Chéim 0, Doiciméad



Grafaic - An Glasbhealach beartaithe idir Inis – Sionainn – Luimneach

Imlíne an Tionscadail agus dáileadh é sin ar na príomhpháirtithe leasmhara ar fad. Déanfar tuilleadh forbartha ar an tionscadal in 2025 fad is a bheidh maoiniú BIÉ ceadaithe.

Struchtúir

Tá Aonad na Struchtúr freagrach as cothabháil agus atógáil struchtúir na mBóithre Náisiúnta a fháil/ a shocrú/ a eagrú i gCúige Mumhan, le go mbeidh siad feidhmiúil, sábháilte agus go mbeidh cuma mhaith orthu. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích;

- Cigireachtaí droichead agus struchtúr a phleanáil agus a chur i gcrích d'ord tascanna nua.
- Tuarascálacha iniúchta agus measúnaithe droichead agus struchtúr a ullmhú, a athbhreithniú agus a cheadú.
- Droichid agus struchtúir a bhfuil deisiúchán, neartú nó athsholáthar ag teastáil uathu a bharrfheabhsú/a chur in ord tosaíochta; le haghaidh Orduithe Taisc
- Buiséid a ullmhú le ceadú ag BIÉ agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas.
- Comhairleoirí agus baill foirne eile de chuid na comhairle a bhfuil oibreacha droichead á gcur i gcrích acu a bhainistiú.
- Doiciméid tairisceana d'oibreacha deisiúcháin droichid agus struchtúir a ullmhú, a athbhreithniú agus a cheadú agus ansin monatóireacht a dhéanamh ar oibreacha

deisiúcháin agus ar ghnáthoibreacha cothabhála.

- Bunachar sonraí EIRSPAN a choimeád ar bun.
- Oibreacha tríú páirtí ar dhroichid agus ar bhallaí coinneála a bhainistiú,
- Teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla,
- An Conradh Chúige Mumhan i dtaca le Cothú Téarma a bhainistiú

Tá mionspléachadh thíos ar chuid de na scéimeanna atá faoi lán seoil cheana.

Conradh i dtaca le Cothú Téarma – Mumhan

Mar chuid den Ordú Taisc seo déantar cigireacht bhliantúil agus gnáthoibreacha cothabhála ar na droichid uile ar fud na gcontaetha uile i Réigiún na Mumhan thar thréimhse ceithre bliana. Tá ceithre ghnáthiniúchadh ag teastáil ó na droichid seo uile ag tús gach bliana. Nuair a chuirtear sonraí ó na cigireachtaí ar fáil sa bhunachar sonraí.

Tugadh líon suntasach tionchar droichid faoi deara ar gach cineál droichid ar fud an líonra lena n-áirítear stua saoirseachta réise aonair ar líonra bóithre den dara grád chuig droichead mótarbhealaigh aonair.



Tionchar ag KY-N70-050.00 Droichead na Lománaí Theas



Tionchar ag CB-M08-009.00 Droichead Chnoc Uí Charragáin

Ordú Taisc 340: Claífort Ghlisc i gContae Chiarraí

D'éirigh leo scéim athshlánaithe fána casta a chur i gcrích a dearadh agus a tógadh laistigh de shrianta suntasacha trí chaidreamh comhpháirteach idir an Fhoireann Tionscadail agus an Conraitheoir. Cuireadh an scéim iomlán i gcrích agus bhí sí oscailte do thrácht i mí Aibreáin 2024. Tríd an scéim a chur i gcrích cuireadh cosc ar dhamáiste a mbeadh teip iomlán an fhána mar thoradh air, cosnaíodh sábháilteacht ar bhóithre agus íoslaghdaíodh cur isteach ar bhealach turasóireachta tábhachtach.



Fíor 1 - Amharc ón aer den scéim chríochnaithe

Ordú Taisc 338

Áirítear ar an ordú taisc seo droichid i gContae Chiarraí ar an N22, N70 agus N86. Tá na hoibreacha dearaidh á ndéanamh chun 3 dhroichead a athsholáthar, Droichead amháin a threisiú agus 3 dhroichead a Athshlánú. Bhíothas ag leanúint ar aghaidh ag obair ar an ordú taisc seo i rith na bliana, cuireadh obair thopagrafach i gcrích, Iniúchadh struchtúrtha, iniúchtaí geoiteicniúla, iarratais alt 50, scagadh comhshaoil tosaigh agus réamhdhearadh. Bualadh leis na húinéirí talún ar fad a raibh tionchar ag an scéim orthu agus tá comhaontuithe ó bhéal chun tailte a cheannach déanta.

Ualaí Neamhghnácha

Cruthaíonn an gréasán bóithre éagsúil in Éirinn dúshláin uathúla d'iompar ualaí neamhghnácha agus ualaí neamhghnácha eisceachtúla chomh fada is a bhaineann le hualachiompar agus le cúrsaí geoiméadracha. In go leor cásanna, b'fhéidir


nach mbeadh an bonneagar reatha in ann ualaí róthroma agus mórtomhais a láimhseáil. Tá acmhainn ualachiompartha íseal ag go leor droichead stairiúil agus oidhreacht de bhrí go bhfuil siad meathlaithe nó de bhrí gur dearadh d'fheithicilí níos ísle iad i gcomparáid le caighdeáin an lae inniu ann. Ainneoin gur dearadh agus gur tógadh droichid nua-aimseartha chun critéir shonracha ualaigh a chomhlíonadh, níor dearadh iad chun cuid de na hualaí neamhghnácha eisceachtúla a bhíonn á dtabhairt ó áit go háit a iompar.

D'fhorbair an fhoireann struchtúr laistigh de Bhonneagar Iompair Éireann, i gcomhairle leis an Roinn Iompair, sreabhchairt chun cabhrú le hÚdaráis Bóithre chun cinntí a dhéanamh a bhain le hiarratais d'Ualaí Neamhghnácha Eisceachtúla a bhfuil ualaí ollmhóra, breis is 180 tonna, san áireamh iontu. Ba cheart d'Údaráis Áitiúla an próiseas seo a úsáid i ndáil le gach iarratas ualaigh

neamhghnách, más infheidhme. Bhí sé sin mar bhonn le rannpháirtíocht na foirne in aistrithe ualaí neamhghnácha a mhéadú go suntasach.

Bunachar Sonraí dTIMS

Tá bunachar sonraí droichid nua á fhorbairt ag BIÉ le cuideachta atá lonnaithe i gCeanada, ar a dtugtar Deighton. Mar chuid den obair seo reáchtáladh go leor Cruinnithe Teicniúla le Deighton chun mionsonraí ár gceanglas a phlé agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainní agus ar fheidhmiúlacht an bhunachair sonraí. Bhí go leor siar is aniar chun eolas a roinnt le Deighton maidir le hoibríochtaí bainistíochta droichid i gcomhthéacs cheanglais an bhunachair sonraí nua. Bhí cuma dhearfach ar chúrsaí ag deireadh na bliana agus eagraíodh na chéad seisiúin phraiticiúla oiliúna maidir leis an mbunachar nua. Ag tús 2025 tá súil againn go mbeidh ar ár gcumas tús a chur le tástáil úsáideora agus beidh leagan béite á rolladh amach leathshlí tríd an mbliain.



Fíor 2 - scéimléaráid d'ualach 300T



Fíor 3 - gabháil scáileáin den bhunachar sonraí oiliúna

BÓITHRE, TRÁCHT AGUS GLANADH

Déanann an Rannóg Bóithre, Trácht agus Glantacháin (BTG) an chuid is mó d'fheabhsuithe bóthair Luimnigh a bhainistiú thar réimse leathan seirbhísí agus foroinntear í idir Rannáin agus Foirne.

Soláthraítear an príomhréimse caiteachais ag leibhéal an Cheantair agus tugtar an Rannóg Cothabhála Bóithre air. Áirítear leis seo Cothabháil Ghinearálta, Cothabháil Sábháilteachta, Atógáil Bóithre, Athdhromchlú ar bhóithre chomh maith le Paisteáil ó lá go lá agus cothabháil draenála do thart ar 4,000km de ghréasán bóithre poiblí an chontae agus na cathrach.

Cuirtear feabhsúcháin ar fáil trí cheithre Oifig Ceantair Bhardasaigh agus tríd an bhFoireann Seirbhísí Lárnacha atá lonnaithe in Áras an Chontae. Chomh maith leis sin, bainistíonn an Rannóg BTG Dúnadh Bóithre, Ceadúnais Oscailte Bóithre, Soilsiú Poiblí, Scéimeanna um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bainistiú Trácht agus Struchtúir (Droichid agus Bacainní Tuairte). Cuireann an Rannóg acmhainní ar fáil freisin chun scéimeanna cosanta ar thuilte, bearta arna maoiniú ag CLÁR, scéimeanna Taistil Ghníomhaigh agus scéimeanna Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a chur i bhfeidhm.

Tá an Fhoireann um Bainistiú Flít agus Clós Innealra laistigh den Rannóg BTG a bhfuil bunáiteanna aici sa Chaisleán Nua agus i gCathair Luimnigh. Bainistíonn an fhoireann seo flít agus innealra na Comhairle chomh maith le hacmhainní suntasacha a sholáthar ar mhaithe leis an gClár

Oibreacha Bóthair a éascú. Tá ról lárnach ag an bhfoireann freisin i bhfeidhmiú Phlean Cothabhála an Gheimhridh agus an fhreagairt do thuilte agus do theagmhais adhaimsire.

Déanann an Fhoireann Árachais maoirseacht ar bhainistíocht a bhaineann le hÁrachas agus le Dliteanas Poiblí thar ceann príomhréimsí oibríochtúla an Údaráis.

Bainistíonn an Rannóg Trácht trácht agus páirceáil sa Chathair agus cuireann sí tacaíocht ar fáil d'fhorbairtí, d'imeachtaí agus do bhonneagar nua. Soláthraíonn Maoir Thrácht patróil agus forfheidhmiú ar fud na cathrach. In 2024, cuireadh le líon na Maor Trácht sna bruachbhailte agus dhírigh siad ar pháirceáil mhídhleathach. Soláthraíonn Maoir Scoile trasrianta maoirsithe ag scoileanna náisiúnta agus ag acomhail ghnóthacha.

Tá an Rannóg Glantacháin freagrach as glanadh sráide agus glantachán na ríochta poiblí, boscaí bruscair agus scuabadh bóithre. In 2024, chuir an Rannóg Glantacháin planáil shonrach i bhfeidhm le haghaidh oibríochtaí glantacháin ag eascairt as roinnt imeachtaí móra a tharlaíonn le linn na bliana. Tá roinnt bealaí rothaíochta nua á gcothabháil ag an Rannóg Glantacháin faoi láthair agus is minic anois go mbíonn sí ag scuabadh thart ar 70 ciliméadar de bhealaí rothaíochta i gCathair Luimnigh.

Chuir an rannóg breis is €32.1m de chaiteachas ar fáil do thionscadail a bhain le Bóithre in 2024.

Catagóir Caiteachais	€Milliún
Caiteachas Neamh-Lárnach ar Bhóithre Poiblí 2024	
Taisteal Gníomhach Ceantair Bhardasaigh a cuireadh ar fáil in 2024	€3.4
Príomhchaiteachas ar Bhóithre Poiblí 2024 (cúnamh deontais go príomha)	
Feabhsú Athchóirithe (lena n-áirítear Iarbhóithre Náisiúnta & Acmhainní Dílse)	€14.1
Cothabháil Ghinearálta 4000 km de bhóithre (Paisteáil, Deisiú bóithre, draenáil etc.)	€4.6
Soilsiú Poiblí (Oibríochtaí agus Cothabháil/O&C) -24,000 Soilse	€2.0
Cothabháil Athchóirithe – 4048km (Cóiriú dromchla na mBóithre)	€3.0
Deontas Sonrach Draenála (Draenáil a bhaineann le bóithre)	€1.4
Athshlánú Droichid	€0.9
Cothabháil Gheimhridh – suas le 800km in aghaidh na hócáide	€0.6
Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta –	€0.5
Scéim Rannpháirtíochta Pobail *(Caiteachas Foriomlán)	
*Chun freastal ar Bhóithre Treasacha Áitiúla go háirithe (CIS)	€0.60
Caiteachas Fo-iomlán ar Bhóithre Poiblí 2024	€27.7
Bóithre Neamhphoiblí	
Deontais na Scéime Feabhsúcháin Áitiúil (SFÁ)	€0.992
Caiteachas Tionscadail Foriomlán 2024	€32.092

Tábla 1 - Caiteachas in 2024 ar Thionscadail nár Bhain le Bóithre Náisiúnta

Beartha Taistil Ghníomhaigh 2024 (Mórtimpeall na Cathrach agus an Chontae)

I ndiaidh caiteachas breis suntasach a leithdháileadh ar Luimneach in 2021, soláthraíodh tuilleadh tionscadail Taistil Ghníomhaigh, lena n-áirítear gearú acomhal agus bearta tréscailteachta, lena bhain luach de bhreis is €3.4 milliún in 2024 trí na foirne Innealtóireachta Ceantair, a cuireadh i gcrích ar fud na Cathrach agus an Chontae.



An scéim cosáin idir Scoil Náisiúnta Chaisleán Uí Chonaill agus an sráidbhaile



Scéim Feabhsúcháin Cosáin Chéide an Ghallchnó 2024



Scéim Trasrianta Coisithe Bhóthar Bhaile Choimín 2024

Clár na mBóithre Neamh-Náisiúnta 2024

Caiteachas Feabhsaithe Athchóirithe (Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha) de €14.1 milliún

De ghnáth, tugtar Feabhsú Athchóirithe ar an gcatagóir caiteachais bhliantúil is suntasaí sa roinn seo.

Is éard atá i gceist le hoibreacha feabhsúcháin athchóirithe ná na hoibreacha a mheastar a bheith riachtanach chun bóithre poiblí a neartú ar dtús agus ansin athdhromchla a chur ar bhóithre poiblí nó iad a athshéalú. Baintear úsáid as réimse leathan modhanna, lena n-áirítear:

- Forleagan Cloiche Brúite (I gcás ina bhfuil an struchtúr atá ann cheana lag)
- Forleagan Cloiche Athchúrsáilte (Ag baint úsáide as an gcloch atá ann cheana féin chun an bóthar a athchruthú)*
- Forleagan Macadam (Feabhsúcháin Struchtúracha de ghnáth ar mhórbhóithre)

Tá béim níos mó á leagan anois ar iompar ábhair a laghdú nuair is féidir amhlaidh a sheachaint. Déantar athchúrsáil ar struchtúir bhóithre cloiche atá ann cheana féin nuair a thugann measúnuithe innealtóireachta údar lena leithéid de chur chuige. Tá an cur chuige seo ag teacht le beartais ísealcharbóin agus glasa.

In 2024, caitheadh €14.1 milliún (lena n-áirítear €0.6 milliún ar iar-Bhóithre Náisiúnta) ar scéimeanna Feabhsúcháin Athchóirithe ar fud an Chontae agus feabhsaíodh thart ar 2% den ghréasán bóithre. Cuireann sé seo timthriall cóireála i bhfeidhm nach bhfeictear ach uair amháin gach 50 bliain.



Ascaill Uí Chonaill - Scéim Feabhsúcháin Athchóirithe an Chorráin 2024

Cothabháil Athchóirithe (Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha) – Caitechas de €3.0 milliún

Ar a dtugtar Cóiriú Dromchla níos coitianta, baintear úsáid as oibreacha cothabhála athchóirithe chun saol bóthair a leathnú, struchtúr an bhóthair a chosaint ó dhul isteach taise agus cúrsa marthanach a sholáthar do thrácht.

Tugann na scéimeanna seo an luach is fearr ar airgead agus déanann siad rudaí níos fadsaolaí nuair a choimeádtar draenáil an bhóthair agus fáлта/crainn cois bóthair i gcaoi mhaith. Tá ról agus freagracht na n-úinéirí talún ina leith seo rithábachtach agus is mór againn a gcomhoibriú.

In 2024, caitheadh €3.0m ar Scéimeanna Cothabhála Athchóirithe a d'fheabhsaigh thart ar 3% den ghréasán agus a d'fhreastail ar ráta cothabhála líonra de 1 in 34 bliain.



L8043 Oibreacha Cothabhála Athchóirithe Chorcach Mhór

Mionbhóithre Poiblí

Scéim Rannpháirtíochta Pobail (SRP) 2024 Deontas na Roinne Iompair – Caitechas €600.000.

In 2024, cuireadh 21 scéim i gcrích a chosain €28,600 ar an meán. Tá an scéim seo dírithe ar mhaoiniú a dhéanamh ar uasghráduithe agus athdhromchlú bóithre a dhéanamh nach ndéanfaí faoin gclár bliantúil bunaithe ar thosaíocht reatha.

Mionbhóithre Príobháideacha

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (SFÁ) 2024 Deontas Bóithre Príobháideacha RFTP – Caitechas de €0.992 milliún.

Mar thoradh ar mhaoiniú a fuarthas in 2024 cuireadh 15 scéim i gcrích ar chostas €66,100 ar an meán faoin gclár seo le cúnamh deontais ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe.

Caiteachas ar Athshlánú Droichead 2024:
Caiteachas de €900,000

Is é cuspóir an chláir seo na droichid bhóthair atá ann cheana a dheisiú. Déantar oibreacha a bhainistiú trínár Rannóg Seirbhísí Lárnacha. Ag brath ar chostais, fairsinge na ndeisiúchán agus an cineál maoinithe, is é an nós atá againn 10 ndroichead a dheisiú in aghaidh na bliana. In 2024, athchóiríodh 14 dhroichead.



L1330 Cnoc an Chaca Dún Mhic Cionaoith



Droichead an Átha Leacaigh

Bainistíocht Flít agus Clós Innealra

Tá BTG ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú inár ngléasra agus innealra, trí €930,000 a chuir ar fáil ó bhuiséad 2023 agus €1.35 milliún in 2024. Tacaíonn an fhoireann Bainistíochta Flít leis na rannóga oibríochtúla go léir sa Chomhairle le gné shuntasach den obair a bhaineann le Bóithre, Trácht agus Glanadh.



Ceann de Thrí Ghlantóir Bucher V50



Leatóir Scealpóg Nua Phoenix Mk14e



Ceann Amháin de Dhá Thrucail Dumpála Nua 4 Acastóir Mercedes Benz



Paisteálaí nua Treolais Archway Roadmaster

Caiteachas ar Bhóithre Náisiúnta 2024

- Aipeanna Geoiteicniúla Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád Caiteachas iomlán €208,337.07
- HD28 (Oibreacha Athdhromchlaithe Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta), BN agus DG Caiteachas iomlán €685,311.61
- Oibreacha Cothabhála Cosán Éigeandála N21. Caiteachas iomlán €174,999.98
- Gnáthchothabháil BN/DG (Bearradh Fálta) Caiteachas iomlán €109,857.85.
- Oibreacha Feabhsaithe um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Fálú €69,000
- Gnáthchothabháil €144,000 ar Phríomhbhóithre Náisiúnta, €44,000 ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád



N24 Cluain Eanaigh – Oibreacha Athdhromchlaithe Bóithre Náisiúnta



N24 Cluain Eanaigh – Oibreacha Athdhromchlaithe Bóithre Náisiúnta

CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA

Bóithre

Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Maoiníodh caiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre in 2024 trí Dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

I measc na gclár caiteachais bóithre bhí:

- Oibreacha cóirithe dromchla ar 25 ciliméadar de ghréasán bóithre ar chostas €708,500
- Oibreacha Atógála Bóithre ar 17.2 ciliméadar de bhóthar ar chostas €2.599m
- Oibreacha atógála bóthair ar Dhroichead Thulach Ó bhFinn faoi mhaoiniú Acomhail agus Lúibe ar an R516 ar chostas €200,000
- Cuireadh seacht Scéim Feabhsúcháin Draenála lenar bhain costas €180,000 ar fad i gcrích
- Maoiníodh dhá Scéim trí Oibreacha Oiriúnaithe don Athrú Aeráide agus Seasmhachta ar chostas €165,000: Oibreacha Draenála idir Lios an Mhóta agus Cathair Aonghasa agus Oibreacha Dearaidh Draenála Ros an Teampaill na Bánóige
- Cothabháil an gheimhridh ar an N21, N20 agus N69 (arna maoiniú ag BIÉ) agus Bóithre Réigiúnacha (maoinithe ag an Roinn Iompair)
- 8 Scéim Feabhsúcháin Áitiúla agus 2 Scéim Rannpháirtíochta Pobail críochnaithe ar chostas €817,544
- 3 scéim draenála Mionoibreacha OPW ar chostas €334,615



Coill tSeáin Ráth Caola R518 Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe



Stoirm Isha Eanáir 2024 – Bóthar Don Bosco Pailís Chaonraí



Oibreacha Feabhsúcháin Acomhail Béabas Áth Dara



Flít Cóirithe Dromchla ag An Gort Rua Cúil Cheapach



Meaisín Athchúrsála



Oibreacha muilleála ag Greanach

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Cuireadh dhá Scéim Rannpháirtíochta Pobail i gcrích ar chostas €112,925.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Cuireadh ocht Scéim Feabhsúcháin Áitiúla i gcrích i rith na bliana ar chostas €704,619.



Scéim Áiseanna LIS Bhaile an Gharraí

Athshlánú Droichid

Cuireadh oibreacha Athshlánaithe Droichid i gcrích ar bhonn éigeandála ar uchtbhalla Dhroichead Choill Chúl, Ráth Caola ag tús 2024 agus freisin ag Droichead Ghráigín, An Cheapach, áit ar thit dronn an Droichid.



Droichead Choill Chúl, Ráth Caola



Droichead Ghráigín, An Cheapach

Mionoibreacha Maolaithe Tuilte Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)

I rith 2024 ceadaíodh cistiú do Mhionoibreacha OOP do thrí scéim ar luach €335,000.

Bhí na scéimeanna sin dírithe ar shéaraigh uisce dromchla agus ar shruthanna éalaithe ag an Lios Bán, Seanghualainn, Baile Uí Oileannáin, Eas Géitine agus Cill na Ráth, Méanas.

Chlúdaigh an cistiú sin ó OOP 90% de na costais iomlána mar seo a leanas agus fuarthas an 10% eile ón Údarás áitiúil;

- €70,313 d'oibreacha beartaithe ag Baile Uí Oileannáin, Eas Géitine, Co. Luimnigh, inar tógadh príomhchuasáin agus príomhshilteán rochtana stoirme feadh an L1220 mar chuid de chun uisce dromchla a bhainistiú ar an dá thaobh den tsraith tithe, agus chun draein áir a chur chun feidhme a bheidh suiteáilte ó thuaidh de na teaghaisí,
- €128,889 d'oibreacha beartaithe Soir ó Dheas ó shráidbhailte Seanghualann, lena n-áirítear príomhphíopa stoirme a thógáil feadh an L1220 chun uisce dromchla a bhainistiú ar an dá thaobh den tsraith tithe agus córas poll suite
- €101,952 d'oibreacha beartaithe ag Cill na Ráth, Méanas, lena tógadh príomhphíopa stoirme 300mm feadh an R511 mar chuid de chun uisce dromchla a bhainistiú ar an dá thaobh den bhóthar le sruth éalaithe i sruth in aice láimhe

Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Cuireadh oibreacha i gcrích ag roinnt suíomh ar luach €76,000 faoi Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostais lena n-áirítear:

- R518 ag an Acomhal ag Barr an Bhaile, Eas Géitine - Forbairt acomhail, draenáil, líneáil agus comharthaíocht rabhaidh
- Comhartha Aiseolais Tiománaí ag Scoil Náisiúnta Bhaile Dhá Thuile
- Feabhsú Acomhail ag Tobar Muire, Pailís Chaonraí
- Leathnú bóthair ag Baile Uí Mhic Thíre, Cill Cholmáin



Géarú Acomhal faoi Bhearta Sábháilteachta Ísealchostais Eas Géitine



Oibreacha Feabhsúcháin Acomhal Thobar Muire, Phailís Chaonraí

Taisteal Gníomhach

Bhain Bailte agus Sráidbhaile ar fud Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola tairbhe as infheistíocht de €0.85 milliún i mbearta Taistil Ghníomhaigh i rith 2024. Le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, tá raon feabhsuithe curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do Choisithe.

Baile Dhá Thuile

Nascacht cosáin idir an Scoil Náisiúnta agus eastát Ghort an Dúin agus:uasteorainn ag an taobh thiar lena n-áirítear bearta feabhsaithe sábháilteachta ag an Scoil Náisiúnta. Cuireadh córas draenála agus soilsithe poiblí ar fáil freisin.

Cromadh

Nasc Towerfield le hOspidéal Chromadh chun nascacht a fheabhsú idir Ospidéal Ortaipéideach Chromadh agus Ionad Leighis Chromadh i dtreo Lár an Bhaile, trí athchóiriú agus leathnú cosán mar aon le hOibreacha draenála agus uasghrádú Soilsithe Phoiblí.



Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhaile Dhá Thuile

Trasrianta Coisithe

Leithdháileadh €75,000 ar Cheantar Átha Dara - Ráth Caola do Thrasrianta Coisithe Nua/ Uasghrádaithe i rith 2024 - d'éascaigh sé sin oibreacha ag na suímh seo a leanas:

- **Scoil Náisiúnta Chill Díoma**
Trasrian Rabhcáin Belisha Rialaithe
- **Scoil Náisiúnta Eas Géitine**
An Trasrian neamhrialaithe ag Scoil Náisiúnta Eas Géitine a uasghrádú



Trasrian Coisithe Rabhcáin Belisha Rialaithe Uasghrádaithe Scoil Náisiúnta Eas Géitine



Trasrian Coisithe Nua a nascann Scoil Náisiúnta agus Creis Chill Díoma

Scáthláiín Bhús

Cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt Scáthláiín Bus nua i rith 2024 i gCeantar Átha Dara-Ráth Caola ag:

- Leamhchoill
- Seanghualainn
- Eas Géitine
- Ráth Caola
- Baile an Fhaoitigh
- Faing



Oibreacha Feabhsaithe Tréscailteachta ag Ardán Sheanáin, Cromadh



Réamhoibreacha Tréscailteachta Ardán Sheanáin, Cromadh



Scáthláiín Bus Nua Eas Géitine

Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Oibreacha Seasmhachta

Leithdháileadh €165,000 in 2024 le haghaidh dhá thionscadal i gCeantar Áth Dara-Ráth Caola faoin gciste um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Oibreacha Seasmhachta, lena díriodh ar bhearta coisctheacha amhail oibreacha draenála chun tuilte bóithre a mhaolú.

Cuireadh oibreacha draenála i gcrích ar an mbóthar idir Lios an Mhóta agus Cathair Aonghasa, Baile an Gharraí agus cuireadh Mionoibreacha dearaidh i gcrích freisin d'oibreacha draenála atá le déanamh amach anseo ag Ros an Teampaill, An Bhánóg.



N21 Áth Dara - cosán nua cistithe ag BIÉ ar an mbealach isteach ag an taobh thiar

Siúlhbhealach Monument Hill, Faing

Faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh – Beart Forbartha Tionscadail, cuireadh maoiniú ar fáil d'obair féidearthachta, do dhearadh mionsonraithe agus d'anailís costais a bheidh mar bhonn le togra tionscadail is féidir a chur isteach do mhaoiniú deontais amach anseo ionas gur féidir Siúlhbhealach Monument Hill i bhFaing a úsáid an athuair.

Is cosán é Siúlhbhealach Monument Hill idir Cuas na Mara i sráidbhaile Fhainge chomh fada leis an mullach cnoic os cionn Fhainge, áit a bhfuil Cros Cheilteach le feiceáil atá tiomnaithe do Stephen Edward Spring Rice. Bhí teaghlach Spring Rice lonnaithe sa Cheapach agus ba é an pobal áitiúil a chroch an Chros Cheilteach ar dtús.



Oibreacha Glantacháin ag Monument Hill



Radharc Monument Hill os cionn Fhainge

Baineadh úsáid aisti i rith Thréimhse na mBád Aeir, 1937-1945, mar chomhartha do Phíolótaí a bhí ag teacht isteach i dtír tar éis eitilt fhada os cionn an Atlantaigh Thuaidh. Ón mullach cnoic, tá radhairc iontach d'Oileán Fainge, Inbhear na Sionainne, Calafort Fhainge, Club Luamhaireachta & Mhuiríne Fhainge, agus Músaem na mBád Aeir agus Muirí.

I gcomhpháirt le Siúlbealach Monument Hill, tá deis ann siúlóid lúibe a chruthú chun Láthair Amhairc Monument Hill a nascadh le Bóthar na Foraoise do phobal agus do chuariteoirí ar Fhaing. Ag tús 2024, mar chuid de Bheart Forbartha an Tionscadail, glanadh fásra móorthimpeall ar an Séadchomhartha chun an láthair amhairc a chur ar fáil arís agus chun radhairc a thabhairt ar an Inbhear.

Iarnród Éireann

Cuireadh tús le ráillí traenach a leagan ar líne lasta iarnróid nua Fhainge i mí na Bealtaine 2024 in aice le hEas Géitine agus garspíoc shuntasach a bhí ansin chomh fada is a bhain leis an Tionscadal Líne Lasta iarnróid idir Faing agus Luimneach.

Ní raibh aon mhaith a thuilleadh leis an tseanlíne, lena n-áirítear na ráillí, na trasnáin agus na daingnithe ina raibh líne shiúntaithe ar thrasnáin, agus táthar ar fad bainte anois. Anois, tá príomhchonraitheoir an tionscadail, Sisk agus an fochonraitheoir speisialtóra, Steconefer, i ndiaidh



Leagan Ráillí Iarnród Éireann ag Stáisiún Eas Géitine



Leagan Ráillí Iarnród Éireann ag Bairrgeoin Eas Géitine

tús a chur leis an obair thar ceann Iarnród Éireann, chun ábhair nua a chur in ionaid na seanlíne. San áireamh san obair tá trasnáin agus ráillí coincréite nua a leagan a bheidh ag teacht leis an ailíniú ráillí atá ann faoi láthair, a bheidh táite chun ráille táite leanúnach a chruthú.

I rith chéim a dó den tionscadal cuirfear córas comharthaíochta ar fáil don bhealach, crosairí comhréidhe TCI, córas cumarsáide traenach agus naisc agus uasghráduithe ráillí i Luimneach agus i gCalafort Fhainge. Meastar go mbeidh an bealach réidh d'oibríochtaí i mí na Nollag 2025 agus go mbeidh seirbhísí lasta ar fáil ag tús 2026.

Osclaíodh an stráice 42km d'iarnród idir Luimneach agus Faing sa bhliain 1858 ar dtús agus cuireadh stop leis an trácht paisinéirí in 1963. Bhí seirbhísí lasta á gcur ar fáil go dtí 2001. Nuair a cuireadh stop leis na seirbhísí sin fógraíodh go raibh an líne neamhghníomhach, ach bhí an líne fós faoi mhaoirseacht Iarnród Éireann.



Baile an Mheidhrigh, Cróch



Búmchraein Ráillí Laitíse 600 tona agus Droichead Áth Dara Athchóirithe á athshuiteáil



Droichead Iarnróid Áth Dara á Athshuiteáil

CEANTAR BARDASACH NA CEAPÁÍ MÓIRE-CHILL MOCHEALLÓG

In 2024, fuarthas infheistíocht, lena n-áirítear deontais bhreise, de níos mó ná €17m (le níos mó ná €16m ar Scéim na n-oibreacha bóithre), tríd an gceantar Bardasach, i rith na bliana le haghaidh oibreacha a bhaineann le tionscadail M20, Oiriúnú Aeráide, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), Mionoibreacha Draenála, Scéimeanna Feabhsúcháin Pobail (SFP), Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla (SFÁ), Scéimeanna Feabhsaithe Bonneagair Áineasa Allamuigh (SFBÁA) agus Aip Geo BIÉ.

D'éirigh le togra na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg cistiú a fháil a bhí ceadaithe ar fud an Cheantair Bhardasaigh in 2024.

An Stiúrthóireacht um Oibríochtaí Seirbhíse - Bóithre

Maoiníodh caiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre in 2024 trí Dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Chomh maith leis an maoiniú breise a fuarthas i rith na bliana, áiríodh ar chláir chaiteachais bóithre le linn 2024:

Road Works Scheme 2024	
Catagóir Oibre	€
Feabhsú Athchóirithe (FA) - Atógáil Bóithre	€3950280
Cothabháil Athchóirithe (CA) - Cóiriú Dromchla	€550779
Cothabháil Athchóirithe Forlíontach (CAF) - Cóiriú Dromchla	€469464
Deontas Draenála	€180,052
Cothabháil Ghinearálta (CG)	€1,627,849
Paisteáil Tarra (PT)	€554793
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal (OFSCI)	€180,325
Tógáil i gCúram (Eastát Chúirt an Chaisleáin, Cill Mocheallóg €50,000 agus Eastát Chluain Foinse, An tOspidéal €77,000)	€127,000
Leithdháileadh Bardasach Ginearálta (LBG)	€295000
Athshlánú Droichid	€454955
Clár Taistil Ghníomhaigh	€1,055,000
Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Oibreacha Athléimneachta	€331,786
Oibreacha Athshlánaithe ar Iarbhóithre Náisiúnta	€340,000
Leithdháileadh Bardasach an Chiste Forbartha	€50,000
Scéim Rannpháirtíochta Pobail	€507,405
Scéim Feabhsúcháin Áitiúil	€119,282
Scéimeanna Aip Geo	€34,377
SFBÁA	€218,130
M20 Luimneach go Corcaigh	€4,040,000
N20 Crois Uí Ruairc	€100,000
N24 Crois Beary	€500,000
N20 Crois Uí Ruairc HD15/HD17 Mionoibreacha	€5,000
N24 Crois na Gráinsí MD15/HD17 Mionoibreacha	€55,000
An Glasbhealach idir An Ráth agus Tobar Phádraig	€200,000
Caiteachas Iomlán Sainithe MD	€15,946,477

Seo a leanas samplaí de thionscadail oibre Bhóthar Caipitil ar tugadh fúthu i gCeantar na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg in 2024:

• **Leithdháileadh Ginearálta Bardasach**

Oibreacha Caipitil lena n-áirítear:

- Feabhsuithe amharclíne L1127 agus L5021
- Fál Spóirt Chathair Ailí
- Cosán ag Cnoc Cais, Cill Mocheallóg
- Cosán nua ag Plás an Bhainc, An tOspidéal
- Dromchla nua ag reilig Phailís Ghréine

• **Scéim Taistil Ghníomhaigh lena n-áirítear:**

- Athsholáthar/síneadh cosáin an Átha Leacaigh
- Soilsiú poiblí cosáin nua agus oibreacha gaolmhara a nascann sráidbhaile Bhrú Rí leis an Scoil Náisiúnta agus leis an gclub CLG
- Cosáin, spásanna páirceála, soilsiú poiblí nua agus oibreacha gaolmhara a nascann scoil náisiúnta Chathair Fhlainn le Séipéal Chathair Fhlainn agus saoráid cúraim leanaí

• **Scáthláiín Bhus ÚNI lena n-áirítear:**

- Scáthláiín Bus an Ghallbhaile
- Scáthláiín Bus Bhaile Hiobaird
- Scáthláiín Bus na Ceapaí Móire
- Scáthláiín Bus Dhún Bleisce

• **Scéim Sábháilteachta Ísealchostais lena n-áirítear:**

- Bacainn sábháilteachta a shuiteáil ar an R513
- Bacainn sábháilteachta a shuiteáil ar an R517
- Oibreacha draenála lena n-áirítear
- Gáitéar nua ag an mBrú
- Athfhorbairt Pháirc Chois Abhainn Chill Mocheallóg SFBÁA
- Gníomhú agus Athshlánu Aeráide Rinn an Mheana Thiar



Fál Spóirt Chathair Ailí



Athsholáthar/síneadh cosáin an Átha Leacaigh



Soilsiú poiblí cosáin nua agus oibreacha gaolmhara a nascann sráidbhaile Bhrú Rí leis an Scoil Náisiúnta agus leis an gclub CLG



Feabhsuithe amharclíne L1127 agus L5021



Cosáin, spásanna páirceála, soilsiú poiblí nua agus oibreacha gaolmhara a nascann scoil náisiúnta Chathair Fhlainn le Séipéal Chathair Fhlainn agus saoráid cúraim leanaí



Scáthlán Bus an Ghallbhaile



Scáthlán Bus Bhaile Hiobaird



Scáthlán Bus Dhún Bleisce



Bacainn sábháilteachta a shuiteáil ar an R513



Bacainn sábháilteachta a shuiteáil ar an R517



Scáthlán Bus na Ceapaí Móire



Gáitéar nua ag an mBrú



Gníomhú agus Athshlánú Aeráide Rinn an Mheana Thiar



Athfhorbairt Pháirc Chois Abhainn Chill Mocheallóg SFBÁA

An Stiúrtóireacht um Oibríochtaí Seirbhíse – Tithíocht

Cothabháil Tithíochta

- Tá an fhoireann Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg freagrach as cothabháil 842 teach laistigh den Cheantar, arb ionann é agus 14.58% de stoc tithíochta iomlán na Comhairle.
- Bhí buiséad réamhligin de €129,463 (€59,376.71 Oibreacha Deisiúcháin agus €70,086.90 do Phárolla) ag an gCeantar le haghaidh mionoibreacha ar réadmhaoin fholamh sular ligeadh ar cíós iad in 2024 agus caitheadh €559,227.23 ar iarratais athchóirithe freagartha ó thionóntaí reatha.
- Ghlac an fhoireann le 1,380 iarratas seirbhíse in 2024.

Deontais Tithíochta

Deontais do Thithe Príobháideacha

Maidir leis na deontais leanúnacha oiriúnaithe Tithe atá ar fáil d'úinéirí tí príobháideacha, íocadh 4 Dheontas na nÁiseanna Soghluaisteachta, arbh fhiú €16673 ar fad iad, eisíodh 42 Deontas um Oiriúnú Tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas arbh fhiú €349065.96 ar fad iad, agus eisíodh 86 Deontas um Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine Scothaosta arbh fhiú €384977 ar fad iad.



Deontas oiriúnaithe tithíochta



Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta

Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas

Cuireadh 14 Dheontas le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas i gcrích le haghaidh tionóntaí an Údaráis Áitiúil lenar bhain luach iomlán de €136,283.43.



Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta



Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Caipiteal Tithíochta

*Mar a tuairiscíodh ag Cruinniú mhí na Nollag 2024 de Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg.

Tógáil SCC	43 (8 lándéanta)
Athnuachan SCC	4
Athnuachan CITS	1
Tógáil CITS	5
Aonaid a fhaightear trí SCC	4 (3 thionónta in-situ agus 1 fholamh)
Aonaid a fuair ÚÁ (tionónta in-situ)	5
Morgáiste go Cíos Príobháideach	1

Cásanna Sugar CRM

Cásanna Cruthaithe		Cásanna Dúnta	
Cásanna iomlána 2024	4721	Cásanna iomlána 2024	3917
Ionadaithe	2122	Ionadaithe	1308
Poiblí	2599	Poiblí	2609

Roinn	Cásanna Iomlána	Cásanna Poiblí	Comhairleoirí	Teachtaí Dála/ Seanadóirí
Cothabháil Bóithre	501	208	210	83
Cothabháil Tithíochta	384	299	73	8
Soilsiú Poiblí	84	30	53	31



CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA

Bóithre, Trácht agus Glanadh

Maoiníodh caiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre in 2024 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin. Tá 24% de bhóithre an chontae á gcothabháil ag criú bóithre an Chaisleáin Nua.

I measc na gclár caiteachais bóithre le linn 2024 bhí:

- Cóiriú dromchla bóthair ar 39km den bhóthar ar luach € 841,200.
- Oibreacha atógála bóthair ar 33km den bhóthar ar luach € 3,008,000.
- Forleagan bóthair ag sráidbhaile Chill Míde, Drom Collachair agus An tSráid Nua, Mainistir na Féile.
- Oibreacha athshlánaithe droichid ag L7041 An Chathair Bheag, Cnoc Uí Choileáin, L3030 Cnoc an Chaca, Teampall an Ghleanntáin agus R515 Droichead Chaisleán Ghleann an Choim.
- Oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ísealchostais ag R522/L1312/L1305 Cros Chaisleán Maí Tamhnach agus R520/L7006/L7004 Líne an Bhrú.
- Oibreacha uasghrádaithe cosáin sna sráidbhailte seo a leanas - Cill Míde, Cnoc Uí Choileáin, Áth an tSléibhe, Fíonach, Móin na Gaoithe, Baile an Teampaill agus an Mol Iúthchleasaíochta, An Caisleán Nua, Carraig Chiarraí, Béal an Átha agus Caisleán Maí Tamhnach, le géarú acomhail ag Mainistir na Féile agus ag An Caisleán Nua mar aon le scéim nascachta ag Lána Courtenay, An Caisleán Nua. Bhí an caiteachas iomlán ar na scéimeanna sin cothrom le thart ar €1,000,000.
- Cuireadh móroibreacha feabhsúcháin draenála i gcrích ag Bóthar an Chnoic, Mainistir na Féile, An Gleann Dubh, Áth na bhFuinseog agus An

Trá, ag luach €200,000.

- Tá Seirbhís Cothabhála an Gheimhridh ar fáil Idir mí Dheireadh Fómhair – mí Aibreáin gach bliain.
- Cuireadh bearta ginearálta i dtaca le cothabháil bhóthair i gcrích de réir mar a éilítear le linn na bliana
- Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla - 4 scéim curtha i gcrích lenar bhain luach €60,000.
- Scéimeanna um Ghníomhú ar son na hAeráide – Scéimeanna ag An Teampall, Áth an tSléibhe, Hunts Hill, Drom Collachair, Cnoc an Chraobhaigh, Drom Collachair agus Cluain Páistín, Cill Míde. Caitheadh €105,000 ar fad.
- Cuireadh feabhsuithe breise i gcrích ar na hlostaí ag an gClós Uachtar, an Caisleán Nua agus Dún Mhic Cionaoith. Suiteáladh áiseanna ceantín agus seomraí triomaithe nua le linn 2024, agus tá uasghrádú ar iosta Chúil an Rua beartaithe le haghaidh 2025.

Bhí an caiteachas iomlán ar thionscadail a bhaineann le bóithre arna mbainistiú agus arna bhfeidhmiú trí Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua le linn 2024, na nithe thuas san áireamh, thart ar €7,000,000.

Stiúrthóireacht Tithíochta – Tógáil agus Cothabháil Tithíochta ÚA

Tá an fhoireann Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua freagrach as cothabháil 687 teach laistigh den Cheantar, arb ionann é agus 11% de stoc tithíochta foriomlán na Comhairle.

Bhí buiséad réamhligin de €131,655.09 ag an gComhairle le haghaidh mionoibreacha ar réadmhaoin fholamh sular ligeadh ar cíós iad

in 2024 agus caitheadh €477.149.20 ar iarratais chothabhála freagartha ó thionóntaí reatha. Ghlac an fhoireann le 1,432 iarratas seirbhíse in 2024.

Stiúrthóireacht Tithíochta – Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta – Scéim Deontais Tithíochta

Ceadaíodh 73 faoi na Deontais um Oiriúnú Tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas in 2024 ar chostas €560,369.85.

Ceadaíodh naoi n-iarratas faoi Dheontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ar chostas €21,617.61.

Ceadaíodh 167 iarratas faoin Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ar chostas €758,270.45.

Chomh maith leis sin, cuireadh oibreacha i gcrích ar thrí réadmhaoin de chuid na Comhairle laistigh den Cheantar do dhaoine faoi mhíchumas ar chostas €62,521.78.

An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta – Mótarcháin

Dhéileáil an Rannóg Mótarchánach sa Chaisleán Nua le 14,441 gnáth-idirbheart le linn 2024 a ghlin ioncam de €2,350,390.

An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta – Seirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Seirbhísí Custaiméara

Leanadh leis an tionscnamh seirbhísí do chustaiméirí agus le húsáid chóras BCC Dynamics le linn 2024. Logálann foireann oifige an Chaisleáin Nua gach fiosrúchán agus iarratas seirbhíse a fhaightear ar an gcóras seo. D'fhreastail na baill foirne ar fad ar chúrsaí oiliúna faoin gcóras nua agus táthar ag leanúint ar aghaidh le modh úsáide an chórais a fheabhsú.

Faoi Leithdháileadh Bardasach Ginearálta na dTionscadal Speisialta, cheadaigh Comhairleoirí Cheantar an Chaisleáin Nua maoiniú do 84 tionscadal laistigh den Cheantar.

Stiúrthóireacht - Comhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide agus Seirbhísí Comhroinnte - Seirbhísí Uisce

Is é Uisce Éireann an eagraíocht atá freagrach go foriomlán as cúrsaí uisce agus fuíolluisce ar fud na hÉireann. Feidhmíonn criú na seirbhísí uisce sa Chaisleán Nua mar ghníomhaire d'Uisce Éireann agus oibríonn agus cothaíonn siad líon mór scéimeanna uisce ar fud an Chontae thar a gceann.

Bóithre, Trácht agus Glanadh –Clós Innealra

Tá ról lárnach fós ag Clós an Innealra ag iosta Bhóthar an Chaisleáin Nua agus Bóthar na Páirce i gcláir oibreacha bóthair na Comhairle. Oibrítear na cláir Chothabhála Gheimhridh ó na hiostaí ag Ascaill Atlas, Dún Mhic Cionaoith, Cian Ard agus Cill Mocheallóg. Déantar gach biotúman a úsáidtear sa chontae a dháileadh trí iostaí an Cheantair Bhardasaigh agus déanann an Clós Innealra cothabháil ar fheithiclí na Comhairle. Leanadh le huasghrádú fhlít feithiclí na Comhairle le linn 2024.

Tionscadail Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua

• Clár Taistil Gníomhaigh An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Bhain tionscadail a cuireadh i gcrích ag Cill Míde, Áth an tSléibhe, Fíonach, Móin na nGé, Baile an Teampaill agus Mol Lúthchleasaíochta, An Caisleán Nua, Carraig Chiarraí, Béal an Átha agus Caisleán Maí Tamhnach, tairbhe as cistiú faoin scéim seo in 2024 agus tá na tionscadail á bpróiseáil ag Roinn Bóithre an Chaisleáin Nua.

Suiteáladh trasrianta coisithe nua taobh amuigh de na Scoileanna Náisiúnta ag Caisleán Maí Tamhnach agus ag Cois Teampaill, An Caisleán Nua.

Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach an Chaisleáin Nua

Cuireadh Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimnigh i gcrích san earrach in 2023 agus eagraíodh an oscailt oifigiúil ar an 14 Meán Fómhair, Is ionann an mol lúthchleasaíochta úrscothach seo, a d'oscail An Taoiseach, Leo Varadkar T.D., go hoifigiúil, agus infheistíocht shuntasach i mbonneagar spóirt an réigiúin. Chosain an tionscadal iomlán thart ar €4.2 milliún, agus cuireadh an togra uaillmhianach i gcrích trí dhúthracht agus comhoibriú idir roinnt páirtithe leasmhara.

Cuimsítear na nithe seo a leanas san áis seo:

- Raon lúthchleasaíochta atá de Chaighdeán Lúthchleasaíochta Domhanda Idirnáisiúnta
- Tuilsoilse don raon agus cosán siúil lán lasta ar imlíne an raoin
- Spóirt allamuigh amhail caitheamh meáchain, caitheamh na teisce, caitheamh an oird, caitheamh na sleá, léim fhada, léim ard agus léim chuaille.
- I rith 2024, le linn na chéad bhliana, reáchtáladh roinnt imeachtaí ar an raon cosúil le Tolg go 5k. Chomh maith leis sin, d'óstáil An Mol Cluichí Pobail Áitiúla an Chaisleáin Nua ar an 15 Bealtaine. Ghlac breis is 100 lúthchleasaí sóisearach páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear imeachtaí raoin is faiche. Cúis áthais do Mhol Lúthchleasaíochta Réigiúnach Luimneach Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta Ógánaigh 2024 ar an 12 Bealtaine. Ar an 18 Meitheamh, reáchtáladh an t-imeacht 'Tribal Running' agus ghlac 60 lúthchleasaí páirt ann. Ba é sin an chéim dheiridh de Thuras Cluichí Raoin is Faiche in 2024. D'fhreastail David Gillick ar an imeacht mar chuid de Thionscnamh na Leanaí Maratóin mar aon le Sarah Lavin, bean de bhunadh Luimnigh a ghlac páirt in dhá Chluiche Oilimpeacha, ar an 6 Samhain chun labhairt le baill óga CL Iarthar Luimnigh.

The image features a vibrant field of purple flowers, likely Salvia, in the foreground, with a soft-focus background of green grass and more distant flowers. The left side of the image is partially covered by a series of overlapping green triangles in various shades, creating a modern, geometric design element.

PLEANÁIL AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE



PLEANÁIL AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE

Tá an Stiúrthóireacht Pleanála agus Comhfhorbairt Áite i gceannas ar réamhphleanáil, an ríocht phoiblí, oidhreacht, caomhnú, seandálaíocht, bainistíocht forbartha, comhfhorbairt áite, scéimeanna faoisimh tuilte SMBRT, cosaint agus forfheidhmiú. Tá cur chuige cuimsitheach á fhorbairt ag an roinn i dtaca le comhfhorbairt áite lena n-áirítear nuálaíocht uirbeach agus an ríocht phoiblí, tionscadail chaipitil a sholáthar lena n-áirítear bóithre, sráideanna agus foirgnimh.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as beartas agus straitéis sna réimsí sin agus tacaíonn sí agus riarann sí an Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) Forbairt Eacnamaíche, Fiontar agus Pleanála.

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht na Ranna seo a leanas:

1. Pleanáil Chun Cinn agus Ríocht Phoiblí
2. Bainistíocht Forbartha
3. Comhfhorbairt Áite
4. Scéimeanna Faoisimh Tuile CBRTD
5. An Stiúrthóireacht Tacaíochta do CGA Tríocha is Fiche i Luimneach

PLEANÁIL CHUN CINN AGUS RÍOCHT PHOIBLÍ

Tá an Fhoireann um Pleanáil Chun Cinn, Ríocht Phoiblí agus Oidhreacht, freagrach as pleananna a ullmhú chun forbairt mheántéarmach agus fhadtéarmach na Cathrach agus an Chontae a éascú. Áirítear leis sin an Plean Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil, Pleananna na Ríochta Poiblí agus máistirphleananna. Tá an

rannóg seo freagrach freisin as na feidhmeanna oidhreacht, caomhnaithe, seandálaíochta agus ríochta poiblí, agus as páirt a ghlacadh san obair a bhaineann le Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh. Chomh maith leis sin, tá foireann na rannóige seo freagrach as léarscáiliú agus as tiomsú sonraí a bhaineann le forbairt chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus cinnteoireacht ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tríd an aonad um Pleanáil Chun Cinn, cuireann an Chomhairle ionchur freisin i straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta spásúlachta agus eacnamaíocha éagsúla.

Pleanáil Chun Cinn

Caitheadh go leor ama ag ullmhú don Athbhreithniú Breithiúnach ar Phlean Forbartha Luimnigh, a reáchtáladh thar thréimhse 3 lá san ardchúirt i mí na Samhna.

Faoi Alt 15(2) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, (arna leasú), d'eisigh an tÚdarás Pleanála Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Dhá Bhliain an Mhéara do na Comhaltaí Tofa maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le beartais agus le cuspóirí Phlean Forbartha 2022 – 2028 a chinntiú sa dá bhliain ó cuireadh an Plean Forbartha i dtoll a chéile.

Rinneadh aighneacht inar leagadh amach seasamh Luimnigh maidir leis an 'Dréacht-Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála'. Lena chois sin, faoi Alt 25A d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ullmhaíodh tuarascáil agus cuireadh faoi bhráid Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt í ina leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh i gCathair agus i gContae Luimnigh chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche (SRSE) sa tréimhse idir 2022-2024.

Príomhphíosa oibre eile a chuir an t-aonad um Pleanáil Chun Cinn i gcrích i mbliana ba ea glacadh le roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil (PCÁna) agus athbhreithniú a dhéanamh orthu chun a chinntiú go raibh Croístraitéis Phlean Forbartha Luimnigh á comhlíonadh. I measc na bpleananna ar glacadh leo tá Plean Ríochta Poiblí agus Ceantair Áitiúil Átha Dara, Plean Ceantair Áitiúil Thobar Phádraig agus leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil Chill Mocheallóg. Díríodh freisin ar an bpróiseas reachtúil chun síneadh a chur le tréimhse Phlean Ceantair Áitiúil Chromadh 2020– 2026 agus Plean Ceantair Áitiúil Chill Mocheallóg 2019 – 2025.

Lean an fhoireann ar aghaidh ag obair ar ullmhú agus ar fhoilsiú Dréachtléarscáileanna Bliantúla don Cháin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (CTCC). Ullmhaíodh Dréachtléarscáileanna do 17 lonnaíocht ar fud na Cathrach agus an Chontae agus sainaithear tailte a mheastar atá “laistigh den scoip” chun críocha na cánach chun forbairt chónaithe a ghníomhachtú.

Cuireadh tús leis an obair a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Ranníocaíochta Forbartha reatha agus rinneadh taighde cúlra sular ullmhaíodh scéim nua.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí comhairliúcháin phoiblí chun eolas a chur faoin obair ullmhúcháin a bhain le straitéis uirbeach chomhtháite do cheantar Bhaile Múrtha Oileán an Rí faoi scéim maoinithe THRIVE. Ina measc bhí imeacht comhairliúcháin oscailte in oifigí na Comhairle, preabimeacht ar Shráid San Nioclás, ceardlanna le Mic Léinn Ailtireachta as OL agus le daltaí as rang a sé ó Bhunscoil Mhuire, fócasghrúpa turasóireachta

agus suirbhé ar líne. Chomh maith leis sin, reáchtáil an fhoireann preabimeacht ar an Oíche Chultúir agus comhoibríodh le Músaem Hunt, Comhpháirtíocht PAUL agus Comhpháirtithe Pobail Oileán Luimnigh chun imeacht ‘Sráid Scéalaíochta’ a reáchtáil. Deis ab ea ‘Sráid Scéalaíochta’ do dhaoine de bhunadh na háite chun seanscéalta a insint a tugadh chun beochta trí athléirithe agus drámaí beaga. Bhí na himeachtaí sin mar bhonn le ‘Láithreán tinteáin’ a roghnú chun dlús a chur le hiarratas a ullmhú faoi chistiú THRIVE 2.

Ghlac Pleanáil Chun Cinn páirt sa chéad Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Réigiúnacha do PROXIMITIES, Tionscadal AE Nua do Réigiún an Deiscirt. Is tionscadal uailmhianach é PROXIMITIES – Seirbhísí Inrochtana, Spásanna Inchónaithe agus Naisc Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn i gCríocha Uirbeacha Imeallacha – atá dírithe ar cheantair uirbeacha imeallacha ar fud na hEorpa a bhunathrú go pobail bhríomhara, inbhuanaithe. Is Comhpháirtí tionscadail é Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt, agus díreofar ar cheantair uirbeacha imeallacha i gCathair Luimnigh, Cathair Phort Láirge agus Cathair Chorcaí i gcomhairle leis an Údarás Áitiúil.



Comhairliúchán Creata Oileán an Rí



Comhairliúchán Creata Oileán an Rí

An Ríocht Phoiblí

Leanadh ar aghaidh ag obair ar roinnt doiciméad treorach lena n-áirítear treoirlínte dearaidh d'aghaidh siopa agus Dréachtphlean Ríochta Poiblí na cathrach. Rinneadh measúnú ar pháircíní éigeandála i lár na cathrach agus cuireadh tús leis an obair a bhain le treoirlínte a ullmhú do na ceantair sin.



Togra Chuid 8 Uimh. 35-39 Sráid San Nioclás

Ullmhaíodh iarratas Chuid 8 d'Uimh. 35 – 39 Sráid San Nioclás do Mhol Dearaidh agus Nuálaíochta ina mbeidh stiúideonna d'ealaíontóirí, spásanna oibre, limistéar miondíola, spás taispeántais agus caifé/bialann agus limistéar gaolmhar amuigh faoin aer. Lena chois sin, cuireadh roinnt suirbhéanna i gcrích mar bhonn le hullmhú scéim ríochta poiblí do Shráid San Nioclás.

Faoi Scéim na Cathrach Beo, nuashonraíodh an suíomh gréasáin, cruthaíodh clár idir 2016 – 2024 agus próiseáladh 10 n-iarratas i rith 2024.

Oidhreacht

Díríonn an Rannóg Oidhreacht ar chaomhnú, oidhreacht agus seandálaíocht agus ar oibreacha ar fud na comhairle agus cuireann sí tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir le forbairtí agus straitéisí Údaráis Áitiúil atá beartaithe; iarratais phleanála agus comhaid foraoiseachta. I measc an chúnaimh a tugadh le tionscadail eile bhí an Máistirphlean agus an Plean Caomhantais agus Bainistíochta do Chaisleán Luimnigh agus tionscadail éagsúla i Loch

Goir. Lena chois sin, chuir an fhoireann comhairle ar an bpobal i ndáil le saincheistanna oidhreacht agus tacaíodh le grúpaí pobail chun iarratais chistithe éagsúla a dhéanamh lena n-áirítear Deontais na Séadchomharthaí Pobail.

I ndáil le caomhnú, eisíodh 52 Dearbhú Alt 57 agus 1 Fógra Alt 59 i rith 2024. Cuireadh maoiniú ar fáil do 5 thionscadal i Luimneach faoi Chiste na nDéanmhas Stairiúil 2024 agus cistiú iomlán luach €217,988 (agus €85,488 breise ó leithdháileadh 2023). Anuas air sin, leithdháileadh €235,868 faoi Scéim Infheistíochta na hOidhreacht Tógtha 2024 do 26 tionscadal i Luimneach.

I gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, cruthaíodh dhá Chonair Siúil 'Wonder Wander' Limistéir Caomhantais Ailtireachta (L.C.A.), a bheidh á seoladh ag tús 2025. Cuireadh tús le hobair freisin agus leanfar léi i ndáil le digitiú comhad caomhantais a bhaineann le tréimhse 24 bliain. Cuireadh tús leis an bpróiseas reachtúil chun uimhir 35-39 Sráid San Nioclás a chur le Taifead na nDéanmhas Cosanta agus eisíodh tairiscintí do sheirbhísí comhairleoireachta caomhantais ailtireachta i ndáil le caomhnú agus deisiú séadchomharthaí stairiúla laistigh den chathair.

Lean an tOifigeach Oidhreacht ar aghaidh ag obair le grúpaí pobail áitiúla agus le daoine aonair le 12 mhí anuas agus thacaigh sé le 8 ngrúpa oidhreacht áitiúla chun iarratais a chur isteach ar Chiste na nDeontas Pobail. Anuas air sin, thacaigh an tOifigeach Oidhreacht le cúrsa oiliúna agus le himeacht poiblíochta do sheachtain oidhreacht na gComhairlí Oidhreacht a óstáil do bhaill den phobal agus do ghníomhaireachtaí i Luimneach agus sna contaetha mórthimpeall.

Tá réamhobair déanta chun a chinntiú go gcuirfidh Luimneach tús le rannpháirtíocht i Lónra Cartlainne Pobail na hÉireann in 2025, a chiallaíonn go mbeidh obair á déanamh in éineacht leis an Músaem Náisiúnta chun stair áitiúil agus bhéil a thaifeadadh. I ndiaidh na réamhoibre sin, beidh an clár á chur i bhfeidhm in 2025, tráth a dtabharfar cuireadh do

ghrúpa staire agus pobail áitiúla páirt a ghlacadh sna cúrsaí oiliúna.

Rinne Seandálaí an Údaráis Áitiúil ionadaíocht ar an gcomhairle ag roinnt imeachtaí i rith 2024. I measc na n-imeachtaí sin bhí Comhdháil URBACT sa Spáinn, léachtaí ag am lóin in Ionad Oideachais Aosaigh Mhuire mar chuid de Dheontas Caipitil Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann, léacht a thabhairt ag Comhdháil Bhliantúil Institiúid na Seandálaithe agus do ‘Chairde Bhallaí Múrtha Chathair Dhoire’. Chabhraigh Seandálaí an Údaráis Áitiúil le for-rochtain freisin faoi chlár URBACT i mí na Bealtaine agus i rith na Seachtaine Oidhreacht do ‘lá Damhsa ar Bhallaí Luimnigh’. I measc na n-imeachtaí eile a eagraíodh i rith na Seachtaine Oidhreacht bhí turas dar teideal ‘Cill Mocheallóg i rith na mblianta’ agus turas ar Fhóram na nAolta Tógála.

Rinne an fhoireann iarratas rathúil ar, chomhordaigh sí agus tharraing sí anuas trí Dheontas Séadchomhartha Pobail d’oibreacha caipitil sa Baile Nua, Brú Rí (€100,000) agus Séipéal an Ghallbhaile (€100,000) agus oibreacha forbartha ar Shéipéal Chaisleán Maí Tamhnach (€12,000). Faoi Dheontas Caipitil Bhailte Múrtha na hÉireann d’oibreacha, fuarthas €70,000 don Mhúr Cathrach lasmuigh de Bhóthar an Oileáin.

I measc na hoibre eile a cuireadh i gcrích bhí tionscadal caipitil a chomhordú faoin mbruach cré i nGeata Eoin, chun an úsáid atá á baint as mar thaitneamhacht a mhéadú agus cuireadh obair i gcrích le taighdeoir freisin don tionscadal dar teideal Oidhreacht a Amharcléiriú i gCill Mocheallóg i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Ollscoil Bradford.

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Pleanáil

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Cuireadh lámh leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, ar an 17 Deireadh Fómhair. I measc na bpríomhleasuithe a cuireadh san áireamh sa Bhille bhí:

- Bunú amlínthe reachtúla do gach próiseas toilithe chun a chinntiú chun muinín agus cinnteacht a thabhairt d’iarratasóirí;
- Atheagrú suntasach ar an mBord Pleanála, agus ainm nua roghnaithe - An Coimisiún Pleanála;
- Breis ailínithe éigeantaigh ag gach leibhéal den phleanáil, chun comhsheasmhacht a fheabhsú;
- Feabhsuithe ar na próisis athbhreithnithe bhreithiúnaigh pleanála;
- Beartais agus treoir níos soiléire, níos comhsheasmhaí;
- Pleananna deich mbliana níos fadtéarmaí, níos straitéisí d’Údaráis Áitiúla;
- Cur chun feidhme áitiúil níos sofheagrúla, trí Phleananna Limistéir Uirbhí agus Tosaíochta a bhunú, lena n-áirítear pleananna saincheaptha nua don Ghaeltacht agus do phobail na nOileán;
- Criosanna Forbartha Uirbeacha a chruthú, a éascóidh cur chuige forbartha níos pleanbhunaithe, rud a mhéadóidh cinnteacht ag an gcéim mháistirphleanála;
- Forálacha chun bac a chur ar mhí-úsáid próiseas pleanála trí aighneachtaí agus achomhairc phleanála bhréige, mar aon le cosc a chur ar íocaíocht a lorg as gan cur i gcoinne forbartha agus;
- An cumas tréimhse cheada a chur ar fionraí fad is atáthar faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, ionas nach gcaillfear aon am atá ar fáil chun an fhorbairt a chur i gcrích.

Cuirfear tús leis an Acht trí Ordú Aireachta. Déanfar é sin ar bhonn céimnithe chun tacú le haistriú oibríochtúil éifeachtach na reachtaíochta nuashonraithe seo ar fud an chórais pleanála.

Bainistíocht Forbartha

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála a fhaightear ar fud an chontae.

Fuarthas 1,625 iarratas pleanála sa bhliain go dtí an 30 Samhain, sin méadú de 7% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023. Diúltaíodh do 7.5% de na cinntí a rinneadh go dtí deireadh mhí na Samhna.

Rinne an Rannóg Pleanála cinneadh maidir le dhá Fhorbairt Chónaithe Mhórsála sa bhliain go dtí an 3 Samhain.

Ceadaíodh roinnt iarratais suntasacha phleanála in 2024. Tá sampla de na forbairtí seo sa tábla thíos.

Uimhir Thagartha Pleanála	Cur síos ar an bhForbairt
23/60837	UPMC Éire i gComhpháirt le Tinwat Holdings Teo. Forbairt Saoráide Cúraim Shiúlaigh nua ag Baile Uí Dhroighneáin, Ascaill Mhaigh Rois, Maigh Rois, Luimneach.
23/60842	Philip Collins Iarratas ar Fhorbairt Chónaithe Mhórsála: Tríd is tríd, sholáthródh an fhorbairt bheartaithe ollachar urláir de 11,749.9m2 agus saoráid chreise ina mbeadh achar urláir 352.2m2. 122 aonad cónaithe agus árasán ag Bóthar an Mhachaire Gailf, Móin an Lín, Luimneach.
23/563	Johnson & Johnson Vision Care Éire UC Forbairt ina gcuimseofar cead don mhéid seo a leanas: (1) Síntí foirgnimh a thógáil ag cúl (oirthuaisceart) na saoráide atá ann cheana féin lena n-áirítear gléasra agus trealamh dín. (2) Tógáil/suiteáil umar, gléasra agus trealamh, imfháluithe trealamh agus bundaí gaolmhara san fheirm umar atá ann cheana féin agus campún nítrigine, ag cúl na príomhsaoráide. (3) Painéal rochtana a shuiteáil ag an aghaidh thosaigh (iardheisceart). (4) Mionathruithe/Cead coinneála cosúil le scéim a ceadaíodh roimhe sin faoi uimh. thagartha pleanála. 18/884, lena n-áirítear athruithe aghaidhe, mionathruithe ar ghléasra dín agus ar staighre rochtana dín. (5) Na hoibreacha coimhdeacha láithreáin ar fad ag Bóthar Pháirc Plassey, Páirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Cluain Cliabh, Luimneach.
24/60010	Loughmore Healthcare No.2 Teoranta Forbairt ina gcuimsítear teach altranais dhá urlár, foirgneamh seirbhísí aon stóir agus limistéar bithéagsúlachta ar láithreán ag Bán an Chócaigh, Mungairit, Co. Luimnigh (tá cead pleanála faighte cheana féin do theach altranais ina bhfuil 82 leaba, tagairt P17/677 agus P20/93).
23/60965	Coláiste Mhuire gan Smál Cead d'fhorbairt ar an láithreán c. 0.79 ha seo, ar thailte sa choimpléasc leabharlainne agus oideachais, laistigh de Champas Choláiste Mhuire Gan Smál.
23/60951	Tinwat Holdings Teo. (cuid de Whitebox Group) i gcomhpháirt le Cead Tithíochta Clúid d'fhorbairt ina gcuimsítear (a) 73 aonad cónaithe lena n-áirítear (i) 34. aonad 3 leaba 2 urlár; (ii) 6. aonad 4 leaba 2 urlár; (iii) 6. aonad 4 leaba 3 urlár; agus (iv) 27. aonad 3 leaba 3 urlár; (b) ionad comharsanachta 4 urlár lena n-áirítear (i) 42. aonad árasáin 2 leaba do dhaoine scothaosta le gairdín dín pobail; (ii) cógaslann agus fuinneog íoclainne tiomáin tríd; (iii) siopa caife le láthair shuí sheachtrach; (iv) aonad miondíola áise áitiúil; (v) ionad lae agus na seomraí coimhdeacha ar fad; (vi) fostáisiún BSL, seomra na lasc, seomra gléasra agus stór boscaí bruscair; (c) teach altranais 90 leaba 3 urlár ag Baile Uí Dhroighneáin, Ascaill Mhaigh Rois, Maigh Rois.
23/60794	Ballygrennan Homes Teoranta Cead d'fhorbairt ina gcuimsítear (i) 74 aonad cónaithe ag an gCaomhaoir ag Baile Uí Dhroighneáin, An Brú, Co. Luimnigh.

Uimhir Thagartha Pleanála	Cur síos ar an bhForbairt
23/557	Tribeca Asset Management Teoranta (Ag Trádáil mar Tribeca Holdings) larratas ar Fhorbairt Chónaithe Mhórscála: , san áireamh san fhorbairt bheartaithe beidh 167 aonad cónaithe nua a thógáil in 5 fhoirgneamh chónaithe nua ina mbeidh idir 3 urlár agus 5 urlár (Bloc 01, 02, 03, 04 agus 05), creis; athchóiriú Theach Ardhu (Déanmhas Cosanta TDC Uimh. Chláraithe 3281) chun freastal ar úsáidí taitneamhachta cónaithe coimhdeacha, agus athchóiriú áitribh cheadúnaithe ag Teach Ardhu, Bóthar na hInse, Ascaill Rose agus An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach.
24/60159	Ionad Leighis Chromadh Cead d'fhorbairt ina gcuimsítear síneadh a chur leis na tsaoráid atá ann cheana féin ina bhfuil limistéar déantúsaíochta tionscail éadroim breise, spás oifige coimhdeach dhá urlár do shaoráidí foirne rud a bheidh mar bhonn le hollachar talún breise de 3050m2 a chur ar fáil in Ionad Leighis Chromadh, An Tuairín, Cromadh.
23/60703	Can2 Investments Teo. Cead d'fhorbairt ina gcuimseofar an méid seo a leanas: (1) Páirtscartáil foirgnimh 1895 méadar cearnach atá in úsáid mar Óstán South Court faoi láthair agus forbairt úsáide measctha a thógáil ina mbeidh 6 urlár, 2 íoslach (8 leibhéal ar fad) ar láithreán ina bhfuil 0.935ha, ina mbeidh 84 árasán cónaithe ag an gCúirt Theas, An Ráithín, Tuar an Daill.
23/60706	Rockspring Developments Limited Cead d'fhorbairt chónaithe ina bhfuil 53 teach cónaithe agus na hoibreacha coimhdeacha láithreáin ar fad ag Carrig Desmond, Bóthar Bhaile an Teampaill, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh.
24/60032	Riverpoint Construction Teo Cead chun 99 aonad cónaithe a fhorbairt ag Cluain Canáin, Seanbhóthar na Creatalaí, Luimneach.

Ceardlann Gníomhairí

Reáchtáil an Rannóg Pleanála ceardlann le Gníomhairí Pleanála ar an 14 Samhain. I rith na ceardlainne, an chéad cheann d'imeacht bliantúil rialta táthar ag súil, le hábhair lena n-áirítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024; Prótacal nua maidir le Tógáil i gCúram Eastát Tithíochta; agus ceanglais Rannóg na mBóithre d'eastáit tithíochta. D'fhreastail 50 gníomhaire ar an imeacht.



Ceardlann Gníomhairí, Samhain 2024

Ranníocaíochtaí Forbartha

Chuir Imlitir PLO2/2024 síneadh leis an tréimhse ina mbeadh an Tarscaoileadh Ranníocaíochta Forbartha Sealadach i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig.

Baineann an tarscaoileadh le gach forbairt chónaithe cheadaithe a gcuirtear tús léi idir an 25 Aibreán 2023 agus an 31 Nollaig 2024, agus ní mór a leithéid a chomhlánú tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026.

Bhí an t-airgead ar fad a fuarthas go dtí deireadh mhí na Samhna 2024, i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha, cothrom le €2,485,872.

Pleanáil Ar Líne

Is tairseach ar líne í Pleanáil Ar Líne a d'fhorbair an GBRÁ trínar féidir iarratais phleanála a dhéanamh agus roinnfear an t-eolas is déanaí le hiarratasóirí maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil lena n-iarratais. Tá an tairseach á cur ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ón 15 Nollaig 2022. In 2024 tugadh méadú 73% faoi deara ar líon na n-iarratas a fuarthas tríd an tairseach ar líne, i gcomparáid le 59% de na hiarratais phleanála a bhí faighte faoi dheireadh mhí na Samhna 2023.

Is féidir an tairseach a úsáid freisin chun iarratais ar fhorbairt Údarais Áitiúil (forbairtí Chuid 8) a chur isteach agus a bhainistiú ar líne. Thacaigh an Rannóg Pleanála le 13 thogra Chuid 8 in 2024 lena n-áirítear tionscadail tithíochta, taistil ghníomhaigh, turasóireachta, pobail agus ríochta poiblí.

Alt 179A Pleanáil

Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt agus um Imeall Trá (Leasú) 2022 (Uimh. 47 de 2022) agus na Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Alt 179A) 2023 (IR Uimh. 101/2023), cuirtear alt nua, alt 179A, san áireamh lena bhforáiltear do dhíolúine d'Údarais Áitiúla ón bpróiseas ceada a bhaineann le "féinfhorbairt" 'Chuid 8' Údarás Áitiúil. Sonraítear san alt nua seo stádas forbartha díolmhaithe chun foirmeacha sonracha d'fhorbairtí tithíochta a chur ar fáil ar thailte Stáit ainmnithe. Ní mór go gcomhlíonfadh forbairtí a chuirtear chun cinn faoin mbeart seo critéir áirithe, agus ní mór go gcuirtear tús leo tráth nach déanaí ná 31 Nollaig, 2024. Leanadh ar aghaidh ag obair ar dhá scéim faoin mbeart seo in 2024.

Forfheidhmiú Pleanála

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as forbairt neamhúdraithe a rialú. Sa tábla thíos leagtar amach an ghníomhaíocht forfheidhmithe a cuireadh i gcrích go dtí deireadh mhí na Samhna.

	30 Samhain 2024	% méadú/ laghdú i gcomparáid le 2023
Gearáin a Fuarthas	444	-26%
Litreacha Rabhaidh Eisithe	306	16%
Fógraí Forfheidhmiúcháin Eisithe	120	-4%
Ionchúisimh a Tionscnaíodh	43	16%

Eastáit Tithíochta a Thógáil i gcúram

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024 maidir le heastáit tithíochta a thógáil i gcúram. Tógadh 12 eastát i gcúram, agus fógraíodh aidhm na Comhairle trí eastát bhreise a thógáil i gcúram roimh dheireadh na bliana.

Ceadúnú

Arís in 2024, tharscaoil an tAire táillí chun boird agus cathaoirí nua a chur ar fáil ar thailte poiblí. Mar sin féin, is ann fós don cheanglas i dtaca le troscán sráide a cheadúnú. In 2024, d'eisigh an Chomhairle 85 Ceadúnas faoi Alt 254 go dtí deireadh mhí na Samhna.

Eisíodh ceithre cheadúnas d'imeachtaí mórsála in 2024;

- Féile Lá Fhéile Pádraig
- Féile na hAbhann
- Páirc Thuamhan
- Ceolchoirmeacha ag Páirc na nGael

Comhfhorbairt Áite

Is ionann Comhfhorbairt Áite agus cur chuige ilghnéitheach maidir le pleanáil, dearadh, soláthar réamhghníomhach agus bainistiú ceantar uirbeach agus ceantar i lár na cathrach agus é mar aidhm áiteanna, foirgnimh agus spás poiblí ar ardchaighdeán a chruthú a chuireann inbhuanaitheacht fhisiciúil, eacnamaíoch agus comhshaoil chun cinn chomh maith le hionchuimsiú sóisialta. Tá an fhoireann ag díriú ar an obair seo a leanas i láthair na huairé;

- **Tionscadail a bhaineann leis an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU)**
 - Éadan le hUisce den Chéad Scoth;
 - Droichid Taistil Ghníomhaigh agus Oibreacha Bonneagair Éadan le hUisce
- **Tionscnamh Lár Chathair Luimnigh Beo CAFU;**
 - Tionscadail Taispeána Tithe Seoirseacha 33-34 Sráid Thomáis agus 58 Sráid Uí Chonaill,
 - Ríocht Phoiblí Cheathrú an Mhargaidh agus Shráid an Chrúisigh,

- Tionscadal na Lánaí, agus
- Mol Bia Cheathrú an Mhargaidh
- Treochomharthaíocht Luimnigh a shuiteáil agus Tionscadal Treoshuimh, Céim 1.
- Scéim Réimse Poiblí Mhainistir na Féile
- Tionscadal Úsáide Idirlinne Shráid an Chrúisigh
- Bóthar Céim 3 Chiste Gníomhachtaithe Bonneagair Tithíochta Áitiúil Mhungairit

I rith 2024, d'eagraigh an Fhoireann Comhfhorbairt Áite Céim 2, Bóthar Mhungairit, go hoifigiúil.

Ríocht Phoiblí Cheathrú an Mhargaidh agus Shráid an Chrúisigh

Tá sé mar aidhm le tionscadal Cheathrú an Mhargaidh agus Shráid an Chrúisigh ríocht poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, nascacht a fheabhsú idir Margadh an Bhainne agus príomhshuímh laistigh de lár na cathrach agus fás geilleagrach sa cheantar a mhéadú. Tá láithreán an tionscadail á fhorbairt go straitéiseach mar phointe fócais don chathair, agus beidh tairbhe á baint as tionscadail cosúil le Cearnóg Opera, Creat Ché Artúir, Uasghráduithe Shráid Uí Chonaill, Tionscadal Treochomharthaíochta agus Comharthaíochta Treoshuimh Lár na Cathrach, athfhorbairt Mhargadh an Bhainne agus Mol Bia a chur chun feidhme ag Margadh an Bhainne. Cruthóidh an tionscadal nasc gníomhach idir na láithreáin thuasluaite, rud a chabhróidh chun líon na gcustaiméirí agus beocht a mhéadú, agus tacú le tuiscint mhaith ar ómós áite i lár na cathrach.



Amharcléiriú ar Cheathrú an Mhargaidh agus ar Shráid an Chrúisigh, Margadh an Arbhair

Tiocfar maoiniú le haghaidh sholáthar an tionscadail seo ó roinnt foinsí, lena n-áirítear; Ciste Athghiniúna agus Forbairt Uirbeach (CAFU) na Roinne Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Fuarthas Cead i bPrionsabal do Réamhchás Gnó don Tionscadal (Geata Ceada 1) i mí na Samhna ó aonad CAFU na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Tá obair déanta ag an bhFoireann Comhfhobartha Áite ar an tionscadal. Táthar i ndiaidh díriú ar an gcoincheap, ar an réamhdhearadh agus ar an gcomhairliúchán poiblí neamhrechtúil i Ráithe 3, 2024, agus anois tá an dearadh d'aighneacht Chuid 8 i Ráithe 1 2025 á fhorbairt.

Na Lánaí Seoirseacha

Snáithe amháin de Thionscnamhl Lár Chathair Luimnigh Beo é tionscadal na Lánaí Seoirseacha, a bhfuil Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU) na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ag tacú leis. Is é aidhm an Tionscnamh beocht a thabhairt ar ais chuig croílár na Cathrach.

Cuireann tionscadal na Lánaí Seoirseacha leis an doiciméad Sraithe Straitéisí a forbraíodh mar chuid de Ghla 1 de Chlár na Cathrach Seoirsí Beo. Tá sraith lánaí sainaitheanta tríd an tSraith Straitéisí chun tástáil a dhéanamh agus léiriú a thabhairt ar an gcaoi is féidir le hidirghabhálacha tuiscint an phobail ar na spásanna tearcúsáidte sin laistigh den ríocht phoiblí a athrú agus daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as na spásanna sin agus chun infheistiú iontu. I measc na n-idirghabhálacha beartaithe tá uasghráduithe pábhála, uasghráduithe soilsithe agus plandaí agus troscán sráide a chur ar fáil. Tá roghanna á bhforbairt faoi láthair do lána píolótach ar dtús agus cuirfear tús le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i Ráithe 1, 2025.

Mol Bia Cheathrú an Mhargaidh

Leithdháileadh €1.45m trí Ghairm 2 de Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU) na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, do Mhol Bia ag Margadh an Bhainne. Tá cistiú curtha ar fáil freisin do Thionscadal



Scéimléaráid de Mhargadh an Bhainne ó Staidéar Féidearthachta Bainne Luimnigh 2020 curtha i dtoll a chéile ag Fáilte Éireann

Treochomharthaíochta agus Comharthaíochta Treoshuímh Luimnigh. Is é an aidhm atá leis an tionscnamh foriomlán Margadh an Bhainne a chur chun cinn mar Mhol Nuálaíochta Bia den chéad scoth, ceann scribe do phobal na háite agus do thurasóirí araon, trí eispéiris bhia bhreise a sholáthar, agus punann níos leithne de ghníomhaíocht fiontraíochta a bhaineann le bia agus lántairbhe a bhaint as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an margadh mar spás imeachtaí cathartha / bardasacha.

Tugadh Cead i bPrionsabal do Réamhchás Gnó i mí Aibreáin 2024, agus leanfar leis an obair sin ar mhaithe le dlús a chur leis an tionscadal in 2025.

Úsáidí Idirlinne Shráid an Chrúisigh

D'fhorbair an Fhoireann Comhfhobartha Áite, trí chomhairliúchán le Trádálaithe Shráid an Chrúisigh, Scéim Úsáide Idirlinne d'fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí do Shráid an Chrúisigh, Sráid an tSéipéil agus Rae Todd, a dearadh chun tacú le gnóthaí áitiúla, na sráideanna a dhéanamh níos mealltaí agus an nasc idir Sráid Uí Chonaill agus Margadh an Bhainne a threisiú.

B'ionann na feabhsuithe sin agus an chéad chéim i straitéis níos fadtéarmaí d'fheabhsuithe cuimsitheacha ar an ríocht phoiblí do Shráid an Chrúisigh agus do cheantar Cheathrú an Mhargaidh mar chuid den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach faoi Thionscadal Éire 2040.



Cuireadh Úsáid Idirlinne Shráid an Chrúisigh Chun Feidhme in 2024 Bealach Áirseach Rae Todd



Cuireadh Úsáid Idirlinne Shráid an Chrúisigh Chun Feidhme in 2024 Múrphictiúr Talún ar Shráid an Chrúisigh

Tionscadal Éadan le hUisce den Chéad Scoth - Droichid Taistil Ghníomhaigh agus Oibreacha Bonneagair Éadan le hUisce

Moltar sa tionscadal seo go ndéanfaí athbheochan ar Chéanna na Cathrach mar na príomháiteanna siamsaíochta agus fóillíochta le haghaidh Chathair Luimnigh. Trí 'Éadan le hUisce den Chéad Scoth' a chruthú, samhlaítear go mbeidh Luimneach ag feidhmiú mar lárcheantar uirbeach níos gníomhaí agus níos bríomhaire a mbeidh daoine ag iarraidh a bheith ina gcónaí ann, ag infheistiú ann, ag obair ann agus ag tabhairt cuairt air. Trí

chomhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP), leanfar le dearadh agus le forbairt an éadain le huisce i gcomhar leis an Scéim Faoisimh Tuilte do Lár na Cathrach chun timpeallacht níos deise a chruthú do choisithe agus a mbeidh cuma níos fearr uirthi a chabhróidh chun lántairbhe a bhaint as féidearthachtaí taitneamhachta an éadain le huisce i gCathair Luimnigh.

Tiocfar maoiniú le haghaidh sholáthar an tionscadail seo ó roinnt foinsí, lena n-áirítear; Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi Thionscadal Éire 2040 agus an Údarás Náisiúnta Iompair. I rith 2024, ullmhaíodh Tuarascáil Roghanna agus eagraíodh Comhairliúchán Poiblí agus reáchtáladh an dara himeacht rannpháirtíochta poiblí do dhaoine do Chreat Ché Artúir. Tá an Réamhchás Gnó don Tionscadal ullmhaithe agus tá athbhreithniú á dhéanamh air ag rannóg CAFU na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.



World Class Waterfront Overview

Tionscadal Treochomharthaíochta agus Treoshuímh

Is é príomhchuspóir an tionscadail seo comharthaíocht chomhaimseartha, shoiléir agus inléite a sholáthar chun feabhas a chur ar threochomharthaíocht i dtreo na cathrach, tríd an gcathair agus trasna na cathrach. Cuirfear feabhas ar an eispéireas cuairteora sa chathair leis seo, agus cuirfear feabhas ar an rochtain radhairc do chách a thugann cuairt ar Chathair Luimnigh. Príomhchuspóir de chuid an tionscadail seo é comharthaíocht nuálach do choisithe agus tá dearadh comharthaíochta láidir déanta chun Branda Luimnigh a chur san áireamh i ngach comhartha atá deartha. Cuireadh dlús leis an Tionscadal i gcomhar le Fáilte Éireann faoi Scéim na mBailte Cinn Scríbe agus fuarthas cistiú páirteach ó Fáilte Éireann agus ó Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi Thionscadal Éire 2040.

I ndiaidh próisis tairisceana iomaíoch a reáchtáil, ceapadh Conraitheoirí chun an chomharthaíocht a shuiteáil agus bhí formhór an tionscadail curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair.

Cuimsítear sa tionscadal 45 treochomhartha agus comhartha faisnéise do choisithe a bhaint agus 70 treochomhartha agus treoshuímh nua do choisithe a shuiteáil lena n-áirítear 18 dTótam Léarscáile, 19 Marcóir Bealaigh agus 33 Comhartha Méire Eolais agus na hoibreacha láithreáin uile lena mbaineann. Rinneadh an fhorbairt ag roinnt suíomh ar fud Chathair Luimnigh.



Treochomharthaíocht

Clár Chathair Sheoirseach Luimnigh Bheo

Snáithe amháin de Thionscnamh Lár Chathair Luimnigh Beo is ea Clár Chathair Sheoirseach Luimnigh Bheo, a bhfuil Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU) na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ag tacú leis, a bhfuil sé mar aidhm leis lár na cathrach a athghiniúint. Tá cead faighte chun leanúint ar aghaidh leis na tionscadail. Tá tús á chur ar bhonn píolótach le próiseas athbheochana lár na cathrach stairiúil i gComharsanacht Sheoirseach Luimnigh d'fhonn macasamhlú féideartha dó i gcomharsanachtaí agus bailte eile i Luimneach agus in áiteanna eile in Éirinn. Is í an phríomhghné den chlár tionscadal Taispeána Tithíochta le haghaidh dhá phríomhláithreán ag 58 Sráid Uí Chonaill agus 33/34 Sráid Thomáis, Luimneach ar mhaithe le cóiríocht chónaithe a chur ar fáil i Lár na Cathrach. Is é cuspóir an tionscadail seo eiseamláirí de dhea-chleachtas a sholáthar i dtaca le hathúsáid oiriúnaitheach d'fhoirgnimh stairiúla.

I ndiaidh cead Pleanála Chuid 8 a fháil, mar aon le Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2023, lean an chomhairle ar aghaidh leis an dearadh mionsonraithe agus leis an bpróiseas tairisceana do chonraitheoirí oibreacha do 33/34 Sráid Thomáis.

Bhí sé riachtanach oibreacha éigeandála a dhéanamh de bhrí gur thit cuid den fhoirgneamh, rud ba chúis le cobhsú agus le hoibreacha sealadacha chun sláine an struchtúir a chinntiú agus chuir rannóg Réadmhaoine na Comhairle an méid sin i gcrích ag tús 2024.



33 - 34 Sráid Thomáis

Bóthar Mhungairit Céim 2 An Ciste Bonneagair Áitiúil um Thithíocht a Ghníomhachtú (CBÁTG)

San áireamh i mBóthar Mhungairit Céim 2 An Ciste Bonneagair Áitiúil um Thithíocht a Ghníomhachtú (CBÁTG) bhí 1,610 méadar de bhóthar nua a fhorbairt, stráice 1,210 méadar idir an timpeallán agus an T-acomhal, 400 méadar idir an T-acomhal agus Geata Mhungairit agus athchóiriú an timpealláin atá ann cheana féin ag na scoileanna náisiúnta. Tá an bóthar nua 26.9 méadar ar leithead, tá carrbhealach atá 6.5 méadar ar leithead ann, saoráid pháirceála do charranna 2.5 méadar ar an dá thaobh den charrbhealach, dhá chiumhais atá 1.2 méadar ar leithead, dhá chosán atá 2 mhéadar ar leithead, dhá chosán rothaíochta atá 2 mhéadar ar leithead agus dhá stráice príobháideachais atá 2.5 méadar ar leithead. Tá foráil déanta ar an mbóthar seo do thrasrianta coisithe, stadanna bus, lánaí bus agus tosaíocht do bhusanna ag acomhail. Tá gach seirbhís do thithíocht amach anseo curtha ar fáil laistigh den chonair bóithre lena n-áirítear uisce bréan, príomhphíobán uisce, gás, duchtú leictreach, duchtú spártha le húsáid amach anseo, cumarsáid (leathanbhanda) agus soilsiú poiblí.

Osclaíonn Ciste Bonneagair Áitiúil um Thithíocht a Ghníomhachtú (CBÁTG) bhóthar Mhungairit tailte i gcomhair thart ar 1,900 aonad tithíochta agus forbairt úsáide mheasctha ag Coláiste Mhungairit. Tá tús curtha ag forbróir príobháideach le 200 teaghais a thógáil agus tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún tús a chur le 250 aonad a thógáil. Sholáthair an bóthar rochtain ar mheánscoil nua do 800 dalta, a osclaíodh i mí Mheán Fómhair, agus rochtain ar thailte do Chlub CLG Mhungairit agus do Chlub Lúthchleasaíochta an Dúinín chun bonneagar spóirt a chur ar fáil. Tá bearta lánaí bus agus tosaíochta bus curtha ar fáil ag acomhail agus shainaithin an tÚdarás Náisiúnta lompair an bóthar mar bhusbhealach idir an Ráithín agus Lár na Cathrach. Ó tharla go raibh aghaidh ag na tithe ar an mbóthar agus go raibh dromchlaí roinnte fairsinge ar an mbóthar, cabhraíonn an bóthar chun pobail a nascadh le chéile, seachas feidhmiú mar bhacainn. Cabhróidh bonneagar inbhuanaithe, le luchtú FL ar an tsráid agus lánaí bus tosaíochta, mar aon le tosaíocht a thabhairt do



Bóthar Mhungairit Céim 2 CBÁTG



Bóthar Mhungairit Céim 2 - Oscailt Bóthair 15 Aibreán 2024 CBÁTG

choisithe agus do rothaithe ag acomhail, chun pobal inbhuanaithe a chruthú.

Tá bóthar Mhungairit Céim 3, a chruthóidh nasc idir Mungairit Céim 2 agus Bóthar Thobar Pádraig, an R526, á dheardh faoi láthair.

Scéim Réimse Poiblí Mhainistir na Féile

Cuireadh formhór na hoibre a bhain leis an gConradh Réamhoibreacha chun Beár O'Riordans a scartáil, ballaí a leagan ag cúl na Príomhshráide agus réadmhaoin a scartáil ag an acomhal idir Ardán Cholbaird agus an tSráid Nua chun leathnú bóthair a éascú ar Ardán Cholbaird, i gcrích in 2024.

Tá an phríomhscéim roinnte in dhá chéim:- Céim 1 – Atógáil 440 méadar de leithid lánaí tráchta mionathraithe ar Bhóthar Chill Airne, an N21, le cosáin agus síntí starracha nua, bóthar nua 100 méadar idir an Phríomhshráid agus carrchlós Chorrán an Gharráin agus uasghrádú charrchlós

Chorrán an Gharráin agus síneadh leis. Leanadh ar aghaidh ag obair ar chomhaontuithe dlí um fháil talún agus toilithe agus rinneadh teagmháil le cuideachtaí fónais maidir le sreanga lasnairde a chur faoi thalamh.

Leanadh ar aghaidh leis an dearadh mionsonraithe, agus fógraíodh Tairiscint Shrianta do Cheistneoir an Mheasúnaithe Oiriúnachta ar e-Tenders, agus fuarthas ocht dtairiscint ina dhiaidh sin.

Céim 2 – Atógáil 650 méadar ar an bPríomhshráid, An Chearnóg agus Ardán Cholbaird. Leanadh ar aghaidh leis an dearadh mionsonraithe a bhain leis an gcuid seo den tionscadal.



Scartáil Bheár O'Riordan



Scartáil réadmhaoine ar Ardán Cholbaird

Straitéis an Bhonneagair Ghoirm agus Ghlais

Rinneadh dul chun cinn in 2024 ar cheann de phríomhghnéithe Straitéis Bonneagair Ghoirm agus Ghlais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nuair a seoladh comhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir le Máistirphlean an Fháinne Ghoirm agus Ghlais atá beartaithe. Is éard a bheidh san Fháinne Gorm Glas gréasán comhtháite de spásanna gorma (uisce) agus glasa (talamh) agus siúlbealaí, a chruthóidh nasc idir lár chathair Luimnigh agus a comharsanachtaí, agus a chruthóidh bealach timpeallach thart ar Chathair Luimnigh. Bhí páirtithe leasmhara éagsúla páirteach sa chomhairliúchán poiblí agus bailíodh aiseolas luachmhar. Treoróidh an máistirphlean seo forbairt i réimse an tionscadail amach anseo agus tá sé beartaithe go mbeidh an obair curtha i gcrích in 2025.



Dréachtfhís Fháinne Gorm Glas Lár Chathair Luimnigh agus a comharsanachtaí

CLÁR BAINISTÍOCHTA RIOSCA I GCÁS TUILTE BUNAITHE AR DOBHARCHEANTAIR (CBRTD)

Clár CBRTD – Scéimeanna Faoisimh Tuilte (SCT)

Rinneadh go leor dul chun cinn in 2024 chomh fada is a bhain lenár dtionscnaimh chosanta tuilte i roinnt príomhcheantar, lena n-áirítear Oileán an Rí, Cathair Luimnigh agus máguaird, Caisleán Uí Chonaill, Áth Dara agus Áth an tSléibhe. Trí phleanáil straitéiseach, comhoibriú agus cur chuige atá bunaithe ar dhearadh inbhuanaithe, chuireamar dlús leis na scéimeanna bainistíochta tuilte casta seo, chinntíomar athléimneacht agus sábháilteacht do phobail atá i mbaoil. Tá cuntas mionsonraithe le fáil sna rannóga thíos maidir leis an obair a rinneadh i ndáil le gach scéim, agus tarraingítear aird ar ár dtiomantas chun réitigh éifeachtacha agus atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar.

Scéim Faoisimh Tuilte Oileán an Rí

Is éard atá i gceist le Scéim Faoisimh Tuilte Oileán an Rí den chuid is mó, 2,200 méadar de chlaífort tuilte cré 2.5-méadar ar airde agus thart ar 100,000 m³, agus uasghráduithe cosanta tuilte ar bhallaí cé atá tógtha cheana féin.

Cosnóidh Scéim Faoisimh Tuilte Oileán an Rí 506 réadmhaoín chónaithe agus 22 réadmhaoín neamhchónaithe ó thuilte taoimheara, i gcás tuile 1-in-200-bliain. I rith na céime oibriúcháin den scéim faoisimh tuilte, ní bheidh Oileán an Rí chomh leochaileach céanna do thuilte, rud a chaomhnóidh taitneamhacht chónaithe agus a thacóidh le deiseanna gnó agus turasóireachta ar an oileán, rud a chiallaíonn go mbeidh an ceantar níos mealltaí.

Fógraíodh an tairiscint don phríomhchonradh ar e-Tenders i mí Feabhra agus bronnadh an conradh ar Ward & Burke Construction Teo, luach €32m gan CBL, agus bhí sé beartaithe tús a chur leis an gconradh ar an 11 Samhain. Mairfidh an conradh 24 mí.



Club Bád Áth Longfoirt



Síniú an chonartha don obair thógála do Scéim Faoisimh Tuilte Oileán an Rí, Meán Fómhair 2024, LCCC, OOP agus Ward and Burke Construction Teo.

Scéim Faoisimh Tuilte Chathair Luimnigh agus Máguaird

In 2024, baineadh amach garspriocanna suntasacha do Scéim Faoisimh Tuilte Chathair Luimnigh agus Máguaird:

- Cuireadh samhaltú hiodrálach agus dréachtmhapáil tuilte i gcrích, agus cruthaíodh bonnsraith do roghanna bainistíochta tuilte inmharthana.
- Rinne comhairleoirí comhshaoil suirbhéanna suntasacha, lena n-áirítear staidéar ar ialtóga, éin, gnáthóg agus flóra talún, staidéar ar fhionnuisce agus ar inbhir, atá riachtanach d'fhorbairt roghanna.
- Tionscnaíodh ceithre chonradh gheoiteicniúla chun measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhain leis na bearta molta.
- Cuireadh tús le réamhdhearadh ríochta poiblí le ceardlann theicniúil, gné lárnach den scéim a mhúnlóidh ceantar na cathrach agus a timpeallacht uirbeach.
- Cuireadh tús le forbairt roghanna i Ráithe 3 2024, agus táimid ag súil go mbeimid eolach ar an mbealach is dealraithe a roghnófar faoi Ráithe 3 2025. Ina dhiaidh sin, rachaimid i mbun plé leis an bpobal trí roinnt comhairliúcháin phoiblí i rith 2025 chun ionchur ón bpobal a chur san áireamh.

Scéim Faoisimh Tuilte Chaisleán Uí Chonaill

In 2024, rinneadh roinnt dul chun cinn suntasach ar Scéim Faoisimh Tuilte Chaisleán Uí Chonaill:

- Cuireadh an rogha is fearr i gcrích, lena n-áirítear ballaí tuilte, claífoirt, geataí tuile agus réitigh chaidéalaithe.
- Rannpháirtíocht shuntasach le húinéirí talún, a leanfar ar aghaidh léi in 2025 chun déileáil le hábhair imní agus chun comhar a chinntiú.
- Cead Geata ó Oifig na nOibreacha Poiblí chun leanúint ar aghaidh go dtí an chéim phleanála.
- Aighneacht curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála chun cead pleanála a fháil i Ráithe 4 2024, agus táthar ag súil le cinneadh a fháil faoin 5 Meitheamh 2025.
- Cuireadh tús le comhaontuithe le húinéirí talún

Scéim Faoisimh Tuilte Áth Dara

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Scéim Faoisimh Tuilte Áth Dara in 2024:

- Cuireadh samhaltú hiodrálach agus hidreolaíocht i gcrích ag tús 2024.
- Cuireadh an Scéim is Dealraithe a Roghnófar i láthair i rith an tríú himeacht comhairliúcháin a reáchtáladh i Halla Baile Áth Dara i mí na Bealtaine.
- Beachtaíodh an rogha is fearr chun feabhsuithe ar an ríocht phoiblí a chur san áireamh ag Scoil/ Séipéal San Niocláis, Cé na Móna agus feadh na siúlbealaí claífoirt.
- Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar Thuarascáil na Measúnachta Tionchair Timpeallachta, agus tá neart dul chun cinn déanta.
- Ullmhaíodh aighneacht do OOP chun cead a fháil leanúint ar aghaidh leis an bpleanáil, obair atá beartaithe a chur i gcrích i Ráithe 1 2025.

Scéim Faoisimh Tuilte Áth an tSléibhe

Chuir Scéim Faoisimh Tuilte Áth an tSléibhe roinnt garspriocanna suntasacha i gcrích in 2024:

- Cuireadh an rogha is dealraithe a roghnófar os comhair an phobail i Halla Choinn Colbaird, agus cuireadh a gcuid aiseolais san áireamh sa dearadh deiridh.
- Cuireadh suirbhéanna éiceolaíochta agus seandálaíochta i gcrích, rud a chumasaigh an rogha is fearr a roghnú.
- Ceapadh ailtirí tírdhreacha chun feabhsuithe ar an ríocht phoiblí a dhearadh ag páirc an bhaile, gné riachtanach den scéim.
- Conradh bainistíochta speiceas ionrach a chur i bhfeidhm chun dúshlán éiceolaíochta a mhaolú.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Thuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta go dtí an dréachtchéim, agus táthar ag súil go mbeidh an obair curtha i gcrích i Ráithe 1, 2025.
- Beartaithe iarratas ar chead pleanála a chur isteach i Ráithe 2, 2025.

CGA LUIMNEACH 2030

CGA um Fhorbairt Straitéiseach Luimneach Fiche Tríocha (LFT)



Cearnóg Opera CGI

Cearnóg Opera

Forbairt úsáide measctha shuntasach a bheidh i dtionscadal 3.7 acra Cearnóg Opera i gcomhthéacs réigiúnach agus náisiúnta agus forbairt a thabharfaidh léargas ar stádas Luimnigh mar phríomhchathair chomh fada is a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta agus nuálaíochta. San áireamh i gCearnóg Opera beidh an spás cathartha is mó atá le cruthú i Lár Chathair Luimnigh le breis is 100 bliain. San áireamh sa tionscadal beidh meascán de struchtúir nua den chéad ghlúin eile agus 16 fhoirgneamh oidhreacht a bheidh caomhnaithe go cúramach. Eagraithe mórthimpeall ar chearnóg mhór do choisithe, san áireamh tá leabharlann, óstán agus spásanna caithimh aimsire, mar aon le háiteanna chun cónaí iontu agus chun oibriú iontu.

Tá neart dul chun cinn déanta ar an tionscadal faoin tráth seo, b'ionann críoch a chur leis an struchtúr íoslaigh d'Uimhir a hAon, Cearnóg Opera agus lár an chlár tógála. Chomh maith leis sin, spreag an gharspíoc seo infheistíocht ó CGA Chomhpháirtíocht Treaty Stone, comhfhiontar idir CGA Luimneach Fiche Tríocha agus Ciste Bonneagair Straitéisigh na hÉireann (CBSÉ), don fhoirgneamh oifige. I rith shamhradh 2024,

rinneadh oibreacha tochailte d'uasghráduithe cumhachta. Lena chois sin, chuir BSL tús le hoibreacha ar Shráid Rutland agus ar Shráid Phádraig.

Reáchtáladh Searmanas Oscailte Uimhir a hAon, Cearnóg Opera ar an 22 Deireadh Fómhair. Tá sé beartaithe go gcruthóidh Uimhir a hAon, Cearnóg Opera Luimnigh, spás oifige Ghrád A ina bhfuil 106,000 troigh chearnach, spás oifige ar chaighdeán nua san Iarthar Láir. Feidhmeoidh an tionscadal mar mhol fostaíochta do 1,000 duine agus glacfar leis mar an chéad fhoirgneamh tráchtála san Iarthar Láir a bhainfidh amach an leibhéal seo de chreidiúnú dearaidh inbhuanaithe.

Reáchtáil LFT imeacht chun deis a thabhairt do dhaoine cuairt a thabhairt ar Cearnóg Opera ar an 9 Samhain. Cuireadh na háiteanna in áirithe láithreach trí chóras áirithe ar líne, agus d'fháiltigh LFT agus Sisk roimh 262 cuairteoir ar an lá. Roinneadh an clúdach ar na hardáin meán sóisialta.

Forbrófar Cearnóg Opera thar thréimhse sé bliana agus fostófar breis is 3,000 duine ar champas 450,000 troigh chearnach. I ndiaidh forbairt Gardens International, leagfaidh Cearnóg Opera síos ardchaighdeán inbhuanaitheachta agus ailtireachta, agus é mar aidhm díriú ar dheimhniú CDFC Platanaim, WELL Platanaim agus Foirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (FNF).



Oscailt Oifigiúil Uimhir a hAon, Cearnóg Opera



Beart 1 Fráma Coincréite Críochnaithe (Nollaig 2024)

Aistrefar an Plás Lárnach ó mhol fostaíochta i rith an lae go dtí ceann scríbe oíche áit a mbeidh saoráidí bia agus siamsaíochta. Meallfaidh Cearnóg Opera cuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, cruthófar poist agus spreagfar tuilleadh infheistíochtaí i Lár na Cathrach i Luimneach.

Ceathrú Cois Abhann Cleeves

Beidh an láithreán 10 n-acra sheanmhonarcha Cleeves ar bhuach thuaidh na Sionainne mar chuid de lár na cathrach atá ag forbairt. San áireamh tá monarcha stairiúil Cleeves, láithreán an Longchlóis, láithreán na Sailéiseach, a nascann an dá thaobh den Chuarbhóthar Thuaidh/Trá Uí Cheallacháin. Fianaise ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an láithreán é an gealltanas a tugadh €12.5m a chur ar fáil faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU) - dul chun cinn suntasach do thionscadal lena mbaineann tábhacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i ndáil le tionscadal Cheathrú Chois Abhann Cleeves i rith na bliana. Luath sa bhliain, cuireadh suirbhéanna ar fhoirgnimh oidhreachta i gcrích agus cuireadh tús le hobair dhearaidh chaomhantais d'fhoirgneamh an Mhuilinn Lín. D'oibrigh an fhoireann dearaidh agus an comhairleoir pleanála ar an iarratas pleanála, agus cuireadh tús leis na dearáí caomhantais tosaigh d'fhoirgneamh an Mhuilinn Lín i rith an tsamhraidh.

Trína iarrachtaí leanúnacha tacú le hathghiniúint lár na cathrach, chuir Luimneach Fiche Tríocha



Ceathrú Cois Abhann Cleeves



Cur i Láthair an Dréacht-mháistirphlean

(LFT) garsprioc shuntasach i gcrích nuair a fógraíodh gur síníodh Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS) i ndáil le forbairt a dhéanamh ar Cheathrú Chois Abhann Cleeves, láithreán ina bhfuil 10 n-acra.

Tá gné OTS, a bheidh faoi réir cistiú a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) agus ó fhoinsí eile, dírithe ar Láithreán an Mhuilinn Lín i gCeathrú Chois Abhann Cleeves i Luimneach, ceann de na láithreáin thionsclaíocha is stairiúla sa chathair.

Tá críoch curtha leis na dearáí do na comhpháirteanna cónaithe agus don ríocht phoiblí. Agus campas na hollscoile á chur san áireamh, feabhsóidh an ghné seo an tionscadal, cruthófar comharsanacht nua i Luimneach, áit ar féidir le cónaitheoirí maireachtáil, a bheith ag foghlaim, ag obair agus ag fás.

Gairdíní Idirnáisiúnta

D'óstáil Gardens International roinnt imeachtaí suntasacha éagsúla ar ar fhreastail gairmithe agus baill den phobal araon. Fianaise ab ea na himeachtaí sin ar ról Gardens International mar ionad den chéad scoth do ghníomhaíochtaí gnó agus cultúrtha. I measc na n-imeachtaí sin bhí;

- Taispeántas SEDL i mí Feabhra 2024
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach a sheoladh
- Taispeántas Ceirmeachta SEDL
- Reáchtáil Scoil Cheoil Luimnigh Ceolchoirm Tionsaithe Airgid Fhoirmiúil speisialta
- Reáchtáil Ollscoil Luimnigh Tionól Saoránach OL
- Reáchtáil Comhairle Innealtóirí Óga na hEorpa a 52ú comhdháil
- North American Bancard Seolta ag GFT Éireann
- Seó Faisin SEDL
- Imeacht de chuid na Foirne Tacaíochta Rochtana Pobail (FTRP)
- Lón Ceannaireachta Gnó Gharraí Eoin
- An Garda Síochána - Ceardlann Óráidíochta Poiblí

Láithreáin Léirithe Spéise - Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail de réir an Chomhaontaithe Seirbhíse (CS) le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC)

Forbairt Chónaithe agus Páirc Bhithéagsúlachta, An Bóthar Nua Sparr Thuamhan

Nua i Sparr Thuamhan a chomhtháthaíonn cónaí nua-aimseartha le caomhnú an dúlra. Tá sé mar aidhm leis an bhforbairt seo spásanna cónaithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus an bhithéagsúlacht áitiúil a chaomhnú agus a fheabhsú.

In 2024, d'eisigh An Bord Pleanála (ABP) fógra lena chur in iúl go rabhtas ag seasamh leis an gcead pleanála a thug an Chomhairle.

Forbairt Tithíochta agus Leighis Bhaile Uí Dhroighneáin

Is tionscadal nuálach é Forbairt Tithíochta agus Leighis Bhaile Uí Dhroighneáin atá deartha chun freastal ar riachtanais chónaithe agus



Forbairt Tithíochta agus Leighis Bhaile Uí Dhroighneáin

cúraim sláinte sa phobal. Tá sé mar aidhm leis an bhforbairt seo roghanna tithíochta nua-aimseartha, compordacha a chur ar fáil agus ag an am céanna saoráidí leighis riachtanacha a chomhtháthú chun a chinntiú go mbeidh rochtain áisiúil ag cónaitheoirí ar sheirbhísí cúraim sláinte.

In 2024, fuarthas cead do Chéim 1, ina gcuimsítear ospidéal lae 100 leaba agus ionaid leighis 4 urlár. Lena chois sin, fuarthas cead pleanála do Chéim 2, ina gcuimsítear 115 aonad cónaithe, teach altranais ina bhfuil 90 leaba, creis agus aonaid mhiondíola.

Linn Snámha Eas Géitine

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail de réir an Chomhaontaithe Seirbhíse (CS) le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Rinneadh forbairt shuntasach ar Linn Snámha Eas Géitine i rith 2024, le tacaíocht shuntasach ó Luimneach 2030. Ag tús 2024, chuir Luimneach 2030 próiseas tairisceana i gcrích d'Oibreacha Cosanta Tuilte agus d'Uasghráduithe Fuinnimh. Ba do Martins Construction a dámhadh an conradh.

Áireofar ar na hoibreacha, a bheidh á gcur i gcrích ag Martins Construction Teo. an seomra innealra a uasghrádú, athsholáthar an trealaimh mheicniúil agus leictirigh, agus suiteáil córas téimh atá tíosach ar fhuinneamh mar aon le mionoibreacha caipitiúla.

Íoslaghdóidh na feabhsuithe sin aon riosca amach anseo nach mbeadh an acmhainn ar fáil don phobal, mar gheall ar thuilte sa cheantar agus laghdóidh siad na costais oibríochtúla laethúla freisin.

AGUISÍNÍ





AGUISÍN

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAIL COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU Eanáir go Nollaig 2024

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh
12 - 14 Eanáir	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'An tAcht Airgeadais, 2023'	Óstán McKeivitt, Cairlinn, Co. Lú	3
16 Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Eutopia dar teideal 'Comhdháil an Rása Áite, 2024'	Óstán Strand, Luimneach	1
11 - 13 Deireadh Fómhair	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'Treoir Phraiticiúil maidir leis an mBuiséad, 2025'	Óstán McKeivitt, Cairlinn, Co. Lú	7
13 - 15 Nollaig	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'Teidlíocht Seirbhíse Sláinte'	Óstán O'Donovan, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	1

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (RRIA)

Réamhrá

Tá mise, An Dr. Pat Daly, Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB), arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais, de réir an chóid cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 d’Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir cheanglais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an RAB faoi réir iniúchta sheachtraigh, á dhéanamh ag iniúcháir Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, arb é an cuspóir atá aige nó aici teacht ar thuairim neamhspleách maidir leis na cuntais agus a shonrú cibé acu an dtugtar léargas cothrom ar staid airgeadais an údaráis áitiúil sa ráiteas airgeadais bhliantúil agus ar a ioncam agus caiteachas don tréimhse i gceist, agus cibé acu an bhfuil idirbhearta an údaráis áitiúil faoina n-airbheartaítear iad a bheith curtha i gcrích le tabhairt faoi deara.

Tuairiscíonn an RAB ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam & Caiteachas Cuimsitheach, achoimrithe ag Rannán. Déantar cur síos sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh amhail an 31 Nollaig 2024.

Tugtar léargas sa **Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach** ar chaiteachas agus ar ioncam ar reáchtáil laethúil Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh.

Is iad seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh:

	2024 €	2023 €
Earraí & Seirbhísí	208,273,022	210,521,608
Deontais agus Fóirdheontais	639,065,761	616,645,310
Ranníocaíochtaí eile ó údarais áitiúla eile	3,206,962	3,630,679
Rátaí	64,012,409	64,107,619
Cáin Mhaoine Áitiúil	21,329,591	19,691,079

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le Caiteachas Ioncaim de réir an Rannáin asbhainte i gcomhair 2024 i gcomparáid le 2023:

Rannán	2024 €	2023 €
A - Tithíocht & Foirgneamh gan ÍCT a áireamh	70,564,138	64,378,805
A - Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT	671,368,471	685,483,303
B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	53,080,569	55,022,705
C - Seirbhísí Uisce	13,767,003	14,684,160
D - Bainistíocht Forbartha	47,766,518	27,329,904
E - Seirbhísí Comhshaoil	39,426,523	37,886,038
F - Áineas & Conláistí	16,951,004	17,346,961
G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,105,478	1,167,997
H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	14,221,983	12,013,447
CAITEACHAS IOMLÁN	928,251,686	915,313,319

Tá an barrachas ioncaim i gcomhair 2024 cothrom le €26,925. Mar thoradh air sin, méadaítear an barrachas ioncaim carntha ag deireadh 2024 go dtí €982,962 i gcomparáid le €956,037 ag deireadh 2023, mar atá léirithe sa tábla thíos. Is léiriú an-dearfach é an barrachas carnach a choinneáil ar iarrachtaí na gcomhaltai tofa agus na baill foirne chun staid airgeadais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhainistiú, agus léiríonn sé freisin iarrachtaí leanúnacha fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le luach níos fearr ar airgead a bhaint amach agus éifeachtúlachtaí foriomlána a mhéadú, rud atá ina bhunús tábhachtach don bhliain amach romhainn in 2025.

	2024 €	2023 €
Ioncam	935,887,745	914,596,296
Caiteachas	928,251,686	898,623,529
Aistrithe ó/ (chuig) Caipiteal/ Cúlchistí	(7,609,134)	(15,949,051)
Mír Eisceachtúil	0	0
Barrachas/(Easnamh)	26,925	23,716
Coigeartú na Bliana Roimhe	0	0
Cúlchiste Ioncaim Tosaigh	956,037	932,321
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	982,962	956,037

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Léirítear sa **Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)** gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain i dteannta fhigiúirí na bliana comparáidí de réir mar is cuí.

Áirítear sa ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh le déanaí/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna - go príomha bóithre agus tithíocht
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla

Tá Glansócmhainní Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag deireadh 2024 cothrom le €3,742,144,313 mar seo a leanas:

	2024 €	2023 €
Sócmhainní Seasta	3,495,633,640	3,425,059,988
Fós ar siúl	225,301,480	186,975,279
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	162,040,710	159,451,892
Sócmhainní Reatha	171,605,479	195,487,536
Fiachais Reatha	91,081,318	103,081,758
Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)	80,524,162	92,405,778
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	221,355,678	215,393,730
Glansócmhainní/(Dliteanais)	3,742,144,313	3,648,499,207

Tugadh isteach **Ráiteas ar Shreabhadh Cistí** mar chuid de RBA 2011. Cé gur leanadh treoir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgid, tá difríocht shuntasach idir gnó na n-údarás áitiúil agus an chuid is mó d'eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus mar sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeánfar fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á choinneáil agus á fheidhmiú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí bainteacha coiscithe nó go mbraithfí iad i mbealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais a choinneáil déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Mar Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais mar chuid dá chlár oibre.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Smachta Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe deimhním an méid seo a leanas:

- nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó dhoiciméadaithe
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údarais áitiúil a chosaint agus
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

Comhlíonadh Soláthair

Cinntíonn Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscintí agus ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair ábhartha go léir a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh nochta dóibh agus tá a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí ina dhiaidh sin.

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchta éifeachtach ag Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh a dhéanann athbhreithniú éifeachtachta bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Tá feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúcháireachta mar atá leagtha amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 mar seo a leanas:

- I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;
- II. forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú an údaráis áitiúil dá fheidhm iniúcháireachta inmheánaí;
- III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomh arna dhéanamh laistigh den údarás sin ag a Ard-Stiúrthóir mar fhreagairt ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus a chinntí a thuairisciú don údarás sin;
- IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúcháireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasachta méadaithe san earnáil phoiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an gcomhshaol rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Cathrach & Contae Luimnigh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáide i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann iad a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Tá clár rioscaí i bhfeidhm freisin do gach rannán seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta orthu seo freisin.

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí maidir le feidhmiú rialuithe ar fhoireann shonrach.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhar agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a aithníodh.

Áireofar an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil foilsithe a ullmhóidh agus a ghlacfaidh an Chomhairle faoin 30 Meitheamh 2025.

Sínithe ag:



Ard-Stiúrthóir

Dar dáta:

06/05/2025

RÁITEAS RIALACHAIS

Cuspóir

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil lena n-áirítear don chomhairle, do choistí, don fhoireann bainistíochta shinsearach agus do réimsí gaolmhara. Is fianaise atá ann ar ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, agus aithnítear príomhcheanglais reachtúla agus dea-rialachais agus dearbhaítear go bhfuil oibleagáidí Chód Rialachais Rialtais Áitiúil na Comhairle á gcomhlíonadh.

Dea-rialachas

Go bunúsach, baineann dea-rialachas in earnáil an rialtais áitiúil agus san earnáil phoiblí go ginearálta le tosaíochtaí a bhaint amach, cuspóirí a chomhlíonadh, feidhmiú ar bhealach ionraic agus ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlí, rialála agus beartas rialtais. Tagraíonn rialachas don chreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas trína bhfuil an t-údarás áitiúil á threorú, á rialú agus a choimeád cuntasach, agus trína bhfuil údarás laistigh d'eagraíocht á fheidhmiú agus á chothabháil. Cuimsítear ann údarás, cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

Prionsabail Dea-rialachais

CROÍPHRIONSABAL 1 - Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sholáthraíonn buntáistí eacnamaíocha, pobail agus sochaíocha inbhuanaithe agus fíis don údarás áitiúil a chur chun feidhme.

CROÍPHRIONSABAL 2 - Ciallaíonn dea-rialachas luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí thacú le hardchaighdeán iompair agus iompraíochta.

CROÍPHRIONSABAL 3 - Ciallaíonn dea-rialachas go mbíonn comhaltaí agus oifigigh ag obair le chéile ar mhaithe le cuspóir coiteann laistigh de chreat d'fheidhmeanna agus de ról atá sainithe go soiléir.

CROÍPHRIONSABAL 4 - Ciallaíonn dea-rialachas an acmhainn eagraíochta agus an acmhainn cheannaireachta a fhorbairt mar aon le hinniúlachtaí na gcomhaltaí agus na n-oifigeach chun feidhmiú go héifeachtach agus chun cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.

CROÍPHRIONSABAL 5 - Ciallaíonn dea-rialachas cinntí eolacha agus trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.

CROÍPHRIONSABAL 6 - Ciallaíonn dea-rialachas oibriú go hoscailte agus go cuimsitheach le pobal na háite, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú.

CROÍPHRIONSABAL 7 - Ciallaíonn dea-rialachas cur ar bhealach gníomhach le dul chun cinn agus gnóthachtáil Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí dhíriú ar thosaíochtaí agus ar ghníomhartha laistigh den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus forálacha an Achta Aeráide.

RÁITEAS RIALACHAIS

Ár dTiomantas do Dhea-rialachas

Mar Mhéara agus Ard-Stiúrthóir na Comhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, na foirne bainistíochta agus na foirne, deimhnímid an méid seo a leanas;

1. Ghlacamar leis na prionsabail rialachais mar bhonnchloch agus mar fhealsúnacht dár modh oibre mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannas.
2. Glacadh le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus tá athbhreithniú agus measúnú déanta ar an mbealach a bhfuil an Cód á chomhlíonadh ag an gComhairle.
3. Cuireann an tArd-Stiúrthóir an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach faoi bhráid na gComhaltaí Tofa agus an Choiste Iniúchta. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar RRIA agus tugann sé cinnteacht ar bhonn bliantúil do na Comhaltaí Tofa. Tá sásraí ar fáil don Choiste Iniúchta chun eolas a roinnt leis na Comhaltaí Tofa maidir le haon saincheist a thagann chun cinn lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
4. Admhaítear agus cloítear le hoibleagáidí dlí agus rialála.
5. Tá soiléire ag baint le ról agus le freagrachtaí bunaithe ar na feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.
6. Tá Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice i bhfeidhm do chomhaltaí agus d'fhostaithe.
7. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21 (1) d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22 (1) den Acht foilsithe.
8. Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
9. Tá socruithe maoirseachta rialachais oiriúnacha bunaithe againn i ndáil le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí gaolmhara.
10. Mar chuid dár dtiomantas do mhaoirseacht agus do chuntasacht éifeachtach, d'fhorbraíomar agus táimid ag leanúint ar aghaidh lenár gcreat dearbhaithe foriomlán a fheabhsú trí úsáid a bhaint as foinsí dearbhaithe seachtracha agus inmheánacha chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchta
Tithíocht: H1, H2 & H4 Faofa	A. Líon na dteaghaisí atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil 01/01/2024	5744	Is é an figiúr ag H1A an figiúr leasaithe do thuairisceán 2023 (arna leasú Lúnasa 2024).
	B. Líon na dteaghaisí a cuireadh leis an soláthar faoi úinéireacht an údaráis áitiúil le linn 2024 (cibé acu tógtha nó faighte)	192	
	C. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht údaráis áitiúil a díoladh in 2024	36	
	D. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht údaráis áitiúil a scartáladh in 2024	19	
	E. Líon na dteaghaisí atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil 31/12/2024	5881	
	F. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht údaráis áitiúil atá beartaithe le scartáil faoi scéim faofa RTRÁO 31/12/2024	34	
	A. Céatadán líon iomlán na dteaghaisí faoi úinéireacht údaráis áitiúil a bhí folamh 31/12/2024	3.81 %	
	Líon na dteaghaisí laistigh dá soláthar foriomlán nach raibh tionóntaí iontu 31/12/2024	223	
	A. Caiteachas le linn 2024 ar chothabháil tithíochta údaráis áitiúil a tiomsaíodh ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024, roinnte ar líon na dteaghaisí i soláthar an údaráis áitiúil 31/12/2024, i.e. H1E lúide figiúr táscaire H1F	€1444.14	
	Caiteachas ar chothabháil stoláthair údaráis áitiúil a tiomsaíodh ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas pleanáilte a cháiligh le haghaidh deontas, amhail deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le haghaidh oibreacha iarfheistithe atá tíosach ar fhuinneamh ach gan caiteachas ar réadmhaoin fholamh agus caiteachas faoi scéimeanna athchóirithe móra faofa a áireamh (i.e. Athnuachan faofa nó faoi na Scéimeanna Oibreacha Deisiúcháin).	€8443858.8	
	PI 2023: H1E. Líon na dTeaghaisí faoi Úinéireacht 31/12/2023	5744	
	Cros-Seiceáil H1A le PI H1E 2023E	Meaitseálacha H1A 2023 H1E	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
Tithíocht: H3 & H5 Faofa	A. An t-am a thóg sé ón dáta a fágadh teaghais go dtí an dáta in 2024 nuair a cuireadh tionóntaí nua sa teaghais, ar an meán i ngach teaghais a athlígheadh le linn 2024	58.60 seachtain	
	B. An costas a caitheadh ar thionóntaí nua a chuir sna teaghaisí in 2024, ar an meán i ngach teaghais a athlígheadh in 2024	€51502.53	
	Líon na dteaghaisí ar cuireadh tionóntaí nua iontu ar aon dáta in 2024 (ach gan iad siúd go léir a bhí folamh mar gheall ar scéim athchóirithe ar fud an eastáit a áireamh)	72	Tá réadmhaoine Regen agus réadmhaoine athnuachana SHIP eisiata againn ó na figiúirí seo. An maoiniú Athnuachana SHIP a fuarthas le haghaidh cuid de na réadmhaoine tréigthe LA ar áirigh an RTRÁO ina thógáil nua ansin é
	Líon na seachtainí ón dáta a fhágtar go dtí an dáta a ationóntaítear an teaghais	4219 seachtain	Tá réadmhaoine Regen agus SHIP eisiata
	Caiteachas iomlán ar oibreacha a bhí ag teastáil chun ligean ar cíos na dteaghaisí a chumasú	€3708182.35	
	A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i gceantar an údaráis áitiúil an 31 Nollaig 2024	15563	
	B. Líon na dteaghaisí ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu in 2024	1770	
	C. Céatadán na dteaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu in 2024 nár chomhlíon na Rialacháin um Chaighdeán	77.82 %	
	D. Líon na dteaghaisí a measadh a bheith comhlíontach in 2024 (lena n-áirítear iad siúd a measadh ar dtús a bheith neamhchomhlíontach)	423	
	E. Líon na gcigireachtaí (lena n-áirítear athchigireachtaí) a rinne an t-údarás áitiúil in 2024	1955	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
Tithíocht: H6 Faofa	A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach (i.e. 6 mhí nó níos mó laistigh den bhliain roimhe sin) mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2024	46.15 %	Ar feadh 6 mhí go carnach laistigh den 12 mhí roimhe sin, 229 duine fásta aonair
	Líon na ndaoine fásta a aicmítear mar dhaoine gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála oíche an 31 Nollaig 2024 mar a taifeadadh ar an gcóras PASS	442	
	Líon na ndaoine aonair sin a bhí, ar 31/12/2024, i gcóiríocht éigeandála ar feadh 6 mhí go leanúnach, nó ar feadh 6 mhí go carnach laistigh den 12 mhí roimhe sin	204	
Tithíocht: H7 Faofa	A. (1) Líon iomlán na dtithe a iarfheistíodh idir 01/01/2024 agus 31/12/2024 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta	2	
	A. (2) Líon na dtithe a bhain rátáil RFF de B2 nó níos airde amach idir 01/01/2024 agus 31/12/2024 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta	2	
	A. (3) Líon na dteaschaidéal a suiteáladh sna tithe sin idir 01/01/2024 agus 31/12/2024 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta	2	
	B. Coigilteas iomlán bliantúil fuinnimh in MWh ó thithe a iarfheistíodh idir 01/01/2024 agus 31/12/2024 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta	35.3 MWh	
	C. Laghdú iomlán ar astaíochtaí carbóin tCO ₂ ó thithe a iarfheistíodh idir 01/01/2024 agus 31/12/2024 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta	6.0	
Bóithre: R1, R2 & R4 Faofa	A. (a) Céatadán na mbóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024		
	A. (b) Céatadán na bPríomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	95.37 %	
	A. (c) Céatadán na mbóithre Tánaisteacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	95.14 %	
	A. (d) Céatadán na mbóithre Treasacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2024	88.71 %	
	B. (a.1) Céatadán fhad na mbóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI de 1-4 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024		
	B. (a.2) Céatadán fhad na mbóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI de 5-6 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024		
	B. (a.3) Céatadán fhad na mbóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI de 7-8 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024		

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
	B. (a.4) Céatadán fhad na mbóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI de 9-10 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024		
	B. (b.1) Céatadán fhad na bPríomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 1-4 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	2.77 %	
	B. (b.2) Céatadán fhad na bPríomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 5-6 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	11.62 %	
	B. (b.3) Céatadán fhad na bPríomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 7-8 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	55.21 %	
	B. (b.4) Céatadán fhad na bPríomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 9-10 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	25.78 %	
	B. (c.1) Céatadán fhad na mbóithre Tánaisteacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 1-4 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	3.41 %	
	B. (c.2) Céatadán fhad na mbóithre Tánaisteacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 5-6 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	16.42 %	
	B. (c.3) Céatadán fhad na mbóithre Tánaisteacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 7-8 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	56.41 %	
	B. (c.4) Céatadán fhad na mbóithre Tánaisteacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 9-10 sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2024	18.90 %	
	B. (d.1) Céatadán fhad na mbóithre Treasacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 1-4 sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2024	13.09 %	
	B. (d.2) Céatadán fhad na mbóithre Treasacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 5-6 sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2024	17.27 %	
	B. (d.3) Céatadán fhad na mbóithre Treasacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 7-8 sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2024	32.02 %	
	B. (d.4) Céatadán fhad na mbóithre Treasacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI de 9-10 sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2024	26.32 %	
	A.1 Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha neartaithe le linn 2024	15.9 km	
	A.2 An méid a caitheadh ar obair neartaithe ar bhóithre réigiúnacha le linn 2024	€4865038.40	
	A.3 Meánchostas aonaid na n-oibreacha réigiúnacha neartaithe bóithre in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€/m ²)	€44.84	
	B.1 Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha athshéailithe le linn 2024	15.8 km	
	B.2 An méid a caitheadh ar obair athshéailithe ar bhóithre réigiúnacha le linn 2024	€541243.00	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchtá
	B.3 Meánchostas aonaid na n-oibreacha athshéailithe ar bhóithre réigiúnacha in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€/m ²)	€5.58	
	C.1 Ciliméadair de bhóithre áitiúla neartaithe le linn 2024	64.7 km	
	C.2. An méid a caitheadh ar obair neartaithe ar bhóithre áitiúla le linn 2024	€8508606.06	
	C.3 Meánchostas aonaid na n-oibreacha neartaithe ar bhóithre áitiúla in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€/m ²)	€29.06	
	D.1 Ciliméadair de bhóithre áitiúla athshéailithe le linn 2024	112.5 km	
	D.2 An méid a caitheadh ar obair athshéailithe ar bhóithre áitiúla le linn 2024	€3785695.40	
	D.3 Meánchostas aonaid na n-oibreacha athshéailithe ar bhóithre réigiúnacha in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€/m ²)	€7.12	
	A. Líon iomlán na T2, T2 ¹ , T3, T4 a d'eisigh an t-údarás áitiúil idir 01/01/2024 agus 31/12/2024	1520	
	B. Líon iomlán na bhfógraí T5 a fuair sealbhóirí ceadúnais idir 01/01/2024 agus 31/12/2024	1759	
	C. Céatadán na gceadúnas a d'athbhreithnigh an t-údarás áitiúil sular thosaigh an Tréimhse Ráthaíochta	57.00 %	
	D. Céatadán na gceadúnas a bhí faoi réir cigireachta sular thosaigh an Tréimhse Ráthaíochta	1.00 %	
Mótarcháin: R3 Faofa	A. Céatadán na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. déantar an t-idirbheart a phróiseáil agus eisítear an díosca cánach) in 2024	81.89 %	
Uisce: W1 & W2 Faofa	Céatadán den uisce óil i scéimeanna príobháideacha i gcomhréir le ceanglais reachtúla		
	Líon na scéimeanna cláraithe a ndéanann gach údarás áitiúil monatóireacht orthu mar chéatadán d'iomlán na scéimeanna cláraithe	100 %	
	Cé mhéad scéim cláraithe údaráis áitiúil a ndearnadh monatóireacht orthu in 2024	113	
	Líon iomlán na scéimeanna cláraithe in 2024	113	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchtá
Dramhaíl: E1 Faofa	A. Líon na dteaghlach a bhain leas as seirbhís 3 araid a thairg oibreoir ceadúnaithe 31/12/2024 B. Céatadán na dteaghlach laistigh den údarás áitiúil a léirítear leis an uimhir ag A		
Truailliú Comhshaoil: E2 Faofa	A. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán ina leith le linn 2024 A. Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh ó 01/01/2024 go dtí 31/12/2024 A. Líon iomlán na gcásanna truaillithe idir lámha ag 31/12/2024 Líon tosaigh na gcásanna truaillithe a tugadh ar aghaidh ó dheireadh bhliain 2023 (PI Tuairisceán 2023) Líon iomlán na gcásanna truaillithe idir lámha 31/12/2023 Cros-seiceáil líon tosaigh na gcásanna a tugadh ar aghaidh ó 2023 le cásanna PI 2023 idir lámha ag deireadh na bliana	2520 2472 441 393 844	Tháinig córas nua CRM MS Dynamics i bhfeidhm ag LCCC in 2024 chun gach cás a logáil. Ríomhadh líon na gcásanna atá fós ar oscailt ón mbliain roimhe sin (2023) bunaithe ar an rud a bhfuil a fhios againn Líon na nGearán atá Fágtha Oscailte ag Deireadh na Bliana (2024) – Líon na nGearán a Fuarthas in 2024 + Líon na nGearán a Dúnadh in 2024 é. Creidimid gur léiriú níos cruinne é seo.
		Ní mheaitseálann líon tosaigh na gcásanna líon na gcásanna PI 2023 idir lámha ag deireadh na bliana	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchtá
Truailliú Bruscair: E3 Faofa	A1. Céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí neamhthruaillithe nó saor ó bhruscar nuair a rinneadh suirbhé air in 2024	0 %	
	A2. Céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí beagán truaillithe nuair a rinneadh suirbhé air in 2024	87 %	
	A3. Céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí measartha truaillithe nuair a rinneadh suirbhé air in 2024	12 %	
	A4. Céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí truaillithe go mór nuair a rinneadh suirbhé air in 2024	0 %	
	A5. Céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí truaillithe go hollmhór nuair a rinneadh suirbhé air in 2024	0 %	
Stádas an Bhrait Ghlais: E4 Faofa	A. Céatadán na scoileanna ar bronnadh stádas an Bhrait Ghlais orthu nó a athnuadh é sa dá bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024	32.54 %	
	Scoileanna a bhain Brat Glas amach den chéad uair in 2024	1	
	Scoileanna a rinne athnuachan ar a mBrat Glas in 2024	25	
	Scoileanna a raibh Brat Glas acu ó 2023 agus, dá bhrí sin, nach dteastaíonn athnuachan uathu go dtí 2025	29	
Éifeachtúlacht Fuinnimh: E5 Faofa	A. Céatadán carnach an choigiltis fuinnimh a baineadh amach faoi 31/12/2024 i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne (2009)	-41.39 %	
Soilsiú Poiblí: E6 Faofa	A. Tomhaltas bliantúil iomlán an chórais soilsithe poiblí	7281.99 MWh	
	B. Meán-vatacht gach solais poiblí	74.50 W	
	C. Céatadán den chóras iomlán a léiríonn soilse LED	72.23 %	
	Líon na soilse LED sa chóras soilsithe poiblí	17230	
	Líon na soilse neamh-LED sa chóras soilsithe poiblí	6623	
An tAthrú Aeráide: E7 Faofa	1 a) An bhfuil Comhordaitheoir ainmnithe um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil?	Tá	
	1 b) An bhfuil Oifigeach Ainmnithe um Ghníomhú ar son na hAeráide coibhéise lánaimseartha ag an údarás áitiúil?	Tá	
	2. An bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide ag an údarás áitiúil?	Tá	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
Pleanáil: P1 Faofa	A. Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	12.94 %	
	Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil i.e. foirgnimh inar sheirbheáil tógálaí nó forbróir Fógra Tosaithe bailí sa tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024 ar an údarás áitiúil	1260	
	Líon na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil in 2024 agus a bhí ina n-ábhar cigireachta ar an láthair amháin ar a laghad le linn 2024 a rinne an t-údarás áitiúil	163	
Pleanáil: P2 & P3 Faofa	A. Líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí ina n-ábhar achomhairc chuig an mBord Pleanála a chinn an Bord ar aon dáta in 2024	89	
	B. Céatadán na gcinntí ag A a dheimhnigh (le hathrú nó gan athrú ar an bplean) an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil	83.15 %	
	Líon na gcinntí a dheimhníonn cinneadh an údaráis áitiúil (le hathrú nó gan athrú)	74	
	A. Líon iomlán na gcásanna pleanála a atreoraíodh nó a thionscain an t-údarás áitiúil sa tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024 a imscrúdaíodh	494	
	B. Líon iomlán na gcásanna imscrúdaithe a dúnadh le linn 2024	204	
	C. Céatadán na gcásanna ag B ar diúltaíodh dóibh mar chásanna fánacha, gan tábhacht nó gan bhunús nó a dúnadh mar gheall ar reacht faoi urchosc nó forbairt dhíolmhaithe	47.55 %	
	D. Céatadán na gcásanna ag B a réitíodh chun sástacht an údaráis áitiúil trí idirbheartaíocht	1.96 %	
	E. Céatadán na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmiúcháin	50.49 %	
	F. Líon iomlán na gcásanna pleanála atá á n-imscrúdú amhail 31/12/2024	1505	
	Líon na gcásanna ag B ar diúltaíodh dóibh mar chásanna fánacha, gan tábhacht nó gan bhunús nó a dúnadh mar gheall ar reacht faoi urchosc nó forbairt dhíolmhaithe	97	
	Líon na gcásanna ag B a réitíodh chun sástacht an údaráis áitiúil trí idirbheartaíocht	4	
	Líon na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmiúcháin	103	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchtá
Pleanáil: P4 & P5 Faofa	A. Sonraí Chlár D an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (RAB) 2024 roinnte ar dhaonra cheantar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022	€35.74	
	Sonraí Chlár D RAB ina bhfuil D01 - Réamhphleanáil, D02 - Bainistíocht Forbartha, D03 - Forfheidhmiú (lena n-áirítear cion ábhartha Chlár D den mhuirear bainistíochta lárnai) do 2024	€7488323	
	A. Céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas in 2024 a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de dhá mhí tar éis iad a fháil	53.01 %	
	B. Céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas in 2024 a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de thréimhse fhada a comhaontaíodh leis an iarratasóir	46.99 %	
	Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas in 2024 nár tharraing an t-iarratasóir siar	166	
	Líon na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas in 2024 a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de dhá mhí ón dáta a fuarthas an t-iarratas	88	
	Líon na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas in 2024 a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de thréimhse fhada a comhaontaíodh	78	
An tSeirbhís Dóiteáin: F1 Faofa	A. Sonraí caiteachais Chlár E an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (RAB) do 2024 roinnte ar dhaonra cheantar an údaráis áitiúil de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2022 don daonra ar a bhfreastalaíonn an t-údarás dóiteáin de réir thuarascálacha Chéim a hAon den Chur Chuige Rioscabhunaithe	€95.49	
	Sonraí caiteachais Chlár RAB E ina bhfuil E11 - Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin agus E12 - Cosc Dóiteáin do 2024	€20008289	€20,008,289.00 Oibriú MRCC san áireamh in E14 - Is ionann Ranníocaíocht Seirbhíse Gníomhaireachta agus €2582,729. Is é €855,080 an Príomhchiste Bainistíochta ná

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
An tSeirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Faofa	A. An meán-am tógtha, i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiún Lánaimeartha maidir le dóiteán	1.36 min	
	B. An meán-am tógtha, i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiún Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) maidir le dóiteán	5.07 min	
	C. An meán-am tógtha, i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiún Lánaimeartha maidir le gach teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteán)	1.38 min	
	D. An meán-am tógtha, i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiún Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) maidir le gach teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteán)	4.54 min	
	A. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	63.34 %	
	B. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina raibh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	26.17 %	
	C. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina raibh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	10.49 %	
	D. Céatadán na gcásanna maidir le gach teagmhas éigeandála eile ina raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	43.27 %	
	E. Céatadán na gcásanna maidir le gach teagmhas éigeandála eile ina raibh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	40.82 %	
	F. Céatadán na gcásanna maidir le gach teagmhas éigeandála eile ina raibh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	15.92 %	
	Líon iomlán na nglaonna amach maidir le dóiteáin ó 01/01/2024 go dtí 31/12/2024	772	536 - Lánaimeartha 236 - Páirtaimseartha
	Líon na gcásanna dóiteáin sin ina raibh freastal den chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	489	424 - Lánaimeartha 65 - Páirtaimseartha
	Líon na gcásanna dóiteáin seo ina raibh freastal den chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	202	101 - Lánaimeartha 101 - Páirtaimseartha
	Líon na gcásanna dóiteáin sin ina raibh freastal den chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad	81	11 - Lánaimeartha 70 - Páirtaimseartha

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchtá
	Líon na gcásanna neamhdhóiteáin sin ina raibh freastal den chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	300	84 - Lánaimseartha 216 - Páirtaimseartha
	Líon na gcásanna neamhdhóiteáin sin ina raibh freastal den chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad	117	11 - Lánaimseartha 106 - Páirtaimseartha
An tSeirbhís Leabharlainne: L1 Faofa	A. Líon na gcuartheanna ar leabharlanna in aghaidh an duine den daonra do cheantar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022	2.22	
	B. Líon na míreanna a eisíodh d'iasachtaithe leabharlainne sa bhliain	579137	
	C. Baill ghníomhacha leabharlainne in aghaidh an duine den daonra	0.17	
	D. Líon na mball cláraithe leabharlainne sa bhliain	27146	
	Líon na gcuartheanna ar a leabharlanna ó 01/01/2024 go dtí 31/12/2024 de réir áiritheoirí uathoibríocha má úsáideadh iad	464336	
An tSeirbhís Leabharlainne: L2 Faofa	A. Sonraí Chlár F an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (RAB) do 2024 roinnte ar dhaonra cheantar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022	€32.82	
	B. An caiteachas bliantúil in aghaidh an duine ar bhailiúcháin thar an tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024	€1.41	
	A. Sonraí Chlár RAB F ina bhfuil FO2 – Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne (lena n-áirítear an cion ábhartha den mhuirear bainistíochta lárnaí do Chlár F) do 2024	€6877701	
	B. An caiteachas bliantúil ar stoc nua a fuair an leabharlann sa bhliain	€296074.71	
An Óige agus an Pobal: Y1 & Y2 Faofa	A. Céatadán na scoileanna áitiúla a bhfuil baint acu le scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	74.07 %	
	Líon iomlán na scoileanna dara leibhéal i gceantar an údaráis áitiúil 31/12/2024	27	
	Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an údaráis áitiúil as ar fhreastail ionadaithe ar Chruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg áitiúil a tionóladh in 2024	20	
	Líon na n-eagraíochtaí a bhí ar Chlár an Chontae 31/12/2024 agus céatadán na n-eagraíochtaí sin a roghnaigh a bheith mar chuid den Cholaíste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den LRP	27.27	
	Líon iomlán na n-eagraíochtaí atá ar Chlár an Chontae (arna chothabháil de réir alt 128 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001) do cheantar an údaráis áitiúil amhail 31/12/2024	231	
	Líon iomlán na n-eagraíochtaí sin a chláraigh den chéad uair in 2024	31	
	Líon na n-eagraíochtaí a roghnaigh dul isteach sa Cholaíste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta ar cibé dáta a chláraigh siad don LRP	63	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchta
Corparáideach: C1, C2, C4 & C5 Faofa	A. An líon foirne coibhéise lánaimseartha amhail an 31 Nollaig 2024	1397.89	
	Céatadán na laethanta oibre íoctha a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreiteachta trí shaoire dheimhnithe leighis in 2024	3.72 %	
	B. Céatadán na laethanta oibre íoctha a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreiteachta trí shaoire fhéindeimhnithe in 2024	0.40 %	
	Líon iomlán na laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreiteachta trí shaoire dheimhnithe leighis in 2024	14246.16 lá	
	Líon iomlán na laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreiteachta trí shaoire fhéindeimhnithe in 2024	1326.49 lá	
	Líon na laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreiteachta san áireamh laistigh d'iomlán na laethanta saoire bhreiteachta féindeimhnithe in 2024	54.82 lá	
	Líon na laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreiteachta a cuireadh san áireamh laistigh d'iomlán na laethanta saoire breiteachta féindeimhnithe in 2024	2450.53 lá	
	Má tá aon fhoireann ar shaoire bhreiteachta fhadtéarmach (i.e. tréimhse leanúnach níos faide ná 4 seachtaine), cuir nóta téacs san áireamh maidir le líon na mball foirne ar shaoire bhreiteachta fhadtéarmach	113	
	A. Caiteachas TFC uile sa tréimhse ó 01/01/2024 go dtí 31/12/2024, roinnte ar an uimhir CL.	€3970.09	
	Caiteachas iomlán TFC in 2024	€5549743.85	
	A. Gach caiteachas TFC a ríomhadh in C4 mar chion de chaiteachas na gCoimisinéirí loncaim	0.60	
	Caiteachas loncaim iomlán ó 01/01/2024 go dtí 31/12/2024 roimh aistrithe chuig cúlchistí nó uathu	928251686	Tabhair faoi deara: Tuilleadh plé le CNMI, cuireadh in iúl dúinn an HAPSSC a chur san áireamh

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
Corparáideach: C3 Faofa	A. Amhairc leathanaigh iomlána in aghaidh an duine ar shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil in 2024	23.39	
	B. Líon iomlán na leantóirí in aghaidh an duine ag deireadh 2024 de chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil (más ann dóibh)	0.63	
	Na hamhairc charnacha iomlána leathanaigh ar gach suíomh gréasáin a oibríonn an t-údarás áitiúil don tréimhse ó 01/01/2024 go dtí 31/12/2024 a fuarthas ó leathanach a chlibeálann seirbhís anailísíochta gréasáin ar an láthair nó a choibhéis	4900000	
	Líon iomlán na n-úsáideoirí meán sóisialta a bhí ag 31/12/2024, ag leanúint an údaráis áitiúil ar aon láithreáin meán sóisialta	131753	
	Líon na gcuntas meán sóisialta atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil	30	
	Léirigh an raibh athrú ar pholasaithe na bhfianán ar shuíomhanna na n-údarás áitiúil agus an dáta ar tháinig sé sin i bhfeidhm	Níl	
Cúrsaí Airgeadais: M1 go M4 Faofa	A. Iarmhéid barrachais/easnaimh charnagh 31/12/2020 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais RAB	€15979679	
	B. Iarmhéid barrachais/easnaimh charnagh 31/12/2021 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais RAB	€907878	
	C. Iarmhéid barrachais/easnaimh charnagh 31/12/2022 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais RAB	€932320	
	D. Iarmhéid barrachais/easnaimh charnagh 31/12/2023 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais RAB	€956037	
	E. Iarmhéid barrachais/easnaimh charnagh 31/12/2024 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais RAB	€982962	
	F. Barrachas nó easnamh carnach amhail 31/12/2024 mar chéatadán den Ioncam Iomlán in 2024 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais RAB	0.11 %	
	G. Caiteachas ioncaim in aghaidh an duine in 2024	€4430.03	
	H. Caiteachas ioncaim in aghaidh an duine in 2024 seachas caiteachas mór as contae/comhsheirbhísí	€1234.50	
	Figiúr Ioncaim Iomlán 2024 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais RAB	€935887745	
	Figiúr Caiteachais Iomlán 2024 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais RAB	€928251686	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
	Caiteachas loncaim 2024 seachas caiteachas seirbhíse contae/ comhroinnte do sholáthraithe seirbhíse ÍCT, MyPay, DRHE agus Seirbhísí Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, agus ní bhaineann sé ach le Cathair Bhaile Átha Cliath, Laois agus Luimneach	€258673053	
	A. (a) Leibhéal bailithe na Rátaí in Aguisín 7 de RAB in 2020	91.0 %	
	A. (b) Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB in 2020	79.6 %	
	A. (c) Leibhéal bailithe lasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB in 2020	96.5 %	
	B. (a) Leibhéal bailithe na Rátaí in Aguisín 7 de RAB in 2021	88.0 %	
	B. (b) Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB in 2021	96.0 %	
	B. c) Leibhéal bailithe lasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB in 2021	86.0 %	
	C. a) Leibhéal bailithe na Rátaí in Aguisín 7 de RAB in 2022	92.0 %	
	C. b) Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB in 2022	97.0 %	
	C. (c) Leibhéal bailithe lasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB in 2022	86.0 %	
	D. (a) Leibhéal bailithe na Rátaí in Aguisín 7 de RAB in 2023	94.0 %	
	D. (b) Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB in 2023	75.0 %	
	D. (c) Leibhéal bailithe lasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB in 2023	87.0 %	
	E. (a) Leibhéal bailithe na Rátaí in Aguisín 7 de RAB in 2024	95 %	
	E. (b) Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB in 2024	72 %	
	E. (c) Leibhéal bailithe lasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB in 2024	88%	
	E. (d) Leibhéal bailiúcháin Lárionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT in 2024	99%	
	A. Costas iomlán na n-éileamh a socraíodh in 2024 in aghaidh an duine	€16.71	
	IPB Insurance: Líon na n-éileamh ar tugadh fógra ina leith in 2024	172	
	IPB Insurance: Líon na n-éileamh a socraíodh in 2024	177	
	IPB Insurance: Costas iomlán na n-éileamh a socraíodh in 2024	€3500974.76	
	Costas iomlán na n-éileamh a socraíodh faoi fharasbarr in 2024	€0	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Trácht
	Féinárachaithe: Líon na n-éileamh ar tugadh fógra ina leith in 2024		
	Féinárachaithe: Líon na n-éileamh a socraíodh in 2024		
	Féinárachaithe: Costas iomlán na n-éileamh a socraíodh in 2024		
	A. Muirear bainistíochta lárnaí foriomlán mar chéatadán den chaiteachas iomlán ar chuntas ioncaim	3.95 %	
	B. Iomlán na gcostas párolla mar chéatadán den chaiteachas ioncaim	10.81 %	
	Muirear bainistíochta lárnaí foriomlán ó FMS na nÚdarás Áitiúil agus sainithe sa Bhuiséad Bliantúil	€36680609	
	Iomlán na gcostas párolla ó Aguisín 1 de RAB in 2024 (lena n-áirítear Tuarastail, Pá agus Pinsin))	€100372491	
Forbairt Eacnamaíoch: J1 go J5 Faofa	A. Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024 in aghaidh gach 100,000 den daonra	84.95	
	Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024	178.0	
	A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a d'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil in 2024 in aghaidh gach 100,000 den daonra	36.27	
	B. Líon na ndearbhán trádála ar líne a tarraingíodh anuas in 2024 in aghaidh gach 100,000 den daonra	14.79	
	Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a d'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil in 2024	76	
	Líon na ndearbhán trádála ar líne sin a tarraingíodh anuas in 2024	31	
	A. Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024 in aghaidh gach 100,000 den daonra	242.92	
	Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024	509	
	A. An bhfuil straitéis turasóireachta reatha ag an údarás áitiúil?	Tá	
	B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil?	Tá	
		€253.70	
	An caiteachas a rinne an t-údarás áitiúil ar fhorbairt eacnamaíoch áitiúil in 2024 in aghaidh an duine den daonra	€53158792	
	An caiteachas a rinne an t-údarás áitiúil ar fhorbairt eacnamaíoch áitiúil in 2024		



Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**
Limerick City
& County Council

ATLANTIC EDGE
LIMERICK
EUROPEAN EMBRACE